# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 214

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

16 Meitheamh 2023


Clár

**PARLAIMINT NA hEORPA**

SEISIÚN 2022-2023

Suíonna ón 16 go dtí an 19 Eanáir 2023

TÉACSANNA ATÁ GLACTHA

I *Rúin, moltaí agus tuairimí*

RÚIN

**Parlaimint na hEorpa**

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**


2023/C 214/01 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 maidir le príomhchathair na hEorpa um Thrádáil Áitiúil a chruthú (2022/2874(RSP)) . . . 2


**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**


2023/C 214/02 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 maidir le searmanas ar Chomóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair (2022/3015(RSP)) . . . 3

2023/C 214/03 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 ar chosaint tomhaltóirí i bhfíschluichí ar líne cur chuige don mhargadh aonair Eorpach (2022/2014(INI)) . . . 4

2023/C 214/04 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2022 (2022/2048(INI)) . . . 15

2023/C 214/05 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 ar chur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil 2022 (2022/2050(INI)) . . . 43

2023/C 214/06 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2022 (2022/2049(INI)) . . . 66


GA

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

2023/C 214/07 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le h-iarmhairtí daonnúla an imshuí in Nagorno-Karabakh (2023/2504(RSP)) . . . 93

2023/C 214/08 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le Forghabháil institiúidí daonlathacha na Brasaíle (2023/2505(RSP)) . . . 94

2023/C 214/09 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 ar staid na nIriseoirí i Maracó, go háirithe cás Omar Radi (2023/2506(RSP)) . . . 95

2023/C 214/10 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le binse a bhunú i dtaca le coir an fhogha i gcoinne na hÚcráine (2022/3017(RSP)) . . . 96

2023/C 214/11 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le freagairt an Aontais ar na hagóidí agus ar na básuithe san Iaráin (2023/2511(RSP)) . . . 101

2023/C 214/12 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le rialú ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2021 (2022/2153(INI)) . . . 102

2023/C 214/13 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh – an comhrac i gcoinne na calaoise – tuarascáil bhliantúil 2021 (2022/2152(INI)) . . . 112

2023/C 214/14 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 ar staid an iascaigh ar mionscála san Aontas agus léargas ar an todhchaí (2021/2056(INI)) . . . 129

---

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Parlaimint na hEorpa**

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

2023/C 214/15 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte a bhaineann le Riail 7 maidir le pribhléidí agus díolúine a chosaint agus Riail 9 maidir le nósanna imeachta i leith díolúine (2022/2210(REG)) . . . 146

---

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

**Parlaimint na hEorpa**

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

2023/C 214/16 Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (10092/2022 – C9-0288/2022 – 2022/0157(NLE)) . . . 149

2023/C 214/17 Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht (06438/2022 – C9-0146/2022 – 2021/0383(NLE)) . . . 150

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 214/18 | Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le loingsithe dramhaíola agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056. (COM(2021)0709 – C9-0426/2021 – 2021/0367(COD)) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 151 |
| 2023/C 214/19 | Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 maidir leis an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (COM(2021)0565 – C9-0041/2022 – 2021/0434(CNS)) . . . . . . | 202 |

# PARLAIMINT NA hEORPA

SEISIÚN 2022-2023

Suíonna ón 16 go dtí an 19 Eanáir 2023

TÉACSANNA ATÁ GLACTHA

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

I

*(Rúin, moltaí agus tuairimí)*

# RÚIN

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2023)0006

## Príomhchathair na hEorpa um Thrádáil Áitiúil a chruthú

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 maidir le príomhchathair na hEorpa um Thrádáil Áitiúil a chruthú (2022/2874(RSP))**

(2023/C 214/01)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge faoi láthair*

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0007

# Searmanas ar Chomóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 maidir le searmanas ar Chomóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair (2022/3015(RSP))**

(2023/C 214/02)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge faoi láthair*

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0008

## Cosaint tomhaltóirí i bhfíschluichí ar líne: cur chuige don Mhargadh Aonair Eorpach

### Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 ar chosaint tomhaltóirí i bhfíschluichí ar líne cur chuige don mhargadh aonair Eorpach (2022/2014(INI))

(2023/C 214/03)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989, agus do bharúil Ghinearálta Uimh. 25 (2021) ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le cearta leanaí i ndáil leis an timpeallacht dhigiteach,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2008 maidir le tomhaltóirí a chosaint, go háirithe mionaoisigh, i ndáil le físchluichí a úsáid (COM(2008)0207),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal "Shaping Europe's digital future"[Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú] (COM(2020)0067),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 maidir le straitéis de chuid an Aontais i dtaca le cearta an linbh (COM(2021)0142),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022 dar teideal "A Digital Decade for children and youth: the new European strategy for a better internet for kids (BIK+)" [Deich mBliana Digiteacha do leanaí agus don óige:an straitéis Eorpach nua maidir le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+)] (COM(2022)0212),

— ag féachaint do rún ón gComhairle an 1 Márta 2002 maidir le tomhaltóirí a chosaint, go háirithe daoine óga, trí fhíschluichí áirithe agus cluichí ríomhaireachta áirithe a lipéadú de réir aoisghrúpa ([1]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh ([2]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2019/770 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar ([3]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí ([4]),

— ag féachaint do Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

— ag féachaint d'fhógra ón gCoimisiún an 29 Nollaig 2021 dar teideal "Guidance on the interpretation and application of Directive 2005/29/EC of the European Parliament and of the Council concerning unfair business-to-consumer commercial practices in the internal market" [Treoir maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach] ([6]),

([1]) IO C 65, 14.3.2002, lch. 2.
([2]) IO L 303, 28.11.2018, lch. 69.
([3]) IO L 136, 22.5.2019, lch. 1.
([4]) IO L 328, 18.12.2019, lch. 7.
([5]) IO L 304, 22.11.2011, lch. 64.
([6]) IO C 526, 29.12.2021, lch. 1.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

— ag féachaint d'fhógra ón gCoimisiún an 29 Nollaig 2021 dar teideal "Guidance on the interpretation and application of Directive 2011/83/EU of the European Parliament and of the Council on consumer rights"[Treoir maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta tomhaltóirí] ([7]),

— ag féachaint don tseiceáil oiriúnachta ón gCoimisiún ar dhlí thomhaltóirí AE maidir leis an gcothroime dhigiteach, a seoladh le glao ar fhianaise an 17 Bealtaine 2022,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ([8]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) ([9]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Márta 2009 maidir le tomhaltóirí a chosaint, go háirithe mionaoisigh, i ndáil le físchluichí a úsáid ([10]),

— ag féachaint do rún uaithi an 20 Samhain 2012 maidir le leanaí a chosaint sa saol digiteach ([11]),

— ag féachaint do rún reachtach uaithi an 28 Márta 2019 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go dtí 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ([12]),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 maidir le straitéis Eorpach a fhorbairt d'éiceachóras na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach ([13]),

— ag féachaint don staidéar a rinne an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha in Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha Pharlaimint na hEorpa i mí Iúil 2020 dar teideal "Loot boxes in online games and their effect on consumers, in particular young consumers" [Boscaí éadála i gcluichí ar líne agus an tionchar atá acu ar thomhaltóirí, go háirithe ar thomhaltóirí óga],

— ag féachaint d'Airteagal 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0300/2022),

A. de bhrí go n-imríonn gach aoisghrúpa san Eoraip físchluichí, agus go bhfuil leath de mhuintir na hEorpa idir 6 agus 64 bliana d'aois ag imirt físchluichí agus go bhfuil an t-aoisghrúpa is mó idir 45-64 bliana d'aois; de bhrí go n-imríonn 73 % de leanaí idir 6-10 mbliana d'aois, 84 % díobh siúd idir 11-14 bliana d'aois agus 74 % de na daoine óga idir 15-24 bliana d'aois físchluichí ([14]);

B. de bhrí gurb í earnáil na bhfíschluichí Eorpacha an earnáil chultúrtha agus chruthaitheach is mó fás san Eoraip, le méid measta de EUR 23,3 billiún sa mhargadh Eorpach in 2020 agus le láimhdeachas domhanda níos airde i gcomparáid le cuideachtaí ceoil agus scannán ([15]), de bhrí gur acmhainneacht thábhachtach í an earnáil sin d'fhás agus do chruthú post, agus go rannchuidíonn sí le margadh aonair digiteach na hEorpa; de bhrí gurb í earnáil na bhfíschluichí an t-aon tionscal cultúrtha agus cruthaitheach a raibh fás tagtha ar láimhdeachas le linn ghéarchéim COVID-19 ([16]);

([7]) IO C 525, 29.12.2021, lch. 1.
([8]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.
([9]) IO L 277, 27.10.2022, lch. 1.
([10]) IO C 87 E, 1.4.2010, lch. 122.
([11]) IO C 419, 16.12.2015, lch. 33.
([12]) IO C 108, 26.3.2021, lch. 934.
([13]) IO C 160, 13.4.2022, lch. 13.
([14]) COM(2022)0212.
([15]) Cónaidhm Bhogearraí Idirghníomhacha na hEorpa agus Cónaidhm Fhorbróirí Chluichí na hEorpa, "Príomhfhíricí ó 2021: Físchluichí – fórsa chun maitheasa", arna rochtain an 19 Nollaig 2022.
([16]) EY, 'Rebuilding Europe: the cultural and creative economy before and after the COVID-19 crisis [EY, An Eoraip a atógáil: Geilleagar an chultúir agus na cruthaitheachta roimh ghéarchéim COVID-19 agus ina diaidh], Eanáir 2021.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

C. de bhrí go bhfuil luach cruthaitheach uathúil ag físchluichí i gcomparáid le ríomhchláir, mar a aithníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh [17], agus go bhfuil siad cosanta faoi Threoir 2009/24/CE [18] maidir le cosaint dhlíthiúil ríomhchlár agus Treoir 2001/29/CE [19] maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise, ar a bhfuil an slabhra luacha bunaithe;

D. de bhrí, in ainneoin an róil lárnaigh atá aici in éiceachóras cultúrtha agus cruthaitheach na hEorpa, go ndéanann lucht déanta beartas faillí fós in earnáil na bhfíschluichí i gcomparáid le tionscail eile na meán, go háirithe táirgí scannán agus táirgí closamhairc eile, a fhaigheann níos mó maoinithe go ginearálta agus a úsáidtear mar shamhail chun rialacháin agus beartais a mhúnlú maidir le físchluichí, cur chuige nach ndéantar breithniú ann ar na difríochtaí eatarthu;

E. de bhrí gur fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus gnólachtaí nuathionscanta den chuid is mó atá i dtionscal fhíschluichí na hEorpa, eintitis a bhfuil ról tábhachtach acu sa nuálaíocht agus san fhás san earnáil sin [20];

F. de bhrí go bhfuil slabhra luacha iomlán ag tionscal na bhfíschluichí atá bunaithe ar an nuálaíocht agus ar an gcruthaitheacht, lena gcuimsítear raon leathan scileanna agus saineolais; de bhrí go bhfuil forbairtí teicneolaíochta in earnáil na bhfíschluichí ar líne ag éirí níos tábhachtaí agus go bhfuil tionchar acu ar earnálacha agus ar thionscail eile amhail tógáil, dearadh, miondíol, oideachas, margaíocht, réaltacht fhíorúil/fheabhsaithe agus siopadóireacht ar líne;

G. de bhrí go mbaineann roinnt de na cuideachtaí san earnáil úsáid as inneachar a chruthaíonn mionaoisigh agus leanaí óga; de bhrí gur cheart bearta a chur i bhfeidhm chun mionaoisigh agus leanaí óga a chosaint ar shaothrú tráchtála a dhéanamh orthu mar chruthaitheoirí inneachair cluiche ar líne [21];

H. de bhrí go bhfuil físchluichí ar cheann de na cineálacha siamsaíochta is coitianta san Eoraip, in éineacht le gníomhaíochtaí eile siamsaíochta, mar gur léirigh staidéar Eorabharaiméadair ó 2019 go n-imríonn 27 % de mhuintir na hEorpa cluichí ar líne uair sa mhí ar a laghad i gcomparáid le 48 % a shruthaíonn ceol agus 47 % a bhreathnaíonn ar scannáin nó ar thaispeántais teilifíse ar ardáin ar líne;

I. de bhrí go mbraitheann feidhmiú an chearrbhachais ar líne ar nascacht chun eispéireas cobhsaí agus ardcháilíochta a chur ar fáil; de bhrí go n-athraíonn leibhéal sástachta mhuintir na hEorpa maidir le luasanna uaslódála agus íoslódála a nasc idirlín ar fud na hEorpa, os cionn 90 % i roinnt Ballstát agus a shroicheann chomh híseal le 65 % i mBallstáit eile [22]; de bhrí, i gceantair thuaithe, go bhfuil míshástacht le nascacht idirlín 30 % níos airde ná i gceantair uirbeacha;

J. de bhrí gur féidir físchluichí ar líne a imirt ar a lán gléasanna éagsúla agus gur féidir taitneamh a bhaint astu trí leas a bhaint as roinnt feidhmiúlachtaí, roghanna dearaidh agus uirlisí, amhail mód ilimreora, córais físchomrá fíor-ama, siopadóireacht ar líne, réaltacht bhreisithe, réaltacht fhíorúil, ábhar in-íoslódála saor in aisce nó íoctha, síntiúis agus boscaí éadála, ar féidir leo an t-eispeireas cluichíochta a mhúnlú d'imreoirí; de bhrí nach gcumasaíonn na físchluichí uile idirghníomhaíocht ar líne le himreoirí eile; de bhrí go bhfuil uirlisí rialaithe do thuismitheoirí ann chun aon idirghníomhaíocht le gníomhaithe eile a dhíchumasú;

K. de bhrí gur gnách go mbíonn rochtain tríd an gcluiche ar bhoscaí éadála mar a thugtar orthu ina bhfuil réada atá randamach nó gur féidir íoc astu le fíor-airgead; de bhrí gur féidir iad a dhíol trí úsáid a bhaint as dearaí cluiche, ar a dtugtar patrúin dhorcha de ghnáth, a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha síceolaíocha agus airgeadais a bheith acu trí cheannacháin gan iarraidh nó neamhrialaithe, go háirithe do mhionaoisigh agus do leanaí óga; de bhrí go bhfuil cás cúirte fós ar siúl san Ísiltír maidir leis na bearta a mbeidh feidhm acu maidir le boscaí éadála; de bhrí go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an tSlóvaic freisin ar na bearta iomchuí atá le glacadh; de bhrí go n-eascraíonn ilroinnt an mhargaidh le

(17) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 23 Eanáir 2014, *Nintendo Co. Ltd and Others v PC Box Srl and 9Net Srl*, C-355/12, ECLI: EU:C:2014:25.
(18) Treoir 2009/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le cosaint dlí na gclár ríomhaireachta (IO L 111, 5.5.2009, lch. 16).
(19) Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise (IO L 167, 22.6.2001, lch. 10).
(20) An Coimisiún Eorpach, "Luach shochaí fhíschluichí na hEorpa", 30 Bealtaine 2022.
(21) Parker, S.,"The trouble with Roblox, the video game empire built on child labour" [an trioblóid le Roblox, an Impireacht físchluiche tógtha ar shaothar leanaí], *The Guardian*, 9 Eanáir 2022.
(22) Kantar arna iarraidh sin ag an gCoimisiún Eorpach,"Eorabharaiméadar Speisialta — Tuarascáil — Ríomhchumarsáid sa Mhargadh Aonair", Meitheamh 2021.

haghaidh físchluichí laistigh de AE as an easpa cur chuige comhchuibhithe sin; de bhrí nach bhfuil aon sásraí sonracha cosanta tomhaltóirí ann ar an leibhéal Eorpach chun cosaint na ngníomhaithe uile a áirithiú, go háirithe mionaoisigh agus leanaí óga, a mhéid a bhaineann le boscaí éadála íoctha;

L. de bhrí go bhfuil forbairt tagtha ar thionscal an chearrbhachais le blianta beaga anuas ó shamhail stuara agus ioncaim boscaí o dtí an tsamhail ghnó atá forleathan anois, "games-as-a-service", "pay-to-win" nó 'freemium; de bhrí, in ainneoin costais forbartha a bheith ag méadú as cuimse, go bhfuil praghsanna na gcluichí cobhsaithe mar gheall ar an bhféidearthacht na costais sin a scaipeadh trí shíntí cluichí; ag tabhairt dá haire, áfach, gur féidir leis an gcostas deiridh don eispéireas sínte cluichí méadú go suntasach le himeacht ama;

M. de bhrí go bhfuil roinnt físchluichí ar líne bunaithe ar luach airgid a chur ar úsáideoirí trí bhailiú sonraí agus fógraí, rud a chruthaíonn dreasacht d'úsáideoirí, lena n-áirítear mionaoisigh agus leanaí óga, an oiread ama agus is féidir a chaitheamh ar chluichí;

N. de bhrí gur féidir andúil a chruthú agus "neamhord cearrbhachais" a bheith mar thoradh ar mhéideanna iomarcacha ama a chaitheamh ag imirt físchluichí ar líne, ar cluichí iad atá níos measa de bharr dearadh ionramhála, mar a shainítear in Aicmiú Idirnáisiúnta Galar na hEagraíocht Domhanda Sláinte (EDS) ([23]);

O. de bhrí go bhféadfadh saincheisteanna a bhaineann le cosaint tomhaltóirí a bheith ann agus físchluichí á n-imirt, go háirithe maidir le mionaoisigh agus leanaí óga, gan beann ar an méid ama a chaitear ag imirt;

P. de bhrí go bhfuil sé de cheart ag mionaoisigh agus leanaí óga faoi mhaoirseacht a dtuismitheoirí agus a gcúramóirí páirt a ghlacadh sa saol digiteach ar bhealach atá comhsheasmhach le cumais athraitheacha an linbh;

Q. de bhrí go luaitear in Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh go bhfuil an ceart ag gach leanbh súgradh agus páirt iomlán gan bhac a ghlacadh i saol cultúrtha agus i ngníomhaíochtaí a oireann dá n-aois;

R. de bhrí gur féidir le ceannacháin i bhfíschluichí ligean d'imreoirí, mar shampla, earraí cosmaideacha amhail craicne nó ábhar a d'fhéadfadh buntáiste a thabhairt dóibh sa chluiche, chun fógraíocht a sheachaint, chun uaineadóirí fuaraithe a bhaint nó chun amanna feithimh iomarcacha a sheachaint agus chun éalú ó "mheilt";

S. de bhrí go n-úsáideann tromlach na dtuismitheoirí uirlis scagaire teaghlaigh de chineál éigin; de bhrí go bhfuil formhór na dtuismitheoirí buartha faoin am a chaitheann a leanaí ag imirt físchluichí agus faoi na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'ábhar díobhálach, bulaíocht, teagmháil le strainséirí ar daoine fásta iad agus ceannacháin i bhfíschluichí;

T. de bhrí go bhfuil a lán tuismitheoirí san Eoraip ar an eolas faoin gcóras Uile-Eorpach Faisnéise maidir le Cluichí (PEGI) agus go measann siad go bhfuil lipéad PEGI úsáideach agus cinneadh á dhéanamh cibé acu a cheannóidh siad cluich dá leanaí nó nach gceannóidh ([24]);

U. de bhrí go léiríonn figiúirí tionscail go bhfuil an t-am a chaitear ag imirt físchluichí cobhsaí ar an iomlán, agus go gcaitheann Eorpaigh 9 uair an chloig sa tseachtain ar an meán ag imirt físchluichí in 2021, 9,5 uair an chloig in 2020, 8,6 uair an chloig in 2019, 8,8 uair an chloig in 2018 agus 9,2 uair an chloig in 2017 ([25]); de bhrí go bhfuil an t-am a chaitear ag imirt físchluichí níos lú fós ná an t-am scáileáin a chaitear ar ghníomhaíochtaí eile, amhail breathnú ar an teilifís, arbh é a bhí ann 25 uair an chloig sa tseachtain ar an meán in 2020;

V. de bhrí gur staid iomlán fhisiceach, mheabhrach agus shóisialta í an tsláinte agus nach é amháin go bhfuil galar nó míchumas in easnamh; de bhrí gur saincheisteanna gaolmhara iad an mheabhairshláinte agus an dea-bhail agus gur cheart iad a chur i gcuntas i ngach réimse amhail oideachas, sláinte, fostaíocht, cuimsiú sóisialta; de bhrí gur féidir le físchluichí a bheith ina n-uirlisí tábhachtacha chun tacú leis an meabhairshláinte agus leis an bhfolláine agus gur féidir iad a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí sin, chomh maith le cuidiú le scileanna a fhorbairt atá riachtanach i sochaí dhigiteach agus chun an margadh aonair digiteach a fhorbairt;

---

([23]) WHO, "Gaming disorder", arna rochtain an 15 Nollaig 2022.

([24]) Cónaidhm Bhogearraí Idirghníomhacha na hEorpa agus Cónaidhm Fhorbróirí Chluichí na hEorpa, "Príomhfhíricí ó 2020: An bhliain a d'imríomar le chéile", an 24 Lúnasa 2021.

([25]) Cónaidhm Bhogearraí Idirghníomhacha na hEorpa agus Cónaidhm Fhorbróirí Chluichí na hEorpa, "Príomhfhíricí ó 2021: Físchluichí – fórsa chun maitheasa", arna rochtain an 19 Nollaig 2022.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

W. de bhrí, in 2019, gur mhná iad 20 % de na daoine a bhí fostaithe ag tionscal na bhfíschluichí; de bhrí gur saincheist aitheanta agus chórasach í easpa ionadaíochta na mban i ndisciplíní na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice, lena n-áirítear in earnáil na bhfíschluichí, sa tionscal féin agus san léiriú hipirghnéasach ar go leor bancharachtar i ndearadh cluichí; de bhrí go bhfulaingíonn 37 % de chailíní ar imreoirí físchluichí iad ciapadh mar thoradh ar a n-inscne i gcluichí il-imreora ar líne ([26]); de bhrí, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh maidir le hionadaíocht chruinn, chomhionann agus neamh-steiréitipiciúil na mban i bhfíschluichí, nach mór leanúint den dul chun cinn agus é a bheith fite fuaite le láithreacht chomhionann na mban i ngach post sa slabhra luacha, chomh maith leis an gcomhrac i gcoinne mí-úsáid ghnéasach agus idirdhealú gnéasach;

X. de bhrí gur daoine faoi mhíchumas a bhí sa chúigiú cuid de dhaonra AE in 2020; de bhrí go bhfuil an tAontas tiomanta dá staideanna sóisialta agus eacnamaíocha a fheabhsú, lena n-áirítear ar líne; de bhrí go bhfuil míchumais áirithe ann a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach go háirithe d' fhíschluichí ar líne, amhail daille datha, dúshláin amhairc nó lagú soghluaisteachta láimhe; de bhrí go bhfuil daille datha ag 10 % de dhaonra na bhfear;

***Físchluichí ar líne san Aontas Eorpach***

1. ag cur béim ar an luach a bhaineann le físchluichí don imirt ar líne agus as líne araon mar shiamsaíocht a bhfuil tóir air ag líon suntasach Eorpach ngach aoisghrúpa agus i ngach Ballstát agus mar léirithe cultúrtha ag a gcruthaitheoirí, ag a n-imreoirí aonair agus ag a bpobail chearrbhachais i gcoitinne;

2. ag cur béim ar an bhfíoras gur earnáil dhigiteach an-nuálach in AE iad físchluichí agus go bhfuil an earnáil freagrach as níos mó ná 90 000 post díreach san Eoraip; á chur i bhfios go láidir go gcuireann earnáil na bhfíschluichí líon méadaitheach deiseanna nua fostaíochta ar fáil do go leor cruthaitheoirí cultúrtha, amhail forbróirí cluichí, dearthóirí, scríbhneoirí, léiritheoirí ceoil agus ealaíontóirí eile, ar cheart aon ghníomhaíocht de chuid an Aontais sa réimse sin, go háirithe gníomhaíochtaí cistiúcháin, a chur san áireamh; á chur i bhfáth go bhfuil físchluichí ag dul i ngleic leis na hearnálacha digiteacha agus cultúrtha araon, ós rud é gur cuid ríthábhachtach den éiceachóras cultúrtha agus cruthaitheach iad físchluichí freisin, arb ionann iad agus os cionn 50 % de bhreisluach mhargadh foriomlán AE d'ábhar closamhairc;

3. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá tionscal na bhfíschluichí chun tacú leis an nuálaíocht san Eoraip; á chur i bhfáth gur chuidigh earnáil na bhfíschluichí le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt amhail an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí réaltachta fíorúla agus breisithe, agus teicneolaíochtaí eile;

4. á mheabhrú a thábhachtaí atá FBManna i slabhra luacha na bhfíschluichí Eorpacha agus an tsuntasacht dhomhanda atá ag go leor cuideachtaí Eorpacha atá ag forbairt do chonsól, ríomhaire pearsanta agus margaí cearrbhachais soghluaiste; á chur in iúl gur cúis díomá di gur minic a dhéantar dearmad ar an rath idirnáisiúnta agus ar an achomharc cultúrtha sin agus breithniú á dhéanamh ar cheannaireacht Eorpach i dteicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha;

5. á chur in iúl gur geal léi seoladh treoirthionscadal molta na Parlaiminte dar teideal "Tuiscint ar Luach Sochaí Eorpach Cluichí", arb é is aidhm dó sonraí cuimsitheacha a bhailiú chun tacú le ceapadh beartas a dhéanann difear don earnáil; ag tabhairt dá haire go n-áirítear i gcuid de na fadhbanna atá os comhair na hearnála forbairt agus coinneáil tallainne, creat rialála casta agus ilroinnte i margadh domhanda, rochtain ar mhaoiniú agus tionchair shóisialta agus chultúrtha físchluichí;

***Cosaint a neartú do thomhaltóirí i bhfíschluichí ar líne***

6. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil cosaint tomhaltóirí bunriachtanach chun timpeallacht shábháilte agus iontaofa ar líne a áirithiú le haghaidh físchluichí agus cluichirí agus gur féidir borradh a chur faoi fhás eacnamaíoch thionscal na bhfíschluichí trí mhuinín a chothú i measc tomhaltóirí; á chreidiúint, áfach, go bhféadfaí cosaint tomhaltóirí a fheabhsú tuilleadh; á iarraidh ar an gCoimisiún saincheisteanna cosanta tomhaltóirí a chur san áireamh i bhfíschluichí ar líne mar chuid dá sheiceáil oiriúnachta leanúnach ar dhlí thomhaltóirí AE chun cothroime chomhionann ar líne agus as líne a áirithiú;

7. á aithint go ndéantar foráil le *acquis* an Aontais maidir le dlí tomhaltóirí do chosaint láidir tomhaltóirí, atá infheidhme go hiomlán maidir le físchluichí; ag cur sonrú i bhfógra ón gCoimisiún an 29 Nollaig 2021 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh aonair, lena dtugtar treoir maidir le cur i bhfeidhm dhlí thomhaltóirí AE maidir le cur chun cinn agus fógraíocht i bhfíschluichí, lena n-áirítear maidir le leanaí, ceannacháin

---

([26]) Fianaise i scríbhinn a chuir an Léig Frith-Chlúmhillte faoi bhráid Chomhchoiste Pharlaimint na Ríochta Aontaithe ar an mBille um Shábháilteacht Ar Líne (OSB0030), "How Algorithms Influence Harmful Online Conduct", [Conas a imríonn Algartaim Tionchar ar Iompar Díobhálach ar Líne', Meán Fómhair 2021].

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

i bhfíschluichí agus ábhar randamach íoctha a bheith ann; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil gá le cur chuige comhsheasmhach agus comhordaithe idir na Ballstáit agus na húdaráis cosanta tomhaltóirí chun ilroinnt an mhargaidh aonair a sheachaint agus chun tomhaltóirí san Eoraip a chosaint;

8. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis náisiúnta um chosaint tomhaltóirí laistigh den Ghréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí a áirithiú go ndéanfar dlí tomhaltóirí na hEorpa a urramú agus a fhorfheidhmiú go hiomlán in earnáil na bhfíschluichí;

9. ag tabhairt dá haire gur ann d'ardáin físchluichí ar líne a chuireann ar chumas imreoirí, lena n-áirítear mionaoisigh agus leanaí óga, a gcluichí féin a chruthú trí úsáid a bhaint as na huirlisí a sholáthraíonn agus atá faoi úinéireacht an fhorbróra; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta rialála a ghlacadh, más gá, chun úsáideoirí, go háirithe mionaoisigh agus leanaí óga, a chosaint ar chleachtais neamhdhleathacha ina bhféadfadh na hardáin sin a bheith rannpháirteach;

10. á chur in iúl gur geal léi go mbeidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/770, ó mhí Eanáir 2022, maidir le físchluichí, lena n-áirítear cluichí saor in aisce, agus ar an gcaoi sin go soláthrófar cosaint bhreise léi do thomhaltóirí; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, nár thrasuigh roinnt Ballstát an treoir go fóill agus ag tathant ar na Ballstáit sin í a chur chun feidhme gan mhoill chun cosaint níos fearr do thomhaltóirí a áirithiú ar fud an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an bpróiseas trasuímh don treoir, idirphlé dlúth a choinneáil ar bun leis na Ballstáit atá ag titim ar gcúl maidir lena cur chun feidhme agus breithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta um shárú a sheoladh, i gcás inar gá;

11. á chur in iúl gur geal léi forbairt agus cur chun feidhme uirlisí scagaire teaghlaigh lena gcuidítear le hábhar agus físchluichí a scagadh de réir aoise, faireachán a dhéanamh ar an am a chaitear ag imirt cluichí, caiteachas ar líne a dhíchumasú nó a theorannú agus cumarsáid le daoine eile nó féachaint ar ábhar atá cruthaithe ag gníomhaithe eile a shrianadh; á mheabhrú nach iad rialuithe tuismitheoirí ar leibhéal an ardáin an t-aon mhodh a úsáideann tuismitheoirí chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar rochtain a leanaí ar ábhar; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhféadfadh sé nach mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoi na huirlisí sin a chur chun feidhme nó go bhféadfadh deacracht a bheith acu iad a chur chun feidhme, fiú nuair atá siad ar fáil, rud a laghdaíonn a n-éifeachtacht; á chreidiúint gur ar an tionscal atá an fhreagracht as sásraí den sórt sin a fhorbairt; á mheas nach mór do shásraí den sórt sin a bheith éasca le húsáid, le tuiscint agus le bunú agus nach mór iad a bheith cosanta do thomhaltóirí "trí dhearadh" agus "mar réamhshocrú"; á chreidiúint gur ag tuismitheoirí agus ag an tionscal araon atá cur chun feidhme rialuithe tuismitheoirí; á iarraidh go gcuirfí sásraí i bhfeidhm chun smacht níos déine a bheith ag tuismitheoirí ar an méid ama agus airgid a chaitheann mionaoisigh agus leanaí óga ar chluichí, i measc nithe eile, agus cearta agus forbairt mionaoiseach á n-urramú; ag spreagadh na n-ardán chun feasacht agus faisnéis a mhéadú maidir le conas uirlisí den sórt sin a úsáid; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le feachtais phoiblí agus phríobháideacha oideachais agus faisnéise atá dírithe ar thuismitheoirí agus ar fheighlithe a chur chun cinn chun iad a chur ar an eolas faoi na huirlisí atá i bhfeidhm, amhail feidhmchlár teileafóin PEGI, agus chun a n-úsáid a spreagadh;

12. á chur i bhfios go bhfuil éagsúlacht samhlacha gnó glactha in earnáil na bhfíschluichí; ag tabhairt dá haire go ligeann roinnt físchluichí ar líne dá n-úsáideoirí ceannacháin i bhfíschluichí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as airgeadraí i bhfíschluichí, airgeadraí ar féidir iad a cheannach le fíor-airgead nó a thuilleamh sa chluiche, chun míreanna a fháil trí bhoscaí éadála nó trí aon chineál eile ceannaigh a mheastar a bheith randamach i bhfíschluichí, agus nach féidir leis an imreoir a bheith ar an eolas faoina ábhar sula n-íocann sé; á chur i bhfios go bhfuil cineálacha éagsúla boscaí éadála ann ([27]), ag tabhairt dá haire nach bhfuil córais den sórt sin gan iarmhairtí do thomhaltóirí agus gur mheall cluichí le samhail "íoc le buachan", go háirithe samhlacha ionsaitheacha "íoc le buachan", nó samhlacha a chuireann glasáil ar ábhar a bhfuil tóir orthu taobh thiar de bhallaí íocaíochta frithghníomhartha diúltacha ó phobail chearrbhachais, as a n-eascraíonn athbhreithnithe diúltacha agus fiú athruithe ar chluichí roimh iad a scaoileadh nó go luath ina dhiaidh sin;

13. á chur i bhfáth go raibh ceannacháin i bhfíschluichí ag baint le físchluichí le blianta fada; ag tacú leis an treoir ón gCoimisiún a glacadh le déanaí maidir leis an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha ([28]), lena soiléirítear na rialacha maidir le míreanna a íoctar ar cosúil gur míreanna randamacha iad atá i bhfíschluichí; á chur i bhfáth nach mór do chórais cheannaigh i gcluichí a bheith i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha agus leis an treoir a glacadh le déanaí chun a áirithiú nach mbeidh cleachtais dhíobhálacha a dhéanann difear do thomhaltóirí, go háirithe

---

([27]) Is féidir leis na cineálacha boscaí éadála a bheith difriúil ag brath ar choinníollacha incháilitheachta éagsúla (am ag fanacht, fógraí a thaispeáint, ag íoc le fíor-airgead), an luach saothair, a thrédhearcacht, an seans go bhfaighidh tú an t-earra agus an fhéidearthacht an mhír a fhaightear a thiontú ina airgeadra cluiche nó fíor-airgead, i measc rudaí eile.

([28]) Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

mionaoisigh agus leanaí óga, mar thoradh orthu; á iarraidh go gcomhlíonfar an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha agus go gcuirfear chun feidhme go pras í chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú sa mhargadh aonair, go háirithe do mhionaoisigh agus do leanaí óga;

14. ag aithint a staidéir choimisiúnaithe ar bhoscaí éadála agus a n-éifeachtaí ar thomhaltóirí, go háirithe mionaoisigh agus leanaí óga; ag tabhairt dá haire gur moladh sa staidéar go ndéanfaí scrúdú ar bhoscaí éadála ó thaobh reachtaíocht cosanta tomhaltóirí chun éifeachtaí díobhálacha agus cleachtais dhúshaothraithe boscaí éadála a sheachaint, go háirithe i gcás mionaoiseach agus leanaí óga ([29]); á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an gcaoi a ndíoltar boscaí éadála, agus na bearta is gá a dhéanamh chun cur chuige comhchoiteann Eorpach a thabhairt i gcrích maidir le boscaí éadála chun cosaint leormhaith a áirithiú do thomhaltóirí, go háirithe mionaoisigh agus leanaí óga;

15. á chur i bhfios go bhfuil roinnt dearaí cluiche a úsáidtear do cheannacháin i bhfísfchluichí cúblálach agus dúshaothraithe trí dhearadh, toisc go n-úsáideann siad cleachtais ionsaitheacha tráchtála a chuireann isteach go mór ar shaoirse rogha an tomhaltóra agus a spreagann iad chun cinntí airgeadais a dhéanamh nach ndéanfaidís murach sin; ag tabhairt dá haire go bhfuil toirmeasc soiléir ar chleachtais den sórt sin faoi Threoir (AE) 2019/2161; á iarraidh ar fhorbróirí agus díoltóirí físchluichí a áirithiú go n-urramóidh cluichí a dhírítear ar mhionaoisigh cearta mionaoiseach agus leanaí óga, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le príobháideachas, fógraíocht spriocdhírithe agus cleachtais ionramhála; á mheas gur cheart go mbainfeadh mionaoisigh agus leanaí óga, agus iad ag imirt físchluichí ar líne, tairbhe as leibhéal cosanta comhionann leis an leibhéal dá ndéantar foráil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha;

16. ag tabhairt dá haire, seachas córais ceannacháin i bhfíschluichí agus míreanna randamacha íoctha, go dtarlaíonn dearaí meabhlacha eile i bhfíschluichí freisin agus gur féidir leo iompraíocht tomhaltóirí a shaobhadh; á iarraidh ar na húdaráis náisiúnta dlíthe cosanta tomhaltóirí Eorpacha agus náisiúnta a fhorfheidhmiú go héifeachtach, go háirithe an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, agus an treoir chomhfhreagrach ina leith, lena gcuirtear toirmeasc ar phatrúin dhorcha áirithe, ar chleachtais ionsaitheacha mhargaíochta agus ar thrédhearcacht mhíthreorach maidir le faisnéis a cheanglaítear a sholáthar do thomhaltóirí; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna sin, go háirithe patrúin dhorcha, mar chuid den tseiceáil oiriúnachta leanúnach ar dhlí thomhaltóirí AE maidir leis an gcothroime dhigiteach agus tionscnaimh leormhaithe a thíolacadh má mheastar gá a bheith leo;

17. á chur i bhfáth nach mór d'fhorbróirí cluichí ar líne atá dírithe ar mhionaoisigh agus ar leanaí óga a n-aoiseanna, a gcearta agus a leochaileachtaí a chur i gcuntas; á chur i bhfáth nach mór dóibh na caighdeáin is airde is féidir a chomhlíonadh trí dhearadh agus mar réamhshocrú a mhéid a bhaineann le sábháilteacht, slándáil, príobháideachas agus teorainneacha ama a shocrú, ag tabhairt dá haire, chomh maith leis na caighdeáin a fhorlíonadh mar réamhshocrú, gur féidir le tuismitheoirí ról tábhachtach a imirt maidir le mionaoisigh agus leanaí óga a chosaint agus físchluichí á n-imirt acu; á chur i bhfios, áfach, gur cheart don tionscal cearrbhachais feachtais feasachta a chur i gcrích agus tacaíocht a thabhairt maidir le húsáid uirlisí agus faisnéise iomchuí maidir le conas cosaint níos fearr a thabhairt dá mionaoisigh agus dá leanaí óga;

18. á chur i bhfáth gur uirlisí iad físchluichí chun imirt agus saothair ealaíne araon a bhfuil luach cultúrtha ag baint leo;

19. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh an fhaisnéis uile is gá ag tomhaltóirí maidir le físchluiche ar líne, lena n-áirítear maidir le ceannacháin i bhfíschluichí a bheith i ann, amhail boscaí éadála agus ceannacháin eile a mheastar a bheith randamach i bhfíschluichí, agus gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoin gcineál inneachair sula dtosaíonn siad ag imirt agus le linn an chluiche, á chur i bhfáth gur cheart faisnéis den sórt sin a thaispeáint go soiléir agus a bheith intuigthe do gach tomhaltóir sula gceannaítear an cluiche agus roimh gach ceannachán i bhfíschluichí chun tomhaltóirí, go háirithe mionaoisigh agus leanaí óga, a chosaint ar bhealach níos fearr, agus chun cabhrú le tuismitheoirí a gcaiteachas a thuiscint agus a rialú; ag tabhairt dá haire, nuair a úsáidtear airgeadraí fíorúla i gcluichí ar líne, gur cheart a luach san fhíorairgeadra a chur in iúl go soiléir agus go feiceálach i gcónaí do thomhaltóirí i gcás gach ceannacháin; ag tabhairt dá haire go bhfuil toirmeasc soiléir ar an bhfaisnéis sin a bheith fágtha ar lár faoi Threoir (AE) 2019/2161;

20. á chur i bhfios go gcaithfidh físchluichí ar líne a thugann an rogha d'imreoirí buntáiste a fháil mar chúiteamh ar íocaíochtaí i samhlacha "íoc le buachan" imreoirí a chur ar an eolas go soiléir faoin ngné sin sula dtosaíonn siad ag imirt; á mheas gur féidir le samhlacha "íoc le buachan" den sórt sin difríocht a chruthú idir imreoirí ag brath ar a n-acmhainn; ag moladh do chluichí ina n-úsáidtear samhlacha den sórt sin, dá bhrí sin, modh imeartha a áireamh gan idirbhearta "íoc le buachan";

21. á chur in iúl gur geal léi go ndéanfaidh an Coimisiún scrúdú ar athnuachaintí uathoibríocha le haghaidh síntiús agus conarthaí sa tseiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht cosanta tomhaltóirí atá ar na bacáin; ag tabhairt dá haire gur féidir le hathnuachaintí uathoibríocha a bheith tairbheach don úsáideoir agus don trádálaí araon, trí áisiúlacht d'úsáideoirí a fheabhsú agus riarachán síntiúsóirí a theorannú don trádálaí, ach gur féidir fadhbanna a bheith ag baint leo freisin má

([29]) Forbrukerrådet,"Insert coin –How the gaming industry exploits consumers using loot boxes" [Cuir isteach bonn –Conas a bhaineann tionscal an chearrbhachais leas as boscaí éadála], an 31 Bealtaine 2022.

théann na hathnuachaintí uathoibríocha i gcoinne rúin an tomhaltóra ar feadh tréimhse éiginnte; ag moladh don Choimisiún, ina scrúdú, agus do thrádálaithe, ina mbeartais chuideachta, dea-chleachtais ó na Ballstáit nó ó chuideachtaí a bhfuil beartais athnuachana uathoibríche atá fabhrach don tomhaltóir i bhfeidhm acu cheana féin a chur san áireamh; á iarraidh ar an gCoimisiún oibleagáid a thabhairt isteach ar leibhéal AE faoina gcaithfidh trádálaithe togra um rogha a bheith páirteach a chur ar fáil d'úsáideoirí tráth an cheannaigh seachas é a bheith ina ghné réamhshocraithe, chomh maith le faisnéis shoiléir atá inrochtana go héasca maidir le conas athnuachaintí uathoibríocha a chur ar ceal tráth ar bith, agus faoina gcaithfidh siad an próiseas chun na hathnuachaintí uathoibríocha a chur ar ceal a dhéanamh simplí agus chomh héasca céanna leis an bpróiseas clárúcháin;

22. á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann ó fhorbróirí físchluichí maidir leis na dóchúlachtaí i sásraí boscaí éadála, lena n-áirítear faisnéis i dteanga shimplí faoi thorthaí beartaithe algartam;

23. á chur i bhfios go láidir gur bunchloch de chearta tomhaltóirí an Aontais iad beartais maidir le ráthaíocht aisfhillidh agus aisíocaíochta, agus go bhfuil an ceart céanna ag tomhaltóirí aisfhilleadh agus aisíocaíocht a iarraidh le haghaidh ceannacháin ar líne is atá acu do cheannacháin ar an láthair; ag tabhairt dá haire, i gcás inneachar ar líne agus inneachar digiteach, cibé acu a íoslódáiltear nó a shruthaítear é, go bhfuil feidhm ag an gceart chun aisíocaíochta má bhíonn an táirge nó an tseirbhís lochtach nó mura bhfaigheann an tomhaltóir rochtain ar an táirge mar a bhíothas ag dréim leis; á iarraidh ar thrádálaithe rialacha cosanta tomhaltóirí AE a chomhlíonadh go hiomlán agus faisnéis shoiléir, thrédhearcach agus iontaofa a chur ar fáil maidir le conas aisíocaíocht a iarraidh nó úsáid a bhaint as an gceart tarraingt siar;

24. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh daoine faoi mhíchumas in ann gach cineál físchluiche ar líne a imirt; agus nach mór gnéithe teicniúla agus cumarsáide físchluichí ar líne agus aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann le himirt nó ceannach an chluiche a bheith cuimsitheach agus inrochtana; á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh a thíolacadh chun feabhas a chur ar inrochtaineacht físchluichí ar líne do dhaoine faoi mhíchumas; ag spreagadh soláthraithe físchluichí ar líne chun cluichí a dhéanamh inrochtana trí cheanglais inrochtaineachta Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 a chur i bhfeidhm ([30]);

25. á chur i bhfios go láidir, a luaithe a fhaightear mír i bhfíschluiche, gur féidir, i gcásanna áirithe, í a mhalartú laistigh den chluiche nó trí shuíomhanna gréasáin tríú páirtí ar fhíor-airgead, rud atá contrártha leis na téarmaí agus na coinníollacha a chuireann foilsitheoirí físchluichí i bhfeidhm; á iarraidh ar na húdaráis náisiúnta deireadh a chur le cleachtais neamhdhleathacha lena gceadaítear do dhuine ar bith tabhairt faoi mhalartú, díol nó gealltóireacht ar shuíomhanna i bhfíschluichí; á thabhairt chun suntais, de bhreis ar na saincheisteanna a bhaineann le cosaint tomhaltóirí, go bhféadfadh sciúradh airgid a bheith mar thoradh ar na seirbhísí sin; á iarraidh ar an gCoimisiún deireadh a chur leis an gcleachtas sin; á mheas go bhféadfaidh an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha an fhadhb sin a mhaolú, go háirithe trí na hoibleagáidí "bíodh aithne agat ar do chustaiméirí gnó" a chur chun feidhme;

26. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh baint a bheith ag feirmeoireacht óir le saothar agus dúshaothrú éignithe i dtíortha i mbéal forbartha agus le sciúradh airgid; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar úsáid feirmeoireachta óir i ndáil le coireanna airgeadais agus sáruithe ar chearta an duine agus tionscnaimh iomchuí a thíolacadh más gá;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis Eorpach físchluichí a chur ar aghaidh lena mbainfear leas as acmhainneacht eacnamaíoch, shóisialta, oideachasúil, chultúrtha agus nuálach na hearnála sin chun cur ar a cumas a bheith ina ceannaire i margadh domhanda na bhfíschluichí; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, le linn dó tabhairt faoin tseiceáil oiriúnachta atá ar na bacáin dó ar dhlí tomhaltóirí AE maidir leis an gcothroime dhigiteach, i dtaobh an leor an creat reatha um dhlí tomhaltóirí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna uile maidir le dlí tomhaltóirí a ardaítear le boscaí éadála agus le ceannacháin i bhfíschluichí agus, murar leor, á iarraidh air togra reachtach a chur i láthair chun an creat reatha um dhlí tomhaltóirí AE maidir le físchluichí ar líne a oiriúnú nó togra reachtach neamhspleách a thíolacadh maidir le físchluichíocht ar líne chun creat rialála Eorpach comhchuibhithe a bhunú lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí, go háirithe do mhionaoisigh agus do leanaí óga; á mheas gur cheart a mheas leis na tograí sin ar cheart oibleagáid a mholadh lena ndéanfaí sásraí íocaíochtaí agus boscaí éadála i bhfíschluichí a dhíchumasú trí réamhshocrú nó toirmeasc ar bhoscaí éadála íoctha a mholadh chun mionaoisigh a chosaint, ilroinnt an mhargaidh aonair a sheachaint agus a áirithiú go mbainfidh tomhaltóirí tairbhe as an leibhéal céanna cosanta, gan beann ar a n-áit chónaithe;

([30]) Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

28. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht ceangal a chur ar sholáthraithe físchluichí ar líne atá dírithe ar mhionaoisigh agus ar leanaí óga measúnuithe tionchair *ex-ante* ar leanaí a fhorbairt bunaithe ar chreat na gceithre C (*"content, contact, conduct, contract"* [inneachar, teagmháil, iompar, conradh]) chun riosca a aicmiú, agus aon rioscaí arna sainaithint do chearta mionaoiseach a mhaolú go héifeachtach;

***Buntáistí agus rioscaí breise do thomhaltóirí***

29. ag cur béim ar a thábhachtaí atá an mheabhairshláinte, go háirithe i gcás mionaoiseach agus leanaí óga; ag tabhairt dá haire gur chuir físchluichí faoiseamh ar fáil le linn tréimhsí dianghlasála COVID-19; á mheabhrú go raibh ról dearfach ag an nascacht ar líne chun a áirithiú go bhféadfadh Eorpaigh cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú agus cruthú lena chéile fós, lena n-áirítear trí fhíschluichí ar líne; á mheabhrú gur féidir leis an gcluichíocht bealaí idirghníomhacha a chur ar fáil do dhaoine aonair a bhíonn thíos le dícheangal nó leithlisiú sóisialta acu i dtimpeallachtaí fíorshaoil; ag tabhairt dá haire go raibh sé sin fíor go háirithe i gcás daoine scothaosta, atá i measc na ndaoine is mó a bhí thíos le bheith scoite amach le linn phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire go gcreideann EDS gur féidir le cluichí ar líne a bheith ina bpríomhuirlis chun ár gceangal le daoine eile a chothú ([31]); ag tabhairt dá haire go bhfuil buntáistí i gceist le cluichí trasardáin ar líne d'eispéireas an úsáideora trí chur ar chumas imreoirí idirghníomhú go héasca ar fud ardáin éagsúla agus d'fhorbróirí cluichí, agus á iarraidh ar thionscal na bhfíschluichí gach iarracht a dhéanamh an úsáid is iomláine is féidir a bhaint as an ngné sin; ag tabhairt dá haire ar bhonn níos ginearálta go ngintear deiseanna agus peirspictíochtaí nua le rochtain ar léiriú cruthaitheach agus ar inneachar cultúrtha, go háirithe i gcás mionaosach agus leanaí óga; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag gníomhú chun bonneagar digiteach na hEorpa a fheabhsú, rud a thacaíonn ní hamháin leis na tionscail chruthaitheacha maidir le hinneachar ardcháilíochta a fhorbairt, ach freisin le rochtain shaoránaigh na hEorpa ar na saothair sin atá suntasach ó thaobh an chultúir de;

30. á chreidiúint go n-úsáideann a lán daoine físchluichí ní hamháin mar ghníomhaíocht fóillíochta, ach freisin mar chleachtaí meabhracha, amhail trí thascanna agus puzail éilitheacha a réiteach, páirt a ghlacadh i gcomórtais le himreoirí eile a éilíonn ardleibhéal airde agus scileanna a fhorbairt amhail réiteach fadhbanna, comhordú spásúil agus comhordú lámh is súl, obair foirne, géire amhairc agus luas;

31. á mholadh go ndéanfaí duais bhliantúil AE d'fhíschluichí ar líne a eagrú sa Pharlaimint sa Bhruiséil, ar a dtabharfar an Gradam Eorpach i bhfíschluichí ar líne, chun aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá cuideachtaí a tháirgeann físchluichí ar líne do mhargadh aonair digiteach na hEorpa, ar FBManna iad go leor acu, ó thaobh post, fáis, nuálaíochta agus cur chun cinn luachanna Eorpacha de; á mheas gur cheart go mbeadh sé d'aidhm leis an dámhachtain físchluichí ar líne lena n-urramaítear cearta tomhaltóirí nó a bhfuil tionchar dearfach acu ar réimsí sonracha, amhail an t-oideachas, nó ar fhorbairt scileanna, a chur chun cinn;

32. á chur in iúl gur geal léi an tionscadal taighde nuálach EU Kids Online, lena mbailítear sonraí ardcháilíochta ó gach cearn den Eoraip a bhaineann le dearcthaí leanaí maidir lena n-eispéiris ar líne; á iarraidh go ndéanfaí nuashonrú níos minice ar an tionscnamh ceannródaíoch domhanda sin; á iarraidh ar an gCoimisiún an tionscnamh sin agus tionscnaimh chomhchosúla a chistiú amach anseo;

33. á chur i bhfáth go bhfuil físchluichí ar líne tábhachtach don oideachas, ós rud é gur féidir leo a bheith ina n-uirlis úsáideach le linn próisis foghlama, agus go ndéantar go leor cluichí a dhearadh go sonrach chun críoch oideachais, amhail chun díospóireachtaí a spreagadh faoi shaincheisteanna sochaíocha nó tuiscint ar imeachtaí stairiúla nó cultúrtha a fheabhsú; á mheabhrú go bhfuil físchluichí mar chuid de churaclaim oideachais náisiúnta; ag tabhairt dá haire go n-úsáidtear físchluichí tráchtála freisin chun críoch oideachais; á thabhairt dá haire go n-úsáidtear físchluichí freisin chun smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna a fhorbairt agus chun cruthaitheacht a spreagadh; á chur i bhfáth freisin go mbaineann feidhmeanna eile le físchluichí níos déanaí sa saol, ós rud é gur féidir leo spreagadh meabhrach agus deiseanna nascachta a chur ar fáil do dhaoine scothaosta;

34. á chur i bhfios go láidir gur féidir tionchar diúltach a bheith ag imirt físchluichí ar líne go rómhinic ar chaidrimh shóisialta, ar an obair, ar rátaí luathfhágála scoile, ar an tsláinte fhisiciúil agus ar an meabhairshláinte agus, ar dhrochfheidhmíocht acadúil, cé go léiríonn an taighde gur féidir le físchluichí tionchar dearfach a bheith acu; ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, gur gá cothromaíocht shláintiúil a bhaint amach;

35. á chur i bhfios go láidir gur fadhb do roinnt imreoirí é andúil físchluichí, ar a dtugtar "neamhord cluichíochta" freisin; ag tabhairt dá haire go bhfuil neamhord cluichíochta aicmithe ag EDS mar chineál andúile arb iad na príomhthréithe di smacht lagaithe ar an gcluichíocht, tosaíocht mhéadaithe a thabhairt don chluichíocht ar ghníomhaíochtaí eile a mhéid a bhíonn tosaíocht ag an gcluichíocht ar leasanna eile agus ar ghníomhaíochtaí laethúla, agus cluichíocht leanúnach nó géaraithe in ainneoin iarmhairtí diúltacha;

---

([31]) *Bloomberg, Games Industry Unites to Promote World Health Organization Messages Against COVID-19; Launch #PlayApartTogether Campaign* [Tagann Tionscal na Cluichíochta le chéile chun Teachtaireacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte i gcoinne COVID-19 a chur chun cinn; Seoladh an Fheachtais #PlayApartTogether], 10 Aibreán 2020.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

36. ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart do thionscal na bhfíschluichí, d'úsáideoirí ná do thuismitheoirí gannmheastachán a dhéanamh ar na rioscaí agus ar na héifeachtaí a eascraíonn as neamhord cearrbhachais; á mheabhrú go bhfuil sé léirithe i dtaighde eolaíoch gur tréimhsí saoil iad an caithreachas agus an ógántacht ina bhfuil daoine níos leochailí i leith iompraíochtaí andúileacha; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh obair chomhoibríoch i measc dearthóirí, foilsitheoirí agus ardáin físchluichí mar aon leis an bpobal geallsealbhóirí i gcoitinne, lena n-áirítear údaráis inniúla náisiúnta agus an Coimisiún, chun cuidiú leis na rioscaí a bhaineann le neamhoird chluichíochta a mhaolú; á mholadh gur cheart tuilleadh feachtais feasachta a sheoladh chun a áirithiú go mbeidh tuismitheoirí agus cluichirí óga ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le neamhord cearrbhachais agus á iarraidh ar fhorbróirí cluichí dearadh láimhsithe cluichí a sheachaint ar féidir andúil sa chluichíocht, leithlisiú agus cibearchiapadh a bheith mar thoradh air;

37. ag tabhairt dá haire go bhfuil easpa sonraí imdhealaithe uile-Aontais ann maidir leis an meán-am a chaitear ag imirt cluichí, an meánmhéid a chaitear i gcluichí, taithí ghinearálta chluichíochta agus éifeachtaí soch-shíceolaíocha dá bharr sin, agus á iarraidh ar an gCoimisiún na sonraí sin a bhailiú ar bhonn bliantúil agus tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid na Parlaiminte;

38. ag tabhairt dá haire go bhfuil rochtain ag tionscal na cluichíochta ar líon ollmhór sonraí pearsanta, ar sonraí iad a bhíonn íogair uaireanta; á chur i bhfáth nach mór dó a áirithiú go ndéanfar próiseáil sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus nach n-úsáidfear próifílí úsáideoirí a chruthaítear trí shonraí iompraíochta a úsáid chun críoch cúblála agus idirdhealaitheach; á iarraidh ar na húdaráis inniúla a áirithiú go ndéanfar dlí ábhartha AE agus dlí ábhartha náisiúnta a fhorfheidhmiú go dian; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh anailís a dhéantar ar phatrúin cluichirí trí shonraí a bhailiú i bhfabhar teicnící arb é is aidhm leo cluichirí a mhealladh, ach gur cheart go ndíreofaí léi ina ionad sin ar an eispéireas cluichíochta a fheabhsú; ag spreagadh forbróirí chun dearadh cluiche a mheas i gcaibidlí nó i bpointí sábhála rialta chun sosanna aire a éascú, ar sosanna iad a mbeidh cluichirí in ann dícheangal lena linn;

39. á chur i bhfios gur féidir le calaoiseoirí úsáid a bhaint as ardáin físchluichí ar líne le haghaidh fioscaireachta; á iarraidh go reáchtálfar feachtais faisnéise chun feasacht a mhúscailt maidir leis na rioscaí atá i gceist, go háirithe i measc mionaoiseach agus daoine óga;

40. ag tathant ar thionscal na bhfíschluichí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit plean gníomhaíochta a fhorbairt chun cothromaíocht inscne a áirithiú i ngach céim den fhorbairt i dtionscal na gcluichí ar líne; á iarraidh, ina theannta sin, ar an tionscal oibiachtú na mban a sheachaint mar aon le cruthú, athrá nó géarú steiréitíopaí inscne; á chur i bhfáth go gcruthaíonn na cleachtais sin atá ró-choitianta timpeallacht naimhdeach do mhná agus do chailíní i gcluichí ar líne;

***Timpeallacht shábháilte ar líne a áirithiú d'úsáideoirí físchluichí ar líne***

41. á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh atá faoi stiúir an tionscail, amhail PEGI, a úsáidtear in 38 dtír; á mheas gur féidir le córas rátála den sórt sin a bheith an-tairbheach ó thaobh tuairisceoirí inneachair agus faisnéis a chur ar fáil maidir leis an aois mholta chun cluiche a imirt, rud a chabhraíonn le tuismitheoirí cluichí iomchuí a roghnú dá leanaí; á chur i bhfios go láidir gur cuid amháin de Chód Iompair foriomlán PEGI é an córas rátála, agus go bhfuil sé mar aidhm leis an gcód i gcoitinne timpeallacht shábháilte a áirithiú do chluichirí; á chur in iúl gur geal léi an cur chuige nuashonraithe ó PEGI, lena gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas anois má áirítear gnéithe íoctha ar cosúil gur gnéithe randamacha iad i gcluiche; á chur i bhfios go láidir nach ionann inneachar íoctha a bheith ann i bhfíschluichí, lena n-áirítear inneachar íoctha ar cosúil gur inneachar randamach é, agus bac a bheith ar thuismitheoirí rochtain ar an gcineál sin inneachair a bhainistiú, agus cead á thabhairt do leanbh rochtain a fháil ar an mbunchluiche má mheastar é a bheith oiriúnach ó thaobh aoise de; ag tabhairt dá haire go bhfuil córas PEGI ina dhlí ag roinnt tíortha; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil córas PEGI á chur chun feidhme sna cineálacha éagsúla cluichí atá ar fáil ar an margadh agus ar fud an Aontais agus féachaint an bhféadfaí é a chumhdach i ndlí AE chun go mbeidh córas PEGI agus a Chód Iompair ar an gcóras comhchuibhithe éigeantach aoise is infheidhme maidir le gach forbróir físchluichí, gach aipmhargadh agus gach ardán ar líne chun ilroinnt sa mhargadh aonair a sheachaint agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do thionscal na bhfíschluichí;

42. ag aithint acmhainneacht chóras PEGI faisnéis thábhachtach réamhchonarthach a chur ar fáil do thomhaltóirí; á mheas, áfach, gur cheart an tionscnamh sin faoi stiúir an tionscail a chomhlánú le bearta breise chun an leibhéal is airde cosanta do thomhaltóirí a áirithiú agus chun réiteach a fháil ar na saincheisteanna maidir le dlí tomhaltóirí a chruthaítear le ceannacháin i bhfíschluichí agus sásraí boscaí éadála;

43. ag spreagadh an tionscail, lena n-áirítear ardáin agus foilsitheoirí cluichí, mar aon le comhpháirtithe ar saineolaithe neamhspleácha iad agus gníomhaireachtaí rátála leanúint d'fheachtais múscailte feasachta maidir le córas PEGI, ionas go mbeidh níos mó tuismitheoirí ar an eolas gur ann dó, agus leanúint de bheith frithghníomhach chun an córas rátála a oiriúnú mar fhreagairt ar fhorbairtí i bhfíschluichí agus ar an inneachar i bhfíschluichí ar mhaithe le leanúint de rogha tuismitheoirí a éascú;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

44. á iarraidh ar an gCoimisiún íoschaighdeáin maidir le caomhnú príobháideachais a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le córas dearbhaithe aoise atá slán agus cuimsitheach;

45. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go mbaineann rioscaí le húsáid na fuathchainte agus leis an gcibearbhulaíocht ar ardáin físchluichí ar líne, rud atá an-chontúirteach go háirithe nuair a bhítear ag díriú ar mhionaoisigh agus ar leanaí óga;

46. á chur i bhfáth go gcaithfidh físchluichí ar líne timpeallacht dhigiteach shábháilte a chur ar fáil d'úsáideoirí; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha le déanaí, lena ndéantar nuashonrú ar na rialacha maidir le modhnú inneachair san Eoraip chun gur féidir dul i ngleic níos fearr le hinneachar neamhdhleathach ar líne, lena n-áirítear i gcás físchluichí; á iarraidh go ndéanfaí é a thrasuí sa dlí náisiúnta agus a chur chun feidhme go pras;

47. ag tarraingt aird ar an bhfíoras gur féidir inneachar neamhdhleathach, agus inneachar díobhálach freisin, a scaipeadh i bhfíschluichí trí ghnéithe cumarsáide an chluiche nó ar ardáin meán sóisialta cluichíochta; ag cur i dtábhacht gur cheart do thionscal na bhfíschluichí bearta agus uirlisí iomchuí a ghlacadh chun gach úsáideoir a chosaint ar ábhar díobhálach, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme;

48. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis cosanta tomhaltóirí na mBallstát a áirithiú go ndéanfar an dlí tomhaltóirí a urramú agus a fhorfheidhmiú go hiomlán, lena n-áirítear in earnáil na bhfíschluichí, trí "scuabadh" earnálach a dhéanamh nó trí ghníomhaíocht forfheidhmithe chomhordaithe a sheoladh, faoi Rialachán (AE) 2017/2394 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú ([32]), nuair is gá;

o

o o

49. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

---

([32]) Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0009

# An comhbheartas eachtrach agus slándála a chur chun feidhme – tuarascáil bhliantúil 2022

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2022 (2022/2048(INI))**

(2023/C 214/04)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 21 agus 36 de,

— ag féachaint do thuarascáil an 14 Meitheamh 2022 ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (Leas-Uachtarán/Ardionadaí) dar teideal "CFSP Report – Our priorities in 2022" [Tuarascáil CBES – Ár dtosaíochtaí in 2021],

— ag féachaint don phlean gníomhaíochta "Strategic Compass for Security and Defence – For a European Union that protects its citizens, values and interests and contributes to international peace and security" [Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint – I gcás Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a rannchuidíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta], a d'fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022 agus a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 24 Márta 2022,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 24 agus an 25 Márta 2022,

— ag féachaint do Dhearbhú Versailles an 11 Márta 2022,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 23 agus an 24 Meitheamh 2022 maidir leis an Eoraip mhór, an Úcráin, na hiarratais ar bhallraíocht ón Úcráin, ó Phoblacht na Moldóive agus ón tSeoirsia, ó na Balcáin Thiar, saincheisteanna eacnamaíocha, an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus an caidreamh seachtrach,

— ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Teachtaireacht 2022 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú an 12 Deireadh Fómhair 2022 (COM(2022)0528),

— ag féachaint do na rúin a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2022 dar teideal "Aggression against Ukraine" [Fogha i gcoinne na hÚcráine] (A/RES/ES-11/L.1) agus an 12 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal "Territorial integrity of Ukraine: defending the principles of the Charter of the United Nations" [Iomláine chríochach na hÚcráine: prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a chosaint] (A/RES/ES - 11/L.5),

— ag féachaint do thuarascáil uaithi an 9 Márta 2022 maidir le trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear bréagaisnéis ([1]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal "2021 Communication on EU Enlargement Policy" [Teachtaireacht 2021 maidir le Beartas AE um Méadú] (COM(2021)0644),

— ag féachaint don rún a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 7 Aibreán 2022 dar teideal "Suspension of the rights of membership of the Russian Federation in the Human Rights Council" [Cearta ballraíochta Chónaidhm na Rúise sa Chomhairle um Chearta an Duine a chur ar fionraí] (A/RES/ES-11/L.4),

— ag féachaint do thuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa an 9 Bealtaine 2022,

— ag féachaint do rún uaithi maidir leis an obair leantach ar na conclúidí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa an 4 Bealtaine 2022 ([2]),

([1]) *IO C 347, 9.9.2022, lch. 61.*
([2]) *IO C 465, 6.12.2022, lch. 109.*

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 ([3]),

— ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle maidir le COVID-19, bainistiú géarchéime agus athléimneacht, slándáil agus cosaint, gnéithe seachtracha den imirce agus den chaidreamh seachtrach a glacadh an 16 Nollaig 2021,

— ag féachaint do mholadh uaithi an 23 Samhain 2022 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le straitéis nua AE don mhéadú ([4]),

— ag féachaint do Choincheap Straitéiseach ECAT 2022 a ghlac Cinn Stáit agus Rialtais ECAT ag Cruinniú Mullaigh ECAT i Maidrid an 29 Meitheamh 2022,

— ag féachaint do Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 31 Deireadh Fómhair 2000 lenar bunaíodh an clár oibre do mhná, don tsíocháin agus don tslándáil (WPS);

— ag féachaint do theachtaireacht chomhphháirteach ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne (GAP) III dar teideal "An ambitious agenda for gender equality and women"s empowerment in EU external action [Plean Gníomhaíochta Inscne AE (GAP) III: clár oibre uaillmhianach don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais], (JOIN(2020)0017),

— ag féachaint do rún uaithi an 14 Nollaig 2022 ar na hionchais maidir leis an réiteach dhá stát i gcás Iosrael agus na Palaistíne ([5]),

— ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhar idir an tAontas Eorpach agus ECAT arna shíniú an 10 Eanáir 2023 ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin, agus Ard-Rúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0292/2022),

A. de bhrí go bhfuil an fogha míleata gan chúis agus gan údar atá á dhéanamh ag Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, le tacaíocht ó réimeas Lukashenka sa Bhealarúis, tar éis cogadh a thabhairt ar ais go mór-roinn na hEorpa agus go bhfuil sé ina chúis le mór-scrios agus fulaingt; de bhrí go bhfuil coireanna cogaidh déanta ag an Rúis i gcoinne na hÚcráine; de bhrí go bhfuil sé sin go léir ina bhagairt shuntasach ar shlándáil Eorpach agus dhomhanda agus fós ina dhúshlán roimpi; de bhrí go bhfuil bagairtí núicléacha déanta ag an Rúis; de bhrí go ndearnadh difear diúltach do shlabhraí soláthair domhanda agus gur baineadh an bonn den tslándáil bia i roinnt limistéar den domhan; de bhrí, de dheasca chogadh foghach mídhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, gurb ann d'éiginnteacht eacnamaíoch, go bhfuil méadú géar tagtha ar phraghsanna fuinnimh, go bhfuil an ghéarchéim aeráide tar éis dul in olcas agus go bhféadfaí go leor Ballstát agus tríú tíortha a dhíchobhsú tuilleadh, go háirithe iad siúd sna Balcáin Thiar agus i gComhpháirtíocht an Oirthir, agus, dá bhrí sin, go bhfuil athrú suntasach tagtha ar chomhthéacs geopholaitiúil chomhbheartas eachtrach agus slándála AE (CBES); de bhrí go raibh an cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine mar chuid de phlean Putin chun an t-ollstruchtúr slándála Eora-Atlantach a athchóiriú; de bhrí gur cuireadh bac ar an bplean sin a bhuí le cosaint ghaisciúil arm na hÚcráine; de bhrí nach raibh AE in ann, ó 2014 i leith, leas iomlán a bhaint as a comhionstraimí slándála agus cosanta (CBSC) chun tacú go héifeachtach le comhrac na hÚcráine i gcoinne na Rúise, cé gur léir i mbliana go bhfuil roinnt feabhsuithe déanta ina leith; de bhrí, chun go measfaí mar ghníomhaí domhanda rathúil agus inchreidte é, go gcaithfidh AE a chumais a fhorbairt tuilleadh agus a thoil pholaitiúil a neartú chun slándáil a sholáthar ina garchomharsanacht;

B. de bhrí go bhfuil réiteach síochánta coinbhleachta, cobhsaíocht agus slándáil fheabhsaithe agus comhar frithpháirteach méadaithe de dhíth ar Chomharsanacht an Oirthir agus ar na Balcáin Thiar; de bhrí go bhfuil an tslándáil sna réigiúin sin faoi bhagairt mhór mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus mar gheall ar an bhféidearthacht go leathnódh an fogha sin isteach i dtíortha comharsanachta; de bhrí go gcuireann díchobhsú ár ngarchomharsanachta cobhsaíocht, síocháin agus slándáil AE i mbaol;

---

([3]) IO L 102, 24.3.2021, lch. 14.
([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0406.
([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0443.

C. de bhrí go dtugtar chun suntais le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine go bhfuil gá le gníomhaíocht níos láidre, níos uaillmhianaí, níos inchreidte, níos straitéisí agus níos aontaithe ón Aontas ar an leibhéal domhanda, agus go gcuirtear béim leis ar an ngá atá ann go leagfadh AE síos a chuspóirí straitéiseacha féin go neamhspleách agus go bhforbródh sé na cumais chun iad a shaothrú; de bhrí go dtugtar le fios go mór arís leis gur gá don Eoraip tosaíocht a thabhairt dá neamhspleáchas fuinnimh;

D. de bhrí gur oscailt súl don Aontas é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, arb ionann é agus bagairt láithreach ar an ord slándála Eorpach agus domhanda agus ar shlándáil an Aontais agus a Bhallstát; de bhrí gur neartaigh ionradh na Rúise ar an Úcráin an móiminteam i dtreo teacht ar athshainiú geopholaitiúil ar CBES agus ar ghníomhaíocht sheachtrach AE i gcoitinne, le fís dhána faoi threoir leasanna an Aontais sa réaltacht nua gheopholaitiúil, le fíorthoil chun gníomhú agus le comhar trasatlantach, chun torthaí atá ábhartha go straitéiseach a bhaint amach; de bhrí, in ainneoin fogha na Rúise, go bhfuil iarratas déanta ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn ar dhul isteach in ECAT; de bhrí go léiríonn an choinbhleacht sin go bhfuil géarghá le tuiscint choiteann ar bhagairtí a bheith á sainiú ag na Ballstáit agus le fíor-dhlúthpháirtíocht leis na Ballstáit túslíne a bheith á léiriú acu; de bhrí gur athdhearbhú é an cogadh sin ar ról ECAT mar bhunchloch na slándála Eorpaí agus ar a bhuntábhachtai atá nasc láidir trasatlantach;

E. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go dtabharfadh an tAontas aghaidh ar a phríomhleochaileachtaí, amhail é a bheith róspleách le déanaí ar an Rúis agus ar Dhaon-Phoblacht na Síne, agus go ndéanfadh sé a athléimneacht agus a ullmhacht a neartú i bhfianaise bagairtí a eascraíonn as réimis ollsmachtacha agus neamhdhaonlathacha;

F. de bhrí go dtugtar chun suntais freisin le hionradh na Rúise, agus é níos follasaí fós mar gheall ar thorthaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, faoi stiúir na saoránach, a riachtanaí atá sé go léireodh na Ballstáit an toil pholaitiúil is gá chun beartas Eorpach lánfheidhme a dhéanamh de CBES;

G. de bhrí nár baineadh leas as an acmhainneacht le haghaidh beartas eachtrach, slándáil agus cosaint atá tapa, éifeachtúil agus éifeachtach dá bhforáiltear le Conradh Liospóin ná nár saothraíodh an acmhainneacht sin, ach ar bhealach an-teoranta le deich mbliana anuas de dheasca na heaspa tola polaitiúla ó na Ballstáit; de bhrí, mar gheall ar thimpeallacht slándála Eorpach atá ag athrú, go bhfuil sé thar am gach ionstraim dá bhforáiltear le CAE a úsáid, go háirithe maidir le CBSC; de bhrí go bhfuil gnéithe i gConradh Liospóin amhail ciste míleata nuathionscanta faoi Airteagal 41(3)(b), an fhéidearthacht grúpa beag a bhunú ag a mbeidh cuspóirí slándála agus cosanta níos uaillmhianaí faoi Airteagal 44, agus beartas fíor-Eorpach um chumas agus um armálacha a shainiú faoi Airteagal 42(3), arb ann dóibh ó mhí na Nollag 2009;

H. de bhrí go bhféadfaí clásail *passerelle* a úsáid láithreach chun athrú ó cheanglas na haontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe i réimsí sonracha beartais; de bhrí go bhfágann an bhagairt reatha ar an tslándáil Eorpach gur gá modhanna oibre áirithe a oiriúnú láithreach;

I. de bhrí gur ghníomhaigh an Chomhairle go tapa agus ar bhealach aontaithe agus go bhfuil naoi bpacáiste smachtbhannaí glactha aici go dtí seo i gcoinne na Rúise mar gheall ar a gníomhaíochtaí san Úcráin, lena n-áirítear smachtbhannaí ar dhaoine aonair amhail reo sócmhainní agus srianta taistil, smachtbhannaí eacnamaíocha a dhíríonn ar na hearnálacha airgeadais, trádála, fuinnimh, iompair, teicneolaíochta agus cosanta, srianta ar na meáin, bearta taidhleoireachta, srianta ar an gcaidreamh eacnamaíoch leis an gCrimé agus Sevastopol faoi fhorghabháil agus le limistéir Donetsk agus Luhansk nach bhfuil faoi rialú an rialtais agus bearta a bhaineann le comhar eacnamaíoch, ar sampla den dlúthpháirtíocht agus aontacht iad go léir, ach nach leor fós chun stop a chur leis an ionsaitheoir;

J. de bhrí gur treocht dhomhanda atá sa mheath ar shaoirse na meán agus i dteacht chun cinn feachtas bréagaisnéise, trasnaíocht eachtrach agus ionsaithe ar iriseoirí, ar treocht í is mó is léir i gcás daonlathais atá ag cúlú agus i gcás stáit cheanndána ollsmachtacha; de bhrí, go hidirnáisiúnta, gur cúis imní iad na hiarmhairtí ar chearta an duine, ar an daonlathas, ar rannpháirtíocht phoiblí agus ar an bhforbairt; de bhrí nach mór don Aontas a chomhar le tíortha comhpháirtíochta atá ar aon intinn leis a neartú chun saoirse na meán agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chur chun cinn agus a chosaint agus chun cur i gcoinne na bréagaisnéise agus na trasnaíochta eachtraí i dtríú tíortha

K. de bhrí go bhfuil éagobhsaíocht agus dothuarthacht sheanbhunaithe na slándála ag teorainneacha AE agus ina gharchomharsanacht ina mbagairt dhíreach ar shlándáil AE agus a Bhallstát;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

L. de bhrí, faoi threoir Vladimir Putin, gur lean Rialtas Chónaidhm na Rúise de ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta idirnáisiúnta a dhéanamh i gcoinne daoine den fhreasúra pholaitiúil agus i gcoinne stáit cheannasacha, as ar lean ionradh agus forghabháil na hÚcráine ó 2014 i leith;

M. de bhrí go bhfuil iarmhairtí domhanda ionradh gan údar Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin á ndéanamh níos measa mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19, a tháinig chun cinn in Wuhan i nDaon-Phoblacht na Síne, atá ar siúl go fóill agus nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo; de bhrí go bhfuil éiginnteacht gheopholaitiúil ann anois díreach do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh, do Bhallstáit is iarrthóirí agus do Bhallstáit is iarrthóirí ionchasacha, agus do chomhpháirtithe ar fud an domhain, mar thoradh ar chogadh dearg a bheith ar mhór-roinn na hEorpa arís, mar thoradh ar éagobhsaíocht eacnamaíoch agus mar thoradh ar ionstraimiú na luaineachta fuinnimh a chruthaítear d'aon ghnó;

N. de bhrí, chun neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach, go gcaithfidh an tAontas a bheith in ann gach ábhar lena mbaineann tábhacht straitéiseach do AE a shaothrú gan spleáchas míchuí ar chumais stát agus gníomhaithe tríú tíortha, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le leochaileachtaí a fhágann go bhfuil an tAontas oscailte do dheighilt inmheánach agus do ghéilleadh éigeantais do ghníomhaithe forlámhacha; de bhrí, trí neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach, go mbeidh an tAontas in ann a ghníomhaíocht sheachtrach a fheabhsú tuilleadh ag tosú ó bhonn láidir, a leasanna atá bunaithe ar luachanna a shaothrú agus a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí agus a rannchuidiú leis an iltaobhachas domhanda, le réiteach síochánta coinbhleachta agus le forbairt an daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach ar fud an domhain a neartú; de bhrí nach mbeidh AE in ann é féin a chosaint ná a bheith ina ghníomhaí inchreidte gan fíor-infheistíochtaí i gcosaint na mBallstát; de bhrí, in ainneoin fhogha leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ó 2014, nach bhfuil cinneadh cheannairí ECAT íosmhéid 2 % de OTI a ghealladh do chaiteachas cosanta curtha chun feidhme ach ag roinnt comhghuaillithe ar Ballstáit iad, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an taobh Thoir; de bhrí go léirítear fíorthoil chun slándáil na hEorpa agus seasamh AE a neartú ag an am céanna le baint amach na tairsí sin;

O. de bhrí go bhfuil aontachas roghnach stát Eorpach leis an Aontas fós ar an ionstraim beartais eachtraigh is rathúla dá bhfuil ag an Aontais; de bhrí, an 23 Meitheamh 2022, gur thug ceannairí Eorpacha stádas iarrthóra don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive le haghaidh bhallraíocht AE agus gur aithin siad dearcadh Eorpach na Seoirsia; de bhrí gur thug an Chomhairle Eorpach stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin agus gur chuir Poblacht na Cosaive a hiarratas ar bhallraíocht isteach an 15 Nollaig 2022;

P. de bhrí go bhfuil CBES an Aontais á threorú ag luachanna an daonlathais, an smachta reachta, uilechoitinne agus dhodhealaitheacht chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, an mheasa ar dhínit an duine, phrionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta agus an mheasa ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta; de bhrí gur chun leas láithreach an Aontais iad a luachanna, mar a chumhdaítear in Airteagal 2, Airteagal 3(5) agus Airteagal 21 CAE iad; de bhrí go leanann brú uathlathach ar na luachanna daonlathacha sin de bhaint de sheiceálacha ar mhí-úsáid cumhachta, de mhéadú a dhéanamh ar mhinicíocht agus thromchúiseacht sáruithe ar chearta an duine agus de shrianadh a chur ar an spás don tsochaí shibhialta, do na meáin neamhspleácha agus do ghluaiseachtaí daonlathacha an fhreasúra; de bhrí, de réir Freedom House, gurbh é 2021 an 16ú bliain as a chéile inar tháinig meathlú ar an daonlathas domhanda;

Q. de bhrí go bhfuil éifeachtaí an athraithe aeráide ar ghnéithe éagsúla de shaol an duine ag éirí níos déine, chomh maith lena éifeachtaí ar dheiseanna forbartha, ar an ord geopholaitiúil domhanda agus ar chobhsaíocht dhomhanda; de bhrí gurb iad na daoine sin atá ar bheagán acmhainní chun dul in oiriúint don athrú aeráide is measa a bhuailtear ag tionchar an athraithe aeráide; de bhrí gur cheart do bheartas eachtrach AE díriú níos mó ar ghníomhaíochtaí iltaobhacha a chur chun cinn trí chomhoibriú ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an aeráid, trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus trí chomhar agus idirghníomhaíochtaí a neartú idir gníomhaithe stáit agus neamhstáit, lena n-áirítear iad siúd is mó a chuireann le truailliú domhanda;

R. de bhrí go bhfuil an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, atá fothaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar institiúidí an iltaobhachais, faoi riosca atá ag méadú i rith an ama, ón taobh istigh agus ón taobh amuigh araon; de bhrí, ag oibriú dóibh ina n-aonar agus trí ghníomhaíocht chomhbheartaithe, go mbaineann stáit uathlathacha an bonn ó eagraíochtaí agus ó ghníomhaireachtaí iltaobhacha, agus ón dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, go ndéanann siad brí an dlí sin a threascairt trí chomhthoghadh, nó go dtéann siad timpeall ar a chur chun feidhme nó go gcuireann siad bac a chur ar a chur chun feidhme, agus forbairt bhreise gnásanna uathlathais san Aontas agus i dtríú tíortha á cur chun cinn acu, lena n-áirítear trí dhreasachtaí agus comhéigean taidhleoireachta, eacnamaíocha nó míleata a úsáid agus trí fheachtais bhréagaisnéise; de bhrí gur ionsaí ar bhunchloch an oird dhomhanda iltaobhach riailbhunaithe iad ionradh na Rúise ar an Úcráin agus na coireanna cogaidh atá á ndéanamh d'aon ghnó aici;

S. de bhrí nach mór do AE feabhas a chur ar a chumas cinntí tapa agus éifeachtacha a dhéanamh, go háirithe faoi CBES, chun labhairt d'aon ghuth agus chun gníomhú mar ghníomhaí fíordhomhanda agus é ag freagairt ar ghéarchéimeanna;

1. á chur i bhfios, maidir le freagairt ghasta, aontaithe agus leanúnach AE ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus maidir lena chumas foghlaim ó bhotúin gheostraitéiseacha rinneadh roimhe seo agus aghaidh a thabhairt ar na botúin sin, gur léiriú é sin ar éifeachtacht bheartas eachtrach, slándála agus cosanta AE, á threorú ag ár gcomhluachanna i ndáil le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta; á chur i bhfios go láidir, chun feabhas a chur ar a ról mar ghníomhaí inchreidte beartais eachtraigh atá bunaithe ar luachanna, mar chomhpháirtí iontaofa idirnáisiúnta agus mar ghníomhaí inchreidte slándála agus cosanta, nach mór don Aontas nósanna imeachta cinnteoireachta a chuideoidh leis an gcuspóir sin a ghlacadh agus, i réimsí ina bhfuil siad sin ar fáil faoi láthair, a chur chun feidhme;

2. á thabhairt dá haire go bhfuil roinnt mhaith réimeas uathlathach ar fud an domhain ag faire go géar ar fhreagairt AE ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus go mbeidh tionchar cinntitheach aici ar a n-iompar a mhúnlú ar an leibhéal idirnáisiúnta; á chur i bhfios go láidir, chun a bheith ina ngníomhaithe inchreidte, nach mór do AE agus dá Bhallstáit a gcúnamh míleata, polaitiúil agus daonnúil don Úcráin a mhéadú agus a gcosaint a neartú maidir le bagairtí na Rúise ar shlándáil na hEorpa a chomhrac;

3. á chur in iúl go bhfuil sí suite de go bhfuil áirithiú slándáil, rathúnas agus cheannaireacht an Aontais ar an leibhéal domhanda nasctha go dlúth le próiseas an mhéadaithe a chomhdhlúthú, dlús a chur le haontachas na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha is iarrthóirí ionchasacha agus le beartas comharsanachta AE a chomhdhlúthú;

4. á chur i bhfios go láidir go bhfágann an t-athrú ó bhonn sa tírdhreach geopholaitiúil arb é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus dúshláin idirnáisiúnta eile is cúis leis, lena n-áirítear an méadú leanúnach ar an údarásaíochas domhanda, méadú ar an gcomhar idir an tSín agus an Rúis, beartas eachtrach teanntásach Dhaon-Phoblacht na Síne, an éigeandáil aeráide agus tionchar phaindéim COVID-19, go n-éilítear go ndéanfaí coincheap an neamhspleáchais straitéisigh, an dlúthpháirtíocht agus múscailt gheopholaitiúil an Aontais a chur chun feidhme go mear, bunaithe ar ghníomhaíochtaí nithiúla inchreidte maidir le saincheisteanna tosaíochta téamacha agus geografacha agus, ag an am céanna, go léiríonn siad go bhfuil gá le comhar níos dlúithe le ECAT agus le comhghuaillithe ar fud na cruinne atá ar aon intinn leis; á chur i bhfáth, i bhfianaise an mhéid sin, má thugann tríú tír tacaíocht dhíreach nó indíreach do sheasaimh neamhdhleathacha na Rúise, eadhon trí vótáil leis an Rúis ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le rúin ábhartha nó trí chabhrú léi dul timpeall ar smachtbhannaí AE, ba cheart go mbeadh iarmhairtí soiléire, gasta agus sonracha ar ár gcaidreamh polaitiúil agus trádála leis an tír sin mar thoradh air sin;

5. ag cur béim ar an bhfíoras nach féidir leis an Aontas a ghairm mar ghníomhaí domhanda agus mar sholáthraí slándála a chomhlíonadh ach amháin ar bhonn cinnteoireacht níos solúbtha agus níos éifeachtúla, lena n-áirítear maidir le beartas slándála agus cosanta;

6. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart gníomhaíochtaí an Aontais a bheith á dtreorú ag na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus i gcomhréir leis na luachanna sin, i gcomhréir le hAirteagal 21 CAE;

7. á mheas gur cheart Airteagal 21(2) CAE a leasú chun an coincheap "uathriail straitéiseach" a chur san áireamh ar liosta chuspóirí CBES ionas go mbeidh AE ina ghníomhaí éifeachtach taidhleoireachta agus slándála trína bheartas eachtrach agus slándála féin a chur chun feidhme bunaithe ar ghníomhaíocht láidir trí bhearta, beartais, buiséid agus gealltanais nithiúla;

8. á mheabhrú, leis an gCompás Straitéiseach a ghlac an Chomhairle i mí an Mhárta 2022, go dtugtar treoir straitéiseach agus uirlisí don Aontas agus dá Bhallstáit chun a gcumais chosanta a fheabhsú, chun bheith ina soláthraí slándála éifeachtach i dtimpeallacht dhomhanda agus réigiúnach ina bhfuil ag méadú ar an tsáraíocht agus chun bheith ina ngníomhaí domhanda níos teanntásaí don tsíocháin agus don tslándáil dhaonna; á iarraidh, dá bhrí sin, ar VP/HR, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt dá chur chun feidhme ar bhealach níos gasta, agus go hiomlán, i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo agus i gcomhlántacht iomlán le ECAT agus lena Choincheap Straitéiseach an 29 Meitheamh 2022, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine á gcur san áireamh;

9. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le feachtas cumarsáide láidir ina leagfar béim ar na tairbhí a bhaineann leis an gCompás Straitéiseach do shlándáil na hEorpa agus do shaoránaigh na hEorpa;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

10. á thabhairt chun suntais, chun an sainmhíniú geopholaitiúil is gá a bhaint amach chun freagairt do na dúshláin atá ann faoi láthair, gur cheart don Aontas CBES a mhúnlú ar bhonn na gceithre ghníomhaíocht seo a leanas:

— socruithe institiúideacha agus cinnteoireachta an Aontais a oiriúnú agus toil pholaitiúil agus aontacht sa bheartas eachtrach agus slándála a chothú trí vótáil trí thromlach cáilithe a ghlacadh chun luathbheart coisctheach agus mearfhreagairt a cheadú,

— uathriail straitéiseach agus dlúthpháirtíocht a oibríochtú, agus a chur chuige maidir le hiltaobhachas agus comhghuaillíochtaí á neartú, spleáchais straitéiseacha ar chórais neamhdhaonlathacha a laghdú agus athléimneacht an Aontais a fheabhsú,

— ceannaireacht a thabhairt maidir le hathneartú an iltaobhachais, comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí a neartú agus a chomhdhlúthú agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua a thógáil le haghaidh domhan níos fearr le comhpháirtithe daonlathacha atá ar aon intinn leo, agus aghaidh á tabhairt ar theanntás na réimeas údarásaíoch agus ollsmachtach,

— taidhleoireacht pharlaiminteach a fheabhsú mar uirlis choisctheach agus éifeachtach don bheartas eachtrach;

11. á chur i bhfios go láidir, le reitric uaillmhianach bheartas seachtrach an Aontais um chearta an duine, go n-éilítear go mbeidh an beartas sin comhsheasmhach agus eiseamláireach; á chur in iúl gur oth léi, dá bhrí sin, go leanann AE de bheith neamhréireach i dtaobh cásanna inchomparáide maidir le cearta an duine ar fud an domhain; á chur in iúl gur saoth léi, thairis sin, an meath ar staid chearta an duine agus an smachta reachta i roinnt dá Bhallstáit féin, meath a bhaineann an bonn d'inchreidteacht AE; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit dea-shampla a thabhairt agus seasamh go docht le cearta an duine;

12. á chur i bhfáth gur cheart do AE leanúint de bheith tiomanta do rialú arm agus do chomhaontuithe iltaobhacha maidir le dí-armáil agus neamhleathadh;

***Socruithe institiúideacha agus cinnteoireachta AE a neartú sa bheartas eachtrach agus slándála***

13. á chur in iúl gur geal léi leibhéal suntasach aontacht agus diongbháilteacht an Aontais i dtaobh freagairt go mear agus go láidir do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag tathant ar na Ballstáit an leibhéal ard agus comhleanúnach tacaíochta sin don Úcráin agus dá saoránaigh a choinneáil ar bun agus, i gcás inar gá, a mhéadú, i gcomhréir iomlán le riachtanais athraitheacha na hÚcráine agus le tiomantas AE do neamhspleáchas, do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine; á iarraidh go mbeadh an leibhéal céanna aontachta ann agus ár ndaonlathais nó ár gcomhluachanna faoi ionsaí amach anseo;

14. ag tathant ar na Ballstáit a n-aontacht agus a ndiongbháilteacht a choinneáil agus tógáil ar an leibhéal comhair sin nach bhfacthas a leithéid riamh cheana; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá aontacht agus comhsheasmhacht le luachanna agus prionsabail bhunaidh an Aontais agus a thábhachtaí atá sé an aontacht sin a chaomhnú agus leanúint de cheannasacht straitéiseach, slándáil agus athléimneacht an Aontais agus na mBallstát a neartú trí chinnteoireacht níos éifeachtúla in CBES, rud a d'fhéadfaí a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) aistriú a luaithe is féidir chuig vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh cinntí i ngach réimse de CBES, ag tosú le réimsí tosaíochta laistigh de bhliain, amhail Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (Gníomh Magnitsky AE) agus réimsí eile beartais eachtraigh, trí úsáid a bhaint as na clásail *passerelle* dá bhforáiltear sna Conarthaí, cé is moite de mhisin mhíleata nó oibríochtaí a chruthú a bhfuil sainordú feidhmiúcháin acu faoi CBSC, ar gá aontoilíocht ina leith fós;

(b) coinbhinsiún a chomóradh tríd an nós imeachta a ghníomhachtú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Conarthaí dá bhforáiltear in Airteagal 48 CAE, agus é mar chuspóir aige sin, *inter alia*, vótáil trí thromlach cáilithe a chumhdach le haghaidh gach ábhair a bhaineann le CBES AE sna Conarthaí;

(c) féachaint le fíoraontas míleata agus cosanta a bhaint amach a bheidh idir-inoibritheach agus comhlántach le Chomhghuaillíocht ECAT agus a bheidh in ann gníomhú go neamhspleách nuair is gá;

(d) staonadh cuiditheach a spreagadh, go dtí go ndéanfar vótáil trí thromlach cáilithe a chur i bhfeidhm go hiomlán maidir le cinntí nach bhfuil impleachtaí míleata ná cosanta acu, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) CAE;

(e) a áirithiú go gcloíonn na Ballstáit le prionsabail na gConarthaí ó thaobh teoirice agus cleachtais de, go háirithe Airteagal 24 agus Airteagal 42(7) CAE agus Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina n-iarrtar ar na Ballstáit tacú go gníomhach agus gan chuntar le beartas seachtrach agus slándála an Aontais de mheon dílseachta agus dlúthpháirtíochta frithpháirtí; á chur i bhfios go láidir nár sainíodh go soiléir riamh na coinníollacha maidir le hAirteagal 42(7) CAE agus na módúlachtaí tacaíochta a ghníomhachtú; á mheas gur gá straitéis beartais dlúthpháirtíochta agus bearta cur chun feidhme oibríochtúla a fhorbairt go práinneach don chlásal um chúnamh frithpháirteach a shonraítear in Airteagal 42(7) CAE;

(f) leas iomlán a bhaint as an sásra comhtháite maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR) agus Comhairle Slándála Eorpach a chruthú, comhdhéanta d'Airí na mBallstát, chun freagairt go tapa i gcásanna éigeandála agus chun cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le coinbhleacht agus géarchéim, chomh maith le Comhairle Airí Cosanta;

(g) an cur chuige "Foireann na hEorpa" a chur chun feidhme agus leas iomlán a bhaint as chun dúbláil i mbeartas eachtrach agus slándála an Aontais a chomhordú agus a sheachaint, agus aontacht á léiriú ag an am céanna;

(h) cistiú leordhóthanach, acmhainneacht institiúideach agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun ullmhú do na dúshláin atá ann faoi láthair, atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo, agus chun freagairt dóibh gan mhoill; á iarraidh, go háirithe, go ndéanfaí maoiniú breise do ghníomhaíocht sheachtrach uile AE;

(i) ról a thabhairt isteach don Pharlaimint le haghaidh cinntí maidir le misin slándála mhíleata agus shibhialtacha a sheoladh thar lear;

á chreidiúint, i bhfianaise an mhéid thuas, gurbh iomchuí don Pharlaimint díospóireacht iomlánach a thionól roimh chinntí ábhartha ón gComhairle agus rún a ghlacadh lena n-údarófaí oibríocht go polaitiúil, lena n-áirítear a cuspóirí, a modhanna agus a ré;

15. ag tathant ar na Ballstáit cur i bhfeidhm docht Airteagal 31 CAE a shaothrú, lena gceadaítear, *inter alia*, don Chomhairle cinntí áirithe a dhéanamh trí thromlach cáilithe in ábhair CBES nach bhfuil impleachtaí míleata acu, go háirithe iad siúd a bhaineann le smachtbhannaí agus cearta an duine, agus, i gcás Airteagal 42(7) CAE, aistriú chuig vótáil trí thromlach cáilithe treisithe; á iarraidh ar na Ballstáit lánúsáid a bhaint as an gclásal *passerelle* atá in Airteagal 31(3) CAE gan a thuilleadh moille, go háirithe i réimsí tosaíochta;

16. á athdhearbhú go dtacaíonn sí le Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine a ghlacadh agus a chur chun feidhme, ag cur ar chumas AE bearta sriantacha spriocdhírithe a fhorchur go pras i gcoinne daoine aonair, eintiteas agus comhlachtaí atá freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ar fud an domhain, atá páirteach iontu nó a bhfuil baint acu leo; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún raon feidhme Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine a leathnú go tráthúil chun gníomhartha éillithe a áireamh, agus ar an gcaoi sin an dlúthnasc idir an t-éilliú agus sáruithe ar chearta an duine á aithint; ag tathant ar an gCoimisiún cur leis an togra reachtach sin le bealaí lena gcumasófar ról feabhsaithe do Pharlaimint na hEorpa maidir le cásanna de sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a mholadh; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gComhairle vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach chun bearta sriantacha arna bhforchur faoi Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine a ghlacadh;

17. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena dtacaíocht d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do ghníomhaithe agus d'iriseoirí iniúchacha atá ag gabháil don chomhrac i gcoinne an éillithe, trí bhunú institiúidí éifeachtacha frith-éillithe a chur chun cinn, trí chreataí rialála láidre a ghlacadh agus trí aghaidh a thabhairt ar dhlínsí rúndachta agus tearmainn chánach, go háirithe laistigh dá ndlínsí féin;

18. á thabhairt chun suntais go bhfuil forfheidhmiú na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar Chónaidhm na Rúise ríthábhachtach chun teorainn a chur lena cumas a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine a shaothrú agus, dá bhrí sin, go gcaithfidh an forfheidhmiú sin a bheith ar an tosaíocht is airde; ag tathant ar an gComhairle bearta sriantacha a fhorchur ar thríú tíortha a chumasaíonn ionradh na Rúise ar an Úcráin, bíodh sin trí smachtbhannaí a éascú nó trí chúnamh míleata díreach a sholáthar; á chur in iúl gur geal léi na bearta sriantacha a forchuireadh ar an réimeas sa Bhealarúis; á chur in iúl gur geal léi cinneadh na Comhairle bearta sriantacha a fhorchur ar Phoblacht Ioslamach na hIaráine i bhfianaise sholáthar na n-aerárthach gan foireann do Chónaidhm na Rúise lena n-úsáid i gcoinne na hÚcráine, go háirithe i gcoinne spriocanna sibhialtacha; á iarraidh go leathnófaí bearta sriantacha i bhfianaise sholáthar leanúnach na n-aerfheithiclí gan foireann ag

Poblacht Ioslamach na hIaráine agus soláthar na ndiúracán dromchla go dromchla atá beartaithe; ag tacú go láidir leis an togra le haghaidh treoir ([6]) lena ndéantar coir de shárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus á iarraidh go gcuirfí de chúram ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh imscrúdú agus ionchúiseamh comhsheasmhach agus aonfhoirmeach a áirithiú ar choireanna den sórt sin ar fud AE;

19. á chur in iúl gur cúis bhuartha di minicíocht agus déine na dtubaistí aeráide agus comhshaoil, a bhfuil iarmhairtí uafásacha acu go háirithe ar na daoine agus na pobail is boichte agus is leochailí ar domhan; á mheabhrú go mbaineann tionchair dhíreacha agus indíreacha an athraithe aeráide an bonn den tsíocháin agus den tslándáil dhomhanda agus, ag an am céanna, go ndéanann siad leochaileachtaí agus neamhionannais atá ann cheana a dhoimhniú agus rioscaí a chruthú do chearta an duine; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról bunúsach ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, i gcur chuige comhpháirteach “Foireann na hEorpa”, maidir le taidhleoireacht aeráide a chur chun cinn ar fud an domhain chun an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda a choimirciú, go háirithe trí rannpháirtíocht mhéadaithe dhéthaobhach agus iltaobhach le comhpháirtithe idirnáisiúnta, trí chur chun feidhme iomlán Chomhaontú Pháras agus trí ghealltanais bhreise a rinneadh, go háirithe maidir le comhpháirtithe a fhorbairt, agus trí ghníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú thar gach gné dá ghníomhaíocht sheachtrach; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) taidhleoireacht láidir aeráide AE a cheapadh agus a dhéanamh arb é is aidhm di comhar idirnáisiúnta maidir le Comhaontú Pháras a chothú, an ghné sheachtrach den Chomhaontú Glas nua a neartú agus tacaíocht nithiúil a chur ar fáil do spriocanna uaillmhianacha maidir le laghdú $CO_2$ i dtríú tíortha;

20. á áitiú go ndéanfaí príomhshruthú inscne agus Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP III) a chur chun feidhme go hiomlán agus a chomhtháthú go córasach i ngníomhaíocht sheachtrach uile AE, lena n-áirítear beartas trádála agus forbartha inbhuanaithe, ar gach leibhéal rannpháirtíochta agus i ngach gníomhaíocht agus coincheap ábhartha, lena n-áirítear thar shaolré GAP III; ag tathant ar SEGS a chothromaíocht gheografach a fheabhsú chun go mbeadh ionadaíocht náisiúnta iomchuí ann lena léireofaí éagsúlacht na mBallstát uile, mar a léirítear in Airteagal 27 de Rialacháin Foirne na nOifigeach

21. á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit ceannaireacht a fheidhmiú i gcur chun feidhme Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag mná i gcosc coinbhleachtaí, i gcaibidlíocht síochána, i gcothú na síochána, i gcoimeád na síochána, sa fhreagairt dhaonnúil agus in atógáil iarchoinbhleachta; á chur i bhfáth gur gá don Aontas rannpháirtíocht chomhionann na mban agus rannpháirtíocht iomlán na mban a áirithiú sna hiarrachtaí uile chun an tsíocháin agus an tslándáil a choinneáil;

22. á iarraidh go neartófaí acmhainneachtaí SEGS agus thoscaireachtaí AE trína n-ionstraimí agus a n-acmhainní féin buana AE a chur ar fáil dóibh do ghnóthaí eachtracha agus do chosaint agus do chur chun cinn chearta an duine agus don chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise; á iarraidh go ndéanfaí Cinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeifear in ann cuspóirí, luachanna agus leasanna AE a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr ar fud an domhain;

23. ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún ról an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí a neartú; á chur i bhfios gur féidir é sin a bhaint amach trí athrú ar an gConradh lena ndéanfaí aire gnóthaí eachtracha an Aontais den Leas-Uachtarán/Ardionadaí, go ndéanfaí príomhionadaí seachtrach an Aontais díobh i bhfóraim idirnáisiúnta agus go gceadófaí dóibh a bheith i láthair *ex-officio* i bhformáidí caibidlíochta arna dtionscnamh nó arna stiúradh ag na Ballstáit; ag tacú leis an iarraidh ó shaoránaigh an Aontais inar chuir siad in iúl sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa gur mian leo go labhródh AE d’aon ghuth;

24. ag cur sonrú san óráid ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí ag Comhdháil Bhliantúil 2022 d’Ambasadóirí AE agus ag dréim leis go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar easnaimh sheirbhís taidhleoireachta AE a sainaithníodh chun a hacmhainn agus a héifeachtúlacht a neartú; á iarraidh go mbeadh taidhleoireacht uathrialaitheach Eorpach ann i ngach réimse, lena n-áirítear taidhleoireacht phoiblí, chultúrtha, eacnamaíoch, aeráide agus dhigiteach agus cibearthaidhleoireacht, i measc nithe eile, arna gcinneadh ag cultúr taidhleoireachta comhchoiteann agus fíor-*esprit de corps* AE; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh tús leis an treoirthionscadal dar teideal “I dtreo Acadamh Taidhleoireachta Eorpach”, arb é is aidhm leis gnóthú scileanna agus inniúlachtaí comhchoiteanna a chur chun cinn chun prionsabail agus leasanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint go héifeachtach ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir gur cheart go ndíreodh an treoirthionscadal sin ar spriocghrúpaí ar mhaithe le hacadamh amach anseo agus go bhféadfaí na daoine nach taidhleoirí de chuid na mBallstát iad a áireamh le bheith ina dtaidhleoirí de chuid an Aontais amach anseo;

([6]) COM(2022)0684.

25. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról straitéiseach ag an gcomhar cultúrtha idirnáisiúnta agus ag an taidhleoireacht chultúrtha i mbeartas eachtrach AE maidir leis an gcaidreamh le tíortha comhpháirtíochta a neartú, luachanna daonlathacha AE a chur chun cinn, oidhreacht chultúrtha thar lear a chosaint, idirphlé idirchultúrtha, soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha, agus cosc coinbhleachtaí a chur chun cinn, cur i gcoinne na bréagaisnéise agus trasnaíocht eachtrach i dtríú tíortha agus sa chomhrac i gcoinne gáinneáil aindleathach, creachta agus scriosadh maoine cultúrtha; á iarraidh go ndéanfaí taidhleoireacht chultúrtha AE a neartú tríd an gcultúr a phríomhshruthú mar cholún straitéiseach ar fud ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus trí ionstraim de chuid AE a fhorbairt lena léireofar gnéithe cultúrtha an Aontais ar fud an domhain agus lena gcothófar caidrimh chultúrtha idirnáisiúnta bunaithe ar chomhar cultúrtha agus ar chomhchruthú, ina dtabharfar rannpháirt ghníomhach don tsochaí shibhialta agus d'earnálacha cultúrtha tríú tíortha; á chur i bhfáth go bhféadfadh an ionstraim sin fothú acmhainneachta agus cúnamh airgeadais AE a chur ar fáil d'earnálacha cultúrtha, cruthaitheacha agus nuálacha de shochaí shibhialta tríú tíortha; ag tacú le cuimsiú an chultúir sna comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha uile atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus urraim chuí á tabhairt do na gealltanais a tugadh faoi Choinbhinsiún UNESCO ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn;

26. á chur i bhfáth go léiríonn géarchéimeanna domhanda geopholaitiúla agus daonnúla gur gá do AE faisnéis inchreidte agus faisnéis ó bhunfhoinse a fháil maidir leis na bagairtí seachtracha atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann don Aontas, chun go mbeidh sé in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach, agus chun cosaint níos fearr a thabhairt dá leasanna thar lear; á iarraidh go neartófaí Lárionad Faisnéise agus Staide AE agus Lárionad Freagartha Géarchéime de chuid SEGS trína n-acmhainní agus a gcumais a fheabhsú;

27. á thabhairt chun suntais gur gá inniúlachtaí an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí, Uachtarán an Choimisiúin agus Uachtarán na Comhairle Eorpaí a shainiú go soiléir mar go bhfuil an creat rialála reatha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus sna comhaontuithe idirinstitiúideacha maidir le hionadaíocht sheachtrach AE thar lear doiléir faoi inniúlachtaí gach róil institiúidigh; á mheas go bhféadfadh dúbláil áirithe i ngníomhaíocht sheachtrach AE a bheith mar thoradh ar an easpa soiléireachta sin nó mearbhall a chur ar chontrapháirtithe agus/nó ar chomhchainteoirí AE ar fud an domhain ina gcaidreamh leis an Aontas;

***Uathriail straitéiseach a oibríochtú***

28. á chur i bhfios go láidir gur léiríodh le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus le scrios tromchúiseach agus ollmhór, coireanna cogaidh agus sáruithe d'aon ghnó ar chearta an duine agus ar noirm bhunúsacha an dlí idirnáisiúnta ag Cónaidhm na Rúise go bhfuil gá le láithreacht agus gníomhaíocht AE atá níos láidre, níos uaillmhianaí, níos inchreidte, níos straitéisí agus níos aontaithe ar an leibhéal domhanda; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá do AE a chuspóirí straitéiseacha féin a leagan síos ar bhealach níos tréine, mar a fhoráiltear sa Chompás Straitéiseach, agus na cumais agus na cumasóirí a fhorbairt chun iad a shaothrú, agus ag an am céanna oibriú go neamhspleách agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart a mheas gur sprioc de bheartas AE i leith na hÚcráine í críocha uile na hÚcráine atá faoi fhorghabháil a fháil ar ais, a neamhspleáchas, a ceannasacht agus a hiomláine chríochach a choimirciú, an nós imeachta dlíthiúil maidir le coigistiú sócmhainní arna reo le smachtbhannaí a chur i gcrích go pras, chomh maith le déantóirí coireanna, lena n-áirítear Vladimir Putin agus ardcheannaireacht mhíleata agus shibhialtach Chónaidhm na Rúise, a thabhairt faoi réim an cheartais go hidirnáisiúnta;

29. á mheabhrú nach mbeidh AE ina ghníomhaí éifeachtach taidhleoireachta agus slándála ach amháin trí bhíthin gníomhaíocht láidir agus nach méadóidh AE a cheannasacht straitéiseach agus a dhlúthpháirtíocht ach amháin trí bhíthin bearta, beartais, buiséid agus gealltanais nithiúla;

30. á chur in iúl gur geal léi an t-aistriú i gcuir chuige na mBallstát, lena léirítear aistriú i dtreo uathriail straitéiseach feabhsaithe AE trí na príomhghníomhaíochtaí a leagtar síos i nDearbhú Versailles agus sa Chompás Straitéiseach a chur chun feidhme go pras; ag tabhairt dá haire go leagtar béim leo sin ar an ngá atá le cumais chosanta AE agus na mBallstát a neartú agus rannchuidiú go dearfach leis an tslándáil Eorpach, thrasatlantach agus dhomhanda, i ndlúthchomhar, i gcomhlántacht agus i gcomhordú le ECAT nuair is ábhartha do AE, go háirithe nuair atá sé ag bogadh i dtreo níos mó uathriail straitéiseach AE a chruthú;

31. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an tríú dearbhú comhpháirteach maidir leis an gcomhar idir AE agus ECAT an 10 Eanáir 2023; ag tathant ar an Aontas agus ar na Ballstáit sin ar comhghuaillithe ECAT iad freisin cur chun feidhme comhleanúnach na gcuspóirí agus na dtosaíochtaí a leagtar béim orthu sa Chompás Straitéiseach i gCoincheap Straitéiseach ECAT agus sa tríú dearbhú comhpháirteach a áirithiú; á chur i bhfios go láidir go dtugann na próisis straitéiseacha sin atá laistigh de ECAT agus AE deis uathúil chun ár gcomhairliúchán agus ár gcomhar a threisiú tuilleadh chun slándáil ár saoránach a fheabhsú agus an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur chun cinn sa limistéar Eora-Atlantach agus níos faide i gcéin;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

32. ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh cumais chosanta Eorpacha comhoiriúnach agus comhlántach le ECAT, arb é an príomhráthóir slándála i gcónaí san Eoraip é; á chur i bhfios go láidir gur comhpháirtí de chuid ECAT é AE agus go dtreisíonn an comhar idir AE agus ECAT a chéile agus go bhfuil sé bunaithe ar thrédhearcacht, ar chómhalartacht, ar chuimsitheacht agus ar gach eagraíocht uathriail chinnteoireachta na heagraíochta eile a urramú;

33. á chur i bhfáth nach mór d'aon phróiseas chun uathriail straitéiseach AE a bhaint amach a bheith comhlántach agus comhoiriúnach le ECAT; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, go bhfuil sé bunriachtanach cumais chosanta atá comhleanúnach, comhlántach agus idir-inoibritheach a fhorbairt chun slándáil an limistéir Eora-Atlantaigh a mhéadú i gcomhréir le prionsabal an tacair aonair d'fhórsaí; ag athdhearbhú go bhfuil cumas Eorpach chun gníomhú, i gcomhpháirtíocht nó go neamhspleách, bunriachtanach don chomhlántacht agus chun rannchuidiú le comhlíonadh phríomhchúraimí ECAT, chomh maith le cosc coinbhleachtaí a fheabhsú, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé bunriachtanach do shlándáil mhór-roinn na hEorpa ina hiomláine;

34. á mheas gur céim thábhachtach i dtreo fíoraontas cosanta Eorpach é an Compás Straitéiseach agus nach mór dó a bheith mar bhonn chun cultúr straitéiseach comhchoiteann a fhorbairt ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal a Bhallstát araon; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit an aontacht agus an toil pholaitiúil is gá a léiriú chun na bearta uaillmhianacha a bhfuil gealltanas tugtha acu ina leith sa Chompás Straitéiseach a chur chun feidhme go pras, lena n-áirítear oibríochtú tráthúil Acmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais; á chreidiúint go dtabharfadh cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh an tAontas níos gaire do chuspóir na huathrialach straitéisí; á chur i bhfios go láidir gur gá éifeachtaí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur san áireamh agus na spriocdhátaí le haghaidh bhaint amach gach gníomhaíochta agus tionscadail aonair a ghiorrú;

35. á mheabhrú, áfach, go ndearna an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh, SEGS agus an Coimisiún na bearnaí cumais idir na Ballstáit agus na príomhréimsí iarrachta is gá don chosaint a shainaithint i gceart le roinnt blianta anuas; á mheas, dá bhrí sin, nach fiú na huaillmhianta a leagtar amach sa Chompás Straitéiseach agus i gConclúidí ó Chomhairle Versailles ach amháin má chuireann na Ballstáit chun feidhme go héifeachtach iad;

36. á chur in iúl gur geal léi úsáid ghasta agus leanúnach na Saoráide Eorpaí Síochána (EPF) chun an tacaíocht is gá a chur ar fáil chun cur ar chumas na hÚcráine a críoch iomlán a chosaint agus rialú éifeachtach uirthi a fháil ar ais laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; á thabhairt chun suntais gur gá feabhas a chur ar chumas an Aontais gníomhú le cistiú inbhuanaithe agus iomchuí trí chur leis an tacaíocht ó EPF a cuireadh ar fáil cheana féin don Úcráin, lena n-áirítear tríd an gCill Tí Imréitigh, agus leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh i dtaobh thacaíocht an Aontais don Úcráin chun feabhas a chur ar a hullmhacht le haghaidh cásanna a bheidh ann amach anseo; á chur in iúl gur geal léi cinneadh ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 chun buiséad EPF a mhéadú faoi EUR 2 bhilliún, agus ag an am céanna an fhéidearthacht go ndéanfaí uasteorainn fhoriomlán airgeadais EPF a mhéadú tuilleadh faoi EUR 5,5 bhilliún faoi 2027 a cheadú, i bhfianaise an ghá atá le leanúint de thacaíocht a thabhairt do sheachadadh arm agus armlóin chuig an Úcráin agus chuig tíortha comhpháirtíochta eile, lena n-áirítear ar mhór-roinn na hAfraice; ag tathant ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí togra a thíolacadh go pras chun Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle a leasú; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá dara saoráid sheachbhuiséid a bhunú lena ndéanfaí bainistiú ar fhorbairt agus ar ghiniúint shaolré iomlán na gcumas, lena n-áirítear taighde agus forbairt mhíleata chomhchoiteann, soláthar, oiliúint, cothabháil agus slándáil an tsoláthair;

37. á iarraidh go méadófaí an cúnamh airgeadais agus míleata don Úcráin agus go ndéanfaí trealamh nua-aimseartha, airm agus córas aerchosanta den chéad ghlúin eile a imscaradh láithreach bonn; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis an gcinneadh ó roinnt Ballstát agus comhpháirtithe idirnáisiúnta feithiclí comhraic coisithe agus iompróirí pearsanra armúrtha a chur ar fáil don Úcráin; ag athdhearbhú a hiarrata ar na Ballstáit tús a chur le seachadadh príomhthancanna catha nua-aimseartha, lena n-áirítear Leopard 2, faoi thionscnamh comhordaithe AE trí chill tí imréitigh Fhoireann Míleata an Aontais Eorpaigh arna óstáil ag SEGS; ag tacú le bunú an Mhisin um Chúnamh Míleata chun oiliúint a chur ar Fhórsaí Armtha na hÚcráine ar ithir AE agus á iarraidh go n-imscarfaí go pras é; ag aithint na hoibre atá á déanamh faoi láthair ag Misean Comhairleach AE le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin agus á chur in iúl gur geal léi an coigeartú a rinneadh le déanaí ar a shainordú chun tacú le húdaráis na hÚcráine i dtaobh imscrúdú agus ionchúiseamh a éascú maidir le haon choireanna idirnáisiúnta a rinne fórsaí armtha na Rúise agus amhais i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

38. ag athdhearbhú a hiarrata ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí, ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe idirnáisiúnta freagairt mhear agus chinntitheach a ullmhú i gcás go ndéanfadh an Rúis airm cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha nó núicléacha a imscaradh i gcoinne na hÚcráine;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

39. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí teachtaireacht chomhpháirteach an 18 Bealtaine 2022 maidir leis an Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh agus á iarraidh ar Bhallstáit na cumais is gá a fhorbairt agus a sholáthar chun na bearnaí sin a líonadh trí leas iomlán a bhaint as an mBuanchomhar Struchtúrtha (PESCO), as an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD), as an gCiste Eorpach Cosanta, chomh maith le hionstraimí nua de chuid AE chun níos mó soláthar comhpháirteach a dhreasú, rud a chuideoidh le slándáil na mBallstát agus slándáil chomhghuaillithe ECAT araon a mhéadú;

40. á chur in iúl gur geal léi gur sheol an Coimisiún agus an Leas-Uachtarán/Ardionadaí straitéis Global Gateway an 1 Nollaig 2021 chun borradh a chur faoi naisc chliste, ghlana agus shlána sa réimse digiteach, i réimse an fuinnimh agus i réimse an iompair agus chun córais sláinte, oideachais agus taighde a neartú ar fud an domhain agus go háirithe sa Domhan Theas; ag cur béim ar lárnacht gheopholaitiúil na straitéise nascachta iontaofa sin, lena gcomhtháthaítear an fhorbairt inbhuanaithe le gnéithe atá spriocdhírithe, claochlaitheacha, a chuireann leis an athléimneacht agus atá bunaithe ar luachanna i gcur chuige “Foireann na hEorpa”; á iarraidh go ndéanfaí rialú éifeachtach ar an Global Gateway; á chur in iúl gur geal léi gur reáchtáladh an chéad chruinniú de chuid Bhord Global Gateway an 11 Nollaig 2022 agus go bhfuair an Pharlaimint cuireadh chun a bheith ina breathnóir ann; á iarraidh go mbeadh baint chuí aici leis na cinntí maidir le cláir infheistíochta Global Gateway agus go gcuirfí ar an eolas go rialta í faoi aon fhorbairtí, lena n-áirítear impleachtaí buiséadacha;

41. á chreidiúint go bhfuil gá le hiarrachtaí i bhfad níos mó chun go mbeidh an straitéis sin in ann barr a cumais a bhaint amach agus á iarraidh ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit uile dlús a chur lena forbairt bhreise agus lena cur chun feidhme níos tapa; á mheas go bhfuil sé bunriachtanach dul i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun scála agus tionchar na straitéise sin a mhéadú; á iarraidh go ndéanfaí céimeanna cinntitheacha ar leibhéal G7 chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí infheistíochta sa bhonneagar domhanda, lena n-áirítear tríd an gcistiúchán is gá a sholáthar;

42. á chur i bhfios go bhfuil tábhacht gheopholaitiúil ag baint leis an gComhaontú Glas don Eoraip mar uirlis fhadtéarmach a mbeidh tionchar aici ar chaidreamh AE le tríú tíortha;

43. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá beartas aeráide uaillmhianach de chuid AE chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, go háirithe a idirnáisiúnú agus a thionscnaimh chun freagairt do rioscaí slándála a bhaineann leis an aeráid; ag dréim, i bhfianaise na n-athruithe agus na ndúshlán geopholaitiúil atá ann faoi láthair, le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip chun rannchuidiú le comhpháirtíochtaí nua a thógáil agus meascán fuinnimh AE a éagsúlú mar roghanna malartacha ar sholáthairtí breoslaí iontaise na Rúise;

44. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dlús a chur le hiarrachtaí AE, i gcomhar le ECAT agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí hibrideacha, cibirionsaithe, bréagaisnéis agus feachtais bholscaireachta, agus athléimneacht a chothú ina gcoinne, laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha araon; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i ndlúthchomhar le ECAT agus le comhpháirtithe nach baill de ECAT iad, déileáil le cosaint an bhonneagair chriticiúil Eorpaigh, lena n-áirítear píblínte eischósta, cumarsáid fhomhuirí agus cáblaí cumhachta, mar ábhar tosaíochta is airde; á athdhearbhú go bhfuil géarghá le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile Eorpacha a chosaint go cuí ar bhagairtí agus ionsaithe hibrideacha ó ghníomhaithe stáit eachtracha; á chur i bhfios go láidir gur gá a gcumais cumarsáide straitéisí a fhorbairt freisin trí Thascfhórsaí StratCom, lena n-áirítear iad siúd a dhíríonn ar thríú tíortha agus a thugann aird ar leith ar dhaonraí na Rúise agus na Bealarúise, chomh maith le hacmhainní leormhaithe airgeadais a leithdháileadh chuige sin agus iad féin a fheistiú le córais chumarsáide shlána agus le cumas mearfhreagartha chun ionsaithe a chomhrac agus a n-athléimneacht a mhéadú go mór;

45. á chur in iúl gur geal léi an diongbháilteacht atá léirithe ag an Aontas agus ag formhór na mBallstát maidir le neamhspleáchas iomlán fuinnimh ó Chónaidhm na Rúise a shaothrú agus maidir lena bhfoinsí soláthair fuinnimh a éagsúlú; á iarraidh an athuair go dtabharfaí isteach lánchosc láithreach ar allmhairí breoslaí iontaise agus úráiniam na Rúise agus go bhfanfadh píblínte Nord Stream 1 agus 2 dúnta agus go dtréigfí go hiomlán iad; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart go mbeadh éagsúlú gearrthéarmach foinsí fuinnimh chun dochair d’idirphlé fónta maidir le cearta an duine le soláthraithe malartacha fuinnimh; ag tabhairt dá haire go dtugann sé sin chun suntais a bhunriachtanaí atá sé dlús a chur leis an aistriú glas;

46. á iarraidh go ndéanfaí tionscnaimh chun athléimneacht slabhraí soláthair straitéiseacha agus bonneagar criticiúil AE a neartú trí chleachtaí tástála struis cuimsitheacha rialta arna ndéanamh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear maidir le sláinte, fuinneamh, bia-ábhair, leathsheoltóirí agus amhábhair chriticiúla, chomh maith le píblínte agus cáblaí eischósta, d’fhonn mórshuaitheadh sa slabhra soláthair a chosc agus spleáchais AE ar thríú tíortha a laghdú, go háirithe iad siúd nach gcomhroinneann luachanna an Aontais nó a mbíonn an tAontas é féin i riocht iomaíochta sistéamaí leo, chuig leibhéil neamhchriticiúla; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chumais an Aontais féin i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh comhair le comhpháirtithe daonlathacha chun na hacmhainní straitéiseacha a úsáidtear i monarú ceallraí, sliseanna, leathsheoltóirí agus teicneolaíochtaí criticiúla eile a dhaingniú agus chun spleáchais ar chórais neamhdhaonlathacha le haghaidh sholáthar na n-acmhainní sin a laghdú;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

47. ag cur béim ar ghné straitéiseach earnáil an spáis don Eoraip; á chur i bhfios go láidir gur gá infheictheacht agus inchreidteacht an Aontais mar ghníomhaí idirnáisiúnta spáis a áirithiú agus forbairt teicneolaíochtaí lena n-áiritheofaí uathriail straitéiseach Eorpach a chur chun cinn; á iarraidh go méadófaí tiomantas AE chun rialachán cuimsitheach idirnáisiúnta maidir leis an spás a fhorbairt, lena dtógfaí ar chonarthaí, dearbhuithe agus prionsabail dhlíthiúla reatha na Náisiún Aontaithe atá mar bhonn faoin rialachas spáis, lena ndéanfaí nuashonrú orthu agus lena neartófaí iad, agus dul chun cinn mear teicneolaíoch a chur san áireamh; á chur i bhfios go láidir go gcuirfeadh an creat rialála nuashonraithe sin don spás tuilleadh le forbairt inbhuanaithe agus shíochánta an spáis agus, ag an am céanna, go ndéanfaí a armáil agus a mhíleatú a theorannú agus a rialáil; á chur in iúl gur geal léi an fógra ón gCoimisiún go ndéanfaidh sé straitéis spáis don tslándáil agus don chosaint a thíolacadh; á mheas go bhfuil sé bunriachtanach ceannasacht straitéiseach AE sa spás a fheabhsú dá iarrachtaí níos leithne uathriail straitéiseach uilechuimsitheach a bhaint amach;

48. á chur i bhfáth go bhfuil rochtain ar uisce óil sábháilte ar cheann de mhórfhadhbanna an 21ú haois, go háirithe ós rud é go dtrasnaíonn beagnach 60 % d'acmhainní uiscíocha teorainneacha críochacha polaitiúla; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh na coinbhleachtaí is tromchúisí a bheith mar thoradh ar strus maidir le huisce, strus a eascraíonn as riachtanais mhéadaithe fionnuisce dhaonra an domhain, atá faoi réir rialú straitéiseach aibhneacha ag a bhfoinsí ag roinnt tíortha, mura bhforáiltear d'úsáid srefaí ar bhealach comhtháite agus comhroinnte; ag tathant ar an Aontas straitéis pholaitiúil a bhunú chun réitigh a éascú sna réimsí sin a bhfuil ardacmhainneacht dhíchobhsaitheach iontu agus, ag an am céanna, tíortha a spreagadh i limistéir a bhfuil na coinbhleachtaí is tromchúisí a bhaineann le huisce os a gcomhair chun Coinbhinsiún 1992 maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta a shíniú;

49. á iarraidh ar an Aontas a cheannasacht dhigiteach a fhorbairt, go háirithe sa chibearshlándáil, chun an daonlathas agus a institiúidí a chosaint; ag cur béim ar an mbagairt shonrach a bhaineann leis na teicneolaíochtaí digiteacha nua do chosantóirí chearta an duine agus do dhaoine eile ós rud é gur féidir iad a úsáid chun a ngníomhaíochtaí a rialú, a shrianadh agus an bonn a bhaint díobh, mar a léiríodh le déanaí sa mhéid a nocht an Tionscadal Pegasus;

50. á chur i bhfáth gur cheart don Aontas, i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, féachaint le hiomaíochas domhanda a bhaint amach i dtaighde, i bhforbairt, i dtáirgeadh agus in imscaradh ladrann;

51. á chur in iúl gur geal léi an fógra ón gCoimisiún go n-oibreoidh sé ar thograí le haghaidh pacáiste um chosaint an daonlathais, lena ndéanfaí an tAontas a chosaint ar thrasnaíocht urchóideach;

***Athneartú an iltaobhachais a stiúradh agus comhpháirtíochtaí a thógáil ar mhaithe le domhan níos fearr***

52. á chur i bhfáth gur gá na Náisiúin Aontaithe a neartú mar thosaíocht agus comhpháirtíocht fhíor-straitéiseach a fhorbairt idir na Náisiúin Aontaithe agus AE maidir le tosaíochtaí domhanda amhail gníomhú ar son na haeráide agus cearta an duine, agus le haghaidh bainistiú géarchéime freisin; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór don Aontas leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le hiltaobhachas níos ábhartha, níos athléimní agus níos éifeachtaí a chur chun cinn, ar iltaobhachas é atá mar bhonn d'idirphlé cuimsitheach beartais, do chomhar agus do chóineasú atá dírithe ar shlándáil an duine, ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar chosc agus ar réiteach síochánta coinbhleachtaí a chur chun cinn agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta agus do chearta an duine; ag tathant ar an Aontas agus ar a Bhallstáit labhairt d'aon ghuth i bhfóraim iltaobhacha, naisc le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo ar fud an domhain a neartú, for-rochtain chuig tríú tíortha agus a bpobail a threisiú agus réitigh iltaobhacha earnála phragmatacha a shaothrú i réimsí ina bhfuil an méid sin i gcomhréir lena leasanna luachbhunaithe;

53. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an gComhairle, ar SEGS agus ar na Ballstáit tograí fónta a chur chun cinn maidir le conas suíochán buan agus dílis don Aontas a bhaint amach agus a ráthú i ngach fóram iltaobhach, lena n-áirítear Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chun ról an Aontais mar ghníomhaí, a chomhleanúnachas agus a inchreidteacht a neartú ar fud an domhain;

54. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá iarrachtaí taidhleoireachta treisithe chun ár seasamh a chur in iúl ar an mbealach is éifeachtúla agus chun comhordú a dhéanamh le comhpháirtithe daonlathacha atá ar aon intinn linn chun an aontacht is láidre is féidir a choinneáil laistigh den chomhphobal idirnáisiúnta i dtaca leis an Rúis a cháineadh agus prionsabail na ceannasachta agus na sláine críche, an dlí idirnáisiúnta agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus luachbhunaithe a chosaint, laistigh de na Náisiúin Aontaithe agus dá gCairt agus d'fhóraim iltaobhacha eile; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí láidre taidhleoireachta i ndáil le tíortha a chuir bac ar an vótáil nó a staon ó vótáil i dtaca le Rúin ó na Náisiúin Aontaithe an 2 Márta agus an 12 Deireadh Fómhair 2022 chun aird a tharraingt ar thromchúis fhogha na Rúise agus ar an ngá atá le freagairt d'aon toil ón gcomhphobal idirnáisiúnta; á chur i bhfáth gur cheart tús áite a thabhairt do chomhghuaillíochtaí, comhpháirtíochtaí agus socruithe iltaobhacha atá láidir agus iontaofa a thógáil agus do dhlúthpháirtíocht straitéiseach le tíortha atá ar aon intinn a thógáil;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

55. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le haontoilíocht AE maidir le fogha na Rúise a cháineadh agus gur gá do cheannairí roinnt tíortha AE gan línte teagmhála ar leith a oscailt le Putin; á chur i bhfáth nár cheart caibidlíocht leis an Rúis a lorg ach amháin má chinneann údaráis na hÚcráine dul i mbun caibidlíochta léi agus go dtí go ndéanfaidh sí amhlaidh, agus gur cheart do AE leanúint de chúnamh airgeadais, ábhair agus míleata a chur ar fáil don Úcráin go dtí go dtarlóidh sé sin;

56. á chur i bhfios go láidir gur leag ionradh na Rúise ar an Úcráin béim breise gur gá do AE leanúint de chomhghuaillíochtaí agus tuiscint a fhorbairt i measc na gcomhpháirtithe agus an comhar a neartú le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis ar fud an domhain, go háirithe le comhghuaillithe trasatlantacha ECAT, agus, ag an am céanna, a chomhpháirtíochtaí a leathnú, go háirithe le tíortha sa Domhan Theas;

57. á chur i bhfios go láidir, ós rud é go bhfuil ECAT fós bunriachtanach d'ord slándála na hEorpa, nach mór do AE agus dá Bhallstáit gealltanas a thabhairt chun colún Eorpach ECAT a neartú, *inter alia* na Ballstáit sin ar comhghuaillithe ECAT iad freisin, trí thagarmharc caiteachais cosanta ECAT de 2 % den olltáirgeacht intíre a chomhlíonadh go comhsheasmhach amhail ó 2024 agus dúbláil a chosc, ilroinnt a laghdú agus idir-inoibritheacht a fheabhsú ag an am céanna; ag tathant ar an dá chomhghuaillíocht eile de chuid ECAT nár dhaingnigh aontachas na Sualainne agus na Fionlainne le ECAT go fóill, an méid sin a dhéanamh gan mhoill; á mheas gur cheart an chomhpháirtíocht straitéiseach le ECAT a bheith bunaithe ar iontaoibh; á áitiú go ndéanfaí an chomhpháirtíocht straitéiseach le ECAT a chomhdhlúthú agus a shoiléiriú ar bhealach cómhalartach;

58. á iarraidh go neartófaí tuilleadh an comhar le ECAT agus le comhpháirtíochtaí eile, amhail G7, agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn; á chur i bhfios gur cheart go mbeadh comhpháirtíochtaí den sórt sin ina gcolún lárnach de CBES;

59. á iarraidh ar AE agus ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta leas iomlán a bhaint as na hionstraimí ábhartha uile chun saoirse ó phionós a chomhrac, lena n-áirítear trí thacaíocht fheabhsaithe don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus do bhinsí speisialta ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le sásraí solúbtha comhair agus cistiúcháin a bhunú chun fianaise ar choireanna idirnáisiúnta a bhailiú agus a anailísiú go pras; á iarraidh ar an bpobal idirnáisiúnta a áirithiú go ndéanfar gach gríosóir agus déantóir coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh na daonnachta a thabhairt chun cuntais go hiomlán; ag tathant ar an Aontas agus ar a Bhallstáit oibriú chun binse speisialta a bhunú, mar a thionscain an Úcráin agus le tacaíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta, chun ceannaireacht mhíleata agus pholaitiúil na Rúise a imscrúdú agus chun í a thabhairt chun cuntais as coir an fhogha, chomh maith le leanúint dá dtacaíocht d'imscrúdú na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ar líomhaintí maidir le coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus choir an chinedhíothaithe atá á ndéanamh faoi láthair; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta AE maidir le saoirse ó phionós a thíolacadh; á chur i bhfáth gur cheart don phlean gníomhaíochta sin féachaint le comhordú agus comhchuibhiú níos fearr a dhéanamh ar acmhainní agus iarrachtaí na mBallstát ó thaobh coirpigh chogaidh a ionchúiseamh in AE; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil ról bunúsach ag an gceartas idirthréimhseach chun síocháin a áirithiú san fhadtéarma agus ag tathant ar an gCoimisiún clár uaillmhianach a fhorbairt chun cur le hacmhainn na mBallstát agus tríú tíortha prionsabal na dlínse uilíche a chur i bhfeidhm ina gcórais dlí intíre;

60. á chur in iúl gur geal léi an chéad chruinniú den Chomhphobal Polaitiúil Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2022 mar ardán don phlé, don idirphlé agus don chomhar le dlúth-chomhpháirtithe maidir leis na dúshláin a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus leis an tslándáil atá os ár gcomhair, agus é mar aidhm leis sin slándáil mhór-roinn na hEorpa a neartú agus comhar polaitiúil agus slándála atá bunaithe ar leasanna comhroinnte a shaothrú; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac 44 thír páirt sa chéad chruinniú i bPrág, lena n-áirítear dlúth-chomhpháirtithe amhail an Ríocht Aontaithe; á iarraidh go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach go dlúth i soiléiriú raon feidhme agus obair an Chomhphobail sin amach anseo; á chur i bhfios go láidir, ar mhaithe le rath agus comhleanúnachas na formáide sin amach anseo, go bhfuil leibhéal áirithe ailínithe maidir le luachanna agus prionsabail dhaonlathacha bunriachtanach; á athdhearbhú nach féidir leis an gComhphobal Polaitiúil Eorpach, in imthosca ar bith, cúinse le moilleanna ar aontachas thíortha an mhéadaithe le AE a thionscnamh nó a chur ar fáil;

61. á thabhairt chun suntais gur gá an idirphlé leis an Ríocht Aontaithe a ghéarú maidir le bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhar agus don chomhordú amach anseo i ndáil le beartas eachtrach, slándála agus cosanta, i gcomhréir le forálacha an Dearbhaithe Pholaitiúil agus lena n-áirítear faoi chuimsiú na comhpháirtíochta idir AE agus ECAT, na Náisiún Aontaithe, an Chomhphobail Pholaitiúil Eorpaigh agus fóraim idirnáisiúnta eile; ag tathant go mbeadh comhar níos dlúithe ann idir AE agus ár gcomharsana sa Bhreatain, ós rud é go bhfuil dúshláin chomhchoiteanna os ár gcomhair maidir le saincheisteanna eachtracha agus slándála; á chur in iúl gur oth léi nach n-áirítear forálacha maidir le comhar sa bheartas eachtrach agus sa chosaint sa Chomhaontú Trádála agus Comhair; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé córais smachtbhannaí a chomhordú; á iarraidh go mbeadh rannpháirtíocht níos láidre ag an Ríocht Aontaithe i dtionscadail slándála agus cosanta Eorpacha; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, cinneadh ó chomhaltaí PESCO agus ón gComhairle an 14 Samhain 2022 cuireadh a thabhairt don Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach i dtionscadal PESCO maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata, rud a chuirfeadh feabhas ar chúnamh mear frithpháirteach maidir leis an tslándáil agus an chosaint;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

62. ag tathant ar an Ríocht Aontaithe a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú um Tharraingt Siar chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, agus réitigh chomhchoiteanna atá praiticiúil, solúbtha agus marthanach a shaothrú laistigh de chreat dlíthiúil an Phrótacail; á chur i bhfáth go bhfuil cur chun feidhme iomlán an Phrótacail ríthábhachtach chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chothabháil i dTuaisceart Éireann, ar síocháin agus cobhsaíocht iad a áirithítear le Comhaontú Aoine an Chéasta (Béal Feirste), chomh maith le sláine agus feidhmiú cuí mhargadh aonair na hEorpa;

63. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhar láidir trasatlantach, arna thabhairt chun suntais arís i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar comhar é atá bunaithe ar luachanna agus cuspóirí comhroinnte, agus ar phrionsabal na comhpháirtíochta de pháirtithe comhionanna i dtaobh ceannaireachta agus freagrachta, agus uathriail, sainiúlachtaí, leasanna agus mianta an pháirtí eile á n-urramú ag an am céanna; ag moladh ról na Stát Aontaithe maidir le fogha na Rúise a dhíspreagadh, go háirithe trí chomhroinnt faisnéise, trí chúnamh míleata, trí chabhair dhaonnúil agus trí thacaíocht pholaitiúil agus tríd an gcuid is mó de chliabhán Thoir ECAT a threisiú; á chur i bhfios go láidir gur gá an comhar trasatlantach idir AE agus na Stáit Aontaithe a neartú tuilleadh trí bhíthin clár oibre uaillmhianach trasatlantach; á iarraidh ar cheannaireacht pholaitiúil agus ar institiúidí na Stát Aontaithe leanúint ar aghaidh le comhar agus comhordú níos buandlúithe i ngach réimse ar díol spéise é i gcur i gcoinne bagairtí domhanda a dhéanann difear dár gcomhluachanna, dár slándáil agus dár rathúnas;

64. á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach, an diongbháilteacht agus an seasamh aontaithe i dtaobh tacú leis an Úcráin agus i dtaobh córas smachtbhannaí nach bhfacthas riamh roimhe a chur chun feidhme agus é mar aidhm leis sin an Rúis a dhíspreagadh ó leanúint dá fogha neamhdhleathach agus tacú le saoradh iomlán na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; ag tacú go hiomlán le sineirgí agus cuspóirí comhroinnte eachtracha agus slándála a shaothrú tríd an gcomhar a dhoimhniú tuilleadh faoi chuimsiú an idirphlé thrasatlantaigh idir AE agus na Stáit Aontaithe, amhail trí thaidhleoireacht pharlaiminteach thrasatlantach, agus le haghaidh a thabhairt ar go leor de na príomhdhúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide agus bagairt na réimeas forlámhach agus ollsmachtach ar fud an domhain, lena n-áirítear san Eoraip agus san Áise, agus á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta don mhéid sin a dhéanamh;

65. á mholadh gur cheart cruinnithe mullaigh idir AE agus na Stáit Aontaithe a thionól ar bhonn rialta agus uair sa bhliain ar a laghad chun dlús ardleibhéil leanúnach a chur faoin gcomhar trasatlantach; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, obair na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta Trasatlantach agus ag athdhearbhú a togra chun Comhairle Pholaitiúil Thrasatlantach a bhunú, a bheadh ina fóram d'idirphlé institiúideach rialta agus éifeachtach maidir le beartas eachtrach agus slándála; á chur in iúl gur geal léi tiomantas láidir na Stát Aontaithe do shlándáil na hEorpa, go háirithe a gcúnamh ollmhór míleata don Úcráin agus imscaradh trúpaí i dtaobh thoir ECAT;

66. ag cur sonrú sa 23ú Chruinniú Mullaigh idir AE agus an tSín i mí Aibreán 2022; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an toradh a bhí ar an 20ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne, ina dtugadh chun suntais uaillmhianta geopholaitiúla Xi Jinping; ag tabhairt dá haire go bhfuil iomaíocht eacnamaíoch agus shistéamach ag dul i méid sa chaidreamh idir an tAontas agus Daon-Phoblacht na Síne; ag athdhearbhú a hiarrata le haghaidh straitéis athnuaite a bheadh níos teanntásaí, níos cuimsithí agus níos comhleanúnaí idir an tAontas agus Daon-Phoblacht na Síne lena múnlófar an caidreamh le Daon-Phoblacht na Síne ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine agus lena ndéanfar na dúshláin a eascraíonn as teacht chun cinn Daon-Phoblacht na Síne mar ghníomhaí domhanda agus as a beartais gnóthaí baile leatromacha agus as a beartas eachtrach atá ag éirí níos teanntásaí, lena n-áirítear i leith an Aontais agus i leith tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, a chur san áireamh go hiomlán;

67. á chur in iúl gur cúis bhuartha di raon leathan na n-ionstraimí polaitiúla, eacnamaíocha agus míleata a úsáideann Daon-Phoblacht na Síne chun brú a chur níos mó agus níos mó ar thíortha géilleadh agus chun féachaint lena hidé-eolaíocht fhorlámhach a fhorchur ar eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail na Náisiúin Aontaithe, chun a láithreacht a leathnú, cumhacht a chur in iúl, agus a straitéis, a rúin agus a hath-armáil mhíleata a oiriúnú dá réir sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go háirithe a comhpháirtíocht le Cónaidhm na Rúise agus a n-iarrachtaí comhpháirteacha an bonn a bhaint den ord domhanda riailbhunaithe, ar iarrachtaí iad atá contrártha lenár leasanna agus lenár luachanna; ag cáineadh sheasamh *de facto* Dhaon-Phoblacht na Síne ar son na Rúise maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

68. á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit athmhachnamh a dhéanamh ar a spleáchas ar Dhaon-Phoblacht na Síne agus aghaidh a thabhairt ar spleáchais eacnamaíocha in earnálacha straitéiseacha a bhféadfadh leochaileachtaí a bheith mar thoradh orthu; á iarraidh go mbeadh comhordú agus comhar níos fearr ann idir comhpháirtithe atá ar aon intinn maidir le saincheisteanna ar údar imní coiteann iad, go háirithe ach ní go heisiach, maidir le saincheisteanna amhail spleáchais straitéiseacha, comhéigean eacnamaíoch, cur isteach polaitiúil agus bréagaisnéis, agus iltaobhachas riailbhunaithe agus dlúthpháirtíocht straitéiseach idir daonlathais a chur chun cinn;

69. ag géarcháineadh chóras saothair éigeantais na Síne faoi stiúir rialtas na Síne agus a choireanna i gcoinne an chine dhaonna in Xinjiang, lena mbaineann riosca ard cinedhíothaithe; ag tathant ar rialtas na Síne deireadh a chur leis an ngéarleanúint chórasach ar Uigiúraigh, lena n-áirítear an fíoras uafásach go bhfuil na húdaráis ag díriú go sonrach ar mhná Uigiúracha, lena gcuirtear chun feidhme scéim oifigiúil de bhearta spriocdhírithe coiscthe breithe, lena n-áirítear iallach

a chur ar mhná atá in aois clainne a bheith faoi réir ginmhilltí, insealltaí ionútaracha agus steiriliú, bearta a d'fhéadfadh na critéir a chomhlíonadh a bhaineann leis na coireanna is measa i gcoinne an chine dhaonna; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di i gcónaí an staid sa Tibéid agus beartas Pháirtí Cumannach na Síne lena ndírítear ar shaoirse cainte agus ar shaoirsí smaointeoireachta, creidimh agus reiligiúin;

70. á athdhearbhú go n-iarrann sí go práinneach ar na 10 mBallstát eile nach bhfuil sé déanta acu go fóill conarthaí gníomhacha eiseachadta le Daon-Phoblacht na Síne agus le Hong Cong a chur ar fionraí; ag cáineadh go láidir fheachtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le cos ar bolg trasnáisiúnta atá dírithe ar dhiaspóra na Síne agus Hong Cong thar lear agus ar bhaill de phobail mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, go háirithe ar chríoch AE; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo, aon bhealaí lena n-éascaítear iarrachtaí ar chos ar bolg trasnáisiúnta ag Daon-Phoblacht na Síne faoi láthair a shainaithint agus fáil réidh leo;

71. á athdhearbhú go gcáineann sí an bonn a bhaineann Daon-Phoblacht na Síne den daonlathas i Sainréigiún Riaracháin Hong Cong agus forchur an Dlí Slándála Náisiúnta i Hong Cong; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar stádas uathrialach Hong Cong i bhfianaise sháruithe Dhaon-Phoblacht na Síne ar Dhearbhú Comhpháirteach na Síne-na Breataine agus na cniogbheartaíochta ar fhéinriail Hong Cong;

72. á mheabhrú go bhfuil ár "Beartas maidir le hAon Sín Amháin" ar cheann de chlocha coirnéil an chaidrimh idir AE agus an tSín; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach do leasanna an Aontais agus a Bhallstát an tsíocháin, an chobhsaíocht agus saoirse na loingseoireachta sa réigiún Ind-Chiúin Aigéanach a chaomhnú; ag géarcháineadh ghriogadh míleata leanúnach Dhaon-Phoblacht na Síne i gcoinne na Téaváine agus ag athdhearbhú go ndiúltaíonn sí go daingean d'aon athrú aontaobhach ar an *status quo* i gCaolas na Téaváine; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di seasamh rialtas na Síne a luadh ag 20ú Comhdháil Pháirtí Cumannach na Síne nach dtréigfidh Daon-Phoblacht na Síne riamh an ceart forneart a úsáid sa Téaváin; á athdhearbhú nár cheart an *status quo* i gCaolas na Téaváine a athrú go haontaobhach i gcoinne thoil mhuintir na Téaváine; á chur in iúl gur geal léi go gcáineann Ballstáit agus comhpháirtithe sa réigiún amach is amach cleachtaí míleata Dhaon-Phoblacht na Síne agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil ár n-aontacht ríthábhachtach chun aon fhogha ó Dhaon-Phoblacht na Síne a dhíspreagadh agus chun síocháin agus cobhsaíocht a choinneáil i gCaolas na Téaváine; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart an díospóid idir an Téaváin agus Daon-Phoblacht na Síne a réiteach trí idirphlé síochánta gan aon réamhchoinníollacha;

73. á iarraidh ar institiúidí inniúla uile an Aontais straitéis chásbhunaithe a tharraingt suas go práinneach chun dul i ngleic le dúshláin slándála sa Téaváin;

74. ag cur a dlúthpháirtíocht dhaingean le muintir na Téaváine in iúl agus á chur in iúl gur comhpháirtí an Téaváin atá ar aon intinn léi agus a chomhroinneann luachanna coiteanna na saoirse, an daonlathais, chearta an duine agus an smachta reachta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar VP/HR comhar straitéiseach a bhunú leis an Téaváin agus obair leantach a dhéanamh go pras ar na moltaí atá ina rún maidir le caidreamh polaitiúil agus comhar idir AE agus an Téaváin an 21 Deireadh Fómhair 2021 agus caidreamh eacnamaíoch, trádála agus infheistíochta leis an oileán a neartú, lena n-áirítear trí chomhaontú déthaobhach infheistíochta agus comhaontuithe earnálacha, mar shampla maidir le slabhraí soláthair athléimneacha, comhar maidir le córais chigireachta custaim agus deimhniú ar thionscnamh agus comhaontuithe maidir le rochtain ar an margadh; á iarraidh ar VP/HR agus ar an gCoimisiún tús a chur go práinneach le measúnú tionchair, comhairliúchán poiblí agus cleachtadh scóipe maidir le comhaontú déthaobhach infheistíochta le húdaráis na Téaváine mar ullmhúchán don chaibidlíocht chun naisc eacnamaíocha dhéthaobhacha a dhoimhniú mar bhealach chun slabhraí soláthair a éagsúlú chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí an Aontais i dtaca le Daon-Phoblacht na Síne; á mholadh go ndéanfaí oifigeach idirchaidrimh a phostú in Oifig Eacnamaíoch agus Trádála na hEorpa chun comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí comhpháirteacha maidir le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus leis an gcur isteach; á mholadh go ndéanfadh an Coimisiún tionscnamh Global Gateway a nascadh agus a chomhtháthú le Beartas nua na Téaváine maidir le Gluaiseacht ó Dheas;

75. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit comhoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun cuidiú leis an daonlathas a chothú sa Téaváin, saor ó bhagairtí eachtracha;

76. á chur i bhfios go láidir gur príomh-chomhpháirtí agus comhghuaillí daonlathach de chuid an Aontais í an Téaváin sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a rannchuidíonn le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe a choinneáil agus a sheasann le luachanna bunúsacha; ag tathant go láidir ar an Aontas agus ar a Bhallstáit an comhar a threisiú agus comhpháirtíocht fheabhsaithe chuimsitheach a shaothrú leis an Téaváin, go háirithe comhar bunriachtanach maidir le hathléimneacht an tslabhra soláthair chriticiúil agus cur i gcoinne na bréagaisnéise agus cur isteach eachtrach;

77. á athdhearbhú go dtacaíonn sí le rannpháirtíocht fhiúntach na Téaváine mar bhreathnóir i gcruinnithe, sásraí agus gníomhaíochtaí comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus iltaobhacha;

78. ag moladh go méadófaí an idirghníomhaíocht eacnamaíoch, eolaíoch, chultúrtha agus pholaitiúil idir AE agus an Téaváin lena n-áirítear ar na leibhéil is sinsearaí is féidir; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé an t-idirphlé idir an tAontas agus an Téaváin a neartú trí chaidreamh leis an tsochaí shibhialta a dhoimhniú agus trí mhalartuithe le heagraíochtaí meán agus malartuithe cultúrtha sa Téaváin a chothú, lena n-áirítear scoileanna teanga a bhunú;

79. á iarraidh ar Dhaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise athoscailt a teorainneacha, sonraí COVID-19 atá iomlán agus ceart a nochtadh ar bhealach intuigthe agus inrochtana, lena n-áirítear sonraí atá in easnamh go dtí seo maidir le daoine a chur san ospidéal, daoine a ligean isteach in aonaid dianchúraim agus maidir le básanna;

80. á chur in iúl gur geal léi an dea-chomhar idir AE agus Poblacht na Cóiré mar phríomh-chomhpháirtí straitéiseach, a bhfuil an tiomantas céanna acu i leith an daonlathais, chearta an duine, an smachta reachta agus geilleagar margaidh; á chur in iúl gur geal léi ailíniú Phoblacht na Cóiré leis an Aontas agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá mar fhreagairt ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go háirithe maidir le smachtbhannaí a ghlacadh i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise; ag leagan béim ar an ról atá ag Poblacht na Cóiré maidir le tacú leis na hiarrachtaí chun clár núicléach agus diúracán balaistíoch DPDC a dhíchóimeáil ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus do-aisiompaithe; á iarraidh ar na Ballstáit tacú le réiteach síochánta agus taidhleoireachta ar an tsaincheist sin i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta; á chur in iúl gur geal léi comhar neartaithe na Cóiré Theas le ECAT;

81. ag cáineadh go láidir tástálacha leanúnacha diúracán balaistíoch agus núicléach DPDC agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le leathadh núicléach chomh maith leis an méadú ar thástálacha arm ó thús 2022, ar bagairt mhór iad ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta;

82. ag cáineadh, sna téarmaí is láidre, iarrachtaí líomhnaithe Chatar agus Mharacó tionchar a imirt ar Fheisirí, Iar-Fheisirí agus foireann na Parlaiminte trí ghníomhartha éillithe, agus ar an gcaoi sin próiseas daonlathach an Aontais a threascairt tríd an gcur isteach urchóideach;

83. á mheas nach mór cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn a bheith i gcroílár chomhpháirtíocht an Aontais le Maracó i bhfianaise a ghné straitéiseach don Aontas agus dá leasanna sa réigiún; ag tathant ar Mharacó deireadh a chur lena chiapadh agus imeaglú ar iriseoirí, ar chosantóirí chearta an duine agus ar ghníomhaithe diaspóra, príosúnaigh pholaitiúla a scaoileadh saor, agus oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Aontas, i dtreo deiseanna oideachais, fostaíochta agus cúraim sláinte a fhorbairt tuilleadh agus béim ar leith á leagan ar réigiúin a dhéantaí iad a imeallú go stairiúil, amhail Rif

84. ag cáineadh go láidir ionsaithe a dhéanann réimis fhorlámhacha agus neamhliobrálacha i gcoinne chearta an duine agus ghné uilíoch na n-ionsaithe sin, chomh maith leis an gcreimeadh comhfhreagrach ar a gcosaint; á iarraidh ar dhaonlathais sheanbhunaithe agus ar chomhpháirtithe atá ar aon intinn dearcadh dearfach poiblí a ghlacadh lena n-athdhearbhaítear ár dtiomantas uilíocht chearta an duine agus an smachta reachta a chosaint; á iarraidh ar dhaonlathais sheanbhunaithe agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha teacht le chéile trí aontú faoi chreat domhanda um chearta an duine chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus chun cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain;

85. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tAontas tiomanta do réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach atá saor, oscailte, nasctha agus bunaithe ar rialacha; á athdhearbhú gur gá Straitéis nua an Aontais um an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a chur chun feidhme go pras, ós rud é go dtugann sí deis dár gcomhpháirtithe sa réigiún aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna le chéile, an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus an dlí idirnáisiúnta a chosaint agus seasamh leis na luachanna agus na prionsabail céanna atá againn; á chur i dtreis a thábhachtaí atá sé bealaí muirí saora agus oscailte a urramú sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige; ag cur i gcoinne gníomhaíochtaí aontaobhacha i Muir na Síne Theas agus á athdhearbhú go dtacaíonn sí le díospóidí a réiteach trí mhodhanna síochánta i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

86. á iarraidh go bhfeabhsófaí láithreacht an Aontais sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach i gcoitinne; á chur i bhfios go láidir gur cheart an comhar le tíortha an Aigéin Chiúin a threisiú agus fíor-riachtanais ár gcomhpháirtithe ar an láthair á gcur san áireamh, á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an comhar atá againn le Fóram Oileáin an Aigéin Chiúin agus le hEagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin chun na cuspóirí a leagtar amach i Straitéis an Aontais san Aigéan Ciúin a chur chun feidhme; ag moladh go mbeadh comhar níos láidre ann le tíortha sa réigiún, go háirithe leis an tSeapáin, leis an gCóiré Theas, leis an Astráil, leis an Nua-Shéalainn, leis an India, chomh maith le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN); á chur in iúl gur geal léi gur reáchtáladh cruinniú mullaigh comórtha AE-ASEAN an 14 Nollaig 2022; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh i gcrích an Comhaontú Saorthrádála leis an Nua-Shéalainn agus gur tháinig an Creat-Chomhaontú idir AE agus an Astráil i bhfeidhm;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

87. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an tSeapáin maidir le cobhsaíocht a chur chun cinn sa réigiún, agus á iarraidh go mbeadh comhpháirtíocht straitéiseach níos láidre ann idir an tAontas agus an tSeapáin i raon leathan réimsí, lena n-áirítear an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, nascacht, cosaint an oird iltaobhaigh riailbhunaithe, trádáil agus infheistíocht, slándáil, claochlú digiteach, gníomhú ar son na haeráide, taighde agus nuálaíocht, teicneolaíochtaí teorann, agus anailís/mapáil acmhainní; á mheabhrú go bhfuil an tSeapáin ar cheann de na comhpháirtithe is dlúithe ag an Aontas, atá ar aon intinn leis, lena gcomhroinneann sé luachanna agus prionsabail amhail an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine, an dea-rialachas agus an t-iltaobhachas; ag tacú go láidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí AE-na Seapáine (SPA) agus á iarraidh ar na Ballstáit eile leanúint ar aghaidh le daingniú an chomhaontaithe; á mholadh go mbeadh caibidlíocht ann maidir le comhaontú slándála agus faisnéise idir AE agus an tSeapáin mar chéim i dtreo comhar níos leithne a éascú maidir le slándáil agus cosaint;

88. ag tabhairt dá haire go bhfuil ASEAN ina chomhpháirtí lárnach don Aontas; á iarraidh go leanfar de bheith ag díriú ar mhór-roinn na hÁise, ós rud é go bhfuil go leor tíortha neamhchosanta ar leochaileacht mhéadaitheach na slabhraí soláthair agus na gcóras agraibhia, agus ar chreimeadh na cobhsaíochta maicreacnamaíche a eascraíonn as cogadh neamh-inchosanta, gan chúis agus neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lenar cuireadh brú breise ar an gcóras domhanda a raibh tionchar ag géarchéim COVID-19 air cheana;

89. ag géarcháineadh rialú neamhdhlisteanach junta míleata Mhaenmar agus an cos ar bolg fhoréigneach atá á himirt ar thoilmhianta daonlathacha mhuintir Mhaenmar tar éis a coup d'état neamhdhleathach, mar aon le tacaíocht na Rúise agus Dhaon-Phoblacht na Síne do Tatmadaw; ag athdhearbhú a dlúthpháirtíochta le toilmhianta daonlathacha mhuintir Mhaenmar, arna ionadú ag Rialtas Aontachta Náisiúnta (RAN), agus á iarraidh ar an Aontas agus a Bhallstáit rannpháirtíocht agus tacaíocht do RNA a thionscnamh nó, i gcás inarb infheidhme, a fheabhsú, agus a gcuid bearta sriantacha i gcoinne Tatmadaw á dtreisiú ag an am céanna; ag tathant ar ASEAN, i bhfianaise neamhthoil Tatmadaw dul chun cinn a dhéanamh maidir le Comhdhearcadh Cúig Phointe, oibriú le RAN, leis an tsochaí shibhialta neamhspleách agus leis an gcomhphobal idirnáisiúnta chun réiteach inbhuanaithe daonlathach a bhaint amach do Mhaenmar;

90. ag cur béim ar an ngá atá le comhpháirtíochtaí straitéiseacha an Aontais leis an India a neartú ar bhealach cuimsitheach; á chur i bhfios go bhfuil an caidreamh leis an India ag éirí níos tábhachtaí agus gur cheart é a dhoimhniú tríd an gcaibidlíocht trádála atá ar siúl faoi láthair agus trí fheabhas a chur ar shineirgí sa chomhar déthaobhach le comhpháirtithe leasmhara san Afraic; á mheabhrú a thábhachtaí atá an chomhpháirtíocht sin chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a shaothrú; ag moladh don Aontas agus don India leas iomlán a bhaint as an gComhpháirtíocht Nascachta a tugadh i gcrích in 2021; á chur in iúl gur geal léi na comhairliúcháin níos dlúithe maidir le slándáil agus cosaint agus na cleachtaí comhpháirteacha cabhlaigh leis an India agus le comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha eile; á iarraidh go dtabharfaí aghaidh go leormhaith ar chearta an duine agus ar luachanna daonlathacha i rannpháirtíocht an Aontais leis an India;

91. á chur in iúl gur cúis bhuartha di seasamh na hIndia maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a staonadh sna vótaí ar na Rúin ó na Náisiúin Aontaithe agus go háirithe maidir le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don Chreimil, ní hamháin trí gan ailíniú a dhéanamh leis na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise, ach freisin trí allmhairí a mhéadú agus trí airm agus breoslaí iontaise Rúiseacha a cheannach; á chur in iúl go bhfuil súil aici go ndéanfaidh an India a seasamh maidir le hionradh na Rúise ar an Úcráin a ailíniú leis an Aontas agus á iarraidh ar an gComhairle agus ar VP/HR leanúint d'iarrachtaí taidhleoireachta i ndáil leis sin;

92. ag athdhearbhú go dtacaíonn sí go daingean le ceannasacht agus iomláine chríochach thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir laistigh dá dteorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; ag aithint go bhfuil tionchar diúltach ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine thar aon ní eile ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir; á iarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit tús a chur gan mhoill le machnamh críochnúil ar athchóiriú ar bheartas Chomhpháirtíocht an Oirthir chun é a chur in oiriúint don todhchaí i bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ag dul in olcas agus ar bhonn thábhacht straitéiseach agus pholaitiúil an réigiúin don Aontas agus ar bhonn na ndúshlán éagsúil atá os comhair thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir; ag tabhairt dá haire go nglactar leis, le slándáil agus síocháin i gcomharsanacht an Oirthir, go ndéantar an dlí idirnáisiúnta, iomláine chríochach agus cearta agus saoirsí bunúsacha a urramú agus a chaomhnú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais agus láithreacht an Aontais sa réigiún a neartú, i ndlúthchomhar leis an tsochaí shibhialta neamhspleách;

93. á chur i bhfios go láidir go bhfuil beartas foghach á chur chun feidhme ag an Rúis i leith na Seoirsia agus na Moldóive; á chur i bhfáth go leanann Cónaidhm na Rúise den bonn a bhaint de cheannasacht agus d'iomláine chríochach na Moldóive trína trúpaí a bheith i láthair i réigiún Tras-dnístria agus go gcothaíonn sí corraíl pholaitiúil agus shóisialta trí úsáid a bhaint as fuinneamh mar arm agus trí fheachtais bhréagaisnéise chun brú a chur ar rialtas na Moldóive agus ar threoshuíomh Eorpach na tíre; á iarraidh ar Chónaidhm na Rúise a fórsaí agus armálacha míleata a tharraingt siar go

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

hiomlán agus go neamhchoinníollach ó réigiún Tras-dnístria ar bhealach ordúil, i gcomhréir leis na hiarrataí a rinne údaráis na Moldóive arís agus arís eile; á chur i bhfios go láidir go gcaithfear urraim a thabhairt, le haon aon réiteach ar shaincheist na Tras-dnístria, do cheart ceannasach na Moldóive a treoshuíomh beartais eachtraigh agus cosanta féin a roghnú; ag aithint gurbh í an tSeoirsia an chéad tír a ndearna an Rúis fogha míleata iomlán uirthi i mí Lúnasa 2008, nuair a rinne an Rúis iarracht teorainneacha stáit cheannasaigh san Eoraip a athrú le lámh láidir, chun seilbh a ghlacadh ar réigiúin atá ina gcuid dhoroinnte den tSeoirsia — an Abcáis agus réigiún Tskhinvali/na hOiséite Theas — agus céimeanna a ghlacadh i dtreo a n-ionghabhála *de facto*, na céadta mílte daoine a dhíbirt óna dtithe mar thoradh ar ghlanadh eitneach agus sochaithe a dheighilt le línte forghabhála; ag tathant ar an Aontas leanúint de bheith ag éileamh nach mór don Rúis a cuid oibleagáidí a chur chun feidhme faoi Chomhaontú an Aontais maidir le Sos Cogaidh, a d'eadránaigh an tAontas an 12 Lúnasa 2008; ag moladh don Aontas a rannpháirtíocht i réiteach coinbhleachta síochánta ar fud réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú;

94. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht fheabhsaithe an Aontais le tíortha Chugas Theas, go háirithe glacadh pras mhisean acmhainneachta faireacháin an Aontais feadh theorainn idirnáisiúnta na hAirméine leis an Asarbaiseáin chun faireachán a dhéanamh ar an staid sa réigiún, muinín a chothú agus rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil a athbhunú; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé tionchar na Rúise sa réigiún a laghdú trí láithreacht mhéadaithe an Aontais Eorpaigh; á iarraidh ar an gComhairle líon na saineolaithe imscartha a leathnú agus acmhainneacht an mhisin a mhéadú, agus á iarraidh go mbeadh láithreacht níos láidre sa réigiún;

95. ag géarcháineadh an fhogha mhíleata is déanaí a rinne an Asarbaiseáin an 12 Meán Fómhair 2022 ar chríoch cheannasach na hAirméine, ar sárú é ar an sos comhraic agus a bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha ag baint leis don phróiseas síochána; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin na coireanna cogaidh agus an íde mhídhaonna líomhnaithe a rinne fórsaí armtha na hAsarbaiseáine i gcoinne príosúnaigh chogaidh agus sibhialtach de chuid na hAirméine; á athdhearbhú nach mór iomláine chríochach na hAirméine a urramú go hiomlán agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tAontas ullamh chun páirt níos gníomhaí a ghlacadh maidir le coinbhleachtaí fadtréimhseacha an réigiúin a réiteach; á iarraidh ar údaráis na hAsarbaiseáine, dá bhrí sin, tarraingt siar láithreach ó gach cuid de chríoch na hAirméine agus na príosúnaigh chogaidh atá faoina smacht a scaoileadh saor; ag cáineadh go láidir imshuí neamhdhleathach na hAsarbaiseáine ar chonair Lachin, de shárú ar ráiteas tríthaobhach an 9 Samhain 2020, ós rud é go bhfuil baol ann go ndéanfaidh sé géarchéim dhaonnúil d'aon ghnó do mhuintir Nagorno-Karabakh; á éileamh go ndéanfaidh údaráis na hAsarbaiseáine saoirse gluaiseachta a athbhunú trí chonair Lachin le héifeacht láithreach; á mheabhrú nach dtabharfaidh ach modhanna taidhleoireachta freagairt chóir agus mharthanach ar an gcoinbhleacht a rachaidh chun tairbhe do dhaonraí na hAirméine agus na hAsarbaiseáine;

96. á chur in iúl go bhfuil sí suite de nach féidir síocháin inbhuanaithe agus mharthanach a bhaint amach idir an Airméin agus an Asarbaiseáin trí mhodhanna míleata ach go bhfuil gá le réiteach polaitiúil cuimsitheach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na prionsabail maidir le hiomláine chríochach, féinchinntiúchán agus neamhúsáid fornirt, ar prionsabail iad a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe, in Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí na Eagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE)1975 agus i mBunphrionsabail 2009 Ghrúpa Mhionsc ESCE;

97. ag tacú go láidir, dá bhrí sin, leis an trellús a léirigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, chun cruinnithe déthaobhacha de cheannairí na hAirméine agus na hAsarbaiseáine a thionól agus a eadránú sa Bhruiséil agus ag tacú leis an obair ar an láthair a dhéanann ionadaí speisialta an Aontais do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia; á chreidiúint gur féidir leis an Aontas ról a imirt mar eadránaí iontaofa chun tuilleadh géaraithe a chosc agus chun síocháin inbhuanaithe a bhaint amach; ag tathant ar an Airméin agus ar an Asarbaiseáin páirt iomlán a ghlacadh i ndréachtú conartha chuimsithigh síochána; á athdhearbhú go gcaithfidh conradh den sórt sin aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna uile na coinbhleachta, lena n-áirítear cearta agus slándáil phobal na hAirméine atá ina gcónaí in Nagorno-Karabakh, filleadh daoine easáitithe agus dídeanaithe chuig a dtithe faoi rialú Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, idirphlé idir-reiligiúnach, cosaint agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha, reiligiúnaí agus stairiúla agus sláine chríochach;

98. á iarraidh go ndéanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe leis an Airméin a chur chun feidhme go hiomlán agus á chur i bhfios go láidir gur gá leanúint den chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas agus an Asarbaiseáin;

99. á áitiú nach mór aon doimhniú ar chaidreamh an Aontais leis an Asarbaiseáin a bheith coinníollach ar go ndéanfadh an tír dul chun cinn suntasach maidir le hurraim do chearta an duine, don smacht reachta, don daonlathas agus do shaoirsí bunúsacha;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

100. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá Bealarúis atá saor, daonlathach agus ceannasach agus rathúil; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le freasúra daonlathach na Bealarúise, a leanann de bheith ag cur i gcoinne réimeas an cheannaire neamhdhlisteanaigh agus in aghaidh chomhpháirteachas an réimis in ionradh na Rúise ar an Úcráin in ainneoin cniogbheartaíocht leanúnach; á áitiú nach mór na smachtbhannaí uile a chuirtear i bhfeidhm ar Chónaidhm na Rúise a chur i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna i leith réimeas na Bealarúise agus iarmhairtí díobhálacha á seachaint, go háirithe soláthar víosaí, do mhuintir na Bealarúise; ag cáineadh na bréagaisnéise ó réimeas Lukashenko agus ón Rúis maidir le bagairtí líomhnaithe ar chríoch na Bealarúise; ag aithint mhianta thromlach mhuintir na Bealarúise maireachtáil i dtír shaor, cheannasach agus dhaonlathach agus ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ullmhúcháin leormhaithe a dhéanamh, i gcomhar le hionadaithe foirmiúla an fhreasúra dhaonlathaigh, chun cabhrú le haistriú daonlathach na tíre amach anseo; ag cáineadh iarrachtaí chun an Eoraip a dhíchobhsú trí ghéarchéimeanna imirce a chruthaítear go bréagach agus á iarraidh ar an Aontas agus ar na comhpháirtithe uile stop a chur le gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine ag réimeas Lukashenka agus a chomhchoirithe agus go ndéanfaí imscrúdú orthu;

101. á thabhairt chun suntais go bhfuil drogall ar stáit na hÁise Láir agus, agus i gcásanna áirithe, nach bhfuil siad toilteanach, a dtacaíocht a thabhairt d'ionradh na Rúise ar an Úcráin mar chomhartha ar thionchar réigiúnach laghdaitheach na Rúise; ag cur sonrú i rannpháirtíocht mhéadaitheach Dhaon-Phoblacht na Síne agus Türkiye leis an réigiún, go háirithe trí Eagraíocht um Chomhar Shanghai agus tríd an Tionscnamh "Crios Amháin Bóthar Amháin"; á iarraidh go bhfeabhsófaí rannpháirtíocht an Aontais san Áise Láir, bunaithe ar urraim do chearta bunúsacha agus do leasanna luachanna-bhunaithe an Aontais, lena n-áirítear trí mheán Global Gateway;

102. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS aird ar leith a thabhairt ar thíortha na hÁise Láir chun cobhsaíocht agus nascacht a choinneáil sa réigiún sin, atá ag dul trí staid íogair mar gheall ar a shuíomh; á mheas gur gá athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar straitéis an Aontais maidir leis an Áise Láir chun na hathruithe móra a tharla sa réigiún agus timpeall air ó glacadh é in 2019 a léiriú, amhail tionchar chogadh neamhdhleathach foghach na Rúise ar an Úcráin ar iomaíocht gheopholaitiúil agus ar gheilleagair stáit an réigiúin, tarraingt siar na Stát Aontaithe ón Afganastáin agus glacadh foréigneach na cumhachta a rinne an Talaban, aistrithe cumhachta sa Chasacstáin agus sa Tuircméanastáin, an choinbhleacht fhoréigneach idir an Táidsíceastáin agus an Chirgeastáin, agus ról réigiúnach Dhaon-Phoblacht na Síne atá ag dul i méid, i measc nithe eile; á mheas gur réigiún í an Áise Láir a bhfuil leas straitéiseach ag an Aontas ann maidir le slándáil, nascacht, éagsúlú fuinnimh, réiteach coinbhleachtaí agus cosaint an oird idirnáisiúnta iltaobhaigh riailbhunaithe;

103. á chur in iúl gur geal léi gur spreag ionradh gan chúis na Rúise ar an Úcráin AE chun a bheartas um méadú a thabhairt ar ais; ag cur béim ar an bhfíoras, cé nach mór leathnú agus doimhniú an Aontais a bheith fite fuaite le chéile, nár cheart an gá atá le hathchóirithe inmheánacha AE a bheith ina chúis le moill a chur ar an bpróiseas aontachais bunaithe ar fhiúntas; á chur in iúl gur geal léi gur deonaíodh stádas mar iarrthóir don Úcráin, don Mholdóiv agus don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin, agus á iarraidh go ndeonófaí é don tSeoirsia, ar choinníoll go dtabharfar aghaidh ar na tosaíochtaí a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún; ag moladh don Chomhairle agus don Choimisiúin caibidlíocht aontachais a sheoladh leis na stáit nua is iarrthóirí a luaithe is féidir tar éis chomhlíonadh na gcoinníollacha sonracha arna sonrú ag an gCoimisiún; á chur in iúl gur geal léi an t-iarratas ar bhallraíocht in AE ag Poblacht na Cosaive; á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil sé cruthaithe gurb é an méadú an uirlis beartais eachtraigh is éifeachtaí atá ag an Aontas, agus gur cheart an limistéar ina bhfuil tionchar suntasach ag luachanna agus prionsabail Eorpacha a leathnú, gur cheart athmheasúnú a dhéanamh ar a chur chun feidhme chun go bhféadfar tíortha aontachais a lánpháirtiú níos tapúla, ar tíortha iad a léiríonn treoshuíomh straitéiseach i dtreo AE agus tiomantas buanseasmhach d'athchóirithe a bhaineann leis an Aontas, do chomhdhlúthú daonlathach agus d'ailíniú an bheartais eachtraigh, lena n-áirítear trína gcéimniú isteach i mbeartais agus i dtionscnaimh shonracha de chuid an Aontais;

104. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le tacaíocht leordhóthanach agus leanúnach do shlándáil fuinnimh thíortha aontachais an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar na tíortha sin atá fós neamhchosanta go mór ar chúbláil soláthair na Rúise, chomh maith le comhshocruithe slándála a bhunú le tíortha aontachais atá leochaileach d'fhogha na Rúise;

105. á iarraidh go mbeadh straitéis chumarsáide níos gníomhaí agus níos éifeachtaí ann agus go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun ról agus tairbhí an mhéadaithe a chur chun cinn agus chun dlúth-chomhpháirtíocht idir tíortha an Aontais Eorpaigh agus na mBalcán Thiar a chur chun cinn agus tionscadail, athchóirithe agus misin CBSC arna gcistiú ag an Aontas a chur chun cinn;

106. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tsaoirse ó phionós a lean an t-ionradh ar an tSeoirsia in 2008 ar cheann de na tosca a cheadaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go dtabharfaidh bua na hÚcráine saoirse ní hamháin do réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, lena n-áirítear Donbas agus an Chrimé, ach don Bhealarúis freisin agus go mbeidh sé cinniúnach do shláine chríochach na Seoirsia agus na Moldóive a athbhunú;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

107. á iarraidh ar SEGS tuarascáil chríochnúil a ullmhú maidir le sáruithe ar chomhaontú sos cogaidh 2008 ós rud é go bhfuil freagracht ar leith ar an Aontas mar eadránaí ar Chomhaontú Sos Cogaidh an 12 Lúnasa 2008; á iarraidh ar SEGS na forálacha nach bhfuil comhlíonta fós ag Cónaidhm na Rúise a shainaithint agus a chur in iúl agus moltaí a thíolacadh lena bhféadfaí Cónaidhm na Rúise a spreagadh chun iad a chomhlíonadh, go háirithe tarraingt siar a fórsaí míleata ó chríocha faoi fhorghabháil na Seoirsia agus lena gceadaítear sásraí slándála idirnáisiúnta a bhunú sa tír agus lena gceadófaí rochtain gan bhac ar chríoch iomlán na Seoirsia de bhun a shainordaithe;

108. á athdhearbhú gur laistigh den Aontas atá todhchaí mhuintir na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia agus mhuintir na mBalcán Thiar; ag athdhearbhú go bhfuil sí tiomanta don mhéadú, nach bhfuil aon rogha eile ann ina leith agus atá níos mó ná riamh ina hinfheistíocht gheostraitéiseach in Eoraip chobhsaí, láidir agus aontaithe; á chreidiúint go láidir go bhfuil ionchas ballraíochta iomláine AE do na tíortha atá ag iarraidh a bheith ina mBallstáit den Aontas ina leasanna polaitiúla, eacnamaíocha agus slándála ag an Aontas féin; á iarraidh ar an tSeoirsia na tosaíochtaí arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún agus a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach ina conclúidí an 23 agus an 24 Meitheamh 2022 a bhaint amach ar bhealach follasach;

109. á chur in iúl gur geal léi na bearta a d'fhógair an Coimisiún chun an Úcráin a neartú, amhail rochtain ar ár margadh inmheánach agus táillí fánaíochta a bhaint; á chur in iúl go bhfuil sí ag súil go ndéanfar na bearta céanna a leathnú chuig Poblacht na Moldóive agus chuig an tSeoirsia, a bhfuil gá comhionann acu le comharthaí láidre tacaíochta ón Aontas agus le céimeanna nithiúla i dtreo lánpháirtiú AE i bhfianaise na bhfórsaí láidre díchobhsaitheacha atá ag bagairt ar a ndaonlathais;

110. ag athdhearbhú thiomantas an Aontais do cheannasacht, do shláine chríochach agus do neamhspleáchas polaitiúil na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia laistigh dá dteorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus ag tacú lena n-iarrachtaí na prionsabail sin a fhorfheidhmiú go hiomlán; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá aontacht agus dlúthpháirtíocht na mBallstát ina leith sin;

111. ag tathant ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise i bPoblacht na Moldóive agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil d'údaráis na Moldóive agus don tsochaí shibhialta chun freagairt do bhagairtí atá ag teacht chun cinn;

112. á áitiú nach mór beartas eachtrach agus slándála AE a athchóiriú chun é a dhíriú ar chosc géarchéime, ar chomhar slándála réigiúnach comhoibritheach, ar ghníomhaíocht dhomhanda aeráide agus chomhshaoil, ar chearta polaitiúla agus sóisialta araon a neartú agus ar chur chun feidhme spriocanna Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a áirithiú;

113. á athdhearbhú go dtacaíonn sí go láidir le todhchaí na hEorpa agus le haontachas thíortha uile na mBalcán Thiar mar bhaill iomlána de theaghlach an Aontais Eorpaigh; á iarraidh ar na Ballstáit a dtiomantas don mhéadú a athnuachan trí ghealltanais an Aontais do thíortha na mBalcán Thiar a chomhlíonadh, go háirithe trí cheanglais víosa do shaoránaigh na Cosaive a bhaint láithreach; á chur in iúl gur geal léi gur deonaíodh stádas mar iarrthóir don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá lánpháirtiú Eorpach na stát comhpháirtíochta sin do chobhsaíocht agus slándáil na mór-roinne Eorpaí ina hiomláine;

114. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá don Aontas inchreidteacht phróiseas an mhéadaithe a threisiú trína chineál bunaithe ar fhiúntas a chosaint, lena n-áirítear tríd an ról lárnach a thugtar don daonlathas, do chearta bunúsacha agus don smacht reachta a choinneáil, mar atá i gcaibidlí 23 agus 24 den *acquis* faoin modheolaíocht athbhreithnithe um méadú, agus polaitiú phróiseas an mhéadaithe trí dhíospóidí déthaobhacha á sheachaint ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh dul chun cinn ar chonair an Aontais ag brath ar dhul chun cinn marthanach agus do-aisiompaithe a dhéanfar trí na hathchóirithe riachtanacha a bhaineann leis an Aontas Eorpach, go háirithe sa smacht reachta;

115. á chur in iúl gur geal léi tús na caibidlíochta aontachais leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh agus ag tathant ar na páirtithe ábhartha uile na céimeanna is gá a shaothrú chun go mbeidh an Albáin agus an Mhacadóin Thuaidh in ann dul chun cinn gasta a dhéanamh; ag cáineadh thionchar urchóideach na ngníomhaithe réigiúnacha agus na Rúise agus cur isteach eachtrach eile ar thíortha na mBalcán Thiar;

116. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tíortha na mBalcán Thiar a ailíniú go hiomlán le beartas eachtrach agus slándála an Aontais, go háirithe lena bheartas maidir le smachtbhannaí i gcoinne tríú tíortha; á chur in iúl gur oth léi leibhéal íseal leanúnach ailínithe na Seirbia le CBES, go háirithe maidir le cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag athdhearbhú a seasaimh nár cheart caibidlí breise caibidlíochta a oscailt ach amháin nuair a neartaíonn an tSeirbia a tiomantas don athchóiriú i réimsí an daonlathais agus an smachta reachta agus ina léirítear ailíniú iomlán le CBES; á mheabhrú nach mór don tSeirbia, mar thír a fhéachann le lánpháirtiú na hEorpa a bhaint amach, cloí le luachanna agus cearta coiteanna AE;

117. ag cur béim ar an ngá práinneach le dlús a chur le próiseas idirphlé Prishtina-Belgrade faoi stiúir an Aontais agus é mar chuspóir an caidreamh déthaobhach a normalú ar bhonn aitheantais fhrithpháirtigh; ag cáineadh phatrún leanúnach na ngníomhaíochtaí géaraitheacha a rinne an tSeirbia agus gníomhaithe atá urraithe ag an tSeirbia, lena n-áirítear trí imshuí neamhdhlisteanach, ionsaithe foréigneacha agus bagairt na gníomhaíochta míleata, agus é mar chuspóir leis sin lamhháltais a threisiú agus an bonn a bhaint de Phoblacht na Cosaive; ag meabhrú a seasaimh nach bhfuil neamhspleáchas Phoblacht na Cosaive do-aisiompaithe agus ag athdhearbhú a hiarrata ar na cúig Bhallstát nach bhfuil sin déanta acu go fóill neamhspleáchas na Cosaive a aithint le héifeacht láithreach;

118. á chur in iúl gur geal léi cinneadh na Comhairle Eorpaí stádas mar iarrthóir a dheonú don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin an 15 Nollaig 2022 ar an tuiscint go ndéanfar roinnt céimeanna chun ullmhacht na tíre le haghaidh caibidlíocht aontachais a neartú; ag tathant ar ghníomhaithe polaitiúla na tíre tiomantas a léiriú agus céimeanna suntasacha a ghlacadh i dtreo bhallraíocht AE trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis na hocht gcéim sa mholadh ón gCoimisiún, trí dhul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis na 14 phríomhthosaíocht agus trí shraith shubstaintiúil athchóirithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear athchóirithe toghcháin i gcomhréir le cinntí na gcúirteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta chun prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a áirithiú do na saoránaigh agus na comhphobail uile mar a chumhdaítear iad ina bunreacht agus lánurraim á tabhairt do bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine sa chás *Sejdić agus Finci v. an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin* an 22 Nollaig 2009; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS cuidiú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin na príomhthosaíochtaí a chur chun feidhme go pras agus cosc a chur le cúlú i dtreo beartais náisiúnaíocha a bhí ann roimhe seo; á athdhearbhú gur gá a áirithiú go ndéanfar cearta gach saoránaigh, gan beann ar an gcleamhnacht eitneach, pholaitiúil agus reiligiúnach, a urramú go hiomlán i gcomhréir le rialuithe ECHR, le cinntí ón gCúirt Bhunreachtúil agus le moltaí Choimisiún na Veinéise;

119. ag déanamh cáineadh ar an reitric scarthach agus ar an ngníomhaíocht scarthach a leanann i gcónaí sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, lena n-áirítear ceiliúradh laethanta saoire náisiúnta ag gníomhaithe stát na Boisnia agus ag gníomhaithe tríú tír a d'fhógair Cúirt Bhunreachtúil na Boisnia agus na Heirseagaivéine go raibh siad míbhunreachtúil; á iarraidh an athuair go nglacfaí smachtbhannaí spriocdhírithe i gcoinne gníomhaithe díchobhsaitheacha sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, lena n-áirítear iad siúd a chuireann a ceannasacht agus a sláine chríochach i mbaol, go háirithe Milorad Dodik, agus i gcoinne oifigigh ardleibhéil eile de chuid Republika Srpska agus oifigigh tríú tír a thugann tacaíocht pholaitiúil agus ábhartha do bheartais scarthacha; á iarraidh ar na Ballstáit uile a áirithiú go bhféadfaidh an Chomhairle na smachtbhannaí sin a ghlacadh;

120. ag moladh obair Oibríocht Althea Fhórsa an Aontais Eorpaigh (EUFOR) agus á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh síneadh lena shainordú tar éis mhí na Samhna 2022; á mheabhrú go bhfuil ról lárnach fós ag an misean sin maidir le slándáil agus cobhsaíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus á iarraidh ar an Aontas agus ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta a acmhainneacht a mhéadú;

121. ag tabhairt dá haire gur admhaigh an Chomhairle sa Chompás Straitéiseach nach bhfuil slándáil ná cobhsaíocht le fáil ar fud na mBalcán Thiar go fóill agus go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ann mar gheall ar an meath atá ag teacht ar staid na slándála san Eoraip faoi láthair; á mheabhrú go n-iarrtar sa Chompás Straitéiseach go dtabharfaí tacaíocht do cheannasacht, d'aontacht agus do shláine chríochach na Boisnia agus na Heirseagaivéine;

122. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an t-uainiú, an t-inneachar agus an bealach inar tugadh isteach athruithe ar dhlí toghcháin na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus ar bhunreacht Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine, a mhol Ardionadaí na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar lá an toghcháin, agus a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den dlisteanacht dhaonlathach agus an t-eitnea-náisiúnachas a neartú;

123. á chur i bhfáth gur gá do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha sna mBalcáin Thiar a mbeartais a ailíniú go hiomlán le CBES an Aontais agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit CBES a úsáid mar uirlis chun feabhas a chur ar an gcomhar le tíortha na mBalcán Thiar; á chur i bhfáth nach mór do thíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit de AE ailíniú go hiomlán le luachanna bunúsacha agus le comhbheartais i bhfianaise chogadh foghach na Rúise, ar cogadh neamhdhleathach é; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil cearta an duine agus dínit an duine doshannta agus, dá bhrí sin, nach mór do thíortha is iarrthóirí cearta daoine faoi mhíchumas, an pobail LADTI+, mná agus cailíní, agus grúpaí leochaileacha eile a phríomhshruthú sna hearnálacha agus sna beartais uile; á iarraidh go mbeadh comhoibriú níos dlúithe ann idir AE agus stáit is iarrthóirí agus stáit is iarrthóirí ionchasacha maidir le slándáil agus cosaint;

124. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na tuarascálacha go bhféachann an Coimisinéir um an gComharsanacht agus um Méadú le dul timpeall, d'aon ghnó, ar lárnacht na n-athchóirithe daonlathacha agus smachta reachta i dtíortha aontachais AE agus an bonn a bhaint de lárnacht na n-athchóirithe sin; ag tathant ar an gCoimisiún imscrúdú neamhspleách agus neamhchlaonta a thionscnamh cibé an sárú ar an gCód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin agus ar oibleagáidí an Choimisinéara faoi na Conarthaí é iompar an Choimisinéara um an gComharsanacht agus um Méadú agus na beartais arna gcur chun cinn aige;

125. ag cur sonrú i dtuarascáil 2022 maidir leis an Tuirc a thíolaic an Coimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di nach ndearna rialtas na Tuirce an treocht dhiúltach maidir le meath ar an daonlathas, ar an smacht reachta, ar chearta bunúsacha agus ar neamhspleáchas na mbreithiúna a aisiompú agus go bhfuil beartas eachtrach na Tuirce fós ag teacht salach ar thosaíochtaí AE faoi CBES, agus nach raibh ach ráta ailínithe de 7 % ann sa tréimhse tuairiscithe; ag athdhearbhú an tseasaimh uaithi an 18 Bealtaine 2022 nach féidir léi aon atosú ar chaibidlíocht aontachais leis an Tuirc a bheartú; á chur in iúl, áfach, go bhfuil sí tiomanta d'idirphlé daonlathach agus polaitiúil leis an Tuirc, go háirithe lena sochaí shibhialta;

126. á chur in iúl gur saoth léi nár dhaingnigh an Tuirc iarratais na Sualainne agus na Fionlainne go fóill chun dul isteach in ECAT;

127. á athdhearbhú gur mór aici an cáineadh a rinne an Tuirc ar ionradh agus fogha míleata gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a ról mar éascaitheoir idir an Úcráin agus an Rúis, lena n-áirítear trína rannchuidiú ríthábhachtach leis an gcomhaontú tábhachtach maidir le grán na hÚcráine a onnmhairiú; á chur in iúl, áfach, gur cúis mhór bhuartha di an easpa ailínithe leanúnach le smachtbhannaí AE i gcoinne na Rúise, go háirithe maidir le saorghluaiseacht earraí a dhíorthaítear ón aontas custaim reatha agus i gcomhthéacs a caidrimh trádála agus airgeadais leis an Rúis a neartaíodh le déanaí; á chur i bhfáth nach sáraíonn ról geopholaitiúil na Tuirce na heasnaimh thromchúiseacha i staid chearta an duine sa tír, ar príomhchonstaic fós iad ar dhul chun cinn sa chaidreamh idir AE agus an Tuirc;

128. ag athdhearbhú a hiarrata roimhe seo ar AE straitéis fhoriomlán a shainiú go práinneach dá chaidreamh gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach leis an Tuirc, ina gcomhcheanglófar gach gné agus gach beartas, chun comhpháirtíocht níos cobhsaí, níos inchreidte agus níos intuartha a chothú, ós rud é go bhfuil ról lárnach ag an Tuirc sa réigiún agus gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha leanúnacha na tíre sna Balcáin Thiar, sa Mheánmhuir Thoir, sa Mheánoirthear agus i gCugas Theas á gcur san áireamh mar aon lena cúlú daonlathach leanúnach; á chur in iúl gur saoth léi an reitric bhagrach a bhí ag rialtas na Tuirce le déanaí maidir leis an nGréig, ar Ballstát í agus comhghuaillí ECAT dá cuid; ag tathant ar na páirtithe uile lena mbaineann an teannas a laghdú agus atosú an idirphlé taidhleoireachta a chur chun cinn chun teacht ar réitigh inbhuanaithe ar na díospóidí sa réigiún;

129. á chur in iúl gur oth léi nár cruthaíodh, breis agus 25 bliana tar éis sheoladh Phróiseas Barcelona, spás an rathúnais, na cobhsaíochta agus na saoirse comhroinnte le tíortha na Meánmhara i gComharsanacht an Deiscirt; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le tíortha Chomharsanacht an Deiscirt téarnamh ó phaindéim COVID-19 agus a héifeachtaí díobhálacha ar na tíortha sin a laghdú agus na suaití soláthair agus na méaduithe ar phraghsanna a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a laghdú go háirithe i réimse na slándála bia agus leasachán; á chur in iúl gur geal léi tionscnamh grán na Mara Duibhe arna stiúradh ag na Náisiúin Aontaithe; ag tathant ar an Rúis deireadh a chur le húsáid athnuaite onnmhairí bia mar uirlis troda, lena gcruthaítear go neamhfhreagrach baol go nginfí tuilleadh neamhshlándáil bia san Afraic, san Áise agus sa Mheánoirthear, agus cloí go hiomlán le téarmaí an chomhaontaithe; á iarraidh go bhfeabhsófaí comhpháirtíochtaí fuinnimh le tíortha ábhartha sa réigiún, agus aird iomlán á tabhairt ar an ngá atá le soláthraithe agus acmhainní fuinnimh araon a éagsúlú, agus cúnamh á thabhairt ag an am céanna do thíortha comhpháirtíochta lena n-aistrithe glasa agus digiteacha faoi seach; á iarraidh go ndéanfaí rochtain shlán chóir agus chothrom ar vacsaíní a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear trí chearta paitinne ábhartha a bhaint go sealadach;

130. á iarraidh ar an gCoimisiún na tionscnaimh a leagtar amach sa teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí an 9 Feabhra 2021 maidir leis an gcomhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt agus mar a glacadh sa mholadh ón bParlaimint maidir leis an gcomhpháirtíocht Athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt a chur chun feidhme go hiomlán;

131. á chur i bhfáth gur dúshlán fós iad an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht i gComharsanacht Dheisceart na hEorpa; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dlús a chur leis an gcomhar le tíortha comhpháirtíochta i gComharsanacht an Deiscirt chun iarmhairtí na gáinneála ar dhaoine agus smuigleáil arm aindleathach agus earraí cultúrtha a mhaolú agus chun antoisceachas foréigneach a chosc chun slándáil agus cobhsaíocht a chaomhnú i gComharsanacht Dheisceart na hEorpa;

132. á chur i bhfáth go bhfuil iarmhairtí ag an éagobhsaíocht sa Libia ní hamháin dá tíortha comharsanachta, ach don Eoraip freisin; á chur i bhfios go láidir dtugann easpa stáit fheidhmiúil, deighiltí idir faicsin agus iomadú grúpaí armtha timpeallacht thorthúil do gháinneálaithe drugaí, arm agus daoine;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

133. ag cáineadh bhagairt leanúnach na Rúise ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le síneadh a chur le conair dheireanach cabhrach daonnúla na Siria, Bab al-Hawa, bagairt a chuireann níos mó ná ceithre mhilliún duine i mbaol a bhíonn ag brath ar chabhair dhaonnúil chun freastal ar a mbunriachtanais maidir le bia, leigheas agus soláthairtí ríthábhachtacha eile;

134. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an staid thubaisteach eacnamaíoch agus dhaonnúil atá san Afganastáin tar éis ghabháil fhoréigneach na cumhachta ag an Talaban, ag a bhfuil éifeachtaí díobhálacha go háirithe ar chearta na mban agus na gcailíní, mionlach eitneach agus reiligiúnach, chosantóirí chearta an duine, ionadaithe neamhspleácha na meán agus daoine aonair a thug cúnamh do AE agus dá Bhallstáit; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an éagobhsaíocht réigiúnach atá mar thoradh ar ghabháil na cumhachta ag an Talaban agus go háirithe uaillmhianta an Talaban a thionchar a leathnú chuig tíortha comharsanachta trí líonraí sceimhlitheoireachta a thógáil agus a neartú ar fud an réigiúin; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Phacastáin an-leochaileach i ndáil leis sin;

135. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí a áirithiú go ndéanfar foireann Ionadaí Speisialta AE san Afganastáin agus EUPOL Afganastáin, daoine eile atá an-leochaileach, agus a gcéilí cleithiúnacha, a leanaí, a dtuismitheoirí agus a ndeirfiúracha neamhphósta a aslonnú go hiomlán agus go tráthúil, i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2022/151 ón gComhairle ([7]);

136. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistiúchán breise a áirithiú le haghaidh cabhair dhaonnúil do mhuintir na hAfganastáine; á athdhearbhú nach n-aithníonn sí réimeas an Talaban; ag tacú leis na cúig phríomhthagarmharc a ghlac an Chomhairle an 21 Meán Fómhair 2021 agus a fheidhmíonn mar threoirphrionsabail do rannpháirtíocht a bheidh ann amach anseo leis an Talaban ach á chreidiúint go bhfuil gá le hiarracht mhór chun straitéis fhadtéarmach a shainiú chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil maidir le cearta an duine agus ar an apartheid inscne san Afganastáin inniu; á iarraidh ar AE dlús a chur lena thacaíocht don cheartas d'íospartaigh na gcoireanna gránna a rinneadh san Afganastáin, lena n-áirítear mná agus cailíní, mionlaigh eitneacha agus daoine LGBTIQ+, agus gach cúnamh is gá a chur ar fáil d'imscrúdú na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, imscrúdú a ndearnadh é a athnuachan le déanaí, ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna agus ar choireanna cogaidh san Afganastáin; á chur in iúl go gcáineann sí go fíorghéar cinntí an Talaban cosc a chur ar mhná agus ar chailíní freastal ar oideachas meánscoile agus ollscoile agus toirmeasc a chur ar mhná a fhostú le heagraíochtaí neamhrialtasacha, cinntí a bhfuil iarmhairtí daonnúla tubaisteacha acu; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, in éineacht leis na Náisiúin Aontaithe, leis an tsochaí shibhialta agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, an brú a mhéadú ar an Talaban na cinntí sin a aisiompú gan mhoill;

137. ag cáineadh chniogbheartaíocht bhrúidiúil na hIaráine, lena n-áirítear Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), maidir leis na léirsithe tar éis do Mahsa Amini bás a fháil, i ndiaidh do "póilíní moráltachta" na hIaráine í a ghabháil go foréigneach, mí-úsáid a dhéanamh uirthi agus drochíde a thabhairt di; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit IRGC a áireamh ar liosta an Aontais Eorpaigh de sceimhlitheoirí i bhfianaise a ghníomhaíochta sceimhlitheoireachta agus an chos ar bolg a dhéantar ar agóideoirí agus toisc go ndéanann sé dróin a sholáthar don Rúis; á athdhearbhú go dtacaíonn sí leis an ngluaiseacht agóide síochánta ar fud na tíre, lena ndéantar agóid i gcoinne mharú Mahsa Amini, chos ar bolg chórasach agus mhéadaitheach na mban agus na sáruithe tromchúiseacha agus ollmhóra ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha; á chur in iúl gur cúis uafáis di an úsáid neamhshrianta agus dhíréireach a bhaineann póilíní agus fórsaí slándála na hIaráine as an lámh láidir i gcoinne agóideoirí síochánta; ag cáineadh sna téarmaí is láidre gur chuir an Phoblacht Ioslamach léirsitheoirí síochánta chun báis; á mheas gur gá tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh ar sheasamh AE i leith na hIaráine mar gheall ar neamhaird gan náire réimeas na hIaráine ar dhínit an duine agus ar mhianta daonlathacha a saoránach féin, agus tacaíocht na hIaráine do Chónaidhm na Rúise; ag tathant ar údaráis na Poblachta Ioslamaí gach pianbhreith phionós an bháis a fógraíodh i gcomhthéacs na n-agóidí leanúnacha a neamhniú gan mhoill agus moratorium láithreach a fhorchur ar phionós an bháis d'fhonn é a dhíothú go hiomlán; á iarraidh go bhfreagródh AE go láidir do rannpháirtíocht na hIaráine i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

138. ag tacú go láidir le mianta mhuintir na hIaráine, ar mian leo maireachtáil i dtír shaor, chobhsaí, chuimsitheach agus dhaonlathach ina n-urramaítear a gealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, na bearta sriantacha a forchuireadh ar dhaoine aonair agus eintitis de chuid na hIaráine, lena n-áirítear na póilíní moráltachta, mar a thugtar orthu, as a ról i gcos ar bolg na n-agóidí leanúnacha atá faoi stiúir ban san Iaráin ina n-éilítear cearta comhionanna agus deireadh a chur le hidirdhealú córasach na mban agus le sáruithe níos leithne ar chearta an duine sa Phoblacht Ioslamach; á chur in iúl gur geal léi Rún S35/1 ó Chomhairle na

([7]) Cinneadh (CBES) 2022/151 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin (IO L 25, 4.2.2022, lch. 11).

Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 24 Samhain 2022 maidir le misean neamhspleách idirnáisiúnta aimsithe fíoras a bhunú maidir le Poblacht Ioslamach na hIaráine agus á iarraidh ar an Aontas tacú go hiomlán leis na hullmhúcháin don mhisean agus lena chur chun feidhme; á iarraidh ar SEGS, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de chúrsaí a bhaineann le cearta an duine a ardú i ngach malartú leis an Iaráin;

139. á athdhearbhú nár cheart deireadh a chur leis na smachtbhannaí i gcoinne cheannaireacht IRGC agus á iarraidh go ndéanfaí bearta sriantacha breise i gcoinne IRGC; á iarraidh ar an gComhairle IRGC agus a fhofhórsaí, lena n-áirítear mílíste paraimíleata Basij agus Fórsa Quds, a chur ar liosta sceimhlitheoireachta AE;

140. ag tabhairt dá haire gur bunchloch é an neamhleathadh le haghaidh chobhsú an Mheánoirthir agus réigiún na Murascaille; á iarraidh go leanfaí d'iarrachtaí taidhleoireachta chun a áirithiú nach bhforbróidh an Iaráin airm núicléacha; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, áfach, gur cheart d'aon chaibidlíocht bhreise maidir leis an bPlean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta (JCPOA) aird a thabhairt ar bheartais, tionscadail agus cláir mhíleata dhíobhálacha eile de chuid na hIaráine;

141. á athdhearbhú gur gá tacú le Conradh JCPOA chomh maith leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair chun é a chur chun feidhme;

142. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do AE feabhas a chur ar chumais Thascfhórsa StratCom Theas d'fhonn straitéis nithiúil a fhorbairt tuilleadh chun an bhréagaisnéis a chomhrac i gComharsanacht an Deiscirt, lena n-áirítear Poblacht Ioslamach na hIaráine, agus é mar aidhm léi an mbréagnuacht agus an bholscaireacht a chomhrac chun an daonlathas agus an chobhsaíocht a atreisiú;

143. á chur in iúl gur geal léi an uaillmhian caidreamh AE le tíortha na Murascaille a neartú, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal "Comhpháirtíocht straitéiseach leis an Murascaill" an 18 Bealtaine 2022; ag tabhairt dá haire go bhfuil leas coiteann ann dul i mbun rannpháirtíochta ar bhealach níos straitéisí le comhpháirtithe na Murascaille go háirithe maidir le slándáil réigiúnach, comhar, gníomhú ar son na haeráide agus cearta an duine a chur chun cinn mar phríomhchuspóirí straitéiseacha; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit leanúint de bhéim a leagan ar an urraim do chearta an duine agus ar chomhionannas inscne chomh maith le hailíniú forchéimnitheach luachanna, go háirithe chun cur i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus cur i gcoinne na n-iarmhairtí a bhaineann leis; á chur in iúl gur saoth léi go mór an cinneadh ó OPEC+ táirgeadh ola a laghdú, arna spreagadh go háirithe ag an Araib Shádach, a dhéanfaidh an bhoilsciú domhanda níos measa agus a bhainfidh an bonn d'iarrachtaí idirnáisiúnta cur in éadan chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag tabhairt dá haire gur cuireadh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha leis an liosta dlínsí atá faoi fhaireachán méadaithe ag an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais mar gheall ar na heasnaimh straitéiseacha atá aige i sciúradh airgid a chosc; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil sé tar éis éirí ina thearmann sábháilte d'olagarcaí na Rúise atá faoi smachtbhannaí AE; ag cur béim ar an bhfíoras go n-éilíonn fíor-chomhpháirtíocht straitéiseach leis an Murascaill idirphlé agus comhar i réimse chearta an duine agus ailíniú maidir le cur i gcoinne fhogha na Rúise san Úcráin;

144. ag athdhearbhú a tacaíochta do Chomhaontuithe Abrahám, a bhfuil normalú déanta acu ar an gcaidreamh taidhleoireachta idir Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus Bairéin agus as ar eascair Maracó agus an tSúdáin comhaontú normalúcháin a shíniú ina dhiaidh sin le hIosrael;

145. á chur i bhfios, maidir leis an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín, go bhfuil AE aontaithe i gcónaí maidir lena thiomantas réiteach dhá stát a bhaint amach bunaithe ar na paraiméadair sna conclúidí ón gComhairle i mí Iúil 2014 lena gceadaítear do Stát Iosrael maireachtáil taobh le taobh faoi shíocháin agus slándáil, agus aitheantas frithpháirteach ar a chéile, le Stát na Palaistíne atá neamhspleách, daonlathach, comhtheagmhálach, ceannasach agus inmharthana, agus Iarúsailéim mar phríomhchathair an dá stát amach anseo; á mheabhrú go bhfuil lonnaíochtaí sa chríocha Palaistíneacha faoi fhorghabháil neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta; á iarraidh ar Rialtas nua Iosrael a thiomantas don réiteach dhá stát a léiriú go gníomhach agus go hinchreidte, atá fós ina phríomhchuspóir de bheartas AE maidir le próiseas síochána an Mheánoirthir agus ina phríomhghné den chomhpháirtíocht idir AE agus Iosrael;

146. ag tabhairt dá haire gur atosaíodh Comhairle Comhlachais idir AE agus Iosrael in 2022; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé de chuspóir ag an gComhairle Comhlachais ní hamháin an chomhpháirtíocht idir AE agus Iosrael a neartú ach freisin mar fhóram le haghaidh idirphlé maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín agus mar bhealach chun próiseas síochána an Mheánoirthir a athbheochan; á mheabhrú agus ag tacú le seasamh an Aontais mar a leagtar amach é agus mar a d'fhormheas an Chomhairle é d'aon toil mar ullmhúchán don 12ú Comhairle Comhlachais, a bhí ar siúl sa Bhruiséil an 3 Deireadh Fómhair 2022; ag tacú le hiarrachtaí an Ardionadaí ceannairí

Arabacha a thabhairt le chéile d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo síocháin réigiúnach chuimsitheach lena gcuirfear deireadh leis an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín agus lena dtabharfar comhar suntasach slándála, trádála agus eile chuig an réigiún;

147. ag athdhearbhú a seasaimh nach mór do gach leabhar scoile agus gach ábhar scoile a fhaigheann tacaíocht ó chistí an Aontais a bheith i gcomhréir le caighdeáin UNESCO maidir le síocháin, caoinfhulaingt, cómhaireachtáil agus neamhfhoréigean;

148. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh rannchuidiú ilbhliantúil an Aontais le Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA), lena n-áirithítear tacaíocht intuartha do dhídeanaithe Palaistíneacha i gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach AE-UNRWA do 2021-2024; á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú breise an Aontais leis an nGníomhaireacht faoin tSaoráid um Bia agus Athléimneacht chun aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil bia; ag cur béim ar an bhfíoras go leanann UNRWA de bheith ag rannchuidiú le cobhsaíocht agus síocháin réigiúnach;

149. á mheas gur comhpháirtí tábhachtach de chuid an Aontais é Iosrael; ag moladh Iosrael agus na Liobáine as an gcomhaontú maidir lena dteorainn mhuirí a léiriú;

150. ag cáineadh, sna téarmaí is láidre is féidir, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le ról cumasúcháin réimeas Lukashenka sa Bhealarúis; á iarraidh ar cheannaireacht na Rúise deireadh a chur leis láithreach agus tarraingt siar gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta agus ó aon tír eile, go háirithe an tSeoirsia agus Poblacht na Moldóive, a bhfuil a críoch nó codanna di faoi fhorghabháil neamhdhleathach aici; ag tathant ar an Rúis saorshreabhadh gráin agus amhábhar eile a ráthú ar fud an domhain; á iarraidh ar an gComhairle an Rúis a ainmniú mar urraitheoir stáit ar an sceimhlitheoireacht agus mar stát a úsáideann modh sceimhlitheoireachta; ag tathant ar an gcomhphobal idirnáisiúnta tacú le próisis dhlisteanacha idirnáisiúnta agus náisiúnta uile, lena n-áirítear faoi phrionsabal na dlínse uilíche, chun coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh a imscrúdú d'fhonn iad siúd go léir atá freagrach as na coireanna cogaidh iomadúla agus na sáruithe iomadúla ar chearta an duine, lena n-áirítear oll-éigniú agus díbirt éigeantach Úcránach, a thabhairt os comhair cúirte dlí; á athdhearbhú go mbeidh ar an Rúis na damáistí agus an scrios uile a rinne sí san Úcráin a chúiteamh; ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt saoránach de chuid na Rúise ag fágáil na Rúise chun coinscríobh a sheachaint; á iarraidh go ndéanfaí na daoine uile a chabhraigh go deonach leis an Rúis ar bhealach ar bith sa chogadh sin nó in eagrú reifreann neamhdhlisteanach a thabhairt chun cuntais agus smachtbhannaí a chur orthu ar bhonn aonair;

151. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh an Comhaontú um Eisiúint Víosaí idir an tAontas agus an Rúis a Éascú ar fionraí; á iarraidh ar na Ballstáit treoirlínte an Choimisiúin maidir le heisiúint ghinearálta víosaí d'iarratasóirí Rúiseacha agus seiceálacha ar shaoránaigh na Rúise ag teorainneacha seachtracha AE a chur chun feidhme go hiomlán, i gcomhréir iomlán le dlí AE agus leis an dlí idirnáisiúnta, agus a áirithiú go ndéileálfar ar bhonn aonair le gach iarratas ar thearmann ó, *inter alia*, easaontóirí, tréigtheoirí, éalaitheoirí ó choinscríobh agus gníomhaithe, agus ábhair imní slándála an Bhallstáit óstaigh á gcur san áireamh agus ag gníomhú dóibh i gcomhréir le *acquis* tearmainn AE; á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid maidir le víosaí a thabairt do Rúisigh;

152. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an pacáiste smachtbhannaí is déanaí i gcoinne na Rúise; á iarraidh ar an gComhairle, áfach, liosta na ndaoine aonair a ndírítear smachtbhannaí AE orthu go díreach a leathnú, agus an liosta de 6 000 duine aonair a léirigh Fondúireacht um Fhrith-Éilliú de chuid Alexei Navalny á chur san áireamh;

153. á chur in iúl go bhfuil sí suite de nach ndéanfaidh ach bua deiridh na hÚcráine ar an Rúis an t-ord domhanda a chosaint agus gníomhaithe ionsaitheacha eile a dhíspreagadh ó chogaí foghacha a thosú; á iarraidh ar institiúidí inniúla AE cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann ag deireadh an chogaidh a tharraingt suas go comhpháirteach agus Rúis a d'fhéadfadh a bheith díchobhsaithe agus lagaithe á cur san áireamh agus pleanáil maidir le hathchóiriú a d'fhéadfaí a dhéanamh uirthi;

154. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a bheith ar thús cadhnaíochta agus sásra iltaobhach á ullmhú lena ndéanfar maoirseacht ar íocaíocht chúitimh na Rúise leis an Úcráin agus lena bhforfheidhmeofar agus lena n-eisíocfar an íocaíocht sin;

155. ag cur sonrú i bhforleithne na tacaíochta d'ionradh gan chúis agus dochosanta na Rúise ar an Úcráin in go leor tíortha, go háirithe mar gheall ar chineál éifeachtach fheachtais bhréagaisnéise na Rúise agus na Síne; ag moladh don Leas-Uachtarán/Ardionadaí, don Choimisiún agus do na Ballstáit for-rochtain taidhleoireachta chuig na tíortha sin a fheabhsú, comhar déthaobhach agus iltaobhach a mhéadú agus cumarsáid straitéiseach a threisiú; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról lárnach ag an Global Gateway maidir le dul i ngleic le dúshláin chomhroinnte ar bhonn luachanna daonlathacha, comhpháirtíochtaí comhionanna agus inbhuanaitheacht chomhshaoil;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

156. á iarraidh ar an gcomhphobal idirnáisiúnta laghdú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar éifeachtaí iarmhartacha diúltacha a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar an Artach, áit ar cheart caomhnú na síochána, an rathúnais agus na cobhsaíochta a bheith ina thosaíocht i gcónaí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gníomhaíochtaí míleata na Rúise san Artach agus timpeallacht na slándála atá ag athrú sa réigiún agus ag athdhearbhú thábhacht straitéiseach an Artaigh; á iarraidh go mbeadh rannpháirtíocht níos láidre ag AE sa réigiún, agus na réaltachtaí slándála nua a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine á gcur san áireamh, ós rud é go bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint léi i bhfianaise an athraithe aeráide, beartais thionsclaíocha agus eacnamaíocha, saorloingseoireachta chomh maith le tionchar geostraitéiseach agus mar gheall ar leasanna agus gluaiseachtaí méadaitheacha na Rúise agus na Síne sa réigiún sin;

157. á iarraidh go mbeadh rannpháirtíocht ghníomhach ag ceannairí AE bagairtí núicléacha a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chosc, lena n-áirítear sábháilteacht Ghléasra Cumhachta Núicléiche Zaporizhzhia;

158. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an caidreamh le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib (LAC) a neartú trí straitéis AE-LAC a nuashonrú, agus béim láidir á leagan ar iarrachtaí comhpháirteacha chun an t-ord domhanda iltaobhach, an dlí idirnáisiúnta agus an urraim don daonlathas agus do chearta an duine a neartú, go háirithe i gcomhthéacs thionchar méadaitheach agus díréireach Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise sa réigiún i gcomparáid le AE agus i gcomhthéacs na mbagairtí méadaithe ar shlabhraí soláthair na hEorpa mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á iarraidh ar Bhallstáit agus ar SEGS taidhleoireacht réamhghníomhach a shaothrú sa réigiún agus na comhpháirtíochtaí atá ann cheana le tíortha atá ar aon intinn leo, caidreamh trádála, infheistíocht, tacaíocht daonlathais agus comhar idirpharlaiminteach a neartú tuilleadh; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá inscne, an t-athrú aeráide agus cearta na bpobal dúchasach agus a thábhachtaí atá sé na comhaontuithe comhlachais cothromaithe agus nuachóirithe atá beartaithe leis an tSile, Meicsiceo agus Mercosur a shíniú agus a dhaingniú go pras, lena n-áirítear caibidil atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus atá in-fhorfheidhmithe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, ag a bhfuil gné láidir maidir le cearta an duine agus ailíniú le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ar choinníoll, i gcás Mercosur, go dtiocfar ar chomhaontú maidir leis an ionstraim bhreise le haghaidh réamhdhaingniú fónta gealltanas; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh i gcrích an chaibidlíocht maidir leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas agus an tSile; ag tathant ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, tar éis breis agus dhá bhliain de chaibidlíocht maidir leis an ionstraim bhreise, comhaontú críochnaitheach a bhaint amach a luaithe is féidir; á chur i bhfios go láidir gur gá do na páirtithe uile an Comhaontú Comhlachais idir AE agus tíortha Mheiriceá Láir a dhaingniú;

159. á chur in iúl go dtacaíonn sí le hord daonlathach agus bunreachtúil Pheiriú, a bhí faoi bhagairt ag Pedro Castillo, atá anois ina iar-Uachtarán, agus ag a chomhghuaillithe nuair a rinne sé iarracht an Chomhdháil a dhíscaoileadh go neamhdhleathach an 7 Nollaig 2022 chun a tháinseamh féin a sheachaint; á chur in iúl go bhfuil dóchas aici nach ndéanfadh iompraíocht dhochloíte agus fhreagrach údaráis Pheiriú ach an daonlathas sa tír a neartú agus á iarraidh go dtionólfar toghcháin uachtaránachta agus reachtacha a luaithe is féidir chun an tsáinn pholaitiúil a shárú;

160. ag cur in iúl an athuair a tiomantas daingean do chosaint agus do chur chun cinn an daonlathais i Meiriceá Laidineach; ag déanamh cáineadh ar ionsaí frithdhaonlathach foréigneach na heite fíordheise ar institiúidí daonlathacha na Brasaíle, a tharla an 8 Eanáir 2023, a spreag bréagaisnéis d'aon ghnó agus go forleathan maidir le dlisteanacht thoghchán uachtaránachta na Brasaíle a bhí ann le déanaí; á chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le hUachtarán na Brasaíle, Lula da Silva, a toghadh go daonlathach, agus le freagairt mhear agus chinntitheach Rialtas na Brasaíle ar an éirí amach;

161. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil caidreamh AE leis an Aontas Afracach ríthábhachtach chun freastal ar riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta san Afraic agus chun acmhainneacht mhór na dtíortha sin a fhorbairt chomh maith le leasanna comhroinnte a shaothrú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí na gealltanais a comhaontaíodh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach a chur chun feidhme, tionscadail Global Gateway a chur chun feidhme go pras san Afraic agus comhpháirtíochtaí a neartú maidir le slándáil, trádáil, sláinte, forbairt agus cúnamh i bpaindéim COVID-19 a mhaolú le tíortha ar mhór-roinn na hAfraice, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, ar bhonn an chomhionannais agus go háirithe leis an aidhm SDGanna, claochluithe digiteacha agus glasa, cearta an duine agus réiteach síochánta coinbhleachta a chur chun cinn i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta; á chur i bhfios go láidir nach mór do rannpháirtíocht AE leis an Afraic, lena n-áirítear trí chomhar forbartha agus trádála, tús áite a thabhairt do rannchuidiú le sochaithe láidre agus athléimneacha, feabhas a chur ar chomhionannas sóisialta agus slándáil, agus tacú le struchtúir dhaonlathacha ar an láthair;

162. á chur in iúl gur geal léi leithdháileadh an chistiúcháin faoin gCiste Eorpach Forbraíochta chun maolú a dhéanamh ar neamhshlándáil mhéadaitheach bia a eascraíonn, i measc cúiseanna eile, as ionradh na Rúise ar an Úcráin; á iarraidh go ndéanfaí bearta comhchosúla breise de réir mar is gá; á iarraidh an athuair go rachfaí i dtreo comhpháirtíocht iomlán de pháirtithe comhionanna agus go mbeadh forbairt dhaonna agus cosaint acmhainní nádúrtha ina croílár;

163. á iarraidh go mbeadh feachtas láidir cumarsáide straitéisí agus for-rochtana de chuid AE chuig tíortha na hAfraice ann chun cur i gcoinne na n-insintí díobhálacha, go háirithe iad siúd atá á scaipeadh sa réigiún ag Cónaidhm na Rúise agus ag Daon-Phoblacht na Síne;

164. ag cáineadh thrasnaíocht na Rúise san Afraic lena ndéantar an daonlathas a chur i mbaol, go háirithe trí lorg méadaithe ghrúpa Wagner ar an mór-roinn; ag cáineadh go láidir na mí-úsáidí agus na gcoireanna a rinne grúpa Wagner;

165. á iarraidh go mbeadh comhpháirtíocht idir an Afraic agus an Eoraip ann a mbeadh sé mar aidhm léi limistéar dlúthpháirtíochta, slándála, síochána agus rathúnais mharthanaigh a chruthú; á iarraidh go ndéanfadh AE gníomhaíochtaí go pras chun cur i gcoinne láithreacht mhéadaitheach ghrúpa Wagner i roinnt tíortha de chuid na hAfraice, rud a chothaíonn tuilleadh éagobhsaíochta agus a bhaineann an bonn de na hiarrachtaí sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta;

***Taidhleoireacht pharlaiminteach a fheabhsú mar uirlis beartais eachtraigh***

166. ag cur béim ar rannchuidiú sonrach na Parlaiminte le beartas eachtrach agus slándála AE trína sócmhainní taidhleoireachta parlaiminteacha; á iarraidh go ndéanfaí grinnscrúdú parlaiminteach níos géire ar ábhair a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo i ngnóthaí eachtracha Eorpacha; á mheabhrú, i measc nithe eile, go bhfuil dianchomhar ann ar an leibhéal polaitiúil agus teicniúil idir Verkhovna Rada na hÚcráine agus an Pharlaimint;

167. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Pharlaimint rannpháirteach go gníomhach in CBES trína hionstraimí sonracha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht agus cineál uathúil ag baint le cláir dhaonlathaithe na Parlaiminte, amhail "Idirphlé Jean Monnet", atá dírithe ar obair na bparlaimintí a chothú agus a neartú; á mheabhrú gur cheart d'institiúidí uile AE páirt a ghlacadh agus oibriú le chéile i ngníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo gníomhú in aghaidh cúlú domhanda maidir leis an daonlathas, lena n-áirítear trí bhreathnóireacht toghcháin, idirghabháil agus gníomhaíochtaí idirphlé, cosc coinbhleachtaí, dámhachtain agus líonra Dhuais Sakharov, agus taidhleoireacht pharlaiminteach;

168. á iarraidh ar SEGS saoirse an phreasa agus saoirse chun tuairimí a nochtadh a ghlacadh mar thosaíochtaí agus gach beart is gá a dhéanamh chun seasamh, go hiomlán, le Treoirlínte AE maidir le Saoirse chun Tuairimí a Nochtadh ar Líne agus as Líne; ag tathant ar thoscaireachtaí AE feabhas a chur ar bhearta cosanta coisctheacha, pleanáil le haghaidh freagairtí éigeandála ar mheath ar shaoirse an phreasa agus tacaíocht shoiléir agus infheicthe a sholáthar d'iriseoirí áitiúla agus don tsochaí shibhialta;

169. á iarraidh go gcuirfí feabhas ar thaidhleoireacht choisctheach AE mar uirlis réamhghníomhach beartais eachtraigh chun cosc a chur ar choinbhleachtaí idir tríú páirtithe a thosú agus tacú leo teacht ar réitigh shíochánta ar theannas méadaitheach;

170. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá na comhthionóil pharlaiminteacha mar fhóraim le haghaidh comhair agus idirphlé institiúideach, agus a rannchuidiú luachmhar le gníomhaíocht beartais eachtraigh Eorpaigh i gcúrsaí slándála, mar aon leis an ngá atá ann a ngníomhaíocht a chur chun cinn agus a bhfeidhmiú cuí agus a bhforbairt a ráthú;

171. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit formhaoirseacht pharlaiminteach ar ghníomhaíocht sheachtrach AE a chumasú agus a neartú, lena n-áirítear trí leanúint de chomhairliúcháin rialta leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus leis an gCoimisiún, agus tríd an bParlaimint a dhéanamh rannpháirteach i gcur chun feidhme agus grinnscrúdú cuí agus breise i ndáil leis an tSaoráid Eorpach Síochána agus an Compás Straitéiseach; á mheabhrú go mbíonn an Pharlaimint rannpháirteach i méid áirithe comhar neamhfhoirmiúil le SEGS, ar comhar é a feabhsaíodh tar éis Cinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2010 agus dearbhú ón Ardionadaí maidir le cuntasacht pholaitiúil, 2010; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá leis sin chun an creat don chaidreamh idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus SEGS, lena n-áirítear a toscaireachtaí, a neartú tuilleadh; á iarraidh go mbeadh creat-chomhaontú ann maidir le comhar um ghníomhaíocht sheachtrach a neartú idir SEGS agus Parlaimint na hEorpa, lena bhféadfaí bosca uirlisí beartais eachtraigh AE féin a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir gur gá an t-athbhreithniú meántéarma ar an gCiste Eorpach Cosanta (EDF) a úsáid chun formhaoirseacht pharlaiminteach chuí a thabhairt isteach trí ghníomhartha tarmligthe do chláir oibre; á chur i bhfáth gur gá leibhéal comhchosúil formhaoirseachta parlaimintí a bhunú don ghníomh um sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) atá ar na bacáin agus don Chlár Eorpach Infheistíochta um Chosaint (EDIP); á chur i bhfios go láidir, chun go gcomhlíonfaidh an Pharlaimint go cuí a ról tábhachtach maidir le maoirseacht dhaonlathach, gur cheart an fhaisnéis agus na doiciméid is gá a sholáthar di ar bhealach trédhearcach agus tráthúil;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

172. á mheabhrú go bhfuil ról tábhachtach ag na parlaimintí náisiúnta sna Ballstáit; á chur i bhfios go láidir gur féidir le Tionól Parlaiminteach ECAT ról tábhachtach a imirt agus á iarraidh go ndéanfaí caidreamh Pharlaimint na hEorpa leis a neartú tuilleadh;

173. á iarraidh ar institiúidí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais, mar aon le Ballstáit AE, gealltanas leordhóthanach a thabhairt maidir leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus na bolscaireachta, lena mbaintear an bonn dá mbeartais, trí dhlús a chur leis an gcumarsáid straitéiseach agus leis an insint maidir lena gcuid oibre; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht mhéadaithe do chumarsáid straitéiseach a thabhairt do thoscaireachtaí agus misin AE;

174. ag cáineadh aon iarrachta ag tríú tíortha cur isteach ar oifigigh thofa nó iad a éilliú; meáite ar imscrúdú iomlán a dhéanamh ar chásanna éillithe agus gníomhaíochtaí míchuí tríú tíortha ar mian leo tionchar a cheannach sa Pharlaimint agus aghaidh a thabhairt orthu i gceart;

175. á áitiú go bhfuil ceart chun faisnéise ag an bParlaimint maidir le cúrsaí CBES faoi Airteagal 36 CAE; ag tabhairt aird ar bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Comhaontú Oileán Mhuirís ([8]) agus Comhaontú na Tansáine ([9]), ar dá réir atá sé ríthábhachtach faisnéis a sholáthar go tráthúil agus go cuimsitheach don Pharlaimint chun go mbeidh sí in ann a ról grinnscrúdaithe daonlathaigh agus comhairleach a chomhlíonadh i gcúrsaí CBES;

176. á dhearbhú gur cheart don Pharlaimint lánúsáid a bhaint as a cumhachtaí maoirseachta agus buiséadacha i ndáil le cinntí an Aontais maidir le gnóthaí idirnáisiúnta; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cláir tacaíochta daonlathais Pharlaimint na hEorpa, ar cláir iad a bhfuil acmhainneacht mhór acu ról AE ar fud an domhain a threisiú trí rannpháirt a thabhairt do na príomh-gheallsealbhóirí polaitiúla agus trí rialachas daonlathach inbhuanaithe a éascú i dtíortha neamh-AE agus i dtíortha aontachais AE;

o

o o

177. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

---

([8]) Breithiúnas an 24 Meitheamh 2014, *Parlaimint na hEorpa* v *Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-658/11, ECLI:EU:C:2014:2025.

([9]) Breithiúnas an 14 Meitheamh 2016, *Parlaimint na hEorpa v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-263/14, ECLI:EU:C:2016:435.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0010

# An Comhbheartas Slándála agus Cosanta a chur chun feidhme – tuarascáil bhliantúil 2022

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 ar chur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil 2022 (2022/2050(INI))**

(2023/C 214/05)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Caibidil a Dó, Roinn a Dó de maidir le forálacha i dtaca leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta ([1]) (EDF),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda ([2]),

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an Ghnímh um thionscal cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (COM(2022)0349),

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach ([3]),

— ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ar theacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC a bhunú, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici ar an 19 Samhain 2018,

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána ([4]) (EPF),

— ag féachaint do Chinntí (CBES) 2021/748 ([5]), (CBES) 2021/749 ([6]) agus (CBES) 2021/750 ([7]) ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 maidir le rannpháirtíocht Cheanada, Ríocht na hIorua agus Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtionscadal Soghluaisteachta Míleata PESCO,

— Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) ([8]),

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/638 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Slándála Sibhialtaí san Úcráin (EUAM Ukraine) ([9]),

([1]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 149.
([2]) IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.
([3]) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.
([4]) IO L 102, 24.3.2021, lch. 14.
([5]) IO L 160, 7.5.2021, lch. 106.
([6]) IO L 160, 7.5.2021, lch. 109.
([7]) IO L 160, 7.5.2021, lch. 112.
([8]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93.
([9]) IO L 117, 19.4.2022, lch. 38.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/1968 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena mbunaítear an Misean um Chúnamh Míleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) ([10]),

— ag féachaint do chinneadh (CBES) 2022/1970 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) ([11]),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 22 Deireadh Fómhair 2021 agus an 24-25 Márta, an 30-31 Bealtaine agus an 23-24 Meitheamh 2022,

— ag féachaint do chonclúidí ó Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 12 Nollaig 2022,

— ag féachaint do chinneadh (CBES) 2022/2444 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) ([12]),

— ag féachaint do chinneadh (CBES) 2022/1970 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 ([13]) lena mbunaítear acmhainneacht faireacháin an Aontais a bhunú san Airméin agus do chinneadh an 19 Nollaig 2022 ón gComhairle maidir le foireann um chúnamh pleanála idirthréimhseach a imlonnú san Airméin,

— ag féachaint do Dhearbhú Versailles a glacadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na gceannairí stáit nó rialtais an 11 Márta 2022,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 22 Eanáir 2018 maidir leis an gcur chuige comhtháite i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha agus an 24 Eanáir 2022 maidir le staid slándála na hEorpa,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 25 Samhain 2013, an 18 Samhain 2014, an 18 Bealtaine 2015, an 27 Meitheamh 2016, an 14 Samhain 2016, an 18 Bealtaine 2017, an 17 Iúil 2017, an 25 Meitheamh 2018, an 17 Meitheamh 2019, an 10 Nollaig 2019, an 17 Meitheamh 2020, an 12 Deireadh Fómhair 2020, an 20 Samhain 2020, an 7 Nollaig 2020 agus an 10 Bealtaine 2021 maidir le CBSC,

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2020 maidir leis an óige i ngníomhaíocht sheachtrach,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 maidir le comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt – clár oibre nua don Mheánmhuir',

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 24 Eanáir 2022 maidir leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime go dtí an chéad leibhéal eile: Tosaíochtaí 2022-2024,

— ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 21 Feabhra 2022 lena leathnaítear agus lena bhfeabhsaítear Coincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 maidir leis an bhforbairt ar sheasamh cibearshlándála an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do chruinniú na Comhairle Gnóthaí Eachtracha an 16 Bealtaine 2022 agus do chruinniú na Comhairle Gnóthaí Eachtracha le hAirí Cosanta an 17 Bealtaine 2022,

— ag féachaint don straitéis dhomhanda dar teideal *Shared Vision, Common Action: A Stronger Europe – A Global Strategy for the European Union's Foreign and Security Policy* [Fís Chomhroinnte, Gníomhaíocht Chomhchoiteann: Eoraip níos láidre – Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh], ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (VP/HR) an 28 Meitheamh 2016,

([10]) IO L 270, 18.10.2022, lch. 85.
([11]) IO L 270, 18.10.2022, lch. 93.
([12]) IO L 319, 13.12.2022, lch. 86.
([13]) IO L 270, 18.10.2022, lch. 93.

— ag féachaint do *Strategic Compass for Security and Defence – For a European Union that protects its citizens, values and interests and contributes to international peace and security* [Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint — I gcás Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a rannchuidíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta], a d'fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022 agus a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 25 Márta 2022,

— ag féachaint do Threochlár na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) um Athrú Aeráide agus Cosaint an 6 Samhain 2020 agus don rún ón bParlaimint an 7 Meitheamh 2022 ina leith ([14]),

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 6 Márta 2014, dar teideal *For an open and secure global maritime domain: elements for a European Union maritime security strategy* [Ar mhaithe le réimse muirí domhanda a bheadh oscailte agus slán: gnéithe le haghaidh straitéis slándála muirí an Aontais Eorpaigh] (JOIN(2014)0009),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2020 maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála (COM(2020)0605),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2022 maidir le rannchuidiú an Choimisiúin leis an gcosaint Eorpach (COM(2022)0060),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2022 dar teideal *Roadmap on critical technologies for security and defence* (COM(2022)0061), [Treochlár maidir le teicneolaíochtaí criticiúla le haghaidh na slándála agus na cosanta],

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 18 Bealtaine 2022 dar teideal "Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh" (JOIN(2022)0024),

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Nollaig 2020 dar teideal *The EU's Cybersecurity Strategy for the Digital Decade* [Straitéis Chibearshlándála an Aontais don Deacáid Dhigiteach] (JOIN(2020)0018),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 dar teideal *Action Plan on synergies between civil, defence and space industries* [Plean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis] (COM(2021)0070),

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 10 Samhain 2022 dar teideal *Action plan on military mobility 2.0* [Plean Gníomhaíochta 2.0 maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata] (JOIN(2022)0048),

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 10 Samhain 2022 dar teideal *EU Policy on Cyber Defence* [Beartas AE maidir leis an gCibearchosaint] (JOIN(2022)0049),

— ag féachaint don dara clár oibre bliantúil de chuid an Chiste Eorpaigh Cosanta le haghaidh 2022, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 25 Bealtaine 2022,

— ag féachaint do Chonradh an Atlantaigh Thuaidh,

— ag féachaint don Dearbhú ó Chruinniú Mullaigh Mhaidrid, a d'eisigh na Cinn Stáit agus Rialtais a bhí rannpháirteach i gcruinniú Chomhairle an Atlantaigh Thuaidh i Maidrid an 29 Meitheamh 2022,

— ag féachaint do na hiarratais ón tSualainn agus ón bhFionlainn ar dhul isteach in ECAT, a tíolacadh go comhpháirteach an 18 Bealtaine 2022, agus do shíniú na bPrótacal Aontachais le haghaidh na Fionlainne agus na Sualainne ag Comhghuaillithe ECAT an 5 Iúil 2022,

— ag féachaint do Choincheap Straitéiseach ECAT 2022 a ghlac Cinn Stáit agus Rialtais ECAT ag Cruinniú Mullaigh ECAT i Maidrid an 29 Meitheamh 2022,

— ag féachaint do na trí Dhearbhú Chomhpháirteacha maidir leis an gcomhar idir AE agus ECAT a síníodh an 8 Iúil 2016, an 10 Iúil 2018 agus an 10 Eanáir 2023,

— ag féachaint don tacar comhchoiteann de 74 thogra chun Dearbhú Comhpháirteach Vársá a chur chun feidhme a d'fhormhuinigh Comhairlí AE agus ECAT an 6 Nollaig 2016 agus an 5 Nollaig 2017,

([14]) IO C 493, 27.12.2022, lch. 19.

— ag féachaint don seachtú tuarascáil ar dhul chun cinn an 20 Meitheamh 2022 maidir le cur chun feidhme an tacair chomhchoitinn de thograí a d'fhormhuinigh Comhairlí AE agus ECAT an 6 Nollaig 2016 agus an 5 Nollaig 2017,

— ag féachaint do na tuarascálacha agus do na moltaí ábhartha arna nglacadh ag Tionól Parlaiminteach ECAT (TP ECAT),

— ag féachaint don ráiteas ó chruinniú mullaigh AE-na Stát Aontaithe dar teideal *Towards a Renewed Transatlantic Partnership* [I dtreo Comhpháirtíocht Thrasatlantach Athnuaite] an 15 Meitheamh 2021,

— ag féachaint don Ráiteas Comhpháirteach ó Rúnaí Stáit Stát Aontaithe Mheiriceá agus ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí an 3 Nollaig 2021 maidir le hidirphlé slándála agus cosanta AE-Stát Aontaithe Mheiriceá a sheoladh chomh maith leis na cruinnithe ar an idirphlé sin ina dhiaidh sin,

— ag féachaint do chogadh gan údar gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine, dá hionradh agus a hionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus ar réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia, chomh maith le forghabháil réigiúin na hAbcáise agus na hOiséite Theas sa tSeoirsia agus réigiún Transnistria i bPoblacht na Moldóive,

— ag féachaint do theicneolaíochtaí nua amhail an intleacht shaorga (IS), cumais spáis agus an ríomhaireacht chandamach lena gcuirtear deiseanna nua ar fáil don chine daonna, ach freisin lena gcruthaítear dúshláin nua i réimse na cosanta agus an bheartais eachtraigh lena n-éilítear straitéis shoiléir agus comhthoil i measc comhghuaillithe,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe, go háirithe Airteagal 2.4 de lena dtoirmisctear forneart a úsáid agus d'Airteagal 51 maidir leis an gceart bunúsach chun féinchosanta aonair agus comhchoitinne,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige,

— ag féachaint do Rúin 1325 (2000), 1889 (2013), 2122 (2013), 2242 (2015) agus 2493 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus do Rúin 2250 (2015), 2419 (2018) agus 2535 (2020) maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil,

— ag féachaint do na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCipir,

— ag féachaint d'Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí de chuid na Comhdhála um Shlándáil agus Comhar san Eoraip 1975,

— ag féachaint do rún an 12 Meán Fómhair 2018 uaithi maidir le córais arm uathrialaitheach ([15]),

— ag féachaint do rún uaithi an 11 Nollaig 2018 maidir le soghluaisteacht mhíleata ([16]),

— ag féachaint don rún uaithi an 12 Márta 2019 maidir le hacmhainneacht AE i ndáil le coinbhleachtaí a chosc agus idirghabháil a dhéanamh ina leith ([17]),

— ag féachaint dá seasamh an 26 Samhain 2019 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus Treoir 2008/118/CE maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil a mhéid a bhaineann leis an iarracht chosanta laistigh de chreat an Aontais ([18]),

([15]) IO C 433, 23.12.2019, lch. 86.
([16]) IO C 388, 13.11.2020, lch. 22.
([17]) IO C 23, 21.1.2021, lch. 16.
([18]) IO C 232, 16.6.2021, lch. 71.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

— ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le honnmhairiú Arm: Comhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun feidhme ([19]),

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 ar chur chun feidhme Threoir 2009/81/CE, maidir le soláthar i réimsí na cosanta agus na slándála (An Treoir maidir le Soláthar Poiblí), agus Threoir 2009/43/CE, maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint ([20]),

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2021 ar an gcomhar idir AE agus ECAT i gcomhthéacs an chaidrimh thrasatlantaigh ([21]),

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le staid chumais chibearchosanta AE ([22]),

— ag féachaint do rún uaithi an 17 Feabhra 2022 maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2021 ([23]),

— ag féachaint do rún uaithi an 17 Feabhra 2022 maidir le cur chun feidhme an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta – tuarascáil bhliantúil 2021 ([24]),

— ag féachaint do rún uaithi an 1 Márta 2022 maidir le fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine ([25]),

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Márta 2022 maidir le trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear bréagaisnéis ([26]),

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Aibreán 2022 maidir leis na conclúidí ó chruinniú na Comhairle Eorpaí an 24-25 Márta 2022, lena n-áirítear na forbairtí is déanaí maidir leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine agus smachtbhannaí AE i gcoinne na Rúise agus a gcur chun feidhme ([27]),

— ag féachaint do mholadh uaithi an 8 Meitheamh 2022 don Chomhairle agus do Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le Beartas Eachtrach, Slándála agus Cosanta AE tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ([28]),

— ag féachaint do rún uaithi an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an tslándáil i limistéar Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ról an chomhbheartais slándála agus cosanta ([29]),

— ag féachaint dá moladh an 14 Meán Fómhair 2022 chuig an gCoimisiún agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh / Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an gcomhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt – clár oibre nua don Mheánmhuir,

— ag féachaint dá rún reachtach an 14 Nollaig 2022 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais +) ([30]),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla agus ón *gCoiste* um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0296/2022),

---

([19]) IO C 385, 22.9.2021, lch. 47.
([20]) IO C 494, 8.12.2021, lch. 54.
([21]) IO C 99, 1.3.2022, lch. 105.
([22]) IO C 132, 24.3.2022, lch. 102.
([23]) IO C 342, 6.9.2022, lch. 148.
([24]) IO C 342, 6.9.2022, lch. 167.
([25]) IO C 125, 18.3.2022, lch. 2.
([26]) IO C 347, 9.9.2022, lch. 61.
([27]) IO C 434, 15.11.2022, lch. 59.
([28]) IO C 493, 27.12.2022, lch. 136.
([29]) IO C 493, 27.12.2022, lch. 70.
([30]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0439.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

A. de bhrí go bhfuil an Eoraip ag tabhairt aghaidh ar an gcumasc is casta de bhagairtí míleata agus neamh-mhíleata araon ó dheireadh an Chogaidh Fhuair, ar bagairtí iad a ngéaraítear orthu le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar cogadh neamhdhleathach gan chúis gan údar é; de bhrí go n-áirítear ar na bagairtí neamh-mhíleata bréagaisnéis, cibirionsaithe, ionsaithe ar bhonneagar criticiúil, feallmharuithe, gníomhartha sabaitéireachta, brú eacnamaíoch, dúmháil bia agus fuinnimh, ionstraimiú na himirce, agus tionchar polaitiúil treascrach; de bhrí nach féidir glacadh le haon chur isteach a dhéantar d'aon ghnó ar bhonneagar gníomhach fuinnimh na hEorpa agus gur cheart go n-eascródh an fhreagairt is láidre is féidir as; de bhrí gur ionsaí ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe é ionradh na Rúise ar an Úcráin; de bhrí gur ionsaí é an cogadh foghach sin ar ailtireacht slándála na hEorpa a tógadh tar éis an Dara Cogadh Domhanda agus tar éis dheireadh an Chogaidh Fhuair a raibh an Rúis páirteach ann; de bhrí gur roghnaigh an tUachtarán Putin, ina chogadh i gcoinne na hÚcráine agus ina ionsaí in aghaidh na hEorpa agus an Iarthair, géarú d'aon turas bunaithe ar thionscnaimh amhail eagrú bréag-reifreann i gcríocha na hÚcráine faoi fhorghabháil, ionghabháil chríocha Luhansk, Donetsk, Kherson agus Zaporizhzhia, slógadh páirteach fhórsaí na Rúise agus bagairtí leanúnacha agus géaraitheacha, lena n-áirítear an bhagairt go n-úsáidfí airm núicléacha; de bhrí go raibh foraithne an Uachtaráin Vladimir Putin an 21 Meán Fómhair 2022, lenar fógraíodh slógadh páirteach i gCónaidhm na Rúise, ina cúis le brú imirce ó Rúisigh a bhí ag teitheadh óna dtír thar na teorainneacha leis an tSeoirsia, leis an gCasacstáin agus leis na tíortha Baltacha, ach thar aon ní eile, leis an ionsaí brúidiúil i gcoinne na hÚcráine agus leis an gcinedhíothú atá á dhéanamh ar mhuintir na hÚcráine, gur chruthaigh sé fulaingt dhoshamhlaithe, ónar eascair an sruth dídeanaithe is mó ón Dara Cogadh Domhanda i leith; de bhrí nach amháin go bhfuil an Úcráin ag cosaint a ceannasachta agus a hiomláine críochaí, ach tá sí ag cosaint luachanna coiteanna Eorpacha an daonlathais freisin; de bhrí nach raibh aon bhearta láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm chun ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine a dhíspreagadh; de bhrí go ndearna an Rúis cogadh núicléach a bhagairt arís agus arís eile ar an Úcráin, ar ECAT agus ar Bhallstáit AE;

B. de bhrí go mbaineann bua na hÚcráine freisin le hinchreidteacht AE agus a beartais slándála agus cosanta;

C. de bhrí, mar fhreagairt ar na bagairtí sin, nach mór do AE feabhas a chur go práinneach ar éifeachtacht a bheartais eachtraigh, slándála agus cosanta chun a leasanna, a luachanna agus a shaoránaigh a chosaint, laistigh agus lasmuigh dá theorainneacha araon, agus thar aon ní eile ina chomharsanacht, chun síocháin, slándáil an duine, forbairt inbhuanaithe agus daonlathas a chur ar fáil agus chun tacú lena chomhpháirtithe; de bhrí go bhfuil sé d'aidhm ag an gCompás Straitéiseach an treoir straitéiseach agus na huirlisí réalaíocha agus oibríochtúla is gá a thabhairt don Aontas chun bogadh i dtreo beartas cosanta comhleanúnach agus inchreidte, agus chun go mbeidh sé ina sholáthraí slándála éifeachtach agus cumasach agus ina ghníomhaí teanntásach domhanda; de bhrí go bhfuil práinn nua le borradh a chur faoi chumais slándála agus chosanta an Aontais, lena n-áirítear cur leis an tacaíocht nach bhfacthas a leithéid cheana don Úcráin, go háirithe tríd an tSaoráid Eorpach Síochána (EPF), agus comhlántacht le ECAT a áirithiú; de bhrí go bhfágann ionsaí hibrideach na Rúise gur gá an chosaint d'Eoraip shaor a dhearadh ar bhealach cuimsitheach agus ilghnéitheach lena n-ionchorpraítear na réimsí criticiúla uile, ó acmhainneachtaí míleata traidisiúnta a fheabhsú, go bonneagar criticiúil do shibhialtaigh, slabhraí soláthair agus saoráidí fuinnimh a chosaint, chomh maith leis an gcomhrac gníomhach i gcoinne na bréagaisnéise agus bagairtí cibearshlándála; de bhrí gur chuir ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine béim ar an easpa infheistíochta atá ann sa tslándáil agus sa chosaint i roinnt mhaith Ballstát AE agus ECAT; de bhrí go bhfuil na mílte fórsaí cosanta talún, aeir agus muirí breise imscartha ag ECAT chuig a chliathán thoir; de bhrí go bhfuil ECAT ag cuidiú le hiarrataí ar chúnamh a chomhordú thar ceann na hÚcráine; de bhrí gur ionsaí spriocdhírithe ar bhonneagar criticiúil AE a bhí sa phléascadh a rinne damáiste do phíblínte gáis Nord Stream; de bhrí go bhfuil lámh anois ag an mBealarúis i gcogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

D. de bhrí gur chinn an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 12 Nollaig 2022 méadú EUR 2 bhilliún a dhéanamh ar an uasteorainn fhoriomlán airgeadais in 2023, agus go bhféadfaí an uasteorainn sin a mhéadú arís amach anseo;

E. de bhrí gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú i mí na Nollag 2022 maidir le pacáiste tacaíochta EUR 18 mbilliún a bheidh le haistriú chuig an Úcráin mar thacaíocht i rith 2023;

F. de bhrí, de réir an Chompáis Straitéisigh, "go gcuirfidh AE níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta go dearfach leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach agus go bhfuil sé comhlántach le ECAT, arb é is bonn i gcónaí don chosaint chomhchoiteann dá chomhaltaí. Tá an péire fite fuaite lena chéile."

G. de bhrí go bhforáiltear le cur chuige comhtháite AE maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha d'úsáid chomhleanúnach acmhainneachtaí éagsúla AE, inar cheart dá bheartas slándála agus cosanta uirlisí sibhialta eile a chomhlánú agus a mhalairt, chun rannchuidiú le slándáil an duine agus leis an tsíocháin inbhuanaithe san Eoraip agus sa domhan mór;

H. de bhrí gur mhéadaigh Daon-Phoblacht na Síne a caiteachas cosanta faoi thart ar 600 % le 10 mbliana anuas agus go bhfuil sí ag baint úsáid as a cumhacht mhíleata chun imeaglú agus bagairt a dhéanamh ar a comharsana, go háirithe an Téaváin, mar a léiríodh le déanaí le an mbeartaíocht mhíleata tar éis chuairt Nancy Pelosi, Spéicéir Theach Ionadaithe na Stát Aontaithe, ar an Téaváin i mí Lúnasa 2022; de bhrí go dtarlaíonn gníomhartha dainséaracha míleata agus gríosú na Síne ar bhonn laethúil; de bhrí nach bhfuil seasamh soiléir á ghlacadh ag Daon-Phoblacht na Síne i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a sháraíonn croíphrionsabail an dlí idirnáisiúnta; de bhrí gur tháinig méadú suntasach ar chomhar míleata Rúiseach-Síneach in 2022, mar a léirítear in iliomad druileanna míleata comhpháirteacha;

I. de bhrí gur leag dhá chomhpháirtí thábhachtacha de chuid an Aontais, an tSeapáin agus an Choiré Theas, béim ag deireadh mhí na Nollag 2022 ar an ngá atá le comhar leis an Aontas Eorpach ina straitéisí slándála nuashonraithe; de bhrí, thairis sin, gur fhógair an tSeapáin go ndéanfaí caiteachas cosanta a dhúbailt chun 2 % den olltáirgeacht intíre (OTI) a bhaint amach; de bhrí go bhfuil an tSeapáin agus an Chóiré Theas araon ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán slándála triarach a eascraíonn as bagairtí ón Rúis, ón tSín agus ón gCóiré Thuaidh; de bhrí go ndearna an Chóiré Thuaidh níos mó ná 90 tástáil diúracán in 2022, an líon is airde riamh, agus go bhfuil ráflaí ag scaipeadh faoin 7ú tástáil núicléach, an chéad tástáil ó 2017 i leith, rud dhéanfadh níos measa go mór an tslándáil réigiúnach agus dhomhanda;

J. de bhrí go bhfuil gá ag Comharsanacht an Oirthir agus ag na Balcáin Thiar le coinbhleachtaí a réiteach go síochánta, le cobhsaíocht agus slándáil fheabhsaithe, agus le comhar frithpháirteach méadaithe; de bhrí go bhfuil tionchar diúltach ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar an tslándáil sna réigiúin sin;

K. de bhrí go bhfuil an réigiún Artach ag éirí níos tábhachtaí don gheopholaitíocht, don fhorbairt eacnamaíoch agus don iompar, agus go bhfuil sé ag tabhairt aghaidh, ag an am céanna, ar dhúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an míleatú agus leis an imirce; de bhrí gur cúis imní gníomhaíocht mhíleata mhéadaitheach agus méadú na Rúise san Artach;

L. de bhrí gur tháinig forbairt ar thionchar na Rúise san Afraic, go háirithe mar gheall ar lorg méadaitheach Ghrúpa Wagner ar an mór-roinn; de bhrí go bhfuil Wagner ag baint greim láidir amach i dtíortha amhail Mailí agus Poblacht na hAfraice Láir (PAL); de bhrí go dtuairiscítear go ndearna Grúpa Wagner ainghníomhartha san Úcráin, i Mailí, sa Libia, sa tSiria agus i bPoblacht na hAfraice Láir; i Mailí, treisítear é sin le seasamh neamh-chomhoibríoch na n-údarás i leith chomhpháirtithe an Iarthair (lena n-áirítear Misean Oiliúna an Aontais Eorpaigh (EUTM) i Mailí), eagraíochtaí réigiúnacha agus Mhisean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA);

M. de bhrí go bhfuil costas idir EUR 25 bhilliún agus EUR 100 billiún in aghaidh na bliana ar ilroinnt thionsclaíoch a dhéanamh ar fhorbairt agus soláthar acmhainneachtaí míleata Eorpacha feadh teorainneacha idir tíortha agus go bhfuil tionchar suntasach aige sin ar iomaíochas foriomlán na hearnála cosanta; de bhrí nach ndearna na Ballstáit, i gcomhar le chéile, ach thart ar 11 % dá dtrealamh iomlán a sholáthar in 2020, agus 8 % in 2021, in ainneoin cómhaoiniú trí chláir arna gcistiú ag buiséad AE amhail an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (PADR) agus an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP), agus in ainneoin gur gheall siad 35 % de sholáthar comhchosanta a bhaint amach; de bhrí, ó 1999 go 2021, gur tháinig méadú 20 % ar chaiteachas cosanta comhcheangailte AE i gcomparáid le 66 % sna Stáit Aontaithe, 292 % sa Rúis agus 592 % sa tSín; de bhrí gur tháinig na Ballstáit ar chomhaontú maidir le níos mó caiteachais cosanta agus caiteachas cosanta níos fearr, ar cheart é a dhíriú go príomha ar thionscnaimh chomhoibritheacha agus a ailíniú le gealltanais chomhaltaí ECAT AE maidir le caiteachas cosanta; de bhrí gur gá do AE borradh breise a chur faoin taighde, faoin bhforbairt theicneolaíoch agus faoin nuálaíocht i réimse na slándála agus na cosanta; de bhrí gur ann d'uaillmhian AE a bheith ina ghníomhaí slándála cumasach le 20 bliain, cé go bhfuil na torthaí maidir le hacmhainneachtaí, idir-inoibritheacht agus comhar costéifeachtach fós sách teoranta in ainneoin gur bunaíodh struchtúir agus próisis éagsúla, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, an Plean Forbraíochta um Chumas, Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO), an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC) agus an tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD); de bhrí gur seoladh 61 thionscadal PESCO san iomlán ó 2017 i leith gan torthaí nithiúla a bheith bainte amach ag aon cheann acu; de bhrí gur mhol an Coimisiún agus SEGS go mbunófaí an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA), ar ionstraim ghearrthéarmach de chuid AE é atá dírithe ar sholáthar comhpháirteach a dhreasú chun freastal ar na riachtanais is criticiúla atá againn; de bhrí go mbeidh EUR 500 milliún ó bhuiséad AE mar thaca leis de bhreis ar infheistíochtaí na mBallstát féin; de bhrí in 2023, tar éis bailchríoch a chur ar EDIRPA, go bhfuiltear ag súil go

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

ndéanfaidh an Coimisiún rialachán a chur ar aghaidh lena mbunaítear Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint (EDIP) lena leagtar síos coinníollacha maidir le soláthar comhpháirteach ag na Ballstáit agus tairbhe á baint ag an am céanna as díolúine ó CBL agus as tacaíocht airgeadais AE; de bhrí go bhfuil an chosaint fós ar cheann de phríomhinniúlachtaí na mBallstát;

N. de bhrí go bhfuil 12 mhisean shibhialtacha agus ocht n-oibríocht mhíleata ar siúl ag CBSC le thart ar 5 000 pearsanra atá imscartha ar thrí mhór-roinn; de bhrí nach bhfuil ach trí cinn díobh sin ina n-oibríochtaí a bhfuil sainordú feidhmiúcháin acu (Atalanta, Oibríocht Irini Fhórsa Cabhlaigh an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EU NAVFOR MED IRINI), EUFOR Althea); de bhrí go bhfuil misin agus oibríochtaí CBSC thíos le cinnteoireacht mhall agus micreabhainistíocht iomarcach ón gComhairle, rud is measa fós mar gheall ar chomhordú neamhleor idir gníomhaíochtaí oiliúna agus soláthar trealaimh mhíleata do chomhpháirtithe; de bhrí go bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar an líon iomlán pearsanra atá imscartha ag na Ballstáit le blianta beaga anuas, agus go bhfuil misin agus oibríochtaí ag fulaingt go leanúnach i ngeall nach bhfuil na Ballstáit ag comhlíonadh a ngealltanas i leith pearsanra leordhóthanach míleata nó sibhialta a sholáthar; de bhrí go gcuireann teipeanna oibríochtúla den sórt sin bac ar éifeachtacht fhoriomlán mhisin agus oibríochtaí CBSC; de bhrí go neartaíonn misin agus oibríochtaí CBSC athléimneacht agus cobhsaíocht chomharsanacht na hEorpa go mór; de bhrí gurb é comhshocrú sibhialtach CBSC an phríomhionstraim chun CBSC sibhialtach a neartú; de bhrí gur minic a thagann bagairtí hibrideacha salach ar mhisin agus oibríochtaí CBSC AE, lena n-áirítear bréagaisnéis, rud a chuireann a n-éifeachtacht i mbaol a mhéid a bhaineann leis an tír ina n-úsáidtear iad a chobhsú agus, ina ionad sin, a threisíonn an éagobhsaíocht atá ann cheana, arb iad tríú stáit mhailíseacha amháin a bhaineann tairbhe aisti; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag EUFOR Althea cur i bhfeidhm chomhaontuithe Dayton a caibidlíodh in 1995 a ráthú agus go bhfuil ról ríthábhachtach aige fós do shlándáil agus do chobhsaíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus an réigiúin; de bhrí gur chuir Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe síneadh bliana eile le sainordú EUFOR Althea; de bhrí gur chun leasa na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus an réigiúin é leanúint de EUFOR Althea; de bhrí go bhfuil Misean Cúnaimh Teorann AE sa Libia agus EU NAVFOR MED IRINI ag rannchuidiú le síocháin, slándáil agus cobhsaíocht inbhuanaithe tríd an trádbhac arm arna fhorchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar an Libia a chur chun feidhme, agus trí airm aindleathacha agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac;

O. de bhrí go mbíonn tionchar díréireach ag coinbhleachtaí ar mhná agus ar chailíní agus, i measc nithe eile, go dtreisíonn siad an foréigean inscnebhunaithe mar a léiríodh freisin le cogadh foghach gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí gur cheart rannpháirtíocht na mban in oibríochtaí síochánaíochta agus míleata a spreagadh agus a threisiú; de bhrí gurb ionann mná agus 24 % de na rannpháirtithe i misin shibhialtacha CBSC agus nach bhfuil iontu ach 5 % i misin mhíleata agus 6 % in oibríochtaí míleata ([31]); de bhrí, i bhfianaise a thábhachtaí atá comhionannas inscne agus rannchuidiú na mban le próisis síochána, go bhfuil sé bunriachtanach gné na hinscne a áireamh i mbeartas slándála agus cosanta AE;

P. de bhrí gur ionstraimí bunriachtanacha iad comhpháirtíochtaí slándála agus cosanta, mar aon le comhar inbhuanaithe i réimse na slándála agus na cosanta, chun tacú le huaillmhian an Aontais a bheith ina ghníomhaí domhanda; de bhrí gur colún lárnach de CBSC é an comhar idir AE agus ECAT agus comhpháirtíochtaí eile amhail leis na Náisiúin Aontaithe, le ESCE, leis na Stáit Aontaithe, leis an Ríocht Aontaithe, le Ceanada, leis an Iorua, leis an Úcráin, leis an tSeoirsia, le tíortha na mBalcán Thiar, leis an tSeapáin, leis an Astráil, leis an Aontas Afracach agus le tíortha áirithe san Afraic;

Q. de bhrí go bhfuil gné uilíoch ag baint leis an oidhreacht chultúrtha mar fhianaise ar an stair atá doscartha ó fhéiniúlacht daoine, rud nach mór don phobal idirnáisiúnta a chosaint agus a chaomhnú do na glúine atá le teacht; de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag an éagsúlacht chultúrtha maidir le cosc coinbhleachtaí, athmhuintearas agus frith-antoisceachas a chur chun cinn;

R. de bhrí go bhfuil sonraí agus teicneolaíochtaí nua amhail IS ag éirí níos criticiúla chun iomaíochas míleata a choinneáil ar bun agus go n-úsáidtear iad chun cumais mhíleata nua nó fheabhsaithe a fhorbairt amhail cibear-armáin atá cumhachtaithe ag IS, ladrainn agus airm agus feithiclí uathrialaitheacha nó leathuathrialacha, agus uirlisí faisnéise agus feasachta staide, a bhfuil tionchar claochlaitheach acu uile ar oibríochtaí míleata agus ar straitéis mhíleata;

([31]) *Report on the Lean-up Baseline Study on Integrating Human Rights and Gender Equality in the European Union's Security and Defence Policy* [Tuarascáil ar an Staidéar Leantach Bonnlíne maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas Inscne a Chomhtháthú i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh].

S. de bhrí go neartaítear fondúireachtaí daonlathacha an Aontais le ról gníomhach Pharlaimint na hEorpa i dtaca le beartais CBSC a chumadh; de bhrí gur féidir le Parlaimint na hEorpa rialú agus maoirseacht pholaitiúil a fheidhmiú go dlisteanach ar an bhfeidhmeannas ar leibhéal an Aontais; de bhrí go bhfuil easpa cumhachtaí foirmiúla grinnscrúdaithe ann maidir le EPF agus EDF; de bhrí gur modh cruthaithe agus comhlántach é taidhleoireacht Pharlaimint na hEorpa chun cumarsáid straitéiseach agus infheictheacht agus éifeachtacht mhisin agus oibríochtaí CBSC a fheabhsú;

***Móiminteam a úsáid chun CBSC a fheabhsú***

1. á thabhairt chun suntais go bhfuil meath suntasach tagtha ar shlándáil na hEorpa mar thoradh ar fogha míleata gan údar, gan chúis agus neamhdhleathach a thug an Rúis faoin Úcráin; á chur i bhfáth go n-éilíonn an staid sin go gcuirfidh an tAontas dlús lena uathriail straitéiseach agus iarrachtaí comhpháirteacha chun na cumais chosanta a bhfuil gá leo a bhaint amach agus go léireoidh sé níos mó toilteanais chun leanúint de bheith ag gníomhú ar bhealach aontaithe chun an tslándáil a bhfuil saoránaigh an Aontais ag dréim leis a sholáthar;

2. á chur i bhfios go láidir freagairt aontaithe gan fasach an Aontais ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear trealamh míleata a sholáthar trí EPF; á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta i gcónaí do thacú le cosaint na hÚcráine ar a hiomláine chríochach, ar a ceannasacht agus ar luachanna na hEorpa; á iarraidh ar AE a iarrachtaí a mhéadú agus dlús a chur leo agus an chabhair agus an trealamh airgeadais, daonnúil agus míleata is gá a chur ar fáil don Úcráin, lena n-áirítear trealamh marfach agus go háirithe armra trom, lena n-áirítear tancanna Leopard agus córais aerchosanta, a bhfuil gá leis chun an cogadh sin a bhuachan; á chur in iúl gur geal léi go mór an cinneadh ón gComhairle misean cúnaimh mhíleata a chur ar bun, tar éis iarraidh ón bParlaimint roimhe seo, chun tacú leis an Úcráin (EUMAM Ukraine), a bheidh dírithe ar chumas míleata fhórsaí armtha na hÚcráine a fheabhsú chun oibríochtaí míleata a stiúradh go héifeachtach, chun go mbeidh an Úcráin in ann a hiomláine chríochach a chosaint laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, a ceannasacht a fheidhmiú go héifeachtach agus sibhialtaigh a chosaint; á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur lena gcúnamh míleata don Úcráin, go háirithe soláthar arm mar fhreagairt ar riachtanais atá sainaitheanta go soiléir; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar Sheansailéir na Gearmáine Scholz cuibhreannas Eorpach de thíortha ábhartha na hEorpa a thionscnamh chun dhá phríomhthanc chatha Leopard a sheachadadh chuig an Úcráin gan a thuilleadh moille; á iarraidh ar AE agus ar a Ballstáit cabhrú leis an Úcráin feabhas a chur ar a cumas a fórsaí a athghiniúint agus oibríochtaí a dhéanamh go héifeachtach chun cabhrú leis an tír a hiomláine chríochach a athbhunú agus a ceannasacht a fheidhmiú go héifeachtach, sibhialtaigh a chosaint agus freagairt d'ionsaithe míleata na Rúise; á iarraidh go bhforchuirfí smachtbhannaí breise i gcoinne daoine aonair, eintitis agus comhlachtaí atá freagrach as na coireanna éagsúla a dhéantar i gcoinne na hÚcráine;

3. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le dlúthpháirtíocht i measc na mBallstát, go háirithe leo siúd a bhfágann a suíomh geografach go bhfuil siad neamhchosanta go díreach ar gharbhagairtí agus ar ghardhúshláin éagsúla ar tír, ar muir nó san aer; ag tacú go hiomlán leis na hiarrachtaí chun Airteagal 42(7) CAE a oibríochtú ina leith sin;

4. ag cáineadh, sna téarmaí is láidre is féidir, ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar an gCrimé agus ar cheithre oblast na hÚcráine de Luhansk, Donetsk, Zaporizhzhia agus Kherson, agus ag cáineadh bagairtí na Rúise airm núicléacha a úsáid; á chur i bhfáth go bhfuil forfheidhmiú na mbeart sriantach i gcoinne na Rúise fós ar cheann de na príomhghnéithe i mbosca uirlisí AE chun cur i gcoinne fhogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á chur in iúl gur geal léi an naoú pacáiste de bhearta sriantacha ón gCoimisiún mar fhreagairt ar na reifrinn neamhdhleathacha a eagraíodh i réigiúin na hÚcráine, slógadh choinscríofaigh na Rúise agus bagairt Putin airm núicléacha a úsáid agus á chur in iúl gur geal léi na hullmhúcháin don naoú pacáiste; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tsaoirse ó phionós a lean ionradh na Rúise ar an tSeoirsia in 2008 ar cheann de na tosca as ar eascair cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

5. á iarraidh ar an Aontas Eorpach agus na Ballstáit go ndéanfaí an bhearna idir cúnamh míleata "geallta" agus cúnamh míleata "seachadta" chuig an Úcráin a laghdú go suntasach; á iarraidh orthu go ndéanfaidís na scrogaill pholaitiúla a shárú, ar scrogaill iad atá ag cur bac ar dhiúracáin fadraoin, tancanna agus feithiclí armúrtha a sheachadadh i gcainníochtaí leordhóthanacha chuig an Úcráin chun tacú le seoladh frithionsaithe uas-scálaithe; á iarraidh ar an Aontas agus a chomhpháirtithe, i gcomhair leis an Úcráin, go gcuirfí tús le pleanáil mheántéarmach agus fhadtéarmach chun an fhorbairt a d'fhéadfadh teacht ar láthair an chatha a mheasúnú agus chun an t-éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar armáin agus armlón, mar aon le treoir agus raon feidhme cúnamh a d'fhéadfadh a bheith ann, a thuar;

6. á chur in iúl gur geal léi go láidir go bhfuiltear ag leanúint de thacaíocht mhíleata thábhachtach chun acmhainneachtaí aerchosanta agus coisithe na hÚcráine a threisiú; á iarraidh ar bhaill AE agus ECAT a gcúnamh míleata a mhéadú, go háirithe tríd an armra trom is gá a sheachadadh;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

7. á chur in iúl gur baineadh stangadh mór aisti go ndearnadh ionsaí agus forghabháil ar roinnt stáisiún núicléach san Úcráin, agus go raibh siad ina láthair cogaíochta arís agus arís eile ó thosaigh an Rúis ar a cogadh foghach neamhdhleathach i gcoinne na hÚcráine; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil fórsaí na Rúise fós ag áitiú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Zaporizhzhia (ZNPP) arb é an gléasra cumhachta núicléiche is mó san Eoraip é, agus go bhfuil a fhoireann, a fuadaíodh cuid acu go sealadach, ag obair i gcónaí faoi bhró ó na fórsaí forghabhála; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin gur gearradh siar arís agus arís eile ar sholáthairtí cumhachta chuig an ngléasra cumhachta mar gheall ar an gcomhrac sa ghléasra agus timpeall air, rud a chuireann go mór leis an mbaol go dtarlódh tubaiste núicléach; á éileamh go dtarraingeofaí pearsanra míleata na Rúise siar láithreach ó laistigh de ZNPP agus timpeall air, agus go gcruthófaí crios dímhíleataithe timpeall an ghléasra, ag aithint go bhféadfadh mórthubaiste a mbeadh iarmhairtí doshamhlaithe aige a bheith mar thoradh ar throid timpeall an ghléasra; ag tathant ar AE cabhrú leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach agus le heagraíochtaí eile na bearta sábháilteachta núicléiche is gá a chur chun feidhme gan mhoill; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit toirmeasc iomlán ar ionsaithe míleata ar shuiteálacha núicléacha nó ó laistigh díobh a chur chun cinn, gan eisceacht, faoin dlí idirnáisiúnta;

8. á iarraidh ar an Aontas agus ar Bhallstáit go ndéanfaí réitigh a chur san áireamh maidir le saoráidí cothabhála, seirbhísí agus deisithe a neartú chun athsholáthar trealaimh mhíleata dheisithe ó na tíortha comhpháirtíochta a mhéadú;

9. á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh nua AE chun feabhas a chur ar shlándáil agus cosaint na hEorpa, chomh maith le cumais Bhallstáit AE, go háirithe Dearbhú Versailles, an Compás Straitéiseach agus an teachtaireacht chomhpháirteach maidir le bearnaí in infheistíocht sa chosaint; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán chun soláthar comhpháirteach a dhreasú (EDIRPA) agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá le hacmhainní buiséadacha a leithdháileadh, go háirithe trí na Ballstáit agus a mbuiséid chosanta mhéadaithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar róil agus freagrachtaí GEC i dtionscadail chomhpháirteacha soláthair amach anseo; á iarraidh go mbeadh uaillmhian mhéadaithe ann maidir le caiteachas infheistíochta cosanta agus soláthar comhpháirteach ag na Ballstáit; á chur in iúl gur geal léi an cur i láthair a d'fhógair an Coimisiún ar an Rialachán maidir leis an gClár Eorpach Infheistíochta um Chosaint (EDIP) tar éis bailchríoch a chur ar EDIRPA in 2023, ar cheart a bhuiséad a mhéadú go suntasach freisin; á thabhairt chun suntais gur céim mhór iad sin i dtreo Aontas Eorpach um Chosaint a bhaint amach; á iarraidh go méadófar deiseanna cistiúcháin do thionscal cosanta na hEorpa ar choinníoll go ndéanfar iad a infheistiú i dtionscadail chomhoibríocha agus go nginfear breisluach leo; á chur in iúl gur geal léi Tionscnamh Straitéiseach um Shlándáil na hEorpa (SESI) an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a fógraíodh an 10 Márta 2022 arb é is aidhm dó EUR 6 bhilliún d'infheistíocht a shlógadh chun tacú le córais slándála agus cosanta dé-úsáide na hEorpa agus á mholadh dó féachaint ar na roghanna cistiúcháin uile a d'fhéadfadh a bheith ann do thionscadail chomhoibríocha thionscal cosanta na hEorpa, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar a rialacha; á iarraidh go ndéanfar buiséad leormhaith a leithdháileadh ar na hionstraimí Eorpacha cosanta uile, go háirithe an Ciste Eorpach Cosanta, an tSoghluaisteacht Mhíleata, EDIRPA agus EDIP a bheidh ann amach anseo agus, dá bhrí sin, á iarraidh go mbeadh buiséad leormhaith ann do na hionstraimí Eorpacha cosanta uile; á chur i bhfios go láidir sprioc 2 % ECAT, a athdheimhníodh ag Cruinniú Mullaigh ECAT i mí Mheán Fómhair 2014 sa Bhreatain Bheag, agus á chur in iúl gur geal léi gur bhog formhór Bhallstáit ECAT AE i dtreo an chuspóra sin le déanaí, ar cheart caitheamh léi mar sprioc íosta, ach d'ainneoin na mbagairtí slándála is mó a tharla le blianta fada anuas, nach bhfuil sé sin gnóthaithe go dtí seo ach ag roinnt stát i gcás na hEorpa — go príomha ag na stáit sin ar thaobh an Oirthir; á chur i bhfios go láidir, áfach, i bhfianaise leibhéal na ndúshlán atá ann faoi láthair, go mbeidh gá le tuilleadh infheistíochtaí in earnáil na cosanta;

10. á chur in iúl gur geal léi an uaillmhian nua sa Chompás Straitéiseach chun fís, comhchultúr straitéiseach cosanta agus na huirlisí a chur ar fáil don Aontas chun bheith ina sholáthraí éifeachtach slándála chomh maith le slándáil agus cosaint AE a fheabhsú trí athléimneacht AE a mhéadú agus trína dhéanamh níos cumasaí agus níos freagrúla, ionas gur féidir leis gníomhú go tapa chun ár leasanna, ár bprionsabail agus ár luachanna a chosaint agus chun AE agus a shaoránaigh a chosaint; á chur in iúl gur geal léi an tiomantas láidir sa Chompás Straitéiseach do shlándáil an duine a chur chun cinn agus a fheabhsú ar fud CBSC; á mheabhrú nach mór don Chompás Straitéiseach a bheith ina phróiseas dinimiciúil, nach mór a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus a oiriúnú ar bhonn na hanailíse ar bhagairtí coiteanna; á mheas gur spreagadh mór é an Compás Straitéiseach a d'fhéadfadh an móiminteam is gá a ghiniúint i dtreo fíor-Aontas Eorpach um Chosaint a bhaint amach, a chuirfeadh le cur chuige comhtháite AE, agus a chuirfeadh ar chumas AE gníomhú mar ghníomhaí slándála cumasach agus mar chomhpháirtí iontaofa; á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go tráthúil agus go hoibríochtúil na thart ar 80 gníomhaíocht nithiúil agus go ndéanfaí iad a thabhairt cothrom le dáta go rialta mar aon leis an Anailísiú ar Bhagairtí de chuid an Aontais; á chur i bhfáth go neartóidh an anailís choiteann sin ar bhagairtí cultúr straitéiseach AE chomh maith le treoir a chur ar fáil maidir le tosaíocht a thabhairt do chuspóirí beartais agus maidir leis na coigeartuithe is gá a dhéanamh i réimse na slándála agus na cosanta; á chur in iúl gur geal léi an bhéim ar leith ar chomhpháirtithe Oirthear na hEorpa sa Chompás Straitéiseach agus á iarraidh ar AE an comhar slándála leis an Úcráin, leis an tSeoirsia agus le Poblacht na Moldóive a neartú, go háirithe i réimsí amhail an chibearshlándáil agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha agus bréagaisnéise; á thabhairt dá haire go mbaineann an fhreagairt ar na saincheisteanna slándála seachtraí nua atá os comhair an Aontais agus a Bhallstát, thar aon ní eile, le cumais a dheimhniú agus a chur chun feidhme ar an láthair lena bhféadfar feabhas a chur ar an meastóireacht ar ghéarchéimeanna, cinntí a dhéanamh níos gasta agus

gníomhú ar bhealach níos cinntithí; á iarraidh go mbeidh toil pholaitiúil mharthanach ag na Ballstáit agus ag institiúidí uile an Aontais sa phróiseas sin chun a áirithiú go mbeidh an tAontas sásta aghaidh a thabhairt ar an raon leathan bagairtí míleata agus neamh-mhíleata; á athdhearbhú an iarraidh ar chomhar níos doimhne le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Afracach, agus a mhisin síochánaíochta i láithreacha comhpháirteacha, agus ESCE maidir leis an tslándáil, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin; á iarraidh ar SEGS tuairisciú go rialta agus go cuimsitheach don Fhochoiste um Shlándáil agus Cosaint maidir le cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta i gceapadh CBSC;

11. á chur in iúl gur geal léi go mór an pacáiste tacaíochta EUR 18 mbilliún a chomhaontaigh AE i mí na Nollag 2022 agus á mheas gur cruthúnas é ar thacaíocht bhuanseasmhach AE agus a Bhallstát don Úcráin agus gur teist chumhachtach é go leanfar leis an tacaíocht sin fad is a bheidh gá léi;

12. á chur in iúl gur geal léi an úsáid shuntasach a bhaintear as EPF le linn 2022 chun tacú le comhpháirtithe coinbhleacht a chosc, an tsíocháin a chaomhnú, agus an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta a neartú; á iarraidh ar na Ballstáit buiséad EPF a mhéadú chun cur ar chumas AE athléimneacht agus cumais chosanta na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia a neartú; á mheabhrú go bhfuil gá le cúnamh míleata agus seachadtaí arm ó EPF chun ceanglais oibríochtúla mhéadaitheacha fhórsaí armtha na hÚcráine a chomhlíonadh agus Comhsheasamh AE maidir le honnmhairiú arm, an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil á chomhlíonadh go hiomlán, chomh maith le trédhearcacht agus cuntasacht leormhaith a sholáthar;

13. á iarraidh ar AE tacú le prionsabail Chomhshocrú Slándála Chív mar réiteach láithreach eatramhach ar shlándáil na hÚcráine;

14. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ón gComhairle i mí na Nollag 2022 buiséad EPF a mhéadú agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go pras é ach á chur i bhfáth gur dócha nach mbeidh an méadú sin leordhóthanach agus, dá bhrí sin, á athdhearbhú gur gá uasteorainn EPF a ardú tuilleadh agus imchlúdach EPF ar leith a chruthú don Úcráin lena ráthaítear tacaíocht leormhaith don tír; á chur i bhfios go láidir gur gá leanúnachas a áirithiú leis an tacaíocht a thugtar do chomhpháirtithe na hAfraice, i bhfianaise líon na ngéarchéimeanna atá os comhair na mór-roinne agus gan faillí a dhéanamh ar réigiúin tosaíochta eile, lena n-áirítear ár ngarchomharsanacht; á iarraidh go ndéanfaí méadú suntasach ar thacaíocht mhíleata i ngach gné di, lena n-áirítear oiliúint agus comhroinnt faisnéise le tíortha eile atá thar a bheith leochaileach amhail Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus tíortha na mBalcán Thiar; á iarraidh go rannchuideodh tacaíocht uile EPF do sholáthar trealaimh freisin le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta (EDTIB) de chuid AE a neartú agus, i gcás inarb ábhartha do cheannasacht Eorpach, go ndéanfaí é i gcomhar le comhpháirtithe uile AE, lena n-áirítear ECAT, chun éifeachtúlacht a mhéadú agus dúbailt neamhriachtanach a sheachaint; á athdhearbhú go bhfeidhmíonn EPF freisin mar rogha chistiúcháin do chostais choiteanna na n-oibríochtaí míleata laistigh de CBSC; ag aontú leis an gCompás Straitéiseach gur féidir raon feidhme na gcostas coiteann a leathnú chun úsáid níos mó a bhaint as EPF agus giniúint fórsaí a dhreasú do mhisin agus d'oibríochtaí míleata CBSC; á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht éifeachtach ar chur chun feidhme bhearta cúnaimh EPF agus ar a dtionchar ar dhinimicí coinbhleachta sna tíortha comhpháirtíochta;

15. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá PESCO maidir le cumais chosanta an Aontais a fheabhsú; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil na Ballstáit fós ag baint leas iomlán as creat PESCO agus go bhfuil dul chun cinn maidir le cur chun feidhme i bhfad níos lú ná na hionchais; á iarraidh ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (VP/HR) agus ar na Ballstáit athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar thorthaí thionscadail PESCO agus ar a n-ionchais, lenar cheart go n-áireofaí freisin an fhéidearthacht tionscadail nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach acu a chumasc, a athghrúpáil agus a dhúnadh fiú agus iarrachtaí a atreorú i dtreo líon beag tionscadal tosaíochta a bhfuil sé beartaithe gníomhaíochtaí nithiúla a bheith mar thoradh orthu mar a luaitear sa Chompás Straitéiseach; á chur in iúl gur oth léi go mór nach bhfuil an Pharlaimint in ann grinnscrúdú cuí a dhéanamh ar thionscadail PESCO;

16. á chur in iúl gur geal léi a thábhachtaí atá feasacht staide agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach atá fréamhaithe in acmhainneachtaí faisnéisbhunaithe laistigh den Chompás Straitéiseach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá faisnéis chruinn agus thráthúil le haghaidh cinnteoireacht agus bainistiú géarchéime éifeachtach AE chomh maith leis an ngá atá le feabhas suntasach a chur ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhar i measc na mBallstát, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais, agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo; á iarraidh go gcruthófaí aonaid faisnéise, i gcás inar gá, i misin agus oibríochtaí CBSC, a chuirfeadh faisnéis ar fáil do Lárionad Faisnéise agus Anailíse AE (EU IntCen), EUMS, MPCC agus CPCC; á iarraidh ar mhisin agus oibríochtaí uile CBSC feabhas a chur ar a gcomhar agus ar a gcomhroinnt faisnéise le EU IntCen,

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

EUMS, MPCC agus CPCC; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cumarsáid shlán le haghaidh faisnéis iontaofa; á iarraidh go mbeadh sreabhadh leanúnach faisnéise ann ó na Ballstáit chuig AE maidir le saincheisteanna eachtracha agus slándála a tharlaíonn lasmuigh den Aontas; á iarraidh go neartófaí EU IntCen agus Lárionad Freagartha Géarchéime SEGS trí fheabhas a chur ar a acmhainní agus ar a chumais agus é mar aidhm ag na Ballstáit faisnéis a roinnt go sábháilte, cultúr straitéiseach comhchoiteann a cheapadh agus faisnéis straitéiseach a chur ar fáil chun géarchéimeanna laistigh den Aontas agus lasmuigh de a réamh-mheas agus freagairt dóibh ar bhealach níos fearr; ag tabhairt dá haire á chur i bhfios go láidir an obair thábhachtach atá á déanamh ag Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (EU SatCen) agus á chur i bhfios go láidir nach mór do AE acmhainní leordhóthanacha a bheith aige i réimsí na n-íomhánna spáis agus an bailithe faisnéise, go háirithe chun íomháú satailíte ardtaifigh a chur ar fáil chun tacú le misin agus oibríochtaí CBSC;

17. á chur i bhfáth gur gá an fócas ar fud na sochaí ar athléimneacht agus ar an bhfreagairt ar bhagairtí hibrideacha a neartú go suntasach; á iarraidh go ndéanfaí na hionstraimí de chuid an Aontais atá ann cheana a chur i bhfeidhm ionas gur féidir leo rannchuidiú ar bhealach níos éifeachtaí le bagairtí hibrideacha a chosc agus a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi an teachtaireacht chomhpháirteach ar chreat beartais cibearchosanta AE agus an cinneadh chun bosca uirlisí hibrideach AE a fhorbairt chun freagairt chomhordaithe a thabhairt ar bhagairtí hibrideacha; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit feabhas a chur ar a gcumas bagairtí hibrideacha a shainaithint; á chur i bhfáth gur gá beartas agus cumais chibearchosanta AE a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear foirne mearfhreagartha cibirtheagmhas a bhunú; ag cur béim ar an ngá atá leis an mbréagaisnéis agus an bholscaireacht dhíobhálach a chomhrac; á chur i bhfios go láidir gur gá aird ar leith a thabhairt ar shócmhainní, áitribh agus gníomhaíochtaí SEGS thar lear agus ar shábháilteacht fhoireann AE arna dtarmligean chuig tíortha neamhdhaonlathacha a bhfuil réimis dhiansmachtúla acu; á athdhearbhú go bhfuil géarghá lena gcumas cumarsáide straitéisí a fhorbairt, lena n-áirítear córais chumarsáide shlána agus acmhainneacht mhearfhreagartha; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cúnamh a thabhairt, i ndlúthchomhar le ECAT, do thíortha comhpháirtíochta sna Balcáin Thiar agus i gComhpháirtíocht an Oirthir, chun cibirionsaithe agus cogaíocht hibrideach a chomhrac go héifeachtach; á chur i bhfáth, chun na bagairtí atá ag dul i méid agus an méadú atá ag teacht ar insintí frith-Eorpacha ag tríú tíortha a chomhrac, nach mór don Aontas dlús a chur lena iarrachtaí tacaíocht, oiliúint agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil le tíortha comhpháirtíochta atá ar aon intinn leo;

18. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht bhreise d'oiliúint agus d'fhothú acmhainneachta i mbainistiú teorainneacha agus géarchéime do thíortha atá thíos le sreabha imirce suntasacha, lena n-áirítear na tíortha sin a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar insreabhadh shaoránaigh na Rúise atá ag teitheadh ó Chónaidhm na Rúise ó tharla an slógadh, agus a gcearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán, go háirithe do na Ballstáit agus do thíortha a bhfuil misin nó oibríochtaí CBSC atá ann cheana ar a gcríoch; á chur i bhfáth go mbraitheann athléimneacht sa ré dhigiteach freisin ar spleáchais a laghdú d'ábhair chriticiúla amhail miotail tearc-chré, comhpháirteanna criticiúla amhail sliseanna, agus teicneolaíochtaí criticiúla amhail ladrainn agus trealamh míleata uathrialach; á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as ladrainn leathuathrialaitheacha agus uathrialaitheacha in oibríochtaí míleata agus i gcothabháil agus slándáil suiteálacha bonneagair criticiúla; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di a soláthar agus a n-úsáid mhailíseach;

19. á chur i bhfáth go bhfuil an spleáchas ar réimis ollsmachtacha agus fhorlámhacha in earnálacha criticiúla, lena n-áirítear earnáil an fhuinnimh, ina riosca tromchúiseach slándála do AE; á iarraidh ar AE tosaíocht a thabhairt don spleáchas sin a laghdú agus oibriú lenár gcomhghuaillithe daonlathacha chun slabhraí soláthair slána agus athléimneacha a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le measúnú cuimsitheach agus gníomhaíochtaí cuimsitheacha chun píblínte ola agus gáis eischósta, cáblaí agus sócmhainní bonneagair straitéiseacha eile a dhaingniú; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh i margadh fuinnimh AE chun soláthar cobhsaí fuinnimh a áirithiú;

20. á thabhairt chun suntais gur gá bonneagar agus slabhraí soláthair ríthábhachtacha Eorpacha a dhaingniú agus a chosaint, amhail iad siúd sna hearnálacha fuinnimh, leictreachais, cumarsáide, iompair nó tionsclaíocha ar shabaitéireacht agus ar thrasnaíocht eachtrach agus córais faireacháin agus faireachais éifeachtacha a chur i bhfeidhm; ag cáineadh na sabaitéireachta amhrasta ar phíblínte Nord Stream i Muir Bhailt agus á iarraidh go ndéanfar imscrúdú críochnúil agus freagairt chomhréireach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go n-áireofaí mar thosaíocht cosaint an bhonneagair faoin bhfarraige, amhail píblínte agus cáblaí snáthoptaice;

21. á chur in iúl gur geal léi an Treochlár um Athrú Aeráide agus Cosaint, lena n-aithnítear gur "iolraitheoir bagairtí é an t-athrú aeráide a dhéanann difear bunúsach dár slándáil fhadtéarmach" agus lena leagtar amach gníomhaíochtaí nithiúla chun aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an aeráid agus an tslándáil atá ag éirí níos tábhachtaí; á mholadh go ndéanfaí impleachtaí don athrú aeráide a mheas le linn phleanáil agus chur chun feidhme mhisin agus oibríochtaí CBSC; á chur i bhfios go láidir gur gá infheistíochtaí sa chosaint "glas" a mhéadú, go háirithe trí sciar níos airde den nuálaíocht mhíleata agus dhé-theicneolaíochta a thiomnú do bhreoslaí atá neodrach ó thaobh carbóin de agus do chórais tiomána d'aerárthaí míleata, do longa agus d'fheithiclí eile; á chur i bhfios go láidir gur cheart do ghníomhaíocht sheachtrach AE agus d'fhórsaí armtha na mBallstát oibriú chun a lorg carbóin féin a laghdú chun a dtionchar ar an athrú aeráide agus ar an gcomhshaol a mhaolú; ag athdhearbhú a hiarrata ar AE cur chuige a ghlacadh lena n-ionchorpraítear an lorg fuinnimh, carbóin agus comhshaoil trí dhearadh agus cistí ábhartha AE á gcur chun feidhme;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

22. ag tabhairt dá haire na dúshláin slándála atá ag teacht chun cinn san Artach mar gheall ar an timpeallacht athraitheach, an míleatú atá ag dul i méid agus an leas geopholaitiúil sa réigiún atá ag dul i méid; á chur i bhfios go láidir gur gá beartas Artach an Aontais a áireamh in CBSC; á chur i bhfáth nach mór do AE dul i mbun comhar éifeachtach le ECAT, lena n-áirítear comhar maidir le feasacht staide; á chur i bhfáth nach mór don Artach leanúint de bheith ina limistéar comhair shíochánta, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar na réaltachtaí slándála nua a d'eascair as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus ag tabhairt rabhadh i gcoinne míleatú méadaithe sa réigiún; ag spreagadh Bhallstáit AE PESCO a úsáid mar ardán chun oiliúint agus cleachtaí feabhsaithe cuardaigh agus tarrthála a chur chun cinn san Artach, chomh maith le bainistiú géarchéime níos fearr ar thubaistí comhshaoil, amhail doirteadh ola;

23. á chur i bhfios go láidir gur gá ról AE mar sholáthraí slándála muirí domhanda a neartú tuilleadh; á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ar Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh agus á chur i bhfáth gur gá an straitéis athbhreithnithe a ailíniú leis an gCompás Straitéiseach agus deiseanna agus dúshláin nua a léiriú; á chreidiúint gur cheart athbhreithnithe comhchosúla a dhéanamh ar bheartais eile de chuid an Aontais Eorpaigh, agus dá bhrí sin á chur in iúl gur geal léi an chumarsáid atá le teacht maidir leis an spás agus CBSC, a bhfuiltear ag súil léi go luath in 2023; á chur i bhfáth, i bhfianaise an teannais gheopholaitiúil atá ag dul i méid ar muir, nach mór do AE saoirse loingseoireachta a choimirciú agus a áirithiú go ndéanfar faireachán éifeachtach ar a theorainneacha seachtracha muirí chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chosc; á iarraidh ar na Ballstáit a gcumais cabhlaigh míleata a chomhdhlúthú d'fhonn láithreacht agus infheictheacht AE san earnáil mhuirí a fheabhsú;

24. ag aithint a thábhachtaí atá láithreachtaí muirí comhordaithe (CMP) mar uirlis ríthábhachtach chun rannpháirtíochtaí slándála muirí an Aontais a neartú ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir an méid a chuireann CMP píolótach i Murascaill na Guine le teagmhais slándála muirí a laghdú agus á chur in iúl gur geal léi síneadh a chur leis go dtí 2024; á chur in iúl gur geal léi leathnú CMP go dtí Iarthuaisceart an Aigéin Indiaigh; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá dlúthchomhar agus gníomhaíocht chomhlántach le hoibríochtaí CBSC eile sa réigiún, lena n-áirítear oibríocht EU NAVFOR Atalanta, i measc oibríochtaí eile; ag tacú le hobair luachmhar mhisin CBSC EUBAM na Libia agus EU NAVFOR MED IRINI, atá ag rannchuidiú le síocháin, slándáil agus cobhsaíocht inbhuanaithe; ag tacú fós le príomhchúram IRINI, go háirithe, an trádbhac arm ar an Libia arna fhorchur ag na Náisiúin Aontaithe a chur chun feidhme;

25. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le hinfheistíocht a mhéadú go suntasach i rialú arm réigiúnach agus domhanda, i neamhleathadh agus i ndí-armáil, go háirithe i gcuir chuige iltaobhacha; á chur i bhfáth go bhfuil gá le trédhearcacht agus cóineasú níos fearr ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach maidir le honnmhairiú arm, go háirithe in oirchill tréimhse caiteachais mhéadaithe ar chosaint; á chur i bhfios gur gá do na Ballstáit Comhsheasamh AE maidir le hOnnmhairiú Arm a urramú agus a n-inniúlachtaí a aithint ina mbeartais éadála cosanta; á iarraidh ar na Ballstáit Comhsheasamh 2008/944/CBES an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata [32] arna leasú le Cinneadh (CBES)2019/1560 ón gComhairle [33] a chomhlíonadh go hiomlán, agus critéar 4 maidir le cobhsaíocht réigiúnach a chur chun feidhme go docht agus ceadúnú onnmhairithe arm a stopadh má tá baol soiléir ann go bhféadfadh an faighteoir beartaithe na hairm a úsáid go hionsaitheach i gcoinne tíre eile, go ginearálta, agus i gcoinne na mBallstát, go háirithe; ag aithint inniúlachtaí na mBallstát ina mbeartais soláthair cosanta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé measúnú críochnúil a dhéanamh ar iarratais ar údarú chun teicneolaíocht agus trealamh míleata a onnmhairiú; á chur in iúl gur oth léi úsáid diúracán hipearsonach Rúiseach san Úcráin agus á chreidiúint gur cheart do AE iarracht a dhéanamh iomaíocht armála idirnáisiúnta diúracán hipearsonach a chosc;

26. á mheabhrú gur gá beartais maidir le honnmhairiú arm a shainiú mar chuid den bheartas slándála agus beartas éifeachtach onnmhairithe arm ar leibhéal AE a bhunú go práinneach lena ráthaítear go gcomhlíonfaidh na Ballstáit na hocht gcritéar atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le honnmhairiú arm, nach gcothaíonn a n-onnmhairí náisiúnta teannas réigiúnach ná nach mbaineann siad an bonn de shlándáil na mBallstát eile, na gcomhghuaillithe, na gcomhpháirtithe nó an Aontais Eorpaigh ina iomláine, agus tacaíocht iomlán á tabhairt do riachtanais dhlisteanacha slándála agus cosanta na gcomhghuaillithe agus na dtíortha comhpháirtíochta, go háirithe iad siúd a sáraítear a n-iomláine chríochach agus a fheidhmíonn a gceart chun féinchosanta mar a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe;

27. á athdhearbhú go dtacaíonn sí go hiomlán le tiomantas an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach (NPT); á áitiú gur gá a áirithiú go mbeidh ról láidir agus cuiditheach ag AE maidir le hiarrachtaí domhanda maidir le neamhleathadh atá bunaithe ar rialacha a fhorbairt agus a threisiú; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di nár thángthas ar aon toradh ag an Deichiú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach toisc nach bhfuil an Rúis toilteanach páirt a ghlacadh sa chomhdhearcadh;

(32) IO L 335, 13.12.2008, lch. 99.
(33) IO L 239, 17.9.2019, lch. 16.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

28. á thabhairt dá haire go bhféadfadh na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an athchóiriú ar an bpróiseas cinnteoireachta d'fhonn an acmhainneacht shuntasach neamhshaothraithe atá sna Conarthaí a fhíorú, go háirithe trí Airteagal 31 CAE a ghníomhachtú lena leathnófaí vótáil trí thromlach cáilithe (QMV) chuig réimsí a bhaineann le CBSC agus lena mbainfí lánúsáid as na "clásail passerelle" agus as raon feidhme na n-airteagal lena bhfeabhsaítear dlúthpháirtíocht agus cúnamh frithpháirteach an Aontais i gcás géarchéimeanna agus lena ndaingnítear ceannas an Aontais; ag moladh go mbreithneofaí athruithe ar na Conarthaí i gcás CBSC, a dhéanfaí a phlé agus a chinneadh laistigh de choinbhinsiún a leanfaidh as an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, a thabharfadh aghaidh ar (1) athrú ó aontoilíocht go vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh cinntí ón gComhairle a bhfuil impleachtaí míleata acu cé is moite den chlásal cosanta frithpháirtí in Airteagal 42 (7), maidir le hábhair chosanta i gcásanna nach bhfuil feidhm ag clásail passerelle, agus i gcás ina seoltar trealamh míleata nó misin CBSC nach mbaineann sainordú feidhmiúcháin leo, agus sa chás sin amháin, (2) forálacha a thabhairt isteach in Airteagal 42 agus Airteagal 46 CAE lena gcumasaítear soláthar comhpháirteach trealaimh cosanta agus caiteachas eile a bhaineann leis an tslándáil ó bhuiséad an Aontais mar aon le bunú aonad míleata ilnáisiúnta comhpháirteach agus buanstáisiúnaithe, lena n-áirítear struchtúir cheannais, agus (3) athbhreithniú ar Airteagal 346 CFAE chun teorainn a chur leis na deiseanna atá ann do EUMS imeacht ó fhorálacha na Treorach maidir le Soláthar chomh maith leis an gceanglas a thabhairt isteach maidir le bonn cirt a thabhairt d'éagsúlachtaí den sórt sin a dhéanfaidh an Coimisiún a mheasúnú agus a chur in iúl don Pharlaimint;

29. á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as acmhainneacht fhorálacha an Chonartha a bhaineann le CBSC agus aird thromchúiseach a thabhairt ar shocruithe cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 44 CAE maidir le cur chun feidhme chúram CBSC a chur ar ghrúpa Ballstát chun CBSC a dhéanamh níos solúbtha agus níos éifeachtúla sa réimse, agus gné láidir chomhchoiteann Eorpach á coinneáil ag an am céanna; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanúint cleachtaí a dhéanamh; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé leanúint d'Airteagal 42(7) CAE maidir le cúnamh frithpháirteach a chur i ngníomh sa ghearrthéarma agus soiléiriú a dhéanamh ar an gcomhleanúnachas idir an méid sin agus Airteagal 5 de Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, ós rud é nach comhaltaí de ECAT iad Ballstáit uile AE; á chur i bhfáth nár sainíodh riamh go soiléir na coinníollacha maidir le hAirteagal 42(7) a ghníomhachtú agus na socruithe chun an cúnamh is gá a sholáthar; á chur i bhfios go láidir go bhféadfaí le modhnú ar an gConradh ionsaithe sceimhlitheoireachta, ionsaithe hibrideacha, feachtais bhréagaisnéise agus comhéigean eacnamaíoch tríú tíortha a shainmhíniú mar chásanna ina ndéanfaí Airteagal 42(7) CAE a ghníomhachtú;

***Cumais a neartú trí chaiteachas méadaithe, comhpháirteach agus níos cliste***

30. á chur in iúl gur geal léi uaillmhian an Aontais i dtaobh a chumais mhíleata agus shibhialtacha a neartú; á chur i bhfáth gur gá leas iomlán agus níos fearr a bhaint as tionscnaimh agus as buiséid an Aontais, go háirithe na rialacháin atá beartaithe maidir le EDIRPA agus Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint EDIP, EDF, PESCO, CARD agus an tSoghluaisteacht Mhíleata chomh maith le comhshocrú sibhialtach CBSC, chun bearnaí criticiúla cumais a dhúnadh agus chun imscaradh tapa fórsaí armtha a áirithiú, stoic ídithe a athshlánú, ilroinnt in earnáil an tsoláthair cosanta a laghdú, idir-inoibritheacht iomlán ár bhfórsaí a bhaint amach, slabhraí soláthair EDTIB a threisiú trí fhiontair státchleamhnaithe a eisiamh ó stáit neamh-chomhpháirtíochta a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol d'athléimneacht EDTIB, do charachtar nuálach agus d'iomaíochas trí rialuithe onnmhairiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann nó trí ghadaíocht maoine intleachtúla trí spiaireacht; ag tathant go mbeadh an chomhsheasmhacht is mó is féidir ann idir na tionscnaimh sin chun forluí a chosc agus infheistíochtaí poiblí éifeachtúla a ráthú, go háirithe idir tionscadail PESCO agus CEF, ar gá na naisc ina leith a shoiléiriú; á chur in iúl gur geal léi an plean gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis agus á iarraidh go gcuirfí dlús lena chur chun feidhme; ag spreagadh aistrithe teicneolaíochta ón earnáil cosanta chuig an earnáil shibhialtach; á iarraidh ar na Ballstáit díriú, agus cumais mhíleata AE á neartú acu, ar riachtanais phearsanra mhíleata agus oiliúint speisialaithe chun déileáil le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn (e.g. an t-athrú aeráide); á chur i bhfios go láidir go neartódh aon dul chun cinn sa phríomhréimse sin an colún Eorpach laistigh de ECAT freisin; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur léirigh rannchuidiú luachmhar na bhfórsaí armtha le linn phaindéim COVID-19 a thábhachtaí atá úsáid shocmhainní agus acmhainneachtaí míleata na mBallstát chun tacú leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta;

31. á chur in iúl gur geal léi fógraí na mBallstát maidir le pleananna infheistíochta cosanta atá dírithe ar sholáthar míleata agus ar fheabhsú a gcuid fórsaí cosanta; ag cur leis an tsamhail CEF agus mar a léiríodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le bearnaí san infheistíocht i réimse na cosanta; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach na bearnaí infheistíochta cosanta sainaitheanta a líonadh, amhail stoc-chairn a athshlánú, go háirithe córais ón ré Shóivéadach a ionadú, córais chosanta aeir agus diúracán a threisiú, lena n-áirítear plé ar indéantacht córas cosanta frithdhiúracán ar fud na hEorpa agus á iarraidh go ndéanfaí idirchaidreamh leis an Tionscnamh Eorpach um Chosaint Aerspáis ó ECAT, go ndéanfaí "Eurodrone" a oibríochtú, go leathnófaí cumais tanc-catha agus cumais armúrtha feithiclí atá ann cheana, go neartófaí acmhainneacht tógála long agus fórsaí cabhlaigh na hEorpa, go dtreiseofaí comhar muirí chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha i gcoinne cáblaí agus píblínte amach ón gcósta atá ríthábhachtach do shlándáil fuinnimh agus

nascachta na hEorpa, go n-infheisteofaí i bhfeabhas a chur ar nascacht shlán atá bunaithe ar shatailítí, agus go ndéanfaí infheistiú níos mó i gcomhpháirtíochtaí tionscail lena dtugtar tús áite don chomhar le FBManna agus infheistíocht níos láidre sa taighde agus san fhorbairt (T &D) agus, ag an am céanna, rannchuidiú le héiceachóras cibearchosanta Eorpach níos láidre agus clár soghluaisteachta míleata an Aontais a leathnú;

32. á chur i bhfios go láidir gur gá na tionscnaimh forbartha cumais a chomhlánú le sásraí comhpháirteacha soláthair; á chur i bhfáth gur uirlis riachtanach é soláthar comhpháirteach táirgí cosanta a fhorbraítear agus a mhonaraítear san Eoraip le haghaidh caiteachas poiblí éifeachtúil agus, dá bhrí sin, ag tathant ar na Ballstáit EDIRPA a úsáid chun táirgí cosanta a sholáthar go comhpháirteach agus iomaíocht a sheachaint, coigilteas costais a éascú, EDTIB a neartú agus idir-inoibritheacht a chur chun cinn;

33. ag tathant ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcistiú do shásraí comhpháirteacha soláthair AE atá beartaithe, amhail EDIRPA agus EDIP, trí chistiú leormhaith a chur ar fáil agus gníomhaíocht ghasta agus chríochnúil a dhéanamh sa réimse ríthábhachtach sin agus idir-inoibritheacht le ECAT á háirithiú ag an am céanna; á mheas gur cheart go mbeadh na rialacha is infheidhme maidir le EDIRPA cosúil leis na rialacha a glacadh don Chiste Eorpach Cosanta; á mheabhrú gur cheart go rachadh an tacaíocht airgeadais dá bhforáiltear le EDIRPA agus le EDIP a bheidh ann amach anseo chun tairbhe do thionscal na hEorpa mar ábhar tosaíochta; á iarraidh ar na Ballstáit é a ghlacadh a luaithe is féidir tar éis an chaibidlíocht idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún a thabhairt chun críche; á iarraidh ar an gComhairle an tacaíocht airgeadais is gá a chur ar fáil di; á mheas gur cheart go mbeadh na rialacha is infheidhme maidir le EDIRPA cosúil leis na rialacha a glacadh don Chiste Eorpach Cosanta, ar léiríodh a bhfiúntas, go háirithe maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha; á iarraidh ar na Ballstáit oibriú chun cumais chosanta arna ndearadh agus arna dtáirgeadh laistigh de AE a sholáthar agus a fhorbairt; á mheas nach leor díolúine CBL leis féin chun go mbeidh EDIP a bheidh ann amach anseo cinntitheach ó thaobh tacú le EDTIB; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar shásraí dreasachta airgeadais éagsúla chun tacú le EDTIB; ag tathant ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit saoráid airgeadais sheachbhuiséid eile a bhunú lena gcomhthiomsófaí codanna de bhuiséid náisiúnta cosanta agus lena dtabharfaí aghaidh go práinneach ar shaolré iomlán na gcumas míleata ar leibhéal AE chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil ó thaighde agus forbairt chomhoibríoch agus soláthar comhpháirteach go cothabháil chomhpháirteach, oiliúint agus slándáil an tsoláthair;

34. á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le fíormhargadh Eorpach a bhunú do threalamh cosanta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le tacaíocht airgeadais mhéadaithe d'iarrachtaí taighde agus forbartha an Aontais agus do tháirgeadh i gcórais cosanta ardteicneolaíochta a bheadh róchostasach do Bhallstáit aonair murach sin chun a áirithiú go leanfaidh EDTIB de bheith iomaíoch, go mbeidh sé in ann freastal ar fhíor-riachtanais na bhfórsaí armtha, ar éilimh na bhfórsaí armtha agus ar na huaillmhianta méadaitheacha atá acu, go ndéanfaí iad a oiriúnú do bhagairtí atá ag teacht chun cinn, agus go laghdófar an spleáchas ar pháirtithe eachtracha; á chur i bhfios, sa bhreis ar fhorbairt cumais, gur cheart do CEF rannchuidiú freisin le comhdhlúthú EDTIB; á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht ar CEF roimh an athbhreithniú meántéarma ar CAI, d'fhonn a bhuiséad a neartú más gá; ag spreagadh tionscnaimh bhreise a bhunú chun rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide agus nuálaíocht sa tionscal cosanta agus míleata a mhéadú; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar theicneolaíochtaí nua amhail intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach trí naisc láidre idir an nuálaíocht mhíleata agus shibhialtach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an spleáchas ar theicneolaíochtaí criticiúla agus ar shlabhraí luacha a laghdú chun go mbeidh AE in ann bogadh i dtreo cumais oibríochtúla níos fearr;

35. á thabhairt chun suntais na héifeachtaí dearfacha a bhíonn ag infheistíochtaí sa tionscal cosanta i dtéarmaí eacnamaíocha agus teicneolaíocha; á iarraidh go mbeadh níos mó infheistíochtaí cosanta agus infheistíochtaí níos cliste ann chun comhar tionsclaíoch, coigilteas costais agus idir-inoibritheacht mhéadaithe a chothú; ag athdhearbhú gur bealach é gníomhú laistigh de chreat an Aontais chun ilroinnt a laghdú agus dúbláil a sheachaint; á iarraidh go ndéanfaí sineirgí le hionstraimí airgeadais eile an Aontais a ghiaráil agus rochtain ar chistiú príobháideach a éascú don tionscal cosanta; á mheabhrú go bhfuil CEF agus PESCO ríthábhachtach chun fíor-Aontas Cosanta Eorpach a fhorbairt trí chomhar cosanta idir na Ballstáit a fheabhsú; á iarraidh go mbeadh beartais eile AE comhsheasmhach le hiarrachtaí AE tionscal na cosanta a neartú;

36. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú go pras ar CAI chun na cistí is gá a sholáthar d'ionstraimí AE i réimse na cosanta; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go ndéanfaí CEF a neartú; ag spreagadh AE chun measúnú a dhéanamh ar cathain a bheadh athbhreithniú ar CAI iomchuí; á chur i bhfáth gur cheart do chomhaltaí ECAT AE aon acmhainní breise a leithdháiltear chun sprioc ECAT a chomhlíonadh maidir le 2 % de OTI a chaitheamh ar chosaint a úsáid ar bhealach comhordaithe agus comhoibritheach; á iarraidh go neartófaí rochtain na dtionscal ar chistiú príobháideach chun a áirithiú go mbeidh rochtain leordhóthanach ag tionscal cosanta na hEorpa ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach agus ar

infheistíocht ar bhonn inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar pharaiméadair a fhorbairt le haghaidh táirge airgeadais a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le hinfheistíochtaí i slándáil na hEorpa, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a dhéanann tionscal na cosanta; á iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí in earnálacha criticiúla, amhail cibear-earnálacha, a dhreasú;

***Misin agus oibríochtaí CBSC a threisiú***

37. ag tacú leis an athbhreithniú agus leis an atreisiú ar mhisin shibhialtacha agus oibríochtaí míleata uile CBSC chun iad a ailíniú níos dlúithe le fíor-riachtanais na dtíortha lena mbaineann; ag tacú le feabhas a chur ar ghiniúint fórsaí agus ar fhothú acmhainneachta do mhisin agus d'oibríochtaí uile CBSC, go háirithe iad siúd a ndéanann timpeallacht bagairtí a bheith ag dul in olcas difear dóibh, trí shainorduithe níos láidre agus níos solúbtha a chur ar fáil dóibh, chomh maith leis na hacmhainní riachtanacha, soláthar foirne, cistiú, oiliúint, uirlisí cumarsáide straitéisí agus trealamh chun na ceanglais maidir le cuspóirí misin níos spriocdhírithe a chomhlíonadh; ag aithint go bhfuil gá le hoiliúint éifeachtach agus le cumais oibríochtúla chun coinneáil suas le timpeallacht bagairtí atá ag síorathrú; á chur i bhfáth gur gá a n-athléimneacht agus a n-éifeachtacht a neartú trína chur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar dhúshláin slándála hibrideacha, amhail trí chomhordú níos fearr le gníomhaithe eile de chuid an Aontais agus le Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile, chomh maith le comhpháirtithe atá ar aon intinn lasmuigh den Aontas, feabhas a chur ar chumarsáid straitéiseach agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcumais chibearchosanta;

38. á mheas go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh misin agus oibríochtaí CBSC bunaithe ar thuiscint shoiléir ar na cineálacha géarchéime agus coinbhleachta a bhféachann AE le freagairt dóibh le hionstraimí sibhialta agus míleata, go háirithe i gcás nach bhfuil daoine eile toilteanach nó in ann idirghabháil a dhéanamh nó i dtimpeallachtaí naimhdeacha nó neamh-inghlactha; á mheabhrú nach mór do rannpháirtíochtaí uile AE a bheith inchreidte i súile na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, go háirithe ós rud é go bhfuil páirtithe eile, a bhíonn níos urchóidí go minic, breá sásta gníomhú chun aon bhearnaí a líonadh; á mheabhrú nach mór do mhisin aird ar leith a thabhairt ar dhinimicí coinbhleachta, ar phróisis láidre measúnaithe riosca agus maolaithe, agus nach mór faireachán agus meastóireacht tioncharbhunaithe níos mó ar idirghabhálacha CBSC a áireamh iontu chomh maith le tuilleadh sásraí comhairliúcháin agus aiseolais; á chur i bhfáth go bhfuil gá ar leith le forálacha éagtha a bheith ag oibríochtaí míleata chun imeacht inbhuanaithe a cheadú; ag tabhairt dá haire nach bhfuil sainordú feidhmiúcháin ach ag trí cinn as na hocht n-oibríocht mhíleata atá ann faoi láthair; ag meabhrú rannpháirtíocht fhoriomlán AE sa tSaiheil agus i gCorn na hAfraice trí shé mhisean shibhialtacha agus sé oibríocht mhíleata;

39. á iarraidh go nglacfar Comhshocrú Sibhialtach CBSC nua faoi lár-2023 lena gcuirfear cuspóirí ar fáil maidir le cineál, líon agus méid na misean sibhialtach agus lena n-iarrtar go mbunófar próiseas forbartha cumais shibhialtaigh faoi 2024, mar a shonraítear sa Chompás Straitéiseach; á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach go nglacfaí Comhshocrú Sibhialtach CBSC 2.0 le linn an chéad leath de 2023 chun leanúnachas a áirithiú sa phróiseas maidir le cumais shibhialtacha a fhorbairt; á iarraidh ar SEGS féachaint an athuair ar na comhaontuithe rannpháirtíochta le tríú tíortha d'fhonn a rannpháirtíocht i misin CBSC a neartú;

40. á chur i bhfáth a phráinní atá sé an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC) a bhunú mar an struchtúr ceannais agus rialaithe is fearr le haghaidh oibríochtaí míleata AE, go háirithe maidir le húsáid an Chumais Mhear-Imscartha (RDC) a bheidh ann amach anseo; á éileamh gur cheart a Chumas Oibriúcháin Iomlán a bhaint amach láithreach, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 19 Samhain 2018, inar beartaíodh spriocdháta do 2020; á éileamh freisin gur cheart leibhéal foirne MPCC a mhéadú go suntasach suas go 250 pearsanra; á chreidiúint gur cheart ceann de na ceithre Cheanncheathrú Oibríochta náisiúnta atá ann cheana a cheapadh mar rogha chúltaca; ag athdhearbhú a hiarrata malartú slán faisnéise rúnaicmithe a chumasú, lena n-áirítear leis na Ballstáit agus le misin nó oibríochtaí CBSC; á chur i bhfáth gur gá do MPCC gach misean míleata a phleanáil agus a sheoladh le slabhra ceannais soiléir agus go gcuirfear an pearsanra, na cistí agus an bonneagar is gá ar fáil dó; á chur i bhfios go bhfuil dul chun cinn i ndáil leis sin níos práinní mar gheall ar chogadh ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

41. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar chúbláil faisnéise, bréagaisnéise agus bagairtí hibrideacha agus ionsaithe a eascraíonn, go háirithe, ón Rúis agus ón tSín ach freisin ó ghníomhaithe eile, a dhéanann difear do roinnt amharclann agus do mhisin agus oibríochtaí CBSC go díreach; á chur i bhfáth gur gá do AE an comhar le tíortha comhpháirtíochta atá ar aon intinn a mhéadú agus tacaíocht, oiliúint agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil leo chun cur i gcoinne ionramháil naimhdeach agus trasnaíocht naimhdeach faisnéise eachtraí; á iarraidh ar SEGS céimeanna nithiúla a ghlacadh chun tacú le misin agus le hoibríochtaí CBSC chun an bhréagaisnéis agus an bholscaireacht a chomhrac agus chun cur i gcoinne na bréagaisnéise agus na bolscaireachta, chomh maith le hacmhainneachtaí roinn StratCom a neartú lena n-áirítear a thascfhórsaí;

42. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an fhadhb struchtúrach leanúnach a bhaineann lena áirithiú go mbeidh foireann iomlán ag misin agus oibríochtaí CBSC; ag tathant ar na Ballstáit obair leantach a dhéanamh ar a gcinntí chun misin agus oibríochtaí a sheoladh tríd an bpearsanra is gá a chur ar fáil; á mheabhrú go gcuirtear i bhfios go láidir sa Chompás Straitéiseach go bhfuil pearsanra níos oilte ag teastáil ó mhisin agus oibríochtaí CBSC; ag tathant go láidir ar na Ballstáit uile

a ngealltanais a chomhlíonadh ionas go mbeidh a rannpháirtíocht iarbhír ar aon dul lena n-uaillmhianta; ag tathant ar AE trealamh agus oiliúint leormhaith a chur ar fáil do phearsanra atá ag gabháil do mhisin agus d'oibríochtaí; ag tathant go láidir ar na Ballstáit cearta sóisialta agus oibre an phearsanra mhíleata a chur san áireamh nuair a chuirtear oiliúint orthu agus nuair a imscartar iad le chéile i gcreat AE;

43. á iarraidh, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé d'ollstruchtúr slándála agus cosanta an Aontais, go ndéanfaí an togra ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí maidir le hAcmhainneacht Mhear-Imscartha (RDC) a chumhdaítear sa Chompás Straitéiseach a chur chun feidhme a luaithe is féidir agus faoi 2025 ar a dhéanaí, chun a áirithiú go mbeifear in ann freagairt go mear agus go cinntitheach le linn géarchéimeanna, agus chun freastal ar shaoránaigh, leasanna agus luachanna an Aontais agus iad a chosaint ar fud an domhain; á iarraidh ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt bearnaí criticiúla i gcumasóirí straitéiseacha a chúngú go suntasach faoi 2025, go háirithe na bearnaí sin a bhaineann le RDC;

44. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhionannas inscne agus cearta na mban a bheith ina ngné lárnach de bhearta slándála agus cosanta; ag cáineadh go láidir coireanna cogaidh i gcoinne na bpobal sibhialtach, lena n-áirítear foréigean gnéasach a úsáid mar arm cogaidh;

45. á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit dlús a chur le cur chun feidhme ghealltanais an Chompáis Straitéisigh a bhaineann le hinscne chun príomhshruthú éifeachtach inscne a áirithiú; ag cur béim ar a thábhachtaí atá bearta cibearshlándála chun faireachán agus cosc a dhéanamh ar gháinneáil ar mhná a bhfágann an choinbhleacht lorg orthu; ag spreagadh na mBallstát chun bacainní gairme do mhná laistigh dá bhfórsaí cosanta a laghdú;

46. á thabhairt chun suntais go gcuireann rannpháirtíocht na mban i misin agus oibríochtaí CBSC lena n-éifeachtacht agus gur spreagadh í d'inchreidteacht AE mar thogróir do chearta comhionanna d'fhir agus do mhná ar fud an domhain, agus Plean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne (GAP) III (2020-2024) á mheabhrú, lena n-éilítear gné na hinscne a chomhtháthú go córasach i mbeartais agus gníomhaíochtaí seachtracha uile AE lena n-áirítear CBSC; ag tathant ar SEGS méadú ar líon na mban in oibríochtaí míleata CBSC go háirithe agus cothromaíocht inscne níos fearr i bpearsanra agus i gceannaireacht mhisin agus oibríochtaí CBSC a chur chun cinn; á mheas go bhfuil cur chuige neamhfhulaingthe maidir le ciapadh gnéasach agus inscnebhunaithe agus teacht i dtír gnéasach laistigh de mhisin agus oibríochtaí uile CBSC ríthábhachtach; ag cur béim ar an obair thábhachtach atá á déanamh ag comhairleoirí inscne i misin agus oibríochtaí CBSC agus ar an ngá atá ann iad a mhaoiniú; á iarraidh go mbeadh comhar ann idir misin agus oibríochtaí CBSC agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne; á iarraidh ar SEGS tuairisc a thabhairt don Fhochoiste um Shlándáil agus um Chosaint (SEDE) maidir lena dhul chun cinn i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hinscne;

47. ag aithint an róil thábhachtaigh atá ag daoine óga agus ag eagraíochtaí óige maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil a chothabháil agus a chur chun cinn; á iarraidh ar SEGS gealltanas a thabhairt daoine óga a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí ina clár oibre don óige, don tsíocháin agus don tslándáil (YPS), agus creat straitéiseach cuimsitheach a shaothrú agus a ghlacadh chun clár oibre YPS a chur chun feidhme; á iarraidh ar SEGS daoine óga a rannpháirtiú mar chomhpháirtithe i ndearadh agus i gcur chun feidhme iarrachtaí dí-armála, díshlógadh agus ath-lánpháirtithe (DDR);

48. á chur in iúl gur geal léi seoladh mhisean cúnaimh mhíleata CBSC neamhfheidhmiúcháin don Úcráin (EUMAM Ukraine); ag dréim leis go gceadóidh sé oiliúint sholúbtha a chur ar fhórsaí armtha na hÚcráine trí chomhairle straitéiseach, tacaíocht neamhfheidhmiúcháin, fothú acmhainneachta, agus tacaíocht mhíleata fhoriomlán chun ionsaitheacht na Rúise a chomhrac agus cabhrú le scaoileadh saor na réigiún atá faoi fhorghabháil san Úcráin; á mheas go mbeidh EUMAM éifeachtach ar choinníoll go ndéanfar MPCC a threisiú, agus go mbeidh sé in ann ceannas agus rialú straitéiseach a fheidhmiú ar an misean; á iarraidh ar SEGS an misean sin a oscailt do rannpháirtíocht tríú stáit; á iarraidh ar na Ballstáit an tacaíocht is gá a chur ar fáil dá chur chun feidhme; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a chur in iúl do mhuintir na hÚcráine go seasfaidh AE leo le linn thréimhse ionsaitheach na Rúise;

49. ag moladh agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá obair Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh d'Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine); ag tabhairt dá haire a cúraimí nua, lena n-áirítear tacaíocht a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun sreabhadh dídeanaithe ón Úcráin chuig na Ballstáit chomharsanachta a éascú, teacht isteach na cabhrach daonnúla san Úcráin agus comhairle, oiliúint agus tacaíocht d'institiúidí an smachta reachta chun imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna idirnáisiúnta a éascú; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú agus neartú ar shainordú Mhisean Cúnaimh Teorann AE (EUBAM) do Phoblacht na Moldóive agus don Úcráin chun dul in oiriúint don réaltacht gheopholaitiúil nua; á iarraidh go neartófaí líon foirne, cumas freagartha, acmhainní agus cumarsáid straitéiseach mhisin agus oibríochtaí CBSC sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, san Úcráin agus sa tSeoirsia agus go ndéanfaí láithreacht taidhleoireachta AE i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus sna Balcáin Thiar a atreisiú;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

50. á chur in iúl gur geal léi an comhar idir AE agus ECAT sna Balcáin Thiar, lena n-áirítear trí oibríochtaí EUFOR Althea agus Fhórsa na Cosaive; á mheabhrú go bhfuil luach suntasach ag baint leis an taithí agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón dá oibríocht maidir le misin agus oibríochtaí míleata agus sibhialtacha uile CBSC atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; á iarraidh go neartófaí EUFOR Althea sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin i ndlúthchomhar le ECAT agus le comhghuaillithe eile, chun an chobhsaíocht is gá a ráthú don tír agus don réigiún ina iomláine; á chur in iúl gur geal léi tacaíocht aonchiallach AE chun síneadh a chur le sainordú EUFOR Althea; á chur i bhfios go láidir gur gá feabhas déthaobhach a chur ar an gcomhar slándála míleata leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin i gcomhthráth le creat EUFOR;

51. á chur i bhfáth go bhfuil gá le dlúthchomhar leanúnach le comhpháirtithe Afracacha agus idirnáisiúnta chun iarracht chomhchoiteann a áirithiú chun cobhsú agus forbairt a bhaint amach, lena mbeidh baint go háirithe ag an Aontas Afracach, ag an Údarás Idir-rialtasach Forbartha, ag na Náisiúin Aontaithe agus ag institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, chomh maith le príomhghníomhaithe déthaobhacha agus réigiúnacha eile; á chur i bhfios go láidir tiomantas domhanda AE don tSaiheil agus do Chorn na hAfraice trí ocht misean shibhialtacha (EUCAP Sahel Mali, EUCAP Sahel Niger, EUCAP Somalia) chomh maith le misin mhíleata (EUTM Mali, EUTM Somalia, EU NAVFOR ATALANTA, EU NAVFOR MED IRINI, EUMPM Niger);

52. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na forbairtí i réigiún na Saiheile agus na *coups d'état* sa réigiún le déanaí; á thabhairt chun suntais an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an réigiún sin do AE; ag cáineadh láithreacht mhéadaitheach Ghrúpa Wagner, le tacaíocht na Creimile, sa tSaiheil agus ceantair eile de chuid mhór-roinn na hAfraice; á chreidiúint go daingean go bhfuil rannpháirtíocht Ghrúpa Wagner san Afraic Thiar i gcontrárthacht leis an gcuspóir an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht a thabhairt chuig an réigiún; á aithint nach bhfuil a bpríomhsprioc maidir le síocháin mharthanach sa Saiheil bainte amach ag na misin idirnáisiúnta éagsúla go fóill agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, le próiseas machnaimh maidir le sainorduithe agus róil na misean agus na mbeartas idirnáisiúnta; i réigiúin na Saiheile; á chur in iúl gur cúis bhuartha di chomh mór céanna an méadú atá tagtha ar láithreacht agus gníomhaíocht grúpaí sceimhlitheoireachta Ioslamacha, go háirithe Al-Qaeda, Daesh agus Al-Shabaab sa Mheánoirthear agus san Afraic; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chomhpháirteach agus comhleanúnachas beartais níos mó idir idirghabhálacha éagsúla AE agus comhpháirtithe sa tSaiheil; á chur in iúl gur saoth léi an meath atá ag teacht ar an timpeallacht slándála i Mailí agus á chur in iúl gur geal léi an cinneadh maidir le gach oiliúint oibríochtúil agus seachadadh trealaimh mhíleata chuig an tír a chur ar fionraí; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit cúnamh éifeachtach a chur ar fáil atá saincheaptha do riachtanais na dtíortha lena mbaineann;

53. á chreidiúint nach mór d'aon tacaíocht slándála idirnáisiúnta sa réigiún tosaíocht a thabhairt d'fheabhas a chur ar chosaint na sibhialtach, dinimic choinbhleachta a mhaolú, agus dea-rialachas na hearnála slándála a chur chun cinn; ag cur béim ar an ngá atá le níos mó rannpháirtíochta polaitiúla leis na rialtais ábhartha chun trédhearcacht níos fearr a áirithiú, chun éilliú a chomhrac, chun cuimsitheacht a chothú agus chun dul i dteagmháil le saoránaigh chun srian a chur le méadú ollmhór coinbhleachtaí armtha agus eitneacha;

54. á chur in iúl gur geal léi athnuachan CBSC EUCAP Sahel ar feadh 2 bhliain agus á áitiú a thábhachtaí atá sé comhordú a dhéanamh le EUBAM na Libia chun acmhainneachtaí teorann stáit na Saiheile a fhorbairt faoi stiúir an Aontais; á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí comhpháirteacha idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar an díchobhsú agus ar an bhforéigean i Mailí agus oibriú le fórsaí áitiúla chun cobhsaíocht agus slándáil a chur chun cinn; ag tabhairt dá haire go bhfuil leathnú agus athdhíriú á dhéanamh ar EUAM agus ar EUTM i bPoblacht na hAfraice Láir agus gur cúis mhór imní di i gcónaí an meath leanúnach ar an staid pholaitiúil agus slándála ansin; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta cheana féin ag EUTM Mhósaimbíc agus á iarraidh ar SEGS machnamh a dhéanamh ar airm mharfacha a sheachadadh faoi EPF chuig fórsaí Mhósaimbíc agus dlús a chur leis an seachadadh trealaimh; á iarraidh go mbeadh díospóireacht leathan phoiblí ann maidir le rannpháirtíocht an Aontais i Mósaimbíc agus plé poiblí ar an gcineál cur chuige comhtháite agus fóinteach a d'fhéadfadh a bheith ann lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna na corraíola in Cabo Delgado; ag meabhrú na dtuairiscí faoi ionsaithe córasacha agus foréigneacha arna ndéanamh ag fórsaí slándála i gcoinne slaodanna móra den phobal áitiúil, easáitiú éigeantach ag fórsaí slándála, ardleibhéil neamhionannais, faillí réigiúnach ag an rialtas lárnach, coinbhleachtaí maidir le hacmhainní nádúrtha, ardleibhéil éillithe agus sáruithe ar chearta éagsúla; ag tacú leis an athchóiriú ar fhórsaí armtha Mhósaimbíc agus á áitiú gur gá cur chuige comhtháite a shaothrú maidir leis an ngéarchéim in Cabo Delgado; á chur in iúl gur geal léi cúnamh EPF d'fhórsaí armtha na Nigéire agus á chur i bhfios go láidir gur gá tacaíocht mhíleata CBSC a chur ar fáil don Nígir; á iarraidh ar an gComhairle dlús a chur le hoibríochtaí comhordaithe muirí i Murascaill na Guine; á iarraidh go gcuirfí síneadh le sainordú EU NAVFOR Atalanta, a rachaidh in éag ag deireadh 2022, chun an phíoráideacht a chomhrac tuilleadh;

55. á chur in iúl gur oth léi an méadú atá ag teacht ar neamhdhóthanacht mhisin EUTM a bhí beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála thíortha na Saiheile agus na hAfraice Láir (Mailí agus PAL); á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú críochnúil ar chuspóirí agus ar threoirphrionsabail EUTManna; á mheas gur cheart sainorduithe EUTM a leathnú chuig bearta tionlacain go háirithe, chun a chur ar chumas chomhairleoirí an Aontais ar an láthair a fhíorú chomh

cruinn agus is féidir a mhéid agus a cuireadh cláir oiliúna chun feidhme go cuí agus atá i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla na bhfórsaí armtha áitiúla; á chur i bhfios go láidir an breisluach a bhaineann le misin chomhairleacha do struchtúir cheannais an mhisin agus, dá réir sin, ag spreagadh rannpháirtíocht na mBallstát in EUTManna, go háirithe i gcáil chomhairleach i gcás ina bhféadfadh oifigigh nua tacaíocht shuntasach a thabhairt i dtaobh oibríochtaí a sheoladh, chomh maith le cúnamh míleata iltaobhach;

56. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an misean comhpháirtíochta míleata chun tacú leis an Nígir (EUMPM Niger), lena ndírítear ar fheabhas a chur ar chumas Fhórsaí Armtha na Nígire na bagairtí ar an tír a shrianadh, an daonra sa tír a chosaint agus timpeallacht shábháilte shlán a áirithiú, i gcomhréir leis an dlí um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

57. á chur i bhfáth, maidir leis an ngné mhuirí de IRINI, na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cuardach agus tarrtháil daoine atá i nguais ar muir; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ngníomhóidh IRINI i gcomhréir iomlán leis an dlí muirí, go háirithe oibleagáidí a bhaineann le cuardach agus tarrtháil; á athdhearbhú gur cúis mhór imní di an méid atá i ndán d'imircigh, d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe sa Libia, ina leantar den mheath ar a staid atá tubaisteach cheana féin; á iarraidh ar údaráis agus ar mhílístí na Libia saoráidí coinneála d'imircigh a dhúnadh; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil sé beartaithe longa a tharraingt siar ó aon limistéar ar leith ina bhfuil láithreacht shuntasach imirceach; á éileamh go ndéanfaí soiléiriú ar an bpróiseas cinnteoireachta atá beartaithe agus ar na módúlachtaí maidir le haon chinneadh a dhéanfar amach anseo a bhaineann le "héifeacht na toisce tarraingthe", mar a thugtar air, nach bhfuil aon fhianaise eolaíoch ann ina leith faoi láthair;

58. ag athdhearbhú a hiarrata ar an Aontas lántairbhe a bhaint as a sheasamh agus a chlú sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach mar ghníomhaí domhanda inchreidte agus neamhspleách ar son na síochána i bhfianaise na hiomaíochta geopholaitiúla atá ag dul i méid idir cumhachtaí domhanda agus réigiúnacha sa réigiún; á mheabhrú go mbaineann breisluach rannpháirtíocht an Aontais sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach le raon cuimsitheach a bheart cúnaimh shibhialta agus mhíleata, lena n-áirítear rannchuidithe neamh-mhíleata dea-fhorbartha;

59. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di méadú mear míleata na Síne i Muir na Síne Theas chomh maith leis an mbrú míleata leanúnach, na cleachtaí ionsaithe, sáruithe ar an aerspás agus gníomhaíochtaí míleata eile sa chrios liath lena n-áirítear cibirfheachtais agus feachtais bhréagaisnéise i gcoinne na Téaváine; ag tathant ar an tSín deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí sin go léir, ar bagairt iad do chobhsaíocht an réigiúin ina iomláine agus a bhfuil tionchar díreach acu, ar an iomlán, ar shlándáil agus ar rathúnas na hEorpa; á athdhearbhú go dtacaíonn sí leis an gcomhar idir an tAontas agus an Téaváin;

60. á chur in iúl gur geal léi go mór na tagairtí láidre do chomhar AE sa nuashonrú a rinne an tSeapáin le déanaí ar a Straitéis Slándála Náisiúnta agus ar straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach na Cóiré Theas; ag athdhearbhú na comhpháirtíochta láidre leis an tSeapáin agus leis an gCóiré Theas araon agus á iarraidh ar AE a chomhar míleata agus cosanta leis an dá phríomh-chomhpháirtí a dhoimhniú tuilleadh;

61. ag cáineadh go soiléir an iliomad tástálacha diúracán a rinne an Chóiré Thuaidh in 2022 agus á chur i bhfios go láidir gur gá don chomhphobal idirnáisiúnta cur leis na hiarrachtaí chun an Chóiré Thuaidh a shrianadh agus í a chosc ó thástáil núicléach bhreise a dhéanamh in 2023, a bheadh ina ghéarú tromchúiseach agus ina bagairt ar an tslándáil réigiúnach agus dhomhanda; á chur i bhfios go láidir go bhfuil freagracht ar leith ar an tSín agus ar an Rúis maidir leis an gCóiré Thuaidh agus á iarraidh orthu a dtionchar a úsáid chun aon ghéarú breise a chosc;

62. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di seachadadh arm ag an gCóiré Thuaidh chuig Grúpa Wagner agus á chur i bhfios go láidir, leis sin, gur gá do AE agus dá Bhallstáit a bhfócas a mhéadú ní hamháin ar leithinis na Cóiré ach ar an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach ina iomláine;

63. ag cáineadh go láidir an Iaráin as dróin agus diúracáin a sholáthar don Rúis lena húsáid ina cogadh neamhdhleathach i gcoinne na hÚcráine, agus á mheabhrú go bhfuil Rún 2231(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe á shárú aici tríd an méid sin a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi cinneadh ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 smachtbhannaí breise a ghlacadh i gcoinne na hIaráine mar gheall ar sháruithe leanúnacha ar chearta an duine dá muintir féin agus mar gheall ar thacaíocht ghníomhach na hIaráine don Rúis, atá á húsáid i gcoinne mhuintir na hÚcráine;

64. á iarraidh ar an gComhairle agus ar SEGS gné maidir le cosaint na hoidhreachta cultúrtha a áireamh i misin agus oibríochtaí CBSC chun cúnamh agus oideachas a sholáthar do chomhpháirtithe áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála a bhaineann le caomhnú agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha; á iarraidh ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar na bagairtí comhsheasmhacha agus méadaitheacha ar chosaint agus ar chaomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus dul i ngleic le smuigleáil déantúsán cultúrtha, go háirithe i limistéir choinbhleachta; ag tabhairt dá haire go bhfágtar sochaithe níos leochailí i leith an radacaithe trína n-oidhreacht chultúrtha agus a bhfréamhacha stairiúla a cheilt orthu; á iarraidh ar an Aontas straitéis leathan a fhorbairt chun gníomhú in aghaidh bagairtí den chineál sin; á mheabhrú gurb

é EUAM Iraq an t-aon mhisean CBSC a bhfuil gné maidir le cosaint na hoidhreachta cultúrtha aige; ag dréim leis go gcomhlíonfaidh EUAM Iraq gach gné dá shainordú, lena n-áirítear cosaint na hoidhreachta cultúrtha agus an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhéantúsáin; á iarraidh go ndéanfaí na forálacha sin a ghinearálú maidir le gach misean nó sainordú oibríochta de chuid CBSC;

***Córasú comhpháirtíochtaí slándála agus cosanta***

65. á iarraidh go ndéanfaí comhpháirtíochtaí slándála agus cosanta a neartú, nuair atá sé ábhartha go straitéiseach, le comhpháirtithe atá ar aon intinn ar fud an domhain chun leibhéal uaillmhéine an Aontais mar sholáthraí slándála a chomhlíonadh; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach saincheisteanna slándála agus cosanta a áireamh ar bhealach níos córasaí in idirphlé polaitiúil an Aontais le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis; á chur in iúl gur geal léi na pleananna chun an chéad Fhóram de chuid an Aontais um Chomhpháirtíocht Slándála agus Cosanta a thionól; á iarraidh go mbeadh seasamh níos teanntásaí, níos aontaithe agus níos comhsheasmhaí ann i leith stáit neamhdhaonlathacha a chuireann slándáil na hEorpa agus an t-ord idirnáisiúnta i mbaol;

66. á chur i bhfios go láidir na luachanna daonlathacha comhroinnte bunúsacha atá i gcroílár an Aontais agus ECAT; á iarraidh go ndéanfaí an caidreamh idir an tAontas agus ECAT a dhoimhniú ar bhonn phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta, na hoscailteachta frithpháirtí agus na trédhearcachta, i gcomhréir le neamhspleáchas cinnteoireachta agus nósanna imeachta cinnteoireachta ár n-eagraíochtaí faoi seach agus gan dochar do chineál sonrach beartais slándála agus cosanta d'aon cheann dár gcomhaltaí; á chur in iúl gur geal léi an tríú Dearbhú Comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus ECAT agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá céimeanna breise dírithe ar an gcomhpháirtíocht sin a dhoimhniú, ag tógáil ar ábhar Chompás Straitéiseach an Aontais agus Choincheap Straitéiseach nua ECAT agus ar chéimeanna nithiúla chun an comhar a fheabhsú tuilleadh, go háirithe i réimsí na soghluaisteachta míleata, an bhonneagair dé-úsáide agus na hathléimneachta chomh maith le freachnaimh chomhpháirteacha mhéadaithe; á chur i bhfios go láidir gur gá an chomhpháirtíocht straitéiseach le ECAT a uasghrádú go láidir chun í a bhunú ar neartú na haontachta polaitiúla agus na dlúthpháirtíochta agus ar idirphlé polaitiúil feabhsaithe maidir le gach gné de dhúshláin choiteanna agus de shaincheisteanna atá ábhartha go straitéiseach, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus an digiteáil mhear; ag moladh freagairtí comhordaithe i sásraí bainistithe géarchéime agus i sásraí chun coinbhleachtaí a chosc chun dul i ngleic le bagairtí coiteanna atá ag teacht chun cinn i limistéir gheografacha agus i réimsí leasa choitinn; á chur i bhfios go neartaíonn forbairt cumais an Aontais an colún Eorpach laistigh de ECAT agus go rannchuidítear dá réir sin leis an tslándáil thrasatlantach; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, na tréimhsí doimhne agus leanúnacha teannas idir Ballstáit an Aontais agus an Tuirc, comhghuaillí de chuid ECAT, atá ag cur bac ar an gcomhar idir an tAontas agus ECAT;

67. agus aitheantas á thabhairt don tábhacht agus don acmhainneacht a bhaineann le comhpháirtíocht straitéiseach leis an Tuirc, á chur in iúl gur oth léi an ról díchobhsaitheach foriomlán atá ag an Tuirc in a lán réimsí imní don Aontas agus ina chomharsanachtaí, lena gcuirtear an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach i mbaol; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus bagairtí gníomhaíochta míleata na Tuirce i gcoinne Bhallstáit an Aontais, go háirithe an Ghréig agus an Chipir, sa Mheánmhuir Thoir; á chur in iúl gur saoth léi, in ainneoin iarrachtaí díghéaraithe, go leanann an Tuirc dá gníomhaíochtaí gríosaitheacha aontaobhacha agus de neamhchomhlíonadh rún Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an trádbhac arm ar an Libia i ndáil le hoibríocht IRINI, lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta lena n-áirítear UNCLOS agus cearta ceannasacha Bhallstáit an Aontais sa limistéar; á athdhearbhú go gcáineann an tAontas síniú an dá mheabhrán tuisceana idir an Tuirc agus an Libia maidir le comhar cuimsitheach slándála agus míleata agus maidir le teorannú limistéar muirí, atá i gcoinne an dlí idirnáisiúnta; á athdhearbhú go bhfuil an tAontas ullamh le gach ionstraim agus rogha atá ar fáil dó a úsáid, lena n-áirítear na hionstraimí agus na roghanna faoi Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE, chun a leasanna agus leasanna a Bhallstát a chosaint, agus chun cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Tuirc i láthair ar bhonn níos minice i limistéir ina bhfuil príomhleasanna slándála agus misin CBSC ag an Aontas, agus á iarraidh ar an Tuirc staonadh ón mbonn a bhaint ó leasanna agus ó mhisin an Aontais sna limistéir sin; ag athdhearbhú a hiarrata ar an Tuirc ailíniú a dhéanamh le smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise; á iarraidh ar na Ballstáit Comhsheasamh 2008/944/CBES a chomhlíonadh go hiomlán maidir leis an Tuirc, lena n-áirítear cur i bhfeidhm docht chritéar 4 maidir le cobhsaíocht réigiúnach;

68. ag tacú go láidir le Beartas Iontráil Oscailte ECAT; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá aontachas na Fionlainne agus na Sualainne le ECAT toisc go gcuirfeadh sé slándáil an Aontais agus Chomhghuaillithe ECAT araon chun cinn; á chur in iúl gur geal léi gur dhaingnigh formhór Chomhghuaillithe ECAT prótacail aontachais ECAT na Fionlainne agus na Sualainne agus á chur in iúl gur saoth léi nár dhaingnigh an Tuirc iarratais na Sualainne agus na Fionlainne go fóill chun dul isteach in ECAT; ag cur béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar ábhair imní slándála agus cosanta na mBallstát nach cuid de ECAT iad; á iarraidh ar an Aontas agus ar ECAT an comhar a threisiú maidir le tacú le fothú acmhainneachta ár gcomhpháirtithe;

69. á mheas go bhfuil sineirgí agus comhleanúnachas le cur chun feidhme Choincheap Straitéiseach ECAT agus le Compás Straitéiseach an Aontais bunriachtanach, go háirithe sna réimsí maidir le cur i gcoinne an fhogha atá ar bun ag an Rúis i gcoinne na hÚcráine agus cur i gcoinne réimeas Lukashenka, comhpháirtí na Rúise sa Bhealarúis, lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le beartais chomhéigneacha na Síne, le scaipeadh na bréagaisnéise urchóidí, chomh maith le cibearchosaint, bagairtí hibrideacha agus tacaíocht do chomhpháirtithe;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

70. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé cumais chosanta atá comhleanúnach, comhlántach agus idir-inoibritheach a fhorbairt chun slándáil an limistéir Eora-Atlantaigh a mhéadú i gcomhréir le prionsabal na foinse aonair fórsaí; á iarraidh ar an Aontas agus ar ECAT ceannaireacht theicneolaíoch dhomhanda i gcumais mhíleata a choinneáil ar bun; á chur i bhfáth gur gá comhleanúnachas aschuir a áirithiú idir próisis pleanála forbartha cumais an Aontais agus ECAT faoi seach; á chur i bhfios go láidir gur gá don Aontas a chumais chosanta féin agus a neamhspleáchas straitéiseach féin a fhorbairt chun feabhas a chur ar a acmhainneacht chun bheith ina chomhpháirtí níos láidre dá chomhghuaillithe; á iarraidh ar Bhallstáit ECAT AE a mbuiséid mhíleata a mhéadú go 2 % de OTI ar a laghad i gcomhréir le treoirlínte ECAT;

71. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na Stát Aontaithe, Cheanada agus na hIorua i dtionscadal PESCO maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata, atá bunriachtanach chun an Eoraip a chosaint agus atá tábhachtach chun comhleanúnachas a mhéadú idir iarrachtaí an Aontais agus ECAT faoi seach chun gluaiseacht fórsaí míleata a éascú; á mheabhrú, mar sin féin, nach mór rannpháirtíocht tríú tíortha i dtionscadail aonair PESCO a chinneadh ar bhonn cás ar chás, nuair is chun leas straitéiseach an Aontais í an rannpháirtíocht sin; á chur in iúl gur geal léi an t-iarratas a rinne an Ríocht Aontaithe le déanaí ar dhul isteach i dtionscadal PESCO maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata; á mheabhrú do Bhallstáit rannpháirteacha PESCO gur gá a ngealltanais oibríochtúla agus chomhoibríocha a chur chun feidhme go mear; á chur in iúl gur geal léi an tIdirphlé Struchtúrtha idir an tAontas agus ECAT maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata; á chur in iúl gur geal léi Plean Gníomhaíochta 2.0 maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata mar a thíolaic an Coimisiún agus an Leas-Uachtarán/Ardionadaí é an 10 Samhain 2022 agus á iarraidh go ndéanfar é a chur chun feidhme go mear i sineirge le tionscadal PESCO maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata; á iarraidh go neartófaí an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa maidir le tionscadail soghluaisteachta míleata; á iarraidh ar na Ballstáit gníomhú chun nósanna imeachta le haghaidh soghluaisteacht mhíleata a shimpliú agus a chomhchuibhiú agus chun na hamlínte maidir le cead a thabhairt a ghiorrú chun a chur ar chumas Bhallstáit an Aontais gníomhú níos tapúla agus éifeachtúlacht na freagartha a mhéadú; á chur i bhfáth nach mór a áirithiú leis an bPlean Gníomhaíochta nua maidir le Soghluaisteacht Mhíleata go ndéanfar ceanglais i réimsí an bhonneagair, na hathléimneachta agus na lóistíochta a mheasúnú ó thaobh straitéis mhíleata de; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cistiú breise don tionscnamh suaitheanta comhair seo idir an tAontas agus ECAT; á iarraidh ar an Aontas breithniú a dhéanamh ar iarraidh ar an Úcráin, ar an tSeoirsia agus ar Phoblacht na Moldóive a bheith rannpháirteach i dtionscadail PESCO amhail soghluaisteacht mhíleata;

72. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá dlúthchaidreamh an Aontais leis na Stáit Aontaithe, atá bunaithe ar chomhluachanna an daonlathais, na saoirse agus an smachta reachta; á chur in iúl gur mór aici tiomantas agus rannpháirtíocht na Stát Aontaithe agus a rialtais reatha do chosaint chríochach na hEorpa, go háirithe i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine rud atá ina bhagairt don mhór-roinn ina hiomláine; ag tabhairt dá haire go bhfuil dúshlán na Stát Aontaithe á thabhairt freisin sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach chun cur i gcoinne sheasamh míleata méadaitheach na Síne agus á chur i bhfáth nach mór do Bhallstáit an Aontais dlús a chur lena n-iarrachtaí feabhas a chur ar chumais chosanta na hEorpa chun an bealach a réiteach d’aistriú ualaigh san fhadtéarma, agus níos mó freagrachta á glacadh ag an Aontas ó thaobh cosanta de;

73. á chur in iúl gur geal léi an t-idirphlé idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le slándáil agus cosaint mar chloch mhíle thábhachtach i gcomhar trasatlantach níos dlúithe; ag spreagadh an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí aird ar leith a thabhairt ar an tslándáil i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir agus an Deiscirt san idirphlé sin, chun réimsí amhail tionscnaimh fhrithpháirteacha slándála agus cosanta, misin agus oibríochtaí CBSC, dí-armáil agus neamhleathadh, an fhrithsceimhlitheoireacht, malartú faisnéise idir seirbhísí faisnéise a fheabhsú, tionchar na dteicneolaíochtaí suaiteacha, an t-athrú aeráide, bagairtí hibrideacha, an chibearchosaint, an tsoghluaisteacht mhíleata, bainistiú géarchéime agus an caidreamh le hiomaitheoirí straitéiseacha a áireamh sa phlé;

74. ag athdhearbhú a hiarrata ar chomhar slándála agus cosanta institiúidithe a bheith ann leis an Ríocht Aontaithe; ag spreagadh na Ríochta Aontaithe chun dul i mbun rannpháirtíochta i ndáiríre leis an Aontas maidir le dúshláin phráinneacha straitéiseacha trí chomhlántacht agus sineirgí gníomhaíochtaí a áirithiú; ag moladh don Leas-Uachtarán/Ardionadaí a iarraidh ar an Ríocht Aontaithe, ar bhonn *ad hoc*, teacht chuig cruinnithe neamhfhoirmiúla airí gnóthaí eachtracha (agus cosanta) na Comhairle chun tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna ar ábhar leasa choitinn iad agus lánchosaint á déanamh ar neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais ag an am céanna; á chur i bhfios gur úsáid neamhéifeachtúil acmhainní iad na tionscadail chomhthreomhara chun forbairt a dhéanamh ar chórais aerchomhraic don todhchaí agus á mholadh, dá bhrí sin, gur cheart an dá thionscadal a chumasc; á chur in iúl gur geal léi tacaíocht na Ríochta Aontaithe don Úcráin;

75. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú atá tagtha ar éagobhsaíocht ár gcomharsanachta, rud a tharlaíonn go minic mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann gníomhaithe urchóideacha atá ag lagú athchóirithe daonlathacha, trí ghníomhaíochtaí éagsúla, chun an tAontas a lagú i ndeireadh na dála; á chur i bhfios go láidir go bhfuil dlúthnasc idir slándáil an Aontais agus slándáil ár gcomharsana is gaire dúinn i gcomharsanacht Oirthear agus Dheisceart an Aontais agus sna Balcáin Thiar; á iarraidh go ndéanfaí an comhar míleata-slándála a dhoimhniú le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir (EaP) atá ar aon intinn leis, lena n-áirítear trí ghné shlándála Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú agus trí idirphlé maidir leis an mbeartas slándála agus cosanta a fheabhsú, go háirithe leis an Úcráin, leis an tSeoirsia agus le Poblacht na Moldóive; á iarraidh go mbeadh comhar méadaithe ann i réimse na slándála agus na cosanta le comhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt; á iarraidh ar an Aontas ról suntasach a bheith aige sa Mheánmhuir, agus é ina ghníomhaí a bhfuil ar a chumas

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

cobhsaíocht an réigiúin a ráthú, lena n-áirítear i ndáil leis an tslándáil fuinnimh; á iarraidh go mbeadh comhar feabhsaithe ann le tíortha comhpháirtíochta sa Mheánmhuir chun an t-antoisceachas, an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil ar dhaoine agus an trádáil aindleathach in airm a chomhrac;

76. á iarraidh go neartófaí an comhar idir an tAontas agus ECAT maidir le cliathán thoir na Comhghuaillíochta agus go méadófaí pearsanra míleata na hEorpa sa Mhuir Dhubh; á chreidiúint go bhfuil sé ríthábhachtach stádas straitéiseach na Mara Duibhe a aithint agus leas a bhaint as i gcomhthéacs chogadh na Rúise san Úcráin agus infheistíocht a mhéadú i dtionscadail mhíleata Eorpacha sa réigiún, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena tionscal míleata agus a bonneagar míleata a nuachóiriú agus a neartú;

77. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an teannas méadaitheach agus na ráigeanna a tharlaíonn arís agus arís eile sa chogaíocht idir an Asarbaiseáin agus an Airméin, áit a ndearnadh ionsaithe ar an Airméin laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus inar staon an Rúis ó ról cobhsaíochta a bheith aici ina leith; ag tathant ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí a bheith rannpháirteach go hiomlán sna hiarrachtaí chun seasamh leis an sos comhraic; á chur in iúl gur geal léi seoladh acmhainneacht faireacháin shibhialtach an Aontais san Airméin agus imscaradh foirne um chúnamh pleanála idirthréimhseach chun feasacht AE ar an staid slándála a fheabhsú, agus chun rannchuidiú le misean sibhialtach CBSC a d'fhéadfadh a bheith sa tír a phleanáil agus a ullmhú;

78. á chur i bhfáth nach bhfuil an Rúis fós ag cloí go hiomlán le comhaontú an tsosa comhraic idir an tSeoirsia agus an Rúis a ndearna an tAontas idirghabháil ina leith an 12 Lúnasa 2008; ag cáineadh go láidir láithreacht mhíleata neamhdhleathach agus forghabháil neamhdhleathach na Rúise i réigiúin na hAbcáise agus Tskhinvali/na hOiséite Theas sa tSeoirsia; á iarraidh ar SEGS tuarascáil chríochnúil a ullmhú maidir le sáruithe ar chomhaontú sos cogaidh an 12 Lúnasa 2008, comhaontú a bhfuil freagracht speisialta ar an Aontas ina leith mar idirghabhálaí, na forálacha nach bhfuil comhlíonta fós ag Cónaidhm na Rúise a shainaithint agus a chur in iúl go soiléir agus moltaí a thíolacadh, lena bhféadfaí Cónaidhm na Rúise a spreagadh chun a hoibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, go háirithe chun a fórsaí míleata a tharraingt siar ó chríocha na Seoirsia faoi fhorghabháil agus chun lamháil do shásra slándála idirnáisiúnta a chur ar bun sna críocha sin, agus ligean do Mhisean Faireacháin an Aontais (EUMM) rochtain gan bhac a bheith aige ar chríoch iomlán na Seoirsia, de bhun a sainordaithe;

79. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh dlúth-ailíniú le seasaimh CBES ag tíortha is iarrthóirí AE agus ag tíortha is iarrthóirí ionchasacha; maidir leis na Balcáin Thiar, ag tabhairt aird ar chaidreamh na Seirbia leis an Rúis agus ar a heaspa cáinte ar ghníomhaíochtaí neamhdhlisteanacha agus neamhdhlisteanacha na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar iarmhairtí an chaidrimh sin sna Balcáin Thiar; á iarraidh go mbeadh comhar míleata agus slándála níos láidre ann, lena n-áirítear comhar sibhialtach/míleata mar aon le comhar póilíneachta/míleata le tíortha na mBalcán Thiar atá ar aon intinn, go háirithe i réimsí amhail athléimneacht, cibearshlándáil, bagairtí hibrideacha, bainistiú teorainneacha, an fhrithsceimhlitheoireacht agus cur i gcoinne na bréagaisnéise; á iarraidh, ina leith sin, ar SEGS ról thoscaireachtaí an Aontais agus misin CBSC i dtríú tíortha a neartú chun treisiú a dhéanamh ar a gcumas feachtais bhréagaisnéise arna n-eagrú ag gníomhaithe stáit eachtracha a bhrath agus a dhíspreagadh;

80. á iarraidh go mbeadh caidreamh agus comhar níos dlúithe ann le comhpháirtithe i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib chun spriocanna agus leasanna coiteanna a bhaint amach i réimsí na slándála agus na cosanta;

***Grinnscrúdú Pharlaimint na hEorpa ar CBSC a fheabhsú***

81. á chur i bhfáth gur gá Parlaimint na hEorpa a rannpháirtiú ar bhealach níos gníomhaí in CBSC agus sa chinnteoireacht maidir le beartas cosanta tionsclaíoch, go háirithe maidir le cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh, EDF, EDIRPA, EDIP, EPF agus na beartais agus na tionscnaimh éagsúla a dhéanann difear do chosaint agus do shlándáil na hEorpa, nó a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo do chosaint agus do shlándáil na hEorpa; ag moladh na dtograí le haghaidh gníomhaíocht bhreise ó Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe a Fochoiste um Shlándáil agus Cosaint, chun a thionchar ar CBSC a fheabhsú, agus chun éifeachtacht, comhsheasmhacht, cuntasacht dhaonlathach agus grinnscrúdú parlaiminteach leordhóthanach ar bheartas agus tionscnaimh shlándála agus chosanta an Aontais a áirithiú tríd an méid seo a leanas:

— an Fochoiste um Shlándáil agus Cosaint a áireamh mar choiste comhchinnteoireachta i gcomhréir le riail 58 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa sna comhaid reachtacha uile a bhfuil impleachtaí substaintiúla ábhartha acu don tslándáil agus don chosaint,

— úsáid a bhaint as an athbhreithniú meántéarma ar EDF agus as an gcaibidlíocht maidir le EDIRPA atá beartaithe chun cearta grinnscrúdaithe pharlaimintigh leordhóthanacha agus fóinteacha a chur chun feidhme trí ghníomhartha tarmligthe le haghaidh cláir oibre do na príomhchláir thionsclaíocha i réimse na cosanta,

— Comhairle Cosanta lánfheidhme a chruthú,

— Coiste iomlán um Shlándáil agus Cosaint a chur ar bun,

— comhar a neartú ar fud choistí Pharlaimint na hEorpa ina bpléitear cúrsaí slándála agus cosanta,

— soiléiriú a dhéanamh ar cheart chun faisnéise Pharlaimint na hEorpa agus ar a rochtain ar fhaisnéis faoi Airteagal 36 CAE,

— idirphlé agus comhar idirpharlaiminteach leis na parlaimintí náisiúnta maidir le slándáil agus cosaint na hEorpa a threisiú, lena n-áirítear tríd an gComhdháil Idirpharlaiminteach maidir le CBES/CBSC, a bhfuil mar aidhm leis cuntasacht an bheartais slándála agus cosanta agus grinnscrúdú ina leith a threisiú;

82. á iarraidh go ndéanfaí caidreamh Pharlaimint na hEorpa le Tionól Parlaiminteach ECAT a neartú tuilleadh, faoi chuimse inar cheart do Pharlaimint na hEorpa tacú le bunú Lárionad ECAT um Athléimneacht Dhaonlathach, arb é is aidhm dó faireachán a dhéanamh ar dhúshláin don daonlathas, do chearta an duine agus don smacht reachta agus iad a shainaithint, agus éascú a dhéanamh ar an daonlathas agus ar chúnamh rialachais do na Ballstáit agus do na stáit chomhpháirtíochta;

o

o o

83. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig Uachtarán an Choimisiúin agus chuig Coimisinéirí inniúla, chuig Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, chuig Ardrúnaí ECAT, chuig Uachtarán Thionól Parlaiminteach ECAT, chuig gníomhaireachtaí an Aontais atá ag obair i réimsí na slándála agus na cosanta, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0011

# Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar sin – tuarascáil bhliantúil 2022

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2022 (2022/2049(INI))**

(2023/C 214/06)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt"),

— ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

— ag féachaint d'Airteagal 2, d'Airteagal 3, d'Airteagal 8, d'Airteagal 21 agus d'Airteagal 23 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

— ag féachaint d'Airteagal 17 agus d'Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe prionsabail 2, 3, 11 agus 17 de,

— ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus do chonarthaí agus ionstraimí eile na Náisiún Aontaithe um chearta an duine,

— ag féachaint don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chosc agus Pionósú Choir an Chinedhíothaithe in 1948 agus do Rún 43/29 ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 22 Meitheamh 2020 maidir le cinedhíothú a chosc,

— ag féachaint do Choinbhinsiún Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe in aghaidh Gialla a Ghabháil an 17 Nollaig 1979,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979 maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú,

— ag féachaint don Dearbhú maidir le Gach Cineál Éadulaingthe agus Idirdhealaithe atá Bunaithe ar Reiligiún nó Creideamh a Dhíothú, a fógraíodh le Rún 36/55 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Samhain 1981,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach an 10 Nollaig 1984,

— ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga an 18 Nollaig 1992,

— ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine, a glacadh trí chomhthoil an 09 Nollaig 1998,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989 agus don dá Phrótacal Roghnacha a ghabhann leis, a glacadh an 25 Bealtaine 2000,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas an 13 Nollaig 2006, a tháinig i bhfeidhm in AE an 21 Eanáir 2011, i gcomhréir le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas i gcrích ([1]),

— ag féachaint don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta chun an Uile Dhuine a Chosaint ar Dhíláithriú Forfheidhmithe, arna nglacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 20 Nollaig 2006,

---

([1]) IO L 23, 27.1.2010, lch. 35.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

— ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, a glacadh an 13 Meán Fómhair 2007, agus do Choinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha 1989,

— ag féachaint do Chonradh Trádála Arm na Náisiún Aontaithe, go háirithe Airteagal 7 maidir le hOnnmhairiú agus Measúnú ar Onnmhairiú de, agus do Chód Iompair AE maidir le hOnnmhairithe Arm,

— ag féachaint do Dhearbhú Bhéising an 15 Meán Fómhair 1995,

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015 agus, go háirithe, do spriocanna 1, 4, 5, 8, 10 agus 16 de,

— ag féachaint don Chomhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce Shábháilte, Ordúil agus Rialta an 19 Nollaig 2018 agus do Chomhshocrú Domhanda maidir le Dídeanaithe 2018,

— ag féachaint do Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 24 Márta 2022 maidir le hiarmhairtí daonnúla an ionsaithe ar an Úcráin,

— ag féachaint don mheasúnú a rinne Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 31 Lúnasa 2022 ar ábhair imní maidir le cearta an duine i Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uyghur, Daon-Phoblacht na Síne,

— ag féachaint don ráiteas ó Chathaoirleach Choimisiún Neamhspleách Idirnáisiúnta Fiosrúcháin na Náisiún Aontaithe maidir leis an Úcráin ag an 51ú seisiún den Chomhairle um Chearta an Duine an 23 Meán Fómhair 2022,

— ag féachaint do Chlár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt 1994, agus do thorthaí a comhdhálacha athbhreithnithe,

— ag féachaint do Choinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa chun Cearta an Duine agus Dínit an Duine a chosaint maidir le Feidhmiú na Bitheolaíochta agus na Míochaine (CETS Uimh. 164), a glacadh an 4 Aibreán 1997, agus do na prótacail a ghabhann leo, maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine (CETS Uimh. 197), a glacadh an 16 Bealtaine 2005, agus maidir le Leanaí a Chosaint i gcoinne Taiscéalaíocht Ghnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach (CETS Uimh. 201), a glacadh an 25 Deireadh Fómhair 2007,

— ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (dá ngairtear "Coinbhinsiún Iostanbúl" anseo feasta) an 11 Bealtaine 2011, nach bhfuil daingnithe ag na Ballstáit go léir,

— ag féachaint do Phrótacal Uimh. 6 de chuid Chomhairle na hEorpa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus a bhaineann le Deireadh a chur le Pionós an Bháis,

— ag féachaint don rún a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 16 Márta 2022 maidir le scor chomhaltas Chónaidhm na Rúise i gComhairle na hEorpa,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an Úcráin an 30 agus an 31 Bealtaine 2022,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda ([3]),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 76ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2021-Meán Fómhair 2022,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 24 Eanáir 2022 maidir le tosaíochtaí an Aontais i bhfóraim na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine in 2022,

---

([2]) IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1.
([3]) IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 77ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2022-Meán Fómhair 2023,

— ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 25 Márta 2020, dar teideal "Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, 2020-2024" (JOIN(2020)0005), agus do chonclúidí ón gComhairle an 18 Samhain 2020 ina leith,

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 dar teideal "Plean Gníomhaíochta AE (GAP) III – Clár Oibre Uaillmhianach don Chomhionannas Inscne agus do Chumhachtú na Mban i nGníomhaíocht Sheachtrach An Aontais" (JOIN(2020)0017),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 maidir le straitéis de chuid an Aontais i dtaca le cearta an linbh (COM(2021)0142),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal "Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030" (COM(2021)0101),

— ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le cosantóirí chearta an duine, arna nglacadh ag an gComhairle trí chomhthoil an 14 Meitheamh 2004,

— ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn ([4]), arna nuashonrú in 2009,

— ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le pionós an bháis, arna nuashonrú ag an gComhairle an 12 Aibreán 2013,

— ag féachaint do Threoirlínte AE maidir le saoirse agus reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn agus a chosaint, arna nglacadh ag an gComhairle an 24 Meitheamh 2013,

— ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le cur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar gach ceart de chearta an duine a bheith á theachtadh ag daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LADTI), arna nglacadh ag an gComhairle an 24 Meitheamh 2013,

— ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i dtaca le saoirse tuairimí a nochtadh ar líne agus as líne, arna nglacadh ag an gComhairle an 12 Bealtaine 2014,

— ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i dtaca le neamh-idirdhealú sa ghníomhaíocht sheachtrach, arna nglacadh ag an gComhairle an 18 Márta 2019,

— ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i dtaca le huisce óil sábháilte agus le sláintíocht, arna nglacadh ag an gComhairle an 17 Meitheamh 2019,

— ag féachaint do na Treoirlínte athbhreithnithe maidir le beartas an Aontais Eorpaigh i leith tríú tíortha maidir le céastóireacht agus maidir le híde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, arna nglacadh ag an gComhairle an 16 Meán Fómhair 2019,

— ag féachaint do Threoirlínte athbhreithnithe an Aontais Eorpaigh maidir le hidirphléití i dtaca le cearta an duine le tíortha comhpháirtíochta/tríú tíortha, arna bhformheas ag an gComhairle an 22 Feabhra 2021,

— ag féachaint do Mheasúnú ar Chur Chun Feidhme Eorpach Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa an 24 Lúnasa 2022 maidir le Treoirlínte AE maidir le Cosantóirí Chearta an Duine,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2012 dar teideal "Fréamhacha an daonlathais agus na forbartha inbhuanaithe: Rannpháirtíocht na hEorpa leis an tSochaí Shibhialta sa chaidreamh seachtrach" (COM(2012)0492),

([4]) IO C 303, 15.12.2009, lch. 12.

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Dícheall Cuí Inbhuaine Corparáidí agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071),

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le toirmeasc a chur ar tháirgí a dhéantar le saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais (COM(2022)0453,

— ag féachaint don tuarascáil ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dar teideal “Tuarascáil Bhliantúil maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas ar Domhan 2021”,

— ag féachaint do thionscnamh straitéiseach an Ombudsman Eorpaigh an 7 Iúil 2021 maidir leis an gcaoi a n-áirithíonn an Coimisiún urraim do chearta an duine i gcomhthéacs comhaontuithe trádála idirnáisiúnta,

— ag féachaint do Dhuais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta uaithi, a bronnadh in 2021 ar Alexey Navalny, polaiteoir, dlíodóir agus gníomhaí frith-éillithe mór le rá de chuid na Rúise atá faoi choinneáil sa Rúis ó mhí Eanáir 2021,

— ag féachaint don rún uaithi an 3 Iúil 2018 maidir le sárú ar chearta phobail dhúchasacha an domhain, lena n-áirítear grabáil talún ([5]),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2019 maidir le Treoirlínte AE agus sainordú Thoscaire Speisialta AE maidir le cur chun cinn saoirse reiligiúin agus creidimh lasmuigh den Aontas ([6]),

— ag féachaint do rún uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Comhionannas Inscne i mbeartas eachtrach agus slándála AE ([7]),

— ag féachaint do rún an 10 Márta 2021 uaithi lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach ([8]),

— ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2021 maidir le cosaint chearta an duine agus beartas seachtrach imirce an Aontais ([9]),

— ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2021 maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar chearta an duine agus ról chosantóirí an chomhshaoil i dtaobh an ábhair sin ([10]),

— ag féachaint do rún uaithi an 8 Iúil 2021 maidir le Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (Gníomh Magnitsky AE) ([11]),

— ag féachaint don rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE ([12]),

— ag féachaint do mholadh uaithi an 17 Feabhra 2022 chuig an gComhairle agus chuig Leas–Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le héilliú agus cearta an duine ([13]),

---

([5]) IO C 118, 8.4.2020, lch. 15.
([6]) IO C 411, 27.11.2020, lch. 30.
([7]) IO C 404, 6.10.2021, lch. 202.
([8]) IO C 474, 24.11.2021, lch. 11.
([9]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 70.
([10]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 111.
([11]) IO C 99, 1.3.2022, lch. 152.
([12]) IO C 117, 11.3.2022, lch. 88.
([13]) IO C 342, 6.9.2022, lch. 295.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

— ag féachaint do rún uaithi an 17 Feabhra 2022 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus do bheartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2021 ([14]), agus do na rúin uaithi roimhe sin maidir le tuarascálacha bliantúla níos luaithe,

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Aibreán 2022 maidir le leanaí agus daoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin a bheith á gcosaint ag an Aontas Eorpach ([15]),

— ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2022 maidir le géarleanúint ar mhionlaigh ar fhorais creidimh nó reiligiúin ([16]),

— ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2022 i dtreo straitéis de chuid an Aontais chun oideachas le haghaidh leanaí ar fud an domhain a chur chun cinn: tionchar phaindéim COVID-19 a mhaolú ([17]),

— ag féachaint do rún uaithi an 5 Bealtaine 2022 maidir leis an tionchar atá ag ag gcogadh i gcoinne na hÚcráine ar mhná ([18]),

— ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2022 maidir leis an gcomhrac i gcoinne saoirse ó phionós i gcás coireanna cogaidh san Úcráin ([19]),

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir le staid chearta an duine in Xinjiang, lena n-áirítear comhaid phóilíní Xinjiang ([20]);

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir le hIonstraim nua trádála chun toirmeasc a chur ar tháirgí ar de thoradh saothar éigeantais iad ([21]),

— ag féachaint do rúin uaithi an 9 Meitheamh 2022 dar teideal "Bagairtí domhanda ar chearta ginmhillte: an fhéidearthacht go ndéanfadh an Chúirt Uachtarach cearta ginmhillte a chur ar ceal sna Stáit Aontaithe" ([22]) agus an 7 Iúil 2022 maidir le cinneadh Chúirt Uachtarach na Stát Aontaithe cearta ginmhillte a chur ar ceal sna Stáit Aontaithe agus an gá atá le cearta ginmhillte agus sláinte na mban san Aontas a chosaint ([23]),

— ag féachaint do na rúin uaithi maidir le sáruithe ar chearta an duine, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta (ar a dtugtar rúin phráinne), arna nglacadh i gcomhréir le Riail 144 dá Rialacha Nós Imeachta ó 2019 i leith, go háirithe na rúin sin a glacadh in 2021 agus 2022,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0298/2022),

A. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna na hurraime do dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine, mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE; de bhrí gur cheart gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a bheith bunaithe ar na prionsabail a spreag a chruthú, a fhorbairt agus an méadú a tháinig air agus go bhféachann sé le dul chun cinn a dhéanamh sa domhan mór, mar a chumhdaítear in Airteagal 21 CAE;

B. de bhrí, chun cearta an duine chomh maith le dínit an duine a chumhdach agus a chosaint go héifeachtach, go gcaithfear iad a chur i gcroílár bheartais sheachtracha uile an Aontais, lena n-áirítear forbairt, trádáil, slándáil agus cosaint, imirce agus méadú;

---

([14]) IO C 342, 6.9.2022, lch. 191.
([15]) IO C 434, 15.11.2022, lch. 50.
([16]) IO C 465, 6.12.2022, lch. 33.
([17]) IO C 465, 6.12.2022, lch. 44.
([18]) IO C 465, 6.12.2022, lch. 155.
([19]) IO C 479, 16.12.2022, lch. 68.
([20]) IO C 493, 27.12.2022, lch. 96.
([21]) IO C 493, 27.12.2022, lch. 132.
([22]) IO C 493, 27.12.2022, lch. 120.
([23]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0302.

C. de bhrí gur cuid fíor-riachtanach de bheartas an Aontais um chearta an daoine atá inchreidte agus éifeachtach í an chomhsheasmhacht idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha an Aontais;

D. de bhrí go gcreideann an tAontas go láidir san iltaobhachas agus go dtacaíonn sé go hiomlán leis an iltaobhachas, le hord domhanda riailbhunaithe atá bunaithe ar urramú an dlí idirnáisiúnta agus na bpróiseas daonlathach, agus leis an tacar luachanna, prionsabal agus norm uilíoch, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach i gCairt na Náisiún Aontaithe, lena dtreoraítear Ballstáit na Náisiún Aontaithe agus a gcaidreamh frithpháirteach;

E. de bhrí gur croíluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne; de bhrí gur ceart bunúsach é an ceart chun córa comhionainne agus chun saoirse ó idirdhealú a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt) agus gur cheart é a urramú go hiomlán; de bhrí go bhfuil an ceart chun sláine an duine fíorthábhachtach faoi Airteagal 3 den Chairt; de bhrí gur cheart, dá bhrí sin, príomhshruthú inscne agus cur chuige trasnach a chur chun feidhme agus a chomhtháthú mar phrionsabal cothrománach i ngníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais;

F. de bhrí go bhfuil an t-údarásaíochas, an míliobrálachas agus an pobalachas ar fud an domhain ag bagairt ar an ord domhanda riailbhunaithe agus ar na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe; de bhrí, de réir Innéacs Daonlathais 2021, go bhfuil níos lú ná leath de dhaonra an domhain (45,7 %) ina gcónaí anois i ndaonlathas "de chineál éigin" agus go bhfuil níos mó ná 37 % ina gcónaí faoi riail fhorlámhach;

G. de bhrí go bhfuil an sceimhlitheoireacht fós ar cheann de na bagairtí is mó ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta agus gur sárú soiléir í ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha;

H. de bhrí gur chuir paindéim COVID-19 bac ar chearta an duine ar fud an domhain, mar thoradh ar na hionstraimí agus ar na beartais a cuireadh i bhfeidhm chun moill a chur ar leathadh an víris, agus i mórán cásanna go raibh nasc idir na hionstraimí agus na beartais sin agus cailliúint phrionsabail dhaonlathacha an stáit i roinnt stát;

I. de bhrí go n-eascraíonn sáruithe ar chearta an duine as éigeandálaí comhshaoil, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an athrú aeráide agus as dífhoraoisiú, agus go ndéanann siad difear ní hamháin do na daoine ina ngarchomharsanacht, ach don chine daonna ina iomláine freisin; de bhrí go bhfuil méadú tagtha le blianta beaga anuas ar dhúnmharuithe, ar ionsaithe agus ar chineálacha eile foréigin in aghaidh daoine a chosnaíonn cearta an duine, an comhshaol agus rochtain daoine ar a dtalamh agus ar a n-acmhainní nádúrtha; de bhrí gur dhá dhúshlán phráinneacha agus idirnasctha iad an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil atá mar bhonn don fhorbairt inbhuanaithe agus do theachtadh chearta an duine ar fud an domhain;

J. de bhrí go bhféadfadh an ghéarchéim fuinnimh, mar aon leis an ngéarchéim táirgthe atá os comhair na hEorpa, an bhochtaineacht agus an leochaileacht san Eoraip a mhéadú, agus go bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar chearta an duine;

K. de bhrí go n-eascraíonn cásanna leatroma, coinbhleachta agus cogaidh ar fud an domhain as sáruithe ar na cearta chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin, lena n-áirítear an ceart chreidiúint nó gan chreidiúint, tuairimí diachúla, agnosacha nó aindiacha a chur chun cinn, reiligiún an duine a athrú nó a fhágáil agus creideamh an duine féin a chur in iúl go poiblí;

***Treochtaí ginearálta agus dúshláin dhomhanda don daonlathas agus do chearta an duine***

1. ag athdhearbhú uilechoitinne agus dhodhealaitheacht chearta an duine agus na dínite ar cuid dhílis de gach duine í; á chur i bhfáth, ina leith sin, go bhfuil rún daingean aici aghaidh a thabhairt, ar na dúshláin atá roimh chearta an duine ar fud an domhain agus á athdhearbhú go bhfuil sé de dhualgas ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a dhícheall a dhéanamh a bheith mar cheannaire domhanda ó thaobh cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus an daonlathas a chur chun cinn agus a chosaint i gcomhréir le luachanna bunaidh an Aontais;

2. á áitiú nach mór cosaint chearta an duine, saoirsí bunúsacha agus dínit gach duine a bheith ar an mbunchloch ar a bhfuil beartas seachtrach an Aontais bunaithe; ag moladh go láidir don Aontas, chuige sin, a dhícheall a dhéanamh tiomantas uaillmhianach leanúnach a bhaint amach chun go mbeidh cosaint chearta an duine ina cuid lárnach de bheartais uile an Aontais ar bhealach cuíchóirithe agus chun feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht idir beartas inmheánach agus beartas seachtrach an Aontais sa réimse sin;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

3. á mheabhrú gur cheart plean gníomhaíochta AE 2020-2024 maidir le cearta an duine agus an daonlathas a úsáid mar threochlár de thosaíochtaí AE a bhaineann le cearta an duine agus, dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh sé i gcroílár bheartais sheachtracha uile AE; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go nglacfadh na Ballstáit seilbh ar phlean gníomhaíochta an Aontais agus go dtabharfaidís tuairisc phoiblí ar a ngníomhaíochtaí faoin bplean; ag moladh do pharlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha, d'institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta dul i dteagmháil le húdaráis ar leibhéal na mBallstát maidir lena rannchuidiú le beartas seachtrach an Aontais um chearta an duine a chur i gcrích; á iarraidh go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach in athbhreithniú agus nuashonrú na Comhairle amach anseo ar aon cheann de Threoirlínte AE maidir le Cearta an Duine agus go n-áiritheofaí tuilleadh trédhearcachta ina gcur chun feidhme;

4. á chur in iúl gur cúis mhór imní di na bagairtí tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an daonlathas ar fud an domhain, ag tabhairt dá haire go bhfuil líon na ndaonlathas ag dul i léig i gcónaí, agus go bhfuil méadú tagtha ar líon na réimeas údarásaíoch agus gur tháinig meath ar staid chearta an duine i gcás beagnach 75 % de dhaonra an domhain ina dtír féin le bliain anuas; á chur i bhfios go láidir, agus é ina ábhar imní di, gur ann do sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i líon méadaitheach áiteanna ar fud an domhain, chomh maith le saoirse ó phionós go forleathan as na sáruithe sin;

5. Á chur in iúl gur saoth léi, in ainneoin gur gá díriú ar fhreagairtí ar na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide agus ar an téarnamh ó thionchar diúltach phaindéim COVID-19 trí dhlúthpháirtíocht dhomhanda, gur chuir roinnt ceannairí forlámhacha, chomh maith leis an bpaindéim agus acmhainní domhanda a mhíbhainistiú, dlús lena gcur faoi chois ar an bhfreasúra polaitiúil, easaontú, cosantóirí chearta an duine, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí faoi stiúir an phobail agus eagraíochtaí creidimh, agus meáin neamhspleácha, chomh maith le coinbhleachtaí inmheánacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana a chothú agus a leathnú agus coinbhleachtaí nua a spreagadh a bhfuil éifeachtaí tubaisteacha acu ar chearta an duine; á chur in iúl gur saoth léi na cásanna éagsúla inar bhain ceannairí forlámhacha mí-úsáid as éifeachtaí na paindéime chun údar a thabhairt lena mbeartais dhiansmachtúla a ghéarú;

6. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go ngníomhóidh AE agus a Bhallstáit go comhsheasmhach le chéile, go háirithe i bhfóraim iltaobhacha, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda do chearta an duine agus don daonlathas, agus chun comhsheasmhacht a choinneáil laistigh dá bheartais inmheánacha agus sheachtracha; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil riail na haontoilíochta le haghaidh cinntí áirithe maidir le beartas eachtrach AE, lena n-áirítear smachtbhannaí ar chiontóirí chearta an duine, ina bac ar ghníomhaíocht chinntitheach riachtanach mar gheall ar imthosca geopholaitiúla atá ag athrú, agus gur cheart, dá bhrí sin, í a athbhreithniú;

7. ag tathant ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí ar fud an domhain tacú leis an daonlathas agus le cearta an duine; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit, i ndáil leis sin, ina n-aonar agus i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta a bhfuil dáimh acu leo, stop a chur le hiarrachtaí neamh-inghlactha a dhéantar institiúidí daonlathacha agus cearta uilechoiteanna an duine a lagú agus lena laghdaítear an spás don tsochaí shibhialta agus do ról na sochaí sibhialta; ag athdhearbhú luach an iltaobhachais mar ionstraim chun an sprioc sin a bhaint amach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an daonlathas agus ábhair imní maidir le cearta an duine a chur i gcroílár chaidreamh taidhleoireachta AE leis na comhpháirtithe uile, go háirithe le tíortha a mheastar a bheith ina gcomhpháirtithe straitéiseacha; á chur i bhfáth, ina theannta sin, a thábhachtaí atá sé cúrsaí a bhaineann le cearta an duine a chur i gcroílár ghníomhaíocht pharlaiminteach AE, lena n-áirítear tríd an bhFochoiste um Chearta an Duine a uasghrádú chuig coiste neamhspleách; ag tabhairt dá haire gur seoladh treoirthionscadal an 26 Lúnasa 2022 chun acadamh taidhleoireachta Eorpach a bhunú;

8. a athdhearbhú go n-éilíonn tiomantas agus reitric uaillmhianach bheartas eachtrach an Aontais maidir le cearta an duine go dtabharfadh an beartas sin dea-shampla ionas nach mbainfear an bonn óna inchreidteacht agus é ag cur i gcoinne an mheathlaithe dhaonlathaigh dhomhanda; á iarraidh ar institiúidí agus comhlachtaí AE, lena n-áirítear an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), a áirithiú go ndéanfar oibleagáidí AE agus na mBallstát maidir le cearta an duine a chur chun feidhme go comhsheasmhach i gcomhbheartas eachtrach agus slándála AE; á mholadh dóibh, i ndáil leis sin, úsáid a bhaint as na huirlisí taidhleoireachta uile, go príobháideach agus go poiblí, agus go déthaobhach agus i bhfóraim iltaobhacha araon, chun saincheisteanna maidir le cearta an duine a ardú le tíortha comhpháirtíochta; á iarraidh an athuair ar AE cúram ar leith a thabhairt chun measúnú agus cosc a dhéanamh ar aon sáruithe a bhaineann lena bheartais, tionscadail agus cistiú féin, lena n-áirítear ag an mBanc Eorpach Infheistíochta agus ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, i dtríú tíortha agus sásra gearáin a chruthú do dhaoine aonair nó do ghrúpaí a bhféadfadh gníomhaíochtaí AE sna tíortha sin sárú a dhéanamh ar a gcearta;

*Cogadh ionsaithe i gcoinne na hÚcráine*

9. ag cáineadh, sna téarmaí is láidre is féidir, cogadh neamhdhleathach, gan údar agus gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le rannpháirtíocht na Bealarúise lena gcuirtear ar chumas na Rúise ionsaithe marfacha a sheoladh i gcoinne na hÚcráine óna críoch; á chur in iúl, i ndáil leis sin, gur cúis mhór imní di fulaingt an duine agus ag cáineadh na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a rinne fórsaí armtha na Rúise agus a n-ionadaithe san Úcráin;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

10. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí comhpháirteacha an Aontais agus a Bhallstát agus na sochaí sibhialta ar freagairt ar an gcogadh iad; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an dlúthpháirtíocht a léirigh líon mór tíortha i leith na hÚcráine, mar a léiríodh ina seasamh le linn sheisiúin agus vótaí Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcogadh neamhdhleathach san Úcráin; á athdhearbhú gur gá iarrachtaí taidhleoireachta AE a mhéadú i dtreo na stát a staon ón rún a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2022 maidir le hionsaí i gcoinne na hÚcráine agus na rúin seo a leanas ar an ábhar chun a thromchúisí atá ionsaí na Rúise agus an gá atá le freagairt d'aon toil ón gcomhphobal idirnáisiúnta i gcoinne an tsáraithe neamhnáireach sin ar an dlí idirnáisiúnta a mhíniú; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit an tacaíocht atá de dhíth orthu a thabhairt do mhuintir na hÚcráine chun a saoirse, an daonlathas, cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta a chosaint; á chur in iúl gur geal léi na smachtbhannaí gan fasach a forchuireadh i gcomhthéacs an chogaidh agus á iarraidh go gcuirfí chun feidhme iad ar bhealach comhordaithe; á iarraidh, ina theannta sin, ar AE agus ar a Bhallstáit tacú le hiarrachtaí agus eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta na Rúise a threisiú d'fhonn cuidiú le bonn a leagan síos do dhaonlathas a bheidh ann amach anseo sa Rúis;

11. ag cáineadh go láidir agus á chur in iúl gur cúis mhór imní di na hainghníomhartha, na coireanna cogaidh agus na sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear foréigean gnéasach, foréigean inscnebhunaithe agus céasadh agus marú sibhialtach agus príosúnach cogaidh, arna ndéanamh ag fórsaí armtha na Rúise agus a n-ionadaithe i gcogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag tathant ar na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar iad siúd a rinne coireanna cogaidh agus sáruithe ar chearta an duine san Úcráin a shainaithint agus a thabhairt chun cuntais a luaithe is féidir agus chun leigheasanna éifeachtacha a chur ar fáil ar na damáistí a bhain do shibhialtaigh na hÚcráine; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit leanúint dá dtacaíocht iomlán a thabhairt do na geallsealbhóirí, bearta agus sásraí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí agus breithiúna na hÚcráine, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC), Coimisiún Fiosrúcháin Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus imscrúduithe náisiúnta faoi phrionsabal na dlínse uilíche; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, go bhfuil tacaíocht tugtha ag AE d'acmhainneachtaí imscrúdaithe na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta chun cabhrú léi a cuid imscrúduithe ar choireanna cogaidh san Úcráin a mhéadú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé fianaise ar choireanna cogaidh agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna a bhailiú agus a chaomhnú go pras agus á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na sochaí sibhialta chun na críche sin; á iarraidh ar an gCoimisiún an cúnamh uile is gá a chur ar fáil sa phróiseas sin, lena n-áirítear cistiú ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI — An Eoraip Dhomhanda), agus ag tathant ar na Ballstáit páirt a ghlacadh sa phróiseas sin iad féin aon uair a bheidh siad in ann é sin a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi sainordú leasaithe Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun na hÚcráine agus an togra ón gCoimisiún maidir le síneadh a chur le sainordú Eurojust chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós i ngach cás; á iarraidh go ndéanfar cinneadh eolasach maidir leis na réitigh is iomchuí chun na daoine aonair agus na heintitis atá freagrach as cogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus na coireanna cogaidh a dhéantar ar chríoch na hÚcráine a chumasú a thabhairt chun cuntais, ar cheart go n-áireofaí orthu ionchúiseamh coireanna ionsaithe a ghníomhachtú i gcúirt idirnáisiúnta a chruthófaí go speisialta nó faoi dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta;

12. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit leanúint de na hionstraimí uile atá ar fáil dóibh a úsáid chun tacú leis an gcomhrac chun an Úcráin a shaoradh óna háitítheoirí agus chun cabhair a thabhairt do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin chun tacaíocht a lorg i mBallstáit AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil 8,8 milliún Úcránach tar éis teacht isteach in AE ó thús chogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine, as a bhfuil 4 mhilliún díobh cláraithe faoi chosaint shealadach nó faoi scéimeanna cosanta náisiúnta comhchosúla san Eoraip; á chur in iúl gur geal léi gach léiriú dlúthpháirtíochta agus cúnaimh a léirigh saoránaigh AE do mhuintir na hÚcráine, lena n-áirítear a rannpháirtíocht sa chabhair dhaonnúil, agus á chur in iúl gur geal léi an Treoir um Chosaint Shealadach ([24]) a spreagadh chun foráil a dhéanamh do chosaint agus do chearta láithreacha do mhuintir na hÚcráine atá easáitithe agus a thagann isteach san Aontas; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cistiú feabhsaithe do na tíortha óstacha, lena n-áirítear béim níos mó ar rochtain ar oideachas, ar dheiseanna eacnamaíocha, ar thithíocht, ar chúram sláinte agus ar chomhtháthú sna sochaithe óstacha; á chur i bhfios go láidir gur gá tacú, i measc nithe eile, le híospartaigh foréigin ghnéasaigh, inscnebhunaithe agus atáirgthe;

13. ag cáineadh athlonnú agus ionnarbadh éigeantach leanaí Úcránacha, lena n-áirítear ó institiúidí cúraim sláinte, chuig Cónaidhm na Rúise agus chuig na críocha atá faoi fhorghabháil ag an Rúis san Úcráin agus a nglacadh éigeantach ag teaghlaigh Rúiseacha; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tacaíocht a chur ar fáil chun na leanaí sin a lonnú agus iad a athaontú lena dteaghlaigh nó lena gcaomhnóirí dlíthiúla;

([24]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

14. á chur i bhfios go láidir go raibh tionchar ollmhór ag an gcogadh ionsaithe neamhdhleathach, gan údar agus gan chúis i gcoinne na hÚcráine ar shlándáil bia ar fud an domhain, ós rud é gurb í an Úcráin an cúigiú onnmhaireoir gráin is mó ar domhan;

15. á chur in iúl gur cúis mhór imní di sábháilteacht suiteálacha núicléacha san Úcráin, atá i mbaol tuairgneála míleata i gcónaí; á iarraidh ar AE, ar a Bhallstáit agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta criosanna sábháilteachta a bhunú timpeall na suiteálacha núicléacha sin;

***Beartais, ionstraimí agus taidhleoireacht an Aontais a fheabhsú chun cearta an duine agus an daonlathas a chosaint agus chur chun cinn ar fud an domhain***

*NDICI – an Eoraip Dhomhanda agus an clár téamach um chearta an duine agus um an daonlathas*

16. á iarraidh ar AE machnamh a dhéanamh ar conas cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar an mbealach is fearr in ionstraimí agus straitéisí uile AE chun beartas eachtrach AE maidir le cearta an duine a neartú agus chun oiriúnú don staid gheopholaitiúil atá ag teacht chun cinn agus chun í a mhúnlú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil NDICI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear a clár téamach um chearta an duine agus an daonlathas, ar cheann de na príomhuirlisí atá ar fáil don Aontas chun feabhas a chur ar staid chearta an duine ar fud an domhain agus chun cuidiú le sochaithe athléimneacha, cuimsitheacha agus daonlathacha a chothú, agus tionchar na réimeas forlámhach á chomhrac ag an am céanna; á chur i bhfáth go bhfuil rannpháirtíocht ghníomhaithe na sochaí sibhialta áitiúla ríthábhachtach chun cearta an duine agus an daonlathas a chosaint ina dtíortha agus á iarraidh an athuair go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí seachtracha ábhartha uile an Aontais; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an cúnamh luachmhar atá á chur ar fáil faoi láthair d'eagraíochtaí agus gníomhaithe na sochaí sibhialta ar fud an domhain faoin gclár téamach um chearta an duine agus um an daonlathas de NDICI — an Eoraip Dhomhanda agus faoin Dearlaic Eorpach don Daonlathas; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé do NDICI – an Eoraip Dhomhanda cearta an duine agus an daonlathas a chur chun cinn le comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta agus áitiúla, inter alia, trí mhisin breathnóireachta toghcháin AE; ag leagan béim ar ról na Parlaiminte i bpróiseas clársceidealaithe na hionstraime agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS feabhas a chur ar chomhroinnt na faisnéise ábhartha uile ar bhealach tráthúil chun cur ar chumas na Parlaiminte a ról mar a chumhdaítear sna conarthaí a chomhlíonadh, go háirithe le linn idirphlé geopholaitiúil ardleibhéil leis an gCoimisiún; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS dul i mbun idirphlé leis an bParlaimint chun feabhas a áirithiú ina leith sin;

17. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá pleanáil fhadtéarmach agus tacaíocht leanúnach do thionscadail agus do thionscnaimh faoi NDICI — an Eoraip Dhomhanda, go háirithe nuair a bhaineann sé le réigiúin atá thíos le coinbhleachtaí, cogadh agus tubaistí nádúrtha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS tacaíocht daonlathais a chomhtháthú mar thosaíocht thrasearnálach i ngach ceann de na cláir théamacha agus gheografacha de chuid NDICI — an Eoraip Dhomhanda;

18. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh níos mó trédhearcachta ann maidir le forálacha a bhaineann le cearta an duine i gcomhaontuithe maoiniúcháin faoi NDICI — an Eoraip Dhomhanda agus go ndéanfaí soiléiriú ar an sásra agus ar na critéir chun comhaontuithe den sórt sin a chur ar fionraí i gcás sárú ar chearta an duine, ar phrionsabail dhaonlathacha nó ar an smacht reachta, agus i gcásanna tromchúiseacha éillithe chomh maith; á iarraidh ar an gCoimisiún staonadh ó thacaíocht bhuiséadach a úsáid do rialtais tríú tíortha mar mhódúlacht oibríochtúil don chomhar le tíortha ina bhfeictear sáruithe forleathana ar chearta an duine agus cos ar bolg ar chosantóirí chearta an duine;

*Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine*

19. ag tacú go hiomlán le hobair Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) um Chearta an Duine ó thaobh cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ar domhan trí rannpháirteachas le tríú tíortha agus trí chomhar le comhpháirtithe a bhfuil dáimh acu leo, agus lena ról tábhachtach ó thaobh feabhas a chur ar éifeachtacht beartais an Aontais maidir le cearta an duine trí iarrachtaí a gcomhleanúnachas a mhéadú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le dlúthchomhar idir an ISAE um Chearta an Duine agus ISAEnna eile maidir le tíortha agus réigiúin chun an chomhsheasmhacht sin a fheabhsú tuilleadh, agus á iarraidh go mbeidh ról an ISAE um Chearta an Duine níos infheicthe; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ISAE um Chearta an Duine ag leanúint de bheith ag comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe agus a Rapóirtéirí Speisialta arna gceapadh ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, agus le hionadaithe ó thíortha eile atá freagrach as cearta an duine nó le toscairí ó thíortha eile atá freagrach as cearta an duine; á iarraidh ar ISAE níos mó a bheith rannpháirteach go poiblí maidir le cosantóirí aonair chearta an duine agus comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí AE agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta tírbhunaithe agus le cosantóirí chearta an duine; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá ISAEnna maidir le staideanna tíre agus réigiúnacha i dteagmháil le húdaráis náisiúnta maidir le cearta an duine agus cásanna aonair a chosaint; á mholadh do ISAE um Chearta an Duine iarrachtaí taidhleoireachta a shaothrú chun tacaíocht AE don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus don cheartas idirnáisiúnta a fheabhsú;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

20. ag athdhearbhú gur cheart ainmniú ISAE um Chearta an Duine a bheith faoi réir éisteacht roimh ré sa Pharlaimint; á mholadh creat a bhunú ina mbeidh ISAE um Chearta an Duine cuntasach don Pharlaimint as na spriocanna a leagtar amach i gclár oibre ISAE a bhaint amach ag tús a sainordaithe agus nach mór dó tuarascáil a thabhairt ar bhonn rialta maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach; á chur i bhfáth, cé go gcoinníonn an Pharlaimint comhar le SEGS, arna fheabhsú le Cinneadh 2010/427/AE ([25]) ón gComhairle agus le dearbhú 2010 ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le cuntasacht pholaitiúil, gur gá an creat don chaidreamh idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus SEGS, lena n-áirítear a toscaireachtaí, maidir le saincheisteanna chearta an duine a neartú tuilleadh; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá do SEGS ról a thabhairt don Pharlaimint i bhforbairt nótaí treorach maidir le cur chun feidhme ionstraimí AE um chearta an duine, amhail Treoirlínte AE maidir le Cearta an Duine agus sásraí AE maidir le dícheall cuí agus an comhrac i gcoinne an éillithe, i measc nithe eile, i dtríú tíortha;

21. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thagann chun cinn i gcomhordú idir institiúidí AE maidir le bainistiú chaidreamh seachtrach AE i ndáil le cearta an duine; á chur in iúl gur geal léi an comhordú méadaithe i measc thoscaireachtaí AE agus cheanncheathrú SEGS agus Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta maidir le cásanna aonair práinneacha a bhaineann le cosantóirí chearta an duine;

*Toscaire Speisialta an Aontais Eorpaigh um saoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn lasmuigh den Aontas*

22. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala aici, go bhfuil post Thoscaire Speisialta an Aontais Eorpaigh um shaoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn lasmuigh de Aontas fágtha gan líonadh le breis agus bliain; á iarraidh an athuair ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún measúnú pras, trédhearcach agus cuimsitheach a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar bhreisluach shainordú an Toscaire Speisialta, lena n-áirítear i dtéarmaí a seasaimh institiúidigh, chun acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a chur ar fáil don Toscaire Speisialta, agus chun tacú go leordhóthanach le sainordú institiúideach, acmhainneacht agus dualgais an Toscaire Speisialta; á chur in iúl gur geal léi ceapachán Frans van Daele an 7 Nollaig 2022 mar Thoscaire Speisialta um chur chun cinn saoirse reiligiúin agus creidimh lasmuigh den Aontas Eorpach; á mheabhrú gur cheart dualgais an Toscaire Speisialta a dhíriú ar shaoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin agus creidimh a chur chun cinn agus a chosaint, agus ar na cearta chun neamhchreidimh, chun séanadh creidimh agus chun tuairimí aindiacha a chur chun cinn; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart don Toscaire Speisialta aird ar leith a thabhairt ar thiontú éigeantach, ar mhí-úsáid dlíthe diamhasla agus ar staid na neamhchreidmheoirí atá i mbaol;

23. á mholadh go n-oibreoidh an Toscaire Speisialta go dlúth agus ar bhealach comhlántach le ISAE um Chearta an Duine agus le Meitheal na Comhairle um Chearta an Duine; á iarraidh, ina theannta sin, go mbeadh comhairliúcháin rialta ag an Toscaire Speisialta leis an bParlaimint agus comhoibriú le coimisinéirí, toscairí agus ambasadóirí na mBallstát atá freagrach as saoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn chun gníomhaíochtaí a chomhordú;

*Idirphlé AE maidir le cearta an duine agus teagmhálacha déthaobhacha eile le tríú tíortha*

24. á chur i bhfios go láidir gur deis é an t-idirphlé maidir le cearta an duine le tríú tíortha chun díriú ar dhúshláin maidir le cearta an duine agus á iarraidh go ndéanfar iad a chur i gcrích ar bhealach atá dírithe ar thorthaí, a athbhreithniú go rialta agus leas iomlán a bhaint astu; á iarraidh an athuair go mbeadh idirphlé maidir le cearta an duine bunaithe ón tús ar thacar soiléir tagarmharcanna lena bhféadfar faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an t-idirphlé; á iarraidh ar SEGS meastóireachtaí ar thorthaí an t-idirphlé a dhéanamh agus a chur in iúl go córasach agus obair leantach a dhéanamh orthu dá réir; á chur i bhfáth, chun a bheith éifeachtach, nár cheart an t-idirphlé a úsáid mar uirlis neamhspleách, ach gur cheart, ina ionad sin, é a chomhtháthú i sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí AE, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le beartas trádála AE, leis na tríú tíortha lena mbaineann, lena ndéanfaí gné chearta an duine a shruthlíniú agus na teachtaireachtaí a chuirtear in iúl san idirphlé a threisiú; ag tarraingt aird ar a thábhachtaí atá sé cásanna aonair a ardú, go háirithe na cásanna sin ar tharraing an Pharlaimint aird orthu ina rúin agus ina rúin agus ag buaiteoirí Dhuais Sakharov agus ag na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais atá i mbaol, i gcomhthéacs idirphlé maidir le cearta an duine agus a áirithiú go ndéanfar obair leantach leormhaith agus tuairisciú don Pharlaimint maidir leis an ngníomhaíocht a dhéantar i leith na gcásanna sin;

25. ag cur béim ar a thábhachtaí atá comhairliúchán córasach, dílis, inrochtana agus cuimsitheach le heagraíochtaí agus geallsealbhóirí uile na sochaí sibhialta le linn phróiseas iomlán an idirphlé maidir le cearta an duine;

([25]) Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

26. á chur in iúl gur geal léi atosú an idirphlé maidir le cearta an duine le tríú tíortha a eascraíonn as comhthéacs níos fabhraí don rannpháirtíocht; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, i gcás nach dtuairiscítear aon dul chun cinn inbhraite tar éis sraith idirphlé maidir le cearta an duine, mar a tharla i roinnt cásanna, gur cheart do AE a chuid aidhmeanna a choigeartú, lena n-áirítear maidir le stiúradh níos leithne an chaidrimh dhéthaobhaigh;

*Toscaireachtaí AE*

27. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach gach gníomhaíocht is féidir a dhéanamh chun feasacht a mhúscailt maidir le Treoirlínte AE maidir le Cearta an Duine i dtoscaireachtaí AE agus ag tathant ar na toscaireachtaí uile cur chun feidhme cuí na dTreoirlínte sin a áirithiú; á athdhearbhú, i ndáil leis sin, a hiarraidh ar thoscaireachtaí AE agus ar a "phointí fócasacha" um chearta an duine i dtríú tíortha obair níos rannpháirtí a dhéanamh trí thacaíocht rialta a thabhairt do chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear buaiteoirí Dhuais Sakharov agus na hiomaitheoirí deiridh atá i mbaol, agus trí aghaidh a thabhairt go críochnúil ar thopaicí agus ar chásanna aonair a ardaítear i rúin na Parlaiminte maidir le sáruithe ar chearta an duine, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta; á iarraidh ar na hoifigigh i dtoscaireachtaí AE cásanna cos ar bolg agus géarleanúna ar chosantóirí chearta an duine, ar an bhfreasúra daonlathach agus ar ghníomhaithe na sochaí sibhialta a thabhairt d'údaráis stáit, agus má tá na daoine atá buailte faoi choinneáil, faireachán a dhéanamh ar a gcásanna, cuairt a thabhairt orthu i bpríosún, freastal ar a nósanna imeachta trialach agus a gcásanna a ardú san idirphlé maidir le cearta an duine a dhéanann AE leis na tíortha lena mbaineann;

28. ag tarraingt aird ar na cásanna ina bhfuil cuir chuige éagsúla glactha ag misin Bhallstáit AE agus ag toscaireachtaí AE maidir le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn i dtríú tíortha, cé go bhfuil tiomantas comhchoiteann ag Ballstáit AE maidir leis an ábhar sin; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh ról méadaitheach ag ambasáidí Bhallstáit AE, amhail toscaireachtaí AE, maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, chomh maith le tacú leis an tsochaí shibhialta i dtríú tíortha; á iarraidh ar thoscaireachtaí AE meithleacha um chearta an duine a bhunú lena dtabharfar le chéile seirbhísí ábhartha ambasáidí na mBallstát agus thoscaireachtaí AE, agus comhoibriú go dlúth le hionadaithe ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha na sochaí sibhialta i dtríú tíortha lena mbaineann;

*Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (CDSCD – "Gníomh Magnitsky AE")*

29. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine á úsáid ar bhonn níos minice mar uirlis bhunriachtanach lena neartaítear ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda um chearta an duine trí smachtbhannaí spriocdhírithe a bheith á n-úsáid ag an gComhairle; á iarraidh go ndéanfaí na bearta sriantacha a glacadh cheana a chur chun feidhme go héifeachtach, go hiomlán agus ar bhealach comhordaithe, agus go nglacfaí bearta breise más gá; á iarraidh ar AE úsáid níos dinimiciúla a bhaint as an uirlis sin mar chuid lárnach dá bheartas eachtrach um chearta an duine; á iarraidh go ndéanfaí bearta sriantacha a chur i bhfeidhm go dian, go comhsheasmhach agus go haonfhoirmeach agus go ndéanfar faireachán orthu sna Ballstáit uile, mar choinníoll d'inchreidteacht agus d'éifeachtacht ghníomhaíocht sheachtrach AE; á iarraidh ar AE oibriú le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo chun níos mó tíortha a spreagadh chun córais smachtbhannaí a ghlacadh agus chun comhordú a dhéanamh ar ghlacadh beart sriantach spriocdhírithe go comhpháirteach chun a n-éifeachtacht a uasmhéadú ar an leibhéal domhanda; á chur in iúl gur geal léi gealltanas Uachtarán an Choimisiúin ina hAitheasc ar Staid an Aontais in 2022 bearta a thíolacadh chun creat reachtach AE chun an t-éilliú a chomhrac a thabhairt cothrom le dáta agus chun an t-éilliú a áireamh in GHRSR AE, atá i gcomhréir le seasamh na Parlaiminte, chun díriú go héifeachtach ar chumasóirí eacnamaíocha agus airgeadais na sáruithe ar chearta an duine; ag athdhearbhú a hiarrata go dtabharfaí isteach vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh chinntí na Comhairle agus le haghaidh cur chun feidhme smachtbhannaí faoi GHRSR AE; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle iarracht a dhéanamh go gcuirfí san áireamh moltaí na Parlaiminte maidir le smachtbhannaí spriocdhírithe a bheidh ann amach anseo, mar a shonraítear ina rúin agus i nithe eile;

30. á chur in iúl gur geal léi na liostaí a rinneadh in 2021 faoi GHRSR AE; á iarraidh ar an gComhairle, ar na Ballstáit agus ar SEGS straitéis a fhorbairt chun feabhas a chur ar an idirghníomhú idir GHRSR AE agus córais smachtbhannaí geografacha, go háirithe trí úsáid níos fearr a bhaint as GHRSR AE chun dul i ngleic le sáruithe nach féidir a nascadh go díreach le stát, mar shampla i gcásanna ina ndéanann amhais sáruithe ar chearta an duine i gcríocha lasmuigh de rialú rialtais nó i gcásanna trasteorann, amhail gáinneáil ar dhaoine;

31. á chur in iúl gur cúis mhór imní di agus ag cáineadh beartas roinnt tíortha d'aon ghnó maidir le heachtrannaigh a ghabháil, a choinneáil agus a ionchúiseamh go treallach, lena n-áirítear saoránaigh AE, ar chúiseanna bréige chun críocha bolscaireachta, chun príosúnaigh a úsáid mar ionstraim caibidlíochta agus malartaithe idirnáisiúnta nó mar bhealach chun brú polaitiúil a chur i bhfeidhm; á chur i bhfáth gurb ionann beartas den sórt sin a chur i ngníomh agus gníomh glactha giall de réir bhrí an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta i gcoinne Gialla a Ghabháil; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun gníomhartha den sórt sin a chosc agus chun rabhadh a thabhairt do shaoránaigh AE, go háirithe dénáisiúnaigh, faoin mbaol go ngabhfar iad agus cuairt á tabhairt ar thíortha áirithe; á iarraidh ar an gComhairle breithniú a dhéanamh ar bhearta sriantacha a chur i bhfeidhm faoi GHRSR AE maidir le daoine nó eintitis atá freagrach as saoránaigh AE a ghabháil nó a choinneáil go treallach mar "ghiall stáit";

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

*An t-éilliú agus cearta an duine*

32. á chur i bhfáth go ndéantar an rialachas daonlathach a lagú go mór leis an éilliú, go gcuireann sé bac ar theachtadh chearta an duine ar fud an domhain, go n-éascaítear agus go mbuanaítear sáruithe ar chearta an duine agus ar an smacht reachta agus go ndéantar difear díréireach do na daoine aonair agus na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe sa tsochaí; á iarraidh go mbeidh an comhrac i gcoinne an éillithe ina chuid d'iarrachtaí agus de bheartais uile an Aontais chun cearta an duine agus an daonlathas a chur chun cinn, trí straitéis dhomhanda thiomnaithe frithéillithe a fhoirmliú, lena n-áirítear cláir faoi ionstraimí airgeadais seachtracha an Aontais agus trí ról grinnscrúdaithe na Parlaiminte a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá sé go dtabharfadh AE agus a Bhallstáit dea-shampla trí éilliú a bhfuil baint ag gníomhaithe atá bunaithe san Aontas leis a chomhrac, trí na caighdeáin trédhearcachta is airde a chur i bhfeidhm maidir lena gcistiú seachtrach agus trí dhlús a chur lena dtacaíocht d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do ghníomhaithe agus d'iriseoirí iniúchacha atá ag gabháil don chomhrac i gcoinne an éillithe;

33. á iarraidh ar AE oibriú chun a mholadh go gcruthófaí sraith caighdeán frith-éillithe a bheadh infheidhme go haonfhoirmeach ar fud an domhain, chun bunú comhlachtaí éifeachtacha frith-éillithe agus glacadh creataí rialála láidre a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar dhlínsí rúndachta agus tearmainn chánach; ag moladh comhar a chur chun cinn i measc AE, a Bhallstát, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ar leibhéal breithiúnach, forfheidhmithe dlí agus faisnéise, d'fhonn dea-chleachtais agus uirlisí éifeachtacha a mhalartú i mbun gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an éilliú agus é a chosc; á iarraidh go n-oibreofaí i dtreo cúirt idirnáisiúnta frith-éillithe a chruthú faoi mhaoirseacht na Náisiún Aontaithe;

*Clásail maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idirnáisiúnta*

34. á iarraidh an athuair clásail láidre maidir le cearta an duine a chur san áireamh i gcomhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha, le tacaíocht ó thacar soiléir tagarmharcanna agus nósanna imeachta atá le leanúint i gcás sáruithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS machnamh gníomhach a dhéanamh ar conas is féidir a áirithiú go ndéanfar faireachán ar na clásail maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana agus go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach; á chur i bhfáth gur cheart don Aontas freagairt go mear agus go cinntitheach i leith sáruithe leanúnacha ar chlásail um chearta an duine ag tríú tíortha, lena n-áirítear trí na comhaontuithe ábhartha a chur ar fionraí má bhíonn roghanna eile neamhéifeachtach; á thabhairt chun suntais go dtugann an t-athbhreithniú ar Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP), an próiseas reachtach leanúnach le haghaidh rialachán nua maidir le GSP agus an t-athbhreithniú ar an gcur chun feidhme a dhéanann tíortha is tairbhithe GSP ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhaineann le cearta an duine, lena n-áirítear cearta saothair, deis an tiomantas d'urraim do chearta an duine i dtríú tíortha lena mbaineann a neartú;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún, agus comhaontuithe saorthrádála (CSTanna) á gcaibidliú aige le tríú tíortha, a cheangal orthu na príomhchoinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhaineann le cearta an duine, cearta saothair agus an comhshaol a dhaingniú, lena n-áirítear an Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha; á chur i bhfáth gur cheart, go hidéalach, go ndaingneodh tríú tíortha na coinbhinsiúin sin sula dtabharfar caibidlíocht CST i gcrích, ionas go mbeidh comhlíonadh na gcoinbhinsiún sin ardaithe go gné bhunriachtanach de CSTanna agus go gcomhaontófar clásail thiomnaithe; á iarraidh, thairis sin, go n-aithneofaí le clásail shubstainteacha CSTanna nach mór do Pháirtithe Stáit cearta an duine a urramú agus a chosaint mar a luaitear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, sa ghnáthdhlí agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu;

36. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé agus á iarraidh cáilíocht na measúnuithe tionchair inbhuanaitheachta (SIAanna) *ex-ante* agus *ex-post* a fheabhsú go suntasach; á chur i bhfáth gur cheart gurb é cuspóir SIAnna a áirithiú go gcuirfear uirlisí leordhóthanacha ar fáil leis an gcomhaontú atá á chaibidliú, ina chlásail mhionsonraithe, i bhfoclaíocht, chun tionchair dhiúltacha ar chearta an duine a sheachaint; á mholadh go mbeadh eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar chuid de stiúradh SIAnna, go ndéanfaidh saineolaithe ar chearta an duine agus saineolaithe ar chearta saothair measúnuithe agus go gcuirfí ionchur ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta san áireamh;

*Gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an daonlathas*

37. ag tabhairt dá haire go bhfuil, in 2022, 10 mbliana caite ó rinneadh cinneadh na Parlaiminte ceannaireacht pholaitiúil a thabhairt agus gealltanas á thabhairt aici dul chun cinn mór a dhéanamh ina gníomhaíochtaí tacaíochta don daonlathas, atá curtha chun feidhme aici trí chur chuige cuimsitheach lena dtacaítear leis an daonlathas ó 2014 i leith; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, a tacaíocht d'fhothú acmhainneachta do pharlaimintí comhpháirtíochta, don idirghabháil agus do chothú cultúir idirphlé agus comhréitigh, lena n-áirítear i measc ceannairí polaitiúla óga, agus do chumhachtú parlaiminteoirí ban, do chumhachtú cosantóirí chearta an duine agus do chumhachtú ionadaithe ó eagraíochtaí sochaí sibhialta agus ó na meáin shaora; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint dá ghníomhaíochtaí sna réimsí sin a shaothrú agus dlús a chur leo agus cistiú agus cúnamh a threisiú do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith le heagraíochtaí eile atá bunaithe ar dheontais, agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe á urramú; á chur

i bhfios go láidir, i gcomhthéacs reatha an teannais dhomhanda agus an diansmachta atá ag dul i méid i líon méadaitheach tíortha, gur den ríthábhacht é go dtabharfaí tacaíocht dhíreach d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do chosantóirí chearta an duine agus do dhaoine a chuireann tuairimí criticiúla easaontacha in iúl;

38. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá misin breathnóireachta toghcháin an Aontais agus rannchuidiú na Parlaiminte lena modheolaíocht a fhorbairt agus a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, machnamh a dhéanamh ar an modheolaíocht breathnóireachta toghcháin a nuashonrú chun forbairtí le fiche bliain anuas a léiriú; ag tathant ar thríú tíortha na moltaí a rinne misin breathnóireachta toghchán AE a chur i bhfeidhm d'fhonn feabhas a chur ar eagrú agus ar thimpeallacht na bpróiseas toghchánach a bheidh ann amach anseo agus, ar an gcaoi sin, an trédhearcacht agus an dlíthiúlacht a bhaineann leo a neartú chun caighdeáin dhaonlathacha na stát lena mbaineann a fheabhsú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé dlús a chur le tacaíocht AE do bhreathnóirí toghcháin áitiúla, go háirithe ó thaobh cosanta de; ag athdhearbhú a hiarrata ar AE comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí intíre agus idirnáisiúnta, amhail Oifig ESCE um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, Comhairle na hEorpa agus na heagraíochtaí eile a d'fhormhuinigh an Dearbhú Prionsabal maidir le Breathnóireacht Idirnáisiúnta Toghchán;

*Iltaobhachas agus obair an Aontais ar an leibhéal iltaobhach*

39. á athdhearbhú go bhfuil gá le comhar láidir idirnáisiúnta ar leibhéal iltaobhach chun cearta an duine a chosaint go héifeachtach ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról thar a bheith tábhachtach ag na Náisiúin Aontaithe agus ag a chomhlachtaí mar phríomhfhóram nach mór a bheith in ann na hiarrachtaí ar son na síochána agus na slándála, na forbartha inbhuanaithe agus na hurraime do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn go héifeachtach; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na Náisiún Aontaithe, ar bhonn polaitiúil agus airgeadais araon, lena n-áirítear comhlachtaí uile na Náisiún Aontaithe um chearta an duine, go háirithe na comhlachtaí conartha agus na nósanna imeachta speisialta; á iarraidh ar Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, chun na críche sin, acmhainní iomchuí a sholáthar ó bhuiséad na Náisiún Aontaithe agus ag tathant ar na Ballstáit a ranníocaíochtaí deonacha a mhéadú; á chur i bhfios go láidir gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit a ndícheall a dhéanamh labhairt d'aon ghuth ag na Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim iltaobhacha eile, agus na caighdeáin is airde maidir le cearta an duine a chur chun cinn ar an mbealach sin; ag meabhrú na n-oibleagáidí atá ar Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe cearta uile an duine agus na saoirsí bunúsacha uile a chur chun cinn agus a chosaint, mar a chumhdaítear i gCairt Bhunaidh na Náisiún Aontaithe agus i Rún 60/251 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil beirt bhuanchomhaltaí de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arb ionann iad agus coireanna cogaidh agus fiú cinedhíothú; á iarraidh ar Bhallstáit na Náisiún Aontaithe staonadh ó chéimeanna a ghlacadh a lagaíonn cosaint chearta an duine; á chur i bhfáth go bhfuil freagracht ar Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine aghaidh a thabhairt ar na sáruithe tromchúiseacha uile ar chearta an duine ar fud an domhain; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil roinnt comhaltaí de Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine tar éis neamhaird fhollasach a léiriú ar a n-oibleagáidí maidir le cearta an duine, go bhfuil cuntais teiste cruthaithe acu maidir le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus gur mhainnigh siad comhoibriú le sásraí na Náisiún Aontaithe um chearta an duine; á iarraidh, i ndáil leis sin, go ndéanfar athchóiriú bunúsach ar na critéir do chomhaltaí Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine; á iarraidh ar SEGS iarracht a thionscnamh agus a bheith ar thús cadhnaíochta i dtreo seasamh comhordaithe AE agus na mBallstát maidir le ballraíocht Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, lena gcuirfí trédhearcacht níos fearr chun cinn sa phróiseas toghcháin, go háirithe trí vótaí Bhallstáit AE a phoibliú agus tríd an réasúnaíocht don vóta sin a chur ar fáil, próiseas fíoriomaíoch a chothú trína áirithiú go ndéanfaidh na trí bhloc réigiúnacha ina bhfuil Ballstáit AE níos mó iarrthóirí ná suíocháin a chur i láthair, agus cuntasacht a sholáthar d'iarrthóirí trína ngealltanais dheonacha a ghrinnscrúdú agus trína dtaifid a rianú maidir le comhoibriú le Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, le comhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe agus le nósanna imeachta speisialta:

40. ag cáineadh go láidir gach ionsaí i gcoinne sealbhóirí sainordaithe nós imeachta speisialta na Náisiún Aontaithe agus i gcoinne neamhspleáchas a sainorduithe; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe daonlathacha AE cur i gcoinne na n-iarrachtaí sin go cinntitheach agus gach beart is féidir a achtú chun cabhrú le spásanna sábháilte agus oscailte a chur ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun idirghníomhú leis na Náisiúin Aontaithe, lena ionadaithe agus lena shásraí; á thabhairt chun suntais obair choimisiúin fiosrúcháin agus misean aimsithe fíoras na Náisiún Aontaithe, atá á n-úsáid níos mó agus níos mó chun freagairt do chásanna lena mbaineann sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus chun saoirse ó phionós a chomhrac;

41. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit tacú le córais réigiúnacha um chearta an duine a neartú, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais agus trí chomhroinnt taithí trasréigiúnach; á thabhairt chun suntais, go háirithe, an ról ríthábhachtach atá ag comhlachtaí faireacháin agus ag sásraí breithiúnacha arna mbunú faoi na córais réigiúnacha sin agus a gcomhlántacht le córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine;

42. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit iarrachtaí a stiúradh i bhfóraim iltaobhacha chun glacadh sainmhínithe ar sceimhlitheoireacht a aithnítear go huilíoch a chur chun cinn, agus aird á tabhairt ar an gcuspóir an sciúirse sin a chomhrac; á iarraidh orthu tuilleadh iarrachtaí a stiúradh, i gcomhthéacs an Ochtú Athbhreithniú ar Straitéis Dhomhanda

Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe in 2023, teanga láidir a chur isteach lena n-aithneofar an tionchar diúltach a bhí ag mí-úsáid dlíthe agus beartas frithsceimhlitheoireachta ar an spás sibhialta agus ag tathant ar na stáit uile na bearta is gá a dhéanamh chun a reachtaíocht frithsceimhlitheoireachta a athchóiriú nó a aisghairm chun a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach aici ar an tsochaí shibhialta ná ar chosantóirí chearta an duine; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit iarrachtaí a stiúradh laistigh d'fhóraim na Náisiún Aontaithe chun idirphlé cuiditheach a bhunú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le cosantóirí chearta an duine, agus a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go fóinteach ag gach céim d'fhorbairt agus de chur chun feidhme beartas frithsceimhlitheoireachta;

43. á chur in iúl gur cúis mhór imní di na hionsaithe atá ag dul i méid i gcoinne an oird dhomhanda atá bunaithe ar rialacha ag réimis fhorlámhacha, lena n-áirítear trí agóid a dhéanamh in aghaidh uilíocht chearta an duine, iad a chur i leataobh, á éileamh gur ionstraim é maidir le hegemonacht chultúrtha arna n-imscaradh ag tíortha an Iarthair, lena gcreimtear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine trína ath-léiriú, agus lena mbaintear an bonn d'fheidhmiú chomhlachtaí agus shásraí na Náisiún Aontaithe chun stáit a thabhairt chun cuntais as sáruithe ar chearta an duine; á chur i bhfáth nach mór do AE seasamh le cosaint uilíocht chearta an duine mar phríomhthosaíocht, agus chuige sin, comhaontú a stiúradh agus oibriú i gcomhar le daonlathais eile agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn chun eagraíochtaí iltaobhacha a neartú agus chun an t-ord domhanda riailbhunaithe a chosaint i gcoinne cumhachtaí forlámhacha atá ag teacht chun cinn; á chur i bhfios go láidir go bhfuil costais iarbhír ag baint le héifeachtacht laghdaithe chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe i dtéarmaí coinbhleachtaí, beatha daoine a chailleadh agus fulaingt daoine, agus go lagaítear dá bharr cumas ginearálta na dtíortha déileáil le dúshláin dhomhanda; á iarraidh ar Bhallstáit an Aontais agus ar chomhpháirtithe a bhfuil dáimh acu leo dlús a chur lena n-iarrachtaí an treocht sin a aisiompú;

44. á chur i bhfios go láidir gur gá athbhreithniú neamhchlaonta, cothrom agus trédhearcach a dhéanamh ar na hiarratais ar stádas comhairleach a dhéanann eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) ar Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe(ECOSOC); á iarraidh go ndéanfaí bearta chun a suíochan féin a bhunú don Aontas i ngach fóram iltaobhach, lena n-áirítear Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith leis an suíochán buan atá ag ceann de na Ballstáit cheana féin ar an gComhairle Slándála, lena neartófaí cumas an Aontais gníomhú, chomh maith lena chomhsheasmhacht agus lena inchreidteacht ar fud an domhain; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghinearálta Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus tathant ar chomhaltaí ECOSOC leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na bacainní gan údar atá roimh ENRanna chun a gcreidiúnú ECOSOC a fháil, go háirithe iad siúd a bhfuil a n-iarratais ar feitheamh le tamall an-fhada;

*Ag seasamh leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta*

45. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go dtugtar neamhaird ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, go háirithe sna coinbhleachtaí leanúnacha ar fud an domhain, agus go bhfuil méadú ag teacht ar an neamhaird sin; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh gníomhaireachtaí cabhrach daonnúla agus eagraíochtaí carthanachta in ann cúnamh iomlán, tráthúil agus gan bhac a chur ar fáil do na pobail leochaileacha uile agus á iarraidh ar gach páirtí i gcoinbhleachtaí armtha pobail shibhialtacha agus oibrithe daonnúla, leighis, sna meáin agus oideachais a chosaint; á iarraidh go gcruthófaí conairí daonnúla go córasach i réigiúin a bhfuil cogadh ar siúl iontu agus atá i staideanna comhraic, chun ligean do shibhialtaigh atá i mbaol éalú ón gcoinbhleacht, agus ag cáineadh go láidir aon ionsaithe a dhéantar orthu;

46. á mheabhrú gur cheart beartais AE a threorú leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta i ndáil le cásanna forghabhála nó ionghabhála críche agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a gcomhsheasmhacht a áirithiú maidir leis na cásanna sin; á thabhairt chun suntais go bhfuil freagracht ar chuideachtaí atá bunaithe san Aontas na beartais díchill chuí is déine a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíoch nó airgeadais ar bith sna críocha sin nó leo lena mbaineann, agus a áirithiú go gcomhlíonfar go docht an dlí idirnáisiúnta agus beartas smachtbhannaí AE nuair is infheidhme;

*Saoirse ó phionós a chomhrac agus an ceartas coiriúil idirnáisiúnta a neartú*

47. á chur i bhfáth go bhfuil nasc idir sáruithe ar chearta an duine agus saoirse ó phionós go forleathan agus an easpa cuntasachta i réigiúin agus i dtíortha a ndéanann coinbhleachtaí difear dóibh; á chur in iúl gur geal léi go mór rannchuidiú leanúnach na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta (ICC) leis an gcomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit tacaíocht leordhóthanach a thabhairt don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta chun go mbeidh ar a chumas a chuid oibre a dhéanamh; á athdhearbhú go gcáineann sí na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun an bonn a bhaint de dhlisteanacht agus d'obair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta (ICC); á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit leanúint dá n-iarrachtaí chun iad a chomhrac agus freagairt do bhagairtí agus do smachtbhannaí i gcoinne chosantóirí chearta an duine agus finnéithe atá ag comhoibriú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta; á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta maidir le himscrúduithe a dhéanamh ar choireanna cogaidh agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit leanúint de bheith ag comhoibriú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta

maidir leis na coireanna sin a chomhrac agus a chosc; á chur in iúl gur geal léi tacaíocht leanúnach an Aontais agus a Bhallstát don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus á iarraidh ar Bhallstáit an Aontais a bheith ar aon dul leis an ngealltanas sin leis an gcistiú inbhuanaithe is gá chun ceartas a bhaint amach i ngach cás a thagann os comhair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta;

48. á iarraidh ar AE tacú le hIonchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta maidir le déantóirí amhrasta coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh na daonnachta agus, b'fhéidir, cinedhíothú a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí thacaíocht pholaitiúil a chur ar fáil, aon fhianaise atá ina sheilbh a bhailiú agus a chur ar fáil, lena n-áirítear faisnéis foinse oscailte, faisnéis agus sonraí, íomhánna satailíte agus cumarsáid idircheaptha, agus acmhainní daonna agus airgeadais leormhaithe a chur ar fáil do bhuiséad ginearálta na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a chosaint go hiomlán;

49. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tíortha comhpháirtíochta a spreagadh chun Conradh na Róimhe a dhaingniú agus, ar an gcaoi sin, dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a leathnú; á iarraidh ar AE gníomhú i gcomhréir le Cinneadh 2011/168/CBES ón gComhairle maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ([26]), agus seasamh láidir á choimeád ag an am céanna maidir le coir an ionsaithe mar a iarradh sa rún ón bParlaimint an 17 Iúil 2014 maidir le coir an ionsaithe ([27]);

50. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta cuimsitheach AE a fhorbairt maidir le saoirse ó phionós a chomhrac, ar cheart go n-áireofaí ann, i measc nithe eile, caibidlí maidir leis an ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa streachailt i gcoinne saoirse ó phionós agus maidir lena gcosaint i ngach cás ina n-éilítear é, agus maidir le bearta chun dul i ngleic le saoirse ó phionós i gcás foréigean gnéasach bunaithe ar inscne, lena n-áirítear sáruithe ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) i suíomhanna coinbhleachta; á iarraidh ar an Aontas agus ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta leas iomlán a bhaint as na hionstraimí ábhartha uile chun saoirse ó phionós a chomhrac, lena n-áirítear tacaíocht do dhlínse uilechoiteann ar an leibhéal náisiúnta, do bhinsí speisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta lena n-áirítear maidir le coir an ionsaithe, chomh maith le sásraí solúbtha comhair agus cistiúcháin a bhunú chun fianaise ar choireanna a bhailiú agus a anailísiú go pras; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear na hionstraimí sin i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe agus ar bhealach atá comhlántach le hionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais agus na mBallstát; á iarraidh ar an gCoimisiún clár a fhorbairt chun acmhainneacht na mBallstát agus na dtríú tíortha araon a fhorbairt chun prionsabal na dlínse uilíche a chur i bhfeidhm ina gcórais dlí baile;

*Dul chun cinn a dhéanamh maidir le pionós an bháis a dhíothú go huilechoiteann agus maidir le céastóireacht agus cineálacha eile drochíde a chosc*

51. á athdhearbhú go bhfuil sí ag cur i gcoinne phionós an bháis ar bhonn prionsabail, ar pionós é atá cruálach, mídhaonna agus táireach agus atá do-aisiompaithe; á chur i bhfáth nach mór don Aontas a bheith gan staonadh agus díothú uilechoiteann phionós an bháis á shaothrú aige mar mórchuspóir dá bheartas eachtrach um chearta an duine; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit díothú a chosaint i ngach fóram idirnáisiúnta agus tacú leis an tacaíocht is leithne is féidir don seasamh sin; ag moladh iarrachtaí leanúnacha chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe maidir le díothú uilíoch phionós an bháis, i gcomhréir leis na rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe; ag cáineadh go láidir forfheidhmiú na ndlíthe diamhasla lena mbaineann an fhéidearthacht go ngearrfar pionós an bháis má chiontaítear iad ar fud an domhain; á athdhearbhú go bhfuil an tsaoirse chun reiligiún duine a roghnú, lena n-áirítear cibé acu chun a chreidiúint nó gan a chreidiúint ar chor ar bith, fós ina cheart bunúsach ag an duine nach féidir a phionósú le bás nó le haon íde tháireach; á iarraidh ar gach tír nach ndearna amhlaidh go fóill deireadh a chur le pionós an bháis nó moratóir láithreach a bhunú mar chéadchéim i dtreo é a dhíothú; á iarraidh, ina theannta sin, ar na tíortha lena mbaineann liosta na gcoireanna nó na gcionta atá inphionóis le bás a laghdú; á iarraidh go mbeadh trédhearcacht ann maidir le pianbhreitheanna báis agus básuithe i dtíortha nach nochtann an staidreamh sin;

52. ag cáineadh aon teagmhais chéastóireachta, íde mhídhaonna nó tháireach, fuadach forfheidhmithe, coinneáil threallach agus maruithe neamhdhleathacha agus á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil siad fós coitianta in go leor tíortha; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil méadú ag teacht ar theagmhais chéastóireachta ar fud an domhain agus go mbíonn déantóirí na coire sin saor ó phionós go forleathan; ag aithint go bhfuil ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine sa chomhrac i gcoinne na céastóireachta agus cineálacha eile drochíde;

([26]) Cinneadh 2011/168/CBES ón gComhairle an 21 Márta 2011 maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2003/444/CBES (IO L 76, 22.3.2011, lch. 56).

([27]) IO C 224, 21.6.2016, lch. 31.

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

***Freagairt ar dhúshláin dhomhanda maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas***

*Freagairt ar phaindéim COVID-19 agus téarnamh uaithi*

53. á chur in iúl gur cúis mhór imní di iarmhairtí diúltacha fadtéarmacha phaindéim COVID-19 ar staid ghinearálta an daonlathais agus ar chearta an duine ar fud an domhain; á thabhairt chun suntais an drochthionchar díréireach ar ghrúpaí sna cásanna is leochailí, lena n-áirítear mná, leanaí, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil galair ainsealacha áirithe orthu, daoine scothaosta, daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, neamh-dhénártha, idirghnéasacha agus aiteach (LADTIA), daoine bochta, daoine ar de mhionlaigh eitneacha, creidimh agus reiligiúnacha iad, dídeanaithe agus imircigh, agus daoine atá i bpríosún nó faoi choinneáil; á chur in iúl gur cúis imní di thairis sin moilleanna agus bacainní ar rochtain ar sheirbhísí sláinte agus an méadú dá bharr sin ar thoircheas neamhbheartaithe, ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, ar ghinmhilleadh neamhshábháilte, agus ar bhásanna máthartha agus nuabheirthe; á chur in iúl gurb oth léi úsáid a bhaint as bearta coiscthe COVID-19 mar leithscéal chun cuairteanna ó bhaill teaghlaigh nó ó dhlíodóirí chuig saoráidí coinneála a dhiúltú agus chun cearta daoine atá á gcoinneáil a shárú; ag moladh an róil a bhí ag cosantóirí chearta an duine agus ag iriseoirí, agus a mbeatha á cur i mbaol acu uaireanta fiú, agus iad ag tuairisciú ar sháruithe ar chearta an duine nó ag féachaint le sáruithe ar chearta an duine a chosc le linn na paindéime;

54. á athdhearbhú go bhfuil tairbhiú den chaighdeán sláinte is airde is féidir agus rochtain uilíoch ar chúram sláinte i measc chearta bunúsacha gach duine gan idirdhealú; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tacú le cosaint na gceart sin, go háirithe i dtíortha agus i réigiúin ina bhfuil ganntanas seirbhísí sláinte agus ag tathant ar thíortha dul chun cinn a dhéanamh maidir le rochtain ar sheirbhísí sláinte a éascú; á dhearbhú gur cheart don Aontas leanúint de chistiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar sholáthar domhanda vacsaíní COVID-19, oideachas a chur ar fáil maidir leis na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú agus infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht vacsaínithe a mhéadú chun galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú a sheachaint;

55. á athdhearbhú gur bunchlocha an daonlathais iad saoirse phearsanta, saoirse comhthionóil, saoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin agus creidimh agus saoirse cainte; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú atá ag teacht ar úsáid teicneolaíochtaí ollfhaireachais, go háirithe ag réimis údarásaíocha chun na saoirsí sin a chiorrú, rud a mhéadaigh tuilleadh agus é á mhaíomh gur bhearta coiscthe de chuid COVID-19 iad; á iarraidh go gcuirfí toirmeasc dian éifeachtach ar theicneolaíochtaí ollfhaireachais a dhíol; á iarraidh go dtabharfaí freagairt níos mó ar insíothlú ollmhór na bréagaisnéise agus na dteoiricí comhcheilge laistigh den réimse digiteach, arna mbuanú den chuid is mó ach ní go heisiach ag réimis údarásaíocha, chomh maith le gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad;

*Cearta na mban, cumhachtú na mban agus an comhionannas inscne*

56. ag cáineadh nach bhfuil comhionannas inscne bainte amach ag aon tír ar domhan go fóill; á chur i bhfios go láidir go bhfuil foréigean inscnebhunaithe forleathan agus idirdhealú forluiteach fós ann i ngach réigiún den domhan; á chur i bhfios go láidir gurb iad mná agus cailíní fós na príomhíospartaigh i ngéarchéimeanna foréigneacha agus gur leanadh den fhoréigean gnéasach, inscnebhunaithe agus atáirgthe in go leor áiteanna ar fud an domhain, agus go n-úsáidtear é go háirithe i gcoinbhleachtaí armtha mar arm cogaidh; á chur i bhfáth gur díríodh go háirithe ar chosantóirí ar chearta an duine, ar ghníomhaithe, ar iriseoirí agus ar dhlíodóirí ar mná iad agus go bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar chiapadh agus ar imeaglú ar líne atá ag méadú go mear agus ar bhagairtí agus ar ionsaithe leanúnacha chomh maith;

57. á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar mór imní di, go bhfuil méadú tagtha ar an bhforéigean inscnebhunaithe agus ar an bhforéigean teaghlaigh agus á chur in iúl gur saoth léi na srianta ar SRHR i dtíortha i mbéal forbartha agus i dtíortha forbartha araon; ag athdhearbhú a hiarrata ar AE agus ar a Bhallstáit tacaíocht iomlán a thabhairt do cheart na mban chun sláine coirp, dínite agus cinnteoireachta uathrialaithí agus chun foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh a chomhrac go héifeachtach; ag tarraingt aird ar an bhfíoras, in ainneoin iarrachtaí AE, gur mionlach fós iad mná i bpoist cheannaireachta, go dtuilleann siad níos lú ná fir as na freagrachtaí agus na poist chéanna agus go ndéantar gannmheas ar a gcumas agus ar a scileanna nó go mbaintear an bonn díobh mar gheall ar a n-inscne;

58. á iarraidh ar AE agus ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta a n-iarrachtaí a neartú chun a áirithiú go mbainfidh mná, cailíní agus grúpaí leochaileacha leas iomlán as cearta an duine, agus comhionannas deiseanna a áirithiú do chách; á iarraidh go ndíothófar ar fud an domhain dlíthe agus cleachtais lena gcuirtear cosc ar mhná a gcearta a fheidhmiú, go háirithe na cearta chun oideachais, chun oibre agus chun rannpháirtíochta sa chinnteoireacht pholaitiúil agus phoiblí; á chur in iúl gur saoth léi cásanna ina ndiúltaítear rochtain ar chabhair dhaonnúil agus ar sheirbhísí bunriachtanacha do mhná agus do theaghlaigh atá i gceannas ar mhná, go háirithe i limistéir géarchéime daonnúla, toisc go n-éilíonn údaráis náisiúnta agus áitiúla go soláthróidh oibrithe ban na seirbhísí sin, agus ag an am céanna rochtain na mban ar fhostaíocht a theorannú; á iarraidh ar stáit nach bhfuil Coinbhinsiún Iostanbúl daingnithe agus curtha chun feidhme acu go fóill amhlaidh a dhéanamh;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

59. ag cáineadh go láidir aon úsáid a bhaintear as luathphósadh agus pósadh éigeantais, as gabháil tí, as éigniú agus as íde tháireach eile i gcoinne na mban; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar ISAE um Chearta an Duine aghaidh a thabhairt ar shaincheist an luathphósta agus an phósta éigeantais;

60. á mheabhrú do stáit go bhfuil sé d'oibleagáid orthu rochtain ar sheirbhísí cuimsitheacha SRHR a ráthú, lena n-áirítear modhanna frithghiniúna nua-aimseartha, ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, cúram sláinte máthartha, réamhbhreithe agus iarbhreithe, atáirgeadh cuidithe agus rochtain ar oideachas agus ar fhaisnéis maidir le SRHR, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, gan aon chineál idirdhealaithe; á iarraidh go ndéanfaí cearta agus cosaintí dlíthiúla a neartú tuilleadh agus go mbainfí bacainní ar rochtain ar SRHR ar fud an domhain; ag athdhearbhú a hiarrata an ceart chun ginmhillte shábháilte agus dhlíthiúil a áireamh sa Chairt; á chur in iúl gur geal léi foilsiú threoirlínte nuashonraithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte lena soláthraítear príomh-mholtaí do chórais sláinte chun cúram ginmhillte a sholáthar; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tacaíocht iomlán a thabhairt do SRHR agus é a chur chun cinn, lena n-áirítear rochtain ar ghinmhilleadh, sa chaidreamh iltaobhach agus déthaobhach i gcomhréir leis an dlí agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine;

61. á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí níos comhbheartaithe chun deireadh a chur le húsáid an fhoréigin ghnéasaigh mar arm cogaidh agus chun saoirse ó phionós do dhéantóirí an fhoréigin sin a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de na hiarrachtaí chun an cleachtas faoina ndéantar ciorrú ball giniúna ban a dhíothú go hiomlán; á iarraidh go mbeadh tiomantas agus tacaíocht níos láidre ag AE do chearta na mban i dtríú tíortha a chosaint le linn a chuid iarrachtaí maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, agus maidir le síochánaíocht, cabhair dhaonnúil agus oibríochtaí atógála iarchoinbhleachta, ceartas idirthréimhseach agus cearta an duine agus athchóirithe daonlathacha a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar chearta na mban a fhulaingíonn naimhdeas, idirdhealú nó stiogmatú, atá torrach nó a bhfuil leanaí nuabheirthe acu, nó atá dífhostaithe nó atá i mbochtaineacht;

62. á athdhearbhú go bhfuil gá le gníomhaíocht láidir chun cur chun feidhme iomlán GAP III a áirithiú; á iarraidh ar AE, mar a leagtar amach in GAP III, aghaidh a thabhairt go láidir ar an trasnaíocht trí bheartas a fhorbairt chun dul i ngleic leis na cineálacha iomadúla idirdhealaithe atá os comhair na milliún ban agus cailíní ar íospartaigh sáruithe ar chearta sainaicmeacha, sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha iad, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach agus foréigean gnéasach, easáitiú, saothar éigeantach agus/nó faoi bhanna, striapachas agus gáinneáil;

63. á athdhearbhú go gcáineann sí nós tráchtála na máthairionadaíochta, feiniméan domhanda lena nochtar mná ar fud an domhain do theacht i dtír agus do gháinneáil ar dhaoine agus atá dírithe go háirithe ar mhná atá leochaileach ar bhonn airgeadais agus sóisialta; á thabhairt chun suntais go bhfuil drochthionchar aige ar mhná, ar chearta na mban, ar shláinte na mban agus ar an gcomhionannas inscne, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil impleachtaí trasteorann ag baint leis; á iarraidh go mbeadh creat dlíthiúil Eorpach ann chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí diúltacha na máthairionadaíochta tráchtála;

64. ag cáineadh na reachtaíochta, na mbeartas agus na gcleachtas lena gcumasaítear roghnú leanaí ar fhorais gnéis, cine, míchumais nó aon fhoras eile;

*Cearta an linbh*

65. á iarraidh go mbeadh cur chuige córasach comhsheasmhach ann maidir le cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint i mbeartais sheachtracha uile an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí níos comhbheartaithe cearta leanaí a chosaint i ngéarchéimeanna nó i gcásanna éigeandála agus á chur in iúl gur geal léi na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar sin; á chur in iúl gur cúis imní di go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ngéarchéimeanna sin ar fud an domhain, mar aon le héifeachtaí fadtéarmacha phaindéim COVID-19, agus mar thoradh air sin go bhfuil méadú tagtha ar sháruithe ar chearta leanaí ar fud an domhain, lena n-áirítear foréigean, luathphósadh agus pósadh éigeantais, mí-úsáid ghnéasach lena n-áirítear ciorrú ball giniúna, gáinneáil, leanaí a scaradh go héigeantach óna dtuismitheoirí agus a mhalairt i gcásanna sclábhaíochta nua-aimseartha, saothar leanaí, saothar éigeantais leanaí, earcaíocht mar shaighdiúirí leanaí, easpa rochtana ar oideachas agus ar chúram sláinte, míchothú agus fíorbhochtaineacht; á chur i bhfáth go mbíonn éifeachtaí díréireacha fadtéarmacha ar leanaí ag neamhdheimhneacht an tsoláthair bia, a bhfuil tionchar díreach aici ar a sláinte agus ar a bhforbairt agus ar a n-oideachas freisin, agus chomh maith leis sin go méadaítear cleachtas uafásach an phósta leanaí; á thabhairt chun suntais go bhfuil líon mór leanaí fós ar fud an domhain a gcuirtear iallach orthu oibriú faoi dhálaí guaiseacha de ghnáth in áiteanna ar deacair teacht orthu amhail seaftaí mianach, in eastóscadh amhábhar, lena n-áirítear mianraí neamhchoitianta, sa tionsclaíocht agus sa talmhaíocht; á chur i bhfáth gurbh í 2021 an Bhliain Idirnáisiúnta um Shaothar Leanaí a Dhíothú agus ag meabhrú bheartas an Aontais um neamhfhulaingt an chleachtais sin; á iarraidh ar na tíortha eile nár dhaingnigh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh é sin a dhéanamh mar ábhar práinne;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

66. á chur in iúl gur saoth léi an díriú leanúnach ar leanaí mar uirlis chogaidh; á athdhearbhú, mar gheall ar a leochaileacht, gur minic gurb iad mionaoisigh is túisce a fhulaingíonn foréigean i gcríocha cogaidh, go háirithe maidir le bearta díoltais eitneacha ag treibheanna, grúpaí agus eitneachtaí cogaíochta; ag cáineadh earcú éigeantach leanaí faoi aois i limistéir chogaidh, chomh maith lena n-ionstraimiú agus díriú ar fhoréigean gnéasach orthu; á chur i bhfáth gur gá conairí a chruthú don ath-lánpháirtiú agus do chúiteamh do leanaí ar sáraíodh a gcearta agus nach mór clár oibre na Náisiún Aontaithe maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí seachtracha uile AE; á iarraidh ar na Ballstáit lena mbaineann cosaint leanaí ar náisiúnaigh de na Ballstáit sin iad agus atá i bpríosún nó faoi choinneáil i dtríú tíortha a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí saoirse ó phionós i gcás coireanna cogaidh i gcoinne leanaí a chomhrac, a chomhar le heagraíochtaí daonnúla atá dírithe ar leanaí agus le ENRanna a neartú agus cearta leanaí a choimirciú agus iad ag comhoibriú agus ag comhpháirtíocht le tríú tíortha;

67. á chur i bhfáth gur bhain céimeanna ar gcúl don cheart chun oideachais, agus gur cuireadh isteach ar an oideachas ar bhealaí nár tharla roimhe seo mar gheall ar COVID-19 ach freisin mar gheall ar antoisceachas reiligiúnach agus idirdhealú inscne i gcoinne cailíní; á chur in iúl gur cúis imní di díbirt déagóirí torracha ó scoileanna; á mheabhrú go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh oideachas cuimsitheach gnéasachta a fháil atá neamh-idirdhealaitheach, fianaisebhunaithe, cruinn ó thaobh na heolaíochta de agus oiriúnach ó thaobh aoise de agus a théann i ngleic le noirm dhíobhálacha inscne; á iarraidh ar an Aontas dlús a chur lena chuid oibre chun rochtain ar oideachas a chur ar fáil, lena n-áirítear bealaí nuálacha chun dul timpeall ar na bacainní arna bhforchur ag na húdaráis náisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS dlús a chur lena dtacaíocht do thríú tíortha chun cabhrú leo dul in oiriúint do na dúshláin a bhí rompu le linn phaindéim COVID-19 i réimse an oideachais; á chur i bhfáth go bhféadfadh an tacaíocht a bheith i bhfoirm leithdháileadh méadaithe cistiúcháin trí NDICI – an Eoraip Dhomhanda, ach go bhféadfaí a áireamh inti freisin fothú acmhainneachta agus dea-chleachtais a chur ar fáil, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh trí thoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé go mbeadh gá le réiteach airgeadais chun an timpeallacht idirnáisiúnta atá ag athrú a bheith ann lena gcumasófar freagairt ildeontóirí chun an bhearna chistiúcháin atá ag dul i méid a chumhdach chun Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, arb é is aidhm dó oideachas cuimsitheach cothrom ar ardcháilíocht a áirithiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách;

68. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS cistiú láidir don oideachas a choinneáil trí ionstraimí maoinithe sheachtraigh uile AE, i gcomhréir leis an tagarmharc 10 % maidir leis an oideachas in NDICI — an Eoraip Dhomhanda; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS tacú freisin le rialtais tríú tíortha chun córais oideachais chuimsitheacha inscne-fhreagrúla agus chuimsitheacha a thógáil agus a fhorbairt tuilleadh; á mheabhrú go bhfuil rochtain na mban ar an oideachas leagtha síos mar cheart bunúsach ag na Náisiúin Aontaithe; á chreidiúint gur cheart go mbeadh sé ina phríomhsprioc beartais ag AE rochtain cailíní ar oideachas a mhéadú agus tacú le rannpháirtíocht na mban san oideachas agus i ngairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic a mhéadú mar ábhar tosaíochta; á áitiú, ina leith sin, gur gá go mbeadh cailíní in ann a n-oideachas a chur i gcrích agus rochtain a bheith acu ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí aois-oiriúnach, saor ó idirdhealú agus ó laofacht inscne agus le comhionannas deiseanna chun a n-acmhainneacht a bhaint amach; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le haghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an oideachas, ar bacainní iad a bhaineann le hinscne, amhail dlíthe, beartais agus noirm shoch-chultúrtha dhíobhálacha lena gcuirtear cosc ar chailíní leanúint leis an oideachas i gcás toirchis, pósadh nó máithreachais; ag moladh dul i ngleic le steiréitíopaí inscne agus noirm dhochracha shoch-chultúrtha tríd an oideachas, agus foréigean a chosc trí oideachas atá íogair ó thaobh inscne de;

*Cearta daoine scothaosta*

69. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit bealaí nua a fhorbairt chun cearta daoine scothaosta a neartú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil dúshláin roimh theachtadh iomlán chearta uile an duine ag daoine scothaosta, lena n-áirítear idirdhealú aoisbhunaithe, bochtaineacht, foréigean, easpa cosaint shóisialta, cúram sláinte agus seirbhísí bunriachtanacha eile chomh maith le bacainní ar fhostaíocht; á chur i bhfios go láidir gur ann d'obair Mheitheal Cheannoscailte na Náisiún Aontaithe maidir le hAosú i dtaobh ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí chun cosaint chearta an duine le haghaidh daoine scothaosta a neartú agus á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a machnamh a dhéanamh ar thacaíocht ghníomhach a thabhairt don obair sin;

*Cearta daoine faoi mhíchumas*

70. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030 mar uirlis chun feabhas a chur ar staid daoine faoi mhíchumas agus a gcearta ar fud an domhain, go háirithe an bhochtaineacht agus an t-idirdhealú, ach freisin na fadhbanna a bhaineann le rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar fhostaíocht agus le rannpháirtíocht sa saol polaitiúil; á iarraidh go ndéanfar an straitéis sin a chur chun feidhme go córasach, go hinmheánach agus go seachtrach; á chur i bhfios go láidir gur ar a dteaghlaigh, go háirithe ar mhná, a bhíonn an dualgas cúram a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas de ghnáth, agus á iarraidh ar an Aontas cabhrú le tríú tíortha beartais a fhorbairt chun tacú le cúramóirí daoine faoi mhíchumas;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

71. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a mhéadú chun cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn trí ghníomhaíocht sheachtrach AE; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hidirphlé struchtúrtha le heagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, i dtíortha comhpháirtíochta chun a rannpháirtíocht fhóinteach agus a rannpháirtíocht rathúil i bpleanáil, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán ionstraimí maoinithe sheachtraigh AE a áirithiú; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha a ghríosú chun athchóirithe a chur chun feidhme chun staid daoine faoi mhíchumas a fheabhsú agus á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú leo próiseas struchtúrtha a fhorbairt chun dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha; á iarraidh go gcuirfí infheistíocht, oiliúint agus fothú acmhainní ar fáil do thoscaireachtaí AE chun forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas maidir le gníomhaíocht dhaonnúil agus comhar idirnáisiúnta a chur chun feidhme;

*Éadulaingt, seineafóibe agus idirdhealú*

72. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sí i gcoinne éadulaingt, seineafóibe agus idirdhealú agus go gcáineann sí éadulaingt, seineafóibe agus idirdhealú atá bunaithe ar chine, ar eitneacht, ar náisiúntacht, ar aicme shóisialta, ar mhíchumas, ar shainaicme, ar reiligiún, ar chreideamh, ar aois, ar inscne, ar ghnéaschlaonadh nó ar fhéiniúlacht inscne, as a dtagann maruithe agus géarleanúint i roinnt mhaith de réigiúin an domhain, go háirithe i gcásanna coinbhleachta; á chur i bhfáth go bhfuil ciníochas, idirdhealú, seineafóibe, géarleanúint reiligiúnach agus éadulaingt ghaolmhar fós ina fadhb mhór ar fud an domhain, rud a fhágann sáruithe ar chearta i ngach réimse den saol, lena n-áirítear rochtain ar oideachas, cúram sláinte, obair agus rochtain ar cheartas, agus gur measa fós na saincheisteanna sin mar gheall ar phaindéim COVID-19; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhrac domhanda i gcoinne an fhrithsheimíteachais agus á chur in iúl gur geal léi gur glacadh straitéis an Aontais chun na críche sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar thoscaireachtaí AE straitéisí áitiúla sonracha a fhorbairt, i gcomhar leis na Ballstáit agus le hionchur ón bParlaimint, chun cabhrú le hidirdhealú bunaithe ar shainaicmiú a chomhrac sna tíortha is mó a ndéanann sé difear dóibh, in idirphlé le hionadaithe áitiúla agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus cuireadh a thabhairt dóibh dul i mbun comhairliúcháin a eascraíonn as comhaontuithe nó ionstraimí AE, lena n-áirítear idirphlé maidir le cearta an duine;

73. á mholadh go dtabharfadh an Pharlaimint aghaidh ar idirdhealú bunaithe ar shainaicmiú ina cuid coistí ábhartha uile (an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha, an Coiste um Fhorbairt agus an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus an Fochoiste um Chearta an Duine) agus ina toscaireachtaí, go gceapfadh sí duine pointe fócais maidir le hidirdhealú bunaithe ar shainaicme agus, nuair a thugann sí cuairt ar thíortha a ndéanann an tsaincheist difear dóibh, dul i gcomhairle le heagraíochtaí Dalit, go n-ardóidh siad idirdhealú sainbhunaithe le contrapháirtithe na Parlaiminte agus leis na húdaráis agus go dtionólfaí éisteacht chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí AE agus ar dhul chun cinn mar chuid den Lá Idirnáisiúnta um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú;

*Mionlaigh náisiúnta, eitneacha agus teanga*

74. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil go leor tíortha, in ainneoin a ngealltanas mionlaigh a chosaint, ag saothrú beartas maidir le comhshamhlú éigeantach mionlach náisiúnta, eitneach agus teanga trí neamhaird a thabhairt ar a gcearta; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart go ndéanfaí sprioc nó ionstraim d'aon teannas míleata nó coinbhleacht mhíleata de mhionlaigh; ag meabhrú oibleagáidí na stát atá bunaithe ar chonarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta chun cearta na mionlach sin a chosaint laistigh dá gcríocha faoi seach; á iarraidh ar rialtais thíortha comhpháirtíochta AE urraim a thabhairt do chearta an duine atá ag mionlaigh náisiúnta, eitneacha agus teanga, lena n-áirítear a gcultúir, a dteangacha, a reiligiúin, a dtraidisiúin agus a stair chun éagsúlacht agus féiniúlacht teanga agus chultúrtha a chaomhnú á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tacaíocht ghníomhach a chur ar fáil do na tíortha comhpháirtíochta sin chun na críche sin; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad ar fud an domhain a chosaint, lena n-áirítear laistigh de chláir théamacha NDICI — an Eoraip Dhomhanda maidir le cearta an duine agus an daonlathas;

*Cearta daoine LADTIA*

75. ag cáineadh go láidir na sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear idirdhealú, stiogmatú, coinneáil threallach, céasadh, géarleanúint agus maruithe, atá os comhair daoine LADTIA ar fud an domhain i gcónaí; á chreidiúint nár cheart cleachtais agus gníomhartha foréigin in aghaidh daoine aonair bunaithe ar a bhfíorchlaonadh gnéasach nó a bhraitear atá acu, a bhféiniúlacht inscne, a léiriú inscne nó a saintréithe gnéis a bheith gan phionós agus nach mór iad a dhíothú; á chur i bhfáth go bhfuil daoine LADTIA agus a gcosantóirí ar fud an domhain, ag tabhairt aghaidh ar sháruithe ar chearta an duine i gcónaí, lena n-áirítear idirdhealú, stiogmatú, géarleanúint, foréigean agus maruithe; á iarraidh ar AE dlús a chur lena iarrachtaí chun a áirithiú gur féidir le daoine LADTIA lántairbhe a bhaint as a gcearta daonna go hinmheánach agus go seachtrach, agus ról ceannasach a imirt maidir lena gcosaint ina bheartais sheachtracha a chosaint; á iarraidh go ndéanfar straitéis comhionannais LADTIA 2020-2025 a chur chun feidhme go hiomlán mar uirlis AE chun feabhas a chur ar staid daoine LADTIA ar fud an domhain; á iarraidh ar institiúidí AE dea-shampla a thabhairt trí chearta daoine LADTIA

a chosaint go réamhghníomhach ar fud an domhain agus trí threoirlínte AE a chur i bhfeidhm go críochnúil agus go comhsheasmhach ar fud bheartas eachtrach AE chun tairbhiú daoine LADTIA as cearta uile an duine a chur chun cinn agus a chosaint;

*An tsaoirse tuairimí a nochtadh, saoirse na meán agus an ceart chun faisnéise*

76. á chur i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá an tsaoirse tuairimí a nochtadh – ar líne agus as líne – agus rochtain ar fhaisnéis iontaofa don daonlathas agus chun go mbeadh an spás sibhialta faoi bhláth; á chur in iúl gur cúis mhór imní di na srianta agus na sáruithe atá ag teacht ar na cearta chun príobháideachta, chun saoirse tuairimí a nochtadh, chun saoirse faisnéise agus chun saoirse comhlachais agus tionóil arna bhforchur ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit in go leor tíortha ar fud an domhain, go háirithe d'iriseoirí, trí chinsireacht nó tríd an ngá atá le féinchinsireacht agus le mí-úsáid dlíthe maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, sciúradh airgid, clúmhilleadh agus éilliú, a fhónann chun iriseoirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine a chur ina dtost; ag cáineadh na húsáide a bhaintear as téarmaíocht róleathan lena gceadaítear d'údaráis gníomhartha gan áireamh a eisreachtú agus obair dhlisteanach ar chearta an duine a choiriúlú, agus an easpa coimircí leordhóthanacha ar chearta an duine i gcuid mhaith de na píosaí reachtaíochta sin, go háirithe maidir leis an gceart chun triail chóir a fháil; ag cáineadh, ina theannta sin, úsáid teicneolaíochtaí amhail earraí spiaireachta chun géarleanúint a dhéanamh ar iriseoirí nó chun a gcuid oibre a bhac nó a rialú; á chur in iúl gur cúis mhór imní di, thairis sin, sábháilteacht fhisiciúil iriseoirí, ionsaithe ina gcoinne, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha agus coinneáil threallach, agus gur maraíodh níos mó ná 61 iriseoir agus oibrí meán go dtí seo in 2022;

77. á iarraidh ar an gCoimisiún an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a choimirciú agus rochtain phoiblí ar fhaisnéis a áirithiú tríd an idirlíon mar mhodh chun saoirse cainte a bhaint amach; ag cáineadh na gcniogbheartaíocht brúidiúil agus úsáid fornirt, ciapadh, coinneáil threallach agus maruithe seachbhreithiúnacha i gcoinne agóideoirí síochánta i roinnt tríú tíortha;

78. á iarraidh ar an Aontas tacú le foinsí inchreidte meán agus faisnéise lena gcuirtear le cuntasacht na n-údarás agus le haistrithe daonlathacha; á chur in iúl gur cúis imní di an úsáid fhorleathan a bhaintear as cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna) chun iriseoirí, gníomhaithe, ceardchumannaithe agus cosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine maidir leis an gcomhshaol a chur ina dtost ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir go gcuireann an cleachtas sin srian breise ar an spás don tsochaí shibhialta agus do chosantóirí chearta an duine ar fud an domhain, i gcomhthéacs ina bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar an spás sibhialta le roinnt blianta anuas agus ina bhfuil údaráis phoiblí agus gníomhaithe príobháideacha ag ionsaí níos mó agus níos mó ar na cearta chun tuairimí a nochtadh agus chun saoirse comhlachais agus comhthionóil; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir arb é is aidhm di iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chumhdach ar imeachtaí éagóracha cúirte agus ar SLAPPanna;

79. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar SEGS, i gcomhar leis na Ballstáit, straitéis a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar úsáid fhorleathan SLAPPanna i gcoinne chosantóirí chearta an duine, iriseoirí, gníomhaithe agus ceardchumannaithe ar fud an domhain; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún agus ar SEGS treoir a áireamh maidir le bealaí chun cosaint éifeachtach a chur ar fáil d'íospartaigh SLAPPanna, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais chun táillí dlí a chumhdach, i straitéis den sórt sin; á iarraidh ar thoscaireachtaí AE SLAPPanna a dhoiciméadú agus iad a áireamh ina ngníomhaíochtaí faireacháin, tuairiscithe agus measúnaithe; ag moladh do reachtóirí ó thríú tíortha dlíthe a dhréachtú a bhfuil an cuspóir céanna acu, mar chuid de thionscnaimh ghinearálta atá dírithe ar thacú leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus í a chosaint, lena n-áirítear saoirse na meán agus an t-iolrachas;

80. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tionscadail a chistiú chun cabhrú le hiriseoirí i dtaobh saincheisteanna dlíthiúla agus praiticiúla, lena n-áirítear lasmuigh de Aontas, tríd an bplean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach; á iarraidh ar AE dlús a chur lena iarrachtaí cabhrú le hiriseoirí a ndéantar díriú orthu ar fud an domhain agus a sábháilteacht a áirithiú, lena n-áirítear trí thearmann agus modhanna sábháilte a sholáthar chun leanúint dá gcuid oibre i gcás ina mbeidh orthu a n-áit chónaitheachta a fhágáil agus trí oibriú go dlúth le tíortha comhpháirtíochta ar an ábhar sin, go háirithe faoi chuimsiú chomhaontuithe comhpháirtíochta AE le tríú tíortha; á chur in iúl gur geal léi an ról chun na críche sin atá ag cláir amhail Media4Democracy agus ag gníomhaíochtaí na Dearlaice Eorpaí don Daonlathas arna gcistiú ag an Aontas;

81. á chur in iúl gur chúis mhór imní di go bhfuil srian á chur leis an tsaoirse acadúil agus go bhfuil méadú ag teacht ar chinsireacht agus príosúnacht scoláirí ar fud an domhain, rud a bhfuil iarmhairtí tábhachtacha aige don cheart chun oideachais; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí taidhleoireachta agus lena gcosaint éigeandála agus lena dtacaíocht trí rannpháirtíocht dhéthaobhach agus iltaobhach i ndáil le bagairtí nó ionsaithe ar shaoirse acadúil ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit; á iarraidh ar AE tacaíocht ardleibhéil leanúnach a áirithiú do Champas Domhanda Chearta an Duine, mar shampla suaitheanta de thacaíocht AE d'oideachas chearta an duine ar fud an domhain;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

*An ceart chun na saoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin nó creidimh*

82. ag tabhairt dá haire go raibh, in 2021, 40 bliain caite ó rinneadh Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Neamhfhulaingthe agus Idirdhealaithe Bunaithe ar Reiligiún nó ar Chreideamh a Dhíothú; á mheabhrú gur ceart bunúsach atá ag gach duine an tsaoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin nó creidimh agus go bhfuil feidhm aici maidir le gach duine go cothrom; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go sáraítear fós in a lán tíortha ar fud an domhain an ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin, chun creideamh a bheith agat nó gan a bheith agat, nó chun a shainaithint mar aindiach nó agnostach, lena n-áirítear an ceart chun tuairimí láidre reiligiúnacha nó neamhchreidimh a léiriú trí léiriú, trí theagasc agus trí chleachtas agus tríd an gceart chun reiligiún duine a athrú nó a fhágáil; á chur i bhfáth go bhfuil tionchar diúltach ag paindéim COVID-19, ós rud é go mbaineann roinnt rialtas úsáid aisti fós mar leithscéal le haghaidh cleachtais idirdhealaitheacha bhreise lena n-áirítear foréigean in aghaidh mionlaigh reiligiúnacha agus ceap milleáin a dhéanamh de mhionlaigh reiligiúnacha; ag cáineadh foréigean i gcoinne daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad agus géarleanúint orthu ar bhonn a gcreidimh nó a reiligiúin; á chur in iúl gur saoth léi go ndéanann sé difear do go leor pobail reiligiúnacha agus chreidimh, ***chomh*** maith le grúpaí daoine ar aindiachaithe, daonnaithe, agnósaíocha iad nó nach n-aithníonn le reiligiún ar bith; á thabhairt faoi deara, agus é ina ábhar mór imní di, go bhfuil géarleanúint ag dul i méid ar eagraíochtaí neamhchreidimh, tuata agus daonnacha, lena n-áirítear sraitheanna gríosaithe gan fasach chun foréigin ina gcoinne, fuath agus maruithe, i roinnt tíortha;

83. ag cáineadh na n-ionsaithe i gcoinne an iliomad daoine aonair agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta as creidimh reiligiúnacha a cheistiú, a cháineadh nó a satiriú go síochánta agus á mheabhrú gur léiriú dlisteanach ar shaoirse smaointeoireachta nó ar chruthú ealaíonta é tuairimí criticiúla a chur in iúl maidir le reiligiún;

84. á chur in iúl gur cúis imní di freisin mí-úsáid agus ionstraimiú reiligiúin chun éadulaingt a chothú nó chun an bonn a bhaint de chearta an duine, amhail cearta daoine LADTIA agus cearta na mban, eadhon SRHR, chomh maith le cearta leanaí chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin;

85. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí an ceart chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin nó creidimh a chosaint, na saincheisteanna sin a tharraingt anuas i bhfóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus oibriú le sásraí agus coistí ábhartha na Náisiún Aontaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle cláir uaillmhianacha a chur chun feidhme chun an ceart sin a chosaint ar fud an domhain, lena n-áirítear iarrachtaí idirnáisiúnta a spreagadh agus tacú leo chun fianaise ar choireanna ainghníomhartha a dhéantar ar fhorais creidimh nó reiligiúin a bhailiú, déantóirí na coire a thabhairt os comhair na cúirte, pianbhreitheanna coiriúla a dhéanamh éifeachtach agus cúiteamh a thabhairt do na híospartaigh; á iarraidh ar an gComhairle, ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit oibriú le tríú tíortha chun bearta a ghlacadh chun an choireacht fuatha a chosc agus a chomhrac i mbeartais sheachtracha uile an Aontais; á iarraidh ar SEGS agus ar thoscaireachtaí AE, i gcás inarb iomchuí, eagraíochtaí creideamhbhunaithe a áireamh ina n-idirphlé leis an tsochaí shibhialta chun beartais um chearta an duine a chur in oiriúint do chomhthéacsanna reiligiúnacha agus cultúrtha tírshonracha, mar gheall ar ról roinnt eagraíochtaí creideamhbhunaithe chun freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla, i measc eagraíochtaí eile; á thabhairt faoi deara nár cheart faillí a dhéanamh i gcreat beartais AE maidir le saoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin agus creidimh i gcás an daonra nach n-aithníonn aon reiligiún; á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht ar Threoirlínte AE 2013 maidir le saoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn agus a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 70 de;

*Cosantóirí chearta an duine agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta*

86. ag tacú go láidir le hobair chosantóirí chearta an duine agus ag tabhairt chun suntais na rioscaí a bhíonn os a gcomhair ina n-iarrachtaí cearta an duine a chosaint, lena n-áirítear bagairtí orthu féin agus ar a dteaghlaigh, ciapadh agus foréigean; ag cáineadh mharú na gcéadta de chosantóirí chearta an duine as a gcuid oibre, ar chosantóirí comhshaoil a bhformhór; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Aontais tacú le cosantóirí chearta an duine ina gcuid oibre, lena n-áirítear sásra ProtectDefenders.eu; á iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí sin chun na rioscaí méadaitheacha atá os comhair chosantóirí chearta an duine ar fud an domhain a mhaolú, lena n-áirítear coinneáil agus príosúnacht threallach, ionsaithe ó bhéal agus fisiciúil, ciapadh agus srianta dlíthiúla agus bagairtí trasnáisiúnta nó cos ar bolg; á iarraidh ar na Ballstáit gach conradh gníomhach eiseachadta le tíortha ina bhfuil staid chearta an duine ar neamhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta non-refoulement na mBallstát a chur ar fionraí;

87. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit aghaidh a thabhairt go gníomhach ar iarrachtaí reachtacha nó riaracháin chun deireadh a chur leis an spás chun cearta an duine a chosaint; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit fís straitéiseach ardleibhéil a fhorbairt chun cur i gcoinne na n-ionsaithe domhanda atá ag dul i méid i gcoinne chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear trí chonclúidí láidre ó Chomhairle Gnóthaí Eachtracha AE a ghlacadh lena leagtar síos comhstraitéis ardleibhéil do ghníomhaíocht dhomhanda AE maidir le cosantóirí chearta an duine, agus a ngealltanais pholaitiúla maidir le cosantóirí chearta an duine atá i mbaol a chosaint a chur chun feidhme go hiomlán, amhail iad siúd a áirítear i bplean gníomhaíochta

AE don daonlathas agus do chearta an duine 2020-2024 agus i dTreoirlínte AE maidir le cosantóirí chearta an duine; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tacú go gníomhach freisin le córais chosanta iomchuí agus éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme do chosantóirí chearta an duine atá i mbaol nó i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear trí chomhairliúchán fóinteach leo agus bunaithe ar anailísí riosca cuimsitheacha, cáilíochtúla, lena n-áirithítear go mbeidh na sásraí sin iomlánaíoch agus go mbeidh acmhainní iomchuí acu, go ndéanfar measúnú agus bainistiú ar na rioscaí ar bhealach coisctheach agus go dtógfar pleananna cosanta a fhreagraíonn go fírinneach do riachtanais chosanta daoine aonair, comharghrúpaí agus pobal; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit, go háirithe ISAE um Chearta an Duine agus ambasadóirí AE, a bheith níos gníomhaí maidir le ráitis phoiblí agus cineálacha eile rannpháirtíochta polaitiúla poiblí agus príobháidí a fhoilsiú chun tacú le cosantóirí chearta an duine atá i mbaol agus leo siúd atá i bpríosún ar feadh tréimhsí fada, chomh maith le cuidiú le cuairteanna príosúin a thabhairt do na cosantóirí sin agus cuairteanna seachtracha a éascú dá dteaghlaigh; á áitiú go dtabharfaidh SEGS agus toscaireachtaí AE aird ar leith ar staid bhuaiteoirí Dhuais Sakharov agus na n-iomaitheoirí deiridh atá i mbaol agus go ndéanfaidh siad gníomhaíocht dhaingean, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an bParlaimint, chun a bhfolláine, a sábháilteacht nó a saoradh a áirithiú; á iarraidh ar SEGS tuairisc a thabhairt go rialta ar an ngníomhaíocht a dhéantar maidir le cásanna bhuaiteoirí agus iomaitheoirí deiridh Dhuais Sakharov atá faoi choinneáil, a bhfuil srianta ar a saoirsí nó nach eol cá bhfuil siad fós;

88. á chur in iúl gur cúis imní di na bacainní a bhíonn ag cosantóirí chearta an duine ar fud an domhain maidir le rochtain a fháil ar víosaí daonnúla agus/nó gearrthéarmacha AE; á mheabhrú a thábhachtaí atá an uirlis bhunriachtanach slándála agus cosanta sin lena gceadaítear do chosantóirí chearta an duine rochtain a fháil ar thearmann sábháilte nuair is gá, chun leas a bhaint as na deiseanna atá ann cheana le haghaidh scíthe agus faoisimh, chun leas a bhaint as cláir athlonnaithe shealadacha agus chun gníomhaíochtaí bunriachtanacha idirnáisiúnta abhcóideachta, slógtha agus líonraithe a dhéanamh ar chríoch AE; á iarraidh go mbeadh scéim uile-Aontais ann chun víosaí daonnúla gearrthéarmacha a eisiúint d'athlonnú sealadach cosantóirí chearta an duine atá i mbaol, chomh maith le beartas níos comhordaithe AE maidir le heisiúint víosaí éigeandála ag na Ballstáit do chosantóirí chearta an duine; á iarraidh ar AE beartas níos intuartha, níos comhordaithe agus níos comhsheasmhaí a fhorbairt maidir le víosaí do chosantóirí chearta an duine, lena gceadófar prótacail sholúbtha agus fhrithghníomhacha, lena n-áirítear i gcásanna criticiúla;

89. á chur in iúl gur saoth léi na cineálacha éagsúla toirmeasc agus teorainneacha atá ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar a ngníomhaíochtaí, amhail dlíthe, lena n-áirítear dlíthe frithsceimhlitheoireachta, arb é is aidhm dóibh spás na sochaí sibhialta a laghdú agus guthanna easaontacha na sochaí sibhialta a laghdú nó eagraíochtaí atá urraithe ag rialtais tríú tíortha (ENRanna arna n-eagrú ag rialtais (GONGOanna)) a chur chun cinn; á chur in iúl gur saoth léi glacadh forleathan dlíthe gníomhairí eachtracha, mar a thugtar orthu, i go leor tíortha, lena gcuirtear iallach ar dhaoine aonair agus ar eintitis a fhaigheann cistiú ó thar lear iad féin a chlárú mar ghníomhairí eachtracha; á chur in iúl gur cúis imní ar leith di úsáid na ndlíthe sin chun stiogmatú agus srian a chur ar obair na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear tríd an gceart chun rochtain a fháil ar chistiú a shrianadh; á iarraidh ar AE oibriú le contrapháirtithe chun aisghairm nó athbhreithniú na ndlíthe sin a fháil agus á iarraidh ar institiúidí agus comhlachtaí AE, go háirithe SEGS i gcomhar leis an gCoimisiún, straitéis chomhordaithe a fhorbairt chun na críche sin;

90. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil ar chosantóirí ban ar chearta an duine aghaidh a thabhairt ar fhoréigean inscnebhunaithe agus go bhfuil siad thíos le heaspa rochtana ar acmhainní leormhaithe agus ar shásraí cosanta leormhaithe; ag diúltú don fhíoras go bhfuil cosantóirí chearta an duine ar mná iad agus gníomhaithe chearta na mban fós á n-ionsaí go gnéasach, á mbagairt, á n-imeaglú, á gcoiriúlú agus fiú á marú; á chur in iúl gur saoth léi, ina theannta sin, go ndírítear go háirithe ar chosantóirí chearta an duine ar mná iad atá ag obair ar SRHR ar fud an domhain, agus á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit ionsaithe agus bagairtí ar chosantóirí chearta an duine atá ag obair sa réimse sin a cháineadh go poiblí agus go príobháideach agus ionadaíocht leormhaith chosantóirí SCGA a áirithiú go réamhghníomhach ina chomhairliúcháin; á chur i bhfáth gur gá do AE tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann cearta na mban agus na gcailíní chun cinn i ngach réimse;

*Imircigh agus dídeanaithe*

91. ag athdhearbhú chearta daonna doshannta na n-imirceach, na ndídeanaithe agus na ndaoine atá easáitithe go héigeantach, ar cearta iad nach mór a léiriú i mbeartas imirce agus tearmainn an Aontais agus ina chomhar le tríú tíortha sa réimse sin; á chur i bhfáth gur cheart do AE dlús a chur lena iarrachtaí chun bealaí a aithint agus a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantach, go háirithe mná, leanaí, mionlaigh eitneacha, reiligiúnacha agus creidimh agus daoine faoi mhíchumas, atá i measc na ndaoine is leochailí, ag cur le hathléimneacht phobail tionscnaimh na n-imirceach agus ag cabhrú leo deis a thabhairt dá gcomhaltaí saol cuibhiúil agus sábháilte a bheith acu ina dtír dhúchais; á chur i bhfáth gur gá beartais imirce agus tearmainn a bhainistiú ar bhealach

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

a rialaítear le prionsabail na dlúthpháirtíochta, na cothromaíochta agus chomhroinnt na freagrachta idir tíortha; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tacú leis na tíortha a bhfuil formhór na ndídeanaithe á n-óstáil acu, chomh maith le tíortha idirthurais agus tíortha tionscnaimh; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a áirithiú nach ndéanfaidh cistiú Eorpach, oiliúint nó cineálacha eile tacaíochta a bhaineann leis an imirce do thríú tíortha éascú go díreach nó go hindíreach ar sháruithe ar chearta an duine, ná nach dtreiseoidh siad ná nach mbuanóidh siad saoirse ó phionós i leith sáruithe den sórt sin; á athdhearbhú go bhfuil dlúthchomhar agus dlúth-rannpháirtíocht le tríú tíortha ríthábhachtach i gcónaí chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc; á chur i bhfáth go háirithe gur gá an comhrac i gcoinne grúpaí coireachta eagraithe a bhíonn ag gabháil do gháinneáil ar dhaoine a leathnú, ar cheart iad a bheith i gcomhréir go docht le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur den ríthábhacht é faisnéis a scaipeadh agus feachtais múscailte feasachta a bheith ann maidir leis na rioscaí a ghabhann le smuigléireacht; á iarraidh ar oibríochtaí daonnúla arna gcistiú ag AE riachtanais shonracha leanaí agus grúpaí leochaileacha eile a chur san áireamh agus a áirithiú go gcosnófar iad agus iad á n-easáitiú; ag cáineadh, ina leith sin, socrúchán leanaí imirceacha in ionaid choinneála, go háirithe nuair atá siad scartha óna dtuismitheoirí nó óna gcaomhnóirí dlíthiúla; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé creat éifeachtach de chonairí sábháilte dlíthiúla chuig an Aontas a fhorbairt agus á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Tallainne a fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta;

92. á mheabhrú go bhfuil rún daingean aici seasamh le cearta dídeanaithe, dá bhforáiltear le dlíthe idirnáisiúnta um chearta an duine agus um dhídeanaithe, go háirithe Coinbhinsiún 1951 maidir le Stádas Dídeanaithe agus Prótacal 1967 a ghabhann leis; á mheabhrú go bhfuil oibleagáidí ar na stáit dídeanaithe a chosaint agus a gcearta a urramú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha; á chur in iúl gur saoth léi líon na mbásanna imirceach a tharlaíonn feadh bealaí imirce agus brú siar neamhdhleathach de shárú ar an dlí idirnáisiúnta; á mheabhrú gur cheart do AE agus a Bhallstáit, ina ngníomhaíochtaí seachtracha agus seach-chríochacha, ina gcomhaontuithe agus ina gcomhar i réimsí na himirce, na dteorainneacha agus an tearmainn, cearta an duine a urramú agus a chosaint, go háirithe na cearta sin a chumhdaítear sa Chairt, lena n-áirítear an ceart chun na beatha, an ceart chun saoirse agus an ceart chun tearmann a lorg, tríd an measúnú aonair ar iarratais ar thearmann agus trí phrionsabal an non-refoulement; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé do na Ballstáit dea-shampla a thabhairt trína n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe a chomhlíonadh go docht, agus a thábhachtaí atá sé a gcúnamh a mhéadú go suntasach dóibh siúd atá ag teitheadh ó bhrú faoi chois nó ó chogadh, dá n-acmhainn óstach agus dá ngealltanais athlonnaithe;

93. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a bheith go hiomlán trédhearcach maidir le cistí a leithdháileadh ar thríú tíortha le haghaidh comhar i gcúrsaí imirce; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún measúnuithe riosca *ex-ante* trédhearcacha a áirithiú a dhéanann comhlachtaí agus saineolaithe neamhspleácha AE maidir le tionchar aon chomhair fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil nó airgeadais AE le tríú tíortha ar chearta imirceach, dídeanaithe agus daoine easáitithe go héigeantach, agus na measúnuithe sin a chur san áireamh go hiomlán, chomh maith le sásraí faireacháin, chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an chomhair le tríú tíortha ar chearta an duine; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, maidir leis an líon daoine a easáitíodh go héigeantach ar fud an domhain mar thoradh ar ghéarleanúint, ar choinbhleacht, ar fhoréigean, ar sháruithe ar chearta an duine nó ar theagmhais lenar cuireadh isteach go mór ar an ord poiblí, gur shroich an líon daoine sin 89 milliún – líon gan fasach – faoi dheireadh 2021, ar leanaí 36,5 milliún díobh; á mheabhrú go bhfuil bacainní roimh dhídeanaithe agus imircigh, go háirithe imircigh gan doiciméid, maidir le rochtain ar chúram sláinte ar fud an domhain, gur minic a tharlaíonn foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe le linn easáitithe, agus nach bhfaigheann marthanóirí foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe an cúram sláinte riachtanach gnéis agus atáirgthe atá de dhíth orthu; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil an ghníomhaíocht agus an comhar idirnáisiúnta níos riachtanaí ná mar a bhí aon uair riamh chun cosaint do dhídeanaithe a áirithiú;

*Pobail dhúchasacha*

94. ag tabhairt dá haire, agus á chur in iúl gurb oth léi go leanann pobail dhúchasacha de bheith ag tabhairt aghaidh ar idirdhealú agus géarleanúint fhorleathan agus chórasach ar fud an domhain, lena n-áirítear easáitiú éigeantach; ag cáineadh gabhálacha treallacha agus marú chosantóirí chearta an duine agus na talún a sheasann ar son chearta na bpobal dúchasach; á mheabhrú go bhfuil ról tábhachtach ag pobail dhúchasacha chun acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú; ag tathant ar rialtais beartais forbartha agus chomhshaoil a shaothrú lena n-urramaítear cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, agus atá cuimsitheach do phobail dhúchasacha agus do phobail áitiúla, i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe; ag athdhearbhú a hiarrata ar AE, ar a Bhallstáit agus ar a gcomhpháirtithe sa chomhphobal idirnáisiúnta na bearta uile is gá a ghlacadh chun cearta na bpobal dúchasach a aithint, a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir lena dteangacha, a dtailte, a gcríocha agus a n-acmhainní, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, go háirithe i ndáil le toiliú saor, roimh ré agus feasach; ag moladh go ndéanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát tagairtí do

phobail dhúchasacha agus do na cearta atá i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach a chur san áireamh sna creataí ábhartha díchill chuí atá ag teacht chun cinn; á athdhearbhú gur gá sásra casaoide a chruthú chun gearáin a thaisceadh maidir le sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta na bpobal dúchasach a eascraíonn as gníomhaíochtaí gníomhaithe stáit agus neamhstáit; á mholadh do thíortha nach ndearna forálacha Choinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair an 27 Meitheamh 1989 maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha a dhaingniú amhlaidh a dhéanamh;

*Cogaí agus coinbhleachtaí thart timpeall an domhain agus a dtionchar ar chearta an duine*

95. á chur in iúl gur cúis mhór imní di marthanacht sciúirse cogaí agus coinbhleachtaí míleata ann ar fud an domhain; á chur i bhfáth gur ann don iliomad bagairtí ar chearta an duine de bharr cogaíocht agus coinbhleachtaí nua-aimseartha thart timpeall an domhain sa lá atá inniu ann; á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, sa bhreis ar na Páirtithe Stáit iad féin, gur minic a bhíonn gníomhairí neamhstáit páirteach sna coinbhleachtaí sin, lena n-áirítear cuideachtaí príobháideacha míleata agus slándála chomh maith le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta; á chur i bhfáth go mbíonn iarmhairtí daonnúla tubaisteacha ann de dheasca na gcoinbhleachtaí sin agus go mbíonn tionchar tubaisteach acu ar shibhialtaigh, a ndéantar spriocdhíriú díreach orthu, a chaitheann sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a fhulaingt, agus nach mbíonn rochtain ar bith acu nó gan ach rochtain theoranta acu go minic ar an gceartas nó ar leigheasanna dlíthiúla; á iarraidh ar AE leanúint d'uirlisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun é a chur ar a chumas freagairt go tapa agus go héifeachtúil do choinbhleachtaí den sórt sin, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leo, trí infheistíocht a dhéanamh in iarrachtaí chun coinbhleachtaí a chosc agus a idirghabháil, trí spás le haghaidh réitigh pholaitiúla a lorg agus a chothabháil, trí comhghuaillíochtaí a chruthú le tíortha agus eagraíochtaí réigiúnacha atá ar aon intinn leo, trí thacaíocht bhreise airgeadais agus theicniúil agus pearsanra breise a chur ar fáil do mhisin shibhialta na síochánaíochta agus do mhisin oibríochtaí míleata, agus trí thionscnaimh cothaithe muiníne idir cogaíoch a chur chun cinn; á iarraidh ar AE cuidiú chun deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine agus cúnamh a chur ar fáil do na híospartaigh;

96. ag cáineadh an mhéadaithe atá tagtha ar sháruithe ar bhunreachtanna daonlathacha ar fud an domhain; á athdhearbhú gur cúis imní di an bhagairt atá ann mar gheall ar tháthcheangail mhíleata ar chostas beatha sibhialtach, slándála agus síochána; á chur i bhfáth gur gá cuntasacht a neartú agus saoirse ó phionós a chomhrac i gcás sáruithe ar chearta an duine agus coireanna cogaidh a rinneadh mar thoradh ar athruithe ar an réimeas foréigneach;

97. á athdhearbhú go ngéaraítear ar dhúshláin a bhaineann le cúram sláinte le linngéarchéimeanna daonnúla agus á mheabhrú, i gcriosanna géarchéime, go bhfuil grúpaí leochaileacha amhail dídeanaithe, mná agus cailíní go háirithe neamhchosanta ar fhoréigean gnéasach, ar ghalair ghnéas-tarchurtha, ar theacht i dtír gnéasach, ar éigniú mar arm cogaidh agus ar thoircheas gan iarraidh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ardtosaíocht a thabhairt don chomhionannas inscne agus don tsláinte ghnéis agus atáirgthe ina bhfreagairt ar chabhair dhaonnúil, lena n-áirítear i dtéarmaí oiliúna do ghníomhaithe daonnúla agus cistiú amach anseo; á iarraidh ar AE dearcadh atá íogair ó thaobh inscne de a ghlacadh chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag coinbhleachtaí ar mhná agus ar phobal LADTIA agus é a chomhtháthú ina chuid iarrachtaí maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, agus maidir le coimeád na síochána, cabhair dhaonnúil agus oibríochtaí atógála iarchoinbhleachta, ceartas idirthréimhseach agus cur chun cinn chearta an duine agus athchóirithe daonlathacha;

98. ag athdhearbhú a hiarrata ar na Ballstáit cabhrú le coinbhleachtaí armtha agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a shrianadh trí chloí go docht le forálacha Airteagal 7 maidir le Measúnú Onnmhairiúcháin agus Onnmhairiúcháin de Chonradh Trádála Arm na Náisiún Aontaithe agus le forálacha Chomhsheasamh AE maidir le honnmhairiú arm ([28]), lena n-áirítear trí dhiúltú d'aon aistriú arm agus trealaimh faireachais a mbeadh an baol ann go ndéanfadh nó go n-éascódh na gníomhaithe allmhairiúcháin sáruithe ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

*An ceart chun bia agus slándáil an tsoláthair bia*

99. á athdhearbhú gur ceart daonna é an ceart a bheith saor ón ocras; á chur i bhfios go láidir gur cúis mhór imní di na dúshláin atá roimh an gceart chun bia agus roimh shlándáil an tsoláthair bia agus inacmhainneacht an bhia ina lán tíortha ar fud an domhain; á iarraidh ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta dlús a chur láithreach lena n-iarrachtaí stop a chur leis an treocht go bhfuil ganntanais thromchúiseacha bhia ag teacht chun cinn; á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil roinnt cúiseanna le staid bhaolach na slándála bia, gur measa fós í mar gheall ar go leor coinbhleachtaí a tharla ar fud an domhain, lena n-áirítear coinbhleachtaí reatha i dtíortha atá ina n-onnmhaireoirí móra domhanda táirgí príomhúla bia, a bhfuil iarmhairtí ollmhóra acu i roinnt limistéar den domhan; ag cáineadh go láidir úsáid nó bagairt na neamhdheimhneachta bia mar uirlis pholaitiúil chogaidh;

([28]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear rialacha comhchoiteanna faoina rialaítear onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

100. á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní di, gur féidir cúlra reiligiúnach, creidimh nó eitneach a úsáid mar fhachtóir idirdhealaitheach i ndáileadh bia agus cabhair dhaonnúil i gcomhthéacs neamhshlándáil an tsoláthair bia agus géarchéimeanna daonnúla; á iarraidh ar AE, ar a Bhallstáit agus ar an gCoimisiún aird rialtais na dtríú tíortha lena mbaineann a tharraingt ar an tsaincheist sin;

*An t-athrú aeráide agus an comhshaol*

101. á chur i bhfios go láidir go bhfuil cearta an duine, comhshaol folláin agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide ag brath ar a chéile; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta chun aitheantas a thabhairt don cheart chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe, mar a leagtar amach i Rún 76/300 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe; á chur i bhfáth gur mór aici an obair bhunriachtanach atá déanta ag cosantóirí chearta an duine maidir leis an gcomhshaol, lena n-áirítear cosantóirí talún agus uisce, iriseoirí, iriseoirí iniúchacha, sceithirí, dlíodóirí agus gníomhaithe dúchasacha, chun an comhshaol a chaomhnú agus a choimirciú in ainneoin bagairtí foréigin ina gcoinne agus an baol dá saol; ag aithint, thairis sin, an ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le pobail dhúchasacha as a gcuid oibre thar a bheith luachmhar i gcaomhnú agus i gcosaint an chomhshaoil;

102. á chur i bhfáth go gcuireann an t-athrú aeráide teachtadh chearta an duine i mbaol, lena n-áirítear an ceart chun slándáil bia, uisce óil sábháilte, sláintíocht, sláinte agus tithíocht leormhaith, chomh maith le cearta na bpobal áitiúil; ag diúltú do shaothrú neamhdhleathach acmhainní nádúrtha, ar dúshlán mór inbhuanaitheachta agus comhshaoil é; ag tarraingt aird, thairis sin, ar na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide don tsíocháin agus don tslándáil, ós rud é go bhféadfadh iomaíocht thar acmhainní nádúrtha a bheith mar thoradh ar neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus ar an nganntanas uisce agus ansin d'éagobhsaíocht agus do choinbhleachtaí laistigh de stáit agus idir stáit; á chur i bhfáth go bhfuil an bhithéagsúlacht agus cearta an duine idirnasctha agus idirspleách agus ag meabhrú na hoibleagáidí atá ar stáit maidir le cearta an duine an bhithéagsúlacht a chosaint a bhfuil na cearta sin ag brath uirthi, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh do rannpháirtíocht na saoránach i gcinntí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus trí rochtain a sholáthar ar leigheasanna éifeachtacha i gcás chailliúint agus díghrádú na bithéagsúlachta;

103. á iarraidh ar AE féachaint le héifeachtaí na n-athruithe aeráide a chomhrac trí, inter alia, gníomhaíochtaí beartais éifeachtacha agus inbhuanaithe a thabhairt isteach, agus spriocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta ar fud an domhain, go háirithe trína áirithiú go dtáirgtear earraí arna n-allmhairiú ag AE i gcomhréir le cearta an duine atá cosanta faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta na ndaoine dúchasacha, agus nach gcuireann siad le scriosadh nó damáiste na n-éiceachóras nádúrtha, go háirithe foraoisí príomhúla agus cianaosta, agus úsáid á baint as cur chuige cothrom nach ndéanann dochar do phobail i dtríú tíortha; á thabhairt chun suntais gurb iad na tíortha is lú forbairt na tíortha is leochailí i leith an athraithe aeráide, ós rud é gur deacra dóibh a thionchar tubaisteach a sheasamh, in ainneoin cainníochtaí níos lú gás ceaptha teasa a tháirgeadh ná mar a tháirgeann tíortha níos saibhre;

*Gnó, trádáil agus cearta an duine*

104. á chur i bhfios go láidir gur minic a thugtar an deis don Aontas le comhaontuithe trádála oibriú le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar a staid intíre trí choinníollacha áirithe a thabhairt lena bhféadfaí na caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú, chomh maith le foráil a dhéanamh do choinníollacht chun feabhas a chur ar an staid ó thaobh chearta an duine sna tíortha sin; ag tabhairt dá haire, áfach, gur beag feabhas a tháinig, má tháinig feabhas ar bith, ar na tíortha lena mbaineann i gcásanna áirithe; ag tabhairt dá haire gur minic a bhíonn éifeachtaí díobhálacha ag gníomhaíochtaí gnó iomarcacha agus dúshaothraithe ar chearta an duine i dtríú tíortha; á mheabhrú go bhforáiltear leis na clásail shubstainteacha a áirítear i gcomhaontuithe trádála nach mór do Páirtithe Stáit cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chothú mar a luaitear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, sa ghnáthdhlí agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu;

105. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit cniogbheartaíocht i gcoinne na sochaí sibhialta a cháineadh go láidir, go háirithe nuair a tharlaíonn siad i dtíortha lena bhfuil CSTanna tugtha i gcrích ag AE, agus teagmháil éifeachtach a dhéanamh leis na húdaráis náisiúnta sna tíortha sin, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde, chun a áirithiú go bhféadfaidh an tsochaí shibhialta gníomhú faoi shaoirse, páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí agus faireachán agus doiciméadú a dhéanamh ar chur chun feidhme CSTanna; á iarraidh ar AE aghaidh a thabhairt ar aon sárú ar ghealltanais CST, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach sna caibidlí maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe agus sna clásail bhunriachtanacha de chomhpháirtíochtaí agus de chomhaontuithe comhair; i gcásanna sáruithe tromchúiseacha nó forleathana, á dhearbhú gur cheart do AE clásail maidir le cearta an duine a spreagadh, coinníollacht thiomnaithe agus bearta leordhóthanacha a bheartú, ar an mbonn sin, lena n-áirítear comhlacht tiomnaithe faireacháin ar chearta an duine a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar urramú na ngealltanas maidir le cearta an duine faoi CSTanna agus chun moltaí a chur ar fáil do na páirtithe;

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

106. á iarraidh ar AE úsáid chomhsheasmhach a bhaint as clásail i gcomhaontuithe trádála lena gcosnaítear cearta an duine, lena n-áirítear faireachán níos dlúithe agus forfheidhmiú níos dlúithe a dhéanamh ar ghealltanais maidir le cearta an duine, agus leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na coinníollachta maidir le cearta an duine chun rochtain fhabhrach ar a mhargadh a dheonú do thríú tíortha; á iarraidh, go háirithe, go mbeadh nasc níos dlúithe idir cóir fhabhrach agus dul chun cinn maidir le cearta an duine sa Rialachán nuashonraithe maidir le Scéim na bhFabhar Ginearálaithe (GSP+); á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann le linn gach céime den nós imeachta chun stádas GSP+ a dheonú, lena n-áirítear rannpháirtíocht fheabhsaithe leis an tsochaí shibhialta agus obair leantach a dhéanamh ar aon sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann; á iarraidh ar an gCoimisiún an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go leormhaith maidir le hábhair sa réimse sin; á iarraidh ar na páirtithe a bhfuil baint acu le comhaontuithe AE a chaibidliú nó caidreamh AE a bhunú nó a neartú le tríú tír scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht buanairratas déthaobhach a leathnú chun breathnú ar a dtoghcháin faoi seach; á chur i bhfáth gur cheart aghaidh a thabhairt ar an bhféidearthacht sin freisin i gcomhaontuithe atá ann cheana; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún measúnuithe tionchair ar chearta an duine a dhéanamh go córasach agus iad dírithe ar na rioscaí a bhaineann le sáruithe ar chearta an duine sula ndeonaítear aon chóir fhabhrach do thír agus imscrúdú tapa a dhéanamh ar aon sáruithe agus freagairt orthu, lena n-áirítear stádas GSP+ a chúlghairm más gá sin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hacmhainní leormhaithe agus nósanna imeachta soiléire chun na measúnuithe tionchair ar chearta an duine a dhéanamh go cuí agus chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; á iarraidh, ina leith sin, go bhfaigheadh toscaireachtaí AE lena mbaineann méadú ar acmhainní daonna chun rannchuidiú leis na measúnuithe sin agus le faireachán AE ar rochtain fhabhrach trádála ar mhargadh AE faoi scéim GSP+;

107. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáidí mar chéim i dtreo iompar corparáideach freagrach a chothú i ndáil le cearta an duine, cearta saothair agus cearta comhshaoil; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé cuideachtaí a choimeád cuntasach trí shásraí breithiúnacha, lena n-áirítear dliteanas sibhialta; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart feidhm a bheith ag ceanglais na treorach maidir le tuairisciú ar na straitéisí inbhuanaitheachta agus díchill chuí maidir le gach gnóthas mór agus maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide a liostaítear go poiblí nó a oibríonn i réigiúin agus in earnálacha eacnamaíocha ardriosca; á iarraidh go n-áireofaí sa treoir airteagal sonrach maidir le comhairliúchán le geallsealbhóirí, go háirithe daoine dá ndéantar difear agus pobail áitiúla, ceardchumainn, ionadaithe oibrithe agus cosantóirí chearta an duine;

108. ag cáineadh gach cineál saothair éigeantais agus sclábhaíochta nua-aimseartha; á thabhairt chun suntais, de réir na tuarascála is déanaí dar teideal Global Estimates of Modern Slavery [Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha], go raibh 2,7 milliún duine eile faoi réir saothar éigeantais idir 2016 agus 2021, agus suas le 17,3 milliún duine san earnáil phríobháideach amháin; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le toirmeasc a chur ar tháirgí a dhéantar le saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais; á thabhairt chun suntais freisin gur ghéaraigh paindéim COVID-19 an treocht sin; á chur i bhfáth gur tháinig meath ar dhálaí oibre do go leor oibrithe mar thoradh ar an ngéarchéim, i gcásanna áirithe a mbíonn saothar éigeantais mar thoradh orthu; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit gníomhaíochtaí a stiúradh i bhfóraim ilnáisiúnta chun saothar éigeantais agus sclábhaíocht nua-aimseartha a dhíothú; á mheabhrú do na Ballstáit gur gá na gníomhaíochtaí sin a dhéantar sna tíortha tionscnaimh agus i ngrúpaí a bhfuil soghluaisteacht idirnáisiúnta acu a ionchúiseamh agus a cháineadh; á iarraidh an athuair go ndéanfadh gach tír Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun feidhme go hiomlán, agus á iarraidh ar na Ballstáit sin de AE nár ghlac pleananna gníomhaíochta náisiúnta go fóill maidir le cearta gnó é sin a dhéanamh a luaithe is féidir; á mholadh do AE agus a chuid Ballstát páirt chuiditheach agus ghníomhach a ghlacadh in obair mheitheal idir-rialtasach oscailte na Náisiún Aontaithe maidir le corparáidí trasnáisiúnta agus fiontair ghnó eile i ndáil le cearta an duine agus sainordú caibidlíochta a ghlacadh chun na críche sin; ag meas gur céim riachtanach chun tosaigh é sin i gcur chun cinn agus i gcosaint chearta an duine;

109. ag géarcháineadh an chleachtais mhéadaithigh atá ag stáit fhorlámhacha maidir le himeachtaí ollmhóra spóirt nó cultúrtha a óstáil chun a ndlisteanacht idirnáisiúnta a threisiú agus tuilleadh srianta a chur ar easaontú intíre; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit teagmháil a dhéanamh le cónaidhmeanna náisiúnta spóirt, le gníomhaithe corparáideacha agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ar a mbealaí chun páirt a ghlacadh in imeachtaí den sórt sin; á iarraidh go bhforbrófaí creat beartais AE maidir leis an spórt agus le cearta an duine;

*Cearta an duine agus teicneolaíochtaí digiteacha*

110. á chur i bhfáth nach mór an réimse digiteach a chuimsiú go hiomlán i gcearta an duine agus nach mór iad a chosaint ar úsáid neamhdhleathach na teicneolaíochta, ag gníomhaithe stáit nó neamhstáit a sholáthraíonn na teicneolaíochtaí sin nó a bhaineann tairbhe astu; á chur i bhfios go láidir na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, do shaoirse phearsanta, don cheart chun príobháideachais agus chun daonlathais i gcoitinne agus ag cáineadh ról na dteicneolaíochtaí digiteacha i sáruithe ar chearta an duine, go háirithe trí fhaireachas, faireachán, ciapadh agus teorainneacha ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh; á chur i bhfáth na bagairtí a bhaineann le feachtais bhréagaisnéise, in éineacht le huirlisí digiteacha; á chur i bhfáth freisin, i ngeall ar theicneolaíochtaí digiteacha nua, go bhfuil bagairt shonrach ann do chosantóirí chearta an duine, do dhaoine ón bhfreasúra, d'iriseoirí agus

**Dé Céadaoin 18. Eanáir 2023**

do dhaoine eile maidir lena ngníomhaíochtaí a rialú, a shrianadh agus an bonn a bhaint uathu; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí níos déine chun creat dlíthiúil domhanda cuimsitheach a bhunú maidir le teicneolaíochtaí digiteacha, lenar cheart leas a bhaint as na gnóthachain a d'fhéadfadh a bheith ag baint le teicneolaíochtaí den sórt sin ar mhaithe le folláine an duine, agus cearta an duine á n-urramú go docht ag an am céanna; ag áitiú a thábhachtaí atá cibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán a sheasann le bunluachanna an daonlathais, chearta an duine agus an smachta reachta; ag tacú go láidir le noirm dheonacha, neamhcheangailteacha maidir le hiompar freagrach stáit sa chibearspás, lena gcuimsítear urraim do phríobháideachas agus do chearta bunúsacha na saoránach; á iarraidh go nglacfar an Gníomh um an Intleacht Shaorga (IS) go pras mar uirlis éifeachtach chun a áirithiú go n-úsáidfear IS chun na críche sin, agus béim ar leith á leagan ar IS ardriosca; á iarraidh go n-áireofaí geilleagar aird — a úsáideann ardáin na meán sóisialta, i measc daoine eile — faoi raon feidhme IS ardriosca chun grúpaí leochaileacha a chosaint ar dhíriú orthu le bréagaisnéis agus le mí-ionramháil tuairimí poiblí;

111. á chur in iúl gur saoth léi cleachtais ag réimis fhorlámhacha, i measc daoine eile, a chuireann teorainn le rochtain na saoránach ar an idirlíon, lena n-áirítear lándorchuithe idirlíne le linn tionóil phoiblí agus agóidí; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit, i gcomhar le tíortha daonlathacha eile, infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i dteicneolaíocht lena gceadófar rochtain dhomhanda gan cur isteach agus inacmhainne ar an idirlíon; á iarraidh ar AE maoiniú a dhéanamh ar thaighde ar bhealaí digiteacha éifeachtacha chun bréagnuacht, bréagaisnéis agus bolscaireacht mhailíseach atá á scaipeadh go digiteach a scagadh agus a chomhrac;

o

o o

112. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chuig Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, chuig an Uachtarán ar an 78ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, chuig Uachtarán Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chuig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus Cinn Toscaireachta AE.

P9_TA(2023)0012

# Iarmhairtí daonnúla an imshuí in Nagorno-Karabakh

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le h-iarmhairtí daonnúla an imshuí in Nagorno-Karabakh (2023/2504(RSP))**

(2023/C 214/07)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge faoi láthair*

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0013

## Forghabháil institiúidí daonlathacha na Brasaíle

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le Forghabháil institiúidí daonlathacha na Brasaíle (2023/2505(RSP))**

(2023/C 214/08)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge faoi láthair*

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0014

# Staid na nIriseoirí i Maracó, go háirithe cás Omar Radi

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 ar staid na nIriseoirí i Maracó, go háirithe cás Omar Radi (2023/2506(RSP))**

(2023/C 214/09)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge faoi láthair*

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0015

# Binse a bhunú maidir le coir an fhogha i gcoinne na hÚcráine

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le binse a bhunú i dtaca le coir an fhogha i gcoinne na hÚcráine (2022/3017(RSP))

(2023/C 214/10)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint dá rúin roimhe seo maidir leis an Úcráin agus an Rúis, go háirithe dóibh sin an 19 Bealtaine 2022 maidir leis an gcomhrac i gcoinne saoirse ó phionós i gcás coireanna cogaidh san Úcráin ([1]) agus an 23 Samhain 2022 maidir le Cónaidhm na Rúise a aithint mar urraitheoir stáit ar an sceimhlitheoireacht ([2]),

— ag féachaint do Dhearbhú Londain an 13 Eanáir 1942,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe,

— ag féachaint do Rúin 3314 (XXIX) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 14 Nollaig 1974 maidir leis an Sainmhíniú ar Fhogha, agus 377 (V) (an rún "Aontú ar son na Síochána") an 3 Samhain 1950,

— ag féachaint do Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC), go háirithe Airteagal *8 bis* de agus do Leasuithe Kampala maidir le Coir an Fhogha ina leith agus do Chomhaontú 2006 idir ICC agus an tAontas Eorpach maidir le comhar agus cúnamh,

— ag féachaint do rúin 2433 (2022), 2436 (2022), 2463 (2022) agus 2473 (2022) ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa,

— ag féachaint don ordú ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta an 16 Márta 2022 maidir le Líomhaintí maidir le Cinedhíothú faoin gCoinbhinsiún maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú,

— ag féachaint don rún dar teideal "The Russian Federation's war of aggression against Ukraine and its people, and its threat to security across the OSCE region" [Cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a muintire, agus a bagairt ar an tslándáil ar fud réigiún ESCE] a glacadh ag an 29ú seisiún bliantúil de Thionól Parlaiminteach na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (OSCE) ón 2 go dtí an 6 Iúil 2022,

— ag féachaint do ráiteas comhpháirteach ó Airí Gnóthaí Eachtracha na hEastóine, na Laitvia agus na Liotuáine, an 16 Deireadh Fómhair 2022, inar iarradh go mbunófaí binse speisialta i ndáil le coir an fhogha in aghaidh na hÚcráine,

— ag féachaint do rúin an 2 Márta 2022 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal "Fogha i gcoinne na hÚcráine" agus do rún uaidh an 12 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal "Iomláine chríochach na hÚcráine: prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a chosaint",

— ag féachaint do rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 2 Samhain 2022 dar teideal "Tuarascáil ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta" agus an 14 Samhain 2022 dar teideal "Leighis agus cúiteamh a chur chun cinn i leith fogha i gcoinne na hÚcráine",

— ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 agus 21 Deireadh Fómhair 2022 agus an 15 Nollaig 2022,

— ag féachaint don ráiteas ó Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen an 30 Samhain 2022 maidir le cuntasacht na Rúise agus úsáid sócmhainní reoite na Rúise, ar ráiteas é ina ndéanann sí tagairt don ghá atá le cúirt speisialaithe a bhunú chun coir an fhogha a rinne an Rúis i gcoinne na hÚcráine a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus ar thacaigh na Náisiúin Aontaithe leis, agus do ráitis ardleibhéil lena mbaineann ina dhiaidh sin ón nGearmáin, ón bPolainn agus ó thíortha eile;

([1]) IO C 479, 16.12.2022, lch. 68.
([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0405.

— ag féachaint do Riail 132(2) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta, go bhfuil ceannasacht chomhionann ag gach stát agus nach mór dóibh staonadh ina gcaidreamh idirnáisiúnta ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid i gcoinne iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil aon stáit;

B. de bhrí, ó mhí Feabhra 2014 i leith, gur fhógair an Rúis cogadh foghach neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar i gcoinne na hÚcráine, ar cogadh é a athsheoladh an 24 Feabhra 2022 le hionradh ollmhór ar an Úcráin;

C. de bhrí gurb ionann cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus sárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, ar phrionsabail bhunúsacha an dlí idirnáisiúnta agus ar chomhaontuithe idirnáisiúnta éagsúla, amhail Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí, Cairt Pháras le haghaidh Eoraip Nua agus Meabhrán Bhúdaipeist;

D. de bhrí, le linn an ama sin, go ndearna fórsaí na Rúise ionsaithe neamh-idirdhealaitheacha ar limistéir chónaithe agus ar bhonneagar sibhialtach, gur mharaigh siad na mílte sibhialtach ón Úcráin agus go ndearna siad gníomhartha sceimhlitheoireachta ar fud na tíre lenar díríodh ar bhonneagar sibhialtach;

E. de bhrí gur dúnmharaíodh na mílte sibhialtach, lena n-áirítear leanaí, cheana féin agus go ndearnadh go leor eile díobh a chéasadh, a chiapadh, a fhuadach nó a easáitiú le lámh láidir nó go ndearnadh ionsaí gnéis orthu; de bhrí go bhfuil neamhaird iomlán á tabhairt ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta leis an iompar mídhaonnachtúil sin ó fhórsaí na Rúise agus óna seach-ionadaithe;

F. de bhrí go léiríonn na hainghníomhartha a tuairiscíodh a rinne fórsaí armtha na Rúise in Bucha, Irpin agus mórán bailte eile san Úcráin le linn fhorghabháil na Rúise brúidiúlacht an chogaidh atá á chur ag Cónaidhm na Rúise ar an Úcráin agus go gcuireann siad béim ar an tábhacht atá le gníomhaíocht chomhordaithe ar bhonn idirnáisiúnta chun cuntasacht i leith choir an fhogha agus na sáruithe uile ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a shuí;

G. de bhrí, an 30 Meán Fómhair 2022, go ndearna an Rúis a hionghabháil ar na réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia de chuid na hÚcráine, atá faoi fhorghabháil i bpáirt ag an Rúis, a dhearbhú go haontaobhach;

H. de bhrí go bhfuil Cónaidhm na Rúise aitheanta ag Parlaimint na hEorpa agus ag go leor parlaimintí agus tionól náisiúnta mar urraitheoir stáit ar an sceimhlitheoireacht agus mar stát a úsáideann modhanna sceimhlitheoireachta;

I. de bhrí gurb é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine an gníomh ionsaithe is measa a rinne ceannaireacht pholaitiúil aon tíre ar leith san Eoraip ó 1945 agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le freagairt dhlíthiúil leormhaith ar an leibhéal idirnáisiúnta; de bhrí gur aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe sna rúin ([3]) uaidh go bhfuil fogha Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ina shárú ar Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe agus nach mór Cónaidhm na Rúise a thabhairt chun cuntais as aon sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta san Úcráin nó ina coinne, lena n-áirítear an fogha a rinne sí de shárú ar Chairt na Náisiún Aontaithe; de bhrí nár cheart dóibh siúd atá freagrach as coir an fhogha i gcoinne na hÚcráine a fhágáil gan pionós a chur orthu;

J. de bhrí go bhfuil fogha na Rúise cáinte go sainráite freisin ag ionadaithe stát agus eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla, amhail Comhairle na hEorpa, ESCE, AE, Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), an tAontas Afracach, Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar, Fóram Oileáin an Aigéin Chiúin, Eagraíocht na Stát Meiriceánach, Comhphobal Mhuir Chairib, an Chomhairle Nordach agus eile;

K. de bhrí, an 16 Márta 2022, gur ordaigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta do Chónaidhm na Rúise a cuid oibríochtaí míleata i gcríoch na hÚcráine a chur ar fionraí láithreach;

([3]) rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2022 dar teideal "Fogha i gcoinne na hÚcráine", an 24 Márta 2022 dar teideal Humanmanitarian "Iarmhairtí daonnúla an fhogha i gcoinne na hÚcráine" agus an 15 Samhain 2022 dar teideal "Leighis agus cúiteamh a chur chun cinn i leith fogha i gcoinne na hÚcráine".

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

L. de bhrí go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ón 2 Márta 2022 i leith ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ar an staid san Úcráin i ndáil le coireanna a líomhnaítear a rinne Cónaidhm na Rúise san am a chuaigh thart agus atá á ndéanamh aici faoi láthair ón 21 Samhain 2013 i leith, lena n-áirítear cinedhíothú, coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna; de bhrí, cé nach bhfuil an Úcráin ina páirtí sa Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, gur aithin sí dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus go bhfuil sí ag comhoibriú léi;

M. de bhrí go sainmhínítear, i Rún 3314 (XXIX) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, fogha mar "úsáid fornirt armtha ag Stát i gcoinne cheannasacht, iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil Stáit eile, nó ar aon slí eile nach bhfuil i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe" agus luaitear ann gur "coir in aghaidh na síochána idirnáisiúnta" é cogadh foghach agus "go n-eascraíonn freagracht idirnáisiúnta as an bhfogha"; de bhrí go sainmhínítear, i Rún 3314 (XXIX) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 14 Nollaig 1974, fogha mar "úsáid fornirt armtha ag Stát i gcoinne cheannasacht, iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil Stáit eile, nó ar aon slí eile nach bhfuil i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe" agus luaitear ann gur "coir in aghaidh na síochána idirnáisiúnta" é cogadh foghach agus "go n-eascraíonn freagracht idirnáisiúnta as an bhfogha". de bhrí go sainmhínítear in Airteagal 8 bis de Reacht na Róimhe gurb é "coir an fhogha" ná fogha a bheith á phleanáil, á ullmhú, á thionscnamh nó á chur i gcrích ag duine atá i riocht, go hiarbhír, rialú nó stiúradh a dhéanamh ar ghníomhaíocht pholaitiúil nó mhíleata Stáit, fogha arb ionann é, mar gheall ar a chineál, a thromchúis agus a scála, agus sárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe; de bhrí go gciallaíonn "fogha" úsáid fornirt armtha ag Stát in aghaidh ceannasacht, iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil Stáit eile, nó úsáid fornirt armtha ar aon slí eile atá ar neamhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe; de bhrí, de réir Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, nach ionann coir an fhogha agus coireanna cogaidh nó coireanna in aghaidh an chine dhaonna; de bhrí gurb iondúil gur coir cheannaireachta é coir an fhogha sa mhéid nach féidir ach leo siúd a bhfuil sé de chumhacht acu beartas foghach stáit a mhúnlú; de bhrí gur rialaigh an Binse Míleata Idirnáisiúnta ag Nuremberg in 1946, a bhí dírithe ar choir an fhogha, gurbh ionann fogha agus "an choir idirnáisiúnta uachtarach";

N. de bhrí gur coir idirnáisiúnta tromchúiseach é cogadh foghach, go háirithe i gcomhthéacs na húsáide a d'fhéadfaí a bhaint as gach cineál arm ollscriosta as a n-eascraíonn iarmhairtí tubaisteacha don tsíocháin dhomhanda agus do shlí bheatha an duine, chomh maith le damáiste tromchúiseach fadtéarmach don chomhshaol nádúrtha agus don aeráid;

O. de bhrí, i gcás Barcelona Traction, gur chuir an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta in iúl gur oibleagáidí i leith an chomhphobail idirnáisiúnta ina iomláine seachas i leith stáit aonair iad na hoibleagáidí a eascraíonn as cosc a chur ar ghníomhartha foghacha;

P. de bhrí, tar éis dhá dhearbhú *ad hoc* ón Úcráin, go bhfuil dlínse ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ar choireanna cogaidh, ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna agus ar choir an chinedhíothaithe a rinneadh ar chríoch na hÚcráine ó mhí na Samhna 2013, ach nach bhfuil dlínse ag an gCúirt ar choir an fhogha, mar a shainmhínítear in Airteagal 8 bis de Reacht na Róimhe agus Leasuithe Kampala í, sa chás i dtrácht toisc nach bhfuil Reacht na Róimhe agus na leasuithe a bhaineann le coir an fhogha daingnithe ag an Úcráin ná ag Cónaidhm na Rúise; de bhrí go bhfuil imscrúdú ar chúrsaí san Úcráin ar bun ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ón 2 Márta 2022 i leith; de bhrí nach ndéanfaidh bunú binse speisialta maidir le coir an fhogha difear do dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ar choireanna eile ach gurb é an chaoi go gcuirfidh sé léi;

Q. de bhrí go bhfuil rúin glactha ag Parlaimint na hEorpa agus ag Parlaimintí na Seicia, na hEastóine, na Fraince, na Laitvia, na Liotuáine, na hÍsiltíre agus na Polainne lena dtacaítear le binse speisialta idirnáisiúnta *ad ho*c a bhunú;

R. de bhrí, an 30 Samhain 2022, gur thíolaic an Coimisiún roghanna malartacha faoin gcaoi a bhféadfaí sásra cuntasachta a shuí le haghaidh choir an fhogha i gcoinne na hÚcráine; de bhrí gur cheart aon chinneadh maidir le sásra den sórt sin a ghlacadh i ndlúthchomhar leis an Úcráin;

S. de bhrí, i gconclúidí uaithi an 15 Nollaig 2022, gur mhol an Chomhairle Eorpach tuilleadh iarrachtaí chun cuntasacht iomlán i leith coireanna cogaidh a áirithiú agus chun cuntasacht i leith choir an fhogha a bhaint amach agus gur iarr sí ar an gCoimisiún, ar an Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ar an gComhairle an obair sin a thabhairt ar aghaidh, i gcomhréir le dlí AE agus an dlí idirnáisiúnta, agus á chur i bhfáth go bhfuil ionchúiseamh choir an fhogha ina údar imní don phobal idirnáisiúnta ina iomláine;

T. de bhrí go nach bhfuil Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe in ann aon rud a dhéanamh maidir leis an staid san Úcráin mar gheall ar chumas na Rúise aon ghníomhaíocht shubstainteach a chrosadh; de bhrí gur leagadh síos fasach i Rún 377(V) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe trí bhealach malartach gníomhaíochta a chur ar fáil do na Náisiúin Aontaithe nuair a úsáideann buanchomhalta amháin ar a laghad de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a cheart crosta chun bac a chur ar an gComhairle Slándála a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh mar a shainordaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe;

1. á athdhearbhú go ndéanann sí an cáineadh is géire is féidir ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus go dtacaíonn sí go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh de theorainneacha na tíre a aithnítear go hidirnáisiúnta agus ag athdhearbhú a hiarrata ar an Rúis deireadh a chur láithreach leis na gníomhaíochtaí míleata uile san Úcráin agus na fórsaí agus an trealamh míleata uile a tharraingt siar gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta;

2. ag cur béim ar an bhfíoras nach bhfuil aon cheist faoi ach gur sárú soiléir ar Chairt na Náisiún Aontaithe í coir an fhogha atá á déanamh ag an Rúis i gcoinne na hÚcráine, sárú nach mór don phobal idirnáisiúnta freagra a thabhairt air ar mhaithe leis an tslándáil dhomhanda agus leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún, ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit tacú le cuntasacht iomlán as na coireanna uile a rinne an Rúis, a comhghuaillithe agus a seach-ionadaithe le linn a gcogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine;

3. á chur i bhfios go láidir a phráinní atá sé go n-iarrfadh AE agus a Bhallstáit, i ndlúthchomhar leis an Úcráin agus leis an gcomhphobal idirnáisiúnta, trí na Náisiúin Aontaithe más féidir, go gcruthófaí binse idirnáisiúnta speisialta chun coir an fhogha i gcoinne na hÚcráine, arna dhéanamh ag ceannaireacht pholaitiúil agus mhíleata Chónaidhm na Rúise agus ag a cuid comhghuaillithe, a ionchúiseamh agus chun teacht ar bhealach coiteann chun cinn atá fónta ó thaobh an dlí de maidir leis an ábhar sin; á chreidiúint go líonfaí an bhearna mhór sa leagan amach institiúideach idirnáisiúnta atá ann faoi láthair maidir leis an gceartas coiriúil dá mbunófaí binse den sórt sin agus gur cheart é a bheith bunaithe ar na caighdeáin agus ar na prionsabail a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta mar a leagtar amach i Reacht na Róimhe iad;

4. á iarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit oibriú i ndlúthchomhar leis an Úcráin chun tacaíocht pholaitiúil a lorg agus a fhorbairt i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear Comhairle na hEorpa, ESCE agus G7, chun binse speisialta a chruthú maidir le coir an fhogha i gcoinne na hÚcráine;

5. á mheas go mbeadh bunú an bhinse speisialta ina chomhlánú ar iarrachtaí imscrúdaitheacha na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus a hIonchúisitheora, ós rud é go ndíreodh sé ar chinedhíothú líomhnaithe, ar choireanna cogaidh líomhnaithe agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna a rinneadh san Úcráin; á athdhearbhú go dtacaíonn sí go hiomlán leis an imscrúdú atá ar siúl ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ar an staid san Úcráin; ag tathant ar an Úcráin Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus na leasuithe air a dhaingniú agus a bheith ina chomhalta de chuid na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ar bhonn foirmiúil;

6. á iarraidh go mbainfí úsáid ghníomhach as taidhleoireacht phoiblí an Aontais agus as cumarsáid straitéiseach chun tacú leis an mbinse speisialta a chruthú;

7. á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil comhdhéanamh beacht agus modhanna oibríochta an bhinse speisialta fós le cinneadh, go mbeidh orthu na critéir is airde maidir le trédhearcacht agus neamhchlaontacht a urramú; á mheas, thairis sin, nach mór dlínse a bheith ag an mbinse idirnáisiúnta speisialta chun imscrúdú a dhéanamh ní hamháin ar Vladimir Putin agus ar cheannaireacht pholaitiúil agus mhíleata Chónaidhm na Rúise, ach freisin ar Aliaksandr Lukashenka agus ar an gceannaireacht pholaitiúil agus mhíleata sa hBealarúis, mar stát cumasúcháin, ar óna críoch agus lena tacaíocht lóistíochta a bhfuil Cónaidhm na Rúise i mbun a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine a fhearadh, ós rud é go dtagann sé faoin léirmhíniú ar choir fhoghach de réir Airteagal 8(a) de Reacht na Róimhe;

8. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart tús a chur le hobair ullmhúcháin an Aontais ar an mbinse speisialta gan mhoill agus díriú ar na socruithe a leagan síos don bhinse speisialta i gcomhar leis an Úcráin agus tacú le húdaráis na hÚcráine agus leis na húdaráis idirnáisiunta chun fianaise a dhaingniú a bheidh le húsáid sa bhinse speisialta a bheidh ann sa todhchaí;

9. á iarraidh ar institiúidí an Aontais, go háirithe an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, tacaíocht a chur ar fáil idir an dá linn chun oifig eatramhach ionchúisitheora a bhunú agus ag tabhairt dá haire gur chéim phraiticiúil thar a bheith tábhachtach a bheadh i mbunú na hoifige sin san imscrúdú agus san ionchúiseamh a dhéanfaidh an binse speisialta a bheidh ann amach anseo ar choir an fhogha i gcoinne na hÚcráine;

10. ag cáineadh chleachtas na Rúise maidir le bac a chur ar aon ghníomhaíocht ar leibhéal na Náisiún Aontaithe lena ndírítear ar í a thabhairt chun cuntais as an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

11. ag cur béim ar an ról tábhachtach atá ag binse speisialta maidir le coir an fhogha i gcoinne na hÚcráine chun ceartas a lorg do mhuintir na hÚcráine, chun gníomhaithe idirnáisiúnta eile a dhíspreagadh ó aithris a dhéanamh ar fhogha neamhdhleathach na Rúise agus chun éascú a dhéanamh ar an éileamh ar chúiteamh agus ar aon athmhuintearas a bheidh ann amach anseo;

12. á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit, chomh maith lena gcomhpháirtithe agus lena gcomhghuaillithe, a bheith rannpháirteach sa phlé maidir leis an bhféidearthacht dhlíthiúil sócmhainní ceannasacha stát na Rúise a úsáid mar chúiteamh as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta ag an Rúis san Úcráin, lena n-áirítear go hionchasach, trí chosaintí ar dhíolúine cheannasach a dhiúltú nó trí chosaintí den sórt sin a theorannú mar gheall ar ollchineál na sáruithe sin;

13. á chreidiúint go láidir go dtabharfadh bunú an bhinse speisialta sin maidir le coir an fhogha, comhartha thar a bheith soiléir do shochaí na Rúise agus don chomhphobal idirnáisiúnta araon gur féidir Putin agus ceannaireacht pholaitiúil agus mhíleata na Rúise a chiontú as coir an fhogha san Úcráin; á chur i bhfios go láidir go mbeadh bunú an bhinse sin ina chomhartha soiléir don scothaicme pholaitiúil agus ghnó sa Rúis agus do chomhghuaillithe na Rúise nach féidir a thuilleadh le Cónaidhm na Rúise faoi cheannaireacht Putin filleadh ar “gnó mar is gnách” leis an Iarthar;

14. ag tacú leis an moladh ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe mar an chéad chéim i dtreo bunú cláir idirnáisiúnta damáiste ag Ballstáit na Náisiún Aontaithe, i gcomhar leis an Úcráin, chun fónamh mar thaifead le haghaidh cúiteamh amach anseo as damáiste, caillteanas nó díobháil do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, agus as an damáiste fadtéarmach, forleathan agus tromchúiseach don chomhshaol nádúrtha agus don aeráid, chomh maith le do stáit na hÚcráine, arb iad na gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta a rinne Cónaidhm na Rúise agus a comhghuaillithe san Úcráin nó ina coinne ba chúis leis, chomh maith le bailiú fianaise a chur chun cinn agus a chomhordú;

15. á iarraidh ar an Aontas comhsheasamh a ghlacadh maidir le coir an fhogha agus maidir le Leasuithe Kampala ar Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta maidir le coir an fhogha; á iarraidh ar an mBulgáir, ar an Danmhairg, ar an bhFrainc, ar an nGréig, ar an Ungáir agus ar an Rómáin Leasuithe Kampala a ghlacadh agus a dhaingniú;

16. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, chuig Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chuig Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, chuig Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, chuig tíortha an G7, chuig an Aontas Afracach, chuig Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar, chuig Fóram Oileáin an Aigéin Chiúin, chuig Eagraíocht na Stát Meiriceánach, chuig Comhphobal Mhuir Chairib, chuig Údaráis na Bealarúise, chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Chónaidhm na Rúise agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint na hÚcráine.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0016

# Freagairt an Aontais ar na hagóidí agus ar na básuithe san Iaráin

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le freagairt an Aontais ar na hagóidí agus ar na básuithe san Iaráin (2023/2511(RSP))

(2023/C 214/11)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge faoi láthair*

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0017

# Rialú ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2021

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le rialú ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2021 (2022/2153(INI))**

(2023/C 214/12)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do thuarascáil ar ghníomhaíocht 2021 ón mBanc Eorpach Infheistíochta dar teideal *The Innovation Response* [An Fhreagairt Nuálaíochta], a foilsíodh an 27 Eanáir 2022,

— ag féachaint do Thuarascáil Airgeadais 2021 BEI agus do thuarascáil 2021 BEI maidir le gníomhaíochtaí maoinithe agus iasachtaíochta, ar foilsíodh iad araon an 5 Bealtaine 2022,

— ag féachaint do Phlean Oibríochta 2021 Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 20 Eanáir 2021,

— ag féachaint do Thuarascáil Infheistíochta 2020/2021 BEI: *Building a smart and green Europe in the COVID-19 era* [Eoraip chliste ghlas a thógáil i ré COVID-19], a foilsíodh an 21 Eanáir 2021,

— ag féachaint don phlean cur chun feidhme do Threochlár Ghrúpa BEI do Bhanc Aeráide 2021-2025, a ghlac Bord Stiúrthóirí BEI an 14 Samhain 2020 agus a foilsíodh an 14 Nollaig 2020,

— ag féachaint do Straitéis Aeráide BEI, a glacadh i mí na Samhna 2020 agus a foilsíodh an 15 Samhain 2020,

— ag féachaint do Thuarascáil Inbhuanaitheachta 2021 Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 6 Iúil 2022,

— ag féachaint do Chreat Inbhuanaitheachta Comhshaoil agus Sóisialta Ghrúpa BEI, a glacadh an 2 Feabhra 2022,

— ag féachaint do Thuarascálacha Bliantúla Choiste Iniúchóireachta BEI don bhliain 2021, a foilsíodh an 21 Iúil 2022,

— ag féachaint do Thuarascáil ar Ghníomhaíochtaí 2021 ó BEI maidir le hImscrúduithe Calaoise, a foilsíodh an 7 Iúil 2022,

— ag féachaint do Tuarascáil Bhliantúil 2021 maidir le Gníomhaíocht um Ghearáin Soláthair agus maidir leis an gCoiste um Ghearáin Soláthair de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a foilsíodh an 7 Aibreán 2022,

— ag féachaint don socrú oibre a shínigh BEI, an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh an 7 Nollaig 2021,

— ag féachaint do Thuarascáil ar Ghníomhaíochtaí 2021 ó BEI maidir le Comhlíonadh, a foilsíodh an 25 Lúnasa 2022,

— ag féachaint do Chreat PATH Ghrúpa BEI – *Supporting the counterparties on their pathways to align with the Paris Agreement (Paris Alignment for Counterparties)* [Tacú leis na contrapháirtithe ar a mbealach chun ailíniú le Comhaontú Pháras (Ailíniú Pháras le haghaidh Contrapháirtithe)], a foilsíodh an 26 Deireadh Fómhair 2021,

— ag féachaint do Bheartas Frith-Chalaoise Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 5 Lúnasa 2021,

— ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil 2020 Choiste BEI um Eitic agus um Chomhlíonadh, a foilsíodh an 8 Aibreán 2022, agus do rialacha oibriúcháin an Choiste,

— ag féachaint do na cóid iompair d'fhoireann Ghrúpa BEI, do chomhaltaí dá Choiste Iniúchóireachta agus dá Choiste Bainistíochta,

— ag féachaint do Thuarascáil Nochta 2021 Ghrúpa BEI maidir le Bainistíocht Riosca, a foilsíodh an 9 Lúnasa 2022,

— ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta BEI,

— ag féachaint don Chomhaontú Tríthaobhach idir an Coimisiún Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus an Banc Eorpach Infheistíochta (an Comhaontú Tríthaobhach), a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2021,

— ag féachaint do Bheartas Trédhearcachta Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 18 Samhain 2021, agus dá bheartas sceithireachta, a foilsíodh an 24 Samhain 2021,

— ag féachaint don Treosuíomh nua um Comhtháthú, 2021-2027 ó BEI, a foilsíodh an 13 Deireadh Fómhair 2021,

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2022 ar rialú ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2020 ([1]),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0294/2022),

A. de bhrí go bhfuil Grúpa BEI comhdhéanta de BEI agus CEI, go bhfuil sé ar an institiúid airgeadais iltaobhach is mó ar domhan agus ar cheann de na soláthraithe is mó de mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide; de bhrí go ndíríonn BEI ar réimsí tosaíochta na haeráide agus an chomhshaoil, na forbartha, na nuálaíochta agus scileanna, na bhfiontar beag agus meánmhéide, an bhonneagair agus an chomhtháthaithe; de bhrí go dtacaíonn CEI le fiontair bheaga agus mheánmhéide trí mhaoiniú a thabhairt don fhiontraíocht, don fhás, don nuálaíocht agus don taighde, don fhostaíocht agus don fhorbairt réigiúnach;

B. de bhrí go n-éilítear ar BEI, leis na conarthaí, rannchuidiú le lánpháirtiú AE, chomh maith le forbairt chothromaithe agus sheasta an mhargaidh inmheánaigh, agus spriocanna beartais phoiblí amhail comhtháthú sóisialta agus forbairt inbhuanaithe á gcur san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais trí dhálaí níos fearr a sholáthar chun rochtain a fháil ar phoist agus ar dheiseanna oideachais, ar bhonneagair phoiblí agus ar sheirbhísí poiblí, agus timpeallacht shláintiúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn;

C. de bhrí go bhfuil BEI faoi cheangal ag Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; de bhrí go ndéantar prionsabail chearta an duine a chomhtháthú ina nósanna imeachta agus caighdeáin díchill chuí, lena n-áirítear measúnuithe *ex ante* atá ar fáil go poiblí;

D. de bhrí go bhfuil sé d'acmhainn ag infheistíochtaí BEI tacú leis an earnáil shóisialta, lena n-áirítear sláinte, tithíocht agus oideachas;

E. de bhrí gur cheart go mbeadh comhtháthú críochach agus sóisialta, forbairt inbhuanaithe agus dul i ngleic leis an dífhostaíocht, leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta i gcroílár ghníomhaíocht BEI; de bhrí go gceanglaítear an inbhuanaitheacht a chomhtháthú in aon ghníomhaíochtaí iasachtaithe, iasachtaíochta agus comhairleacha toisc gurb é sainchúram BEI fás inbhuanaithe a chothú laistigh den Aontas Eorpach agus thar lear; de bhrí go bhfuil tacaíocht don chomhtháthú cumhdaithe ina Reacht agus go bhfuil sé d'aidhm ag infheistíochtaí BEI rannchuidiú le forbairt chothromúil agus sheasta an mhargaidh inmheánaigh;

F. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag BEI mar bhanc aeráide AE sa chomhrac i gcoinne éigeandálaí domhanda an athraithe aeráide, an díghrádaithe comhshaoil agus chailliúint na bithéagsúlachta; de bhrí go bhfuil BEI tiomanta a ghníomhaíochtaí uile a ailíniú le Comhaontú Pháras chun an maoiniú bliantúil don ghníomhú ar son na haeráide agus don inbhuanaitheacht chomhshaoil a mhéadú go dtí níos mó ná 50 % den iasachtú iomlán faoi 2025; de bhrí go bhfuil sé tiomanta EUR 1 trilliún ar a laghad a infheistiú i maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide sna deich mbliana amach romhainn;

G. de bhrí gur caibidlíodh an Comhaontú Ráthaíochta le Grúpa BEI (BEI agus CEI) faoi InvestEU in 2021 agus ag tús 2022 agus gur síníodh é an 7 Márta 2022;

---

([1]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0299.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

H. de bhrí go bhféadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme ionstraimí airgeadais a úsáideann siad chun cistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a infheistiú i dtionscadail incháilithe a chur ar iontaoibh BEI; de bhrí go bhféadfaidh BEI tuilleadh maoinithe agus tacaíocht thiomnaithe chomhairleach a thairiscint do na Ballstáit chun a gcistí RRF a infheistiú;

I. de bhrí go rannchuidíonn BEI le spriocanna polaitiúla agus eacnamaíocha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme agus go dtacaíonn sé le tosaíochtaí gníomhaíochta seachtraí an Aontais i ngach réigiún ar fud an domhain, lena n-áirítear i dtíortha atá íogair ó thaobh na polaitíochta de i réigiúin Chomharsanacht an Oirthir agus na Meánmhara;

J. de bhrí gurb é BEI an t-iasachtóir iltaobhach is mó i réigiúin Chomharsanacht AE, lena gcumhdaítear tíortha Chomharsanacht an Oirthir, na Balcáin Thiar, an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh; de bhrí go reáchtálann BEI oibríochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach trí líonra de bheagnach 30 oifig sheachtrach atá lonnaithe san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus san Áise;

K. de bhrí go n-oibríonn Grúpa BEI go dlúth le hinstitiúidí AE agus le comhpháirtithe eile chun tacú le cuspóirí agus tosaíochtaí beartais an Aontais; de bhrí, go háirithe faoi chuimsiú chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, go n-oibríonn Grúpa BEI i gcomhar leis an gCoimisiún agus le bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh agus le hinstitiúidí maoinithe forbraíochta; de bhrí, chun prionsabail agus spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach faoi dheireadh 2020, gur oibrigh Grúpa BEI i gcomhar leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha;

L. de bhrí go bhfuil BEI ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic le géarchéim COVID-19 san Aontas Eorpach agus go bhfuil iarracht shuntasach déanta aige tacaíocht bhreise a chur ar fáil go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) tríd an gCiste Ráthaíochta Uile-Eorpach (EGF) nua a bhunú chun caipiteal a sholáthar do FBManna, ar buaileadh go dona iad le héifeachtaí na géarchéime;

M. de bhrí go bhfuil gá le rátáil AAA BEI chun foinsí iomchuí maoinithe margaidh ar na rátaí is fabhraí a áirithiú agus, dá bhrí sin, nach mór í a chaomhnú;

N. de bhrí go n-éilítear le samhail ghnó BEI na leibhéil is airde sláine, trédhearcachta, cuntasachta agus dea-rialachais, chomh maith le bearta leormhaithe chun gach cineál sciúrtha airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, coireacht eagraithe agus cleachtais chánach dhíobhálacha a chomhrac go héifeachtach agus go héifeachtúil, chomh maith leis na cineálacha iompair thoirmiscthe arna sainaithin ina Bheartas Frith-Chalaoise a athbhreithníodh le déanaí;

***Feidhmíocht idirbhearta airgeadais BEI***

1. á chur i bhfios go láidir gur príomheisitheoir é BEI agus go rannchuidíonn sé go leanúnach le nuálaíochtaí agus le forbairtí sna margaí caipitil agus na caighdeáin is déine á gcur chun cinn ag an am céanna;

2. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2021, gurbh ionann clár comhardaithe iomlán Ghrúpa BEI agus EUR 568 mbilliún, arbh ionann é agus méadú EUR 11,9 billiún i gcomparáid leis an 31 Nollaig 2020;

3. ag tabhairt dá haire gurbh ionann sínithe iasachta nua an bhainc agus EUR 65,4 billiún in 2021, a bhí i gcomhréir leis an sprioc a leagadh síos i bPlean Oibríochta 2021 agus gar do thorthaí na mblianta roimhe sin (EUR 66,1 billiún in 2020 agus EUR 63,3 billiún in 2019); ag aithint go raibh EUR 54,3 billiún den mhéid sin faoi acmhainní dílse an bhainc (i gcomparáid le EUR 64,6 billiún in 2020 atá faoi acmhainní dílse an bhainc freisin);

4. á chur i bhfios, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, gur leithdháileadh an sciar is mó don Iodáil, don Fhrainc agus don Spáinn (16 %, 14 % agus 12 % faoi seach de na sínithe iomlána) agus, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, go bhfuair na hearnálacha iompair, iasachtaí domhanda agus fuinnimh na sciartha is mó (30,2 %, 18,5 % agus 14,8 % faoi seach);

5. á thabhairt dá haire gurbh ionann na heisíocaíochtaí iomlána agus EUR 41,4 billiún in 2021, a raibh EUR 40,4 billiún de faoi acmhainní dílse an bhainc (in 2020, b'ionann eisíocaíochtaí agus EUR 58,3 billiún, a raibh EUR 56,8 billiún de faoi acmhainní dílse an bhainc);

6. ag tabhairt dá haire gur laghdaíodh beagánín líon na n-iasachtaí sínithe gan íoc ón 31 Nollaig 2021 i leith go EUR 556,4 billiún (ó EUR 558,7 agus EUR 560,3 billiún faoi seach in 2020 agus 2019), a raibh 82 % de i gcomhair tionscadail laistigh den Aontas (82,2 % in 2020 agus 81,4 % in 2019); ag tabhairt dá haire gurbh ionann punann iasachtaí eisíoctha BEI agus EUR 433,4 billiún, i gcomparáid le EUR 444,6 agus EUR 447,5 billiún ag deireadh 2020 agus 2019 faoi seach;

7. á chur i bhfios go láidir go léiríonn an treocht maoinithe thuas in 2021 fócas méadaitheach BEI ar chistí tríú páirtí a úsáid san Aontas Eorpach, amhail idirbhearta arna n-imlonnú faoi EGF agus ionstraimí airgeadais díláraithe, a chomhlánaíonn acmhainní dílse BEI agus a chuireann ar a chumas líon foriomlán na n-idirbheart ardriosca a mhéadú; ag tabhairt dá haire nach nglacann BEI ach le riosca creidmheasa, margaidh agus leachtachta a ghlacadh i gcomhréir lena fhonn riosca agus lena mhisean poiblí;

8. ag tabhairt dá haire go raibh BEI ar an eisitheoir banc forbartha iltaobhach is mó in 2021 maidir le bannaí glasa agus inbhuanaitheachta a úsáid, ag athdhearbhú a róil mar cheannaire i margaí domhanda na mbannaí glasa agus inbhuanaitheachta, le taifead nua de EUR 11,5 billiún i mbannaí feasachta aeráide agus inbhuanaitheachta (in aghaidh eisiúint choibhéiseach EUR 10,5 billiún i dtáirgí fiachais inbhuanaitheachta in 2020); ag tabhairt dá haire freisin gur mhéadaigh sé sin sciar an chistithe inbhuanaitheachta ina chistiú iomlán go 21 % ó 15 % in 2020 (agus bannaí feasachta aeráide agus bannaí feasachta inbhuanaitheachta araon á gcur san áireamh – CABanna agus SABanna);

9. á chur in iúl gur mór aici an tuarascáil dar teideal "*Evaluation of the EIB's Climate Awareness Bonds*" [Meastóireacht ar Bhannaí Feasachta Aeráide BEI], a ghlac Bord Stiúrthóirí BEI i mí an Mhárta 2021; á chur in iúl go dtuigeann sí go ndéanfar na CABanna agus na SABanna a ailíniú de réir a chéile le Caighdeán Bannaí Glasa an Aontais a bheidh ann amach anseo;

10. á chur in iúl gur eol di go dtiomsaíonn BEI cistí fadtéarmacha trí bhannaí a eisiúint ar na margaí caipitil idirnáisiúnta chun freastal ar a riachtanais iasachtaithe; ag tabhairt dá haire gur bhailigh BEI coibhéis EUR 55,3 billiún in 21 airgeadra le linn 2021;

11. ag tabhairt dá haire go ngineann BEI ioncam trí mhéideanna móra iasachtaí a mhaoiniú ag corrlach íseal agus gur thuairiscigh sé, an 31 Nollaig 2021, glanbhrabús EUR 2,5 billiún, arbh ionann é agus méadú i gcomparáid le EUR 1,7 billiún agus EUR 2,4 billiún in 2020 agus 2019 faoi seach;

12. ag tabhairt dá haire, toisc go gcoinnítear brabúis chun tacú le hoibríochtaí BEI, go bhfuil carnadh cúlchistí suntasacha thar na blianta mar thoradh ar bhrabúsacht chomhsheasmhach an bhainc; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil méadú tagtha ar na cúlchistí ó EUR 73,5 billiún ag deireadh 2020 go EUR 76,1 billiún ag deireadh 2021;

13. ag tabhairt dá haire gur lean an phunann iasachtaí fhoriomlán d'fheidhmiú go maith, agus nach raibh ach 0,3 % d'iasachtaí bearnaithe ann ag deireadh 2021 (i gcomparáid le 0,4 % ag deireadh 2020 agus 2019 araon); ag tabhairt faoi deara go bhfuil cion na n-íocaíochtaí atá thar téarma níos mó ná 90 lá fós an-íseal, arb ionann é agus EUR 116,3 milliún san iomlán ag deireadh 2021 (i gcomparáid le EUR 117,1 milliún agus EUR 146,0 milliún ag deireadh 2020 agus 2019 faoi seach) agus, mar a tharla sna blianta roimhe sin, nach ionann é agus ach 0,03 % den phunann riosca;

14. á chur in iúl gur geal léi gur fhormheas an Bord Stiúrthóirí an 15 Nollaig 2021 Plean Oibríochta Ghrúpa BEI 2022-2024; á aithint go ndearbhaítear leis an bPlean Oibríochta nua go bhfuil BEI ag teacht le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais agus go bhfuil sé tiomanta dlús a chur lena uaillmhian don aistriú digiteach agus don aistriú glas;

15. ag tabhairt dá haire go léiríonn an Plean Oibríochta an iasachtaíocht réamh-mheasta atá de dhíth chun a spriocanna oibríochta a bhaint amach agus go bhfuil iasachtaíocht domhanda suas le EUR 50 billiún údaraithe ag an mBord Stiúrthóirí le haghaidh 2022; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur fhógair BEI clár cistiúcháin a bhfuiltear ag dréim leis gurb ionann é agus EUR 45 bhilliún;

16. á iarraidh ar BEI ról gníomhach a ghlacadh i dtaobh tacú le tionscadail lena rannchuidítear leis an aistriú cóir, amhail taighde, nuálaíocht, digitiú, rochtain FBManna ar airgeadas, infheistíocht shóisialta agus scileanna;

***Gníomhaíochtaí a bhaineann le paindéim COVID-19***

17. á chur i bhfáth gur freagairt uathúil nach bhfacthas cheana é buiséad fadtéarmach 2021-2027 an Aontais Eorpaigh (EUR 1,2 trilliún i bpraghsanna reatha), in éineacht le hionstraim théarnaimh shealadach NextGenerationEU (NGEU) (EUR 806,9 billiún i bpraghsanna reatha), arb é is aidhm di cuidiú leis an damáiste eacnamaíoch agus sóisialta a rinne paindéim COVID-19 a dheisiú agus an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a éascú;

18. ag tabhairt dá haire gur chuir na ráigeanna paindéime éagsúla isteach ar ghníomhaíochtaí go leor de chliaint an bhainc in 2021, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí móra chomh maith le hinstitiúidí airgeadais, as ar tháinig laghduithe ar mhéideanna agus ar eisíocaíochtaí;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

19. ag tabhairt dá haire nach ndearna paindéim COVID-19 difear ábhartha do cháilíocht phunann iasachtaí BEI a bhuí lena straitéis bainistithe riosca creidmheasa;

20. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, go leanann BEI de sheasamh láidir leachtachta agus den rátáil chreidmheasa is airde a choinneáil in ainneoin chomhthéacs ginearálta na héiginnteachta sna margaí domhanda airgeadais, arb í paindéim COVID-19 is cúis léi;

21. ag tabhairt dá haire gur fhormheas BEI 109 n-idirbheart neamhspleácha in 2021 arb é is aidhm dóibh freagairt dhíreach a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19, arb ionann iad agus EUR 12,9 billiún san iomlán (as méid iomlán formheasta de EUR 55,8 billiún); á chur i bhfios, ó thús phaindéim COVID-19, go bhfuil beagnach EUR 72 bhilliún i dtaobh tacaíocht spriocdhírithe formheasta ag Grúpa BEI d'earnáil na sláinte poiblí, do sheachadadh vacsaíní agus do ghnólachtaí ar bhuail an ghéarchéim go dona iad;

22. ag cur béim ar an tacaíocht shuntasach a sholáthraíonn BEI trí EGF, a chomhlánaíonn gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic leis an bpaindéim agus le géarchéimeanna iarphaindéime; á aithint go ngníomhaíonn an tacaíocht sin mar dhreasacht d'idirghabhálaithe airgeadais níos mó a thabhairt ar iasacht do chuideachtaí agus faoi dhálaí níos fearr, agus ar an gcaoi sin cabhrú le gnólachtaí rochtain a fháil go tapa ar mhaoiniú buntáisteach chun saincheisteanna a bhaineann le paindéim a shárú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa trédhearcachta a bhaineann le EGF, rud a d'fhéadfadh a fhágáil nach féidir a mheas cé acu an ndeachaigh nó nach ndeachaigh an ciste chun tairbhe do gheilleagar na hEorpa i ndáiríre;

23. ag tabhairt dá haire gur chuir EGF ar chumas Ghrúpa BEI a thacaíocht do FBManna Eorpacha den chuid is mó a mhéadú, lenar cuireadh suas le EUR 200 billiún de mhaoiniú breise ar fáil; ag tréaslú le Grúpa BEI as tacú le go leor gnólachtaí ar fud an Aontais Eorpaigh; á chur i bhfios go láidir gur formheasadh, ón 31 Nollaig 2021 i leith, tionscadail arb ionann iad agus EUR 23,2 billiún san iomlán (a bhfuil EUR 18,1 billiún de sínithe cheana féin) agus go bhfuiltear ag dréim leis go slógfaidh sé sin infheistíocht iomlán de EUR 174,4 billiún;

24. ag aithint gur chumasaigh an méadú de EUR 6 bhilliún ar phíblíne cúraim sláinte BEI infheistíochtaí san earnáil cúraim sláinte agus i mbonneagair leighis, chomh maith le maoiniú a bhaineann le taighde, vacsaíní agus cóireáil; ag tabhairt dá haire gurbh ionann, an 31 Nollaig 2021, iasachtaí a síníodh faoin bpíblíne sin agus EUR 5,4 billiún, ar bhain cuid díobh le taighde ar vacsaíní COVID-19;

***Tacaíocht BEI i bpríomhréimsí beartais***

25. ag tabhairt dá haire go bhfuil clár InvestEU, arna theacht i gcomharbas ar an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, le himlonnú faoi CAI 2021-2027 agus go mbeidh BEI mar an príomh-chomhpháirtí cur chun feidhme freisin, a bheidh freagrach as 75 % de bhuiséad foriomlán an tsainordaithe a bhainistiú; á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuiltear ag dréim leis go slógfaidh ráthaíocht InvestEU, arb ionann é agus EUR 26,2 billiúin, le soláthar ó CAI agus NGEU, níos mó ná EUR 372 bhilliún i dtaobh infheistíocht bhreise phríobháideach agus phoiblí san Eoraip le linn na tréimhse 2021-2027, go príomha le haghaidh bonneagar inbhuanaithe, nuálaíocht taighde, digitiú, rochtain FBManna ar airgeadas, infheistíocht shóisialta agus scileanna;

26. á iarraidh ar BEI tosaíochtaí AE a dtacaíonn InvestEU leo a urramú agus cosaint láidir leasanna airgeadais AE a áirithiú; ag dréim leis go dtuairisceoidh BEI don Pharlaimint maidir lena ghníomhaíochtaí agus a infheistíochtaí a bhaineann le clár InvestEU in 2022;

27. á chur i bhfáth gurb ionann 23 mhilliún gnólacht níos lú san Eoraip agus 99,8 % de ghnólachtaí neamhairgeadais agus go gcuireann siad thart ar dhá thrian de phoist uile ar fáil; á chur i bhfios go láidir go bhfuil FBManna ina gceann feadhna ar an bhforbairt eacnamaíoch ar fud an domhain agus gurb iad is mó a spreagann an nuálaíocht freisin; á chur in iúl go dtuigeann sí go raibh costais an digitithe agus na ngníomhaíochtaí ar son na haeráide ag an leibhéal is airde le linn phaindéim COVID-19 agus gur chuir siad brú breise ar FBManna, a bhfuil tacaíocht ó BEI faighte acu go príomha trí phacáiste maoiniúcháin maidir le COVID-19 agus trí EGF;

28. ag moladh Ghrúpa BEI, ar cothaíodh 4,5 milliún post trína thacaíocht airgeadais in 2021 do níos mó ná 431 000 FBM agus cuideachta mheánchaipitlithe; á mheabhrú gurb ionann tacaíocht ó BEI do FBManna agus 47 % de mhéid foriomlán an mhaoinithe arna shíniú ag BEI agus beagnach gach gníomhaíocht de chuid CEI; á mheabhrú, i ndearbhthéarmaí, gurbh ionann maoiniú FBManna in 2021 agus EUR 45 bhilliún d'iasachtú iomlán Ghrúpa BEI de EUR 94,9 billiún, arna thairiscint ar théarmaí maoinithe fabhracha i bhfoirm rátaí úis níos ísle agus/nó aibíochtaí níos faide agus seirbhísí comhairleacha; á iarraidh ar BEI leanúint dá ghníomhaíochtaí agus tacaíocht a fheabhsú le caipiteal fáis breise chun cur ar chumas FBManna a n-oibríochtaí a mhéadú;

29. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil tionchar tromchúiseach ag na praghsanna arda fuinnimh atá ann faoi láthair ar iomaíochas FBManna na hEorpa; á iarraidh ar BEI a mheas an leor an leibhéal tacaíochta atá ann faoi láthair do FBManna i gcomhthéacs praghsanna arda fuinnimh agus costais mhéadaitheacha amhábhar agus an chaoi a bhfuil sé i gceist aige a ghníomhaíochtaí a oiriúnú chun dul i ngleic leis na dúshláin nua sin a chur in iúl don Pharlaimint;

30. á athdhearbhú go bhfuil sí ag iarraidh go ndéantar tionscadail agus infheistíocht a leithdháileadh ar bhonn follasach agus geografach agus iad dírithe ar réigiúin bheagfhorbartha, go háirithe i nuálaíocht, digitiú agus bonneagar, d'fhonn fás ionchuimsitheach agus coinbhéirseacht agus comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críche; á iarraidh ar BEI a bheith níos gníomhaí agus é ag tabhairt aghaidh ar easnaimh athfhillteacha lena gcuirtear cosc ar réigiúin nó tíortha áirithe as tairbhe iomlán a bhaint as gníomhaíochtaí airgeadais BEI;

31. ag tabhairt dá haire gur doimhníodh an bhearna idir cásanna agus cumais eacnamaíocha na mBallstát sa chomhthéacs deacair reatha (an ghéarchéim iar-phaindéimeach agus ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine) agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go rachaidh na réigiúin agus na tíortha is mó atá buailte in oiriúint do na himthosca nua ionas nach bhfágfar aon duine ar lár;

32. ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI infheistíochtaí i nuálaíochtaí ceannródaíocha a mhéadú chun an t-aistriú digiteach agus glas a éascú;

33. á áitiú gur cheart do shreafaí airgeadais uile BEI a bheith ag teacht go hiomlán le glan-astaíochtaí nialasacha faoi 2050 ar a dhéanaí agus le cuspóir méadaithe aeráide an Aontais le haghaidh 2030; á áitiú nach mór don aistriú aeráide a bheith cuimsitheach agus cothrom agus nach mór infheistíochtaí glasa a bheith inmharthana; á mheabhrú go bhfuiltear ag dréim leis go ndéanfaidh BEI a iasachtú, a ionstraimí airgeadais, a chúnamh teicniúil agus a sheirbhísí comhairleacha a ghiaráil chun tacú le saoránaigh agus gnólachtaí a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha rompu mar thoradh ar an aistriú i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de;

34. ag athdhearbhú a hiarrata go neartófaí cúnamh teicniúil agus saineolas airgeadais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, go háirithe i réigiúin a bhfuil cumas íseal infheistíochta acu, agus tionscadail leasa choitinn do roinnt Ballstát nach féidir iad a mhaoiniú ina n-iomláine trí na modhanna éagsúla atá ar fáil sna Ballstáit aonair sula ndéanfar an tionscadal a fhormheas, chun inrochtaineacht ar chistiú BEI a fheabhsú;

35. ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI dícheall cuí a dhéanamh i gcéim ullmhúcháin na dtionscadal uile chun breithniú cúramach agus urraim do chearta an duine agus do phobail dhúchasacha a áireamh, agus straitéis shoiléir um chearta an duine a fhorbairt lena n-áirítear rioscaí agus measúnuithe tionchair maidir le cearta an duine;

36. á chur i bhfáth nár cheart go gcuirfeadh an ceanglas ar idirghabhálaithe airgeadais agus ar chliaint chorparáideacha maidir le pleananna dícharbónaithe a tharraingt suas a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí faoi dheireadh 2025 cosc ar FBManna rochtain a fháil ar mhaoiniú; ag tabhairt dá haire, áfach, gur ceanglas ríthábhachtach é sin i bhfianaise uaillmhianta BEI a bheith ina bhanc aeráide AE agus ráta 50 % ar a laghad den mhaoiniú a bhaint amach chun tionscadail ghlasa agus inbhuanaithe a dhéanamh;

37. á iarraidh go ndíreofar ar inchreidteacht pleananna dícharbónaithe gearrthéarmacha, dá gcur chun feidhme docht agus dá spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus go ndéanfar meastóireacht chun a fháil amach an féidir iad sin a áireamh i gclásail chonarthacha idir BEI agus a chliaint;

38. á chur in iúl gurb eol di go nascann gníomhaíochtaí BEI an aeráid, an nuálaíocht agus an fhorbairt agus ag aithint gur príomhchumasóirí iad an nuálaíocht agus an teicneolaíocht don aistriú chuig geilleagar astaíochtaí glan-nialasacha; á chur in iúl gur geal léi an chomhpháirtíocht idir an Coimisiún agus Breakthrough Energy Catalyst a bhfuil sé mar aidhm léi suas le USD 1 bhilliún a shlógadh thar an tréimhse 2022-2026 chun dlús a chur le himlonnú agus tráchtálú teicneolaíochtaí nuálacha a chuideoidh le huaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus spriocanna aeráide 2030 an Aontais Eorpaigh a bhaint amach;

39. ag cur béim ar an ngá atá le leibhéal leordhóthanach slándála fuinnimh a bhaint amach chun neamhspleáchas tapa agus cobhsaí thíortha na hEorpa a bhaint amach;

40. á iarraidh ar BEI maoiniú a mhéadú chun borradh a chur faoin aistriú teicneolaíochta, cistí a chur ar fáil do FBManna le haghaidh taighde agus nuálaíocht fadtéarmach, tacú le forbairt scileanna arna n-oiriúnú d'fhíor-riachtanais mhargadh an tsaothair, agus infheistíocht a chur chun cinn i scileanna digiteacha fostaithe agus fiontraithe, i mbonneagar digiteach agus i bhfothú acmhainneachta don digitiú; á chur i bhfáth go bhfuil FBManna Eorpacha chun deiridh maidir le glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha, gan ach 55 % de FBManna AE ag a bhfuil leibhéal bunúsach digitithe ar a laghad;

41. ag tabhairt dá haire go tuairiscítear go bhfuil méadú ar chéatadán sínithe BEI a bhaineann le sprioc chothrománach an bheartais phoiblí maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Cóineasú AE ó 34,5 % in 2020 go 41,5 % in 2021; á chur in iúl gur geal léi uaillmhian BEI arna leagan síos ina pháipéar nua maidir le Treoshuíomh Comhtháthaithe do 2021-2027 maidir le méadú ar mhaoiniú Ghrúpa BEI atá tiomnaithe do chomhtháthú agus treoshuíomh 40 % den mhaoiniú in AE do 2022 (a shroicheann 45 % faoi 2025), a bhfuil 20 % de i réigiúin bheagfhorbartha (a shroicheann 23 % faoi 2025); á iarraidh ar BEI leanúint de sheirbhísí comhairleacha a sholáthar do réigiúin chomhtháthaithe, rud a chabhraíonn leo úsáid níos fearr a bhaint as na hinfheistíochtaí atá ar fáil;

42. á iarraidh ar BEI chun leanúint de thús áite a thabhairt d'infheistíochtaí sa bhonneagar sláinte, in oiliúint foirne agus i gcáilíocht seirbhísí sláinte d'fhonn éagothroimí idir tíortha a laghdú;

43. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ó Bhord Stiúrthóirí BEI i mí Mheán Fómhair 2021 lenar formheasadh cruthú BEI Domhanda, an brainse nua atá freagrach ón 1 Eanáir 2022 i leith as gníomhaíochtaí uile BEI i réigiún an mhéadaithe agus i dtíortha Chomharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt de chuid an Aontais Eorpaigh, i dtíortha na hAfraice fo-Shaháraí, na hÁise, Mheiriceá Laidinigh, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin; á iarraidh go mbeadh BEI Domhanda dírithe ar chlár oibre forbartha cothrom agus inbhuanaithe i dtíortha is faighteoirí, agus breisíocht shoiléir forbartha á léiriú ag an am céanna; á chur i bhfios, agus é ina chúis bhuartha di, go mbíonn dúshláin roimh thionscadail i dtíortha nach bhfuil san Aontas, go háirithe éilliú, mí-úsáid cistí agus dúshláin maidir lena áirithiú go sroichfidh na cistí sin na faighteoirí beartaithe agus go gcomhlíonfaidh siad prionsabail na bpríomhréimsí beartais;

44. á chreidiúint gur cheart go mbeadh an uathriail oibríochtúil is gá ag BEI Domhanda chun beartais AE a chur chun feidhme go rathúil lena nglactar le cultúr corparáideach iomchuí bainc forbartha, agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as creat dlíthiúil an bhainc agus na beartais agus na hardchaighdeáin chéanna a chomhroinnt; á iarraidh ar BEI Domhanda na caighdeáin is airde díchill chuí a áirithiú i bpróisis bhreithmheasa tionscadail;

45. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag BEI maidir le spriocanna an tSásra um Aistriú Cóir a bhaint amach agus á iarraidh go mbeidh níos mó rannpháirtíochta agus gníomhaíochtaí nithiúla ann ina leith sin;

46. á chur i bhfios go láidir gur príomhghníomhaithe don fhás agus don fhorbairt i gceantair thuaithe iad earnálacha na talmhaíochta, na foraoiseachta agus an iascaigh; á iarraidh ar BEI cúnamh agus tacaíocht níos fearr a chur ar fáil don nuálaíocht sna hearnálacha ábhartha sin, rud a d'fhéadfadh cur go mór leis an tslándáil bia; á chur i bhfios go láidir go bhfuil riachtanais shuntasacha ag feirmeoirí, go speisialta feirmeoirí óga agus iontrálaithe nua san earnáil, agus go bhfuil ráta ratha níos lú ag feirmeoirí agus ag fiontair san earnáil sin agus iad ag cur isteach ar mhaoiniú; á iarraidh ar BEI leanúint d'obair bhreise a dhéanamh ar uirlisí airgeadais nua lena ndéanfar inrochtaineacht a threisiú d'earnáil na talmhaíochta;

47. ag cáineadh ionsaí agus ionradh míleata neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin; á chur i bhfios go láidir gur cruthaíodh leis an gcogadh géarchéim dhaonnúil thromchúiseach agus go raibh tionchar bunúsach aige ar an staid eacnamaíoch agus slándála san Aontas agus ina chomharsanacht, agus go gcaithfear é sin a léiriú go forleathan i ngníomhaíochtaí agus pleananna infheistíochta BEI;

48. á chur in iúl gur cúis bhuartha di spleáchas fuinnimh agus leochaileacht Phoblacht na Moldóive atá tar éis dul in olcas mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair; ag tathant ar BEI tacú le hinfheistíochtaí i neamhspleáchas fadtéarmach agus éagsúlú fuinnimh Phoblacht na Moldóive;

***Comhlíonadh, trédhearcacht agus cuntasacht BEI***

49. á athdhearbhú go bhfuil gá le rátáil AAA BEI chun foinsí iomchuí maoinithe margaidh a áirithiú agus nach mór í a chaomhnú; á chreidiúint gur comhpháirteanna bunriachtanacha iad neart airgeadais, dea-rialachas, fonn coimeádach riosca, inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus tacaíocht AE chomh maith le cáilíochtaí intreacha a shamhla gnó rathúla;

50. ag cur sonrú i mbarúlacha agus moltaí Choiste Iniúchóireachta BEI don bhanc le haghaidh 2021; á iarraidh ar BEI na moltaí sin a chur chun feidhme agus cur chun feidhme na moltaí sin atá ar feitheamh ó na blianta roimhe sin a thabhairt chun críche;

51. ag aontú le tuairim Choiste Iniúchóireachta BEI go bhfuil gá le faireachán, bainistiú agus formhaoirseacht fheabhsaithe ar rioscaí oibríochta agus teicneolaíochta, lena n-áirítear cibear-rioscaí agus rioscaí neamhairgeadais eile;

52. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil BEI ag díriú ar straitéis digitithe, ar bhainistiú riosca maidir le slándáil faisnéise agus ar chibearshlándáil agus gur glacadh i mí na Bealtaine 2021 Straitéis Ghrúpa BEI maidir le hUaillmhian Digiteach (TFC); á mheabhrú go bhféadfadh rioscaí oibríochta, clú agus dlíthiúla a bheith mar thoradh ar chibirionsaithe; ag dréim leis go nglacfaidh BEI plean gníomhaíochta lena gcuimseofar cosaint i gcoinne cibirionsaithe agus téarnamh uathu araon, ina mbeidh spriocanna insoláthartha sonracha agus táscairí soiléire, agus lena ndéanfar cultúr cibearshlándála láidir a chur chun cinn i measc fostaithe;

53. ag tabhairt dá haire go ndearna BEI, an Coimisiún agus CIE an Comhaontú Tríthaobhach a athnuachan an 11 Samhain 2021; á chur in iúl gur oth léi nach gcuirtear ar fáil leis an gcomhaontú athbhreithnithe an réiteach fairsing atá iarrtha ag an bParlaimint; á chur in iúl gur geal léi, áfach, go lamháiltear leis an gcomhaontú nua rochtain níos fearr ar dhoiciméid iniúchta BEI agus cuíchóiriú níos fearr a dhéanamh orthu; á athdhearbhú go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh rochtain iomlán ag CIE ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le hoibríochtaí BEI atá beartaithe chun beartais AE a chur chun feidhme agus chuige sin amháin;

54. ag tabhairt dá haire gur cláraíodh 64 chás nua le sásra gearán BEI in 2021 (i gcomparáid le 77 gcás in 2020), gur próiseáladh 107 gcás (i gcomparáid le 137 gcás in 2020) agus gur dúnadh 64 chás (i gcomparáid le 94 chás in 2020); ag spreagadh BEI chun faireachán a dhéanamh ar mholtaí an tsásra gearán agus iarrachtaí diana a dhéanamh chun teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí chun imeachtaí saincheaptha a chur ar fáil;

55. á iarraidh ar BEI chun a áirithiú go bhfuil an sásra gearán inrochtana, éifeachtach agus neamhspleách d'fhonn sáruithe féideartha ar bith ar chearta an duine i dtionscadail a bhaineann le BEI a bhrath agus a leigheas;

56. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas gur roinn inmheánach é Rannán Imscrúduithe na Cigireachta (IG/IN) a sheolann fiosrúcháin maidir leis na cineálacha mí-iompair a shainítear sa Bheartas Frithchalaoise chun fíricí agus moltaí ábhartha a chur ar fáil do Ghrúpa BEI mar bhonn do phróiseas cinnteoireachta BEI;

57. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar ag na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19, don dara bliain as a chéile, ar rannán inniúil an Ard-Chigireachta agus a gníomhaíochtaí á ndéanamh aici, rud a d'fhág go bhfuarthas níos lú líomhaintí (174 in 2021 agus 183 in 2020), go ndearnadh níos lú misean imscrúdaitheach (5 in 2021 agus 10 in 2020) agus gur eisíodh níos lú moltaí agus tuairimí (45 in 2021 agus 52 in 2020, i gcomparáid le líon níos mó cásanna a tugadh chun críche, i.e. 204 in 2021 agus 195 in 2020);

58. ag tabhairt faoi deara gur tháinig laghdú mór in 2021 ar líon na gcásanna inar tugadh bunús le líomhaintí tar éis imscrúdú a dhéanamh (17 gcás a raibh bunús leo as 67 n-imscrúdú a osclaíodh in 2021 agus 37 gcás a raibh bunús leo i gcoinne 91 imscrúdú a osclaíodh in 2020, ar laghdú é ó 41 % go 25 %);

59. á chur in iúl gur geal léi síniú an tsocraithe oibre idir BEI agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL) an 29 Deireadh Fómhair 2021, lenar cheart an bealach a réiteach chun rioscaí a bhaineann le cistiú Ghrúpa BEI a chosc agus a bhrath ar bhealach níos éifeachtaí;

60. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh córas nua chun obair leantach agus tuairisciú a dhéanamh ar mholtaí agus ar thuairimí; á iarraidh ar IG/IN de chuid BEI tuarascáil níos mionsonraithe a thabhairt don Pharlaimint maidir le toradh a chuid imscrúduithe; á iarraidh go gcumhdófaí i dtuarascáil bhliantúil IG/IN de chuid BEI tionchair airgeadais na gcásanna a ndéanann sé imscrúdú orthu, ag dul níos faide ná an insint lom ar na cás-staidéir, chun léargas luachmhar a thabhairt i leith measúnú a dhéanamh ar chosaint leasanna airgeadais, lena n-áirítear meastóireacht BEI ar na rioscaí airgeadais, oibríochtúla agus clú agus cinneadh á dhéanamh ar cé acu is iomchuí nó nach iomchuí imscrúdú chuige sin;

61. á chur in iúl gur mór aici obair leanúnach an Aonaid um Athbhreithniú Réamhghníomhach ar Shláine agus á mholadh comhar feabhsaithe idir cumais BEI maidir le heisiamh agus toirmeasc, Córas Luathbhraite agus Eisiaimh an Choimisiúin agus gníomhaithe ábhartha eile (amhail bunachar sonraí an Chórais Bainistíochta Neamhrialtachtaí de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus uirlis scórála riosca ARACHNE) chun feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí coiscthe agus braite calaoise atá riachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú;

62. á mheabhrú do BEI go ndéanann a chineál déach (comhlacht AE agus institiúid airgeadais) a ailíniú le dlí AE níos ábhartha fós, agus gur cheart rialachas, próisis agus sásraí iomchuí a cheapadh, a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh go comhsheasmhach i gcomhréir le caighdeáin agus critéir an Aontais agus gur cheart iad a chomhtháthú go maith le caighdeáin agus critéir a leanann seirbhísí eile de chuid an Aontais lena n-idirghníomhaíonn BEI go minic;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

63. ag tabhairt dá haire cóid nuashonraithe iompraíochta an Choiste Bainistíochta agus Bhord Stiúrthóirí BEI amhail Lúnasa 2021; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh tréimhse mharana níos faide isteach do chomhaltaí an Choiste Bainistíochta (24 mhí seachas 12 mhí) agus do chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí (12 mhí seachas 6 mhí); á chur in iúl gurb oth léi, áfach, nach bhfuil aon fhoráil ann lena n-eisiatar leas-uachtaráin ó mhaoirseacht agus cinntí a dhéanamh ar oibríochtaí ina dtíortha tionscnaimh agus á áitiú go dtabharfar aghaidh air sin sa chéad athbhreithniú eile;

64. á chur in iúl go bhfuil muinín aici go ndéantar measúnuithe tionscadail, atá ábhartha chun cinntí maoiniúcháin a dheonú, a tharraingt suas i gcomhréir le táscairí oibiachtúla teicniúla, airgeadais agus eacnamaíocha, agus gurb í cáilíocht tionscadail an toisc chinntitheach atá leo; á chreidiúint go neartaíonn an "pacáiste rialachais" a ghlac an Bord Gobharnóirí i mí Lúnasa 2021 agus lena n-áirítear cóid nua iompair don Bhord Stiúrthóirí, don Choiste Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta, in éineacht le Rialacha athbhreithnithe Oibríochta an Choiste um Eitic agus um Chomhlíonadh, creat eiticiúil BEI, ós rud é go n-áirítear ann rialacha níos déine maidir le gníomhaíochtaí iarfhostaíochta; á iarraidh an athuair go dtabharfaí aghaidh ar na heasnaimh atá fós ann maidir le coinbhleacht leasa a sheachaint sa chéad athbhreithniú eile ar chód iompair an Choiste Bainistíochta;

65. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na teipeanna sa chéad agus sa dara líne cosanta de chuid CEI a tuairiscíodh do Choiste Iniúchóireachta BEI i dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí i mí na Nollag 2021 agus i mí Eanáir 2022; á iarraidh ar BEI gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh agus an Pharlaimint a chur ar an eolas faoi idirghabhálacha den sórt sin;

66. á chur in iúl gur geal léi beartas athbhreithnithe sceithireachta Ghrúpa BEI de mhí na Samhna 2021, lena dtugtar cosaint freisin do sceithirí nach baill foirne BEI iad;

67. á aithint gur colúin bhunúsacha de ghníomhaíochtaí agus d'oibríochtaí Ghrúpa BEI iad cearta an duine, cuimsitheacht agus inbhuanaitheacht; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn a rinneadh in 2021 maidir le hathbhreithniú agus glacadh (arna thabhairt chun críche i mí Feabhra 2022) an Chreata inbhuanaitheachta Comhshaoil agus Sóisialta; á chur in iúl gur eol di go bhfuil an creat nua comhdhéanta de Bheartas Comhshaoil agus Sóisialta Ghrúpa BEI athbhreithnithe agus de Chaighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta BEI agus go gcuirtear ceachtanna a foghlaimíodh trí ghearáin a dhéantar leis an Sásra Gearán agus an tOmbudsman Eorpach san áireamh go cuí san athbhreithniú sin;

68. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go léireofaí le beartas frith-chalaoise neartaithe bealaí éifeachtacha chun mí-iompar a cheartú agus rioscaí a mhaolú agus gur cheart tacar uirlisí a sholáthar atá comhoiriúnach leis an gcreat rialála chun tionscadail a ndéanann amhras inchreidte difear dóibh a chalcadh go rathúil agus chun conarthaí le cliaint neamhchomhlíontacha a fhoirceannadh;

69. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di roinnt cásanna a dhún OLAF in 2020 inar díríodh ar liúntais oideachais a deonaíodh go míchuí do bhaill foirne BEI; á chur in iúl gur díol sásaimh di an t-athbhreithniú agus an t-athchóiriú a rinne BEI ar an gcóras liúntas agus an ceartúchán a rinne sé ar roinnt earráidí a bhraith OLAF, lena n-áirítear bearta chun íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil; ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI tuarascáil a thabhairt don Pharlaimint maidir le toradh na hoibre leantaí ar mholtaí OLAF;

70. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh beartas athbhreithnithe trédhearcachta Ghrúpa BEI an 17 Samhain 2021 tar éis comhairliúchán poiblí fairsing; ag tabhairt dá haire go leagtar síos leis an mbeartas sin forálacha maidir le faisnéis agus doiciméid a fhoilsiú réamhghníomhach; á mheabhrú a thábhachtaí atá trédhearcacht d'idirghabhálaithe, do nósanna imeachta cinnteoireachta inmheánacha agus do thionchar tionscadal ar an gcomhshaol agus ar chearta an duine trína gcur chun feidhme ina n-iomláine;;

71. á iarraidh ar BEI a bheartas trédhearcachta a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, moltaí an Ombudsman ó na trí chinneadh a foilsíodh an 21 Aibreán 2022 a chur chun feidhme ina n-iarrtar ar BEI cur chuige níos uaillmhianaí a ghlacadh maidir lena chleachtas nochta, i gcomhréir le reachtaíocht trédhearcachta AE, agus roinnt céimeanna trédhearcachta a ghlacadh;

72. ag tathant ar BEI freagairt go tapa d'iarrataí an Ombudsman chun a chur ar chumas an phobail an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na tionscadail a mhaoiníonn sé ar an gcomhshaol a fheiceáil ar bhealach níos éasca;

73. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh níos mó trédhearcachta agus cuntasachta ann don Pharlaimint; á athdhearbhú, go háirithe, a thábhachtaí atá grinnscrúdú méadaithe ag an bParlaimint ar chinntí Bhord Stiúrthóirí BEI, le trédhearcacht fheabhsaithe ón gCoimisiún maidir leis na seasaimh a ghlacann sí i gcruinnithe Bhord Stiúrthóirí BEI; á iarraidh, i ndáil leis sin, go mbreithneofaí an fhéidearthacht go mbeadh stádas breathnóra ag an bParlaimint i gcruinnithe an Bhoird;

74. á mheas gur cheart don Choimisiún níos mó trédhearcachta a chur ar fáil maidir lena thuairimí maidir leis na tionscadail arna maoiniú ag BEI, ós rud é go gcabhródh sé sin lena ról i leith chuspóirí beartais an Aontais a shoiléiriú;

75. á chur in iúl gur eol di nach féidir leis na hiarrataí ar thrédhearcacht fheabhsaithe a bheith ina gcúis le cosaint laghdaithe ar leasanna airgeadais dlisteanacha cliant agus gur gá go dtiocfadh siad faoi chuimsiú na gcreataí dlíthiúla atá ann cheana agus an chórais cosanta sonraí;

76. á iarraidh ar ionadaithe an bhainc leibhéal na rannpháirtíochta agus na hidirghníomhaíochta leis an bParlaimint a mhéadú, go háirithe maidir le rialú gníomhaíochtaí airgeadais;

77. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár baineadh amach ina n-iomláine na spriocanna a leagadh síos i straitéis um éagsúlacht agus cuimsiú 2018-2021; á iarraidh ar BEI iarrachtaí nithiúla a dhéanamh chun feabhas a chur ar chothromaíocht inscne a fhoirne, go háirithe ar leibhéal na bainistíochta agus ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach;

78. á chur in iúl go dtuigeann sí gur samplaí iad an earcaíocht laghdaithe le linn phaindéim COVID-19, cineál sonrach na bpróifílí a bhíonn á lorg ag an mbanc (i róil bainistíochta riosca, chomhlíonta agus TF, arna n-earcú i roinnt cásanna ón tionscal baincéireachta agus ó earnálacha speisialaithe nach gá go mbeadh siad éagsúil iad féin) agus iomaíochas mhargadh an tsaothair i Lucsamburg de na teorainneacha atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an staid fhoriomlán;

79. ag aithint na n-ábhar imní agus na ngearán seanbhunaithe maidir leis na bearnaí móra pá idir catagóirí foirne riaracháin agus gairmiúla; ag tarraingt aird ar na costais arda maireachtála i Lucsamburg agus ag tabhairt dá haire go bhfuil an chomhéifeacht cheartúcháin do Lucsamburg socraithe ag 100 %, cé gur cheart go mbeadh sí níos airde; á chur i bhfios go bhfuil dúshláin roimh na baill foirne atá fostaithe faoin gcatagóir riaracháin agus conas a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar tharraingteacht na hoibre ag BEI agus ar chaighdeán maireachtála a fhoirne;

80. ag spreagadh an bhainc leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh chun cothromaíocht inscne níos inbhraite a bhaint amach laistigh dá eagraíocht;

81. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil faireachán leanúnach á dhéanamh ag BEI ar an gcothromaíocht gheografach agus go gcuirtear na sonraí ina leith sin san áireamh do phróisis earcaíochta atá ar siúl agus a bheidh ann amach anseo;

82. á athdhearbhú a hiarrata ar BEI ionadaíocht gheografach chuí ó na Ballstáit uile ina riarachán a áirithiú, agus inniúlachtaí agus buanna na n-iarrthóirí á gcur san áireamh; á iarraidh ar an mbanc miondealú inscne agus náisiúntachta ar phoist mheánbhainistíochta agus ardbhainistíochta a fhoilsiú go bliantúil;

83. ag tabhairt dá haire gurb ann do dhá thogra le haghaidh Creata maidir leis an gCeart chun Baint agus Creat maidir le Ceardchumainn a Aithint agus á chur in iúl go dtuigeann sí go nglacfaidh an Coiste Bainistíochta na creataí sin go tráthúil;

84. á iarraidh ar an mbanc tuarascáil bhreise a thabhairt ar na bearta cur chun feidhme a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn shuirbhé 2021 maidir le sláinte agus folláine; á iarraidh, go háirithe, ar an mbanc tuairisc a thabhairt ar an trédhearcacht sa bhainistíocht inmheánach agus sna próisis inmheánacha earcaíochta agus ar na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí na "suirbhéanna ar shástacht foirne";

***Obair leantach ar na moltaí ón bParlaimint***

85. á iarraidh ar BEI leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar staid na himeartha agus ar stádas na moltaí a d'eisigh an Pharlaimint roimhe seo ina rúin bhliantúla go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) tionchair (eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta) a straitéise infheistíochta agus na torthaí arna mbaint amach ó thaobh rannchuidiú le forbairt chothromaithe agus sheasta an mhargaidh inmheánaigh chun leasa an Aontais;

(b) gníomhaíochtaí arna nglacadh chun cur i gcoinne an mhí-iompair, na gcoinbhleachtaí leasa, na seachanta cánach, na calaoise agus an éillithe a fheabhsú;

(c) bearta chun tacaíocht do FBManna agus d'oibreoirí eacnamaíocha incháilithe a neartú agus beartais AE á gcur chun feidhme acu agus chun aon cheanglais nua a sheachaint a chruthódh tuilleadh maorlathais do FBManna;

(d) obair leantach ar na glaonna agus ar na hiarrataí a rinneadh sa rún seo;

o

o o

86. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus á iarraidh ar an gComhairle agus ar Bhord Stiúrthóirí BEI díospóireacht a reáchtáil maidir leis an rún seo.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0018

# Cosaint leasanna airgeadais AE – calaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2021

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh – an comhrac i gcoinne na calaoise – tuarascáil bhliantúil 2021 (2022/2152(INI))**

(2023/C 214/13)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagail 310(6) agus 325(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 dar teideal "33ú Tuarascáil Bhliantúil maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus an comhrac i gcoinne na calaoise – 2021" (COM(2022)0482) (Tuarascáil PIF 2021),

— ag féachaint do Thuarascáil 2021 ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do Thuarascáil Bhliantúil 2021 ó Choiste Maoirseachta OLAF,

— ag féachaint do Thuairimí Uimh. 1/2021 ó Choiste Maoirseachta OLAF an 4 Feabhra 2021 dar teideal "moltaí ó OLAF nár lean na húdaráis ábhartha iad", Uimh. 2/2021 an 31 Bealtaine 2021 maidir le "Socruithe oibre idir OLAF agus OIPE", Uimh. 4/2021 an 18 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal "Réamh-Dhréachtbhuiséad OLAF do 2022" agus Uimh. 5/2021 an 17 Nollaig 2021 dar teideal "Anailís ar imscrúduithe OLAF a mhair níos faide ná 36 mhí in 2019",

— ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil 2021 ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) arna foilsiú i mí an Mhárta 2022,

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2022 maidir le hamhras faoi éilliú ó Chatar agus an gá níos leithne atá le trédhearcacht agus cuntasacht in institiúidí AE ([1]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise ([2]) (Rialachán OLAF),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais ([3]),

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún ó mhí Mheán Fómhair 2021 dar teideal "Tuarascáil 2021 maidir le Bearna CBL",

— ag féachaint do Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil ([4]) (Treoir PIF),

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2021 maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (COM(2021)0536),

([1]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0448.
([2]) IO L 437, 28.12.2020, lch. 49.
([3]) IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.
([4]) IO L 198, 28.7.2017, lch. 29.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (5) (Rialachán OIPE),

— ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/1798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena gceaptar Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (6),

— ag féachaint do bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an 16 Feabhra 2022 i gCásanna C-156/21 agus C-157/21 agus do chonclúidí CBAE go bhfuil sásra coinníollachta an smachta reachta i gcomhréir le dlí AE, lenar deimhníodh oiriúnacht an bhunúis dlí agus comhoiriúnacht an chórais ghinearálta coinníollachta le hAirteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla,

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2022 maidir le cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir (COM(2022)0485).

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (7) ("An Rialachán Coinníollachta"),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Márta 2022 dar teideal "Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint" (8),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2019 dar teideal "Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin: gníomhaíocht fheabhsaithe chun buiséad AE a chosaint" (COM(2019)0196),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2020 maidir leis an athbhreithniú ar an Aontas Eorpach faoin Sásra um Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe i gcoinne Éillithe (UNCAC) (COM(2020)0793),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 250/2014 (9),

— ag féachaint do mholadh uaithi an 17 Feabhra 2022 chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le héilliú agus cearta an duine (10),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le Straitéis AE chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025 (COM(2021)0170),

— ag féachaint do bhreithiúnas CBAE an 1 Meán Fómhair 2021 i gCás T-517/19, *Homoki* v *an Coimisiún* (11),

— ag féachaint do rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 maidir le staid an smachta reachta san Aontas Eorpach agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht (AE, Euratom) 2020/2092 (12),

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2022 maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh – an comhrac i gcoinne na calaoise – tuarascáil bhliantúil 2020 (13),

— ag féachaint do Riail 54 de na Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0299/2022),

(5) IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.
(6) IO L 274, 28.10.2019, lch. 1.
(7) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.
(8) IO C 123, 18.3.2022, lch. 12.
(9) IO L 172, 17.5.2021, lch. 110.
(10) IO C 342, 6.9.2022, lch. 295.
(11) Breithiúnas an 1 Meán Fómhair 2021, *Andrea Homoki* v *An Coimisiún Eorpach*, T-517/19, ECLI:EU:T:2021:529.
(12) IO C 67, 8.2.2022, lch. 86.
(13) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0300.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

A. de bhrí go ndéanann údaráis na mBallstát bainistiú ar níos mó ná 85 % de chaiteachas AE, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), agus go mbailíonn siad acmhainní dílse traidisiúnta AE (ADT) agus go ndéanann an Coimisiún maoirseacht ar an dá réimse sin, go socraíonn sé caighdeáin, go bhfíoraíonn sé comhlíonadh agus go dtuairiscíonn sé don Pharlaimint agus don Chomhairle araon maidir leis na bearta arna ndéanamh chun calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais AE a chomhrac, de bhun Airteagal 325(5) CFAE;

B. de bhrí gur cheart go mbeadh caiteachas poiblí fónta agus cosaint leasanna airgeadais AE ina bpríomhghnéithe de bheartas AE chun muinín na saoránach a mhéadú trína áirithiú go n-úsáidfear airgead na gcáiníocóirí go cuí agus go héifeachtach;

C. de bhrí go bhfuil muinín as sláine agus as an smacht reachta na Parlaiminte ríthábhachtach d'fheidhmiú an daonlathais Eorpaigh; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú nach ngabhfar próisis dhaonlathacha le leasanna príobháideacha agus seachtracha agus go ndéanfar cearta na saoránach a urramú go hiomlán

D. de bhrí go bhfuil tuarascáil bhliantúil PIF bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, lena n-áirítear sonraí maidir le neamhrialtachtaí agus calaois a bhraitear, a ndéantar anailís orthu chun na réimsí is mó atá i mbaol a shainaithint, agus de bhrí go ndéantar cur síos inti ar na frithbhearta a glacadh agus go bhfágann sí gur féidir gníomhaíocht níos spriocdhírithe a chur chun feidhme ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

E. de bhrí go bhfuil an córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint infheidhme agus infhorfheidhmithe ón 1 Eanáir 2021 i leith; de bhrí go bhfuil gach sárú i mBallstát ar phrionsabail an smachta reachta, amhail calaois, lena ndéantar difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad AE agus do leasanna airgeadais AE, nó a bhfuil baol mór ann go ndéanfadh siad amhlaidh, ar bhealach sách díreach ón dáta sin, faoi réir an chórais sin dá bhrí sin;

F. de bhrí, leis an Rialachán Coinníollachta, go gceadaítear do AE bearta a dhéanamh – mar shampla, íocaíochtaí a chur ar fionraí nó ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm – chun an buiséad a chosaint ar chalaois agus chun an smacht reachta a chosaint;

G. de bhrí gur dhíbh CBAE éilimh ó dhá Bhallstát, ag rialú go dtagann an Rialachán Coinníollachta faoi na cumhachtaí a thugtar leis na rialacha airgeadais maidir le cur chun feidhme bhuiséad AE;

H. de bhrí gur cheart don Choimisiún na critéir chéanna a chur i bhfeidhm, bunaithe ar urraim don smacht reachta, maidir le cistí a chuirtear ar fáil do thíortha nach bhfuil san Aontas faoi bhuiséad an Aontais, agus seasamh neamhchomhlíontach a ghlacadh chun deireadh a chur le haon idirbhearta leanúnacha airgeadais chuig na tíortha sin i gcásanna ina mbíonn tionchar míchuí ag na tíortha sin ar institiúidí nó ar reachtóirí an Aontais;

I. de bhrí gur thug AE chun críche in 2021 glacadh chláir chaiteachais 2021-2027, lena n-áirítear Clár Frithchalaoise an Aontais, lena dtacaítear leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise trí dheontais a chur ar fáil do thionscnaimh shonracha agus trí mhaoiniú ardán agus uirlisí tiomnaithe TF a chumasú chun malartú faisnéise idir na Ballstáit agus AE a éascú;

J. de bhrí go gcomhroinneann an tAontas agus na Ballstáit freagracht as leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; de bhrí, maidir le cur in úsáid cistí faoi RRF, ar cur in úsáid é nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, go gcomhroinneann siad freagracht freisin as na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a rialáil agus a chur chun feidhme; de bhrí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ról na n-údarás náisiúnta maidir le leibhéal leormhaith cosanta a áirithiú do leasanna airgeadais AE mar thoradh air sin;

K. de bhrí go méadóidh cur chun feidhme RRF an brú ar riaracháin Eorpacha agus náisiúnta sna blianta atá le teacht, agus go bhfuil sé ag tarlú fad atá cláir chaiteachais 2021-2027 ann; de bhrí go mbeidh ar na Ballstáit máistreacht a fháil ar mhodhanna éagsúla bainistíochta atá nasctha le cur chun feidhme na gcistí éagsúla agus go mbeidh ar an gCoimisiún a chumas faireacháin a neartú, ós rud é nach bhfuil sé in ann ach faireachán a dhéanamh ar chodán den chaiteachas uile faoi láthair;

L. de bhrí go bhfuil iarrachtaí déanta ag an gCoimisiún chun tacú le húdaráis náisiúnta maidir le pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a cheapadh agus a mheasúnú, agus aird ar leith á tabhairt ar na forálacha a bhaineann le bearta chun acmhainní RRF a chosaint ar chalaois, ar éilliú, ar choinbhleachtaí leasa agus ar chistiú dúbailte;

M. de bhrí go bhfuil forálacha in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([14]) (Rialachán RRF) maidir le cosaint leasanna airgeadais AE, agus go n-áirithítear le Rialachán RRF go bhfuil an Coimisiún, OLAF, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus OIPE in ann a sainorduithe a fheidhmiú agus go gcuireann na húdaráis náisiúnta bearta éifeachtacha frithchalaoise i bhfeidhm agus aon riosca sainaitheanta á chur san áireamh;

N. de bhrí gur míbhuntáiste í éagsúlacht na gcóras dlí agus riaracháin sna Ballstáit agus gur gá aghaidh a thabhairt uirthi go leormhaith chun córais riaracháin agus tuairiscithe níos aontaithe, níos idir-inoibrithí agus níos inchomparáide a chruthú in AE, d'fhonn neamhrialtachtaí a chosc agus a shárú go héifeachtach agus calaois agus éilliú a chomhrac;

O. de bhrí go leanann easnaimh i mbailíocht agus inchomparáideacht teicneolaíochtaí sonraí agus tuairiscithe, lena n-áirítear mar thoradh ar leibhéil éagsúla digitithe sna Ballstáit, den bhonn a bhaint go mór ó cháilíocht agus ó iontaofacht na faisnéise atá ar fáil;

P. de bhrí gur uirlis dheonach í uirlis Arachne agus, cé go bhfuil sí in úsáid go forleathan cheana féin sa bheartas comhtháthaithe agus go bhfuil sí á tabhairt isteach le haghaidh caiteachas talmhaíochta, agus go bhfuil sí éigeantach mar thoradh air sin — rud a d'iarr an Pharlaimint arís agus arís eile — gur chéim mhór chun cinn a bheadh inti, de réir an Choimisiúin;

Q. de bhrí gur foinse thábhachtach ioncaim í cáin bhreisluacha (CBL) do bhuiséid náisiúnta agus de bhrí gurb ionann acmhainní dílse CBL-bhunaithe agus thart ar 10 % d'ioncam acmhainní dílse (12,3 % d'ioncam iomlán bhuiséad AE in 2020 agus 11 % in 2019);

R. de bhrí go rannchuidíonn plean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le cánachas cothrom agus simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh (COM(2020)0312) le straitéis AE maidir le cánachas a shimpliú agus a chur in oiriúint do dhigitiú an gheilleagair agus don aistriú glas agus go sainaithnítear mar thosaíocht an comhrac i gcoinne chalaois CBL;

S. de bhrí, an 1 Meitheamh 2021, gur chuir OIPE tús lena ghníomhaíochtaí oibríochtúla mar cholún deiridh na hailtireachta frithchalaoise arna cheapadh ag an Aontas chun cosaint a leasanna airgeadais a fheabhsú; de bhrí go meastar go dtiocfaidh méadú ar ualach oibre OIPE;

T. de bhrí gur léirigh OIPE a chumais agus a cost-éifeachtúlacht cheana féin in ainneoin acmhainní íosta agus dianbhrú ama; de bhrí gurbh ionann buiséad OIPE agus níos lú ná EUR 45 mhilliún le haghaidh 2021, agus gur ordaigh breithiúna OIPE go ndéanfaí níos mó ná EUR 250 milliún a urghabháil sa chéad bhliain d'oibríochtaí na heagraíochta, ag léiriú gur féidir le OIPE toradh ollmhór láithreach a thabhairt ar infheistíocht;

U. de bhrí go bhfuil eolas an Choimisiúin ar mhéid, ar chineál agus ar chúiseanna na calaoise beagán teoranta agus nach dtuairiscítear go leor calaoisí a d'fhéadfadh a bheith ann tríd an gcóras bainistíochta neamhrialtachta; de bhrí go mbaineann an t-éilliú an bonn de mhuinín na saoránach as AE agus go gcuireann sé leasanna airgeadais an Aontais agus geilleagar AE ina iomláine i mbaol, agus gur bagairt thromchúiseach é ar an daonlathas agus ar an smacht reachta in AE;

V. de bhrí, de réir Airteagal 83 CFAE, go bhfuil an t-éilliú ar cheann de na coireanna fíorthromchúiseacha a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo agus a dhéanann difear do gach Ballstát ar leibhéil éagsúla; de bhrí go bhfuil eagraíochtaí coiriúla go háirithe gníomhach in idircheapadh cistí Eorpacha agus go bhfuil siad in ann leas a bhaint as ilchineálacht na gcóras dlíthiúil agus riaracháin sna Ballstáit chun a gcreatlach eacnamaíoch, airgeadais, ghnó, shóisialta agus pholaitiúil a shárú, rud a dhéanann dochar don tsaoirse eacnamaíoch agus don tsaoriomaíocht;

W. de bhrí, mar thoradh ar an méadú gan fasach ar chaiteachas AE faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus faoi phlean téarnaimh NextGenerationEU (NGEU), go bhfuil rioscaí suntasacha ann, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbainfidh coirpigh eagraithe mí-úsáid as cistí;

([14]) IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

X. de bhrí go bhfuil comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta ríthábhachtach chun cistí AE a chaitear lasmuigh den Eoraip agus taobh an ioncaim de bhuiséad AE a chosaint; de bhrí gur shínigh OLAF socruithe comhair riaracháin le dhá údarás comhpháirtíochta idirnáisiúnta in 2021, Oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta san Úcráin agus an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (WCO); de bhrí gur eagraigh OLAF imeachtaí ar líne in 2021 chun teagmhálacha oibríochtúla nua a bhunú le húdaráis imscrúdaitheacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus tuairisciú calaoise agus neamhrialtachtaí a spreagadh trí thoscaireachtaí AE ar fud an domhain;

1. á chur in iúl gur geal léi an 33ú tuarascáil bhliantúil maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus an comhrac i gcoinne na calaoise – 2021;

2. á chur in iúl gurb eol di gur bhliain dhúshlánach a bhí in 2021 inar éiligh tionchar phaindéim COVID-19 straitéisí rialaithe a oiriúnú agus díriú ar chosc trí bhearta maolaithe sonracha agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun neamhrialtachtaí agus calaois a bhrath;

3. á mheabhrú, an 19 Feabhra 2021, gur tháinig RRF, arb é príomhcholún NGEU é, i bhfeidhm, arna mhaoiniú le hiasachtaíocht an Choimisiúin ar na margaí caipitil, arb é is aidhm dó athchóirithe agus infheistíochtaí sna Ballstáit a mhaoiniú go cúlghabhálach ó thús na paindéime i mí Feabhra 2020;

4. á chur i bhfios go láidir, in 2021, go raibh oibríochtaí incháilithe do mhaoiniú AE faoi CAI 2014-2020 (a dtiocfaidh deireadh leis in 2024), faoi CAI 2021-2027 agus laistigh den phacáiste téarnaimh NGEU;

5. á thabhairt chun suntais go bhfuil EUR 1,8 trilliún, ar méid acmhainní gan fasach é, á sholáthar don Aontas le CAI nua 2021-2027, ar in 2021 a glacadh na cláir is déanaí ina leith, in éineacht leis an bplean téarnaimh NGEU; á thabhairt chun suntais go bhféadfaidh an Pharlaimint (chun urscaoileadh a áirithiú), OLAF, CIE, an Coimisiún féin agus, i gcás inarb infheidhme, OIPE rochtain a fháil ar shonraí ábhartha agus úsáid cistí a fhíorú chun na bearta iniúchóireachta a leagtar síos leis na rialacháin atá i bhfeidhm a chomhlánú agus a neartú;

6. ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh ról láidir ag an bParlaimint agus ag a Coiste um Rialú Buiséadach i rialachas RRF, lena n-áirítear trí idirphlé rialta, struchtúrtha ina n-iarrtar ar an gCoimisiún cur chun feidhme RRF a phlé, agus é de cheangal ar an gCoimisiún na tuairimí a eascraíonn as sin a chur san áireamh;

7. á chur i bhfáth go bhfuil gá freisin le leibhéal airde agus rialaithe atá chomh hard céanna agus go bhfuiltear ag dréim leis an leibhéal sin chun a ráthú gur féidir leis na cistí sin a bheith ina rannchuidiú is fearr is féidir le comhspriocanna an Aontais; á mheabhrú go bhfuil brú méadaithe ar na húdaráis a bhainistíonn cistí an Aontais, go bhfuil ag ardú ar mhéid na n-acmhainní atá á gcur in úsáid agus go bhfuil ag méadú ar na rioscaí a bhaineann lena mbainistiú (tar éis do nósanna imeachta simplithe agus práinneacha a bheith tugtha isteach i gcomhthéacs na paindéime, ar nósanna imeachta iad a bhfuil baol mí-úsáide ag baint leo);

8. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart feabhsú na trédhearcachta, digitiú an chomhraic i gcoinne na calaoise agus neartú agus forbairt leanúnach an mheasúnaithe riosca calaoise agus an bhainistithe riosca calaoise a shaothrú i gcomhthráth le cur chun feidhme fónta ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais;

9. á iarraidh go bhfeabhsófar leibhéil digitithe, idir-inoibritheachta na gcóras sonraí agus comhchuibhiú an tuairiscithe, an fhaireacháin agus na hiniúchóireachta san Aontas agus, chuige sin, á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún sainmhínithe a chomhchuibhiú ionas gur féidir sonraí inchomparáide a fháil ar fud an Aontais;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach i réimsí sin an chaiteachais ar chistí Eorpacha nach bhfuil foráil déanta leo maidir leis an gcleachtas sin go dtí seo; ag spreagadh an Choimisiúin córas a fhorbairt chun faisnéis a mhalartú idir na húdaráis inniúla chun gur féidir cros-seiceáil a dhéanamh ar thaifid chuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta idir dhá Bhallstát nó níos mó chun calaois thrasnáisiúnta laistigh de na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta a sheachaint, ionas go n-áiritheofar cur chuige trasearnálach maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais;

11. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur foilsíodh Tuarascáil bhliantúil PIF déanach go leor, ós rud é nach bhfoilsítear an tuarascáil do bhliain n ach go dtí mí Mheán Fómhair de bhliain n+ 1; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb é an phríomhchúis leis sin go dtíolacann na Ballstáit a bhfaisnéis déanach go leor; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith níos réamhghníomhaí maidir lena iarraidh ar na Ballstáit a gcuid sonraí a thíolacadh ag tráth níos luaithe ionas gur féidir a thuarascáil bhliantúil a thabhairt chun críche níos luaithe, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an rún ón bParlaimint maidir leis an tuarascáil a ghlacadh ag tráth níos luaithe, laistigh de bhliain n+ 1 más féidir;

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, go háirithe i bhfianaise theacht i bhfeidhm Rialachán nua OLAF, Rialachán RRF agus an Rialacháin maidir le Coinníollacht, chomh maith le tús ghníomhaíochtaí oibríochtúla OIPE, lena gcuirtear ailtireacht frithchalaoise AE i gcrích, gur gá Tuarascáil bhliantúil PIF a dhéanamh níos iomlánaíche chun forléargas cuimsitheach a sholáthar ar na sineirgí idir na gníomhaithe ábhartha uile, dea-chleachtas a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh; á athdhearbhú, dá bhrí sin, a hiarrata ar an gCoimisiún bealaí nua chuige sin a fhiosrú;

***Neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha arna mbrath***

13. á thabhairt dá haire go raibh líon na gcásanna calaoise agus na neamhrialtachtaí a thuairiscigh údaráis inniúla an Aontais agus na húdaráis inniúla náisiúnta — 11 218 ar an iomlán — fós cobhsaí in 2021 i gcoibhneas le 2020 (nuair a bhí 11 755 chás ann ar an iomlán); á chur i bhfios gur tháinig méadú suntasach ar an luach a bhaineann leis na neamhrialtachtaí sin, é méadaithe níos mó ná faoi dhó (+121 %) ó EUR 1,46 billiún go EUR 3,24 billiún in 2021, mar gheall ar líon beag cásanna móra i mBallstáit áirithe; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil méadú tagtha ar an gcalaois agus ar neamhrialtachtaí;

14. ag aithint gurb ionann líon na neamhrialtachtaí arna mbrath a thuairiscítear mar neamhrialtachtaí calaoiseacha agus léiriú ar an leibhéal braite agus ar acmhainneacht na mBallstát agus chomhlachtaí an Aontais teacht roimh chalaois fhéideartha, agus nach táscaire díreach é ar an leibhéal calaoise a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais nó do Bhallstát sonrach; ag tuiscint go dtugann brath agus tuairisciú neamhrialtachta le tusicint go ndearnadh bearta ceartaitheacha chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus gur seoladh imeachtaí coiriúla aon uair ab ábhartha;

15. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur le linn rialuithe *ex post* a bhraitear formhór mór na neamhrialtachtaí (calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha) a thuairiscítear, agus gurb é an toradh a bhíonn air sin go mbíonn aga moille suntasach ann idir an tráth a dhéantar neamhrialtachtaí agus an tráth a thuairiscítear don Choimisiún iad, agus gur tréimhse idir 2 bhliain go leith go 3 bliana a bhíonn san aga moille sin ar an meán; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin nach dtuairiscíonn roinnt Ballstát aon neamhrialtachtaí, rud a d'fhéadfadh a léiriú nach bhfuil dóthain iarrachtaí braite á ndéanamh acu;

16. á chur in iúl gurb eol di go leanann cuid mhór de chaiteachas an Aontais timthriallta ilbhliantúla, agus go mbítear ag géarú ar chur chun feidhme de réir a chéile i dtreo clabhsúr clár, sa chaoi gurb iondúil go mbíonn buaicphointí i dtuairisciú neamhrialtachtaí le feiceáil sa bhliain n+ 2 nó n+ 3 i ndiaidh bhliain dheireanach an timthrialla; á chur i bhfios, dá bhrí sin, nach soláthraítear anailís iontaofa ar an staid fíor-ama le comparáid idir an tuairisciú ar neamhrialtachtaí ó bhliain go bliain, ach gur féidir saobhadh a mhaolú le léargas ilbhliantúil; á chur in iúl gur geal léi an cur chuige a glacadh chun an éifeacht sin a mhaolú, ar cur chuige é trína gcuirtear torthaí na bliana tuairiscithe i gcomparáid leis an meán 5 bliana le haghaidh ADT agus leis an meán don chlárthréimhse ábhartha le haghaidh caiteachais, cé is moite den chaiteachas bliantúil ar chabhair dhíreach d'fheirmeoirí agus ar thacaíocht mhargaidh; á chur i bhfáth, áfach, gur féidir le comparáidí a bheith gan dealramh agus go gcuirtear na hiarrachtaí anailísithe ar neamhní mar gheall ar na héagsúlachtaí sna creataí rialála lena rialaítear clárthréimhsí éagsúla;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún díriú níos mó ar shaincheisteanna níos déine, amhail ionramháil d'aon ghnó ar chritéir tairisceana chun tús áite a thabhairt d'iarratais tairgeoirí áirithe, éilliú i ndáil le roghnú tairgeoirí, agus coinbhleachtaí leasa i gcoitinne, seachas mionearráidí foirmiúla;

***Mórbhagairtí***

18. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an bhagairt mhéadaitheach ar bhuiséad AE a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe, lena n-áirítear eagraíochtaí de chineál maifia agus struchtúir olagarcacha; á chur in iúl gur eol di go ndéanann grúpaí coireachta eagraithe iarracht an geilleagar dlíthiúil a insíothlú agus neamhrialtachtaí riaracháin a dhéanamh le modhanna coiriúla atá níos díobhálaí agus níos deacra a imscrúdú agus a leigheas; á chur i bhfios go n-áirítear lena *modi operandi* úsáid níos mó a bhaint as idirghabhálaithe ardoilte atá in ann calaois an-sofaisticiúil agus ar deacair í a bhrath a dhéanamh ar chistí Eorpacha, trí airgead a cheilt trí ollstruchtúir chasta airgeadais, le cabhair ó thearmainn chánach uaireanta, rud a fhágann go mbíonn sé thar a bheith deacair cistí a rianú agus a aisghabháil;

19. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di leitheadúlacht na ngrúpaí olagarcacha le blianta beaga anuas, atá ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus gur minic a bhíonn córais olagarcacha fite fuaite le héilliú forleathan, smacht daingean ar na meáin agus le cumas tionchar a imirt ar na breithiúna agus ar sheirbhísí ionchúisimh ar bhealach chun gníomhaíochtaí coiriúla a d'fhéadfadh a bheith ann a cheilt agus chun ionchúiseamh a sheachaint;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

20. á mheabhrú go bhfuil gnéithe trasnáisiúnta ag baint le calaois a dhéanann difear do chistí Eorpacha, go mbaineann eagraíochtaí coiriúla leas as ilchineálacht na gcóras dlí chun gníomhaíochtaí calaoiseacha a dhéanamh in aghaidh leasanna airgeadais na mBallstát, agus go bhfuil sé d’oibleagáid ar AE, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le CFAE, idirghabháil a dhéanamh i mbeartais frithéillithe agus go bhfuil sé d’oibleagáid air an t-éilliú a chomhrac le bearta chun é a chomhrac agus a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, gach rud is féidir a dhéanamh chun dlíthe coiriúla na mBallstát a ailíniú;

21. á mheabhrú go bhfuil líon méadaitheach na ngníomhaíochtaí trasteorann i réimsí ina ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais á chothú leis an easpa reachtaíochta éifeachtaí agus leis an easpa gníomhaíochta chun an choireacht eagraithe a chomhrac in an-chuid Ballstát; á athdhearbhú, dá bhrí sin, a hiarrataí roimhe seo go ndéanfaí athbhreithniú ar Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe ([15]) agus a seasamh maidir leis an ngá atá le sainmhíniú coiteann nua ar an gcoireacht eagraithe a bhunú, a bheidh i gcomhréir leis na forbairtí is déanaí agus lena gcuirtear san áireamh úsáid an fhoréigin, an éillithe nó an imeaglaithe ag grúpaí coiriúla chun smacht a fháil ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nó ar sholáthar poiblí nó a dhéanann difear don phróiseas daonlathach; á iarraidh ar an gCoimisiún dea-chleachtais na dtíortha sin san Aontas a bhfuil ardchreat rialála acu maidir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe a chur chun cinn;

22. á chur i bhfáth go bhfuil comhar tráthúil idir údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí, chomh maith le comhar tráthúil idir na húdaráis sin agus na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, ina phríomhghné d’fhreagairt éifeachtach ar choireacht thrasnáisiúnta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; ag moladh, mar chuid den chomhar agus den fhreagairt sin, iarrachtaí chun comhbheartais a chur chun cinn lena ndéantar coiriúlacht a bhaineann le maifia a chomhrac agus chun dea-shampla na dtíortha is dícheallaí a bhfuil an taithí is mó acu sa réimse sin a leanúint;

23. á chur i bhfáth gur coir an-tromchúiseach é an t-éilliú, go háirithe an mhóréillitheacht, lena n-áirítear in institiúidí an Aontais, a d’fhéadfadh a scaipeadh thar theorainneacha, a ndéanann a thionchar difear do leasanna airgeadais an Aontais agus do gheilleagar an Aontais trí chéile, agus gur bagairt thromchúiseach é ar an daonlathas, ar chearta bunúsacha agus ar an smacht reachta ar fud na hEorpa, rud a bhaineann an bonn ó mhuinín na saoránach in institiúidí daonlathacha san Aontas agus sna Ballstáit;

24. á chur in iúl gur cúis uafáis di go raibh ar chumas dhá thír ar a laghad nach tíortha an Aontais iad gníomhartha ardleibhéil éillithe a dhéanamh agus tionchar míchuí a imirt ar FPEnna, as ar eascair imscrúduithe coiriúla ag údaráis na Beilge i mí na Nollag 2022; á chur i bhfáth go gcuireann na déileálacha sin prionsabal ionadaíocht dhaonlathach na saoránach i gcinnteoireacht an Aontais i mbaol agus go mbaineann siad an bonn ó mhuinín na saoránach in institiúidí an Aontais; á éileamh, ina leith sin, go dtíolacfaidh an Coimisiún dréacht-chomhaontú idirinstitiúideach a luaithe is féidir chun comhlacht eitice an Aontais a chur ar bun ag a mbeidh an neamhspleáchas riachtanach agus an ceart aige a chuid imscrúduithe féin a dhéanamh, mar atá éilithe ag Parlaimint na hEorpa ó mhí Mheán Fómhair 2021, chun laigí an chórais atá ann faoi láthair a shárú;

25. á mheas go bhfuil gá le hathbhreithniú ar na Rialacháin Foirne, agus go háirithe Airteagal 22c de, chun é a ailíniú le Treoir ([16]) (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (“an Treoir maidir le Sceithirí”); á iarraidh ar an mBiúró, idir an dá linn, athbhreithniú a dhéanamh láithreach ar Rialacha Inmheánacha na Parlaiminte lena gcuirtear Airteagal 22c de na Rialacháin Foirne chun feidhme chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na cosaintí dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Sceithirí;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil maidir le héilliú, ar an gcaoi chéanna leis an tuarascáil atá ann cheana maidir le calaois, chun mionanailís a chur ar fáil ar na cineálacha cur chuige, na nósanna imeachta agus na huirlisí a úsáideann na Ballstáit ina gcomhrac i gcoinne an éillithe agus chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar na réimsí is mó atá i mbaol, rud a fhágfaidh gur féidir gníomhaíocht níos spriocdhírithe a chur chun feidhme ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

27. ag cur béim ar ról OIPE, Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), Europol agus OLAF sa chomhrac i gcoinne an éillithe; á iarraidh go ndéanfaí acmhainneachtaí OIPE agus OLAF agus an comhar eatarthu a neartú tuilleadh; á iarraidh go mbeadh rialacha comhchoiteanna frith-éillithe ann a mbeadh feidhm acu maidir le FPEnna agus maidir le foireann chomhlachtaí AE;

---

([15]) IO L 300, 11.11.2008, lch. 42.

([16]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

28. á thabhairt chun suntais gur cheart don Choimisiún agus d'institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais, chun an t-éilliú a chomhrac go héifeachtach agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, brústocaireacht neamhdhleathach, staideanna doirse imrothlacha agus coinbhleachtaí leasa, agus sásraí rialaithe inmheánaigh á neartú ag an am céanna; á iarraidh ar institiúidí an Aontais go ndéanfaí bearta a ghlacadh chun a cleachtas maidir le "híostréimhsí aistarraingthe" d'oifigigh shinsearacha de chuid an Aontais agus Iar-Fheisirí, chun feiniméan na ndoirse imrothlacha a sheachaint;

29. á mheabhrú go bhfuil neamhspleáchas lagaithe na n-institiúidí atá freagrach as faireachán agus rialú a dhéanamh ar airgeadas i mBallstáit áirithe ag déanamh dochar tromchúiseach do leasanna airgeadais an Aontais agus gur bagairt é ar an smacht reachta;

30. á chreidiúint go bhfuil leibhéal cosanta feabhsaithe agus comhsheasmhach d'iriseoirí agus do sceithirí ar fud an Aontais ina chuidiú le héilliú a bhrath agus le cur i gcoinne leathadh fhochultúr na saoirse ó phionós, an tosta agus na comhcheilge agus gur cheart níos mó iarrachtaí a dhéanamh i ndáil leis sin; á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag na meáin agus ag iriseoirí iniúchacha sa chomhrac i gcoinne an éillithe;

31. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart cuideachtaí eischósta agus eagraíochtaí a thugann páirt do chuideachtaí agus eagraíochtaí eischósta ina struchtúir úinéireachta a eisiamh ó chistí an Aontais a úsáid;

***Ioncam***

32. á thabhairt faoi deara, maidir le ADT agus i gcomparáid leis an meán 5 bliana, go raibh líon na neamhrialtachtaí fós cobhsaí in 2021, gur tháinig ardú 32 % ar na méideanna a ndearnadh difear dóibh i gcás neamhrialtachtaí calaoiseacha agus gur tháinig ardú 13 % ar na méideanna sin i gcás neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha;

33. á thabhairt dá haire gurbh iad cigireachtaí a rinne seirbhísí frithchalaoise agus rialuithe iarscaoilte na huirlisí braite ba rathúla i gcás neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha, faoi seach, agus gur bhain na *modi operandi* is forleithne le tearcluacháil, tionscnamh mícheart, míthuairisc ar earraí agus smuigleáil;

34. ag tabhairt le fios gurbh í an tSín ba thír thionscnaimh fhormhór na n-earraí lenar bhain neamhrialtachtaí; á chur i bhfáth go bhfuil roinnt de na cásanna a imscrúdaíodh, lenar bhain táirgí a seoladh ón tSín, ina léiriú ar na dúshláin a bhaineann le Tionscnamh an Chreasa agus an Bhóthair de chuid na Síne; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil cásanna ionsúcháin agus imchéimnithe beart cosanta trádála ag teacht chun cinn arís agus arís eile agus gur cúis bhuartha di a dheacra atá sé iad a bhrath; á iarraidh ar an gCoimisiún frithbhearta a ghlacadh agus iad a imscaradh go dian chun aghaidh a thabhairt ar thrádáil éagórach;

35. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit dul i gcomhar le chéile chun dul i ngleic le calaois CBL laistigh den chomhphobal arna déanamh ag trádálaí ar iarraidh, ar calaois í a chosnaíonn, de réir Europol, EUR 50 billiún in aghaidh na bliana i gcaillteanais chánach nó suas le 27 % de bhuiséad bliantúil AE; á chreidiúint, dá ndéanfaí an beart sin, go méadófaí go suntasach na hacmhainní atá ar fáil do bheartais AE agus go laghdófaí ranníocaíochtaí bliantúla na mBallstát le buiséad AE;

36. á chur i bhfáth go bhfuil roinnt tosca ina siocair le bearna CBL, ar tosca iad a d'fhéadfadh a bheith éagsúil i ngach Ballstát, amhail easpa acmhainní, éifeachtúlacht dhigiteach theoranta i riaracháin chánach, nó lúba ar lár sa reachtaíocht a dhéanann difear d'éifeachtacht na mbeart rialaithe a chuirtear in úsáid chun cur i gcoinne na himghabhála cánach agus na seachanta cánach; á iarraidh ar na Ballstáit an athuair treisiú leis an gcomhar riaracháin, bunaithe ar shamhail an chomhair idir baill EUROFISC, agus leis an gcóras iltaobhaigh rabhaidh chun calaois CBL a chomhrac, d'fhonn calaois de chineál rothlach a bhrath go gasta;

37. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé d'údarás ag OIPE imscrúdú a dhéanamh ar chionta tromchúiseacha i gcoinne chomhchóras CBL i gcás ina bhfuil baint acu le críoch dhá Bhallstát nó níos mó agus ina bhfuil caillteanas iomlán EUR 10 milliún ar a laghad i gceist leo agus, ós rud é go bhfeidhmíonn sé mar oifig ionchúisimh trasnáisiúnta aonair, go rannchuidíonn sé ar bhealach éifeachtúil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo leis an gcomhrac i gcoinne chalaois CBL; ag tabhairt dá haire, go háirithe, go ndearna OIPE imscrúdú in 2021 ar 91 chás den sórt sin lenar bhain caillteanais mheasta dar luach EUR 2,5 billiún; á chur in iúl gur geal léi an dara tuarascáil ón gCoimisiún, a foilsíodh an 16 Meán Fómhair 2022, maidir le cur chun feidhme Threoir PIF (COM(2022)0466), ina ndírítear freisin ar oiriúnacht thairseach CBL EUR 10 milliún;

***Caiteachas***

38. ag tabhairt le fios gurb amhlaidh, de réir thuarascáil PIF, a bhí leibhéal na rialuithe agus na hiniúchóireachta ar chaiteachas fós ard, in ainneoin na solúbthachta a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim phaindéim COVID-19, agus go raibh na bearta a tugadh ar an bhfód chun na rioscaí a d'eascair as na srianta ar iniúchtaí agus rialuithe a bhain leis an bpaindéim a mhaolú láidir agus éifeachtach;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

39. á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascálacha agus torthaí iniúchóireachta a fhoilsiú roimh dheireadh na tréimhse cur chun feidhme, ar féidir leo roinnt blianta a thógáil; á chreidiúint go bhfuil sé de cheart ag an bpobal a bheith ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí nach mór do na Ballstáit a dhéanamh chun buiséad AE a chosaint;

40. á thabhairt faoi deara, i gcás na talmhaíochta, go ndeimhnítear leis an anailís i dTuarascáil PIF 2021 minicíocht an-íseal calaoise tuairiscithe i gcoibhneas le heisíocaíochtaí le haghaidh íocaíochtaí díreacha, agus gur i gcás bearta margaidh in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus maidir le cur chun cinn táirgí talmhaíochta a chonacthas an leibhéal is airde; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil méadú ag teacht de réir a chéile ar neamhrialtachtaí calaoiseacha san fhorbairt tuaithe a bhaineann le clárthréimhse 2014-2020;

41. á chur i bhfios go láidir gur gá an sásra nua coinníollachta sóisialta a chur i bhfeidhm go docht, ar sásra é a tugadh isteach faoin athchóiriú is déanaí ar an gcomhbheartas talmhaíochta, lena nascfar fóirdheontais le caighdeáin oibre agus fostaíochta; á mheabhrú a ríthábhachtaí atá an sásra nua sin chun leasanna airgeadais AE a chosaint, agus á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún araon bearta leormhaithe a chur i bhfeidhm ina leith sin;

42. á thabhairt dá haire, i gcás CSIE lena gcuirtear chun feidhme an beartas comhtháthaithe, go raibh líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha a tuairiscíodh don chlárthréimhse 2014-2020 fós ag teacht leis an líon a tuairiscíodh don chlárthréimhse 2007-2013, cé gur thit líon na neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur tháinig méadú 186 % ar na méideanna airgeadais a bhí i gceist leis na neamhrialtachtaí calaoiseacha a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe in 2021, i gcomparáid leis an meán cúig bliana do 2017 go 2021;

43. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, i gcás CSIE, go raibh baint ag formhór na neamhrialtachtaí calaoiseacha a bhaineann le heitic agus sláine le coinbhleachtaí leasa agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go n-iarrfadh an Coimisiún ar na Ballstáit uile a áirithiú go bhfuil rialacha diana acu i gcoinne coinbhleachtaí leasa;

44. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go práinneach go gcuirfear Airteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ([17]) (Rialachán Airgeadais) maidir le coinbhleachtaí leasa chun feidhme, lena gcuirtear toirmeasc ar aon duine nó ar aon údaráis náisiúnta a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an bhuiséid aon ghníomhaíocht a dhéanamh a d'fhéadfadh a leasanna féin a chur i gcoinbhleacht le leasanna an Aontais; á mheas gur gá don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar impleachtaí praiticiúla na bhforálacha faoi Airteagal 61 agus breithniú a dhéanamh ar bhealach chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann;

45. á thabhairt dá haire, in ábhair CSIE, gurbh iad sáruithe ar rialacha soláthair phoiblí na neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha is minice a tuairiscíodh, ach nár braitheadh calaois ach i 4 % de na cásanna sin; á chreidiúint go n-áiritheofaí bainistiú níos fónta acmhainní le trédhearcacht fheabhsaithe sa soláthar poiblí; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá ndéanfaí tairiscintí aonair a laghdú, trí aird a dhíriú orthu trí rialuithe *ex post*, dá ndéanfaí glacadh córas leictreonach soláthair phoiblí a spreagadh, agus dá gcuirfí oiliúint ar fáil maidir le soláthar poiblí do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, go gcabhrófaí le rannpháirtíocht a mhéadú agus le grinnscrúdú agus rialuithe poiblí a éascú, go méadófaí an iomaíocht i gconarthaí poiblí agus go bhféadfaí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as cistí AE sa soláthar poiblí, agus baol na calaoise agus na neamhrialtachtaí á laghdú ag an am céanna;

46. á thabhairt faoi deara go leagtar béim san anailís ar neamhrialtachtaí ar rioscaí maidir leis an aistriú glas d'infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh, soláthar uisce óil, bainistiú dramhaíola, fuinneamh inathnuaite (go háirithe grianfhuinneamh) agus cosc rioscaí; ag tabhairt dá haire go mbaineann na rioscaí a bhaineann leis an aistriú digiteach le seirbhísí agus le feidhmchláir d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, i dtéarmaí líon na neamhrialtachtaí, agus leis na seirbhísí agus na feidhmchlár le haghaidh ríomhrialtais, i dtéarmaí na méideanna airgeadais lena mbaineann;

47. á iarraidh ar na Ballstáit uile ardleibhéal seiceálacha agus faireacháin a choinneáil ar bun maidir le caiteachas éigeandála agus, i gcás rialuithe *ex post* a dhéantar le haghaidh nósanna imeachta práinneacha, measúnú a dhéanamh ar sholáthar éigeandála ar bhonn cás ar chás; á iarraidh ar na Ballstáit an t-aistriú chuig próisis ríomhsholáthair a thabhairt chun críche ar deireadh;

---

([17]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

48. á thabhairt faoi deara, i gcás bainistíocht dhíreach, gur thit líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha a braitheadh ó 2016 agus, in ainneoin an mhéadaithe imeallaigh in 2021, gur fhan siad cobhsaí le ceithre bliana anuas, cé gur lean neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha de bheith ag laghdú, agus ba í 2021 an bhliain leis na figiúirí is ísle i dtéarmaí líon na gcásanna agus na méideanna lena mbaineann araon; á thabhairt dá haire, agus buíochas dá réir aici, go bhfuil ag éirí go dearfach leis an téarnamh fós;

49. á mheabhrú go bhfuil ról lárnach ag an trédhearcacht i mbainistiú cistí poiblí, mar dhíspreagadh agus chun muinín a chothú i measc na saoránach; á iarraidh an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí trédhearcacht a neartú maidir le húsáid cistí, lena n-áirítear faisnéis maidir le tairbhithe deiridh;

50. á chur i bhfios go bhfuil anailís riosca fós ina rannchuidiú imeallach chun calaois a bhrath; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról suntasach agus méadaitheach ag an bhfaisnéis ón tsochaí shibhialta (lena n-áirítear faisnéis a fhoilsítear sna meáin) maidir le calaois a bhrath; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé na foinsí luachmhara faisnéise sin a chosaint, ar minic leo aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus fiú a mbeatha a chur i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh a luaithe is féidir i gcoinne cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna), a úsáidtear go minic chun daoine a thuairiscíonn calaois agus neamhrialtachtaí a chur ina dtost, mar a d'iarr an Pharlaimint roimhe seo i rún uaithi an 11 Samhain 2021 maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú in AE: úsáid mhíchuí a bhaint as gníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost ([18]);

51. á chreidiúint go gceadaítear trédhearcacht, cuntasacht agus dea-rialachas méadaithe leis na comhshocruithe sláine trí fhaireachán a chothú a fhaigheann tacaíocht ón tsochaí shibhialta i gconraitheoireacht phoiblí; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid na huirlise sin a spreagadh sna cláir 2021-2027 atá á gceapadh agus á measúnú faoi láthair agus í a chur chun cinn trí thacaíocht agus treoir a sholáthar do na Ballstáit ionas gur féidir leo iad a phríomhshruthú de réir a chéile sna cláir sin;

52. ag tabhairt dá haire, in ainneoin an fhigiúir a tuairiscíodh, go bhfuil cion na gcásanna calaoise amhrasta nach raibh ciontú mar thoradh orthu fós ar leibhéal ard, cé go bhfuil sciar na gcásanna ina bhfuil calaois bunaithe íseal, rud a thugann le fios gur gá níos mó infheistíochta a dhéanamh in imscrúdú agus in ionchúiseamh na gcásanna sin; ag tabhairt dá haire nár laghdaíodh an meánráta díotála bunaithe ar mholtaí OLAF do na Ballstáit ach go 35 % don tréimhse idir 2017 agus 2021; á iarraidh ar OLAF agus ar an gCoimisiún obair leantach chórasach a dhéanamh leis na Ballstáit chun a fháil amach cén fáth nár seoladh imeachtaí breithiúnacha mar thoradh ar na moltaí a tugadh;

53. á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar an easpa faisnéise maidir le húinéirí agus struchtúr úinéireachta cuideachtaí nó grúpaí cuideachtaí agus é mar aidhm dáileadh reatha na gcistí a dhéanamh níos trédhearcaí agus cabhrú le feabhsuithe suntasacha a dhéanamh ar bhrath éifeachtúil neamhrialtachtaí;

54. á éileamh go mbaileoidh na Ballstáit sonraí maidir le faighteoirí deiridh cistí agus go gcuirfidh siad na sonraí sin ar fáil arna iarraidh sin;

***Tacaíocht TF***

55. á chur in iúl gur geal léi na tograí ón gCoimisiún maidir le húsáid éigeantach a bhaint as córas TF comhtháite aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca, maidir le raon feidhme agus éifeachtacht mhéadaithe an chórais luathbhraite agus luatheisiaimh (EDES) agus maidir le húsáid fheabhsaithe na digiteála agus na teicneolaíochta chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na rialuithe agus na n-iniúchtaí a mhéadú; á chreidiúint go neartódh na bearta sin an fhreagairt ar na rioscaí méadaithe neamhrialtachtaí tromchúiseacha a leanann seachadadh práinneach cistiúcháin faoi bhrú i gcásanna éigeandála;

56. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag EDES, mar dhúliosta an Aontais, daoine agus cuideachtaí a bhaineann mí-úsáid as cistí AE a lua; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún ([19]) chun an Rialachán Airgeadais a athrú chun úsáid EDES a neartú, ní hamháin i mbainistíocht dhíreach ach i mbainistíocht indíreach agus chomhroinnte freisin;

([18]) IO C 205, 20.5.2022, lch. 2.

([19]) Togra ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2022 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (COM(2022)0223).

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

57. á chur i bhfios go láidir gur gá úsáid an chóras chomhtháite TF aonair a dhéanamh éigeantach a luaithe is féidir, gan fanacht leis an gcéad CAI eile, mar a luaitear freisin i dTuairim 06/2022 ó CIE an 27 Deireadh Fómhair 2022 ([20]);

58. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht leanúnach an Choimisiúin do na Ballstáit tríd an gclár tacaíochta um athchóiriú struchtúrach agus tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil; á chur in iúl go dtacaíonn sí le maoiniú thionscadal CORE, arb é is aidhm dó nós imeachta a fhorbairt chun riosca éillithe sa soláthar poiblí le linn na paindéime a ríomh agus chun feabhas a chur ar luathbhrath an riosca éillithe;

59. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh a ghlac an Coiste Comhairleach chun an Cosc Calaoise a Chomhordú (COCOLAF) chun sainghrúpa a bhunú a bheidh tiomanta d'úsáid uirlisí TF chun acmhainní RRF a chosaint;

60. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí an intleacht shaorga a úsáid chun leasanna airgeadais AE a chosaint;

***Ailtireacht frithchalaoise an Aontais: na comhpháirteanna inmheánacha (OLAF, OIPE, Europol, Eurojust, an Coimisiún, CIE agus BEI)***

61. á chur i bhfios go láidir gur ollstruchtúr institiúideach ilchodach é ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais a ceapadh chun calaois agus cineálacha eile mí-iompair a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a bhrath, a chosc agus a chomhrac, bunaithe ar líonra comhair ilsrathach: tá an chéad sraith bunaithe ar chomhar cothrománach idir institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus tá na sraitheanna eile bunaithe ar chaidrimh ingearacha idir an tAontas agus údaráis náisiúnta, agus idir údaráis an Aontais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;

62. ag cur béim ar an mbreisluach a thugann comhlachtaí AE do chosaint leasanna airgeadais an Aontais agus don chomhrac i gcoinne na calaoise trí theorainneacha na gcóras náisiúnta a shárú, go háirithe maidir le coireacht trasteorann, mar a léirítear leis na torthaí oibríochtúla a bhain OIPE agus OLAF amach; ag cur béim ar ról OIPE, Eurojust, Europol agus OLAF sa chomhrac i gcoinne an éillithe;

63. á chur in iúl gur geal léi tús oibríochtaí OIPE an 1 Meitheamh 2021, mar an chomhpháirt deiridh d'ollstruchtúr frithchalaoise AE atá le cur i bhfeidhm; á thabhairt faoi deara go bhfuair OIPE 2 832 thuarascáil ina chéad leathbhliain de ghníomhaíocht oibríochtúil agus gur oscail sé 576 imscrúdú; ag tabhairt dá haire, maidir le fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla, gur tharla 81 ghníomhaíocht téarnaimh in 12 de na Ballstáit rannpháirteacha agus gur iarr OIPE go ndéanfaí EUR 154,3 milliún ar an iomlán a urghabháil, ar deonaíodh urghabháil EUR 147 milliún de;

64. ag moladh OIPE as timpeallacht nua mhuiníne a chruthú do shaoránaigh agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a gcomhar a mhéadú chun cur chun feidhme iomlán shainordú OIPE a chumasú; á mheabhrú, i ndáil leis sin, gur gá, ar thaobh amháin, rátaí braite na mBallstát a fheabhsú, agus go bhfuil ról lárnach ag comhar OLAF i struchtúir frithchalaoise AE; ag meabhrú na n-easnamh criticiúil éagsúil freisin a sainaithníodh i Rialachán OIPE nach mór aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh go práinneach maidir leis na hiarrataí a rinne OIPE maidir lena chur chun feidhme buiséadach, ionas gur féidir le OIPE a bheith ina oifig ionchúisimh atá go hiomlán éifeachtach agus neamhspleách;

65. ag tabhairt dá haire gur chuir an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach barúlacha agus breithnithe in iúl maidir leis an ngá leasú a dhéanamh ar Rialachán OIPE; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i bun plé le OIPE chun na feabhsuithe is gá a shainaithint chun feabhas a chur ar a éifeachtacht oibríochtúil a fheabhsú; á mheabhrú gur comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais é OIPE agus nár cheart é a chomhshamhlú le gníomhaireacht, ós rud é go mbeadh tionchar aige sin ar a neamhspleáchas agus a héifeachtúlacht; ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt forálacha eile de Rialachán OIPE ann a bhfuil tionchar acu ar oibríochtaí OIPE agus, dá bhrí sin, ar chosaint leasanna airgeadais AE, agus á iarraidh ar an gCoimisiún réitigh a mholadh chun feabhas a chur ar an staid agus tuairisciú don Pharlaimint i gcomhréir le hAirteagal 119(1) de Rialachán OIPE;

---

([20]) Tuairim 06/2022 (de bhun Airteagal 322(1) CFAE) maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i dtaca le buiséad ginearálta an Aontais, IO C 446, 24.11.2022, lch. 26. Tá an tuairim iomlán ar fáil ag https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/OP22_06/OP_Recast_GA.pdf.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

66. á chur in iúl gur oth léi go mór go bhfuil cúig Bhallstát fós ag diúltú páirt a ghlacadh in OIPE, eadhon an Pholainn, an Ungáir, an tSualainn, an Danmhairg agus Éire;

67. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil rannpháirtíocht na mBallstát in OIPE éigeantach; ag athdhearbhú a hiarrata ar na Ballstáit eile dul isteach in OIPE a luaithe is féidir; á iarraidh ar an gCoimisiún rannpháirtíocht in OIPE a dhreasú trí bhearta dearfacha;

68. á thabhairt chun suntais go bhforáiltear go soiléir i gcreataí dlíthiúla OLAF agus OIPE go n-oibreoidh an dá oifig i ndlúthchomhar le chéile agus a sainorduithe, a gcumhachtaí agus a n-inniúlachtaí aonair á n-urramú ag an am céanna; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gur oscail OLAF, in 2021, 26 imscrúdú chomhlántacha agus go ndearna sé ocht n-oibríocht tacaíochta; á thabhairt dá haire gur chuir OLAF 167 gcomhad ar aghaidh chuig OIPE, a bhaineann go príomha le bainistíocht chomhroinnte (63) agus caiteachas díreach (34) agus ina líon comhionann maidir le himscrúduithe inmheánacha agus idirnáisiúnta (25 chás an ceann); á chur in iúl gur mór aici gur oscail OIPE 85 imscrúdú choiriúla mar thoradh ar an tarchur sin agus go mbaineann na cásanna sin le caillteanas iomlán measta EUR 2,2 billiún do bhuiséad AE; ag spreagadh OLAF agus OIPE araon chun leanúint dá gcomhar a fheabhsú;

69. ag tabhairt dá haire go gcomhoibríonn OLAF go gníomhach le CIE, le Eurojust, agus le Europol; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí comhpháirteacha OLAF agus Europol measúnú a dhéanamh ar bhagairtí agus leochaileachtaí ionstraim RRF agus ar a gcomhar le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin a bhfuil sé de chúram orthu maoirseacht a dhéanamh ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais agus Ardrúnaíocht an Choimisiúin) á chur in iúl gur mór aici tuarascáil chomhpháirteach OLAF/Europol dar teideal “Measúnú a dhéanamh ar na bagairtí ar Chiste NextGenerationEU (NGEU)”;

70. á chur in iúl gur mór aici an socrú oibre idir Europol agus OIPE, a tháinig i bhfeidhm an 19 Eanáir 2021; ag tabhairt dá haire gur síníodh socruithe oibre freisin an 3 Meán Fómhair 2021 le haghaidh creat le haghaidh comhar idir OIPE agus CIE;

71. á chur in iúl gurb eol di gur shínigh OIPE agus Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) socruithe oibre freisin chun a ráthú gur féidir le BEI faisnéis a thagann faoi shainchúram OIPE a tharchur go rianúil sula ndéanfaidh Ard-Chigireacht BEI aon ghníomhaíocht;

72. á iarraidh go mbeadh comhar níos dlúithe ann le Eurojust; á chur in iúl gur geal léi comhroinnt saineolais agus malartuithe lucht freastail ag seimineáir agus léirithe eile, ach á chreidiúint gur cheart rannchuidiú Eurojust a mheasúnú agus a shainiú faoi chuimsiú an ollstruchtúir frithchalaoise, ag tógáil ar a chomhlántacht le OIPE agus ag deimhniú na sineirgí óna chomhar le OLAF;

73. á chur in iúl gur geal léi seoladh Oibríocht Sentinel agus Fóram NextGenerationEU – an Fóram um Fhorfheidhmiú an Dlí, comhthionscnamh faoi stiúir Europol agus na hIodáile, lena dtugtar le chéile Europol, OIPE, OLAF, Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí agus na Ballstáit, lena gcuirtear fóram ar fáil le haghaidh comhroinnt faisnéise agus comhordú oibríochtaí chun dul i ngleic le hinsíothlú na coireachta eagraithe sa gheilleagar dlíthiúil, agus chun pacáiste spreagtha NGEU a chosaint, agus béim ar leith á leagan ar éilliú, imghabháil cánach, claonchasadh agus sciúradh airgid; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhagairt na coireachta eagraithe, go bhfuil malartú dea-chleachtais agus forbairt straitéisí coiteanna agus comhordaithe ríthábhachtach;

74. á mheabhrú gur cruthaíodh OLAF ní hamháin i gcomhair imscrúduithe inmheánacha agus freisin chun tacú le himscrúduithe seachtracha na mBallstát; á mheabhrú go gcuireann prionsabal na coimhdeachta cosc ar OLAF imscrúduithe a sheoladh i gcás ina bhfuil na Ballstáit in ann gníomhú ar bhealach níos fearr, ach nach gcoisceann sé sin ar OLAF anailísí a dhéanamh ar chásanna, treochtaí agus patrúin athfhillteacha, ná cur leis an gcomhar feabhsaithe agus leis na gníomhaíochtaí rathúla a eascraíonn as a chumas na feiniméin sin a bhrath;

75. ag aithint, maidir le hábhair a bhaineann le custaim, an comhordú oibríochtúil thar a bheith dlúth ann idir OLAF, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Interpol agus EDC; á chur in iúl gur oth léi laige chórais foláirimh na mBallstát;

76. á chur in iúl gurb eol di gur shínigh an Coimisiún agus OIPE na socruithe riaracháin an 18 Meitheamh 2021 chun na hoibleagáidí frithpháirteacha faisnéise agus comhairliúcháin a leagtar amach in Airteagal 103(2) de Rialachán OIPE a chur chun feidhme, faoinar féidir le OIPE coireanna a dhéanann difear do bhuiséad AE a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar bhealach níos éifeachtaí, agus gur féidir le ranna an Choimisiúin obair leantach iomchuí riaracháin, airgeadais agus araíonachta ar imscrúduithe OIPE a áirithiú, lena n-áirítear bearta réamhchúraim chun buiséad AE a chosaint;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

77. á chur in iúl gur saoth léi gur cuireadh iallach ar OIPE EUR 9,5 milliún (thart ar 20 %) a chur ar ais chuig buiséad AE in 2021, as buiséad foriomlán EUR 44,9 milliún, tar éis dó acmhainní breise a iarraidh agus a fháil ón údarás buiséadach chun baill foirne reachtúla a fhostú toisc nár dheonaigh an Coimisiún an t-imréiteach chun iad a fhostú;

78. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do OLAF obair leantach a dhéanamh freisin ar a chuid moltaí airgeadais chun iad a chur i gcomparáid leis na méideanna arna n-aisghabháil ag an gCoimisiún ag deireadh na nósanna imeachta agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis an bhfaireachán foriomlán ar aisghabháil cistí;

79. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di an ganntanas buan foirne in OLAF, OIPE, Europol agus Eurojust agus an ganntanas acmhainní airgeadais agus daonna atá acu, ós rud é go bhfuil buiséad leormhaith agus intuartha de dhíth orthu chun go mbeidh siad in ann a gcuid oibre a eagrú agus a dhéanamh chomh maith agus is féidir leo; á chur i bhfios go láidir go bhfuil méadú breise tagtha ar a n-ualach oibre anois mar gheall ar ghlacadh NGEU agus soláthar cistí urghnácha chun tacú leis an Úcráin; á iarraidh an athuair go n-áiritheofar go mbeidh acmhainní leormhaithe ag na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais agus, i ndáil leis sin, á mheabhrú don Choimisiún agus don Chomhairle go bhfillfidh gach euro a chaitear ar ghníomhaíochtaí imscrúdaithe agus frithchalaoise ar bhuiséad an Aontais;

80. á iarraidh ar an gCoimisiún acmhainní airgeadais agus daonna OIPE agus OLAF a mhéadú chun a chur ar a gcumas dul i ngleic leis na dúshláin a eascróidh as caiteachas an chiste téarnaimh ollmhóir; á iarraidh ar OIPE agus ar OLAF aon fhorluí oibre agus aon mhoill ar imeachtaí a sheachaint; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do OLAF agus do OIPE obair a chéile a chomhlánú agus a n-imscrúduithe faoi seach a dhíriú ar na réimsí sin nach bhfuil aon inniúlacht ag an institiúid eile iontu;

81. á iarraidh ar an gCoimisiún sásra a bhunú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun gearán a dhéanamh go díreach leis an gCoimisiún aon uair a bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar ardleibhéal éillithe, ar mhí-iompar tromchúiseach ag údaráis náisiúnta, ar chóireáil neamhrialta nó chlaonta i dtairiscintí nó maidir le dáileadh fóirdheontas, brú nó imeaglú ar struchtúir choiriúla, ar choireacht eagraithe nó ar struchtúir olagarcacha, nó aon sárú tromchúiseach eile ar a gcearta;

82. ag aithint phrionsabal na rúndachta maidir le himscrúduithe OLAF; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, áfach, go bhfuil leas uileghabhálach poiblí i gceist agus go bhfuil sé de cheart ag saoránaigh an Aontais freisin rochtain a fháil ar na tuarascálacha agus na moltaí sin a bhaineann le himscrúduithe dúnta de chuid OLAF agus nósanna imeachta naisiúnta leantacha, mar a rialaigh CBAE i gCás T-517/19; á iarraidh ar OLAF, dá bhrí sin, sásra a chur ar bun chun na tuarascálacha agus na moltaí nach ann a thuilleadh d'aon chúis dlisteanach le prionsabal na rúndachta a choinneáil ina leith a fhoilsiú;

83. ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfeadh OLAF sásra i bhfeidhm chun rochtain a thabhairt, arna iarraidh sin, ar a thuarascálacha imscrúdaithe agus ar a moltaí, ar minic mórleas an phobail ag baint leo, chun trédhearcacht a mhéadú agus rúndacht a cuid imscrúduithe á hurramú;

84. á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú spriocdhírithe, arna thionscnamh ag an gCoimisiún, ar an bplean gníomhaíochta a ghabhann le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin, agus á iarraidh ar an gCoimisiún na tograí a cuireadh ar aghaidh anseo agus sna rúin roimhe seo ón bParlaimint maidir le cúrsaí PIF a chur san áireamh;

***Ailtireacht frithchalaoise an Aontais: na comhpháirteanna seachtracha (na Ballstáit, AFCOS, NAFS, UAFP, an smacht reachta)***

85. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag na Ballstáit maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; á chur in iúl gurb eol di, faoin tsamhail seachadta nua a glacadh leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, gur mó an fhreagracht atá ar na Ballstáit calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus cistiú dúbailte a chosc agus a chomhrac; á chreidiúint, áfach, go bhfuil an leibhéal Eorpach cosanta ríthábhachtach freisin chun leasanna airgeadais AE a chosaint agus go bhfuil comhar éifeachtúil idir AE agus na húdaráis náisiúnta bunriachtanach chun go gcuirfear i gcrích go cuí é;

86. á iarraidh ar na Ballstáit a ghlacann páirt in OIPE an tacaíocht is gá a chur ar fáil don oifig (trí fhoireann tacaíochta agus dálaí oibre iomchuí d'ionchúisitheoirí tarmligthe Eorpacha, rochtain ar bhunachair sonraí, oifigigh phóilíneachta, comhar pras ó údaráis chánach agus chustaim, etc.), ionas gur féidir léi barrfheabhas a chur ar a héifeachtúlacht maidir le buiséid AE agus na mBallstát a chosaint;

87. ag spreagadh na mBallstát cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí shonraí ó na foinsí uile atá ar fáil a úsáid, sonraí a anailísiú agus faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear le húdaráis forfheidhmithe dlí agus leis an gCoimisiún, chun rioscaí atá ag teacht chun cinn agus treochtaí calaoise a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go tráthúil;

88. á chur in iúl gur geal léi an anailís i dTuarascáil PIF 2021 agus á iarraidh ar na húdaráis náisiúnta í a chur san áireamh ina gcuid gníomhaíochtaí rialaithe;

89. á athdhearbhú gur cúis imní di ró-ualach maorlathach na n-údarás náisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún a dhícheall a dhéanamh i gcónaí líon na dtáscairí is gá chun críocha iniúchóireachta agus rialaithe a laghdú agus cinneadh á dhéanamh aige cé na táscairí agus na sonraí atá fíor-ábhartha, riachtanach agus comhréireach;

90. á iarraidh ar an gCoimisiún na forálacha coinbhleachta leasa a neartú san athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais chun ullmhú an bhuiséid ag oifigigh phoiblí a áireamh;

91. á iarraidh ar Éirinn agus ar an bPolainn tús a chur láithreach le comhoibriú le OIPE ar bhonn na gconarthaí agus na reachtaíochta um chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá ann cheana agus ag cur béim ar an bhfíoras go dtéann an easpa comhair atá acu faoi láthair i gcoinne dhualgais an chomhair dhílis (Airteagal 13 CAE) agus an chuspóra shonraigh, agus na n-oibleagáidí gaolmhara atá ar na Ballstáit, maidir le cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais (Airteagal 325 CFAE);

92. á chreidiúint gur bacainní ar chosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais iad reachtaíocht mhíchothrom agus ilroinnte, sásraí rialaithe, digitiú sonraí agus córais tuairiscithe ar fud na mBallstát, rud a chuireann bac ar inchomparáideacht agus a choisceann meastóireacht agus mapáil scála, cineál agus cúiseanna na calaoise in AE; á chur i bhfáth, go háirithe, go bhfágann cur chun feidhme éagsúil Threoir PIF, in éineacht leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán OIPE, nach féidir le OIPE a inniúlacht a fheidhmiú i roinnt Ballstát (mar shampla, maidir le smuigleáil agus cásanna ina bhforluíonn cistiú náisiúnta agus cistiú AE), rud a chruthaíonn lúba ar lár san ailtireacht frithchalaoise;

93. á chur i bhfáth go bhfuil gá le trédhearcacht iomlán maidir le cuntas a thabhairt ar na haistrithe agus na hiasachtaí dá bhforáiltear faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ionas gur féidir le OIPE agus/nó OLAF aon chalaois a d’fhéadfadh a bheith ann do leasanna airgeadais AE a shaothrú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ag an bParlaimint ar an bhfaisnéis ábhartha uile;

94. á thabhairt faoi deara gur réamhchoinníoll é trasuí Threoir CLA chun cur ar chumas OIPE agus a comhpháirtithe imscrúduithe agus ionchúisimh a dhéanamh go héifeachtach; á chur in iúl gur geal léi an chéad tuarascáil ón gCoimisiún maidir le trasuí na Treorach, a foilsíodh an 6 Meán Fómhair 2021; á thabhairt dá haire, ó shin i leith, agus in ainneoin thrasuí na Treorach ag na Ballstáit uile, go bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún le nósanna imeachta um shárú i gcoinne 17 mBallstát toisc nach ndearna siad Treoir PIF a thrasuí i gceart ([21]);

95. á mheabhrú gur tionscnaíodh 18 nós imeachta um shárú toisc thrasuí mícheart Threoir (AE) 2018/843 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí ([22]); á chur i bhfios gurb é an 17 Nollaig 2021 an spriocdháta chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasuí agus nach ndearna ach cúig Bhallstát í a thrasuí faoin dáta sin, cé gur ghlac ceithre Bhallstát eile reachtaíocht shonrach in 2022; á mholadh don Choimisiún gach céim bhreise is gá a dhéanamh chun comhlíontacht éifeachtach na mBallstát a áirithiú;

96. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún le nósanna imeachta um shárú i gcoinne 15 Bhallstát toisc nár thrasuigh siad an Treoir maidir le Sceithirí;

([21]) Faoi dheireadh 2021, bhí 13 as na 14 nós imeachta a seoladh in 2019 dúnta. Sa tseiceáil comhréireachta ina dhiaidh sin, rinne seirbhísí an Choimisiúin measúnú ar chomhoiriúnacht na mbeart náisiúnta trasuite sin ar tugadh fógra ina leith le forálacha agus oibleagáidí na Treorach. I mí na Nollag 2021, thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú maidir le trasuí mícheart i gcoinne ocht mBallstát eile.

([22]) Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE, IO L 156, 19.6.2018, lch. 43.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

97. á mheabhrú go bhfuil comhrac éifeachtach i gcoinne sciúradh airgid bunriachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun aisghabháil iomlán cistí a áirithiú;

98. á chur in iúl gur cúis bhuartha di easpa gníomhaíochta foriomláine go leor Ballstát, rud a chuireann cosc ar chothrom iomaíochta níos aonfhoirmí a chruthú sa chomhthéacs frithchalaoise;

99. á chur in iúl gurb eol di gur tháinig Clár Frithchalaoise an Aontais (UAFP), comharba Hercule III ([23]), i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021; á thabhairt faoi deara go ndéanann UAFP nua na hacmhainní lena maoinítear clár Hercule III, an Córas Faisnéise Frithchalaoise agus an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí a athdhearadh agus a chumasc chun comhordú agus sineirgí a fheabhsú; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról ceannasach ag OLAF ina chur chun feidhme;

100. á mheabhrú go bhfuil seirbhísí comhordúcháin frithchalaoise (AFCOS) ina gceanglas i ngach Ballstát agus gur cheart leo go ndéanfaí comhar éifeachtach agus comhroinnt faisnéise le OLAF a éascú; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach gcuireann na Ballstáit uile de chúram éifeachtach ar a seirbhís comhordúcháin frithchalaoise comhordú a dhéanamh ar an gcomhrac i gcoinne na calaoise agus an éillithe a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais; á áitiú gur féidir comhordú éifeachtach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a bhaint amach trí straitéis náisiúnta frithchalaoise (NAFS) a ghlacadh lena sanntar cúraimí agus lena sainítear próisis agus freagrachtaí go soiléir;

101. á chur in iúl gur mór aici go bhfuil méadú seasta tagtha ar líon na straitéisí a glacadh mar thoradh ar mholadh an Choimisiúin do na Ballstáit NAFS a ghlacadh; ag tabhairt dá haire go raibh NAFS glactha nó nuashonraithe ag 17 mBallstát faoi dheireadh 2021, (suas ó 10 in 2019 agus 14 in 2020); á thabhairt faoi deara gur thuairiscigh ceithre cinn de na 10 mBallstát nár ghlac NAFS fós go raibh straitéis á dréachtú acu, nó go raibh siad gar do straitéis a ghlacadh; á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin na bhfeabhsuithe i gcomparáid le 2020, go bhfuil sé Bhallstát fós i bhfad ó NAFS a ghlacadh;

102. á áitiú, fiú sna Ballstáit inar glacadh na straitéisí sin cheana, go bhfuil gá le hathbhreithniú chun an tírdhreach nua frithchalaoise a léiriú, lena n-áirítear dúshláin nua, chomh maith le forbairtí i gcórais; á chur i bhfáth go bhfuil OIPE oibríochtúil ó mhí an Mheithimh 2021 agus gur glacadh Rialachán RRF i mí Feabhra 2021, agus go bhfuil deis ann rioscaí suntasacha nua a léiriú, amhail na rioscaí sin a bhaineann le paindéim COVID-19 agus le cur chun feidhme RRPanna;

103. ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún i dTuarascáil PIF 2021 go ndéanfadh na Ballstáit NAFS a ghlacadh nó a athbhreithniú chun rioscaí a bhaineann le RRF a chur san áireamh; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil glacadh NAFSanna ag na Ballstáit le tacaíocht a fháil freisin ó sheirbhísí an Choimisiúin faoi phointe 37 de Phlean Gníomhaíochta um Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin ([24]); á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar OLAF machnamh a dhéanamh ar thacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do na Ballstáit ar bhealach níos struchtúrtha, agus cur chuige leathan á ghlacadh, agus chuige sin, treoirlínte AFCOS a ceapadh ar dtús in 2015 a thabhairt cothrom le dáta, ar treoirlínte iad nach bhfuil leormhaith a thuilleadh chun cabhrú go héifeachtach leis na húdaráis náisiúnta seirbhís chomhordaithe dhea-struchtúrtha a fhorbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, míniú mionsonraithe ar an obair atá ar siúl i ndáil leis sin a thíolacadh don údarás um urscaoileadh;

104. á chur in iúl gurb eol di gur chuir an Coimisiún moltaí spriocdhírithe faoi bhráid na mBallstát sa Tuarascáil uaidh in 2020 maidir le PIF agus é mar aidhm leo comhar a fheabhsú agus creataí rialaithe inmheánaigh a neartú; ag tabhairt dá haire gur tarraingíodh aird ar mheasúnú riosca agus ar bhainistiú riosca, ar bhailiú agus anailís sonraí maidir le neamhrialtachtaí agus calaois agus ar úsáid córas comhtháite agus idir-inoibritheach faisnéise agus faireacháin chun RRF agus gníomhaíochtaí maoinithe bhuiséad an Aontais a chur chun feidhme; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil na moltaí sin curtha chun feidhme ag na Ballstáit uile, agus á thabhairt dá haire gur dhiúltaigh cuid acu go córasach é sin a dhéanamh; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a ghníomhaíochtaí faireacháin do na Ballstáit sin nach ndearna moltaí PIF a chur chun feidhme;

---

([23]) Rialachán (AE) 2021/785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 250/2014 (IO L 172, 17.5.2021, lch. 110).

([24]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 20 Meán Fómhair 2021 dar teideal “Commission Anti-Fraud Strategy (CAFS) Action Plan – State of Play June 2021” [Plean Gníomhaíochta Straitéis Frith-Chalaoise an Choimisiúin (CAFS) – Staid na hImeartha i mí an Mheithimh 2021] (SWD(2021)0262).

105. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an Rialachán Coinníollachta; á athdhearbhú gur tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021; á chur in iúl gur geal léi breithiúnais CBAE an 16 Feabhra 2022 maidir leis na caingne a thionscain dhá Bhallstát in aghaidh an tsásra coinníollachta agus na conclúidí uaidh lena ndearbhaítear go bhfuil inniúlachtaí ag an Aontas maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit agus go bhfuil an sásra coinníollachta maidir leis an smacht reachta i gcomhréir le dlí an Aontais

106. á mheabhrú gur forais iad comhar nó neamh-chomhoibriú neamhéifeachtach nó míthráthúil na mBallstát le OIPE agus OLAF le gníomhaíocht faoin Rialachán Coinníollachta; á iarraidh ar OIPE agus ar OLAF, dá bhrí sin, gach cás a thuairisciú inar mhainnigh na Ballstáit a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le faisnéis a thabhairt, cúnamh a thabhairt, gníomhaíocht iomchuí agus bearta réamhchúraim a dhéanamh agus chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí agus thráthúil ar thuarascálacha agus ar mholtaí;

107. á chur i bhfios gur ionstraim bhuan é an Rialachán maidir le Coinníollacht a bhfuil feidhm aige lasmuigh de theorainneacha CAI ar leith agus atá infheidhme ar bhonn uilechoiteann mar réamhriachtanas chun rochtain a fháil ar chistí uile an Aontais;

108. á mheabhrú gur réamhriachtanais iad comhlíonadh an smachta reachta agus Airteagal CAE chun rochtain a fháil ar chistí, go bhfuil an sásra coinníollachta maidir leis an smacht reachta infheidhme go hiomlán maidir le hacmhainní RRF mar a shonraítear go sainráite in Airteagal 8 de Rialachán RRF, agus nach bhféadfar aon bhearta a mhaoiniú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá contrártha le luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE;

109. á mheas gur leor an Rialachán Coinníollachta agus go bhfuil sé in ann cúlú daonlathach a chosc nó a leigheas, ach amháin má úsáidtear é ar bhealach tráthúil, le coinníollacha dochta agus soiléire agus, ina dhiaidh sin, go ndéantar dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme na mbeart feabhais náisiúnta;

110. á chur in iúl gur oth léi go mór gur thíolaic an Coimisiún, faoin sásra coinníollachta maidir leis an smacht reachta, an Ungáir, mar bhearta feabhais, le sraith 17 gcoinníoll nach leor iad chun na sáruithe tromchúiseacha ar an smacht reachta a cheartú; á chur in iúl gur oth léi nár iarr an Coimisiún athruithe agus coimircí níos substaintiúla chun neamhspleáchas na mbreithiúna a athbhunú, chun leibhéal an éillithe a laghdú agus chun cosaint leormhaith leasanna airgeadais AE a ráthú;

111. á áitiú gur réamhriachtanas é comhlíonadh phrionsabail an smachta reachta ag na Ballstáit chun bainistiú fónta airgeadais a dhéanamh, go ginearálta, agus chun acmhainní an Aontais a bhainistiú go héifeachtúil agus go héifeachtach, go háirithe; á mheas, dá bhrí sin, gur baol tromchúiseach do leasanna airgeadais an Aontais iad sáruithe ar na prionsabail sin; á chur in iúl gur geal léi breithiúnais CBAE ([25]) a thug chun suntais le déanaí an gaol soiléir idir urraim do phrionsabail an smachta reachta agus cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais; á athdhearbhú gur trí struchtúr frithchalaoise an Aontais a neartú, agus ar na gcaoi sin amháin, is féidir leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach agus go héifeachtúil trí theorainneacha bunúsacha na gcóras náisiúnta a shárú, ar bac iad nuair atáthar ag déileáil le coireacht airgeadais, ar cineál mí-iompair é atá ag éirí níos trasnáisiúnta de réir a chéile; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach féidir ach le hathbhreithniú breithiúnach éifeachtach comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú mar a thug CBAE ar aird, eadhon "nach féidir caiteachas a ráthú go hiomlán in éagmais athbhreithniú breithiúnach éifeachtach atá ceaptha chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú; tá an t-athbhreithniú sin, sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais araon, ag cúirteanna agus binsí neamhspleácha, ríthábhachtach don smacht reachta" ([26]);

112. á thabhairt chun suntais go mbíonn éifeachtaí díobhálacha ag an éilliú ar chearta na saoránach; ag athdhearbhú a mholta arís gur cheart do AE a bheith ina chomhalta den Ghrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO), ós rud é nach bhfuil aon bhacainní dlíthiúla ar a bhallraíocht iomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le GRECO chun a bhallraíocht a leagan síos; á iarraidh ar an gComhairle seasamh soiléir a ghlacadh maidir le ballraíocht a ghlacadh in GRECO, lena soiléireofar an bhfuil aon chur i gcoinne ar leith ann agus, más amhlaidh go bhfuil, cén Ballstát nó cé na Ballstáit ónar tháinig sé;

([25]) Breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-156/21, ECLI: AE:C:2022:97 agus breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-157/21, ECLI: AE:C:2022:98.

([26]) Breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-156/21, ECLI: AE:C:2022:97, mír 132

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

113. á mheabhrú, chun leasanna airgeadais AE a chosaint go héifeachtach, gur cheart rialacha níos comhleanúnaí agus níos córasaí maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleachtaí leasa, brústocaireacht neamhdhleathach agus doirse imrothlacha a chur i bhfeidhm; á thabhairt chun suntais gur gá Clár Trédhearcachta an Aontais a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún a shásraí rialaithe inmheánacha a neartú, lena n-áirítear trí shásra inmheánach éillithe a bhunú d'institiúidí AE;

***An ghné sheachtrach de chosaint leasanna airgeadais an Aontais***

114. ag tabhairt dá haire gur cheart aird níos mó a thabhairt ar rialú cistí le haghaidh cúnaimh i dtíortha nach bhfuil san Aontas faoin Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (NDICI-an Eoraip Dhomhanda); ag tabhairt faoi deara go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis sin i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus fhreagairt an Aontais ar an gcogadh san Úcráin; á mheabhrú go ndéanann AE thart ar 10 % dá bhuiséad a thiomnú do ghníomhaíocht sheachtrach;

115. á iarraidh ar an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh ar an gcóras tuairiscithe calaoise do chistí a chaitear i dtíortha nach bhfuil in AE; ag tabhairt dá haire gur cheart go gcuirfí san áireamh sa chóras nua saincheisteanna sonracha atá os comhair AE agus airgead á chaitheamh aige lasmuigh de chríoch AE;

116. ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil CIE maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais do 2021 go ndearna earráidí difear do 32 (48 %) i gcás NDICI-an Eoraip Dhomhanda (faoi bhuiséad ginearálta an Aontais), as na 67 n-idirbheart a scrúdaíodh, agus in ainneoin an tsamplamhéid theoranta, go ndeimhníonn torthaí na hiniúchóireachta go bhfuil an riosca earráide sa cheannteideal seo den CAI ard, agus gur sainaithníodh 24 cinn de na hearráidí sin mar earráidí a bhfuil tionchar acu ar bhuiséad AE ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurb iad na catagóirí earráide is coitianta don "Chomharsanacht agus an domhan" (ceannteideal 6) caiteachas nár tabhaíodh, costais neamh-incháilithe, easpa doiciméad tacaíochta agus earráidí sa soláthar poiblí;

117. á mholadh go gcuirfí tacaíocht bhuiséadach ar fionraí i dtíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí i gcás inar follasach go mainníonn na húdaráis go soiléir fíorghníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne éilliú forleathan, agus a áirithiú san am céanna go dtugtar an cúnamh don phobal sibhialta trí bhealaí malartacha; á iarraidh go dtabharfaí tosaíocht níos mó don chomhrac i gcoinne an éillithe i gcaibidlíochtaí réamhaontachais le béim ar fhothú acmhainneachta, amhail trí chomhlachtaí speisialaithe frith-éillithe; á iarraidh ar an gCoimisiún comharthaí soiléire a thabhairt do na tíortha is iarrthóirí go bhfuil frithfhreagairt i gcoinne caighdeáin maidir leis an smacht reachta ag cur a n-aontachais leis an Aontas i mbaol nó ag cur moill leis; á chur in iúl gur oth léi gurb amhlaidh, de réir Thuarascáil Speisialta Uimh. 01/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, gur bheag an tionchar ar athchóirithe bunúsacha a bhí ag an tacaíocht airgeadais dar luach EUR 700 milliún a sholáthair an tAontas idir 2014 agus 2020 chun feabhas a chur ar an smacht reachta sna Balcáin Thiar;

118. á thabhairt chun suntais go bhfuil comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta ríthábhachtach chun cistí AE a chaitear lasmuigh den Eoraip agus taobh an ioncaim de bhuiséad AE a chosaint; á chur in iúl gur geal léi na socruithe comhair riaracháin a shínigh OLAF in 2021 le dhá údarás comhpháirtíochta idirnáisiúnta, le hOifig an Ionchúisitheora Ghinearálta san Úcráin agus le EDC; á chur in iúl gur geal léi gur eagraigh OLAF imeachtaí ar líne in 2021 chun teagmhálacha oibríochtúla nua a bhunú le húdaráis imscrúdaitheacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus tuairisciú calaoise agus neamhrialtachtaí a spreagadh trí thoscaireachtaí AE ar fud an domhain;

o

o o

119. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

P9_TA(2023)0019

# Staid an iascaigh ar mhionscála san Aontas agus peirspictíochtaí a bheidh ann amach anseo

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 ar staid an iascaigh ar mionscála san Aontas agus léargas ar an todhchaí (2021/2056(INI))**

(2023/C 214/14)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do pháipéar eacnamaíoch muirí Uimh. 08/2020 ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 dar teideal *The EU fishing fleet 2020: Trends and economic results* [Cabhlach iascaireachta AE 2020: Treochtaí agus torthaí eacnamaíocha] ([1]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2020 dar teideal *Towards more sustainable fishing in the EU: state of play and orientations for 2021* [I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2021] (COM(2020)0248),

— ag féachaint d'Airteagail 38 go 44 agus Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint d'aithris 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle ([2]) ("an Rialachán maidir le CBI"), ina luaitear gur cheart don Chomhbheartas Iascaigh (CBI) cur leis "an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta san fhadtéarma" agus le "caighdeán cóir maireachtála don earnáil iascaigh, lena n-áirítear iascaireacht ar mhionscála", agus d'aithris (33) de, ina luaitear gur cheart "rochtain ar iascach a bheith bunaithe ar chritéir thrédhearcacha, oibiachtúla lena n-áirítear critéir maidir leis an gcomhshaol agus de chineál sóisialta agus eacnamaíoch" agus gur cheart "do na Ballstáit iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn trí dhreasachtaí a chur ar fáil do na hoibreoirí sin a iascann ar an mbealach is lú a ndéantar díobháil don chomhshaol leis agus a chuireann na tairbhí is fearr ar fáil don tsochaí",

— ag féachaint d'Airteagal 17 den Rialachán maidir le CBI ina luaitear, agus deiseanna iascaireachta á gcionroinnt, go mbainfidh na Ballstáit leas as "critéir trédhearcacha, oibiachtúla lena n-áirítear critéir maidir leis an gcomhshaol agus de chineál sóisialta agus eacnamaíoch",

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle ([3]) ("an Rialachán maidir le CEM"),

— ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat don phleanáil spásúil mhuirí ([4]),

— ag féachaint do na leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 11 Márta 2021 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an rialú ar iascach ([5]),

([1]) Páipéar eacnamaíoch muirí Uimh. 08/2020, "The EU fishing fleet 2020: Trends and economic results", an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, 9 Márta 2021.
([2]) IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
([3]) IO L 354, 28.12.2013, lch. 1.
([4]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 135.
([5]) IO C 474, 24.11.2021, lch. 218.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ([6]) ("Rialachán CEMID"),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) ("Rialachán CEMI"),

— ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc" le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ([8]),

— ag féachaint do *thuarascáil an 20 Lúnasa 2019 ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) sa Choimisiún dar teideal The 2019 Annual Economic Report on the EU Fishing Fleet [Tuarascáil Bhliantúil Eacnamaíoch ar Chabhlach Iascaireachta AE] (STECF 19-06)'* ([9]),

— ag féachaint do thuarascáil ó STECF an 26 Meán Fómhair 2019 dar teideal *Social data in the EU fisheries sector* [Sonraí sóisialta in earnáil iascaigh AE] (STECF 19-03) ([10]),

— ag féachaint do thuarascáil ó STECF an 8 Nollaig 2021 dar teideal *The 2021 Annual Economic Report on the EU Fishing Fleet* [Tuarascáil Bhliantúil Eacnamaíoch ar Chabhlach Iascaireachta AE] (STECF 21-08) ([11]),

— ag féachaint do thuarascáil ó STECF an 10 Nollaig 2020 dar teideal *Social dimension of the CFP* [An ghné shóisialta de CBI] ([12]),

— ag féachaint do na conclúidí ó Chomhdháil Réigiúnach Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) na Náisiún Aontaithe dar teideal *Building a future for sustainable small-scale fisheries in the Mediterranean and Black Sea* [Todhchaí a fhorbairt don iascach inbhuanaithe ar mionscála sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh], a tionóladh in Algiers ón 7 go dtí an 9 Márta 2016,

— ag féachaint do sprioc 14.b de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, ina n-iarrtar go mbeadh rochtain ag iascairí mionscála ar acmhainní muirí agus ar mhargaí,

— ag féachaint do Threoirlínte Deonacha FAO maidir leis an Iascach Inbhuanaithe ar Mionscála a Chinntiú i gComhthéacs na Slándála Bia agus Dhíothú na Bochtaineachta,

— ag féachaint don tuarascáil ó FAO dar teideal *The State of World Fisheries and Aquaculture 2020: Sustainability in action* [Staid an Iascaigh agus an Dobharshaothraithe ar Domhan in 2020: Inbhuanaitheacht faoi lán seoil],

— ag féachaint do Bhliain Idirnáisiúnta an Iascaigh agus an Dobharshaothraithe Mionscála a d'fhógair na Náisiúin Aontaithe le haghaidh 2022,

---

([6]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 1.
([7]) IO L 149, 20.5.2014, lch. 1.
([8]) IO C 184, 5.5.2022, lch. 2.
([9]) "The 2019 Annual Economic Report on the EU Fishing Fleet (STECF 19-06)", an Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, 20 Lúnasa 2019: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/ca63ab82-c3bf-11e9-9d01-01aa75ed71a1
([10]) "Social data in the EU fisheries sector", an Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, 26 Meán Fómhair 2019: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/fd0f6774-e0dd-11e9-9c4e-01aa75ed71a1
([11]) "The 2021 Annual Economic Report on the EU Fishing Fleet (STECF 21-08)", an Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, 8 Nollaig 2021: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/77fb8e7b-58a7-11ec-91ac-01aa75ed71a1/
([12]) "Social dimension of the CFP (STECF 20-14)", an Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, 10 Nollaig 2020: https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2672864/STECF+20-14+-+Social%20+dimension+CFP.pdf/a68c6c42-6b64-41fc-b5a0-b724c71aa78e

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

— ag féachaint don seachtú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil (CGC) agus do na coincheapa atá cumhdaithe ann, amhail teorainneacha pláinéadacha agus teorainneacha éiceolaíocha,

— ag féachaint don fhoilseachán dar teideal *Small-Scale Fisheries in Europe: Status, Resilience and Governance* [An tIascach ar Mionscála san Eoraip: Stádas, Teacht Aniar agus Rialachas] ([13]),

— ag féachaint do dhearbhú aireachta agus treochlár MedFish4Ever ([14]),

— ag féachaint do thuarascáil 2020 ar chur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI) ([15]),

— ag féachaint do dhearbhú aireachta 2018 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach le haghaidh an Iascaigh ar Mionscála sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh,

— ag féachaint do staidéar 2018 ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) dar teideal *Relative Effects of Fisheries Support Policies* [Éifeachtaí coibhneasta na mBeartas Tacaíochta Iascaigh] ([16]),

— ag féachaint don alt eolaíoch dar teideal *Small-scale fisheries access to fishing opportunities in the European Union: Is the Common Fisheries Policy the right step to SDG14b?* [Rochtain an iascaigh ar mionscála ar dheiseanna iascaireachta san Aontas Eorpach: An é an Comhbheartas Iascaigh an chéim cheart i dtreo SDG14b?] ([17]),

— ag féachaint don alt eolaíoch dar teideal *Defining Small-Scale Fisheries and Examining the Role of Science in Shaping Perceptions of Who and What Counts: A Systematic Review* [An tIascach ar Mionscála a Shainiú agus Scrúdú a Dhéanamh ar Ról na hEolaíochta i dtaca le Braistintí a Mhúnlú faoi Cé agus Cad atá Tábhachtach: Athbhreithniú Córasach] ([18]),

— ag féachaint don staidéar a rinneadh in 2017 thar ceann an Choiste um Iascach dar teideal *Small-scale Fisheries and "Blue Growth" in the EU* [An tIascach ar Mionscála agus "Fás Gorm" in AE], ([19]),

— ag féachaint don staidéar a rinneadh in 2021 thar ceann an Choiste um Iascach dar teideal *Workshop on electronic technologies for fisheries – Part III: Systems adapted for small-scale vessels* [Ceardlann ar theicneolaíochtaí leictreonacha don iascach – Cuid III: Córais atá curtha in oiriúint do shoithí mionscála] ([20]),

— ag féachaint don staidéar a rinneadh thar ceann an Choiste um Iascach i mí Iúil 2021 dar teideal *Impacts of the COVID-19 pandemic on EU fisheries and aquaculture* [Tionchar phaindéim COVID-19 ar iascach agus dobharshaothrú AE] ([21]),

---

([13]) Pascual-Fernández, J.J., Pita, C. agus Bavinck, M. (eds), *Small-Scale Fisheries in Europe: Status, Resilience and Governance, MARE Publication Series*, Imleabhar 23, Springer, Cham, an Eilvéis, 2020.

([14]) https://www.actu-environnement.com/media/pdf/news-28756-declaration-malte-surpeche-mediterranee.pdf

([15]) Tuarascáil 2020 ar chur chun feidhme CEMI, an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, an tAonad Tacaíochta um Fhaireachán agus Meastóireacht ar an Iascach agus ar an Dobharshaothrú, Meán Fómhair 2021: https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/system/files/2021-09/emff-implementation-report-2020_en.pdf

([16]) Martini, R. agus Innes, J.,"Relative Effects of Fisheries Support Policies", OECD Food, Agriculture and Fisheries Papers, Uimh. 115, OECD Publishing, Páras, 2018: https://www.oecd-ilibrary.org/agriculture-and-food/relative-effects-of-fisheries-support-policies_bd9b0dc3-en

([17]) Said, A. et al., "Small-scale fisheries access to fishing opportunities in the European Union: Is the Common Fisheries Policy the right step to SDG14b?", *Marine Policy*, Imleabhar 118, 2020: https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0308597X20302475

([18]) Smith, H. agus Basurto, X., "Defining Small-Scale Fisheries and Examining the Role of Science in Shaping Perceptions of Who and What Counts: A Systematic Review", *Frontiers in Marine Science*, Imleabhar 6, 2019: https://www.frontiersin.org/articles/10.3389/fmars.2019.00236/full

([19]) Staidéar – "Small-scale Fisheries and 'Blue Growth' in the EU", Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 18 Márta 2017: https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2017/573450/IPOL_STU(2017)573450_EN.pdf

([20]) Staidéar – "Workshop on electronic technologies for fisheries – Part III: Systems adapted for small-scale vessels", Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 30 Iúil 2021: https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2021/690863/IPOL_STU(2021)690863_EN.pdf

([21]) Staidéar – "Impacts of the COVID-19 pandemic on EU fisheries and aquaculture", Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 7 Iúil 2021: https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2021/690880/IPOL_STU(2021)690880_EN.pdf

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

— ag féachaint do rún uaithi an 22 Samhain 2012 maidir le hiascaireacht chósta ar mionscála, iascaireacht ar mionscála agus athchóiriú an chomhbheartais iascaigh ([22]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Aibreán 2016 maidir leis an nuálaíocht san iascaireacht chósta ar mionscála i réigiúin atá ag brath ar an iascach agus éagsúlú na hiascaireachta sin ([23]),

— ag féachaint do rún uaithi an 4 Iúil 2017 maidir leis an ról atá ag an turasóireacht a bhaineann leis an iascach in éagsúlú an iascaigh ([24]),

— ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2021 i dtreo comhpháirtíocht níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas ([25]),

— ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le hIascairí amach anseo: Glúin nua lucht saothair a mhealladh i dtreo na hiascaireachta agus fostaíocht a chruthú i measc pobal cósta ([26]),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0291/2022),

A. de bhrí gurb é an sainmhíniú a thugtar i Rialachán CEMID ar "iascaireacht chósta ar mionscála" ná gníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh ag soithí iascaireachta muirí agus intíre ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe agus ag iascairí de chois freisin, lena n-áirítear bailitheoirí sliogéisc, agus de bhrí gurb é sin an t-aon sainmhíniú ar iascaireacht chósta atá i reachtaíocht AE;

B. de bhrí nach bhfuil cineálacha áirithe soithí, amhail iad siúd a úsáideann trealamh traidisúnta, san áireamh sa sainmhíniú atá ann faoi láthair ar iascaireacht ar mionscála atá i Rialachán CEMI agus i Rialachán CEMID, rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí acu dá réir sin cistiú a fháil ó AE; de bhrí gur annamh a bhíonn an iascaireacht ar mionscála le feiceáil agus le fáil i staitisticí AE dá dheasca sin, toisc nach n-áirítear na soithí sin i measc na soithí a bhaineann leis an earnáil;

C. de bhrí go bhfuil cineálacha eile cur chuige níos scaoilte ann atá i leith an tsainmhínithe ar iascaireacht ar mionscála agus chósta, amhail i dTreoirlínte Deonacha FAO maidir leis an Iascach Inbhuanaithe ar Mionscála a Chinntiú i gComhthéacs na Slándála Bia agus Dhíothú na Bochtaineachta nó sa phlé atá ar siúl faoi láthair ag an meitheal um iascaireacht ar mionscála sa Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir;

D. de bhrí, i bhformhór na mBallstát, go dtéann saintréithe na hiascaireachta ar mionscála níos faide ná sainmhíniú an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), ós rud é go gcuireann rialtais raon critéar breise i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir leis an trealamh a cheadaítear, uasfhad an tsoithigh, cumhacht an innill, uastréimhse na dturas iascaireachta, an t-achar ón gcalafort ar féidir le soithí oibriú ann, an limistéar oibríochta, an t-uasmhéid ama taistil atá ceadaithe agus úinéireacht an tsoithigh;

E. de bhrí nach sainmhínítear go cuí sa chomhbheartas iascaigh (CBI) atá ann faoi láthair coincheap na hiascaireachta ar mionscála nó cósta, agus gur ar fhad an tsoithigh amháin atá sé bunaithe, agus go dtugtar sainmhínithe eile atá níos iomchuí agus níos cothroime le dáta ar an gcineál sin iascaireachta i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta; de bhrí gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na sainmhínithe Eorpacha ar an iascaireacht ar mionscála agus an iascaireacht chósta;

F. de bhrí, in 2019, go raibh cabhlach 42 838 soitheach in earnáil an iascaigh ar mionscála in AE-28 – arbh ionann an líon sin agus díreach 7,5 % den olltonnáiste agus 5,4 % den mheáchan tuirlingthe ar fud na mBallstát ar an iomlán – agus go raibh 62 650 iascaire fostaithe inti, arbh ionann an méid sin agus 75 % de na longa iascaireachta gníomhacha agus 48 % den chriú; de bhrí gurbh ionann an cabhlach mórscála agus 19 % de na soithí iomlána agus 67 % den olltonnáiste, ina raibh 46 % de na hiascairí go léir fostaithe agus arbh ionann é agus 81 % den mheáchan tuirlingthe a cláraíodh sna Ballstáit; de bhrí nach raibh ach 259 soitheach cláraithe sa chabhlach cianuisce, arbh ionann iad agus níos lú ná 1 % de líon iomlán na soithí ach 19 % den olltonnáiste agus 14 % den mheáchan tuirlingthe iomlán a cláraíodh sna Ballstáit;

---

([22]) IO C 419, 16.12.2015, lch. 167.
([23]) IO C 58, 15.2.2018, lch. 82.
([24]) IO C 334, 19.9.2018, lch. 20.
([25]) IO C 117, 11.3.2022, lch. 18.
([26]) IO C 117, 11.3.2022, lch. 67.

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

G. de bhrí, sa bhreis ar acmhainní an-teoranta a bheith á gcur ar fáil chun tacú le soithí faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) (EUR 500 milliún) agus ar ráta cur chun feidhme atá íseal i gcoitinne, gurb í an iascaireacht ar mionscála, in ainneoin a méide agus na tábhachta atá léi, an earnáil a fhaigheann an tacaíocht is lú agus gurb í a fhaigheann an sciar is lú de chistí: is ionann í agus 38 % de líon iomlán na n-oibríochtaí atá nasctha le soithí, ach ní fhaigheann sí ach 25 % den chaiteachas iomlán ar shoithí faoi CEMI;

H. de bhrí gur tháinig laghdú eile ar chabhlach na hEorpa le blianta beaga anuas agus, in 2020, gur tháinig laghdú 17 % ar luach an éisc a gabhadh, laghdú 19 % ar líon na ndaoine a bhí fostaithe agus laghdú 29 % ar an mbrabús a rinneadh i gcomparáid le 2019 ([27]);

I. de bhrí gurb é an cabhlach iascaireachta ar mionscála an cabhlach a bhfuil na hacmhainní airgeadais is teoranta aige;

J. de bhrí, maidir leis an iascaireacht ar mionscála, go bhfuil tionchar íseal aici ar an gcomhshaol; go bhfuil éagsúlacht ag baint léi go séasúrach i dtaca leis na speicis, na meánna agus an trealamh; gur ar mionscála atá a cuid oibríochtaí táirgthe; go bhfuil meas aici ar na timthriallta bitheolaíocha agus imirce atá ag speicis éagsúla de bharr na hilghnéitheachta a bhaineann léi agus de bharr go mbaineann sí úsáid an-chúramach as trealamh; go ndéantar leibhéal íseal speiceas a fhoghabháil agus a aischur; agus go bhfuil sé de chumas aici níos mó ioncaim a ghiniúint in aghaidh an euro a infheistítear mar aon le gabhálacha níos mó in aghaidh an lítir breosla a ídítear agus luach socheacnamaíoch níos mó in aghaidh an chileagraim d'éisc a ghabhtar;

K. de bhrí gur gá aird chuí a thabhairt ar na difríochtaí suntasacha atá idir cabhlaigh, ranna cabhlaigh, tionchar comhshaoil ranna éagsúla cabhlaigh, spriocspeicis, trealamh iascaireachta, táirgiúlacht agus roghanna caite éisc na mBallstát éagsúil, sa bhreis ar na saintréithe speisialta a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta a eascraíonn as a struchtúr sóisialta, cineálacha margaíochta agus neamhionannais struchtúracha agus nádúrtha idir na réigiúin éagsúla iascaireachta;

L. de bhrí gur gné ghinearálta é den chabhlach mionscála go bhfuil soithí an-sean agus teicneolaíocht neamhleor ann, rud a tharraingíonn aird ar an ngá atá le clár tacaíochta sonrach don iascaireacht ar mionscála agus le tacaíocht láidir airgeadais phoiblí do nuachóiriú agus forbairt na hearnála, nithe a mbeadh todhchaí na hearnála i mbaol dá n-uireasa;

M. de bhrí, i Rialachán CEMID, go leagtar oibleagáid ar na Ballstáit riachtanais shonracha na hiascaireachta cósta ar mionscála a chur san áireamh agus anailís á déanamh ar an staid ó thaobh láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí de dá dtagraítear sa Rialachán;

N. de bhrí, in 2019, go raibh 64,9 % de na soithí i gcabhlach iascaireachta AE-28 25 bliana d'aois nó níos sine ([28]) agus gurbh ionann meánaois an chabhlaigh agus 29,9 bliain ar an iomlán ([29]), nó 32,5 bliain i gcás an chabhlaigh iascaireachta mionscála, rud a thugann le fios go bhfuil cuid an-suntasach den chabhlach an-sean, rud a fhágann nach féidir na dálaí sábháilteachta agus oibríochtúla is fearr a ráthú agus, dá dheasca sin, go bhfuil méadú ar na rioscaí gaolmhara agus go bhfuil costas níos mó ag baint le hoibríochtaí;

O. de bhrí go bhfuil meánaois na n-iascairí mionscála níos airde ná mar atá i gcás cineálacha eile iascaireachta – tá 72 % de na hiascairí mionscála os cionn 40 bliain d'aois agus tá 11 % acu os cionn 65 bliana d'aois;

P. de bhrí go bhfágann cineál teoranta na staitisticí atá ann cheana go bhfuil sé deacair anailís chruinn a dhéanamh ar ról na mban san iascach; de bhrí, áfach, go léiríonn fianaise thurgnamhach go bhfuil ról suntasach ag mná san iascaireacht ar mionscála, agus go nglacann siad ról níos lárnaí inti i roinnt pobal, go bhfuil líon tábhachtach acu ag obair san iascaireacht sliogéisc agus go bhfuil ról ceannasach acu ar an talamh i dtaca le hoibríochtaí agus trealamh a ullmhú, agus i dtaca le héisc a dhíol agus a phróiseáil, go háirithe sa tionscal cannadóireachta;

Q. de bhrí, de réir na tuarascála ar ghné shóisialta na hiascaireachta in AE, gur mná iad 5,4 % de líon iomlán na ndaoine atá fostaithe san iascaireacht ar mionscála (níos mó ná a dhá oiread níos mó ná na figiúirí faoi seach san iascaireacht ar mórscála agus san iascaireacht chianuisce);

R. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag earnáil iascaireachta AE maidir le héisc a sholáthar don phobal agus cur leis na stoic bhia sna Ballstáit agus in AE ina iomláine;

---

([27]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2021 dar teideal *Towards more sustainable fishing in the EU: state of play and orientations for 2022* [I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2022] (COM(2021)0279),

([28]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/FISH_FLEET_ALT__custom_1479572/default/table?lang=en

([29]) https://ec.europa.eu/fisheries/facts_figures_en?qt-facts_and_figures=2

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

S. de bhrí nach mór a áirithiú go mbeidh lárú an bhainistithe iascaigh a mholtar in CBI comhoiriúnach leis an mbainistiú áitiúil, rud atá ríthábhachtach chun inmharthanacht shocheacnamaíoch na hearnála a áirithiú;

T. de bhrí go bhfuil an réigiúnú ar cheann de cholúin CBI agus go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcur chuige díláraithe in earnáil na hiascaireachta cósta ar mionscála, agus na difríochtaí in earnáil an iascaigh i measc na mBallstát aonair á gcur san áireamh;

U. de bhrí gur príomhuirlis é an comhbhainistiú chun rannpháirtíocht na n-iascairí mionscála sa phróiseas cinnteoireachta a áirithiú;

V. de bhrí, ar an ábhar sin, nach gcuirtear tacaíocht reachtach shoiléir agus dhifreáilte ar fáil faoi CBI don iascaireacht ar mionscála a d'fhéadfadh cabhrú lena hinmharthanacht shocheacnamaíoch; de bhrí go bhfuil ag teip ar na Ballstáit freisin bearta éifeachtacha a bhunú don chineál sin iascaireachta;

W. de bhrí, i roinnt mhaith réigiúin chósta san Eoraip, agus go háirithe sa Mheánmhuir, go bhfuil idir ghnéithe eacnamaíocha, ghnéithe sóisialta agus ghnéithe comhshaoil ag baint leis an iascaireacht ar mionscála agus bailiú sliogéisc, agus go rannchuidíonn na hearnálacha sin go mór leis an dea-bhail shocheacnamaíoch, leis an bhfostaíocht agus le cur chun cinn an chomhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta i réigiúin éagsúla chósta agus sna réigiúin is forimeallaí, réigiúin a mbíonn srianta struchtúracha orthu go minic agus a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu chun leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an éagsúlú eacnamaíoch;

X. de bhrí nár cheart, ar an ábhar sin, an t-ioncam ón iascach a mheas mar bhrabús amháin, ós rud é go rannchuidíonn sé freisin le modh maireachtála a bhuanú a bhfuil luach cultúrtha agus stairiúil ollmhór ag baint leis do roinnt mhaith pobail chósta agus, ag an am céanna, gur líontán sábhála sóisialta agus eacnamaíoch tábhachtach é; de bhrí, ar an gcaoi sin, gur réiteach é an t-iascach ar mionscála ar an méadú ar bhánú na gceantar cósta, ar an daonra atá ag dul in aois agus ar an dífhostaíocht atá ag dul i méid, nithe ar dúshláin mhóra iad go léir don chuid is mó de réigiúin chósta thíortha agus oileáin na hEorpa; de bhrí go bhfuil tionchar eisceachtúil agus éagsúil ag an iascach ar mionscála ar oidhreacht shóisialta agus chultúrtha na gceantar cósta;

Y. de bhrí gur féidir leis an iascach ar mionscála ról bunúsach a imirt maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, mar atá aitheanta go sainráite i sprioc 14.b; de bhrí gur féidir leis iascach ar mionscála rannchuidiú leis na riachtanais bheartais eile atá mar bhonn leis na SDGanna, amhail SDG 2 – "Díothú an Ocrais" agus sprioc 2.3 de, SDG 5 – "Comhionannas Inscne" agus spriocanna 5.a agus 5.b de, SDG 8 – "Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch" agus sprioc 8.5 de, agus SDG 13 — "Gníomhaíocht ar son na hAeráide" ina iomláine;

Z. de bhrí go bhfuil ról "chaomhnóirí na farraige" ag iascairí agus go rannchuidíonn an iascaireacht le soláthar bia ar mhórán próitéine le haghaidh aiste bia shláintiúil agus chothrom;

AA. de bhrí gur mar thoradh ar thosca daonna a tharlaíonn formhór mór na dtionóiscí agus na n-eachtraí ar shoithí iascaireachta (62,4 %) agus gur cliseadh córais/trealaimh an dara cúis is coitianta (23,2 % de chásanna);

AB. de bhrí, i mórán cásanna, go mbítear ag iascaireacht ar mionscála agus gan ach iascaire amháin ar bord;

AC. de bhrí nach féidir breathnú ar na fadhbanna sábháilteachta agus compoird a bhíonn ag cabhlach an iascaigh ar mionscála gan aird a thabhairt ar an iarracht iascaireachta agus an táirgeacht éisc; de bhrí, i ndáil leis sin, go bhfuil drochthionchar ag teorannú an olltonnáiste, mar chritéar chun an acmhainn iascaireachta a thomhas, ar shábháilteacht agus compord chabhlach an iascaigh ar mionscála, toisc gur beag spreagadh atá ann soithí nua a chur in ionad seansoithí agus soithí a nuachóiriú nó an spás atá ar fáil a mhéadú chun feabhas a chur ar chompord agus sábháilteacht an chriú agus ar tharraingteacht na hearnála ar deireadh thiar, go háirithe do dhaoine óga agus do mhná;

AD. de bhrí nach féidir breathnú ar na fadhbanna sábháilteachta sin gan aird a thabhairt ar shaintréithe chabhlach an iascaigh ar mionscála sna Ballstáit, amhail go bhféadfadh an cabhlach a bheith gan chosaint ar ardleibhéal riosca cheal sainchomhairle sábháilteachta don earnáil, gur go haonarach a dhéantar an obair go minic, na huaireanta fada oibre nó an baol go mbeadh duine sáinnithe sa trealamh; de bhrí go mbíonn dálaí éagsúla oibriúcháin ann i gcás an chabhlaigh; de bhrí go mbíonn cuid den chabhlach ag oibriú ó thránna agus ó chalafoirt ina mbíonn dálaí contúirteacha oibriúcháin go minic; de bhrí, i bhfianaise an mhéid sin, gur cheart machnamh a dhéanamh ar an gcumhacht tiomána a chur in oiriúint do shaintréithe agus dálaí oibriúcháin an chabhlaigh, gan cur leis an iarracht iascaireachta ná leis na rátaí gabhála, d'fhonn dálaí níos sábháilte a chinntiú don chabhlach agus é ag dul isteach sa chalafort agus ag imeacht uaidh;

AE. de bhrí gur cheart na gnéithe sin a bhaineann le méadú ar an gcumhacht innill ar chúiseanna sonracha sábháilteachta a mhaoiniú trí fhóirdheontais agus, faoi choinníollacha áirithe, gur cheart tacaíocht a thabhairt dóibh ó CEMID, ar choinníoll nach gcuirfear leis an iarracht iascaireachta ná leis an gcumas gabhála éisc mar thoradh orthu; de bhrí, ar na cúiseanna sin, gur cheart tacaíocht ó CEMID a bheith ar fáil freisin d'oibríochtaí dreidireachta calafoirt;

AF. de bhrí go bhfuil an iascaireacht ar mionscála ag brath i bhfad níos mó ar dhálaí farraige ná mar atá an iascaireacht ar mórscála, rud a fhágann, ag brath ar an gcineál soithigh agus trealaimh, nach mar a chéile a bhíonn na tréimhsí iascaireachta i gcónaí, rud a dhéanann difear do líon na laethanta oibre in aghaidh na bliana ar féidir seoltóireacht a dhéanamh;

AG. de bhrí go bhfuil an t-iascach ar mionscála inbhuanaithe ó thaobh bhainistiú bitheolaíoch na stoc éisc de agus i dtaca le hacmhainní agus an roghnaíocht, ar bhonn sóisialta agus eacnamaíoch freisin, agus cuireann na nithe sin ar fad le fréamhacha doimhne na hiascaireachta sin;

AH. de bhrí go n-áirítear ar na tosca a chuireann brú ar na stoic éisc, agus a dhéanann damáiste díreach agus indíreach don iascach, an truailliú, cailliúint na ngnáthóg, an trácht muirí agus an iomaíocht don spás, mar aon leis an athrú aeráide a fhágann go bhfuil ardú ag teacht ar theocht an uisce, go bhfuil na haigéin á n-aigéadú, go bhfuil athruithe ag teacht ar shruthanna farraige, nach bhfuil speicis i gcomhthráth le chéile níos mó agus go bhfuil speicis neamhdhúchasacha ag teacht;

AI. de bhrí gur gá acmhainní a mhéadú chun dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide agus na ngéarchéimeanna agus chun iad a mhaolú trí bhearta a ghlacadh chun an teacht aniar atá sna pobail chósta a neartú;

AJ. de bhrí go bhfuil an deis ag an iascaireacht ar mionscála cur leis an dícharbónú agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus, ar deireadh thiar, leis na hiarrachtaí atá ar bun an t-athrú aeráide a mhaolú;

AK. de bhrí go bhfuil an iascaireacht ar mionscála an-tábhachtach in AE, go háirithe i roinnt pobail iascaireachta, in éineacht leis an iascaireacht ar mórscála agus an iascaireacht chianuisce;

AL. de bhrí nach mór aghaidh a thabhairt go fóill ar go leor de na cúiseanna atá le cúrsaí socheacnamaíocha a bheith ag dul in olcas san earnáil, lena n-áirítear an gá atá le seasamh na n-iascairí sa slabhra soláthair a neartú;

AM. de bhrí, trí aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, do chomhlachais iascairí agus do chuallachtaí iascairí, go gcuirfí ar a gcumas rochtain a fháil ar chabhair airgeadais, agus go bhféadfadh cur chun cinn a gcuid rannpháirtíochta gníomhaí tríd an gcomhbhainistiú feabhas a chur ar an méid airgid a thuilltear san earnáil;

AN. de bhrí go mbíonn tionchar ag praghsanna luaineacha agus athruithe géara ar an margadh ar an méid airgid a thuilltear san iascach ar mionscála agus cósta, ar iascach é a gcuireann go leor tosca seachtracha isteach air, amhail paindéim COVID-19;

AO. de bhrí go bhfuil na córais éagsúla ioncaim agus pá in earnáil na hiascaireachta an-athraitheach agus ag brath go mór ar na deiseanna iascaireachta a bhaineann leis an bhfarraige, agus go bhfuil sé sin ar cheann de na tosca a fhágann nach bhfuil an earnáil chomh tarraingteach céanna don ghlúin óg;

AP. de bhrí gur minic a íoctar pá íseal le hiascairí agus nach mór dóibh dul i ngleic le dálaí oibre deacra – a bhíonn contúirteach go minic – i ngairm bheatha atá fós ar an gceann is contúirtí ar domhan, agus go bhfágann an méadú ar na costais a bhaineann le gnó iascaireachta a thosú, mar aon leis an méadú ar an gcomhchruinniú sa tionscal, nach bhfuil an earnáil chomh tarraingteach sin, go háirithe do dhaoine óga;

AQ. de bhrí gur minic a bhíonn forlámhas sna margaí ag líon beag táirgí seanbhunaithe agus nach dtugtar aird leordhóthanach i gcúrsaí margaíochta ar tháirgí de chuid an iascaigh ar mionscála a chuireann rogha mhalartach inbhuanaithe ar fáil ar speicis a ndéantar dúshaothrú orthu; de bhrí gur minic a chuirtear cosc ar thomhaltóirí faisnéis iomlán a fháil faoin táirge atá á cheannach acu nó faoin gcóras táirgthe agus faoin trealamh iascaireachta a úsáideadh;

AR. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an t-iascach ar mionscála brabúsach ar bhonn inbhuanaithe chun cur le tarraingteacht na hearnála;

AS. de bhrí gurb iad na soithí mionscála is mó a bhíonn thíos leis na dúshláin a bhaineann le leithdháileadh na gceadúnas iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe, i ngeall ar na deacrachtaí a bhíonn acu a stair iascaireachta a chruthú;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

AT. de bhrí gur minic nach leor an caipiteal ná an maoiniú a bhíonn ar fáil ag fiontair iascaigh ar mionscála agus go mbíonn rochtain an-teoranta acu ar uirlisí bunúsacha cuntasaíochta, ar chreidmheas, ar mhicreamhaoiniú agus ar árachas;

AU. de bhrí go bhfuil deacrachtaí eacnamaíocha i gcónaí ag earnáil an iascaigh ar mionscála agus go bhfuil laghdú mór tagtha ar a hioncam mar thoradh ar an méadú suntasach atá tagtha ar chostais oibriúcháin agus tosca géaraitheacha eile amhail an laghdú ar luach an éisc céad-díola agus an méadú atá ag teacht ar phraghsanna breosla; de bhrí go bhfuil an t-iascach ar mionscála ag brath níos mó ná riamh ar fhóirdheontais bhreosla mar gheall ar na tosca sin agus tosca eile agus gur minic a bhíonn ar iascairí an iarracht iascaireachta a mhéadú chun go mbeidh a ngníomhaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de;

AV. de bhrí go bhfuil tacaíocht shonrach do na réigiúin is forimeallaí san Aontas beartaithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i Rialachán CEMID agus go bhforáiltear don tacaíocht sin iontu freisin;

AW. de bhrí go raibh earnáil an iascaigh ar mionscála thíos le heaspa acmhainn eagrúcháin go traidisiúnta; de bhrí go n-áirítear ar na príomhthosca a chuireann teorainn le gníomhaíocht chomhchoiteann earnáil an iascaigh ar mionscála an líon mór gníomhaithe san earnáil sin agus iad a bheith scaipthe go geografach; cineál an ghnó, atá bunaithe den chuid is mó ar fhiontair bheaga teaghlaigh; an easpa foirne oilte atá dírithe ar an mbainistiú; agus an easpa tacaíochta airgeadais d'eagraíochtaí in earnáil an iascaigh ar mionscála chun páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta;

AX. de bhrí go ndearnadh faillí i gcoitinne ar an iascach ar mionscála in AE maidir leis an bhfaireachán agus an rialú a dhéanann eolaithe iascaigh agus bainisteoirí iascaigh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE; de bhrí gur cheart an faireachán agus an rialú ar an iascach ar mionscála a fheabhsú chun bunús a thabhairt leis an mbainistiú inbhuanaithe ar iascach AE agus chun cruthúnas ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a sholáthar nuair is gá;

AY. de bhrí go bhfuil gá le hinfheistíocht níos mó chun taighde atá cothrom le dáta a dhéanamh ar staid na n-acmhainní nádúrtha, na n-éiceachóras muirí agus na stoc éisc go sonrach, agus feabhas a chur ar an tuiscint orthu sin, chun a mbainistiú inbhuanaithe a áirithiú;

AZ. de bhrí go bhfuil na straitéisí bainistithe atá bunaithe ar laghdú na laethanta iascaireachta amháin, amhail na cinn a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an Meánmhuir Thiar, ag fágáil earnáil an iascaigh ar mionscála in anchaoi; de bhrí go bhfuil baol ann go gclisfidh ar sciar mór den earnáil mar gheall ar na laghduithe leanúnacha sin agus an drochbhail a d'fhág paindéim COVID-19 ar chúrsaí, rud a fhágann nach mbeadh an earnáil in ann an tairseach íosta bhrabúsachta a chinntíonn go mairfidh sí a bhaint amach a thuilleadh; de bhrí go dtarraingítear go leor ceisteanna anuas de bharr na laghduithe sin freisin, amhail ábhair imní faoin tsábháilteacht ar bord, méadú ar an mbaol gortaithe, méadú ar an iascaireacht neamhdhleathach agus iarmhairtí sóisialta na dífhostaíochta;

BA. de bhrí go bhfuil comhlachais iascairí amhail cuallachtaí ina bpríomhghníomhaithe i gcórais bhia roinnt Ballstát, áit a bhfeidhmíonn siad mar eintitis geilleagair shóisialta neamhbhrabúis a dhéanann ionadaíocht ar earnáil an iascaigh, agus go háirithe ar chabhlach an iascaigh cósta ar mionscála agus ar bhailitheoirí sliogéisc, agus a ndéanann siad feidhmeanna leasa ghinearálta chun leasa na hiascaireachta muirí agus na n-oibrithe san earnáil iascaigh, mar aon le cúraimí a bhaineann le gnó a chur i gcrích, amhail táirgí margaíochta a mhargú agus seirbhísí comhairleacha agus bainistíochta a sholáthar;

BB. de bhrí gur gá beartas bainistithe acmhainní iascaigh a chinneadh lena dtugtar urraim don rochtain chomhchoiteann ar acmhainní iascaigh, atá bunaithe go príomha ar a gcuid gnéithe bitheolaíocha agus atá i bhfoirm córais comhbhainistithe iascaigh lena ndéantar dálaí sonracha na n-acmhainní iascaigh agus na limistéar farraige faoi seach a mheas, agus ina bhfuil na daoine sin atá ag obair san earnáil rannpháirteach go héifeachtach;

BC. de bhrí go moltar sa straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc" go dtabharfaí aitheantas do chomhlachais amhail cuallachtaí faoi dhlí AE agus go mbeidís i dteideal tacaíocht airgeadais a fháil ar comhchéim le heagraíochtaí táirgeoirí; de bhrí gur iarradh ar an gCoimisiún tionscnamh a ghlacadh i ndáil leis sin;

BD. de bhrí go dteastaíonn oiliúint ó iascairí mionscála, lena n-áirítear chun scileanna nua a fhorbairt;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

BE. de bhrí go gcuireann obair na mban breisluach ar fáil in earnáil an iascaigh ar mionscála;

BF. de bhrí go bhfuil earnáil an iascaigh ar mionscála in iomaíocht níos mó le gníomhaíochtaí eile an gheilleagair ghoirm agus le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a dhéanann difear do mhórán gníomhaíochtaí feadh an chósta, ar thránna nó i limistéir chalafoirt, rud a fhágann go bhféadfaidís seilbh a ghlacadh ar limistéir nach raibh in úsáid ach ag an iascach ar mionscála roimhe seo a bheag nó a mhór, rud a bhféadfadh easáitiú agus "grabáil farraige agus cósta" a bheith mar thoradh air;

BG. de bhrí go bhfuil an baol ann go mbeidh sé níos neamhacmhainne d'iascairí ar mionscála maireachtáil i limistéir chósta mar gheall ar phróisis uaislithe a tharlaíonn in go leor limistéir chósta atá i mbéal forbartha, rud a fhágann go mbíonn siad i bhfad i gcéin óna n-áit oibre agus go mbíonn a ngníomhaíocht níos deacra agus níos mí-áisiúla fós dá bharr;

BH. de bhrí go bhfuil tionchar ar leith ag an mbéim mhéadaithe atá ar an gcaomhnú, arna cur chun cinn ag AE, ar an iascaireacht ar mionscála, mar shampla cur chun feidhme limistéar muirí faoi chosaint (MPAnna) agus líonraí MPA, a dhéanann difear don iascaireacht ar mionscála trí na gníomhaíochtaí gaolmhara a shrianadh agus trí shoghluaisteacht a theorannú; de bhrí gur annamh a mheastar an tionchar ar an roinn sin i ndearadh na mbeartas sin, ar gné é sin atá níos measa toisc nach bhfuil gníomhaithe ón roinn rannpháirteach go leormhaith sna próisis sin ([30]);

BI. de bhrí go bhfuil an earnáil iascaireachta i gcoitinne agus an iascaireacht ar mionscála go háirithe faoi ghannionadaíocht agus beartais bainistithe iascaigh agus beartais maidir le húsáid spáis mhuirí á sainiú;

BJ. de bhrí gur ann do chineálacha éagsúla eagraíochtaí iascaigh, agus go bhfuil leibhéil éagsúla ballraíochta ann a dhéanann ionadaíocht ar an iascaireacht ar mionscála: eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais iascairí, comhlachais longúinéirí agus comharchumainn, i measc nithe eile; de bhrí go bhfuil go leor longúinéirí beaga ann nach bhfuil cleamhnaithe le haon eagraíocht; de bhrí go ndéantar ionadaíocht ar ghairmithe sa tionscal iascaireachta i gceardchumainn iascaigh; de bhrí gur cheart gur faoin earnáil a bheadh sé a chinneadh conas a eagraíonn sí í féin;

BK. de bhrí nach leor dí-chomhiomlánú na sonraí ábhartha, a fhágann go bhfuil sé deacair rochtain a fháil ar fhaisnéis mhionsonraithe, go háirithe maidir leis an iascaireacht ar mionscála, agus go gcuireann sé bac ar an anailís, go háirithe maidir le gnóthais, longúinéirí, gairmithe iascaireachta, soithí agus trealamh, dálaí oibre, aois agus inscne, i measc nithe eile, a bhriseadh síos;

***An t-iascach ar mionscála a neartú feadh an tslabhra luacha, ioncaim iascaigh níos airde a chur chun cinn agus deiseanna éagsúlaithe ioncaim a chur ar fáil***

1. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil todhchaí na hiascaireachta ar mionscála, na hiascaireachta cósta agus na hiascaireachta ag lucht ceirde ag brath ní hamháin ar bhearta fadtéarmacha agus inbhuanaithe, ach freisin ar bhearta láithreacha, fóinteacha agus éifeachtacha chun corrlaigh bhrabúis iascairí a mhéadú, lena n-áirítear trí chionroinnt cuótaí níos airde i gcomhréir le comhairle eolaíoch; á mheas gur gá feabhas a chur ar acmhainneachtaí eagraíochtúla agus tráchtála na hearnála agus ar tharraingteacht na gairme, oiliúint agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do dhaoine óga agus dálaí oibriúcháin a fheabhsú, go háirithe chun mná a chuimsiú ar bord soithí agus san earnáil i gcoitinne, agus seasamh na hearnála sa slabhra soláthair a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, sásraí tacaíochta a bhunú agus a chur chun feidhme, laistigh de chreat CEMID, le haghaidh an iascaigh ar mionscála, an iascaigh ag lucht ceirde agus an iascaigh cósta, a fhágfaidh go bhféadfar dul i ngleic leis na fadhbanna sonracha sa chuid sin den earnáil;

2. á chreidiúint go n-éilítear le todhchaí na hiascaireachta ar mionscála go n-aithneofaí cineál sonrach na hiascaireachta in CBI agus go ndéanfaí na hionstraimí reatha a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na hearnála sin;

3. á chur i bhfáth go bhfuil gá le sainmhíniú coiteann, níos leithne agus níos iomchuí ar an iascach ar mionscála, an t-iascach ag lucht ceirde agus an t-iascach cósta; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh sainmhíniú den sórt sin pragmatach, intomhaiste agus soiléir; ag cur béim ar an bhfíoras freisin gur cheart an sainmhíniú a bheith mar thoradh ar mheasúnú iomchuí, agus saintréithe agus critéir de chuid roinn an iascaigh ar mionscála seachas fad soithigh á gcur san áireamh, chun sainmhíniú AE ar an iascach ar mionscála a chur i gcomhréir le fírinne na roinne, mar atá cheana féin leis na sainmhínithe atá ann cheana faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta áirithe amhail an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní an Atlantaigh a Chaomhnú (ICCAT) nó an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM);

([30]) Féach lch. 8 de *Small-Scale Fisheries in Europe: Status, Resilience and Governance* [An tIascach ar Mionscála san Eoraip: Stádas, Teacht Aniar agus Rialachas].

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

4. á chur i bhfáth gur cheart an sainmhíniú sin a áireamh i rialachán níos cothrománaí, amhail an Rialachán maidir le CBI, chun reachtaíocht iascaigh AE ina hiomláine a chuimsiú; á mheas nár cheart go mbeadh tionchar ag aon athrú ar an sainmhíniú ar chur chun feidhme CEMID don tréimhse reatha; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin laistigh den athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán maidir le CBI;

5. á dhearbhú gur gá slabhra luacha na hearnála idir an táirgeoir agus an tomhaltóir a neartú agus a ghiorrú, agus ar an gcaoi sin na deiseanna le haghaidh díolacháin dhíreacha ón iascaire go dtí an tomhaltóir a mhéadú agus líon na n-idirghabhálaithe a laghdú chun, go hidéalach, an pointe a bhaint amach ag a mbeidh an táirgeoir in ann an custaiméir deiridh a sholáthar go díreach; á chur i bhfáth gur gá straitéisí margaíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhealaí nua dáileacháin a chur chun cinn, agus sásraí a chothú chun difreáil táirgí a fheabhsú, chun an tairbhe is mó d'iascairí a bhaint amach, brabúsacht a mhéadú, tacú le luach saothair níos airde agus dáileadh cothrom agus iomchuí breisluacha ar iascairí a chur chun cinn;

6. á iarraidh go ndéanfaí breisluach a dháileadh ar bhealach níos cothroime agus níos cuí feadh shlabhra luacha na hearnála agus go dtabharfaí aird ar chineálacha idirghabhála amhail ráthaíocht agus treoirphraghsanna, ar cheart glacadh leis na costais táirgthe mar athróg ina leith, chun an aidhm thuasluaite a bhaint amach agus chun ioncam iascairí a fheabhsú; á athdhearbhú, nuair a bhíonn míchothromaíochtaí tromchúiseacha ann laistigh den slabhra, gur cheart go mbeadh an chumhacht ag na Ballstáit idirghabháil a dhéanamh;

7. á chur i bhfáth gurb é an t-iascach ar mionscála an roinn is laige feadh an tslabhra luacha agus gur minic a bhíonn socruithe margaíochta i bhfabhar leasanna an cheannaitheora seachas leasanna na n-iascairí, nach bhfuil mórán smachta nó nach bhfuil aon smacht acu ar an bpraghsáil, rud a fhágann go mbíonn tuilleamh imeallach ann do na táirgí a dhíoltar;

8. á iarraidh go ndéanfaí bearta ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát lena ndírítear ar mhargaí tionscnaimh a chosaint nó a chruthú, agus ar an gcaoi sin bealaí díola gearra fabhracha a mholadh do tháirgí traidisiúnta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cáilíochtaí éisc a ghabhtar leis an iascaireacht ar mionscála a chur chun cinn agus a chosaint, amhail, i measc nithe eile, úire, séasúracht, oidhreacht chultúrtha agus inbhuanaitheacht; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht níos láidre do na táirgí sin ag aontaí trádála, i siopaí beaga agus i mbialanna, agus nósanna itheacháin an phobail á gcur san áireamh, mar bhealach chun luach táirgí iascaigh áitiúla a uasmhéadú agus chun forbairt áitiúil a chur chun cinn; á áitiú go gcruthófaí feachtais fógraíochta le haghaidh táirgí iascaireachta áitiúla agus leas iomlán á bhain as comheagrú na margaí (CEM) agus as CBI;

9. á chur i bhfáth go bhfuil gá le héagsúlú táirgí a chur chun cinn trí thionscnaimh lena ndírítear ar mhargaí nua a chruthú, ar luach a chur ar speicis inite a thomhlaítear ach nach bhfuil a oiread sin clú orthu chun suíomh margaidh an iascaigh ar mionscála a fheabhsú, ar an éileamh ar tháirgí nach féidir a soláthar leanúnach i rith na bliana a ráthú ach amháin le hallmhairí a mhaolú, agus ar chuidiú le brú iascaireachta ar speicis róshaothraithe a laghdú; á athdhearbhú gur gá tacú freisin le héagsúlú táirgí a chur chun cinn sa tionscal cannadóireachta, eadhon trí úsáid a bhaint as speicis a mheastar faoina luach nó nach dtomhlaítear a oiread sin;

10. á iarraidh go gcuirfí clár oiliúna d'earnáil na n-óstán, na mbialann agus na lónadóireachta (Horeca) chun feidhme, lena soláthrófaí eolas ar tháirgí bia mara agus dea-chleachtais chun acmhainní a chosaint, agus lena ndéanfaí feasacht a mhúscailt, go háirithe, maidir le "neamhdhíol" agus "neamhthomhaltas" speiceas le linn na tréimhse coiscthe;

11. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé tionscadail nuálacha a chur chun feidhme san earnáil mhiondíola, agus suntas á thabhairt don obair chomhair le cuallachtaí iascairí agus comhlachais an iascaigh ar mionscála, trína gcoinnítear dlúthchaidreamh leis an tomhaltóir deiridh;

12. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar eagraíochtaí tomhaltóirí a mheas an mbeadh bealaí níos fearr ann chun margú táirgí próiseáilte iascaigh a mbeadh breisluach níos airde acu a chur chun cinn, lena n-áirítear táirgí cannaithe, ag leanúint sampla táirgí talmhaíochta áirithe, agus cláir le haghaidh cur chun cinn seachtrach a dhéanamh ar tháirgí iascaigh AE, lena n-áirítear iad a chur i láthair ag comórtais agus aontaí idirnáisiúnta;

13. á chur i bhfáth go bhfuil uirlisí an-teoranta ag earnáil an bhia mara, amhail lipéid, atá ar fáil do thomhaltóirí chun measúnú a dhéanamh ar na critéir inbhuanaitheachta do roinn an iascaigh ar mionscála agus chun táirgí ísealtionchair a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir, i gcás inarb ann do lipéid, go bhféadfaidís a bheith ina míbhuntáiste don iascach ar mionscála, toisc go bhféadfadh sé a bheith ródhian rochtain a fháil ar chuid de na sonraí a bhfuil gá leo nó go bhféadfadh sé nach mbeadh an acmhainn airgeadais acu próiseas deimhniúcháin a thionscnamh;

14. á chur i bhfios go bhfuil gá le hathbhreithniú uaillmhianach ar an Rialachán maidir le comheagrú na margaí chun cur lena rannchuidiú le hioncam na hearnála agus le cobhsaíocht an mhargaidh, chomh maith le margaíocht táirgí iascaigh a fheabhsú agus a mbreisluach a mhéadú; sa chomhthéacs sin, á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé lipéid dheimhnithe bia mara agus sásraí branda do tháirgí iascaigh a chruthú, chomh maith le hinrianaitheacht a mhéadú sa slabhra soláthair, rud a d'fheabhsódh an fhaisnéis a bheadh ar fáil do thomhaltóirí, a spreagfadh iad chun bia mara a fhaightear go háitiúil agus go hinbhuanaithe a cheannach agus a chuirfeadh lena bhfeasacht ar tháirgí an iascaigh ar mionscála;

15. á iarraidh go ndéanfar cláir um thacaíocht iascaireachta ar mhionscála a éascú trí CEMID d'fhonn bainistiú gnó agus acmhainneachtaí eagraíochtúla a fheabhsú, costais táirgthe a laghdú, praghsanna céad-díola a fheabhsú agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil a áirithiú, go háirithe trí chabhlach níos inbhuanaithe agus níos nua-aimseartha;

16. ag cur béim ar na deacrachtaí atá fós ag earnáil an iascaigh ar mionscála, ar féidir le luainiú agus ardú praghsanna breosla agus ionchur eile iad a ghéarú, agus ar staid é sin a bhfuil tionchar ar leith aige ar na ranna cabhlaigh nach bhfuil chomh hiomaíoch céanna, eadhon an iascaireacht ar mionscála, an iascaireacht ag lucht ceirde agus an iascaireacht chósta;

***Dálaí oibriúcháin a fheabhsú agus todhchaí an iascaigh ar mionscála, an iascaigh ag lucht ceirde agus an iascaigh cósta a ráthú***

17. á chur in iúl gur geal léi go gcuirtear deis ar fáil le CEMID tacú le hinnill nua a astaíonn níos lú $CO_2$ a nuachóiriú, a athsholáthar nó a fháil, lena n-áirítear innill a úsáideann teicneolaíochtaí nua atá tíosach ar fhuinneamh, agus le tiontú inneall peitril; á mheas gur cheart na rátaí cómhaoinithe is airde atá ann cheana a úsáid; ag tabhairt rabhadh nach ndearnadh forbairt leordhóthanach ar go leor de na réitigh mhalartacha sin maidir le mótarthrealmhú go fóill nó go bhfuil méadú suntasach ar olltonnáiste i gceist leo, amhail i gcás roinnt mótair leictreacha;

18. á chur i bhfios go láidir go bhfuil formhór earnáil an iascaigh ar mionscála ag brath ar fhóirdheontais bhreosla i réigiúin áirithe; ag tabhairt rabhadh go ndéanann an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (COM(2021)0563), trí dheireadh a chur leis an díolúine éigeantach atá ann faoi láthair don earnáil iascaireachta agus trí íosráta cánachais a thabhairt isteach, inmharthanacht fhormhór roinn an iascaigh ar mionscála, nach féidir aistir fhada a dhéanamh chun athbhreoslú i gcalafoirt a bhfuil praghsanna níos ísle acu, a chur i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit coinníollacha comhionanna a áirithiú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus, dá bhrí sin, leanúint de thionscal na hiascaireachta a dhíolmhú ó chánachas breosla; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh ualach ar an iascach ar mionscála mar thoradh ar aon chur chuige nua agus gur cheart díriú ar réitigh mhalartacha a chuirfeadh ar chumas na hearnála aistriú cóir i dtreo na spriocanna a leagtar síos sa Chomhaontú Glas a chomhcheangal leis an gcumas bláthú go heacnamaíoch agus dálaí cuibhiúla a ráthú dá hoibrithe; á mheas, i ndáil leis sin, agus i bhfianaise an bhoilscithe as cuimse atá ann faoi láthair ar phraghsanna breosla, go bhféadfadh na Ballstáit bearta urghnácha a bheartú chun cabhair a sholáthar do roinn an iascaigh ar mionscála, an iascaigh cósta agus an iascaigh ag lucht ceirde do na costais táirgthe mhéadaitheacha a bhfuiltear ag dréim leo, go háirithe laistigh de raon feidhme CEMID agus na gclár oibríochtúil náisiúnta;

19. á thabhairt chun suntais gur eascair deacrachtaí as géarchéim COVID-19 d'earnáil an iascaigh agus go raibh éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha eacnamaíocha agus sóisialta aici ar an earnáil, agus a thábhachtaí atá sé do na Ballstáit na cistí náisiúnta agus AE atá ar fáil a threorú, más gá, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar bhearta eisceachtúla chun cabhrú le hiascairí, lena n-áirítear le hoibrithe, géarchéimeanna nó suaitheadh sa mhargadh a shárú; á iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as na hacmhainní a chuirtear ar fáil trí shásraí géarchéime chun tacú leis an iascach ar mionscála; á chur i bhfios go láidir, in ainneoin na géarchéime, gur lean earnáil an iascaigh cósta ar mionscála de bheith ag feidhmiú, lenar tugadh rochtain do shaoránaigh AE ar bhia mara, go háirithe i réigiúin iargúlta chósta, ar oileáin agus sna réigiúin is forimeallaí;

20. ag tathant ar na Ballstáit cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a leithdháileadh ar infheistíocht sa chabhlach cósta ar mionscála agus é mar aidhm acu cabhrú le hiascairí agus le hoibreoirí a dhéanann obair ghaolmhar, ar mná den chuid is mó iad, amhail eangóirí, cúntóirí agus pacáisteoirí cois cladaigh, agus oibrithe;

21. ag tathant ar an gCoimisiún tacaíocht earnáilsonrach don iascach ar mionscála a éascú, faoi choimirce CEMID, chun bonneagar stórála, reoite agus cuisniúcháin a shuiteáil agus chun an slabhra fuar a choinneáil ón mbád go dtí an tomhaltóir deiridh; á mheas gur gné chinntitheach í an tacaíocht sin chun gur féidir le roinn an iascaigh ar mionscála lántairbhe a bhaint as acmhainní iascaigh – gan stoic a scriosadh nó a laghdú – chomh maith le soláthar agus seachadadh rialta táirgí úra agus ardcháilíochta a áirithiú don phobal, d'earnáil Horeca agus don tionscal próiseála bia;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

22. á mheas go bhféadfadh dálaí stórála cuí i gcalafoirt caomhnú éisc a éascú agus a ráthú agus cabhrú lena thráchtálú, d'fhonn brabúsacht éisc a fheabhsú trí ghníomhú go hindíreach i bhfoirmiú praghsanna; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, gur ann do na féidearthachtaí dá bhforáiltear i gcomheagrú na margaí agus ag eagraíochtaí táirgeoirí;

23. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do CEMID agus do na cláir oibríochtúla náisiúnta nua an iascaireacht ar mionscála a neartú agus tacaíocht shoiléir a chur ar fáil di, chun rannchuidiú le hinbhuanaitheacht na bpobal cósta a bhíonn ag brath go traidisiúnta ar an iascaireacht agus lena n-inmharthanacht amach anseo a áirithiú, ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha na roinne sin agus chun tacú le bainistiú inbhuanaithe áitiúil an iascaigh lena mbaineann;

24. á mheas gur cheart an tacaíocht a chuireann na Ballstáit ar fáil agus CEMID á chur chun feidhme a eagrú chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna struchtúracha, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hioncam méadaithe ón iascaireacht, poist lena ngabhann cearta san earnáil a chur chun cinn agus praghsanna córa a áirithiú do tháirgeoirí, tacú le gníomhaíochtaí gaolmhara a fhorbairt, in earnálacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha na hiascaireachta, rannchuidiú le forbairt agus comhtháthú réigiún cósta faoi chuimsiú na hiascaireachta inbhuanaithe agus todhchaí d'earnáil an iascaigh ar mionscála;

25. á chur i bhfáth, d'fhonn ráta forghníomhaithe mhaoiniú CEMID a fheabhsú agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain ag an iascach ar mionscála ar thacaíocht, gur gá breathnú ar bhearta agus bearta a chur chun feidhme chun nósanna imeachta a chuíchóiriú, agus ar an gcaoi sin an rómhaorlathas, an chastacht agus an t-am formheasa a bhaineann le hiarratais a laghdú; an próiseas cistiúcháin chun cabhair a fháil a leasú agus córas réamh-mhaoinithe a chur ina áit; agus lánúsáid a bhaint as teorainneacha airgeadais an chiste;

26. á chur i bhfáth go bhfuil uirlis in easnamh ar AE chun tuiscint a fháil ar mhéid infheistíochtaí CEMI agus CEMID in earnáil an iascaigh ar mionscála, ar líon na ndea-chleachtas a chistítear, ar bhaint amach torthaí nithiúla agus ar an gcaoi a bhfuil Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh ag obair agus ag cur CBI chun feidhme go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún uirlis den sórt sin a bhunú mar chéim bhunúsach chun tuiscint a fháil ar conas dea-chleachtais a mhéadú agus modhanna iascaireachta eiseamláireacha a mhacasamhlú ar scála uile-Aontais;

27. á iarraidh ar na Ballstáit cúnamh teicniúil a chur ar fáil ar an leibhéal áitiúil chun rochtain iascairí ar mionscála ar chistiú AE agus ar chistiú náisiúnta a éascú;

28. ag tabhairt rabhadh faoi mheánaois ard an chabhlaigh iascaireachta ar mionscála agus á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, gur gá gníomhaíocht iascaireachta na roinne sin a dhéanamh tarraingteach do dhaoine óga agus do mhná; ag cur béim ar an ngá atá leis an gcabhlach ar mionscála a athnuachan agus a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar dhálaí maireachtála ar bord, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus an roinn a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, agus a áirithiú ag an am céanna nach dtiocfaidh méadú ar an acmhainneacht iascaireachta sa chabhlach iascaireachta iomlán agus go bhfeabhsófar inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal iascaireachta atá ag brath ar an gcabhlach; sa chomhthéacs sin, á thabhairt chun suntais gur gá aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil soithí imithe i léig, agus ina bhfuil méadú tagtha ar chostais oibriúcháin, chothabhála agus athaicmithe (go heacnamaíoch agus ó thaobh an chomhshaoil de), rud a chuireann na dálaí sábháilteachta ráthaithe i mbaol le linn oibríochtaí; á chur i bhfáth go bhféadfadh na critéir olltonnáiste chun acmhainneacht iascaireachta a thomhas, tríd an spás atá curtha i leataobh do shaoráidí criú agus do chompord a áireamh freisin, bac a chur ar nuachóiriú soithí iascaireachta agus ar an bhfeabhas a bhfuil géarghá leis ar dhálaí oibre an chabhlaigh iascaireachta ar mionscála; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir sin agus ar fhorálacha idirnasctha eile chun teacht ar réiteach a bheidh in ann riachtanais oibrithe iascaireachta ar mionscála a chothromú leis an ngá atá lena áirithiú nach méadófar acmhainneacht iascaireachta chabhlach AE;

29. á athdhearbhú gur riachtanach tacaíocht d'athnuachan nó do nuachóiriú an chabhlaigh chun sábháilteacht, dálaí oibre agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil gníomhaíochtaí a fheabhsú; á chur i bhfáth, áfach, gur gan acmhainneacht iascaireachta a mhéadú amháin ba cheart é sin a bhaint amach;

30. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go gcuirfear todhchaí na hiascaireachta ar mionscála i mbaol, go háirithe sna réigiúin is forimeallaí, má dhéantar neamhaird ar an ngá atá le cabhlaigh a athnuachan agus le soithí a chothabháil agus a fheabhsú, go háirithe soithí atá imithe i léig agus neamhéifeachtúil, ach gan a bheith teoranta dóibh;

31. á thabhairt le fios go gcuirtear deiseanna ar fáil le CEMID infheistíocht a dhéanamh sa tsábháilteacht, i ndálaí maireachtála níos fearr agus i bhfeidhmíocht fuinnimh do shoithí, a bhféadfadh an cabhlach cósta agus ceardaíochta ar mionscála tairbhiú de freisin, agus gur cheart deiseanna cistiúcháin a chur ar fáil leis freisin chun soithí a athnuachan, a athstruchtúrú agus a athrú, agus chun soithí nua a cheannach sa chabhlach iascaireachta ar mionscála – go háirithe sna cásanna arna sainaithint ina bhfuil meánaois ard ag an gcabhlach sin agus nach ráthaítear dálaí riachtanacha sábháilteachta

agus inoibritheachta leis — agus le haghaidh méaduithe ar chumhacht innill i gcás ina bhfuil údar cuí leis chun dálaí sábháilteachta níos fearr a áirithiú ar bord le linn oibríochtaí agus ar dhul isteach san fharraige agus ar theacht amach uaithi, agus an t-am a chaitear ar muir a mhéadú, ar choinníoll nach mbeidh aon mhéadú ar an acmhainneacht iarrachta iascaireachta, go háirithe sna réigiúin is forimeallaí;

32. ag tathant ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear caighdeáin agus rialacháin AE maidir le sábháilteacht, dálaí saothair agus dálaí maireachtála ar bord soithí iascaireachta chun feidhme go hiomlán;

33. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do na Ballstáit oibriú go leanúnach ar chothabháil agus ar uasghrádú a gcuid calafort agus cuanta chun a áirithiú gur féidir gabhálacha a thabhairt i dtír agus a dhíluchtú i ndálaí sábháilteachta;

34. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht shocheacnamaíoch, ó thaobh na fostaíochta agus an chomhtháthaithe shóisialta de, ag baint le hearnáil an iascaigh, lena n-áirítear an t-iascach ar mionscála, an t-iascach ag lucht ceirde agus an t-iascach cósta, do na réigiúin is forimeallaí, ar limistéir iad a bhfuil srianta struchtúracha agus níos lú deiseanna d'éagsúlú eacnamaíoch mar shaintréith acu; á iarraidh, dá bhrí sin, go méadófar tacaíocht AE d'earnáil an iascaigh ar mionscála sna réigiúin sin;

35. ag tabhairt dá haire gur chuir CEMID tacaíocht ar fáil d'earnáil an iascaigh sna réigiúin is forimeallaí, d'fhonn, go háirithe, tacaíocht a thabhairt do na costais bhreise a eascraíonn as an iargúltacht a mhéid a bhaineann le táirgí iascaigh áirithe a dhíol ó chuid de na réigiúin is forimeallaí;

36. ag tarraingt aird ar ghnéithe sonracha shlabhraí luacha earnáil an iascaigh sna réigiúin is forimeallaí agus á áitiú go bhfuil gá le haird ar leith chun iad a neartú agus chun a rochtain ar mhargaí a éascú, arb aidhm í sin a d'fhéadfaí a bhaint amach ní hamháin trí scéim POSEI a athbhunú le haghaidh an iascaigh, ach trí scéim chomhchosúil a bhunú don iompar freisin;

37. á thabhairt chun suntais go bhfuil acmhainneacht ag an iascaireacht turasóireachta sna réigiúin sin a bheith mar bhealach chun daoine óga a mhealladh isteach sa ghairm agus chun ioncaim iascairí a éagsúlú gan a n-iarracht iascaireachta a mhéadú, teorainneacha iarrachta iascaireachta a urramú agus feasacht an phobail a ardú maidir le traidisiúin na hearnála agus litearthacht ó thaobh na farraige de; á chur i bhfáth gur gá laghdú ar an maorlathas a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin a ráthú agus tacaíocht AE a chur ar fáil do na gníomhaíochtaí sin;

38. á mheas go n-éilítear le todhchaí na hiascaireachta ar mionscála go n-áiritheofaí le rialacháin AE timpeallacht rialála a neartóidh seasamh na n-iascairí sa slabhra soláthair agus a sholáthróidh infheistíochtaí d'inbhuanaitheacht, cobhsaíocht agus iomaíochas eacnamaíoch na hearnála san fhadtéarma;

39. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh ráthú soláthair éisc don phobal san áireamh i gcuspóirí beartais iascaigh, mar chuid de shlándáil bia agus ceannasacht a áirithiú, mar aon le pobail chósta a fhorbairt, agus a áirithiú ag an am céanna go bhforbróidh gníomhaíochtaí iascaigh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha, agus na gairmeacha a bhaineann leis an iascach a chur chun cinn trína mealltacht a mhéadú; á thabhairt chun suntais gur cheart ról socheacnamaíoch an iascaigh ar mionscála i bpobail iascaireachta a aithint i gcur chun feidhme CBI, lena ndéanfaí poist a sholáthar agus dálaí maireachtála iascairí agus oibrithe a dhéanann cúraimí cúnta, ar mná de ghnáth iad, a fheabhsú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre, inchónaitheachta agus sábháilteachta do chriúnna, chun daoine óga a mhealladh agus athnuachan glúine a bhaint amach don ghníomhaíocht sin, faoi chuimsiú inbhuanaitheacht ráthaithe agus caomhnú maith acmhainní;

40. á athdhearbhú go bhfuil fírinne an iascaigh in AE casta agus go bhfuil éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go Ballstát ó thaobh na gcabhlach iascaireachta faoi seach de, mar aon le tionchar comhshaoil ranna cabhlaigh éagsúla, trealamh iascaireachta, stoic éisc agus staid a gcaomhnaithe, agus nósanna tomhaltais an phobail; á thabhairt chun suntais go bhféadfaí réigiúnú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar bhainistiú an iascaigh faoi chuimsiú CBI, agus cothrom iomaíochta á áirithiú ag an am céanna do na hiascairí uile, lena n-áirítear in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh; á athdhearbhú go n-éilítear leis an éagsúlacht mhór sin go mbeadh eisceachtaí ag gabháil le bainistiú iascaigh, ar eisceachtaí iad lena gceadaítear do na Ballstáit agus do na réigiúin cleachtais bhainistíochta níos speisialaithe a chur chun feidhme, lena gcuirtear saintréithe sonracha san áireamh, lena gcuirtear idirphlé chun cinn, lena mbeidh an earnáil agus na pobail chósta rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta, maidir le beartais a shainiú agus a chur chun feidhme, agus atá bunaithe ar eolas eolaíoch fónta;

41. á chreidiúint, dá bhrí sin, gur gá tionscnaimh bhainistíochta ar an leibhéal áitiúil trí chomhbhainistíocht a chur san áireamh i gcláir CEMID na mBallstát;

**Déardaoin 19. Eanáir 2023**

42. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart, leis an athbhreithniú atá á dhéanamh faoi láthair faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le rialú an iascaigh, go n-urramófaí na gnéithe speisialta a bhaineann le gníomhaíochta iascaireachta ar mionscála agus nach ndéanfaí é a ró-ualú le maorlathas, go háirithe i ndáil le geoshuíomh nó sonraí gabhála a sheoladh go leictreonach; á iarraidh go mbeadh córas rialaithe ann atá deartha agus oiriúnach go sonrach d'fhírinne agus d'éagsúlacht an chabhlaigh cósta ar mionscála, lena n-áirítear bailiú sliogéisc agus iascaireacht gan soithí, ina bhfuil comhréireacht agus cur chuige céimnithe ríthábhachtach;

43. á mheas go bhfuil sé tábhachtach gníomhaíochtaí laistigh den gheilleagar gorm inbhuanaithe níos leithne a éagsúlú, lena n-áirítear cultúr pobal a spreagadh agus seachtháirgí agus táirgí iascaireachta nach bhfuil aon luach tráchtála acu, ach a bhfuil acmhainneacht ag baint leo, a chur chun cinn; á mheas, áfach, nár cheart go gcuirfeadh gníomhaíochtaí den sórt sin isteach ar ghníomhaíocht iascaireachta ná ar chearta stairiúla iascairí chun na farraige;

44. á chreidiúint nár cheart go gcuirfeadh úsáid spáis mhuirí le haghaidh réimsí eile saothraithe eacnamaíoch cearta stairiúla iascaireachta i mbaol; á mheas gur cheart an iascaireacht ar mionscála a chomhtháthú go hiomlán i bpleanáil straitéiseach na mbeartas sin; á chreidiúint go bhfuil staid chomhchosúil ann in uiscí intíre, ina bhfuil coinbhleachtaí méadaitheacha os comhair an iascaigh ar mionscála maidir le hacmhainní agus úsáid fionnuisce, sa mhéid is go bhfuil iomaíocht ann le tionscail a bhfuil tionchar diúltach acu ar ghnáthóga bruachánacha agus ar acmhainní éisc;

45. á chur i bhfáth go gcuirtear réiteach féideartha ar fáil leis na dúshláin shocheacnamaíocha agus chomhshaoil a eascraíonn as bainistiú limistéar muirí faoi chosaint chun cuspóirí caomhnaithe agus inbhuanaitheachta a thabhairt chun réitigh ar thaobh amháin, agus earnáil an iascaigh ar mionscála a chomhtháthú i gcinntí bainistíochta i limistéir mhuirí faoi chosaint agus thart orthu ar an taobh eile; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cineálacha cur chuige rannpháirtíochta a fhorbairt maidir le bainistiú limistéar muirí faoi chosaint, bunaithe ar shonraí bitheolaíocha agus socheacnamaíocha arna bhfoirmliú, arna gcur chun feidhme agus arna n-athbhreithniú go comhpháirteach in éineacht le cleachtóirí limistéar muirí faoi chosaint, geallsealbhóirí lena mbaineann agus earnáil an iascaigh ar mionscála; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar chleachtais bainistíochta rannpháirteacha a fhorbairt, agus d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir forbairt inbhuanaithe an iascaigh ar mionscála agus, i gcás inarb infheidhme, forbairt inbhuanaithe na turasóireachta freagraí;

46. á chur i bhfios go bhfuil gá le cosaint eacnamaíoch agus shóisialta le linn tréimhsí neamh-iascaireachta agus i gcás tubaistí a chuireann bac ar ghníomhaíochtaí; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le sásraí lena bhforáiltear do chúiteamh pá as tuilleamh caillte le linn na dtréimhsí sin; á chur i bhfáth gur cheart caitheamh leis an gcúiteamh sin mar am oibre iarbhír chun críoch an phinsin scoir agus teidlíochtaí slándála sóisialta eile;

47. á chreidiúint, más mian linn athnuachan glúine a fheiceáil, nach mór dálaí tarraingteacha do dhaoine óga agus do mhná a chur i bhfeidhm, rud a chiallaíonn nach mór luach a chur ar ioncam na hiascaireachta agus cobhsaíocht na hiascaireachta á háirithiú, agus prionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann a chur i bhfeidhm, leithdháileadh cuótaí ar an iascach ar mionscála a mhéadú i gcomhréir le comhairle eolaíoch, oiliúint a áirithiú faoi choinníollacha lena dtugtar aird chuí ar éagsúlacht cleachtas iascaireachta, fearas iascaireachta agus na riachtanas atá ag gach Ballstát, chomh maith le dálaí oibre leormhaithe agus sábháilteacht ar bord a ráthú; á mheabhrú go gcuireann CEMID tacaíocht ar fáil don oiliúint agus don fhorbairt ghairmiúil; á mheas gur cheart go ráthófaí gné láidir phraiticiúil leis an oiliúint, agus fírinne shonrach an chomhthéacs náisiúnta, réigiúnaigh nó áitiúil ina ndéantar an oiliúint á cur san áireamh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ina theannta sin, gur cheart go bhféadfaí é sin a chomhcheangal le hoiliúint theoiriciúil, agus tairbhe á baint, ag an am céanna, as eolas carntha na ndaoine a bhí nó atá ar muir;

48. á iarraidh go ndéanfaí na hacmhainní airgeadais agus teicniúla le haghaidh taighde maidir leis an iascach a mhéadú i ngach Ballstát d'fhonn gníomhaíochtaí a fhorbairt atá dírithe ar an iascach agus ar acmhainní iascaigh, bailiú sonraí a mhéadú agus a fheabhsú agus measúnú a dhéanamh ar staid na n-acmhainní;

49. á iarraidh go méadófar na hacmhainní airgeadais agus teicniúla don taighde agus don fhorbairt eolaíoch a bhaineann leis an iascach in AE agus i ngach Ballstát; á chur i bhfáth, go háirithe, gur gá tacú le hinstitiúidí taighde agus le saotharlanna sa réimse sin le hábhar agus acmhainní daonna d'fhonn gníomhaíochtaí a fhorbairt atá dírithe ar an iascach ar mionscála, an t-iascach cósta agus an t-iascach ag lucht ceirde a chur chun cinn, agus tuiscint níos fearr ar na cúiseanna éagsúla atá le hídiú stoc éisc a ráthú mar aon le caomhnú acmhainní éisc; á chur i bhfáth gur gá ról a thabhairt d'iascairí agus do chomhlachais iascairí maidir le faireachán eolaíoch, mapáil, bailiú sonraí agus gníomhaíochtaí bainistithe agus rialaithe, chun leas iomlán a bhaint as a gcuid eolais;

50. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíocht chuimsitheach léarscáilithe a sheoladh ar fud an réigiúin chun corpas cruinn iomlán de shonraí bonnlíne maidir leis an iascach ar mionscála a fhorbairt d'fhonn tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an iascaigh ar mionscála a thomhas i dtéarmaí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon agus meastachán a dhéanamh ar luach an aschuir arna tháirgeadh ag an iascach ar mionscála; a dtionchar eacnamaíoch ar phobail chósta; agus a dtionchar ar earnálacha gaolmhara;

51. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tacú le taighde ar chleachtais lena ndéantar ioncam na bpobal iascaireachta agus earnáil na hiascaireachta, lena n-áirítear iascach ar mionscála, a mhéadú agus a éagsúlú; á chreidiúint gur cheart toradh an taighde sin a scaipeadh in AE d'fhonn tionscadail a mhacasamhlú, a chur chun feidhme agus a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon;

52. á thabhairt chun suntais, in ainneoin na bhfeabhsuithe ar chumhdach sonraí, go bhfuil easpa sonraí agus táscairí cuimsitheacha staidrimh eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha ann fós ar an leibhéal Eorpach maidir le hiascach ar mionscála; á chur i bhfáth nach féidir anailís chuí a dhéanamh ar an roinn mar gheall ar an easpa staidrimh sin agus, dá bhrí sin, go bhfágann sé níos deacra gníomhaíocht reachtach chuí a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na saincheisteanna is criticiúla atá roimh iascach ar mionscála;

53. á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur le bailiú agus dí-chomhiomlánú cuí sonraí maidir le hiascach agus iad a fheabhsú, sonraí staidrimh leormhaithe a fháil maidir le gabhálacha agus tabhairt i dtír gabhálacha d'fhonn feabhas a chur ar mheasúnú agus ar bhainistiú acmhainní, lena n-áirítear gníomhaíochtaí gaolmhara, gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha, agus anailísí ar úsáidí tráchtála eile, go háirithe ar mhaithe le hiascach ar mionscála agus leis na pobail a bhaineann leis;

54. á iarraidh ar an gCoimisiún mapáil chuimsitheach ar fud an réigiúin ar chórais cosanta sóisialta agus ar an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm agus ar fáil d'iascach ar mionscála sna Ballstáit a sheoladh d'fhonn na roghanna is rathúla a shainaithint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear sásraí reachtacha agus institiúideacha lena n-áirithítear rannpháirtíocht iomlán an iascaigh ar mionscála i ngach gníomhaíocht a bhaineann le forbairt inbhuanaithe na hearnála, amhail gníomhaíochtaí malartacha a fhorbairt, comhbhainistíocht, tacaíocht airgeadais, lipéadú, inrianaitheacht agus an ceart chun obair chuibhiúil agus cosaint shóisialta;

55. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach mór do na Ballstáit a áirithiú, agus CBI á chur chun feidhme acu, nach mór cur chun feidhme na gcuspóirí comhshaoil is gá a bheith fite fuaite le cuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha a shainiú, agus gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a n-idirspleáchas a chur san áireamh, agus reachtaíocht á cur chun feidhme agus tionscnaimh reachtacha á gceapadh amach anseo;

56. á chur i bhfáth gur féidir le heagraíochtaí táirgeoirí ról lárnach a bheith acu maidir le struchtúir tráchtálaithe tháirgí an iascaigh ar mionscála a bhainistiú, maidir le rochtain ar an margadh a fheabhsú do tháirgí an iascaigh ar mionscála agus maidir le hinfhaigheacht táirgí bia áitiúla laistigh de phobail chósta a mhéadú; á chur i bhfáth, go háirithe, trí na gníomhaíochtaí neartaithe agus cur chun cinn sin, go gcabhrófaí le hiascach ar mionscála a bheith i staid níos fearr chun praghsanna a chaibidliú, agus go gcuirfí chun cinn iomaíocht fholláin laistigh den earnáil agus úsáid níos éifeachtúla a struchtúr féin agus a n-acmhainní féin trí ghníomhaíocht chomhchoiteann;

57. á chur i bhfáth, ina leith sin, a ríthábhachtaí atá sé go mbeadh acmhainneacht eagraíochtúil thiomnaithe níos láidre ag earnáil an iascaigh ar mionscála chun a seasamh sa slabhra luacha a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cur le cumhacht mhargála iascairí ar mionscála agus chun cruthú eagraíochtaí, comhlachas agus comharchumann táirgeoirí le haghaidh na ranna sin a spreagadh agus a éascú, agus tacú lena gcruthú, mar uirlis thábhachtach chun a neart sa slabhra soláthair a fheabhsú agus chun a gcumhacht caibidlíochta a mhéadú *vis-à-vis* gníomhaithe eile sa mhargadh, chun corrlaigh bhrabúis mhaithe a áirithiú agus chun a ngníomhaíochtaí iascaireachta a bhainistiú ar bhealach níos fearr;

58. á áitiú gur cheart go n-aithneofaí comhlachais agus gildeanna agus nach mór go mbeidís incháilithe chun tacaíocht airgeadais a fháil ar chomhchéim le heagraíochtaí táirgeoirí; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, go háirithe faoi chuimsiú an athchóirithe ar an Rialachán maidir le comheagrú na margaí, tionscnaimh a ghlacadh maidir leis an ábhar sin agus é mar aidhm leo deireadh a chur le haon idirdhealú idir gildeanna agus eagraíochtaí táirgeoirí;

59. á iarraidh, i ndáil leis sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit obair leantach a dhéanamh ar an Rialachán maidir le comheagrú na margaí trí phleananna réigiúnacha a bhunú d'eagraíochtaí táirgeoirí an iascaigh ar mionscála chun brabúsacht earnáil an iascaigh ar mionscála a mhéadú agus cáilíocht agus inrianaitheacht a cuid táirgí a fheabhsú;

60. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh iascairí ar mionscála rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta ar leibhéal AE, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, agus á iarraidh ar an gComhairle agus ar na Ballstáit trédhearcacht a fheabhsú sa phróiseas cinnteoireachta maidir le hiascach ar mionscála chun cuntasacht a áirithiú; á mholadh go gcumhachtófaí comhlachais iascairí ar mionscála freagracht agus cumhacht chinnteoireachta a roinnt i ndréachtú agus i gcur chun feidhme pleananna comhbhainistíochta le húdaráis náisiúnta i gcoistí comhbhainistíochta;

61. á chur i bhfáth go mbraitheann inmharthanacht an iascaigh ar mionscála go criticiúil ar rochtain shlán ar acmhainní agus ar limistéir iascaireachta ar thaobh amháin, agus ar mhargaí breisluacha ar an taobh eile; á iarraidh, i ndáil leis sin, go mbeadh cur chuige difreáilte ann maidir le bainistiú an iascaigh ar mionscála lena n-áirítear rochtain tosaíochta ar limistéir iascaireachta cois cladaigh;

62. á mheas gur uirlis ríthábhachtach í an chomhbhainistíocht d'iascach ar mionscála, rud a fhágann gur féidir bainistiú acmhainní iascaireachta a bharrfheabhsú trí chur chuige comhtháite a úsáid, agus gnéithe uile na hinbhuanaitheachta á gcur san áireamh, lena n-áirítear gnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, agus lena n-ionchorpraítear rannpháirtíocht ghníomhach an riaracháin, na hearnála iascaireachta, an phobail eolaíochta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta;

63. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tionchar íseal ag an iascach ar an gcomhshaol agus go dtáirgeann sé bia sláintiúil, ós rud é nach bhfuil beathú saorga, antaibheathaigh, leasacháin ná aon úsáid lotnaidicídí ceimiceacha i gceist leis;

64. á chur i bhfáth nár cheart coinbhleacht shaorga idir iascairí tionsclaíocha agus iascairí ar mionscála a chruthú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach bhfuil iascairí tionsclaíocha agus iascairí ar mionscála in iomaíocht le chéile, ós rud é go ndéanann siad iascaireacht ar speicis éagsúla den chuid is mó i meánna éagsúla den chuid is mó; ag tabhairt dá haire gur gnólachtaí teaghlaigh iad na cuideachtaí iascaireachta tionsclaíocha, mar a thugtar orthu, a bhí ann ar feadh na nglúnta agus atá fréamhaithe go domhain i bpobail iascaireachta áitiúla agus nasctha leo;

65. á chur i bhfios gur deis eisceachtúil é dearbhú 2022 mar Bhliain Idirnáisiúnta an Iascaigh ar Mionscála agus an Dobharshaothraithe chun aird dhomhanda a dhíriú ar an obair a dhéanann an roinn sin den chabhlach ar mhaithe le slándáil bia agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, chun a áirithiú go mbeidh an iascaireacht ar mionscála infheicthe agus go n-áireofar í ar bhealach níos gníomhaí i bpróisis chinnteoireachta;

66. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach roghnaíocht a fheabhsú agus an t-aistriú i dtreo teicnící iascaireachta ísealtionchair a dhéanamh ar mhaithe le marthanas agus rathúnas an iascaigh ar mionscála;

67. á chur i bhfáth gur cheart d'institiúidí poiblí rochtain ar mhaoiniú a éascú do na codanna is laige den chabhlach chun slabhraí luacha a chothú agus teipeanna margaidh a chosc; i ndáil leis sin, á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscnaimh reachtacha a bhunú chun rochtain ar mhaoiniú foirmiúil a éascú d'earnáil an iascaigh ar mionscála; á chur i bhfáth gur cheart go n-áireofaí leis sin rochtain ar chreidmheas foirmiúil le haghaidh speansais caipitil agus maoiniú d'oibríochtaí iascaireachta; saoráidí agus táirgí maoinithe a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí airgeadais, le haghaidh infheistíocht mheántéarmach go fadtéarmach; agus cur i bhfeidhm scéimeanna maoinithe foirmiúla amhail conarthaí táirgthe nó fáltais stórála, le rannpháirtíocht iascairí, trádálaithe agus údarás poiblí;

68. á thabhairt chun suntais go bhfuil pleanáil spásúil mhuirí ríthábhachtach chun rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile a áirithiú i gcinntí a bhaineann le húsáid agus cosaint na muirthimpeallachta; á thabhairt chun suntais gur príomhuirlis í an phleanáil spásúil mhuirí chun rannpháirtíocht iascairí ar mionscála a áirithiú sa phróiseas cinnteoireachta;

69. á áitiú go bhfuil an titim leanúnach i dtacaíocht AE don earnáil faoi chreataí airgeadais ilbhliantúla leantacha ar cheann de na tosca atá ag déanamh na staide san earnáil níos measa, go háirithe an laghdú ar chistiú do CEI/EMFAF agus don Rialachán maidir le comheagrú na margaí; á athdhearbhú, dá bhrí sin, nach mór dlús a chur le tacaíocht airgeadais AE d'earnáil an iascaigh;

70. á mheas gur rannchuidiú luachmhar iad Treoirlínte Deonacha FAO maidir le hIascach Inbhuanaithe ar Mionscála a Ráthú i gComhthéacs na Slándála Bia agus Dhíothú na Bochtaineachta maidir le creat a shainiú chun iascaireacht ar mionscála a choimirciú, a uasmhéadú agus a chur chun cinn i gcomhthéacs beartais bhainistithe iascaigh;

71. á iarraidh ar na Ballstáit uile ról na mban san iascaireacht a fheabhsú trí thionscadail shonracha agus trí aitheantas dlíthiúil iomlán a thabhairt do ról na mban mar "chúntóirí" agus mar chomhoibrithe i ngnólachtaí iascaireachta teaghlaigh, d'fhonn níos mó ráthaíochtaí saothair, ioncaim don todhchaí agus sochair slándála sóisialta a áirithiú;

72. á mheas gurb iomchuí comhar a neartú d'fhonn aitheantas a thabhairt d'oiliúint bhunúsach arna soláthar ag scoileanna nó ag institiúidí oideachais atá aitheanta ag córais náisiúnta oideachais gach Ballstáit nó tríú tíre agus a aithnítear go hidirnáisiúnta;

73. á mheas, dá ndéanfaí pointí aontachta a fhorbairt idir an réimse éagsúil eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an earnáil, gur ghné thábhachtach a bheadh ann chun a cuid éileamh a chosaint agus chun a áirithiú go gcuirfí san áireamh go cuí é agus sainmhíniú á thabhairt ar bheartais bainistithe iascaigh agus ar bheartais maidir le húsáid an spáis mhuirí;

74. á iarraidh ar an gCoimisiún tionscadail a chur chun cinn, i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe, lena rannchuideofar le limistéir chósta agus oileánacha a chosaint mar chodanna lárnacha den iascaireacht agus den oidhreacht mhuirí;

75. á chur i bhfáth, maidir leis an ngá méadaitheach le foinsí fuinnimh in-athnuaite chun na spriocanna a leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Aontas a bhaint amach, go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar níos mó aige ar earnáil an iascaigh ar mionscála ná ar an gcuid eile de na ranna cabhlaigh; á chur i bhfáth go ndéanfar difear ar leith d'iascach ar mionscála más rud é go dtarlaíonn díláithriú a eascraíonn as suiteáil líon méadaitheach aonad feirme gaoithe amach ón gcósta laistigh de mheánna iascaireachta cois cladaigh, toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh sé d'acmhainn acu bogadh go meánna iascaireachta níos faide ó bhaile ná modhanna iascaireachta a athrú; á iarraidh, i ndáil leis sin, go ndéanfaí pleanáil spásúil mhuirí iomchuí chun leasanna na n-earnálacha uile a ráthú agus chun cúiteamh cothrom a áirithiú d'iascairí ar mionscála mar rogha dheireanach;

76. ag cur béim ar na deiseanna a eascraíonn as sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir iascaigh ar mionscála agus earnálacha eile agus, go háirithe, le turasóireacht chósta a chomhroinneann na sócmhainní agus na bonneagair chéanna le hearnáil an iascaigh ar mionscála; á chur i bhfáth, dá mbeadh sineirgí den sórt sin ann, go gcumasófaí éagsúlú sa gheilleagar áitiúil, go soláthrófaí poist agus ioncam breise do theaghlaigh, agus go gcabhrófaí leis an meath ar bhrabúsacht agus ar fhostaíocht in earnáil an iascaigh a chobhsú; á iarraidh, i ndáil leis sin, go mbeadh ann do shainmhíniú soiléir ar an "turasóireacht iascaigh" lena gceadaítear gníomhaíocht rialáilte agus, ag an am céanna, lena gceadaítear d'iascairí gairmiúla ar mionscála leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le sineirgí le hearnáil an gheilleagair ghoirm;

77. á thabhairt chun suntais go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht laistigh d'earnáil an iascaigh ar mionscála; á chur i bhfáth, d'ainneoin sin, go raibh ról gníomhach ag mná i gcónaí, cé gur minic a bhí siad dofheicthe, laistigh d'earnáil an iascaigh ar mionscála; á chur i bhfáth nach féidir an "dofheictheacht" sin a lua le cúiseanna cultúrtha amháin, ach gur féidir an easpa sonraí staidrimh oifigiúla maidir le fostaíocht na mban laistigh d'earnáil an iascaigh ar mionscála a lua léi freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le tionscadail atá tiomanta d'fhaisnéis a bhailiú maidir le fostaíocht na mban, chomh maith le cur ar chumas na mban dul isteach in earnáil an iascaigh ar mionscála agus ról lárnach a bheith acu inti;

78. á mheas go mbeadh níos mó cuimsithe shóisialta mar thoradh ar thimpeallacht oibre inrochtana a áirithiú, lena n-áirítear laistigh d'earnáil an iascaigh, chun iascairí gníomhacha agus iariascairí araon agus oibrithe eile sa tionscal iascaireachta atá faoi mhíchumas fisiciúil nó foghlama a athimeascadh sa mhargadh saothair, agus go gcabhrófaí le breis dreasachtaí a chruthú do ghiniúint ioncaim in earnáil an iascaigh agus i bpobail iascaireachta mar thoradh air sin;

o

o o

79. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2023)0005

## Leasuithe ar Rialacha Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le Riail 7 maidir le pribhléidí agus díolúine a chosaint agus Riail 9 maidir le nósanna imeachta i leith díolúine

**Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte a bhaineann le Riail 7 maidir le pribhléidí agus díolúine a chosaint agus Riail 9 maidir le nósanna imeachta i leith díolúine (2022/2210(REG))**

(2023/C 214/15)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do na litreacha óna hUachtarán an 9 Samhain agus an 16 Nollaig 2022,

— ag féachaint do Rialacha 236 agus 237 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0001/2023),

1. á chinneadh a cuid Rialacha Nós Imeachta a leasú de réir mar a léirítear anseo thíos;

2. á chinneadh go dtiocfaidh na leasuithe seo i bhfeidhm ar an lá tar éis a nglactha:

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún mar eolas.

**Leasú 1**

**Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa**

**Riail 7 – mír 1**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcásanna ina líomhnaítear go ndearna údaráis Ballstáit sárú ar phribhléidí agus ar dhíolúintí Feisire nó iarFheisire, nó go bhfuil siad chun é a dhéanamh, féadfar, i gcomhréir le Riail 9(1), cinneadh ón bParlaimint a iarraidh i dtaobh an ndearnadh, go hiarbhír, sárú ar na pribhléidí agus ar na díolúintí sin, nó ar dóchúil go ndéanfar sárú orthu. | 1. I gcásanna ina líomhnaítear go ndearna údaráis Ballstáit ***nó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh*** sárú ar phribhléidí agus ar dhíolúintí Feisire nó iarFheisire, nó go bhfuil siad chun é a dhéanamh, féadfar, i gcomhréir le Riail 9(1), cinneadh ón bParlaimint a iarraidh i dtaobh an ndearnadh, go hiarbhír, sárú ar na pribhléidí agus ar na díolúintí sin, nó ar dóchúil go ndéanfar sárú orthu. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 2**

**Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa**

**Riail 9 – mír 1**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le haon iarraidh a bheidh seolta ó údarás inniúil Ballstáit chuig an Uachtarán chun díolúine Feisire a tharscaoileadh, nó ó Fheisire nó ó iarFheisire chun pribhléidí agus díolúintí a chosaint, déanfar í a fhógairt sa Pharlaimint agus a tharchur chuig an gcoiste freagrach. | 1. Maidir le haon iarraidh a bheidh seolta ó údarás inniúil Ballstáit ***nó ón bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach*** chuig an Uachtarán chun díolúine Feisire a tharscaoileadh, nó ó Fheisire nó ó iarFheisire chun pribhléidí agus díolúintí a chosaint, déanfar í a fhógairt sa Pharlaimint agus a tharchur chuig an gcoiste freagrach. |

**Leasú 3**

**Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa**

**Riail 9 – mír 5**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Féadfaidh an coiste a iarraidh ar an ***údarás*** lena mbaineann aon fhaisnéis nó míniú a sholáthar a mheasann an coiste a bheith riachtanach chun go dtiocfaidh sé ar thuairim i dtaobh an ceart díolúine a tharscaoileadh nó a chosaint. | 5. Féadfaidh an coiste a iarraidh ar ***údarás*** an ***Bhallstáit*** lena mbaineann ***nó, de réir mar a bheidh, ar an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach,*** aon fhaisnéis nó míniú a sholáthar a mheasann an coiste a bheith riachtanach chun go dtiocfaidh sé ar thuairim i dtaobh an ceart díolúine a tharscaoileadh nó a chosaint. |

**Leasú 4**

**Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa**

**Riail 9 – mír 8**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Féadfaidh an coiste tuairim réasúnaithe a thabhairt i dtaobh inniúlacht an ***údaráis i dtrácht*** agus i dtaobh inghlacthacht na hiarrata, ach ní dhéanfaidh sé, in imthosca ar bith, tuairim a thabhairt i dtaobh chiontacht nó éigiontacht an Fheisire, ná ní dhéanfaidh sé tuairim a thabhairt i dtaobh an údar maith ionchúisimh iad na tuairimí nó na gníomhartha a chuirtear i leith an Fheisire, fiú amháin más rud é, agus an iarraidh á breithniú aige, go bhfaigheann an coiste eolas mionsonraithe faoi fhíorais an cháis. | 8. Féadfaidh an coiste tuairim réasúnaithe a thabhairt i dtaobh inniúlacht ***údarás*** an ***Bhallstáit lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, inniúlacht an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh,*** agus i dtaobh inghlacthacht na hiarrata, ach ní dhéanfaidh sé, in imthosca ar bith, tuairim a thabhairt i dtaobh chiontacht nó éigiontacht an Fheisire, ná ní dhéanfaidh sé tuairim a thabhairt i dtaobh an údar maith ionchúisimh iad na tuairimí nó na gníomhartha a chuirtear i leith an Fheisire, fiú amháin más rud é, agus an iarraidh á breithniú aige, go bhfaigheann an coiste eolas mionsonraithe faoi fhíorais an cháis. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 5**

**Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa**

**Riail 9 – mír 10**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Cuirfidh an tUachtarán cinneadh na Parlaiminte in iúl láithreach don Fheisire lena mbaineann agus d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, maille le hiarraidh go gcuirfear an tUachtarán ar an eolas faoi aon fhorbairtí agus faoi aon rialuithe breithiúnacha sna himeachtaí ábhartha. Nuair a gheobhaidh an tUachtarán an fhaisnéis sin, tarchuirfidh an tUachtarán chuig an bParlaimint í ar an tslí is oiriúnaí, dar leis nó léi, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste freagrach más gá sin. | 10. Cuirfidh an tUachtarán cinneadh na Parlaiminte in iúl láithreach don Fheisire lena mbaineann agus d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann ***nó**, **de réir mar a bheidh, don Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach,*** maille le hiarraidh go gcuirfear an tUachtarán ar an eolas faoi aon fhorbairtí agus faoi aon rialuithe breithiúnacha sna himeachtaí ábhartha. Nuair a gheobhaidh an tUachtarán an fhaisnéis sin, tarchuirfidh an tUachtarán chuig an bParlaimint í ar an tslí is oiriúnaí, dar leis nó léi, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste freagrach más gá sin. |

**Leasú 6**

**Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa**

**Riail 9 – mír 12**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Ní dhéanfaidh an Pharlaimint scrúdú ach ar iarrataí ar tharscaoileadh díolúine Feisire a bheidh tarchurtha chuici ag na húdaráis bhreithiúnacha nó ag Buanionadaíochtaí na mBallstát. | 12. Ní dhéanfaidh an Pharlaimint scrúdú ach ar iarrataí ar tharscaoileadh díolúine Feisire a bheidh tarchurtha chuici ag na húdaráis bhreithiúnacha nó ag Buanionadaíochtaí na mBallstát ***nó, de réir mar a bheidh, ag an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach***. |

**Leasú 7**

**Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa**

**Riail 9 – mír 14**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. Is i gcomhréir leis na rialacha thuas a dhéileálfar le haon fhiosrú arna dhéanamh ag údarás inniúil maidir le scóip pribhléidí agus díolúintí Feisirí. | 14. Is i gcomhréir leis na rialacha thuas a dhéileálfar le haon fhiosrú arna dhéanamh ag údarás inniúil ***Ballstáit nó, de réir mar as bheidh, ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh,*** maidir le scóip pribhléidí agus díolúintí Feisirí. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

III

*(Gníomhartha ullmhúcháin)*

# PARLAIMINT NA HEORPA

P9_TA(2023)0001

## Comhaontú AE/an Nua-Shéalainn: malartú sonraí pearsanta idir Europol agus an Nua-Shéalainn

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (10092/2022 – C9-0288/2022 – 2022/0157(NLE))**

**(Toiliú)**

(2023/C 214/16)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (10092/2022),

— ag féachaint don dréacht-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (9269/2022),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2), le hAirteagal 88 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0288/2022),

— ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 10 Iúil 2020 ([1]) maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe, faoi chaibidil, idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac,

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0003/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. a threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Nua-Shéalainne.

---

([1]) IO C 371, 15.9.2021, lch. 71.

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0002

## Coinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht: An Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht (06438/2022 – C9-0146/2022 – 2021/0383(NLE))**

**(Toiliú)**

(2023/C 214/17)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (06438/2022),

— ag féachaint don dréacht den Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht a dhaingniú, Prótacal i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí (14898/2021),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16, Airteagal 82(1) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0146/2022),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0002/2023),

1. Ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Comhairle na hEorpa.

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0003

# Loingsithe dramhaíola

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le loingsithe dramhaíola agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056. (COM(2021)0709 – C9-0426/2021 – 2021/0367(COD))** [1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 214/18)

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is gá rialacha a leagan amach ar leibhéal an Aontais chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint ar na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar dhramhaíl a loingsiú. Ba cheart go rannchuideodh na rialacha sin le bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a éascú, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [31] , mar aon le tionchair fhoriomlána úsáidte acmhainní a laghdú agus éifeachtúlacht na húsáide sin a fheabhsú, rud atá ríthábhachtach maidir leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach. | (1) Is gá rialacha a leagan amach ar leibhéal an Aontais chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint ar na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar dhramhaíl a loingsiú. Ba cheart go rannchuideodh na rialacha sin le bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a éascú, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [31], mar aon le tionchair fhoriomlána úsáidte acmhainní a laghdú agus éifeachtúlacht na húsáide sin a fheabhsú, rud atá ríthábhachtach maidir leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ***agus maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí. I ndáil leis sin, ba cheart bainistiú dramhaíola a mheas mar chéim amháin den saolré táirgí ó tháirgeadh go hamhábhair thánaisteacha, ar cheart, ina leith, tosaíocht a thabhairt do theicnící nuálacha inbhuanaithe lena bhféachtar le feabhas a chur ar aisghabháil ábhair, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar rannchuidiú foriomlán an bhainistithe dramhaíola leis an dícharbónú.*** |
| (31) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). | (31) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). |

(1) Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0290/2022).

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a)** **Mura ndéantar iad a bhainistiú i gceart, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha éagsúla a bheith ag gníomhaíochtaí cóireála agus diúscartha dramhaíola ar an gcomhshaol agus ar cháilíocht saoil daoine, agus tá sé deacair cuid acu a mhaolú. Dá bhrí sin, ní mór tuilleadh faisnéise a chur ar fáil ar líne maidir leis na hoibríochtaí bainistithe dramhaíola éagsúla a dhéantar, i dtéarmaí cainníochtaí, cineálacha, bealaí agus cinn scríbe ghaolmhara, agus maidir le cigireacht agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b)** **Ba cheart bearta a bheith ag gabháil leis an dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an bhainistithe dramhaíola chun laghdú a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola lena dtugtar aghaidh go háirithe ar dhramhaíl réamhtheachtach i dtáirgeadh agus i dtomhaltas;*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip ([34]), leagtar amach treochlár uaillmhianach chun an tAontas a chlaochlú ina gheilleagar inbhuanaithe aeráidneodrach atá tíosach ar acmhainní. Leis an gComhaontú sin, iarrtar ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le loingsithe dramhaíola a bhunaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ([35]). Leis an bPlean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach a glacadh i mí an Mhárta 2020, cuirtear i dtábhacht arís eile gur gá gníomhú chun a áirithiú go n-éascaítear loingsithe dramhaíola atá ceaptha lena n-athúsáid agus lena n-athchúrsáil san Aontas, nach n-onnmhairíonn an tAontas a dhúshláin dramhaíola go tríú tíortha agus go dtugtar aghaidh ar loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola ar bhealach níos fearr. Sa bhreis ar na tairbhí comhshaoil agus sóisialta, d'fhéadfadh sé go bhfeabhsófaí spleáchas an Aontais ar amhábhair. D'iarr an Chomhairle ([36]) agus Parlaimint na hEorpa ([37]) araon go ndéanfaí athbhreithniú ar rialacha reatha an Aontais maidir le loingsithe dramhaíola a bhunaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006. | (3) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip ([34]), leagtar amach treochlár uaillmhianach chun an tAontas a chlaochlú ina gheilleagar inbhuanaithe aeráidneodrach atá tíosach ar acmhainní. Leis an gComhaontú sin, iarrtar ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le loingsithe dramhaíola a bhunaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006. Leis an bPlean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach ([35]) a glacadh i mí an Mhárta 2020, cuirtear i dtábhacht arís eile gur gá gníomhú chun a áirithiú go n-éascaítear loingsithe dramhaíola atá ceaptha lena n-athúsáid agus lena n-athchúrsáil san Aontas, nach n-onnmhairíonn an tAontas a dhúshláin dramhaíola go tríú tíortha agus go dtugtar aghaidh ar loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola ar bhealach níos fearr. Sa bhreis ar na tairbhí comhshaoil agus sóisialta, d'fhéadfadh sé go bhfeabhsófaí spleáchas an Aontais ar amhábhair. ***Chun níos mó den dramhaíl a ghintear a choinneáil laistigh den Aontas, áfach, beidh gá le hacmhainneacht fheabhsaithe athchúrsála agus bainistithe dramhaíola.*** D'iarr an Chomhairle ([36]) agus Parlaimint na hEorpa ([37]) araon go ndéanfaí athbhreithniú ar rialacha reatha an Aontais maidir le loingsithe dramhaíola a bhunaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006. ***Chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach, ba cheart tacú le tionscnaimh ghnó nuálacha amhail dramhaíl a ghlacadh ar ais chun críche athchúrsála, athchóirithe, taighde nó chun dearadh táirgí a fheabhsú.*** |

([34]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip COM(2019)0640.

([35]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an 11 Márta 2020, Plean Gníomhaíochta nua do Gheilleagar Ciorclach – Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach COM(2020)0098.

([36]) Conclúidí ón gComhairle maidir le bheith ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas (13852/20 OJ CONS 34).

([37]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach (2020/2077(INI)).

([34]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640)

([35]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an 11 Márta 2020, Plean Gníomhaíochta nua do Gheilleagar Ciorclach – Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach (COM(2020)0098.

([36]) Conclúidí ón gComhairle maidir le bheith ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas (13852/20 OJ CONS 34).

([37]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach (2020/2077(INI)).

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(8)* ***I mí Dheireadh Fómhair 2020, chuir an tAontas fógra, lena gcumhdaítear dramhaíl a loingsiú laistigh den Aontas, faoi bhráid Ardrúnaíocht Choinbhinsiún Basel faoi Airteagal 11 den Choinbhinsiún sin. I gcomhréir leis an Airteagal sin, d'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go leagfadh an tAontas rialacha sonracha amach a mbeadh feidhm acu maidir le loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas nach bhfuil níos lú fóntais leo ó thaobh an chomhshaoil de ná na rialacha dá bhforáiltear le Coinbhinsiún Basel.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(10a)* ***Ba cheart don taighde agus nuálaíocht a bheith ina chuid lárnach d'earnáil bainistithe dramhaíola na hEorpa. Ba cheart go n-áireofaí tionscal, ollscoileanna agus institiúidí taighde eile sa líonra taighde agus nuálaíochta le haghaidh dramhaíola. Dá réir sin, ba cheart a chur san áireamh sna hathbhreithnithe ar an Rialachán seo agus ar a ghníomhartha ábhartha gaolmhara nuálaíocht i dteicnící bainistithe dramhaíola, i gcás ina rannchuidíonn na teicnící sin le bainistiú dramhaíola ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(10b)* ***Chun a áirithiú go ndéanfar fíoraistriú chuig geilleagar ciorclach le haghaidh loingsithe dramhaíola ó áit tionscnaimh na dramhaíola go dtí an áit ina ndéantar an dramhaíl sin a chóireáil, ba cheart prionsabal na gaireachta, an éifeachtúlacht ábhair agus an gá atá le lorg comhshaoil na dramhaíola a laghdú a chur san áireamh.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a)** **Leis an rialachán seo, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach reachtaíocht an Aontais a áirithiú i réimse an bhainistithe dramhaíola chun comhlíonadh na bhforálacha ábhartha maidir le cosaint an chomhshaoil agus shláinte an duine a éascú. Ba cheart ualach riaracháin míchuí a sheachaint, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a)** **Chun nuálaíocht i dteicneolaíochtaí cóireála dramhaíola a chur san áireamh maidir le bainistiú fónta comhshaoil, chomh maith le hathruithe ar iompraíocht tomhaltóirí maidir le sórtáil dramhaíola, tá sé ríthábhachtach Iarscríbhinn IIIB a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh go háirithe ar cibé ar cheart iontrálacha a chur le coisbheart úsáidte, le héadaí úsáidte agus le táirgí teicstíle eile, olann charraige agus tochtanna.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 16 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16b)** **I margadh dea-fheidhmiúil de chuid an Aontais le haghaidh loingsithe dramhaíola ba cheart tosaíocht a thabhairt mar threoirphrionsabail do ghaireacht, don neamhthuilleamaíocht agus d'úsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil i mbainistiú dramhaíola. Tá sé ríthábhachtach aistriú cothrom chuig geilleagar ciorclach a ghnóthú má táthar chun geilleagar Aontais atá aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch a bhaint amach, ar geilleagar é a bheidh inbhuanaithe san fhadtéarma.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (20) Is gá foráil a dhéanamh maidir le céimeanna agus coimircí nós imeachta, nuair is mian le fógróir dramhaíl a loingsiú faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Is gá a áirithiú freisin, i gcomhréir le hAirteagal 6(11) de Choinbhinsiún Basel, gurb iad na hoibreoirí ábhartha a sheasann na costais a eascraíonn as cásanna nach féidir an loingsiú dramhaíola atá faoi réir réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn a thabhairt i gcrích nó nuair atá sé neamhdhleathach. Chuige sin, ba cheart don fhógróir ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach a bhunú le haghaidh gach loingsithe den dramhaíl sin. | (20) Is gá foráil a dhéanamh maidir le céimeanna agus coimircí nós imeachta, nuair is mian le fógróir dramhaíl a loingsiú, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú***, lena rannchuideofar le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais***. Is gá a áirithiú freisin, i gcomhréir le hAirteagal 6(11) de Choinbhinsiún Basel, gurb iad na hoibreoirí ábhartha a sheasann na costais a eascraíonn as cásanna nach féidir an loingsiú dramhaíola atá faoi réir réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn a thabhairt i gcrích nó nuair atá sé neamhdhleathach. Chuige sin, ba cheart don fhógróir ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach a bhunú le haghaidh gach loingsithe dramhaíola. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Chun laghdú a chur ar an moill ar phróiseáil fógraí maidir le loingsiú dramhaíola agus chun malartú faisnéise idir na húdaráis ábhartha a éascú, ***is gá*** faisnéis agus sonraí a bhaineann le loingsithe aonair dramhaíola laistigh den Aontas a eisiúint agus a mhalartú trí mhodh leictreonach. Is gá cumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin chun na ceanglais nós imeachta agus oibríochtúla a leagan amach le haghaidh chur chun feidhme praiticiúil na gcóras lena n-áiritheofar go ndéanfar faisnéis a chur isteach agus a mhalartú go leictreonach (amhail idirnascacht, ailtireacht agus slándáil). Is gá am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus do na hoibreoirí eacnamaíocha chun ullmhú don athrú ó chur chuige atá bunaithe ar pháipéar, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, go cur chuige lena ndéantar faisnéis agus doiciméid a mhalartú go leictreonach. Ba cheart don oibleagáid nua sin a bheith infheidhme 24 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. | (22) Chun laghdú a chur ar an moill ar phróiseáil fógraí maidir le loingsiú dramhaíola agus chun malartú faisnéise idir na húdaráis ábhartha ***agus na hoibreoirí eacnamaíochta*** a éascú, tá sé ***ríthábhachtach*** faisnéis agus sonraí a bhaineann le loingsithe aonair dramhaíola laistigh den Aontas a eisiúint agus a mhalartú trí mhodh leictreonach. ***Ba cheart an lárchóras agus an córas náisiúnta a bheith idirnasctha agus lánoibríochtúil. Chun laghdú ar mhoilleanna a éascú, tá sé ríthábhachtach go gceadófaí leis na córais sin go ndéanfaí doiciméid a chomhroinnt agus go mbeadh bunachar sonraí iomlán inchuardaithe faisnéise iontu a bhaineann le loingsithe dramhaíola.*** Is gá cumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin chun na ceanglais nós imeachta agus oibríochtúla a leagan amach le haghaidh chur chun feidhme praiticiúil na gcóras lena n-áiritheofar go ndéanfar faisnéis a chur isteach agus a mhalartú go leictreonach (amhail idirnascacht, ailtireacht agus slándáil). Is gá am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus do na hoibreoirí eacnamaíocha chun ullmhú don athrú ó chur chuige atá bunaithe ar pháipéar, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, go cur chuige lena ndéantar faisnéis agus doiciméid a mhalartú go leictreonach. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an oibleagáid nua sin infheidhme 24 mhí tar éis dháta ***theacht i bhfeidhm*** an Rialacháin seo, ***ar cheart roimhe sin rochtain ar an lárchóras a dheonú do na húdaráis ábhartha ina leagan críochnaitheach, chun críche tástála agus foghlama***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a) Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta malartacha ann mar choimircí don chóras leictreonach. I gcás cliseadh sealadach an lárchórais, ba cheart go mbeadh na sonraí fós cosanta agus inrochtana, agus ba cheart nósanna imeachta a bhaineann le loingsithe a dhéanamh gan mhoill nach gá.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun a áirithiú go bhfuil údaráis inniúla in ann próiseáil chuí a dhéanamh ar na doiciméid a chuirtear faoina mbráid maidir le dramhaíl a loingsiú, is gá oibleagáid a leagan amach go soláthróidh an fógróir aistriúchán údaraithe de na doiciméid sin i dteanga atá inghlactha ag na húdaráis sin, má iarrann siad amhlaidh. | (30) D'fhonn a áirithiú go bhfuil údaráis inniúla in ann próiseáil chuí a dhéanamh ar na doiciméid a chuirtear faoina mbráid maidir le dramhaíl a loingsiú, ***agus ualach riaracháin míchuí á sheachaint***, ***ba cheart*** don fhógróir ***fógraí, faisnéis, doiciméid, nó aon teachtaireachtaí eile a sholáthar i dteanga oifigiúil Bhallstát an údaráis inniúil lena mbaineann nó i mBéarla.*** Ba cheart aistriúchán údaraithe ar na doiciméid sin a sholáthar i dteanga atá inghlactha ag na húdaráis sin, má iarrann ***na húdarais inniúla*** amhlaidh***, ach níor cheart déanamh amhlaidh ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe***. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Chun nach gcuirfear isteach ar loingsithe dramhaíola nó earraí mar gheall ar easaontas idir údaráis inniúla maidir le stádas na dramhaíola nó na n-earraí sin, is gá nós imeachta a leagan amach chun easaontais den sórt sin a réiteach. Tá sé tábhachtach maidir leis sin go mbunaíonn na húdaráis inniúla a gcinntí ar na forálacha a bhaineann le seachtháirgí a chinneadh agus leis an stádas maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad de Threoir 2008/98/CE. Is gá nós imeachta a leagan amach freisin chun easaontais a réiteach idir údaráis inniúla maidir le cé acu ba cheart do dhramhaíl a bheith faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt nó nár cheart. ***Chun comhchuibhiú níos fearr ar fud an Aontais a áirithiú maidir leis na coinníollacha faoinar cheart dramhaíl a bheith faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt, ba cheart é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear critéir chun dramhaíl shonrach atá sna hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo a aicmiú, rud lena chinnfear cé acu atá sí faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt nó nach bhfuil.*** Ina theannta sin, chun nach ndearbhófar dramhaíl go bréagach mar earraí úsáidte ***agus chun soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar, ba cheart é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh*** chun idirdhealú a dhéanamh idir earraí úsáidte agus dramhaíl, i gcás tráchtearraí sonracha a bhfuil idirdhealú den sórt sin tábhachtach lena n-aghaidh, go háirithe lena n-onnmhairiú ón Aontas. | (31) Chun nach gcuirfear isteach ar loingsithe dramhaíola nó earraí mar gheall ar easaontas idir údaráis inniúla maidir le stádas na dramhaíola nó na n-earraí sin, is gá nós imeachta a leagan amach chun easaontais den sórt sin a réiteach. Tá sé tábhachtach maidir leis sin go mbunaíonn na húdaráis inniúla a gcinntí ar na forálacha a bhaineann le seachtháirgí a chinneadh agus leis an stádas maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad de Threoir 2008/98/CE. Is gá ***nós imeachta a leagan amach freisin chun critéir a bhunú d'aicmiú dramhaíola sonraí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo agus*** chun easaontais a réiteach idir údaráis inniúla maidir le cé acu ba cheart do dhramhaíl a bheith faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt nó nár cheart. Ina theannta sin, ***chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus*** chun nach ndearbhófar dramhaíl go bréagach mar earraí úsáidte, ***is gá critéir a bhunú*** chun idirdhealú a dhéanamh idir earraí úsáidte agus dramhaíl, i gcás tráchtearraí sonracha a bhfuil idirdhealú den sórt sin tábhachtach lena n-aghaidh, go háirithe lena n-onnmhairiú ón Aontas. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun comhshaol na dtíortha lena mbaineann a chosaint, is gá soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme an toirmisc onnmhairiúcháin ar dhramhaíl ghuaiseach a bheidh le cóireáil i dtríú tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, i gcomhréir le Coinbhinsiún Basel. Go sonrach, is gá soiléiriú a dhéanamh ar an liosta dramhaíola a bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin maidir leis agus a áirithiú go n-áirítear leis an dramhaíl a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, eadhon dramhaíl a bhailítear ó thithe, iarmhair ó loisceadh dramhaíola tí agus dramhaíl phlaisteach is deacair a athchúrsáil. | (36) Chun comhshaol na dtíortha lena mbaineann a chosaint, is gá soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme an toirmisc onnmhairiúcháin ar dhramhaíl ghuaiseach a bheidh le cóireáil i dtríú tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, i gcomhréir le Coinbhinsiún Basel. Go sonrach, is gá soiléiriú a dhéanamh ar an liosta dramhaíola a bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin maidir leis agus a áirithiú go n-áirítear leis an dramhaíl a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, eadhon dramhaíl a bhailítear ó thithe, iarmhair ó loisceadh dramhaíola tí agus dramhaíl phlaisteach is deacair a athchúrsáil, ***atá éillithe nó atá measctha***. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36a) Ba cheart don Aontas athmhachnamh iomlán a dhéanamh ar bhainistiú a dhramhaíola plaistí, ag tosú leis an dramhaíl a chosc agus a áirithiú go ndéanfar dramhaíl den sórt sin a bhailiú, a athúsáid agus a athchúrsáil.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36b) Tá dúshláin ar leith ag baint le dramhaíl phlaisteach. Tá éagsúlacht leathan polaiméirí ann, agus is minic a bhíonn breiseáin ghuaiseacha agus go leor éilleán iontu. Bheadh gá le tástáil chostasach chun leibhéil na mbreiseán guaiseach agus na n-éilleán a thomhas chun críocha rialaithe onnmhairí. Tá na leibhéil athchúrsála le haghaidh dramhaíl phlaisteach íseal, agus is féidir le hathchúrsáil dramhaíola plaistí méideanna móra dramhaíola iarmharaí a chruthú. Tá roinnt mórchuideachtaí loingseoireachta tiomanta stop a chur le hiompar dramhaíola plaistí chun cuidiú le truailliú a shrianadh. I bhfianaise na bhfadhbanna éagsúla atá cruthaithe ag bainistiú dramhaíola plaistí i dtríú tíortha, ba cheart don Aontas deireadh a chur de réir a chéile le honnmhairiú gach cineáil dramhaíola plaistí lasmuigh den Aontas agus de thíortha CSTE.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36c) Chun a áirithiú go ndéanfar forfheidhmiú éifeachtach ar onnmhairiú dramhaíola plaistí a chéimniú amach lasmuigh den Aontas agus de thíortha CSTE, is gá faireachán agus cigireacht rialta a dhéanamh ag seicphointí, lena n-áirítear chun cosc a chur ar aon imchéimniú ar an gceanglas maidir le deireadh a chur de réir a chéile le maímh bhréagacha nach dramhaíl í.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36d) Chun athchúrsáil plaisteach a chur chun cinn san Aontas, ba cheart tacú le margadh le haghaidh táirgí ina bhfuil plaisteach athchúrsáilte. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thabhairt isteach spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte, go háirithe, ach gan a bheith teoranta dóibh, i gcás táirgí a dhéantar as plaisteach, agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh dá réir sin.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37a) Is gá a áirithiú go n-éascófar loingsiú dramhaíola atá riachtanach chun slabhraí luacha láidre a thógáil laistigh den mhargadh inmheánach, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm. Trí phríomhshlabhraí luacha a neartú, cuirfear dlús le forbairt ár n-athléimneachta agus cuirfear feabhas ar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Tá na tíortha a bhfuil feidhm ag cinneadh ECFE maidir leo faoi réir na rialacha agus na moltaí a leagann ECFE síos maidir le loingsiú agus bainistiú dramhaíola agus bíonn caighdeáin níos airde iontu de ghnáth maidir le bainistiú dramhaíola ná mar a bhíonn sna tíortha nach bhfuil feidhm ag cinneadh ECFE maidir leo. Tá sé tábhachtach, áfach, nach mbíonn onnmhairiú dramhaíola guaisí ón Aontas atá ceaptha lena cóireáil ina chúis le damáiste don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí i dtíortha a bhfuil feidhm ag cinneadh ECFE maidir leo. Is gá, dá bhrí sin, sásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar loingsithe dramhaíola neamhghuaisí chuig na tíortha sin. I gcásanna ina dtagann méadú mór ar onnmhairiú dramhaíola neamhghuaisí ón Aontas chuig an tír lena mbaineann laistigh de thréimhse ghairid agus ina bhfuil easpa faisnéise ar fáil lena léirítear cumas na tíre lena mbaineann chun an dramhaíl sin a chóireáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ba cheart don Choimisiún dul i mbun idirphlé leis an tír lena mbaineann agus, mura bhfuil an fhaisnéis leordhóthanach chun a chruthú go gcóireáiltear an dramhaíl ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún an t-onnmhairiú sin a chur ar fionraí. | (38) Tá na tíortha a bhfuil feidhm ag cinneadh ECFE maidir leo faoi réir na rialacha agus na moltaí a leagann ECFE síos maidir le loingsiú agus bainistiú dramhaíola agus bíonn caighdeáin níos airde iontu de ghnáth maidir le bainistiú dramhaíola ná mar a bhíonn sna tíortha nach bhfuil feidhm ag cinneadh ECFE maidir leo. Tá sé tábhachtach, áfach, nach mbíonn onnmhairiú dramhaíola guaisí ón Aontas atá ceaptha lena cóireáil ina chúis le damáiste don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí i dtíortha a bhfuil feidhm ag cinneadh ECFE maidir leo. Is gá, dá bhrí sin, sásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar loingsithe dramhaíola neamhghuaisí chuig na tíortha sin. I gcásanna ina bhfuil easpa faisnéise ar fáil lena léirítear cumas na tíre lena mbaineann chun an dramhaíl sin a chóireáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol***, agus faisnéis maidir le tionchair dhiúltacha ar bhainistiú dramhaíola tí sa tír i gceist,*** ba cheart don Choimisiún dul i mbun idirphlé leis an tír lena mbaineann agus, mura bhfuil an fhaisnéis leordhóthanach chun a chruthú go gcóireáiltear an dramhaíl ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún an t-onnmhairiú sin a chur ar fionraí. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun tacú le gníomhaíochtaí forfheidhmithe na mBallstát agus chun iad a chomhlánú, ba cheart é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus comhordaithe a dhéanamh i ndáil le loingsithe neamhdhleathacha, a d'fhéadfadh mórthionchair dhíobhálacha a bheith acu ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol. Agus na gníomhaíochtaí sin á ndéanamh, ba cheart don Choimisiún gníomhú agus ráthaíochtaí nós imeachta á n-urramú acu go hiomlán. D'fhéadfadh an Coimisiún a mhachnamh a dhéanamh, mar ábhar a bhaineann lena eagrúchán inmheánach, ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a chur de chúram ar an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ag a bhfuil saineolas ábhartha sa réimse sin. | (49) Chun tacú le gníomhaíochtaí forfheidhmithe na mBallstát agus chun iad a chomhlánú, ba cheart é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus comhordaithe a dhéanamh i ndáil le loingsithe neamhdhleathacha, a d'fhéadfadh mórthionchair dhíobhálacha a bheith acu ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol. Agus na gníomhaíochtaí sin á ndéanamh, ba cheart don Choimisiún gníomhú agus ráthaíochtaí nós imeachta á n-urramú acu go hiomlán. D'fhéadfadh an Coimisiún a mhachnamh a dhéanamh, mar ábhar a bhaineann lena eagrúchán inmheánach, ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a chur de chúram ar an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ag a bhfuil saineolas ábhartha sa réimse sin. ***Má thugtar fógra do na húdaráis inniúla sna Ballstáit seolta agus cinn scríbe maidir le loingsiú neamhdhleathach dramhaíola, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidís a mbearta rialaithe maidir le loingsithe comhchosúla a mhéadú chun loingsiú neamhdhleathach dramhaíola a shainaithint ag céim luath.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a sholáthar don Choimisiún, trí bhíthin na dtuarascálacha a chuirtear faoi bhráid Ardrúnaíocht Choinbhinsiún Basel agus ar bhonn ceistneora ar leithligh araon. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a sholáthar gach 4 bliana maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a chur na Ballstáit ar fáil chomh maith le faisnéis eile, a bhailítear go háirithe trí thuarascálacha ad hoc arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil maidir le loingsithe dramhaíola plaistí agus sruthanna sonracha dramhaíola eile atá ina n-ábhar imní. | (50) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a sholáthar don Choimisiún, trí bhíthin na dtuarascálacha a chuirtear faoi bhráid Ardrúnaíocht Choinbhinsiún Basel agus ar bhonn ceistneora ar leithligh araon. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a sholáthar gach ***trí*** bliana maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil chomh maith le faisnéis eile, a bhailítear go háirithe trí thuarascálacha *ad hoc* arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil maidir le loingsithe dramhaíola plaistí agus sruthanna sonracha dramhaíola eile atá ina n-ábhar imní. ***Ba cheart an lárchóras le haghaidh faisnéis agus doiciméid a chur isteach agus a mhalartú go leictreonach a dhearadh ar bhealach inar féidir sonraí a asbhaint as an gcóras chun críche na dtuarascálacha sin.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Chun malartú faisnéise agus comhar a éascú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla agus comhfhreagraithe a ainmniú agus fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu, agus ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí. | (52) Chun malartú faisnéise agus comhar a éascú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme ***go comhchuibhithe***, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla agus comhfhreagraithe a ainmniú agus fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu, agus ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hAirteagal ***37(13), Airteagal 40(8)*** agus Airteagal ***72*** den Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([52]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (54) Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hAirteagail ***14(3), 28(4), 38(1), 42(4)*** agus Airteagal ***75*** den Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([52]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |

([52]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

([52]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun bearta a ghlacadh maidir le modh comhchuibhithe chun ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach a ríomh, chun aicmiú dramhaíola faoin Rialachán seo a shoiléiriú (lena n-áirítear tairseach leibhéil éillithe a leagan síos le haghaidh dramhaíl áirithe) agus chun an t-idirdhealú idir earraí úsáidte agus dramhaíl a shoiléiriú le haghaidh cineálacha áirithe tráchtearraí nuair a loingsítear thar theorainneacha iad. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([53]). | (55) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modh ***simplí, rioscabhunaithe agus*** comhchuibhithe a ghlacadh chun an ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach a ríomh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([53]). ***Má chinneann an Coimisiún go bhfuil modh ríofa comhchuibhithe le haghaidh ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach ina mhodh iomchuí, ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar conas is féidir an lárchóras a úsáid chun modhanna nuálacha a chumasú chun ráthaíochtaí airgeadais a chinneadh.*** |

([53]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([53]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 55 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(55a)* ***Chun comhchuibhiú an mhargaidh inmheánaigh agus cleachtais idir na Ballstáit maidir le loingsiú dramhaíola a éascú tuilleadh, ba cheart don Choimisiún a fhiosrú an féidir tuilleadh caighdeánaithe a dhéanamh ar chonarthaí i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagtar síos sa Rialachán seo bearta chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint trí na drochthionchair a d'fhéadfadh teacht as loingsiú dramhaíola a chosc nó a laghdú. Bunaítear leis nósanna imeachta agus córais rialaithe maidir le loingsiú dramhaíola, ag brath ar thionscnamh, ceann scríbe agus bealach an loingsithe, ar chineál an loingsithe a sheolfar agus ar an gcineál cóireála atá le cur i bhfeidhm ar an dramhaíl nuair a bhainfidh sí ceann scríbe amach. | Leagtar síos sa Rialachán seo bearta chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint trí na drochthionchair a d'fhéadfadh teacht as loingsiú dramhaíola a chosc nó a laghdú ***lena n-áirítear i dtríú tíortha***. Bunaítear leis nósanna imeachta agus córais rialaithe maidir le loingsiú dramhaíola, ag brath ar thionscnamh, ceann scríbe agus bealach an loingsithe, ar chineál an loingsithe a sheolfar agus ar an gcineál cóireála atá le cur i bhfeidhm ar an dramhaíl nuair a bhainfidh sí ceann scríbe amach. ***Tá sé mar aidhm leis rannchuidiú le geilleagar ciorclach, éifeachtúlacht acmhainní, aeráidneodracht agus uaillmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach le haghaidh timpeallacht atá saor ó thocsainí trí phrionsabail na gaireachta agus na neamhthuilleamaíochta a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE a chur i bhfeidhm. Féachann sé freisin leis an ualach riaracháin a laghdú trí na rialacha maidir le loingsiú dramhaíola laistigh den Aontas a chomhchuibhiú agus trí mhalartú faisnéise maidir le loingsiú dramhaíola a dhigitiú.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn "bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol" gach céim phraiticiúil a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar dramhaíl a bhainistiú ar bhealach ina ndéanfar sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint i gcoinne na n-éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh bheith ann mar thoradh ar an dramhaíl sin; | (4) ciallaíonn "bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol" gach céim phraiticiúil a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar dramhaíl a bhainistiú ar bhealach ina ndéanfar sláinte an duine***, an aeráid*** agus an comhshaol a chosaint i gcoinne na n-éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh bheith ann mar thoradh ar an dramhaíl sin ***agus ar chóireáil na dramhaíola sin***; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Thairis sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe maidir le “dramhaíl”, “dramhaíl ghuaiseach”, “cóireáil”, “diúscairt”, “córas cóireála”, “ullmhú le haghaidh athúsáide”, “athúsáid”, “athchúrsáil”, “táirgeoir dramhaíola”, “sealbhóir na dramhaíola”, “déileálaí” agus “bróicéir” a leagtar síos in Airteagal 3, pointí (1), (2), (14), (19), (15), (16), (13), (17), (5), (6), (7) agus (8) faoi seach de Threoir 2008/98/CE. | Thairis sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe maidir le “dramhaíl”, “dramhaíl ghuaiseach”, “cóireáil”, “diúscairt”, ***“aisghabháil”,*** “aisghabháil ***ábhair***”, “ullmhú le haghaidh athúsáide”, “athúsáid”, “athchúrsáil”, “táirgeoir dramhaíola”, “sealbhóir na dramhaíola”, “déileálaí” agus “bróicéir” a leagtar síos in Airteagal 3, pointí (1), (2), (14), (19), (15), ***(15a),*** (16), (13), (17), (5), (6), (7) agus (8) faoi seach de Threoir 2008/98/CE. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) Dramhaíl ina bhfuil substaint a liostaítear in Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha nó atá éillithe le substaint den sórt sin mura liostaítear í in áit eile;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ní mó méid na dramhaíola ná 150 kg ná aon mhéid níos mó ná sin a chomhaontaítear ar bhonn cás ar chás ag na húdaráis inniúla lena mbaineann agus ag an bhfógróir. | (b) ní mó méid na dramhaíola ná 150 kg ***le haghaidh anailís saotharlainne, 2 000 kg le haghaidh trialacha turgnamhacha*** ná aon mhéid níos mó ná sin a chomhaontaítear ar bhonn cás ar chás ag na húdaráis inniúla lena mbaineann agus ag an bhfógróir. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh feidhm ag mír 2 maidir le loingsithe dramhaíola de dhramhaíl mheasctha chathrach arna mbailiú ó theaghlaigh phríobháideacha, ó tháirgeoirí dramhaíola eile nó ón dá dhream, chomh maith le dramhaíl mheasctha chathrach a ndearnadh córas cóireála dramhaíola uirthi ach nár athraíodh a hairíonna go substaintiúil, i gcás go bhfuil an dramhaíl sin ceaptha le haghaidh córais chóireála. Cuirfear toirmeasc ar loingsithe dramhaíola den chineál sin a bheidh le diúscairt. | 5. Beidh feidhm ag mír 2 maidir le loingsithe dramhaíola de dhramhaíl mheasctha chathrach arna mbailiú ó theaghlaigh phríobháideacha, ó tháirgeoirí dramhaíola eile nó ón dá dhream, chomh maith le dramhaíl mheasctha chathrach a ndearnadh oibríocht um chóireála dramhaíola uirthi ach nár athraíodh a hairíonna go substaintiúil, ***mar shampla breoslaí arna ndíorthú ó dhramhaíl,*** i gcás go bhfuil an dramhaíl sin ceaptha le haghaidh córais chóireála. Cuirfear toirmeasc ar loingsithe dramhaíola den chineál sin a bheidh le diúscairt. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní cheadaítear ach d'fhógróirí a bhfuil ceadúnas faighte acu nó atá cláraithe i gcomhréir le Caibidil IV de Threoir 2008/98/CE réamhfhógra i scríbhinn ("fógra") a chur isteach. | Ní cheadaítear ach d'fhógróirí a bhfuil ceadúnas faighte acu nó atá cláraithe i gcomhréir le Caibidil IV de Threoir 2008/98/CE ***nó d'oibreoirí a bhíonn i mbun trialacha turgnamhacha nó do shaotharlanna*** réamhfhógra i scríbhinn ("fógra") a chur isteach. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach é táirgeoir dramhaíola bunaidh an fógróir dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(i), áiritheoidh an fógróir go síneoidh an táirgeoir dramhaíola bunaidh nó ceann de na daoine a luaitear in Airteagal 3, pointe 6(a)(ii) ***nó (iii***) an doiciméad fógartha freisin. | I gcás nach é táirgeoir dramhaíola bunaidh an fógróir dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(i), áiritheoidh an fógróir go síneoidh an táirgeoir dramhaíola bunaidh nó ceann de na daoine a luaitear in Airteagal 3, pointí 6(a)(ii), ***(iii) nó (iv)*** an doiciméad fógartha freisin. ***Áiritheoidh déileálaí nó bróicéir go mbeidh údarú i scríbhinn acu ó dhuine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (6)(a)(i), (ii) nó (iii), chun gníomhú thar a gceann, agus áireofar an t-údarú sin i scríbhinn san fhógra.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. De mhaolú ar mhír 5, i gcás ina mbeidh an dramhaíl a loingsítear ceaptha le haghaidh córais eatramhacha chóireála nó diúscartha na dramhaíola agus go ndéanfar córas cóireála nó diúscartha na dramhaíola breise sa tír cinn scríbe, féadfar an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach a scaoileadh nuair a fhágfaidh an dramhaíl an tsaoráid eatramhach agus nuair a gheobhaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 16(4). Sa chás sin, déanfar aon loingsiú dramhaíola breise chuig saoráid chóireála nó saoráid diúscartha a chumhdach ag ráthaíocht airgeadais nua nó ag árachas coibhéiseach nua murar deimhin leis an údarás inniúil nach bhfuil gá leis an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach sin. Sna himthosca sin, beidh an t-údarás inniúil cinn scríbe freagrach maidir le hoibleagáidí a thagann chun cinn i dtaca le cás glacadh ar ais nuair nach féidir an loingsiú dramhaíola nó córas cóireála nó diúscartha na dramhaíola a chríochnú mar a beartaíodh, dá dtagraítear in Airteagal 22, nó i gcás loingsiú neamhdhleathach, dá dtagraítear in Airteagal 24. | 6. De mhaolú ar mhír 5, i gcás ina mbeidh an dramhaíl a loingsítear ceaptha le haghaidh córais eatramhacha chóireála nó diúscartha na dramhaíola agus go ndéanfar córas cóireála nó diúscartha na dramhaíola breise sa tír cinn scríbe, féadfar an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach a scaoileadh nuair a fhágfaidh an dramhaíl an tsaoráid eatramhach agus nuair a gheobhaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 16(4). Sa chás sin, déanfar aon loingsiú dramhaíola breise chuig saoráid chóireála nó saoráid diúscartha a chumhdach ag ráthaíocht airgeadais nua nó ag árachas coibhéiseach nua ***mura ndéantar an loingsiú sin idir dhá shaoráid atá á rialú ag an eintiteas dlíthiúil céanna nó*** murar deimhin leis an údarás inniúil nach bhfuil gá leis an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach sin. Sna himthosca sin, beidh an t-údarás inniúil cinn scríbe freagrach maidir le hoibleagáidí a thagann chun cinn i dtaca le cás glacadh ar ais nuair nach féidir an loingsiú dramhaíola nó córas cóireála nó diúscartha na dramhaíola a chríochnú mar a beartaíodh, dá dtagraítear in Airteagal 22, nó i gcás loingsiú neamhdhleathach, dá dtagraítear in Airteagal 24. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 10 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún, ar a dhéanaí faoin [OP: Cuir isteach an dáta a bheidh ann 2 bhliain tar éis don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm], measúnú ar an indéantacht modh ríofa comhchuibhithe a bhunú chun méid na ráthaíochtaí airgeadais nó na n-árachas coibhéiseach a chinneadh agus, i gcás inarb iomchuí, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun an modh ríofa comhchuibhithe a bhunú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 77(2). | Déanfaidh an Coimisiún, ar a dhéanaí faoin [OP: Cuir isteach an dáta a bheidh ann 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], measúnú ar a indéanta atá sé modh ríofa ***simplí, rioscabhunaithe agus*** comhchuibhithe a bhunú chun méid na ráthaíochtaí airgeadais nó na n-árachas coibhéiseach a chinneadh agus, i gcás inarb iomchuí, ***faoin … [cuir isteach an dáta trí bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun modh ríofa ***simplí, rioscabhunaithe,*** comhchuibhithe den sórt sin a bhunú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 77(2). |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Más rud é, laistigh de 30 lá tar éis an fógra a chur isteach, nach ndearna an t-údarás inniúil cinn scríbe cinneadh faoi mhír 1, soláthróidh sé an fógróir le míniúchán réasúnaithe arna iarraidh sin. | I gcás nach bhfuil an t-údarás inniúil cinn scríbe in ann cinneadh a dhéanamh faoi mhír 1 laistigh de 30 lá tar éis chur isteach an fhógra, cuirfidh sé an fógróir ar an eolas laistigh de na 30 lá sin agus soláthróidh sé míniú réasúnaithe gan iarraidh don fhógróir. Déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh críochnaitheach laistigh de 60 lá tar éis chur isteach an fhógra. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Rachaidh toiliú i scríbhinn maidir le loingsiú dramhaíola beartaithe in éag ar an dáta is déanaí mar a léirítear sa doiciméad fógartha. ***Ní*** chumhdaítear leis tréimhse ***níos faide ná 1 bhliain*** féilire ***nó*** aon tréimhse níos lú ná sin mar a léirítear sa chinneadh ó na húdaráis inniúla lena mbaineann. | 3. Rachaidh toiliú i scríbhinn maidir le loingsiú dramhaíola beartaithe in éag an dáta is déanaí mar a léirítear sa doiciméad fógartha. Cumhdófar leis an toiliú sin tréimhse dhá bhliain féilire nó aon tréimhse níos lú ná sin mar a léirítear sa chinneadh ó na húdaráis inniúla lena mbaineann. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní féidir an loingsiú ata beartaithe a dhéanamh ach amháin tar éis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16(1), ***pointí (a) agus (b)*** a chomhlíonadh, agus le linn thréimhse bhailíochta an toilithe intuigthe nó an toilithe i scríbhinn de chuid na n-údarás inniúil lena mbaineann. Beidh an tír seolta fágtha ag loingsiú faoi dheireadh thréimhse bhailíochta na dtoilithe intuigthe nó na dtoilithe i scríbhinn de chuid na n-údarás inniúil lena mbaineann. | 4. Ní féidir an loingsiú atá beartaithe a dhéanamh ach amháin tar éis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16(1) a chomhlíonadh, agus le linn thréimhse bhailíochta an toilithe intuigthe nó an toilithe i scríbhinn de chuid na n-údarás inniúil lena mbaineann. Beidh an tír seolta fágtha ag loingsiú faoi dheireadh thréimhse bhailíochta na dtoilithe intuigthe nó na dtoilithe i scríbhinn de chuid na n-údarás inniúil lena mbaineann. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Déanfaidh aon tarraingt siar toilithe a tharchur trí bhíthin fógra foirmiúil chuig an bhfógróir, na húdaráis inniúla lena mbaineann agus an coinsíní. | 7. Déanfar aon tarraingt siar toilithe, lena n-áirítear na cúiseanna atá le tarraingt siar den sórt sin, a tharchur trí bhíthin fógra foirmiúil chuig an bhfógróir, na húdaráis inniúla lena mbaineann agus an coinsíní agus chuig an gCoimisiún chun críche tuairiscithe. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) nach bhfuil cóireáil na dramhaíola indéanta ar mhodh atá teicniúil réasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de, nó nach mór an dramhaíl a dhiúscairt mar gheall ar oibleagáidí dlíthiúla i ndlí an Aontais nó sa dlí idirnáisiúnta; | (i) nach féidir an dramhaíl a chóireáil ar bhealach atá indéanta go teicniúil, inmharthana go heacnamaíoch agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, nó nach mór an dramhaíl a dhiúscairt mar gheall ar oibleagáidí dlíthiúla i ndlí an Aontais nó sa dlí idirnáisiúnta; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) nach bhfuil diúscairt na dramhaíola indéanta ar mhodh atá teicniúil réasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de sa tír inar táirgeadh é; | (ii) nach féidir an dramhaíl a dhiúscairt ar bhealach atá indéanta go teicniúil, inmharthana go heacnamaíoch agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, sa tír inar táirgeadh í; |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) go bhfuil an loingsiú nó an diúscairt atá beartaithe i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le prionsabail na gaireachta agus na neamhthuilleamaíochta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta mar a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE; | (iii) go bhfuil an loingsiú nó an diúscairt atá beartaithe i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus prionsabail na gaireachta agus na neamhthuilleamaíochta mar a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE iad; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) nár ciontaíodh an fógróir nó an coinsíní cheana i gcion maidir le loingsiú neamhdhleathach ná aon ghníomh neamhdhleathach eile i ndáil le cosaint an chomhshaoil; | (b) nár ciontaíodh an fógróir nó an coinsíní cheana i gcion maidir le loingsiú neamhdhleathach ná aon ghníomh neamhdhleathach eile i ndáil le cosaint an chomhshaoil nó shláinte an duine; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás nár údaraigh na húdaráis inniúla lena mbaineann loingsiú dramhaíola a bheidh le diúscairt laistigh den teorainn ama ***30 lá dá dtagraítear in Airteagal 9(1),*** scoirfidh an fógra maidir leis an loingsiú dramhaíola sin de bheith bailí agus beidh toirmeasc ar an loingsiú i gcomhréir le hAirteagal 4(1). I gcásanna ina mbeidh sé beartaithe go fóill ag an bhfógróir an loingsiú a dhéanamh, déanfar fógra nua a chur isteach, mura gcomhaontóidh gach údarás inniúil lena mbaineann agus an fógróir a mhalairt. | 3. I gcás nár údaraigh na húdaráis inniúla lena mbaineann loingsiú dramhaíola a bheidh le diúscairt laistigh de theorainn ama 60 lá, scoirfidh an fógra maidir leis an loingsiú dramhaíola sin de bheith bailí agus beidh toirmeasc ar an loingsiú i gcomhréir le hAirteagal 4(1). I gcásanna ina mbeidh sé beartaithe go fóill ag an bhfógróir an loingsiú a dhéanamh, déanfar fógra nua a chur isteach, mura gcomhaontóidh gach údarás inniúil lena mbaineann agus an fógróir a mhalairt. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) go ndéanfar córas cóireála na dramhaíola sa tír cinn scríbe faoi choinníollacha atá coibhéiseach a bheag nó a mhór leo siúd a fhorordaítear i reachtaíocht náisiúnta na tíre seolta; | (ii) go ndéanfar córas cóireála na dramhaíola sa tír cinn scríbe faoi choinníollacha ***a mheastar*** atá coibhéiseach leo siúd a fhorordaítear i reachtaíocht náisiúnta na tíre seolta; |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) go bhfuil gá ag an mBallstát le teorannú maidir le loingsithe dramhaíola ag teacht isteach atá ceaptha le haghaidh córais chóireála seachas i gcás athchúrsála agus ullmhú lena n-athúsáid d'fhonn a líonra bainistithe dramhaíola a chosaint, i gcás ina bhfuil sé bunaithe gurbh é a bheadh mar thoradh ar na loingsithe sin dramhaíl intíre arna giniúint a dhiúscairt nó a chóireáil ar bhealach nach mbeadh comhsheasmhach lena bpleananna bainistithe dramhaíola; | (e) go gcaithfidh an Ballstát teorainn a chur le loingsiú dramhaíola isteach atá le cur chuig córais chóireála chun a ghréasán bainistithe dramhaíola a chosaint, i gcás inar féidir a shuí gurbh é a bheadh mar thoradh ar an loingsiú sin gurbh éigean dramhaíl intíre a dhiúscairt nó a chóireáil ar bhealach nach mbeadh comhsheasmhach lena phleananna bainistithe dramhaíola; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) gur ciontaíodh an fógróir nó an coinsíní cheana i gcion maidir le loingsiú neamhdhleathach nó aon ghníomh neamhdhleathach eile i ndáil le cosaint an chomhshaoil. | (f) gur ciontaíodh an fógróir nó an coinsíní cheana i gcion maidir le loingsiú neamhdhleathach nó aon ghníomh neamhdhleathach eile i ndáil le cosaint an chomhshaoil ***nó na sláinte***. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh na Ballstáit na hagóidí a rinne na húdaráis inniúla ar na forais a leagtar amach i mír 1, pointí (d) agus (e), den Airteagal seo a thuairisciú chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 68. | 5. Déanfaidh na Ballstáit na hagóidí, lena n-áirítear an foras sonrach le haghaidh agóide, a rinne na húdaráis inniúla ar na forais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a thuairisciú chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 68. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Cuirfidh na húdaráis inniúla an fógróir ar an eolas faoi na forais shonracha atá ann le haghaidh a n-agóide i gcoinne loingsiú dramhaíola atá beartaithe.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tá na hairíonna fisiceacha agus ceimiceacha céanna go bunúsach ag an dramhaíl atá sna loingsithe éagsúla; | (a) tá na hairíonna fisiceacha agus ceimiceacha céanna go bunúsach ag an dramhaíl atá sna loingsithe éagsúla***, le léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 28***; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar na teicneolaíochtaí a úsáidtear, lena n-áirítear R-chóid, maidir leis an gcóras cóireála a n-iarrtar an réamhthoiliú ina leith; | (c) tuairisc ar na teicneolaíochtaí a úsáidtear, lena n-áirítear R-chóid, maidir leis an gcóras cóireála a n-iarrtar an réamhthoiliú ina leith, mar aon le teicneolaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm chun gáis ceaptha teasa a laghdú, fuinneamh a ghiniúint, ábhar a aisghabháil, úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní agus teicneolaíochtaí ábhartha eile; |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cainníocht na dramhaíola iarmharaí a táirgeadh tríd an gcóras cóireála agus an bainistiú a rinneadh uirthi ina dhiaidh sin,*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) fianaise nó fianú nár ciontaíodh an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach ar leis an tsaoráid nó atá ag feidhmiú rialaithe ar an tsaoráid i gcion maidir le loingsiú neamhdhleathach nó aon ghníomh neamhdhleathach eile i ndáil le bainistiú dramhaíola. | (g) fianaise nó fianú nár ciontaíodh an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach ar leis an tsaoráid nó atá i gceannas ar tsaoráid i loingsiú neamhdhleathach nó in aon ghníomh neamhdhleathach eile i ndáil le bainistiú dramhaíola, go háirithe i dtaca le cosaint an chomhshaoil nó shláinte an duine. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Mura sonraítear a mhalairt sa chinneadh chun an iarraidh maidir le réamhthoiliú a fhormheas, beidh réamhthoiliú saoráide cóireála bailí ar feadh 7 mbliana. | 9. Mura sonraítear a mhalairt sa chinneadh le haghaidh an iarraidh maidir le réamhthoiliú a fhormheas, beidh réamhthoiliú saoráide cóireála bailí ar feadh seacht mbliana agus déanfaidh na húdaráis ábhartha aon chigireacht amháin ar a laghad le linn na tréimhse bailíochta chun a fhíorú go bhfuil na ceanglais rialála is déanaí is infheidhme á gcomhlíonadh. |
| | ***Beidh réamhthoiliú le haghaidh saoráid chóireála arna eisiúint ag údarás inniúil i mBallstát amháin bailí i ngach Ballstát. Féadfaidh údarás inniúil cinneadh a dhéanamh, áfach, gan glacadh le réamhthoiliú an údaráis inniúil cinn scríbe. Cuirfear an cinneadh sin agus na cúiseanna atá leis in iúl don tsaoráid agus don údarás inniúil a d'eisigh an réamhthoiliú.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Laistigh de ***lá amháin*** tar éis don tsaoráid ina ndéantar córas eatramhach cóireála nó córas eatramhach diúscartha an dramhaíl a fháil, soláthróidh an tsaoráid sin deimhniú chuig an bhfógróir go bhfuair sí an dramhaíl. Déanfar an deimhniú sin a sholáthar maidir leis an doiciméad gluaiseachta nó a chur i gceangal leis an doiciméad gluaiseachta. | 3. Laistigh de ***dhá lá oibre*** tar éis don tsaoráid ina ndéantar córas eatramhach cóireála nó córas eatramhach diúscartha an dramhaíl a fháil, soláthróidh an tsaoráid sin deimhniú chuig an bhfógróir go bhfuair sí an dramhaíl. Déanfar an deimhniú sin a sholáthar maidir leis an doiciméad gluaiseachta nó a chur i gceangal leis an doiciméad gluaiseachta. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an tsaoráid, laistigh de ***lá amháin*** tar éis di an dramhaíl a fháil, deimhniú a sholáthar chuig an bhfógróir agus chuig na húdaráis inniúla ábhartha go bhfuair sí an dramhaíl. | 3. Déanfaidh an tsaoráid, laistigh de ***dhá lá oibre*** tar éis di an dramhaíl a fháil, deimhniú a sholáthar chuig an bhfógróir agus chuig na húdaráis inniúla ábhartha go bhfuair sí an dramhaíl. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina mbeidh údaráis inniúla seachas na húdaráis inniúla lena mbaineann páirteach sna hathruithe fíor-riachtanacha dá dtagraítear i mír 1, cuirfear fógra nua isteach. | 3. I gcás ina mbeidh údaráis inniúla seachas na húdaráis inniúla lena mbaineann páirteach sna hathruithe fíor-riachtanacha dá dtagraítear i mír 1, cuirfear fógra nua isteach***, mura rud é gur féidir leis na húdaráis inniúla lena mbaineann teacht ar chomhaontú d'aon toil an gá atá le fógra nua a tharscaoileadh***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Soláthróidh an tsaoráid chóireála nó an tsaotharlann agus an coinsíní nó, i gcás nach bhfuil rochtain acu siúd ar chóras dá dtagraítear in Airteagal 26, an duine dá dtagraítear i mír 2, dearbhú don fhógróir agus do na húdaráis ábhartha, laistigh de ***lá amháin*** tar éis fháil na dramhaíola, go bhfuarthas an dramhaíl tríd an bhfaisnéis ábhartha a chuimsítear in Iarscríbhinn VII a líonadh isteach. | 4. Soláthróidh an tsaoráid chóireála nó an tsaotharlann agus an coinsíní nó, i gcás nach bhfuil rochtain acu siúd ar chóras dá dtagraítear in Airteagal 26, an duine dá dtagraítear i mír 2, dearbhú don fhógróir agus do na húdaráis ábhartha, laistigh de ***dhá lá oibre*** tar éis fháil na dramhaíola, go bhfuarthas an dramhaíl tríd an bhfaisnéis ábhartha a chuimsítear in Iarscríbhinn VII a líonadh isteach. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na húdaráis inniúla seolta nó cinn scríbe, úsáidfidh siad modhanna iomchuí chun faisnéis a chur ar fáil go poiblí faoi fhógraí maidir le loingsithe ar thoiligh siad leo nó a ndearnadh siad agóid ina gcoinne, agus faoi loingsithe dramhaíola faoi réir na gceanglas faisnéise ginearálta, i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin rúnda faoin reachtaíocht náisiúnta nó reachtaíocht an Aontais. | Gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis toiliú a thabhairt nó agóid a dhéanamh, cuirfidh na húdaráis inniúla seolta ar fáil go poiblí tríd an lárchóras um chur isteach agus malartú leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 26(2) nó tríd an gcóras náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 26(3) más infheidhme, faisnéis maidir le fógraí faoi loingsiú ar thoiligh siad leis nó a ndearnadh siad agóid ina choinne, agus faoi loingsiú dramhaíola atá faoi réir na gceanglas faisnéise ginearálta, i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin rúnda faoin reachtaíocht náisiúnta ná faoi reachtaíocht an Aontais nó nach sonraí pearsanta í atá faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ([1a]).<br><br>***Cuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar fáil go poiblí:***<br><br>***(a) an cineál dramhaíola atá ainmnithe de réir an Chóid Eorpaigh Dramhaíola sa Chatalóg Dramhaíola Eorpach;***<br><br>***(b) cainníocht iomlán na dramhaíola atá le seoladh;*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) an chóireáil a dhéanfar ar an dramhaíl;*** |
| | ***(d) ainm na saoráide ag an gceann scríbe deiridh; agus*** |
| | ***(e) cibé acu atá toiliú faighte ag an bhfógra nó nach bhfuil.*** |
| | ***([1a]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An oibleagáid glacadh ar ais a leagtar amach i mír 2, ní bheidh feidhm aici má tá na húdaráis inniúla seolta, idirthurais agus cinn scríbe sásta go bhfuil an dramhaíl inchóireáilte nó indiúscartha ar bhealach eile ag an bhfógróir sa tír cinn scríbe nó áit éigin eile nó, mura bhfuil sin indéanta, ag an údarás inniúil seolta nó ag duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann. | An oibleagáid glacadh ar ais a leagtar amach i mír 2, ní bheidh feidhm aici má tá na húdaráis inniúla seolta, idirthurais agus cinn scríbe sásta go bhfuil an dramhaíl inchóireáilte nó indiúscartha ar bhealach eile atá neamhdhíobhálach don chomhshaol gan sláinte an duine a chur i mbaol ag an bhfógróir sa tír cinn scríbe nó áit éigin eile nó, mura bhfuil sé sin indéanta, ag an údarás inniúil seolta nó ag duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina dtagann údarás inniúil ar loingsiú a mheasann sé a bheith ina loingsiú neamhdhleathach, cuirfidh sé na húdaráis inniúla eile lena mbaineann ar an eolas láithreach bonn. | 1. I gcás ina dtagann údarás inniúil ar loingsiú a mheasann sé a bheith ina loingsiú neamhdhleathach, cuirfidh sé na húdaráis inniúla eile lena mbaineann ar an eolas láithreach bonn. ***Déanfaidh na húdaráis inniúla seolta lena mbaineann níos mó cigireachtaí ar aon loingsiú ina dhiaidh sin atá cosúil leis i dtaca leis an bhfógróir, táirgeoir na dramhaíola, an bailitheoir, an déileálaí, an bróicéir nó sealbhóir na dramhaíola chun aon loingsiú neamhdhleathach eile a chosc.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfear isteach agus malartófar an fhaisnéis agus na doiciméid seo a leanas trí mhodhanna leictreonacha, is é sin, tríd an lárchóras dá dtagraítear i mír 2 nó trí chóras náisiúnta i gcomhréir le mír 3: | 1. Cuirfear isteach agus malartófar an fhaisnéis***, na sonraí*** agus na doiciméid seo a leanas trí mhodhanna leictreonacha, is é sin, tríd an lárchóras dá dtagraítear i mír 2 nó trí chóras náisiúnta ***atá idirnasctha leis an lárchóras*** i gcomhréir le mír 3: |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oibreoidh an Coimisiún lárchóras a chumasóidh cur isteach agus malartú leictreonach na faisnéise agus na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 1. Soláthróidh an lárchóras sin mol a úsáidfear le haghaidh mhalartú na faisnéise agus na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 1 i bhfíor-am idir córais náisiúnta um idirmhalartú leictreonach sonraí atá ann cheana. | Oibreoidh an Coimisiún lárchóras a chumasóidh cur isteach agus malartú leictreonach na faisnéise***, na sonraí*** agus na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 1. Soláthróidh an lárchóras sin mol a úsáidfear le haghaidh mhalartú na faisnéise agus na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 1 i bhfíor-am idir córais náisiúnta um idirmhalartú leictreonach sonraí atá ann cheana. ***Stórálfar sonraí sa lárchóras lenar féidir tuairisciú agus anailís a dhéanamh, inter alia, ar mhinicíocht na n-agóidí, ar an tréimhse idir cur isteach an fhógra agus an uair a dhéantar an cinneadh, agus ar líon na bhfógraí a d'fhéadfaí a thabhairt maidir leis na cineálacha éagsúla córas cóireála.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfar faisnéis a stóráiltear sa lárchóras a chur ar fáil go poiblí, beidh rochtain éasca uirthi agus beidh sí i bhformáid sonraí oscailte, mura rud é go bhfuil an fhaisnéis sin rúnda faoin reachtaíocht náisiúnta nó faoi reachtaíocht an Aontais.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) nósanna imeachta malartacha i gcás ina gclisfeadh ar an lárchóras ar bhonn sealadach;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiúlacht an lárchórais gach dhá bhliain. Cuirfear torthaí na n-athbhreithnithe sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit.***<br><br>***Cuirfear san áireamh san athbhreithniú, inter alia, aon bharúlacha arna gcur in iúl ag na comhfhreagraithe. Féadfar aiseolas ó úsáideoirí eile, amhail údaráis inniúla agus fógróirí, a chur san áireamh san athbhreithniú freisin.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Aon fhógra, fhaisnéis, doiciméadacht nó teachtaireacht eile a chuirtear isteach de bhun fhorálacha an Teidil seo, soláthrófar iad i dteanga atá inghlactha ag na húdaráis inniúla lena mbaineann. | 1. Aon fhógra, fhaisnéis, doiciméadacht nó teachtaireacht eile a chuirtear isteach de bhun fhorálacha an Teidil seo, soláthrófar e nó í i dteanga atá inghlactha ag na húdaráis inniúla lena mbaineann. ***Measfar i ngach cás gur teanga inghlactha é an Béarla mura rud é go dtugann an t-údarás inniúil lena mbaineann údar cuí le gan glacadh leis an mBéarla mar theanga.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthróidh an fógróir aistriúcháin údaraithe ar na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 do na húdaráis inniúla lena mbaineann i dteanga atá inghlactha acu, i gcás ina n-iarrann siad sin. | 2. Soláthróidh an fógróir aistriúcháin údaraithe ar na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 do na húdaráis inniúla lena mbaineann i dteanga atá inghlactha acu, i gcás ina n-iarrann siad sin. ***Measfar i ngach cás gur teanga inghlactha é an Béarla mura rud é go dtugann an t-údarás inniúil lena mbaineann údar cuí le gan glacadh leis an mBéarla mar theanga.*** |
| | ***Fágfaidh córas láraithe na mbunachar sonraí a bhunaítear faoi Airteagal 26 gur féidir meaisínaistriúchán a dhéanamh ar aon fhaisnéis arna soláthar. I gcás inar úsáideadh an meaisínaistriúchán, léireofar é sin ar an bhfaisnéis aistrithe a chuirfear ar fáil.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina bhfuil easaontas idir na húdaráis inniúla faoi cheisteanna a bhaineann le haicmiú, féadfar an cheist a chur faoi bhráid chomhfhreagraithe na mBallstát, a fhéadfaidh cruinnithe a thionól chun scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas. Tabharfar cuireadh do na geallsealbhóirí ábhartha freastal ar na cruinnithe sin, nó ar chodanna de na cruinnithe sin, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun aicmiú comhchuibhithe na dramhaíola arna liostú in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV a éascú san Aontas, tá de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir amhail tairseacha éillithe a bhunú, a bheidh ina mbonn le haicmiú dramhaíola áirithe in Iarscríbhinn III, IIIA, IIIB nó IV. | Chun aicmiú comhchuibhithe na dramhaíola arna liostú in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV a éascú san Aontas, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú trí chritéir amhail tairseacha éillithe a bhunú nó a mhodhnú, a bheidh ina mbonn le haicmiú dramhaíola áirithe in Iarscríbhinn III, IIIA, IIIB nó IV, mar aon leis na tairseacha chun airíonna fisiceacha agus ceimiceacha a leagan síos atá comhchosúil go bunúsach. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá de chumhacht ag an gCoimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir a bhunú chun idirdhealú a dhéanamh idir earraí úsáidte agus dramhaíl, i gcás catagóirí sonracha tráchtearraí a bhfuil tábhacht ar leith leis an idirdhealú sin dóibh maidir le honnmhairiú dramhaíola ón Aontas. | Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh freisin i gcomhréir le hAirteagal 76, tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir a bhunú chun idirdhealú a dhéanamh idir earraí úsáidte agus dramhaíl, i gcás catagóirí sonracha tráchtearraí a bhfuil tábhacht ar leith leis an idirdhealú sin dóibh maidir le honnmhairiú dramhaíola ón Aontas, lena n-áirítear chun nach féidir dul timpeall ar na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo. ***Beidh na critéir dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe sin mar an gcéanna leis na critéir dá bhforáiltear i dTreoir 2008/98/CE.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Comhaontuithe maidir le ***réigiún teorann*** | Comhaontuithe ***iltaobhacha*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcásanna eisceachtúla, agus i gcás ina bhfuil údar cuí le beart mar sin mar gheall ar chás sonrach geografach nó déimeagrafach, féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích agus mar thoradh ar na comhaontuithe sin, ní bheidh an nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le loingsithe de shruthanna dramhaíola ar leith chomh dian a mhéid a bhaineann le loingsithe trasteorann chuig an tsaoráid chuí is gaire atá suite sa limistéar trasteorann idir an dá Bhallstát lena mbaineann. | 1. I gcásanna eisceachtúla, agus i gcás ina bhfuil údar cuí le beart mar sin mar gheall ar chás sonrach geografach nó déimeagrafach, féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích agus mar thoradh ar na comhaontuithe sin, ní bheidh an nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le loingsiú sruthanna dramhaíola ar leith chomh dian céanna a mhéid a bhaineann le loingsiú trasteorann chuig an tsaoráid chuí is gaire atá suite sa limistéar trasteorann idir an dá Bhallstát nó níos mó lena mbaineann. |
| | ***Féadfar comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích freisin maidir le loingsiú dramhaíola atá le diúscairt de bhun Airteagal 11, más gá comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích mar gheall ar an suíomh geografach agus an staid dhéimeagrafach. I dtaca leis sin, féadfar na coinníollacha dá bhforáiltear i bpointí (a) go (f) de mhír 1 d'Airteagal 11 a dhéanamh níos scaoilte maidir le loingsiú trasteorann chuig an tsaoráid oiriúnach is gaire le haghaidh diúscairt, i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE agus bainistiú dramhaíola ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.*** |
| | ***Léireoidh comhaontuithe iltaobhacha go ndéantar cóireáil ar an dramhaíl i gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola agus prionsabail na gaireachta agus na neamhthuilleamaíochta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta mar a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE; go ndéantar an dramhaíl a chóireáil i gcomhréir le caighdeáin cosanta comhshaoil, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais; go ndéantar, i gcás ina gcumhdaítear an tsaoráid le Treoir 2010/75/AE, na teicnící is fearr atá ar fáil mar a shainmhínítear in Airteagal 3(10) den Treoir sin iad a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcead atá ag an tsaoráid; agus nach bhfuil ilroinnt dhochrach shuntasach ar mhargadh an Aontais maidir le loingsiú dramhaíola mar thoradh ar na comhaontuithe.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar na comhaontuithe ***déthaobhacha*** dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh freisin i gcás ina seoltar dramhaíl ón tír seolta agus i gcás ina gcóireáiltear í sa tír seolta ach go ndéanann sí idirthuras trí Bhallstát eile. | 2. Féadfar na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh freisin i gcás ina seoltar dramhaíl ón tír seolta agus i gcás ina gcóireáiltear í sa tír seolta ach go ndéanann sí idirthuras trí Bhallstát eile. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na Ballstáit na comhaontuithe ***déthaobhacha*** dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i gcrích freisin le tíortha atá ina bpáirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. | 3. Féadfaidh na Ballstáit na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i gcrích freisin le tíortha atá ina bpáirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi na comhaontuithe dá dtagraítear san Airteagal seo sula dtagann siad i bhfeidhm. | 4. Tabharfar fógra don Choimisiún agus do na comhfhreagraithe faoi na comhaontuithe dá dtagraítear san Airteagal seo sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. ***Féadfar ceisteanna nó ábhair imní a cuireadh faoi bhráid na gcomhfhreagraithe faoi chomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha a tharraingt anuas ag cruinnithe na gcomhfhreagraithe. Tabharfar cuireadh do na geallsealbhóirí ábhartha freastal ar na cruinnithe sin, nó ar chodanna de na cruinnithe sin, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *Airteagal 30a* |
| | ***Loingsithe ó réigiún is forimeallaí*** |
| | ***1. De mhaolú ar Airteagal 5(5), Airteagal 8(3), 4), (5) agus (6) agus Airteagal 9(1), (2), (6) agus (7), le haghaidh loingsithe dramhaíola idir réigiún is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 de CFAE agus a Bhallstát a éilíonn idirthuras trí Bhallstát eile, measfar gur eisigh an t-údarás idirthurais cinneadh intuigthe maidir le toiliú le haghaidh idirthurais, mura ndéanfaidh an t-údarás idirthurais sin agóid laistigh de thrí lá tar éis toiliú i scríbhinn a fháil ón údarás inniúil seolta agus cinn scríbe.*** |
| | ***2. Beidh an toiliú intuigthe sin bailí ar feadh na tréimhse dá dtagraítear sa toiliú i scríbhinn arna thabhairt ag an údarás inniúil seolta agus cinn scríbe.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 36 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba)*** ***Dramhaíl ina bhfuil substaint nó atá éillithe le substaint a sháraíonn na leibhéil tiúchana dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha;*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 37 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le honnmhairí dramhaíola a bheidh le cóireáil chuig tír atá san áireamh sa liosta tíortha a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 38 i gcás na dramhaíola a shonraítear sa liosta sin. | Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le honnmhairiú dramhaíola a bheidh le cóireáil chuig tír atá san áireamh sa liosta tíortha a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 38 i gcás na dramhaíola a shonraítear sa liosta sin. ***Ní chumhdófar le hAirteagal 38 an dramhaíl phlaisteach a onnmhairítear chuig tíortha nach bhfuil feidhm ag an gCinneadh ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir leo, cé is moite de Bhallstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE).*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 38 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Coimisiún an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus gach ***2 bhliain*** ar a laghad tar éis bhunú an liosta, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: | 4. Déanfaidh an Coimisiún an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus gach bliain ar a laghad tar éis bhunú an liosta, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 40 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún, de bhun Airteagal 39, measúnú gan moill mhíchuí ar na hiarrataí a chuirtear isteach agus, má tá sé sásta go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach san Airteagal sin, áireoidh sé an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu. Beidh an measúnú bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise thacaíochta a sholáthair an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, agus is é is aidhm don mheasúnú a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gach beart is gá curtha i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme ag an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici lena áirithiú go mbainisteofar an dramhaíl lena mbaineann ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol mar a thagraítear dó sin in Airteagal 56. Chun an measúnú sin a dhéanamh, úsáidfidh an Coimisiún, mar phointí tagartha, na forálacha ábhartha sa reachtaíocht agus sa treoraíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX. | 1. Déanfaidh an Coimisiún, de bhun Airteagal 39, measúnú gan moill mhíchuí ar na hiarrataí a chuirtear isteach agus, má tá sé sásta go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach san Airteagal sin, áireoidh sé an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu. Beidh an measúnú bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise thacaíochta a sholáthair an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, agus déanfar a chinneadh leis an measúnú sin an bhfuil gach beart is gá curtha i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme ag an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici chun a áirithiú go mbainisteofar an dramhaíl lena mbaineann ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol mar a thagraítear dó in Airteagal 56. Chun an measúnú sin a dhéanamh, úsáidfidh an Coimisiún, mar phointí tagartha, na forálacha ábhartha sa reachtaíocht agus sa treoraíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX. ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta, ionadaithe ábhartha an tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, sa mheasúnú.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 41 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cuirfear deireadh de réir a chéile le honnmhairiú na dramhaíola plaistí a liostaítear in Iarscríbhinn III, IIIA, IIIB nó IV chuig tíortha a bhfuil feidhm ag an gcinneadh ó ECFE maidir leo cé is moite de thíortha CSTE faoin … [cuir isteach an dáta ceithre bliana tar éis an teacht i bhfeidhm];*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na leibhéil onnmhairithe dramhaíola ón Aontas chuig tíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, chun a áirithiú nach ndéanfaidh an t-onnmhairiú sin damáiste tromchúiseach don chomhshaol ná do shláinte an duine sa tír cinn scríbe. Mar chuid den fhaireachán sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar iarrataí ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil faisnéis agus sonraí ábhartha ag gabháil leo lena léirítear go ndéanann onnmhairiú dramhaíola ón Aontas damáiste tromchúiseach don chomhshaol nó do shláinte an duine i dtír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi. | 1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an onnmhairiú dramhaíola ón Aontas chuig tíortha a bhfuil feidhm ag an gCinneadh ó ECFE maidir leo, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann an t-onnmhairiú sin na ceanglais maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 56 sa tír cinn scríbe agus nach bhfuil drochéifeachtaí suntasacha aige ar bhainistiú na dramhaíola intíre sa tír sin. Mar chuid den fhaireachán sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar iarrataí ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil faisnéis agus sonraí ábhartha ag gabháil leo lena léirítear nach gcomhlíonann onnmhairiú dramhaíola ón Aontas na ceanglais maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 56 i dtír a bhfuil feidhm ag an gCinneadh ó ECFE maidir léi nó nach bhfuil drochéifeachtaí suntasacha ag an onnmhairiú sin ar bhainistiú na dramhaíola intíre sa tír sin. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil méadú suntasach tagtha ar onnmhairiú dramhaíola ón Aontas chuig tír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi laistigh de thréimhse ghearr, agus i gcás nach bhfuil fianaise leormhaith ar fáil a léiríonn go bhfuil ar chumas na tíre lena mbaineann an dramhaíl sin a chóireáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol mar a thagraítear dó in Airteagal 56, iarrfaidh an Coimisiún ar údaráis inniúla na tíre lena mbaineann faisnéis a sholáthar, laistigh de 60 lá, maidir leis na coinníollacha faoina gcóireáiltear an dramhaíl lena mbaineann agus maidir le cumas na tíre lena mbaineann an dramhaíl atá i gceist a bhainistiú. Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an teorainn ama sin má dhéanann an tír lena mbaineann iarraidh réasúnaithe air sin. | 2. I gcás nach bhfuil fianaise leormhaith ar fáil a léiríonn go bhfuil ar chumas na tíre lena mbaineann an dramhaíl sin a chóireáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol mar a thagraítear dó in Airteagal 56, nó ina bhfuil fianaise ann nach gcomhlíonann an tír lena mbaineann ceanglais Airteagal 56 le haghaidh na dramhaíola sin, nó ina bhfuil drochéifeachtaí suntasacha ag onnmhairiú dramhaíola ón Aontas ar bhainistiú na dramhaíola intíre sa tír sin, iarrfaidh an Coimisiún ar údaráis inniúla na tíre lena mbaineann faisnéis a sholáthar, laistigh de 60 lá, maidir leis na coinníollacha faoina gcóireáiltear an dramhaíl lena mbaineann agus maidir le cumas na tíre lena mbaineann an dramhaíl atá i gceist a bhainistiú, lena n-áirítear aon dramhaíl intíre a bhféadfadh allmhairiú difear a dhéanamh di. Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an teorainn ama sin má dhéanann an tír lena mbaineann iarraidh réasúnaithe air sin. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tá creat dlíthiúil leormhaith curtha i bhfeidhm agus á chur chun feidhme le haghaidh onnmhairiú agus bhainistiú na dramhaíola lena mbaineann, chomh maith le bearta leormhaithe lena áirithiú go mbainisteofar an dramhaíl iarmharach arna giniúint trí chóireáil na dramhaíola lena mbaineann ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; | (a) tá creat dlíthiúil leormhaith i bhfeidhm agus curtha chun feidhme le haghaidh bhainistiú na dramhaíola intíre agus allmhairithe, chomh maith le bearta leormhaithe chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar an dramhaíl a allmhairítear go dtí a críoch agus ar an dramhaíl iarmharach arna táirgeadh trí chóireáil na dramhaíola sin; |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá cumas leormhaith ina críoch chun bainistiú na dramhaíola lena mbaineann a dhéanamh ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus an méid méadaithe dramhaíola atá á hallmhairiú isteach ina críoch á chur san áireamh aici; | (b) tá cumas leormhaith ina críoch bainistiú na dramhaíola lena mbaineann a dhéanamh ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus aird á tabhairt aici ar an méadú ar mhéid na dramhaíola, rud a d'fhéadfadh teacht as an dramhaíl a allmhairítear isteach ina críoch; |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tá straitéis leormhaith curtha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag méadú ar allmhairiú na dramhaíola lena mbaineann ar bhailiú agus ar bhainistiú na dramhaíola intíre arna giniúint; | (c) tá bearta leormhaithe curtha i bhfeidhm, lena n-áirítear tuairisciú ar leithligh ar dhramhaíl a tháirgtear ar bhonn intíre agus ar dhramhaíl a allmhairítear, chun a áirithiú nach bhfuil aon drochéifeacht shuntasach ag allmhairiú na dramhaíola lena mbaineann ar bhailiú agus bainistiú na dramhaíola arna táirgeadh ar bhonn intíre; |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tá bearta forfheidhmithe leormhaithe i bhfeidhm agus curtha chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar loingsithe neamhdhleathacha nó cóireáil neamhdhleathach fhéideartha na dramhaíola lena mbaineann. | (d) tá bearta forfheidhmithe leormhaithe i bhfeidhm agus curtha chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar loingsiú neamhdhleathach nó cóireáil atá díobhálach don chomhshaol a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú i gcás na dramhaíola lena mbaineann. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ar mhaithe leis an bhfíorú dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh, rachaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha.*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 2, i gcás nach soláthraíonn an tír lena mbaineann fianaise leormhaith mar a thagraítear di i mír 3 go mbainistítear an dramhaíl ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 56, tá de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thoirmeasc a chur ar onnmhairiú na dramhaíola lena mbaineann chuig an tír sin. | Maidir leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 2, i gcás nach soláthraíonn an tír lena mbaineann fianaise leormhaith dá dtagraítear i mír 3 go bhfuil an dramhaíl á bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 56 nó nach bhfuil aon drochéifeachtaí suntasacha ag onnmhairiú na dramhaíola ar bhainistiú na dramhaíola intíre, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thoirmeasc a chur ar onnmhairiú na dramhaíola lena mbaineann chuig an tír sin. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach a onnmhairíonn dramhaíl ón Aontas a áirithiú freisin go mbeidh bealaí inmheánacha tuairiscithe curtha ar bun ag an tsaoráid a dhéanfaidh bainistiú ar an dramhaíl sa tír cinn scríbe, lena n-áirítear cosaint leormhaith do sceithirí.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, áiritheoidh duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil rún aige dramhaíl a onnmhairiú ón Aontas, go ndearna tríú páirtí creidiúnaithe neamhspleách a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí aige iniúchadh ar na saoráidí a mbeidh an dramhaíl á bainistiú acu sa tír cinn scríbe. | 2. Chun an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, áiritheoidh duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil rún aige dramhaíl a onnmhairiú ón Aontas, go ndearna tríú páirtí creidiúnaithe neamhspleách a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí aige iniúchadh ar na saoráidí a mbeidh an dramhaíl á bainistiú acu sa tír cinn scríbe. ***Maidir leis an tríú páirtí a dhéanfaidh an t-iniúchadh, beidh sé deimhnithe i gcomhréir le caighdeáin an Aontais nó na caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta, amhail ISO 19011:2018, agus gheobhaidh an t-onnmhaireoir deimhniú i scríbhinn go bhfuil an deimhniú sin faighte ag an tríú páirtí sula n-onnmhaireoidh sé. Chun neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchta a chosaint, ní dhéanfaidh an duine nádúrtha nó dlítheanach a choimisiúnaigh é idirghabháil ar aon bhealach i bhfeidhmiú an iniúchta.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil rún aige dramhaíl a onnmhairiú, áiritheoidh sé go ndearnadh iniúchadh dá dtagraítear i mír 2 ar an tsaoráid atá chun an dramhaíl a bhainistiú sa tír cinn scríbe, roimh dó an dramhaíl a onnmhairiú chuig an tsaoráid lena mbaineann, agus go ndéanfar an t-iniúchadh arís go tráthrialta, de réir cur chuige rioscabhunaithe, gach 3 bliana ar a laghad tar éis an chéad iniúchta. | Duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé ar intinn aige dramhaíl a onnmhairiú, áiritheoidh sé go ndearnadh iniúchadh dá dtagraítear i mír 2 ar an tsaoráid atá chun an dramhaíl a bhainistiú sa tír cinn scríbe agus go ndearnadh an t-iniúchadh sin dhá bhliain ar a mhéad roimh dó dramhaíl a onnmhairiú chuig an tsaoráid lena mbaineann. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Duine nádúrtha nó dlítheanach a mbeidh dramhaíl á honnmhairiú aige ón Aontas, déanfaidh sé iniúchadh ad hoc gan mhoill i gcás ina bhfaigheann sé faisnéis inchreidte go bhfuil saoráid ann nach bhfuil na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn X á gcomhlíonadh aici a thuilleadh. | Duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil dramhaíl á honnmhairiú aige ón Aontas, déanfaidh sé iniúchadh *ad hoc* gan mhoill i gcás ina bhfaigheann sé fianaise go bhfuil saoráid ann nach bhfuil na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn X á gcomhlíonadh aici a thuilleadh. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 7 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a onnmhairíonn dramhaíl amach as an Aontas, cuirfidh siad tuarascáil iniúchóireachta, atá bunaithe ar an iniúchadh dá dtagraítear i mír 2, faoi bhráid an Choimisiúin sula ndéanfaidh siad an dramhaíl sin a onnmhairiú.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Bunóidh an Coimisiún clár lárnach maidir le saoráidí a ndearnadh iniúchadh orthu, clár a mbeidh rochtain phoiblí air, agus coinneoidh sé cothrom le dáta é. Beidh ainmneacha agus suíomh na saoráidí a ndearnadh iniúchadh orthu agus dáta an iniúchta is déanaí sa chlár. Ní áireofar san fhaisnéis sin faisnéis rúnda ghnó ná faisnéis faoin duine atá ag coimisiúnú an iniúchta. Cuirfear cosc freisin le sonraí pearsanta a bheith á nochtadh atá faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – RGCS).*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. I gcás ina bhfuil comhaontú idirnáisiúnta ann idir an tAontas agus tríú tír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi, ina n-aithnítear go mbainisteoidh na saoráidí sa tríú tír sin an dramhaíl ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn X, eisiafar daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil rún acu dramhaíl a onnmhairiú chuig an tríú tír sin ón oibleagáid i mír 2. | 8. I gcás ina bhfuil comhaontú idirnáisiúnta ann idir an tAontas agus tríú tír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi, ina n-aithnítear go mbainisteoidh na saoráidí sa tríú tír sin an dramhaíl ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, dá dtagraítear in Airteagal 56 agus i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn X, eisiafar daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil rún acu dramhaíl a onnmhairiú chuig an tríú tír sin ón oibleagáid i mír 2. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil dramhaíl á honnmhairiú aige ón Aontas chuig saoráid i dtríú tír a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích ag an Aontas leis, déanfaidh sé iniúchadh ad hoc gan mhoill i gcás ina bhfaigheann sé fianaise go bhfuil saoráid ann nach bhfuil na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn X á gcomhlíonadh aici a thuilleadh. Sa chás sin, tabharfaidh an duine nádúrtha nó dlítheanach fógra do na húdaráis inniúla seolta faoin bhfianaise sin agus faoin bplean atá aige iniúchadh ad hoc a dhéanamh.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Glacfaidh an Coimisiún treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 56 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le dramhaíl a onnmhairiú, measfar go mbeidh an dramhaíl a sheoltar á bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a mhéid a bhaineann le córas cóireála nó diúscartha na dramhaíola lena mbaineann, i gcás inar féidir a léiriú go ndéanfar an dramhaíl a bhainistiú i gcomhréir le ceanglais maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint atá coibhéiseach ***tríd is tríd*** leis na ceanglais maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Agus an choibhéis ***tríd is tríd*** sin á measúnú, ní bheidh gá na ceanglais a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán, ach ***ba cheart*** a léiriú go n-áiritheoidh na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm sa tír cinn scríbe leibhéal cosanta maidir le sláinte an duine agus an comhshaol atá mar an gcéanna leis na ceanglais a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais. | 2. Maidir le dramhaíl a onnmhairiú, measfar go mbeidh an dramhaíl a sheoltar á bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a mhéid a bhaineann le córas cóireála nó diúscartha na dramhaíola lena mbaineann, i gcás inar féidir a léiriú go ndéanfar an dramhaíl,***chomh maith le haon dramhaíl iarmharach a ghintear tríd an oibríocht aisghabhála,*** a bhainistiú i gcomhréir le ceanglais maidir le sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil a ***mheastar*** a bheith coibhéiseach leis na ceanglais maidir le sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais,***go háirithe na ceanglais dá dtagraítear i gcuid 1 d'Iarscríbhinn IX, agus úsáid á baint mar phointí tagartha as an treoir idirnáisiúnta a shonraítear i gcuid 2 den Iarscríbhinn chéanna agus lena n-urramaítear na Coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta saothair, dá dtagraítear i gcuid 2a den Iarscríbhinn chéanna***. Agus an choibhéis ***mheasta*** sin á measúnú, ní bheidh gá na ceanglais a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán, ach ***déanfar*** a léiriú go n-áiritheoidh na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm ***agus a fhorfheidhmítear*** sa tír cinn scríbe leibhéal cosanta maidir le sláinte an duine agus an comhshaol atá mar an gcéanna leis na ceanglais a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 56 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin [cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta foilsithe an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún treoirlínte lena soiléirítear úsáid na dteicnící ábhartha is fearr atá ar fáil i ndáil le measúnú coibhéise.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 56 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Faoin [cuir isteach an dáta 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le bunú spriocanna éigeantacha maidir le hábhar athchúrsáilte le haghaidh táirgí, go háirithe ach gan a bheith teoranta dóibh, táirgí a dhéantar as plaisteach, mura bhfuil siad infheidhme cheana faoi reachtaíocht an Aontais. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 56 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Déanfaidh an Coimisiún, faoin… [IO: cuir isteach an dáta bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tuarascáil a fhoilsiú ina ndéanfar measúnú ar na tionchair ar bhainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar dhramhaíl phlaisteach laistigh den Aontas a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le honnmhairí dramhaíola plaistí lasmuigh den Aontas agus de thíortha CSTE. I gcás inarb iomchuí, beidh bearta ag gabháil leis chun maolú a dhéanamh ar dhrochthionchair shainaitheanta ar acmhainneacht bainistithe dramhaíola an Aontais chun dramhaíl phlaisteach a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus chun nuálaíocht agus infheistíochtaí san earnáil sin a chur chun cinn.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 57 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) ag saoráidí bailithe, stórála agus sórtála;*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 57 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh na Ballstáit iniúchtaí chun loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola a chosc agus a bhrath ar bhonn sásra um spriocdhíriú rioscabhunaithe de chuid an Aontais.*** <br><br> ***Chun comhchuibhiú cigireachtaí a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun eilimintí mionsonraithe shásra an Aontais um spriocdhíriú rioscabhunaithe a shainiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 77(2).*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 58 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireofar mar chuid de na cigireachtaí ar loingsithe ar a laghad fíorú doiciméad, céannacht na ngníomhaithe a bhaineann leis na loingsithe sin a dheimhniú agus***, i gcás inarb iomchuí,*** seiceáil fhisiceach ar an dramhaíl. | 1. Áireofar mar chuid de na cigireachtaí ar loingsithe ar a laghad fíorú doiciméad, céannacht na ngníomhaithe a bhaineann leis na loingsithe sin a dheimhniú agus seiceáil fhisiceach ar an dramhaíl. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 58 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) maidir leis an tuarascáil iniúchóireachta de bhun Airteagal 42;*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 58 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Chun a fháil amach cé acu atá loingsiú dramhaíola atá faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar amach in Airteagal 18 ceaptha le haghaidh córais chóireála i gcomhréir le hAirteagal 56 nó nach bhfuil, ***féadfaidh*** na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí a chur de cheangal ar an duine a shocraíonn an loingsiú fianaise dhoiciméadach ábhartha a chur isteach, ar faisnéis í a sholáthróidh an tsaoráid eatramhach cóireála agus an tsaoráid neamh-eatramhach cóireála agus, más gá, a fhormheasfaidh an t-údarás inniúil cinn scríbe. | 5. Chun a fháil amach cé acu atá loingsiú dramhaíola atá faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar amach in Airteagal 18 ceaptha le haghaidh córais chóireála i gcomhréir le hAirteagal 56 nó nach bhfuil, ***déanfaidh*** na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí a chur de cheangal ar an duine a shocraíonn an loingsiú ***an tuarascáil iniúchóireachta a cheanglaítear in Airteagal 42 agus, i gcás inarb iomchuí,*** fianaise dhoiciméadach ábhartha a chur isteach, ar faisnéis í a sholáthróidh an tsaoráid eatramhach cóireála agus an tsaoráid neamh-eatramhach cóireála agus, más gá, a fhormheasfaidh an t-údarás inniúil cinn scríbe. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 58 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás nár cuireadh an fhianaise dá dtagraítear i mír 4 faoi bhráid na n-údarás a bhfuil baint acu le cigireachtaí laistigh de thréimhse a shonraigh siad, nó ina measfaidh siad nach leor an fhianaise agus an fhaisnéis atá ar fáil dóibh chun teacht ar chonclúid, measfar go mbeidh an loingsiú lena mbaineann ina loingsiú neamhdhleathach agus déileálfar leis i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25. Cuirfidh na húdaráis a bhfuil baint acu leis na cigireachtaí an t-údarás inniúil de chuid na tíre ina ndearnadh an chigireacht ar an eolas, gan mhoill, dá réir sin. | 6. I gcás nár cuireadh an fhianaise dá dtagraítear i mír 4 ***nó i mír 5*** faoi bhráid na n-údarás a bhfuil baint acu le cigireachtaí laistigh de thréimhse a shonraigh siad, nó ina measfaidh siad nach leor an fhianaise agus an fhaisnéis atá ar fáil dóibh chun teacht ar chonclúid, measfar go mbeidh an loingsiú lena mbaineann ina loingsiú neamhdhleathach agus déileálfar leis i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25. Cuirfidh na húdaráis a bhfuil baint acu leis na cigireachtaí an t-údarás inniúil de chuid na tíre ina ndearnadh an chigireacht ar an eolas, gan mhoill, dá réir sin. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 59 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad san áireamh sna pleananna cigireachta: | 2. ***Áireofar sna pleananna iniúchta an líon íosta seiceálacha fisiceacha ar shaoráidí agus ar loingsithe dramhaíola atá i gcomhréir leis an measúnú riosca agus arna dhéanamh de bhun Airteagal 59, mír 1. Ní bheidh aon mhionsonraí maidir le clársceidealú oibríochtúil sna pleananna.*** Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad san áireamh ***sna*** pleananna cigireachta: |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 59 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis faoi na cigireachtaí atá beartaithe, lena n-áirítear faoi sheiceálacha fisiceacha; | (c) faisnéis faoi ***líon agus cineálacha na*** gcigireachtaí atá beartaithe, lena n-áirítear faoi sheiceálacha fisiceacha; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 59 – mír 2 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) faisnéis faoi conas is féidir ábhair imní nó neamhrialtachtaí a thuairisciú d'eagraíocht fhorordaithe, dá bhforáiltear i reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le sceithireacht.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 59 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le toradh na gcigireachtaí a dhéanfar de bhun na bpleananna dá dtagraítear san Airteagal seo, aon ghníomhaíochtaí feabhais a dhéanfaidh na húdaráis ábhartha mar obair leantach ar na cigireachtaí sin, ainmneacha na n-oibreoirí a bhfuil baint acu le lastais neamhdhleathacha, agus na pionóis a forchuireadh, go mbeidh siad ar fáil don phobal, lena n-áirítear go leictreonach.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 59 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh an Coimisiún na pleananna cigireachta a d'fhógair na Ballstáit a athbhreithniú i gcomhréir le mír 4 agus***, más iomchuí,*** tuarascálacha a tharraingt suas bunaithe ar athbhreithniú na bpleananna sin, maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo. Féadfaidh na tuarascálacha sin a áireamh, inter alia, moltaí maidir le tosaíochtaí cigireachtaí agus maidir le comhar agus comhordú forfheidhmiúcháin idir na húdaráis inniúla a bhfuil páirt acu sna cigireachtaí. Féadfar na tuarascálacha sin a chur i láthair, i gcás inarb iomchuí, i gcruinnithe an ghrúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola arna bhunú faoi Airteagal 63. | 5. Déanfaidh an Coimisiún na pleananna cigireachta a d'fhógair na Ballstáit a athbhreithniú i gcomhréir le mír 4 agus tuarascálacha a tharraingt suas bunaithe ar athbhreithniú na bpleananna sin, maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo ***laistigh de bhliain amháin tar éis dó na pleananna cigireachta a fháil. Cuirfear san áireamh sna tuarascálacha sin sreafaí, tonnáiste agus luach na dramhaíola chuig tríú tíortha chun tosaíochtaí ábhartha a shainaithint***. Féadfaidh na tuarascálacha sin a áireamh, *inter alia*, moltaí maidir le tosaíochtaí cigireachtaí agus maidir le comhar agus comhordú forfheidhmiúcháin idir na húdaráis inniúla a bhfuil páirt acu sna cigireachtaí. Féadfar na tuarascálacha sin a chur i láthair, i gcás inarb iomchuí, i gcruinnithe an ghrúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola arna bhunú faoi Airteagal 63***, agus cuirfear ar fáil iad do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle Eorpach***. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 63 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Foilseoidh an grúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola tuarascáil bhliantúil maidir le treochtaí i loingsithe neamhdhleathacha agus dea-chleachtais chun dul i ngleic le loingsithe den sórt sin, mar a mhol údaráis inniúla na mBallstát.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 63 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Laistigh de dhá bhliain tar éis a bhunaithe, molfaidh an grúpa forfheidhmiúcháin loingsithe dramhaíola plean gníomhaíochta don Choimisiún chun dul i ngleic le loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola. Déanfar an togra le haghaidh plean gníomhaíochta a thabhairt cothrom le dáta gach ceithre bliana ar a laghad bunaithe ar threochtaí nua nó treochtaí leanúnacha i loingsithe neamhdhleathacha agus i ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 63 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tiocfaidh an grúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola le chéile 2 uair sa bhliain ar a laghad. I dteannta na gcomhaltaí dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an cathaoirleach cuireadh chuig na cruinnithe a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, d'ionadaithe institiúidí, comhlachtaí, oifigí ***nó*** líonraí ábhartha eile. | 4. Tiocfaidh an grúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola le chéile 2 uair sa bhliain ar a laghad. I dteannta na gcomhaltaí dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an cathaoirleach cuireadh chuig na cruinnithe a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, d'ionadaithe institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus líonraí ábhartha eile ***nó geallsealbhóirí eile***. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 64 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún nó don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), faoi seach, le gníomhartha dlí eile, go háirithe le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [65], Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle [66], nó Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle [67]. | (b) na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún***, d'Oifig an Ionchúisitheora Eorpaigh*** nó don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), faoi seach, i ngníomhartha dlí eile, go háirithe le ***Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle [1a]***, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [65], Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle [66], nó Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle [67]. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***([1a]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).*** |
| ([65]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1) | ([65]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1) |
| ([66]) Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1). | ([66]) Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1). |
| ([67]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2). | ([67]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2). |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 69 – mír 4 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an tuarascáil a luaitear sa chéad fhomhír a tharraingt suas den chéad uair faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach dáta dheireadh an ***chúigiú*** bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo le do thoil] agus gach **4** bliana ina dhiaidh sin. | Déanfar an tuarascáil a luaitear sa chéad fhomhír a tharraingt suas den chéad uair faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach dáta dheireadh an ***tríú*** bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo le do thoil] agus gach **3** bliana ina dhiaidh sin. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 69 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thuarascáil agus cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa í maidir leis an gcaoi ar cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí airgeadais faoin bhfreagracht leathnaithe táirgeora maidir le hearraí úsáidte nó dramhaíl a sheoltar ón Aontas.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 69 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Agus úsáid á baint as sonraí ón lárchóras, chomh maith le sonraí ó thuarascálacha ó ghníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, cuirfear i láthair sa tuarascáil seo anailís ar loingsithe agus cóireáil sruthanna dramhaíola sonracha, arna sainaithint mar chleachtais neamhdhleathacha i ndáil leis sin, ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear comhlíonadh spriocdhátaí a leagtar amach sa Rialachán seo ag na húdaráis inniúla, agus ar rannchuidiú na hearnála i dtreo an aistrithe chuig geilleagar ciorclach agus neodracht aeráide faoi 2050 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("an Dlí Aeráide Eorpach").*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 69 – mír 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4c. Iarrfar ar an ngrúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola, ar na comhfhreagraithe agus ar an idirphlé agus comhpháirtíochtaí earnáilsonracha maidir leis an aeráid laistigh d'earnáil na dramhaíola athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil agus barúlacha a thabhairt ina leith sula bhfoilseofar í.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 4 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4d. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanfaidh an Coimisiún idirphlé agus comhpháirtíochtaí earnáilsonracha maidir leis an aeráid a éascú laistigh d'earnáil dramhaíola an gheilleagair.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 72 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Reáchtálfaidh an Coimisiún cruinniú de na comhfhreagraithe go tréimhsiúil, arna iarraidh sin do na Ballstáit nó más iomchuí ar shlí eile. Le linn na gcruinnithe sin, scrúdóidh comhfhreagraithe na ceisteanna a ardaítear de thoradh chur chun feidhme an Rialacháin seo, agus féadfaidh siad ábhair ábhartha eile a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a phlé freisin. Féadfar aird ar leith a thabhairt ar an bplé maidir le faireachán a dhéanamh ar staid mhargadh an Aontais do loingsithe dramhaíola, ar mhalartú dea-chleachtas a chumasú, ar fhaisnéis agus ar chomhar idir údaráis inniúla a éascú, agus é mar aidhm leis sin deireadh a chur le bacainní ar chomhchuibhiú cleachtas loingsithe dramhaíola idir na Ballstáit agus ar chur chun feidhme teicnící bainistithe dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.*** |
| | ***Tabharfar cuireadh do gheallsealbhóirí ábhartha freastal ar chruinnithe na gcomhfhreagraithe, nó ar chodanna de na cruinnithe sin, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 72 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfar cuireadh do gheallsealbhóirí ábhartha freastal ar chruinnithe na gcomhfhreagraithe, nó ar chodanna de na cruinnithe sin, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 75 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun Iarscríbhinn III a leasú, go háirithe pointe (fa) de Chuid I, mír 2, chun tairseacha éillithe a mhodhnú.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 75 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Faoi … [Cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis dháta foilsithe an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar iontrálacha maidir le meascáin dramhaíola amhail coisbheart úsáidte, éadaí agus táirgí teicstíle eile, lena n-áirítear na meascáin díobh sin, olann mhianrach, chomh maith le tochtanna a chur le hIarscríbhinn IIIB. I gcás inarb iomchuí, beidh gníomh tarmligthe ag gabháil leis an measúnú sin i gcomhréir le hAirteagal 76 chun Iarscríbhinn IIIB a leasú.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 80 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 31 Nollaig ***2035***, agus na tuarascálacha arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 69, agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 59(5), á gcur san áireamh inter alia aige, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na torthaí maidir leis an athbhreithniú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus beidh togra reachtach ag gabháil léi, má mheasann an Coimisiún gurb iomchuí sin. | Faoin 31 Nollaig **2030**, agus na tuarascálacha arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 69, agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 59(5), á gcur san áireamh inter alia aige, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na torthaí maidir leis an athbhreithniú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus beidh togra reachtach ag gabháil léi, má mheasann an Coimisiún gurb iomchuí sin. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 80 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 31 Nollaig [2038], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na sonraí agus ar na húdair atá mar bhonn taca leis an gcinneadh srian a chur ar onnmhairiú dramhaíola plaistí lasmuigh den Aontas agus de thíortha CSTE, d'fhonn comhréireacht an bhirt sin a mheas.*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IA – Bloc 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CINEÁLACHA PACÁISTÍOCHTA (Bloc 7) | CINEÁLACHA PACÁISTÍOCHTA (Bloc 7) |
| 1. Druma | 1. Druma |
| 2. Bairille adhmaid | 2. Bairille adhmaid |
| 3. Canna breosla | 3. Canna breosla |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Bosca | 4. Bosca |
| 5. Mála | 5. Mála |
| 6. Pacáistíocht ilchodach | 6. Pacáistíocht ilchodach |
| 7. Brúghabhdán | 7. Brúghabhdán |
| 8. Bulc. | 8. Bulc. |
| ***9. Eile (sonraigh)*** | ***9. Burla*** |
| | ***10. Eile (sonraigh)*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IB – Bloc 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CINEÁLACHA PACÁISTÍOCHTA (Bloc 7) | CINEÁLACHA PACÁISTÍOCHTA (Bloc 7) |
| 1. Druma | 1. Druma |
| 2. Bairille adhmaid | 2. Bairille adhmaid |
| 3. Canna breosla | 3. Canna breosla |
| 4. Bosca | 4. Bosca |
| 5. Mála | 5. Mála |
| 6. Pacáistíocht ilchodach | 6. Pacáistíocht ilchodach |
| 7. Brúghabhdán | 7. Brúghabhdán |
| 8. Bulc. | 8. Bulc. |
| ***9. Eile (sonraigh)*** | ***9. Burla*** |
| | ***10. Eile (sonraigh)*** |

Dé Máirt 17. Eanáir 2023

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IC – Cuid V – pointe 46 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bloc 18: Tá an bloc seo le líonadh isteach ag ionadaí údaraithe na saoráide diúscartha nó cóireála nuair a gheofar an choinsíneacht dramhaíola. Ba cheart tic a chur sa bhosca den chineál iomchuí saoráide. Maidir leis an gcainníocht a fhaightear, féach na treoracha sonracha i mbloc 5 (mír 36). Tugtar cóip shínithe den doiciméad gluaiseachta don iompróir deiridh. Má dhiúltaítear an loingsiú ar chúis ar bith, ní mór d'ionadaí na saoráide diúscartha nó cóireála teagmháil a dhéanamh láithreach lena údarás inniúil nó lena húdarás inniúil. De réir Airteagal 16 (3) nó, más iomchuí, Airteagal 15(3) den Rialachán seo agus de réir Chinneadh ECFE, ní mór dearbhú a chur ar fáil don fhógróir agus do na húdaráis ábhartha laistigh de ***lá amháin*** go bhfuarthas an dramhaíl (ach amháin na tíortha idirthurais ECFE sin a chuir in iúl do Rúnaíocht ECFE nach mian leo cóipeanna den doiciméad gluaiseachta sin a fháil). Coinneoidh an tsaoráid diúscartha nó chóireála an doiciméad bunaidh gluaiseachta. | Bloc 18: Tá an bloc seo le líonadh isteach ag ionadaí údaraithe na saoráide diúscartha nó cóireála nuair a gheofar an choinsíneacht dramhaíola. Ba cheart tic a chur sa bhosca den chineál iomchuí saoráide. Maidir leis an gcainníocht a fhaightear, féach na treoracha sonracha i mbloc 5 (mír 36). Tugtar cóip shínithe den doiciméad gluaiseachta don iompróir deiridh. Má dhiúltaítear an loingsiú ar chúis ar bith, ní mór d'ionadaí na saoráide diúscartha nó cóireála teagmháil a dhéanamh láithreach lena údarás inniúil nó lena húdarás inniúil. De réir Airteagal 16 (3) nó, más iomchuí, Airteagal 15(3) den Rialachán seo agus de réir Chinneadh ECFE, ní mór dearbhú a chur ar fáil don fhógróir agus do na húdaráis ábhartha laistigh de ***dhá lá oibre*** go bhfuarthas an dramhaíl (ach amháin na tíortha idirthurais ECFE sin a chuir in iúl do Rúnaíocht ECFE nach mian leo cóipeanna den doiciméad gluaiseachta sin a fháil). Coinneoidh an tsaoráid diúscartha nó chóireála an doiciméad bunaidh gluaiseachta. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – Cuid I – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) maidir le dramhaíl a sheoltar laistigh den Aontas, tuigfear go gciallaíonn an tagairt do "beagnach saor ó éilliú agus ó chineálacha eile dramhaíola" [in iontráil Basel B3011] nach sáraíonn ábhar an éillithe san iomlán uasmhéid 6 % den choinsíneacht.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – Cuid I – mír 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) Maidir le dramhaíl a loingsítear laistigh den Aontas, níl feidhm ag iontráil Basel B3011 agus tá feidhm ag an iontráil seo a leanas ina hionad sin:*** | ***scriosta*** |
| […] | |

*(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Cuirfear tagairtí d'iontráil Basel B3011 in ionad tagairtí do EU3011.)*

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IIIA – pointe 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea)** **meascáin dramhaíola a aicmítear faoi iontrálacha Basel B1010 agus B2020;*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IIIA – pointe 2 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb)** **meascáin de dhramhaíl a aicmítear faoi iontrálacha Basel B3011, B3040 agus B1010 teoranta do dhramhaíl ó fhrámaí fuinneoige agus dorais.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – Cuid I – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Dramhaíl a aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach sa liosta dramhaíola arna bhunú de bhun Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – Cuid I – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(f)* ***Maidir le dramhaíl a loingsítear laistigh den Aontas, níl feidhm ag iontráil Basel Y48 agus tá feidhm ag an iontráil seo a leanas ina hionad sin:*** | ***scriosta*** |
| […] | |
| | *(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Cuirfear tagairtí d'iontráil Basel Y48 in ionad tagairtí do EU48.)* |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn V – pointe 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá dhá chuid san Iarscríbhinn seo. Tagraítear le hAirteagal 36 don liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE freisin. Chun críocha an Rialacháin seo agus chun a chinneadh cibé a liostaítear dramhaíl shonrach dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo nó nach liostaítear, níl feidhm ag an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE ach amháin nuair nach bhfuil feidhm ag Cuid 1 den Iarscríbhinn seo. Mura liostaítear dramhaíl i gCuid 1 den Iarscríbhinn seo ***ná*** sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal ***7 de*** Threoir 2008/98/CE, is ansin amháin is ceart a sheiceáil cibé a liostaítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo í nó nach liostaítear. | Tá dhá chuid san Iarscríbhinn seo. Tagraítear le hAirteagal 36 don liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE freisin. Chun críocha an Rialacháin seo agus chun a chinneadh cibé a liostaítear dramhaíl shonrach dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo nó nach liostaítear, níl feidhm ag an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE ach amháin nuair nach bhfuil feidhm ag Cuid 1 den Iarscríbhinn seo. Mura liostaítear dramhaíl i gCuid 1 den Iarscríbhinn seo***, agus mura liostaítear mar dhramhaíl ghuaiseach í*** sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal ***7 de*** Threoir 2008/98/CE***, eadhon cineálacha dramhaíola marcáilte le réiltín***, is ansin amháin is ceart a sheiceáil cibé a liostaítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo í nó nach liostaítear. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VIII – Cuid 2 – pointe 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***(7a) Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS*** | ***Arna shíniú:*** | ***síníodh □*** | ***níor síníodh □*** |
| | ***Arna dhaingniú:*** | ***daingníodh □*** | ***níor daingníodh □*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VIII – Cuid 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuid 2a (nua)***<br><br>***Gealltanas chun a áirithiú go ndéanfar dramhaíl a fhaightear ón Aontas Eorpach a bhainistiú agus a chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 56.***<br><br>***Leis seo, dearbhaíonn [ainm agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil], thar ceann [tír] ("an tír" anseo feasta) go n-áirithíonn an tír go mbainistítear aon dramhaíl a sheoltar chuig a críoch gan sláinte an duine a chur i mbaol agus ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 56 den Rialachán seo.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IX – Cuid 2 – pointe 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha. | (b) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha***, lena n-áirítear na teicnící is fearr atá ar fáil arna nglacadh***. |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IX – Cuid 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Cearta Saothair*** <br><br> ***Na hocht gCoinbhinsiún bhunúsacha EIS mar a shainmhínítear faoi Dhearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an obair*** [1a] <br><br> ***(1a) https://www.ilo.org/declaration/lang–en/index.htm*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn X – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an iniúchadh dá dtagraítear in Airteagal 43(2) fíoraítear go gcomhlíonann an tsaoráid a bhainistíonn an dramhaíl sa tír cinn scríbe na coinníollacha seo a leanas: | 1. Leis an iniúchadh dá dtagraítear in Airteagal 43(2) fíoraítear go gcomhlíonann ***feidhmiú iarbhír ghníomhaíochtaí uile na*** saoráide a bhainistíonn an dramhaíl sa tír is ceann scríbe na coinníollacha seo a leanas, ***i gcás inarb ábhartha***: |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn X – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) deartar, tógtar agus oibrítear an tsaoráid ar bhealach sábháilte atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus go sonrach, tá na próisis, an t-eagrúchán agus an bonneagar riachtanach i bhfeidhm aici chun an dramhaíl atá i gceist a chóireáil, chomh maith le hárachais a chumhdóidh rioscaí agus dliteanais fhéideartha. Chuige sin, ní mór, ar a laghad, faisnéis faoi na modhanna cóireála dramhaíola a sheiceáil, lena n-áirítear an chaoi a ndéileálann siad le dramhaíl iarmharach, go háirithe trí inrianaitheacht iartheachtach; | (b) deartar, tógtar agus oibrítear an tsaoráid ar bhealach sábháilte atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus go sonrach, tá na próisis***, an teicneolaíocht iomchuí athchúrsála***, an t-eagrúchán agus an bonneagar riachtanach i bhfeidhm aici chun an dramhaíl atá i gceist a chóireáil, chomh maith le hárachais a chumhdóidh rioscaí agus dliteanais fhéideartha. Chuige sin, ní mór, ar a laghad, faisnéis faoi na modhanna cóireála dramhaíola a sheiceáil, lena n-áirítear an chaoi a ndéileálann siad le dramhaíl iarmharach, go háirithe trí inrianaitheacht iartheachtach; |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn X – pointe c – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) bunaíonn sí córais, nósanna imeachta agus teicnící um bainistiú agus faireachán, a bhfuil sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a chosc, a mhaolú, a íoslaghdú agus, a mhéid is féidir, a dhíothú: | (c) bunaíonn ***agus oibríonn*** sí córais, nósanna imeachta agus teicnící um bainistiú agus faireachán, a bhfuil sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a chosc, a mhaolú, a íoslaghdú agus, a mhéid is féidir, a dhíothú: |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn X – pointe 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) bunaíonn sí taifid agus tá ar a cumas na taifid sin a sholáthar maidir lena gníomhaíochtaí um bainistiú dramhaíola agus loingsiú dramhaíola le 5 bliana anuas; | (f) bunaíonn sí taifid agus tá ar a cumas na taifid sin a sholáthar maidir lena gníomhaíochtaí um bainistiú dramhaíola agus loingsiú dramhaíola le 5 bliana anuas; ***má tá gléasra á oibriú le níos lú ná cúig bliana anuas, bunaíonn sí taifid agus tá ar a cumas na taifid sin a sholáthar maidir lena gníomhaíochtaí um bainistiú dramhaíola agus loingsiú dramhaíola le linn an ama a bhí sé á oibriú;*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn X – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus comhlíontacht saoráide á fíorú aige os coinne na gcritéar thuas, ní mór don tríú páirtí neamhspleách atá ag déanamh an iniúchta an méid seo a leanas a chur san áireamh go háirithe, mar phointe tagartha agus i gcás inarb ábhartha: | 2. Agus comhlíontacht ***gníomhaíochtaí ábhartha uile*** saoráide á fíorú aige os coinne na gcritéar thuas, ní mór don tríú páirtí neamhspleách atá ag déanamh an iniúchta an méid seo a leanas a chur san áireamh go háirithe, mar phointe tagartha agus i gcás inarb ábhartha: |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn X – pointe 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) reachtaíocht eile de chuid an Aontais dá dtagraítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IX.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

P9_TA(2023)0004

## Rialacha chun cosc a chur ar mhí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 maidir leis an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (COM(2021)0565 – C9-0041/2022 – 2021/0434(CNS))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach – comhairliúchán)**

(2023/C 214/19)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2021)0565),

— ag féachaint d'Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0041/2022),

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0293/2022),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tosaíochtaí polaitiúla san Aontas fós is ea cánachas cothrom agus éifeachtach sa mhargadh inmheánach a áirithiú agus seachaint cánach agus imghabháil cánach a chomhrac. Cé go ndearnadh dul chun cinn tábhachtach sa réimse seo le blianta beaga anuas, go háirithe le glacadh Threoir 2016/1164 ón gComhairle [10] a bhaineann le seachaint cánach a chomhrac agus le raon feidhme Threoir 2011/16/AE ón gComhairle [11] maidir le comhar riaracháin a leathnú, tá gá le bearta breise chun dul i ngleic le cleachtais seachanta cánach agus cleachtais imghabhála cánach arna sainaithint go sonrach, cleachtais nach gcuimsítear ina n-iomláine le creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana féin. Go háirithe, is minic a chruthaíonn grúpaí ilnáisiúnta gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu, chun a ndliteanas cánach iomlán a laghdú, lena n-áirítear brabúis a aistriú ó Bhallstáit áirithe ina bhfuil an cháin ard agus ina ndéanann siad gníomhaíocht eacnamaíoch agus luach a chruthú dá ngnólacht. Leis an togra seo, comhlánaítear an dul chun cinn a baineadh amach sa trédhearcacht chorparáideach trí cheanglais a bhaineann le faisnéis úinéireachta tairbhiúla a tugadh isteach leis an gcreat frithsciúrtha airgid, ceanglais lena dtugtar aghaidh ar chásanna ina gcruthaítear gnóthais chun an fhíorúinéireacht a cheilt, bíodh sé sin úinéireacht na ngnóthas féin nó úinéireacht na sócmhainní a bhainistíonn siad agus ar leo iad, amhail réadmhaoin nó maoin ardluacha. | (1) Tosaíochtaí polaitiúla san Aontas fós is ea cánachas cothrom agus éifeachtach sa mhargadh inmheánach a áirithiú agus seachaint cánach agus imghabháil cánach a chomhrac. Cé go ndearnadh dul chun cinn tábhachtach sa réimse seo le blianta beaga anuas, go háirithe le glacadh Threoir 2016/1164 ón gComhairle [10] a bhaineann le seachaint cánach a chomhrac agus le raon feidhme Threoir 2011/16/AE ón gComhairle [11] maidir le comhar riaracháin ***i réimse an chánachais*** a leathnú, tá gá le bearta breise chun dul i ngleic le cleachtais seachanta cánach agus cleachtais imghabhála cánach arna sainaithint go sonrach, ***lena n-áirítear trí mhí-úsáid eintiteas caoch***, cleachtais nach gcuimsítear ina n-iomláine le creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana féin. ***Ina leith sin, tuairiscíodh i bPáipéir Pandora an méid a tháinig chun solais maidir le cuideachtaí caocha a chruthú chun airgead a aistriú idir cuntais bhainc, cánacha a sheachaint agus coireanna airgeadais a dhéanamh, lena n-áirítear sciúradh airgid, agus dul timpeall ar smachtbhannaí an Aontais ar olagarcaí na Rúise***. Go háirithe, is minic a chruthaíonn grúpaí ilnáisiúnta gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta ***eacnamaíoch*** acu, chun a ndliteanas cánach iomlán a laghdú, lena n-áirítear brabúis a aistriú ó Bhallstáit áirithe ina bhfuil an cháin ard agus ina ndéanann siad gníomhaíocht eacnamaíoch agus luach a chruthú dá ngnólacht. Leis an togra seo, comhlánaítear an dul chun cinn a baineadh amach sa trédhearcacht chorparáideach trí cheanglais a bhaineann le faisnéis úinéireachta tairbhiúla a tugadh isteach leis an gcreat frithsciúrtha airgid, ceanglais lena dtugtar aghaidh ar chásanna ina gcruthaítear gnóthais chun an fhíorúinéireacht a cheilt, bíodh sé sin úinéireacht na ngnóthas féin nó úinéireacht na sócmhainní a bhainistíonn siad agus ar leo iad, amhail réadmhaoin nó maoin ardluacha. |

(10) Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (IO L 193, 19.7.2016, lch. 1).
(11) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).

(10) Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (IO L 193, 19.7.2016, lch. 1).
(11) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(1a)* ***Féadfaidh cúiseanna bailí a bheith ann cuideachtaí a úsáid a bhfuil tábhacht íosta eacnamaíoch acu. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach creat dlíthiúil comhréireach a ráthú lena gcosnaítear staid na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a úsáideann struchtúir dhleathacha chun infheistíochtaí a chur chun cinn, a chomhlíonann na dlíthe náisiúnta nó atá ag oibriú i margaí náisiúnta difriúla agus, san am céanna, reachtaíocht nithiúil a rith i dtéarmaí nithiúla maidir le mí-úsáid eintiteas caoch chun cáin a sheachaint*. *Tá cáilíocht agus iomláine sonraí riachtanach dá bhrí sin chun na sochair is mó ón Treoir a bhaint amach;*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(1b)* ***Ós rud é nach bhfuil aon ionstraim idirnáisiúnta ann maidir le mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach, tá lúb ar lár sna hiarrachtaí domhanda i dtaca le calaois chánach, imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach a chomhrac. Ina theannta sin, cruthaíonn sé éagothroime iomaíochta i measc gnólachtaí. Léiríonn an easpa ionstraime sin an tábhacht atá leis na caighdeáin dhlíthiúla a leagtar síos sa Treoir seo. Tá sé ríthábhachtach a ráthú go mbeidh na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir seo comhréireach agus éifeachtach ó thaobh cánachais de agus go gcosnófar iomaíochas ghnóthais an Aontais dá mbarr.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) Fágann an mhí-úsáid a bhaintear as eintitis chaocha chun críoch cánach go laghdaítear an dliteanas cánach agus go bhfuil caillteanas cánach san Aontas. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go leagfaí síos leis an Treoir seo caighdeáin uaillmhianacha agus chomhréireacha chun íoscheanglais choiteanna maidir le tábhacht íosta a shainiú, chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis náisiúnta chánach agus chun an úsáid a bhaintear as eintitis chaocha a chuireann idirghabhálaithe áirithe chun cinn a dhíspreagadh.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Aithnítear go bhféadfar gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu a bhunú i mBallstát agus é mar phríomhchuspóir aige sin buntáiste cánach a fháil, go háirithe trí bhonn cánach Ballstáit eile a chreimeadh. Cé gur fhorbair roinnt Ballstát creat reachtach nó creat riaracháin chun a mbonn cánach a chosaint ó scéimeanna den sórt sin, is minic a bhíonn éifeacht theoranta ag na rialacha ábhartha, óir ní bhíonn feidhm acu ach i gcríoch Ballstáit aonair agus ní chuimsítear go héifeachtach leo cásanna ina mbíonn níos mó ná Ballstát amháin i gceist. Thairis sin, na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an réimse seo, is mór an difear atá eatarthu ar fud an Aontais agus, san am céanna, tá Ballstáit áirithe ann nach bhfuil aon riail acu, chun dul i ngleic le mí-úsáid gnóthas nach bhfuil aon tábhacht acu nó a bhfuil tábhacht íosta acu chun críoch cánach. | (2) Aithnítear go bhféadfar gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta leo a bhunú i mBallstát agus é mar phríomhchuspóir aige sin buntáiste cánach a fháil, go háirithe trí bhonn cánach Ballstáit eile a chreimeadh***, rud a éascaíonn pleanáil ionsaitheach cánach.*** Cé gur fhorbair roinnt Ballstát creat reachtach nó creat riaracháin chun a mbonn cánach a chosaint ar scéimeanna den sórt sin, is minic a bhíonn éifeacht theoranta ag na rialacha ábhartha, óir ní bhíonn feidhm acu ach i gcríoch Ballstáit aonair agus ní chuimsítear go héifeachtach leo cásanna ina mbíonn níos mó ná Ballstát amháin i gceist. Thairis sin, na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an réimse seo, is mór an difear atá eatarthu ar fud an Aontais agus, san am céanna, tá Ballstáit áirithe ann nach bhfuil aon riail acu, chun dul i ngleic le mí-úsáid gnóthas nach bhfuil aon tábhacht acu nó a bhfuil tábhacht íosta acu chun críoch cánach. ***Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, cur chuige dlíthiúil uile-Aontais a chruthú chun creat a áirithiú chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, agus na caighdeáin is airde inrochtaineachta, simplíochta agus trédhearcachta á n-urramú go hiomlán***. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Is gá creat comhchoiteann a leagan síos, chun athléimneacht na mBallstát a neartú in aghaidh cleachtais seachanta cánach agus cleachtais imghabhála cánach a bhaineann le húsáid gnóthas nach ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch fiú má tá siad bainteach le gníomhaíocht eacnamaíoch de réir cosúlachta agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon tábhacht acu nó nach bhfuil ach tábhacht íosta acu chun críoch cánach. Déantar sin chun a áirithiú nach mbainfear úsáid as gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu mar ionstraimí seachanta cánach nó mar ionstraimí imghabhála cánach. Ó tharla go bhféadfar na gnóthais sin a bhunú i mBallstát amháin ach go bhféadfar iad a úsáid agus é mar thoradh air sin bonn cánach Ballstáit eile a chreimeadh, tá sé ríthábhachtach tacar comhchoiteann rialacha a chomhaontú chun a chinneadh cad ba cheart a mheas mar thábhacht neamhdhóthanach chun críoch cánach sa mhargadh inmheánach agus chun iarmhairtí sonracha cánach a bhaineann le tábhacht neamhdhóthanach den sórt sin a léiriú. I gcás ina bhfaightear amach go bhfuil tábhacht neamhdhóthanach ag gnóthas faoin Treoir seo, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit leanúint de rialacha i gcoinne seachaint cánach agus imghabháil cánach a oibriú, ar choinníoll go bhfuil siad sin comhsheasmhach le dlí an Aontais. | (3) Is gá creat comhchoiteann a leagan síos, chun athléimneacht na mBallstát a neartú in aghaidh cleachtais seachanta cánach agus cleachtais imghabhála cánach a bhaineann le húsáid gnóthas nach ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch fiú má tá siad bainteach le gníomhaíocht eacnamaíoch de réir cosúlachta agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon tábhacht acu nó nach bhfuil ach tábhacht íosta acu chun críoch cánach. Déantar sin chun a áirithiú nach mbainfear úsáid as gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu mar ionstraimí seachanta cánach nó mar ionstraimí imghabhála cánach. Ó tharla go bhféadfar na gnóthais sin a bhunú i mBallstát amháin ach go bhféadfar iad a úsáid agus é mar thoradh air sin bonn cánach Ballstáit eile a chreimeadh, tá sé ríthábhachtach tacar comhchoiteann rialacha a chomhaontú chun a chinneadh cad ba cheart a mheas mar thábhacht neamhdhóthanach chun críoch cánach sa mhargadh inmheánach agus chun iarmhairtí sonracha cánach a bhaineann le tábhacht neamhdhóthanach den sórt sin a léiriú. I gcás ina bhfaightear amach go bhfuil tábhacht dhóthanach ag gnóthas faoin Treoir seo, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit leanúint de ***rialacha níos déine maidir leis an tábhacht íosta agus rialacha eile*** i gcoinne seachaint cánach agus imghabháil cánach a oibriú, ar choinníoll go bhfuil siad sin comhsheasmhach le dlí an Aontais. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Chun aidhmeanna na Treorach seo a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach acmhainneacht na riarachán cánach a mhéadú agus malartú faisnéise ar fud an Aontais a fheabhsú. Is gá do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha a bhfuil rochtain acu uirthi a chomhroinnt, na córais a thacaíonn le malartú na faisnéise sin a chur chun feidhme agus, mar chéim dheiridh, na smachtbhannaí atá beartaithe a fhorfheidhmiú i gcoinne eintitis neamhchomhlíontacha. Chun tacú leis an Treoir seo, ba cheart don Choimisiún gníomhaíochtaí sonracha laistigh den chlár Fiscalis a mholadh.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun cur chuige cuimsitheach a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le ***gach*** gnóthas san Aontas atá inchánach i mBallstát, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil nó ar a stádas dlíthiúil, ar choinníoll go bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach i mBallstát agus go bhfuil siad incháilithe chun deimhniú cónaitheachta chun críoch cánach a fháil sa Bhallstát sin. | (4) Chun cur chuige cuimsitheach ***agus comhréireach*** a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le gach gnóthas san Aontas atá inchánach i mBallstát, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil nó ar a stádas dlíthiúil, ar choinníoll go bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach i mBallstát agus go bhfuil siad incháilithe chun deimhniú cónaitheachta chun críoch cánach a fháil sa Bhallstát sin. ***Maolaítear an raon feidhme leathan sin le sraith caighdeán maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch na ngnóthas a áirítear i raon feidhme na Treorach seo.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh mar aon le comhréireacht agus éifeachtacht na rialacha a d'fhéadfadh a bheith ann a áirithiú, bheadh sé inmhianaithe a raon feidhme a theorannú do ghnóthais a bhfuil an baol ann go bhfaighfear amach fúthu nach bhfuil tábhacht íosta acu agus gur baineadh úsáid astu ***agus é mar phríomhchuspóir aige*** sin buntáiste cánach a fháil. Bheadh sé tábhachtach, dá bhrí sin, critéar tairsí a bhunú, i bhfoirm tacair de thrí choinníoll charnacha tháscacha, chun a chinneadh cad iad na gnóthais atá i mbaol suntasach mar a luadh thuas chun údar a thabhairt le iad a bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe. Maidir le sainaithint gnóthas atá, de réir cosúlachta, ag gabháil go príomha do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá soghluaiste i dtéarmaí geografacha, ba cheart sin a chumasú sa chéad choinníoll, óir bíonn sé níos dúshlánaí an áit a ndéantar na gníomhaíochtaí sin a shainaithint de ghnáth. Is iondúil go dtagann sreafaí tábhachtacha ioncaim éighníomhaigh as gníomhaíochtaí den sórt sin. Dá bhrí sin, gnóthais arb é atá sa chuid is mó dá n-ioncam sreafaí ioncaim éighníomhaigh, chomhlíonfaidís an coinníoll sin. Ba cheart é a chur san áireamh go bhféadfadh sé nach mbeadh aon ioncam ar feadh tréimhsí fada ama ag eintitis a shealbhaíonn sócmhainní le haghaidh úsáid phríobháideach, amhail réadmhaoin, luaimh, scairdeitleáin, ***saothair ealaíne***, nó cothromas ina aonar, ach tairbhíonn siad de shochair chánach mhóra fós trí na sócmhainní sin a shealbhú. Ós rud é nach mbaineann riosca le cásanna intíre amháin maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus gurbh fhearr aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal intíre, ba cheart díriú ar ghnóthais atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí trasteorann sa dara coinníoll. Ba cheart rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí trasteorann a bhunú ag féachaint, ar thaobh amháin, do chineál idirbhearta an ghnóthais, gnóthas intíre nó eachtrach, agus ar an taobh eile, dá réadmhaoin, i bhfianaise nach bhféadfaidh eintitis a shealbhaíonn sócmhainní le haghaidh úsáid phríobháideach, ***nach mbaineann le gnó***, gabháil d'idirbhearta ar feadh tréimhse fhada ama. Ina theannta sin, sa tríú coinníoll, ba cheart a chur in iúl do na gnóthais sin nach bhfuil aon acmhainn dílse acu nó nach bhfuil acmhainní dílse leordhóthanacha acu príomhghníomhaíochtaí bainistíochta a fheidhmiú. I ndáil leis sin, gnóthais nach bhfuil acmhainní dílse leordhóthanacha acu, is gnách dóibh dul i muinín soláthraithe tríú páirtí seirbhísí riaracháin, bainistíochta, | (5) Chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh mar aon le comhréireacht agus éifeachtacht na rialacha a d'fhéadfadh a bheith ann a áirithiú, bheadh sé inmhianaithe a raon feidhme a theorannú do ghnóthais a bhfuil an baol ann go bhfaighfear amach fúthu nach bhfuil tábhacht íosta acu agus gur baineadh úsáid astu ***go príomha chun*** buntáiste cánach ***a fháil***. Bheadh sé tábhachtach, dá bhrí sin, critéar tairsí a bhunú, i bhfoirm tacair de thrí choinníoll charnacha tháscacha, chun a chinneadh cad iad na gnóthais atá i mbaol suntasach mar a luadh thuas chun údar a thabhairt le iad a bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe. ***Ba cheart do na gnóthais féin an tástáil tairsí a dhéanamh i bhfoirm féinmheasúnú***. Maidir le sainaithint gnóthas atá, de réir cosúlachta, ag gabháil go príomha do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá soghluaiste i dtéarmaí geografacha, ba cheart sin a chumasú sa chéad choinníoll, óir bíonn sé níos dúshlánaí an áit a ndéantar na gníomhaíochtaí sin a shainaithint de ghnáth. Is iondúil go dtagann sreafaí tábhachtacha ioncaim éighníomhaigh as gníomhaíochtaí den sórt sin. Dá bhrí sin, gnóthais arb é atá sa chuid is mó dá n-ioncam sreafaí ioncaim éighníomhaigh, chomhlíonfaidís an coinníoll sin. Ba cheart é a chur san áireamh go bhféadfadh sé nach mbeadh aon ioncam ar feadh tréimhsí fada ama ag eintitis a shealbhaíonn sócmhainní le haghaidh úsáid phríobháideach, amhail réadmhaoin, luaimh, scairdeitleáin, ***ealaíon***, nó cothromas ina aonar, ach tairbhíonn siad de shochair chánach mhóra fós trí na sócmhainní sin a shealbhú. Ós rud é nach mbaineann riosca le cásanna intíre amháin maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus gurbh fhearr aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal intíre, ba cheart díriú ar ghnóthais atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí trasteorann sa dara coinníoll. Ba cheart rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí trasteorann a bhunú ag féachaint, ar thaobh amháin, do chineál idirbhearta an ghnóthais, gnóthas intíre nó eachtrach, agus ar an taobh eile, dá réadmhaoin, i bhfianaise nach bhféadfaidh eintitis a shealbhaíonn sócmhainní le haghaidh úsáid phríobháideach gabháil d'idirbhearta ar feadh tréimhse fhada ama. Ina theannta sin, sa tríú coinníoll, ba cheart a chur in iúl do na gnóthais sin nach bhfuil aon acmhainn dílse acu nó nach bhfuil acmhainní dílse leordhóthanacha acu príomhghníomhaíochtaí bainistíochta a fheidhmiú. I ndáil leis sin, gnóthais nach bhfuil acmhainní dílse leordhóthanacha acu, is gnách dóibh dul i muinín soláthraithe tríú páirtí seirbhísí riaracháin, bainistíochta, |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| comhfhreagrais agus comhlíontachta dlíthiúla nó comhaontuithe ábhartha a dhéanamh le fiontair chomhlachaithe le haghaidh soláthar seirbhísí den sórt sin chun láithreacht dhlíthiúil agus chánach a bhunú agus a choinneáil ar bun. Maidir le seachfhoinsiú seirbhísí coimhdeacha áirithe, amhail seirbhísí leabharchoimeádta ***amháin***, fad agus a fhanann príomhghníomhaíochtaí leis an ngnóthas, níor leor sin amháin do ghnóthas chun an coinníoll seo a chomhlíonadh. Cé go bhféadfadh sé go rialófaí na soláthraithe seirbhísí sin chun críoch neamhchánach eile, an riosca go gcumasaíonn siad bunú agus coinneáil ar bun gnóthas a mbaintear mí-úsáid astu le haghaidh cleachtais seachanta cánach agus cleachtais imghabhála cánach, ní féidir an riosca sin a mhaolú i gcónaí lena n-oibleagáidí chun na gcríoch eile sin. | comhfhreagrais agus comhlíontachta dlíthiúla nó comhaontuithe ábhartha a dhéanamh le fiontair chomhlachaithe le haghaidh soláthar seirbhísí den sórt sin chun láithreacht dhlíthiúil agus chánach a bhunú agus a choinneáil ar bun. Maidir le seachfhoinsiú seirbhísí coimhdeacha áirithe, amhail seirbhísí leabharchoimeádta, fad agus a fhanann príomhghníomhaíochtaí leis an ngnóthas, níor leor sin amháin do ghnóthas chun an coinníoll seo a chomhlíonadh. Cé go bhféadfadh sé go rialófaí na soláthraithe seirbhísí sin chun críoch neamhchánach eile, an riosca go gcumasaíonn siad bunú agus coinneáil ar bun gnóthas a mbaintear mí-úsáid astu le haghaidh cleachtais seachanta cánach agus cleachtais imghabhála cánach, ní féidir an riosca sin a mhaolú i gcónaí lena n-oibleagáidí chun na gcríoch eile sin. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Gnóthais a bhfuil a ngníomhaíochtaí faoi réir leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus, dá bhrí sin, nach mbaineann riosca leo nach mbeidh dóthain tábhachta acu chun críoch cánach, ***bheadh sé cothrom*** gnóthais den sórt sin a eisiamh ó na rialacha atá beartaithe. Maidir le cuideachtaí ag a bhfuil urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a thrádála nó a liostaítear ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach mar aon le gnóthais airgeadais áirithe a rialaítear go mór san Aontas, go díreach nó go hindíreach, agus atá faoi réir ceanglais bhreise trédhearcachta agus maoirseacht bhreise, ba cheart iad sin a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo ar an gcaoi chéanna. Gnóthais fíorshealbhaíochta atá lonnaithe sa dlínse chéanna ina bhfuil an fhochuideachta oibríochtúil agus a n-úinéir tairbhiúil nó a n-úinéirí tairbhiúla, ní dócha gurb é is cuspóir dóibh buntáiste cánach a fháil freisin. Tá sé sin amhlaidh ar an gcaoi chéanna i gcás gnóthais fhoshealbhaíochta atá lonnaithe sa dlínse chéanna ina bhfuil a n-eintiteas scairshealbhóra nó a máthairchuideachta deiridh. Ar an mbonn sin, ba cheart iad a eisiamh freisin. ***Maidir le gnóthais a théann i muinín líon leordhóthanach daoine, go lán-aimseartha agus go heisiach, chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh, níor cheart a mheas ar an gcaoi chéanna nach bhfuil tábhacht íosta acu. Cé nach bhfuil coinne réasúnta leis go gcomhlíonfaidh siad critéar na tairsí, ba cheart iad a eisiamh go sainráite chun críocha na deimhneachta dlíthiúla.*** | (6) Gnóthais a bhfuil a ngníomhaíochtaí faoi réir leibhéal leordhóthanach trédhearcachta ***agus maoirseacht chánach***, dá bhrí sin, nach mbaineann riosca leo nach mbeidh dóthain tábhachta acu chun críoch cánach, ***bheadh sé cothrom agus comhréireach*** gnóthais den sórt sin a eisiamh ó na rialacha atá beartaithe. Maidir le cuideachtaí ag a bhfuil urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a thrádála nó a liostaítear ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach mar aon le gnóthais airgeadais áirithe a rialaítear go mór san Aontas, go díreach nó go hindíreach, agus atá faoi réir ceanglais bhreise trédhearcachta agus maoirseacht bhreise, ba cheart iad sin a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo ar an gcaoi chéanna. Gnóthais fíorshealbhaíochta atá lonnaithe sa dlínse chéanna ina bhfuil an fhochuideachta oibríochtúil agus a n-úinéir tairbhiúil nó a n-úinéirí tairbhiúla, ní dócha gurb é is cuspóir dóibh buntáiste cánach a fháil freisin. Tá sé sin amhlaidh ar an gcaoi chéanna i gcás gnóthais fhoshealbhaíochta atá lonnaithe sa dlínse chéanna ina bhfuil a n-eintiteas scairshealbhóra nó a máthairchuideachta deiridh. Ar an mbonn sin, ba cheart iad a eisiamh freisin. ***Tá feidhm ag an eisiamh sin go sainráite maidir le gnóthais a rialaítear nó nach mbaineann mórán riosca leo nach mbeidh dóthain tábhachta acu. Ba cheart breathnú ar an eisiamh de réir eintitis agus níor cheart é a leathnú chun grúpa iomlán a chumhdach.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun cur chun feidhme na Treorach seo a éascú, maidir le gnóthais atá i mbaol go bhfaighfear amach nach bhfuil dóthain tábhachta acu agus a úsáidtear agus é mar phríomhchuspóir aige sin buntáiste cánach a fháil, ba cheart dóibh a dhearbhú, ina a dtuairisceán cánach bliantúil, go bhfuil an t-íosleibhéal acmhainní acu ***amhail*** daoine agus áitreabh sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach agus fianaise dhoiciméadach a sholáthar más amhlaidh atá. Cé go n-aithnítear go bhféadfadh sé go mbeadh gá le leibhéal difriúil acmhainní nó le cineál difriúil acmhainní le haghaidh gníomhaíochtaí difriúla, bheifí ag súil le híosleibhéal comhchoiteann acmhainní i ngach uile chás. Ba cheart gurb é is aidhm don mheasúnú sin tábhacht na ngnóthas chun críoch cánach a shainaithint agus, leis an measúnú sin, nach gceistítear an ról atá ag “soláthróir seirbhíse iontaobhais nó cuideachta”, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [12], maidir le sciúradh airgid, cionta preideacáide a bhaineann leis agus maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaithint. Os a choinne sin, mura bhfuil íosleibhéal acmhainní ag gnóthas, féadfar a mheas go dtugtar le fios leis sin go bhfuil easpa tábhachta ann i gcás ina bhfuil gnóthas i mbaol cheana go bhfaighfear amach faoi nach bhfuil dóthain tábhachta aige chun críoch cánach. Chun an chomhoiriúnacht le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a áirithiú, ba cheart íosleibhéal comhchoiteann a bheith bunaithe ar chaighdeáin an Aontais agus ar na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil tábhacht ag baint léi i gcomhthéacs córas cánach fabhrach nó in éagmais cáin chorparáide [13], mar a fhorbraítear i gcomhthéacs an Fhóraim maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha. Is gá foráil a dhéanamh maidir le fianaise dhoiciméadach a chur isteach leis an tuairisceán cánach mar thaca le dearbhú an ghnóthais lena ndearbhaítear go bhfuil íosmhéid acmhainní acu. Tá gá leis freisin chun gur féidir leis an riarachán tuairim a fhoirmiú bunaithe ar na fíorais agus ar imthosca an ghnóthais agus a chinneadh an ndéanfaidh sé nós imeachta iniúchta a thionscnamh. | (8) Chun cur chun feidhme na Treorach seo a éascú, maidir le gnóthais ***a áirítear i raon feidhme na Treorach agus*** atá i mbaol go bhfaighfear amach nach bhfuil dóthain tábhachta acu agus a úsáidtear agus é mar phríomhchuspóir aige sin buntáiste cánach a fháil, ba cheart dóibh a dhearbhú, ina a dtuairisceán cánach bliantúil, go bhfuil an t-íosleibhéal acmhainní acu***, eadhon,*** daoine agus áitreabh sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach agus fianaise dhoiciméadach a sholáthar más amhlaidh atá. ***Ba cheart a chur san áireamh sa cheanglas a bhaineann le háitribh i mBallstát, leitheadúlacht na cianoibre atá ag dul i méid, ar ina leith a dhéanann fiontair dhlisteanacha a n-áitreabh a laghdú agus ar ina leith a bhogann siad ó áitribh eisiacha a choinneáil***. Cé go n-aithnítear go bhféadfadh sé go mbeadh gá le leibhéal difriúil acmhainní nó le cineál difriúil acmhainní le haghaidh gníomhaíochtaí difriúla, bheifí ag súil le híosleibhéal comhchoiteann acmhainní i ngach uile chás. Ba cheart gurb é is aidhm don mheasúnú sin tábhacht na ngnóthas chun críoch cánach a shainaithint agus, leis an measúnú sin, nach gceistítear an ról atá ag “soláthróir seirbhíse iontaobhais nó cuideachta”, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [12], maidir le sciúradh airgid, cionta preideacáide a bhaineann leis agus maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaithint. Os a choinne sin, mura bhfuil íosleibhéal acmhainní ag gnóthas, féadfar a mheas go dtugtar le fios leis sin go bhfuil easpa tábhachta ann i gcás ina bhfuil gnóthas i mbaol cheana go bhfaighfear amach faoi nach bhfuil dóthain tábhachta aige chun críoch cánach. Chun an chomhoiriúnacht le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a áirithiú, ba cheart íosleibhéal comhchoiteann a bheith bunaithe ar chaighdeáin an Aontais agus ar na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil tábhacht ag baint léi i gcomhthéacs córas cánach fabhrach nó in éagmais cáin chorparáide [13], mar a fhorbraítear i gcomhthéacs an Fhóraim maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha. Is gá foráil a dhéanamh maidir le fianaise dhoiciméadach a chur isteach leis an tuairisceán cánach mar thaca le dearbhú an ghnóthais lena ndearbhaítear go bhfuil íosmhéid acmhainní acu. Tá gá leis freisin chun gur féidir leis an riarachán tuairim a fhoirmiú bunaithe ar na fíorais agus ar imthosca an ghnóthais agus a chinneadh an ndéanfaidh sé nós imeachta iniúchta a thionscnamh. |

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ([12]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).<br>([13]) Ardrúnaíocht na Comhairle, 9637/18 FISC 241 ECOFIN 555, Cód Iompair (Cánachas Gnó), Treoir maidir le léirmhíniú ar an tríú critéar; Tionscadal ECFE/G20 maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis, Cleachtais Chánach Dhíobhálacha a Chomhrac ar Bhealach níos Éifeachtaí, agus Trédhearcacht agus Tábhacht Eacnamaíoch á gCur san Áireamh, Gníomhaíocht 5: Tuarascáil Chríochnaitheach. | ([12]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).<br>([13]) Ardrúnaíocht na Comhairle, 9637/18 FISC 241 ECOFIN 555, Cód Iompair (Cánachas Gnó), Treoir maidir le léirmhíniú ar an tríú critéar; Tionscadal ECFE/G20 maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis, Cleachtais Chánach Dhíobhálacha a Chomhrac ar Bhealach níos Éifeachtaí, agus Trédhearcacht agus Tábhacht Eacnamaíoch á gCur san Áireamh, Gníomhaíocht 5: Tuarascáil Chríochnaitheach. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun an deimhneacht chánach a áirithiú, tá sé ríthábhachtach rialacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le hábhar dearbhuithe gnóthas. Gnóthais a chomhlíonann critéar na tairsí agus atá faoi réir ceanglais tuairiscithe dá réir sin, ba cheart glacadh leis nach bhfuil dóthain tábhachta acu chun críoch cánach má dhearbhaíonn siad freisin nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na heilimintí acu, ar eilimintí iad arb ionann iad go léir a bheith ag gnóthas agus íosleibhéal tábhachta a bheith aige, nó mura soláthraíonn siad an fhianaise thacaíochta is gá. Gnóthais a dhearbhaíonn go bhfuil eilimintí uile an íosleibhéil tábhachta acu agus a sholáthraíonn an doiciméadacht thacaíochta is gá, ba cheart, ina ionad sin, glacadh leis go bhfuil tábhacht íosta acu chun críoch cánach agus níor cheart dóibh aon oibleagáid ná iarmhairt bhreise a thabhú faoin Treoir seo. Mar sin féin, ba cheart é sin a bheith gan dochar d'aon dlí is infheidhme agus do cheart an riaracháin iniúchadh a dhéanamh, lena n-áirítear ar bhonn na doiciméadachta tacaíochta***, agus teacht ar chonclúid dhifriúil, b'fhéidir.*** | (9) Chun an deimhneacht ***agus an chobhsaíocht*** chánach a áirithiú, tá sé ríthábhachtach rialacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le hábhar dearbhuithe gnóthas. Gnóthais a chomhlíonann critéar na tairsí agus atá faoi réir ceanglais tuairiscithe dá réir sin, ba cheart glacadh leis nach bhfuil dóthain tábhachta acu chun críoch cánach má dhearbhaíonn siad freisin nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na heilimintí acu, ar eilimintí iad arb ionann iad go léir a bheith ag gnóthas agus íosleibhéal tábhachta a bheith aige, nó mura soláthraíonn siad an fhianaise thacaíochta is gá. Gnóthais a dhearbhaíonn go bhfuil eilimintí uile an íosleibhéil tábhachta acu agus a sholáthraíonn an doiciméadacht thacaíochta is gá, ba cheart, ina ionad sin, glacadh leis go bhfuil tábhacht íosta acu chun críoch cánach agus níor cheart dóibh aon oibleagáid ná iarmhairt bhreise a thabhú faoin Treoir seo. Mar sin féin, ba cheart é sin a bheith gan dochar d'aon dlí is infheidhme agus do cheart an riaracháin iniúchadh a dhéanamh, lena n-áirítear ar bhonn na doiciméadachta tacaíochta. ***Chun go mbeidh na Ballstáit in ann acmhainní a riarachán cánach a leithdháileadh go héifeachtúil, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann tréimhse a chinneadh ar lena linn a thoimhdítear go bhfuil tábhacht íosta ag an ngnóthas, ar choinníoll nach dtiocfaidh aon athrú ar imthosca fíorasacha agus dlíthiúla an ghnóthais le linn na tréimhse sin.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Maidir le cé acu atá gnóthas ag déanamh gníomhaíochtaí eacnamaíocha iarbhír chun críoch cánach nó is ann dó go príomha chun críoch seachanta cánach nó chun críoch imghabhála cánach, ***aithnítear gur ceist í*** sin, sa deireadh, a bhaineann le fíorais agus le himthosca. Ba cheart measúnú a dhéanamh air sin ar bhonn cás ar chás i leith gach gnóthais shonraigh. Dá bhrí sin, maidir le gnóthais a ghlactar leis nach bhfuil tábhacht íosta acu chun críoch cánach, ba cheart iad a bheith i dteideal a mhalairt a chruthú, lena n-áirítear a chruthú nach ann dóibh go príomha ar mhaithe le cuspóirí cánach, agus toimhde den sórt sin a fhrisnéis. Tar éis dóibh a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart dóibh faisnéis ***bhreise*** a sholáthar do riarachán an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach. Cé go bhféadfaidh siad aon fhaisnéis bhreise a mheasann siad a bheith iomchuí a sholáthar, tá sé fíor-riachtanach ceanglais chomhchoiteanna a shocrú maidir le cad is fianaise bhreise iomchuí ann agus, dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis sin a iarraidh i ngach cás. I gcás ina measann an Ballstát, bunaithe ar an bhfianaise bhreise sin, go ndearna gnóthas toimhde maidir le heaspa tábhachta a fhrisnéis ar bhealach sásúil, ba cheart é a bheith ar a gcumas dó cinneadh a eisiúint chun a dheimhniú go bhfuil tábhacht íosta ag an ngnóthas chun críoch cánach i gcomhréir leis an Treoir seo. Féadfaidh an cinneadh sin a bheith bailí ar feadh na tréimhse nach n-athraíonn imthosca fíorasacha agus dlíthiúla an ghnóthais lena linn agus suas le ***6*** bliana ón tráth a eisítear an cinneadh. Leis sin, beifear in ann teorainn a chur leis na hacmhainní a leithdháiltear ar chásanna a dtugtar fianaise ina leith lena léirítear nach eintiteas caoch atá iontu chun críocha na Treorach. | (10) Maidir leis ***an meastóireacht ar*** cé acu atá gnóthas ag déanamh gníomhaíochtaí eacnamaíocha iarbhír atá ábhartha chun críoch cánach nó is ann dó go príomha chun críoch seachanta cánach nó chun críoch imghabhála cánach, aithnítear gur ceist í sin, sa deireadh, a bhaineann le fíorais agus le himthosca. Ba cheart measúnú a dhéanamh air sin ar bhonn cás ar chás i leith gach gnóthais shonraigh. Dá bhrí sin, maidir le gnóthais a ghlactar leis nach bhfuil tábhacht íosta acu chun críoch cánach, ba cheart iad a bheith i dteideal a mhalairt a chruthú, lena n-áirítear a chruthú nach ann dóibh go príomha ar mhaithe le cuspóirí cánach, agus toimhde den sórt sin a fhrisnéis. Tar éis dóibh a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart dóibh ***an*** fhaisnéis bhreise ***is gá*** a sholáthar do riarachán an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach. Cé go bhféadfaidh siad aon fhaisnéis bhreise a mheasann siad a bheith iomchuí a sholáthar, tá sé fíor-riachtanach ceanglais chomhchoiteanna a shocrú maidir le cad is fianaise bhreise iomchuí ann agus, dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis sin a iarraidh i ngach cás. I gcás ina measann an Ballstát, bunaithe ar an bhfianaise bhreise sin, go ndearna gnóthas toimhde maidir le heaspa tábhachta a fhrisnéis ar bhealach sásúil, ba cheart é a bheith ar a gcumas dó cinneadh a eisiúint chun a dheimhniú go bhfuil tábhacht íosta ag an ngnóthas chun críoch cánach i gcomhréir leis an Treoir seo. Féadfaidh an cinneadh sin a bheith bailí ar feadh na tréimhse nach n-athraíonn imthosca fíorasacha agus dlíthiúla an ghnóthais lena linn agus suas le ***5*** bliana ón tráth a eisítear an cinneadh. Leis sin, beifear in ann teorainn a chur leis na hacmhainní a leithdháiltear ar chásanna a dtugtar fianaise ina leith lena léirítear nach eintiteas caoch atá iontu chun críocha na Treorach. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir seo cosc a chur leis an tseachaint chánach agus leis an imghabháil chánach ***ar dócha go mbeidh borradh fúthu*** de bharr gníomhaíochtaí a dhéanann gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu, agus chun an deimhneacht chánach a áirithiú agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh maidir le féidearthacht go mbeidh díolúintí ann do ghnóthais a chomhlíonann critéar na tairsí ach nach bhfuil aon tionchar buntáisteach iarbhír ag a n-idirstaid ar staid chánach fhoriomlán ghrúpa an ghnóthais nó ar staid chánach fhoriomlán an úinéara thairbhiúil nó na n-úinéirí tairbhiúla. Chuige sin, ba cheart gnóthais den sórt sin a bheith i dteideal iarraidh ar riarachán an Bhallstáit, ina bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach, cinneadh a eisiúint lena ndíolmhaítear iad ón tús ó na rialacha atá beartaithe a chomhlíonadh ina n-iomláine. Níor cheart ach teorainn ama a chur leis an díolúine sin, chun gur féidir leis an riarachán a dheimhniú go tráthrialta go bhfuil na himthosca fíorasacha agus dlíthiúla lena dtugtar údar leis an gcinneadh maidir le díolúine fós bailí. An tráth céanna, le fad sínithe a d'fhéadfaí a chur leis an gcinneadh sin, beifear in ann teorainn a chur leis na hacmhainní a leithdháiltear ar chásanna ba cheart a bheith díolmhaithe ó raon feidhme na Treorach. | (11) Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir seo cosc a chur leis an tseachaint cánach agus leis an imghabháil cánach de bharr gníomhaíochtaí a dhéanann gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu, agus chun an deimhneacht chánach a áirithiú agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh maidir le féidearthacht go mbeidh díolúintí ann do ghnóthais a chomhlíonann critéar na tairsí ach nach bhfuil aon tionchar buntáisteach iarbhír ag a n-idirstaid ar staid chánach fhoriomlán ghrúpa an ghnóthais nó ar staid chánach fhoriomlán an úinéara thairbhiúil nó na n-úinéirí tairbhiúla. Chuige sin, ba cheart gnóthais den sórt sin a bheith i dteideal a iarraidh ar riarachán an Bhallstáit, ina bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach, cinneadh a eisiúint lena ndíolmhaítear iad ón tús ó na rialacha atá beartaithe a chomhlíonadh ina n-iomláine ***gan ceangal a chur ar an ngnóthas an tástáil tábhachta a dhéanamh, más féidir leis a chruthú go bhfuil easpa sochar cánach ann don eintiteas lena mbaineann***. Níor cheart ach teorainn ama a chur leis an díolúine sin, chun gur féidir leis an riarachán a dheimhniú go tráthrialta go bhfuil na himthosca fíorasacha agus dlíthiúla lena dtugtar údar leis an gcinneadh maidir le díolúine fós bailí. An tráth céanna, le fad sínithe a d'fhéadfaí a chur leis an gcinneadh sin, beifear in ann teorainn a chur leis na hacmhainní a leithdháiltear ar chásanna ba cheart a bheith díolmhaithe ó raon feidhme na Treorach. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Chun éifeachtacht an chreata atá beartaithe a áirithiú, is gá iarmhairtí cánach iomchuí a bhunú le haghaidh gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu chun críoch cánach. Gnóthais a chomhlíonann critéar na tairsí agus a ghlactar leis nach bhfuil tábhacht acu chun críoch cánach agus, ina theannta sin, nach soláthraíonn fianaise lena léirítear a mhalairt ná fianaise lena léirítear nach é is cuspóir dóibh buntáiste cánach a fháil, níor cheart iad a bheith in ann tairbhiú de fhorálacha comhaontuithe agus coinbhinsiún ina ndéantar foráil maidir le cánachas dúbailte ioncaim a dhíchur, agus i gcás inarb infheidhme, cánachas dúbailte caipitil a dhíchur, ar comhaontuithe agus coinbhinsiúin iad a bhfuil an Ballstát ina bhfuil cónaí ar na gnóthais sin chun críoch cánach ina pháirtí iontu agus de fhorálacha comhaontuithe eile, lena n-áirítear forálacha i gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le hinfheistíochtaí a chur chun cinn agus a chosaint, a bhfuil cuspóir coibhéiseach nó éifeacht choibhéiseach acu. Níor cheart na gnóthais sin a bheith in ann tairbhiú de Threoir 2011/96/AE ón gComhairle [14] agus de Threoir 2003/49/CE ón gComhairle [15]. Chuige sin, níor cheart na gnóthais sin a bheith i dteideal deimhniú cónaitheachta chun críoch cánach a fháil, óir is é is cuspóir don deimhniú sin na sochair sin a fháil. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an ngnóthas chun críoch cánach eisiúint deimhnithe cónaitheachta chun críoch cánach a dhiúltú. ***De rogha air sin, ba cheart é a bheith ar a chumas don Bhallstát sin an deimhniú sin a eisiúint agus, san am céanna, a thabhairt le fios, trí bhíthin foláirimh, nár cheart don ghnóthas é a úsáid chun sochair chánach a fháil mar a luaitear thuas***. Leis an diúltú deimhnithe cónaitheachta chun críoch cánach sin ***nó, de rogha air sin, an eisiúint deimhnithe speisialta cónaitheachta chun críoch cánach***, níor cheart rialacha náisiúnta Bhallstát an ghnóthais a chur i leataobh maidir leis an gcónaitheacht chun críoch cánach agus oibleagáidí ábhartha a bhaineann léi sin. Ina ionad sin, ba é ba chuspóir dó a chur in iúl do na Ballstáit eile, agus do thríú tíortha, nár cheart aon fhaoiseamh ná aisíocaíocht a dheonú maidir le hidirbhearta a bhaineann leis an ngnóthas sin bunaithe ar aon chonradh le Ballstát an ghnóthais nó le treoracha an Aontais, más infheidhme. | (13) Chun éifeachtacht an chreata atá beartaithe a áirithiú, is gá iarmhairtí cánach iomchuí a bhunú le haghaidh gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu chun críoch cánach. Gnóthais a chomhlíonann critéar na tairsí agus a ghlactar leis nach bhfuil tábhacht acu chun críoch cánach agus, ina theannta sin, nach soláthraíonn fianaise lena léirítear a mhalairt ná fianaise lena léirítear nach é is cuspóir dóibh buntáiste cánach a fháil, níor cheart iad a bheith in ann tairbhiú de fhorálacha comhaontuithe agus coinbhinsiún ina ndéantar foráil maidir le cánachas dúbailte ioncaim a dhíchur, agus i gcás inarb infheidhme, cánachas dúbailte caipitil a dhíchur, ar comhaontuithe agus coinbhinsiúin iad a bhfuil an Ballstát ina bhfuil cónaí ar na gnóthais sin chun críoch cánach ina pháirtí iontu agus de fhorálacha comhaontuithe eile, lena n-áirítear forálacha i gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le hinfheistíochtaí a chur chun cinn agus a chosaint, a bhfuil cuspóir coibhéiseach nó éifeacht choibhéiseach acu. Níor cheart na gnóthais sin a bheith in ann tairbhiú de Threoir 2011/96/AE ón gComhairle [14] agus de Threoir 2003/49/CE ón gComhairle [15]. Chuige sin, níor cheart na gnóthais sin a bheith i dteideal deimhniú cónaitheachta chun críoch cánach a fháil, óir is é is cuspóir don deimhniú sin na sochair sin a fháil. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an ngnóthas chun críoch cánach diúltú deimhniú cónaitheachta chun críoch cánach a eisiúint ***agus*** ba cheart dó ***ráiteas a eisiúint lena léirítear na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh***. Leis an diúltú deimhnithe cónaitheachta chun críoch cánach sin, níor cheart rialacha náisiúnta Bhallstát an ghnóthais a chur i leataobh maidir leis an gcónaitheacht chun críoch cánach agus oibleagáidí ábhartha a bhaineann léi sin. Ina ionad sin, ba é ba chuspóir dó a chur in iúl do na Ballstáit eile, agus do thríú tíortha, nár cheart aon fhaoiseamh ná aisíocaíocht a dheonú maidir le hidirbhearta a bhaineann leis an ngnóthas sin bunaithe ar aon chonradh le Ballstát an ghnóthais nó le treoracha an Aontais, más infheidhme. |

(14) Treoir 2011/96/AE ón gComhairle an 30 Samhain 2011 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar mháthairchuideachtaí agus fochuideachtaí Ballstát éagsúil (IO L 345, 29.12.2011, lch. 8).

(15) Treoir 2003/49/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchíosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil (IO L 157, 26.6.2003, lch. 49).

(14) Treoir 2011/96/AE ón gComhairle an 30 Samhain 2011 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar mháthairchuideachtaí agus fochuideachtaí Ballstát éagsúil (IO L 345, 29.12.2011, lch. 8).

(15) Treoir 2003/49/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchíosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil (IO L 157, 26.6.2003, lch. 49).

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(13a) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na hiarmhairtí cánach sin a chur in iúl ar bhealach atá comhsheasmhach leis na comhaontuithe déthaobhacha cánach atá ann cheana agus a tugadh i gcrích idir na Ballstáit agus tríú tíortha.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (15) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/16/AE a leasú dá réir sin. | (15) ***Ós rud é gur leagtar síos*** i dTreoir 2011/16/AE ***maidir le Comhar Riaracháin (DAC) na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh comhar idir na Ballstáit maidir le malartú faisnéise idir riaracháin chánach na mBallstát, go háirithe an t-uathmhalartú faisnéise chun críocha cánach, ba cheart an Treoir seo*** a leasú dá réir sin ***lena gceadaítear do na Ballstáit an fhaisnéis a fhaightear faoi chuimsiú na Treorach seo a mhalartú go huathoibríoch***. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun an éifeachtacht a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit pionóis a leagan síos in aghaidh na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a shárú. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun an deimhneacht chánach agus íosleibhéal comhordaithe ar fud na mBallstát uile a áirithiú, is gá íosphionós airgid a shocrú, agus staid gach gnóthais shonraigh á cur san áireamh freisin. Braitheann na rialacha atá beartaithe ar fhéinmheasúnú a dhéanfaidh na gnóthais ***a mhéid a bhaineann le*** cé acu a chomhlíonann siad nó nach gcomhlíonann siad critéar na tairsí. Chun éifeachtacht na bhforálacha a bhaint amach, lena ndreasófar comhlíontacht leordhóthanach ar fud an Aontais, agus é á chur san áireamh go bhféadfar gnóthas caoch i mBallstát amháin a úsáid chun bonn cánach Ballstáit eile a chreimeadh, tá sé tábhachtach go mbeidh sé de cheart ag aon Bhallstát iarraidh ar Bhallstát eile iniúchtaí cánach a dhéanamh ar ghnóthais a bhfuil an baol ann nach gcomhlíonfaidh siad tábhacht íosta mar a shainmhínítear sa Treoir seo. ***Dá réir sin, chun an éifeachtacht a dhaingniú, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh oibleagáid ar an mBallstát iarrtha an t-iniúchadh sin a dhéanamh agus faisnéis maidir le toradh an iniúchta sin a roinnt, fiú i gcás nach dtagtar ar eintiteas "caoch".*** | (16) Chun an éifeachtacht a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit pionóis a leagan síos in aghaidh na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a shárú. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun an deimhneacht chánach agus íosleibhéal comhordaithe ar fud na mBallstát uile a áirithiú, is gá íosphionós airgid a shocrú, agus staid gach gnóthais shonraigh á cur san áireamh freisin. Braitheann na rialacha atá beartaithe ar fhéinmheasúnú ***a dhéanfaidh*** na gnóthais ***chun a chinneadh*** cé acu a chomhlíonann siad nó nach gcomhlíonann siad critéar na tairsí. Chun éifeachtacht na bhforálacha a bhaint amach, lena ndreasófar comhlíontacht leordhóthanach ar fud an Aontais, agus é á chur san áireamh go bhféadfar gnóthas caoch i mBallstát amháin a úsáid chun bonn cánach Ballstáit eile a chreimeadh, tá sé tábhachtach go mbeidh sé de cheart ag aon Bhallstát iarraidh ar Bhallstát eile ***comh***iniúchtaí cánach a dhéanamh ar ghnóthais a bhfuil an baol ann nach gcomhlíonfaidh siad tábhacht íosta mar a shainmhínítear sa Treoir seo. ***Fágann na comhiniúchtaí gur féidir saineolas a roinnt agus, ar an gcaoi sin, gur féidir na fíricí a shuí go hiomlán agus glacadh thorthaí na hiniúchóireachta a chur chun cinn. Le Treoir (AE) 2021/514 ón gComhairle [16], cruthaíodh creat aonfhoirmeach le haghaidh comhiniúchtaí agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a úsáid i gcásanna iomchuí.*** |

***[16] Treoir (AE) 2021/514 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L 104, 25.3.2021, lch. 1).***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialacha nua atá beartaithe, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a ullmhú ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit agus ar bhonn na sonraí eile atá ar fáil. Ba cheart tuarascáil an Choimisiúin a fhoilsiú. | (18) Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialacha nua atá beartaithe***, chomh maith lena dtionchar ar ioncam cánach sna Ballstáit agus ar acmhainneacht na riarachán cánach,*** ba cheart don Choimisiún meastóireacht a ullmhú ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit agus ar bhonn na sonraí eile atá ar fáil. Ba cheart an tuarascáil ón gCoimisiún a fhoilsiú ***agus, más iomchuí, athbhreithniú d'fhonn éifeachtacht na Treorach seo a mhéadú a bheith ag gabháil léi agus togra reachtach lena leasaítear an Treoir seo a bheith ag gabháil léi***. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn "úinéir tairbhiúil" úinéir tairbhiúil mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3, pointe (6) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;*** | (5) ciallaíonn "úinéir tairbhiúil" úinéir tairbhiúil mar a shainmhínítear in ***Airteagal 2, pointe 22, de [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh rialachán maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta – COM(2021)0420;*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | (6a) ***ciallaíonn "sochar cánach" laghdú ar dhliteanais éigeantacha gnóthais i leith rialtas an chónaitheora chun críocha cánach.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais a chomhlíonann na critéir seo a leanas tuairisciú d'údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 7: | 1. Ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais a chomhlíonann na critéir ***charnacha*** seo a leanas tuairisciú d'údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 7: |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) is ioncam ábhartha atá in ***75 %*** de na hioncaim a d'fhabhraigh don ghnóthas sa dá bhliain chánach roimhe sin; | (a) is ioncam ábhartha atá in ***65 %*** de na hioncaim a d'fhabhraigh don ghnóthas sa dá bhliain chánach roimhe sin; |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) bhí níos mó ná ***60 %*** de luach shócmhainní an ghnóthais de réir na leabhar a thagann faoi réim raon feidhme Airteagal 4, pointí (e) agus (f), lonnaithe lasmuigh de Bhallstát an ghnóthais sa dá bhliain chánach roimhe sin; | (i) bhí níos mó ná ***55 %*** de luach shócmhainní an ghnóthais de réir na leabhar a thagann faoi réim raon feidhme Airteagal 4, pointí (e) agus (f), lonnaithe lasmuigh de Bhallstát an ghnóthais sa dá bhliain chánach roimhe sin; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) tuilltear nó íoctar ***ar a laghad 60 %*** d'ioncam ábhartha an ghnóthais trí idirbhearta trasteorann; | (ii) tuilltear nó íoctar ***níos mó ná 55 %*** d'ioncam ábhartha an ghnóthais trí idirbhearta trasteorann; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) sa dá bhliain chánach roimhe sin, rinne an gnóthas an riarachán oibríochtaí ó lá go lá agus an chinnteoireacht maidir le feidhmeanna móra a sheachfhoinsiú. | (c) sa dá bhliain chánach roimhe sin, rinne an gnóthas an riarachán oibríochtaí ó lá go lá agus an chinnteoireacht maidir le feidhmeanna móra a sheachfhoinsiú ***chuig tríú páirtí***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. De mhaolú ar mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na gnóthais ***a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas*** faoi réir cheanglais Airteagal 7: | 2. De mhaolú ar mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na gnóthais ***seo a leanas*** faoi réir cheanglais Airteagal 7: |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) gnóthais ag a bhfuil ar a laghad cúigear fostaithe dílse coibhéiseacha lánaimseartha nó cúigear ball foirne a dhéanann na gníomhaíochtaí as a ngintear an t-ioncam ábhartha, agus na gníomhaíochtaí sin amháin; | ***scriosta*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tá a áitreabh féin ag an ngnóthas sa Bhallstát, ***nó*** áitreabh le haghaidh a úsáide féin amháin; | (a) tá a áitreabh féin ag an ngnóthas sa Bhallstát, áitreabh le haghaidh a úsáide féin amháin ***nó áitreabh a roinntear le heintitis den ghrúpa céanna***; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá ar a laghad cuntas bainc gníomhach amháin dá chuid féin san Aontas ag an ngnóthas; | (b) tá ar a laghad cuntas bainc gníomhach amháin dá chuid féin san Aontas ag an ngnóthas ***nó cuntas ríomh-airgid amháin ar a laghad ag an ngnóthas*** san Aontas ***trína bhfaightear an t-ioncam ábhartha***; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c – pointe i – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) tá sé nó siad ***cáilithe agus*** údaraithe chun cinntí a dhéanamh i ndáil leis na gníomhaíochtaí as a ngintear ioncam ábhartha le haghaidh an ghnóthais nó i ndáil le sócmhainní an ghnóthais; | (2) tá sé nó siad údaraithe chun cinntí a dhéanamh i ndáil leis na gníomhaíochtaí as a ngintear ioncam ábhartha le haghaidh an ghnóthais nó i ndáil le sócmhainní an ghnóthais; |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c – pointe i – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(3) úsáideann sé nó siad go gníomhach agus go neamhspleách an t-údarú dá dtagraítear i bpointe (2) go tráthrialta;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c – pointe i – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(4) ní fostaí nó fostaithe de chuid eintitis é nó iad, eintiteas nach fiontar comhlachaithe é agus ní dhéanann sé nó siad feidhm an stiúrthóra nó a choibhéis in eintitis eile nach fiontair chomhlachaithe iad;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) tá cónaí ar thromlach fhostaithe coibhéiseacha lánaimseartha an ghnóthais chun críoch cánach i mBallstát an ghnóthais, nó cóngarach go leor don Bhallstát sin a mhéid a bhíonn tionchar ag an achar sin ar fheidhmiú cuí a gcuid dualgas; agus tá na fostaithe sin cáilithe chun na gníomhaíochtaí as a ngintear ioncam le haghaidh an ghnóthais a dhéanamh. | (ii) tá gnáthchónaí ar thromlach fhostaithe coibhéiseacha lánaimseartha an ghnóthais ***mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 593/2008*** i mBallstát an ghnóthais, nó ***tá siad*** cóngarach go leor don Bhallstát sin a mhéid a bhíonn tionchar ag an achar sin ar fheidhmiú cuí a gcuid dualgas; agus tá na fostaithe sin cáilithe chun na gníomhaíochtaí as a ngintear ioncam le haghaidh an ghnóthais a dhéanamh. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 – mír 2 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) forléargas ar struchtúr an ghnóthais agus na bhfiontar comhlachaithe agus ar aon socruithe suntasacha seachfhoinsithe, lena n-áirítear an réasúnaíocht taobh thiar den struchtúr, ar a ndéantar cur síos i gcomhthéacs formáid chaighdeánaithe;*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 – mír 2 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(gb) tuarascáil achomair ar an bhfianaise dhoiciméadach a tíolacadh faoin mír seo, ina mbeidh an méid seo a leanas go háirithe:*** <br> ***— tuairisc ghairid ar chineál ghníomhaíochtaí an ghnóthais;*** <br> ***— líon na bhfostaithe ag obair ar bhonn coibhéiseach lánaimseartha;*** <br> ***— méid an bhrabúis nó an chaillteanais roimh chánacha agus ina ndiaidh.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le gnóthas a dhearbhaíonn go gcomhlíonann siad na táscairí uile maidir le tábhacht íosta a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus a sholáthraíonn an fhianaise dhoiciméadach thacaíochta ***atá sásúil*** i gcomhréir le hAirteagal 7(2), glacfar leis go bhfuil tábhacht íosta aige le haghaidh na bliana cánach. | 1. Maidir le gnóthas a dhearbhaíonn go gcomhlíonann siad na táscairí uile maidir le tábhacht íosta a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus a sholáthraíonn an fhianaise dhoiciméadach thacaíochta ***is gá*** i gcomhréir le hAirteagal 7(2), glacfar leis go bhfuil tábhacht íosta aige le haghaidh na bliana cánach. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le gnóthas a dhearbhaíonn nach gcomhlíonann siad táscaire amháin nó níos mó a leagtar amach in Airteagal 7(1) nó nach soláthraíonn fianaise dhoiciméadach thacaíochta ***atá sásúil*** i gcomhréir le hAirteagal 7(2), glacfar leis nach bhfuil tábhacht íosta aige le haghaidh na bliana cánach. | 2. Maidir le gnóthas a dhearbhaíonn nach gcomhlíonann siad táscaire amháin nó níos mó a leagtar amach in Airteagal 7(1) nó nach soláthraíonn an fhianaise dhoiciméadach thacaíochta ***is gá*** i gcomhréir le hAirteagal 7(2), glacfar leis nach bhfuil tábhacht íosta leis le haghaidh na bliana cánach. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta ***iomchuí*** chun gur féidir le gnóthais a dtoimhdítear ina leith nach bhfuil tábhacht íosta acu faoi Airteagal 8(2) an toimhde sin a fhrisnéis trí aon fhianaise thacaíochta bhreise a sholáthar maidir leis na gníomhaíochtaí gnó a dhéanann siad chun ioncam ábhartha a ghiniúint. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta ***is gá*** chun gur féidir le gnóthais a dtoimhdítear ina leith nach bhfuil tábhacht íosta acu faoi Airteagal 8(2) an toimhde sin a fhrisnéis, ***gan moill mhíchuí agus costais riaracháin iomarcacha,*** trí aon fhianaise thacaíochta bhreise a sholáthar maidir leis na gníomhaíochtaí gnó a dhéanann siad chun ioncam ábhartha a ghiniúint. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 9 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) doiciméad lenar féidir an réasúnaíocht thráchtála atá le bunú an ghnóthais a fhionnadh; | (a) doiciméad lenar féidir an réasúnaíocht ***ghnó*** atá le bunú an ghnóthais ***sa Bhallstát ina ndéantar an ghníomhaíocht*** a fhionnadh; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 9 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faisnéis maidir le próifíl na bhfostaithe, ***lena n-áirítear*** an leibhéal taithí atá acu, a gcumhacht chinnteoireachta san eagraíocht fhoriomlán, ról agus suíomh sa chairt eagrúcháin, an cineál conartha fostaíochta atá acu, a gcáilíochtaí agus fad a bhfostaíochta; | (b) faisnéis maidir le próifíl na bhfostaithe ***lánaimseartha, páirtaimseartha agus na saorfhostaithe***, ***eadhon*** an leibhéal taithí atá acu, a gcumhacht chinnteoireachta san eagraíocht fhoriomlán, ról agus suíomh sa chairt eagrúcháin, an cineál conartha fostaíochta atá acu, a gcáilíochtaí agus fad a bhfostaíochta, ***agus leibhéil arda cosanta sonraí agus príobháideachais a chosaint***; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 9 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Breithneoidh an Ballstát iarraidh ar an toimhde a fhrisnéis laistigh de thréimhse 9 mí ón iarraidh a thíolacadh agus measfar go bhfuil glactha leis in éagmais freagra ón mBallstát tar éis don tréimhse 9 mí sin dul in éag.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh Ballstát na bearta ***iomchuí*** chun cead a thabhairt do ghnóthas a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 6(1) díolúine a iarraidh óna oibleagáidí faoin Treoir seo mura laghdaítear dliteanas cánach a úinéara thairbhiúil nó a úinéirí tairbhiúla nó dliteanas cánach an ghrúpa, ina iomláine, ar ball de an gnóthas, de bharr an gnóthas a bheith ann. | 1. Déanfaidh Ballstát na bearta ***is gá*** chun cead a thabhairt do ghnóthas a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 6 (1) díolúine a iarraidh, ***gan moill mhíchuí agus costais riaracháin iomarcacha,*** óna oibleagáidí faoin Treoir seo mura laghdaítear dliteanas cánach a úinéara thairbhiúil nó a úinéirí tairbhiúla nó dliteanas cánach an ghrúpa, ina iomláine, ar ball de an gnóthas, de bharr an gnóthas a bheith ann. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh Ballstát díolúine a dheonú ar feadh bliain chánach amháin má sholáthraíonn an gnóthas fianaise leordhóthanach agus oibiachtúil lena léirítear nach dtagann buntáiste cánach as a idirstaid le haghaidh a úinéara thairbhiúil nó a úinéirí tairbhiúla nó an ghrúpa ina iomláine, de réir mar a bheidh. Áireofar san fhianaise sin faisnéis maidir le struchtúr an ghrúpa agus a ghníomhaíochtaí. Leis an bhfianaise sin, maidir le suim na cánach foriomláine atá dlite ag an úinéir tairbhiúil nó ag na húinéirí tairbhiúla nó ag an ngrúpa ina iomláine, de réir mar a bheidh, ag féachaint d'idirstaid an ghnóthais, beifear in ann comparáid a dhéanamh idir an tsuim sin agus an tsuim a bheadh dlite faoi na coinníollacha céanna in éagmais an ghnóthais. | 2. Féadfaidh Ballstát díolúine a dheonú ar feadh bliain chánach amháin má sholáthraíonn an gnóthas fianaise leordhóthanach agus oibiachtúil lena léirítear nach dtagann buntáiste cánach as a idirstaid le haghaidh a úinéara thairbhiúil nó a úinéirí tairbhiúla nó an ghrúpa ina iomláine, de réir mar a bheidh. Áireofar san fhianaise sin faisnéis maidir le struchtúr an ghrúpa agus a ghníomhaíochtaí, ***lena n-áirítear liosta dá fhostaithe atá ag obair ar bhonn coibhéis lánaimseartha***. Leis an bhfianaise sin, maidir le suim na cánach foriomláine atá dlite ag an úinéir tairbhiúil nó ag na húinéirí tairbhiúla nó ag an ngrúpa ina iomláine, de réir mar a bheidh, ag féachaint d'idirstaid an ghnóthais, beifear in ann comparáid a dhéanamh idir an tsuim sin agus an tsuim a bheadh dlite faoi na coinníollacha céanna in éagmais an ghnóthais. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 10 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Breithneoidh Ballstát an iarraidh ar dhíolúine laistigh de thréimhse 9 mí ón iarraidh a thíolacadh agus measfar go bhfuil glactha léi in éagmais freagra ón mBallstát tar éis don tréimhse 9 mí sin dul in éag.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach bhfuil tábhacht íosta chun críoch cánach ag gnóthas sa Bhallstát ina bhfuil cónaí air chun críoch cánach, déanfaidh an Ballstát sin ***aon cheann de na cinntí seo a leanas:*** | I gcás nach bhfuil tábhacht íosta chun críoch cánach le gnóthas sa Bhallstát ina bhfuil cónaí air chun críoch cánach, ***diúltóidh an Ballstát sin aon iarraidh ar dheimhniú cónaitheachta chun críoch cánach don ghnóthas lena úsáid lasmuigh de dhlínse an Bhallstáit sin***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) iarraidh ar dheimhniú cónaitheachta chun críoch cánach a dhiúltú don ghnóthas lena úsáid lasmuigh de dhlínse an Bhallstáit sin;*** | ***scriosta*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 12 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b)*** ***deimhniú cónaitheachta chun críoch cánach a dheonú lena leagtar síos nach bhfuil an gnóthas i dteideal sochair comhaontuithe agus coinbhinsiún ina ndéantar foráil maidir le cánachas dúbailte ioncaim a dhíchur, agus i gcás inarb infheidhme, cánachas dúbailte caipitil, agus sochair comhaontuithe idirnáisiúnta ag a bhfuil cuspóir comhchosúil nó éifeacht chomhchosúil agus sochair Airteagail 4, 5 agus 6 de Threoir 2011/96/AE agus Airteagal 1 de Threoir 2003/49/CE.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus iarraidh ar an deimhniú sin á diúltú, eiseoidh an Ballstát ráiteas oifigiúil ina dtabharfar údar cuí leis an gcinneadh agus lena leagfar síos nach bhfuil an gnóthas i dteideal na mbuntáistí a ghabhann le comhaontuithe agus coinbhinsiúin ina ndéantar foráil maidir le deireadh a chur le cánachas dúbailte ioncaim agus, i gcás inarb infheidhme, le cánachas dúbailte caipitil, nó na mbuntáistí a ghabhann le comhaontuithe idirnáisiúnta ag a bhfuil cuspóir nó éifeacht chomhchosúil agus a ghabhann le hAirteagail 4, 5 agus 6 de Threoir 2011/96/AE agus Airteagal 1 de Threoir 2003/49/CE.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 12 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcomhar leis na Ballstáit, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na hiarmhairtí cánach sin curtha in iúl go soiléir, i ndáil le comhaontuithe déthaobhacha cánach atá ann cheana le tríú tíortha ionas go bhfaighidh siad an fhaisnéis maidir leis na cuideachtaí caocha toimhdithe.*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina mbeidh fáil uirthi, uimhir CBL an ghnóthais ar a gceanglaítear tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 6 de Threoir [Oifig na bhFoilseachán]; | (b) ***i gcás easpa TIN,*** uimhir CBL, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, an ghnóthais ar a gceanglaítear tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 6 de Threoir [Oifig na bhFoilseachán]. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 4 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) achoimre ar an bhfianaise arna soláthar ag an ngnóthas i gcomhréir le hAirteagal 7(2). | (g) achoimre ar ***an dearbhú, agus i gcás inarb iomchuí,*** ar an bhfianaise arna soláthar ag an ngnóthas i gcomhréir le hAirteagal 7(2). |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. I gcás ina sainaithníonn údarás inniúil Ballstáit, i gcomhréir le míreanna 1, 2 nó 3, Ballstáit eile a bhféadfadh tuairisciú an ghnóthais difear a dhéanamh dóibh, beidh foláireamh sonrach san áireamh sa teachtaireacht sin dá dtagraítear sna míreanna sin do na Ballstáit sin a mheastar lena mbaineann.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar leis na pionóis sin pionós riaracháin airgid ***5 %*** ar a laghad de ***láimhdeachas*** an ghnóthais sa bhliain chánach ábhartha, mura gcomhlíonann an gnóthas ar a gceanglaítear tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 6 an ceanglas sin le haghaidh bliain chánach laistigh den sprioc-am a leagadh síos ***nó*** má dhéanann an gnóthas sin dearbhú bréagach sa tuairisceán cánach faoi Airteagal 7. | Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar leis na pionóis sin pionós riaracháin airgid ***2 %*** ar a laghad ***d'ioncam*** an ghnóthais sa bhliain chánach ábhartha, mura gcomhlíonann an gnóthas ar a gceanglaítear tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 6 an ceanglas sin le haghaidh bliain chánach laistigh den sprioc-am a leagadh síos ***agus pionós riaracháin airgid 4 % ar a laghad d'ioncam an ghnóthais má dhéanann an gnóthas ar a gceanglaítear tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 6*** dearbhú bréagach sa tuairisceán cánach faoi Airteagal 7. ***I gcás gnóthas a bhfuil ioncam nialasach nó ioncam íseal aige, a shainmhínítear mar ghnóthas atá faoi thairseach arna cinneadh ag an údarás náisiúnta cánach agus nach dtiteann faoi thairseach íosta arna leagan síos ag an gCoimisiún i ngníomh cur chun feidhme, ba cheart an pionós a bhunú ar shócmhainní iomlána an ghnóthais.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 14 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18a.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 15 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Iarraidh ar iniúchtaí cánach | Iarraidh ar ***comh***iniúchtaí cánach |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil cúis ag an údarás inniúil i mBallstát amháin lena chreidiúint nár chomhlíon gnóthas a bhfuil cónaí air chun críoch cánach i mBallstát eile a oibleagáidí faoin Treoir seo, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an ngnóthas chun críoch cánach iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit eile iniúchadh cánach a dhéanamh ar an ngnóthas. | I gcás ina bhfuil cúis ag an údarás inniúil i mBallstát amháin a chreidiúint nár chomhlíon gnóthas a bhfuil cónaí air chun críoch cánach i mBallstát eile a oibleagáidí faoin Treoir seo, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an ngnóthas chun críoch cánach***, agus na cúiseanna sin á sonrú aige***, a iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit eile ***comh***iniúchadh cánach a dhéanamh ar an ngnóthas ***de réir na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 12a de Threoir (AE) 2021/51417 ón gComhairle*** (17)***.***<br><br>(17) ***Treoir (AE) 2021/514 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L 104, 25.3.2021, lch. 1).*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tionscnóidh údarás inniúil an Bhallstáit iarrtha é laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear an iarraidh agus déanfaidh sé ***an t-iniúchadh cánach***, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear iniúchtaí cánach sa Bhallstát iarrtha. | ***Más rud é nach féidir leis an údarás inniúil iarrthach comhiniúchadh cánach a dhéanamh ar chúiseanna dlíthiúla,*** tionscnóidh údarás inniúil an Bhallstáit iarrtha ***iniúchadh náisiúnta*** laistigh d'aon mhí amháin ó dháta fála na hiarrata agus déanfaidh sé an t-iniúchadh sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le hiniúchtaí cánach sa Bhallstát iarrtha. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 16 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) an líon iniúchtaí ar ghnóthais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1), | (f) an líon iniúchtaí ar ghnóthais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1), ***arna miondealú ina gcomhiniúchtaí agus ina n-iniúchtaí rialta,*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 17 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tuarascálacha*** | ***Athbhreithniú*** |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ***31 Nollaig 2028***, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ***faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. | 1. ***Faoi … [5 bliana tar éis dháta thrasuí na Treorach seo]***, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ***faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme ***agus feidhmiú*** na Treorach seo. ***I gcás inarb iomchuí, beidh athbhreithniú ag gabháil leis an tuarascáil d'fhonn éifeachtacht na Treorach seo a feabhsú, mar aon le togra reachtach lena leasaítear an Treoir seo***. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfar athbhreithniú agus measúnú sa tuarascáil ar thionchar na Treorach seo ar ioncaim chánach sna Ballstáit, ar acmhainneachtaí riaracháin cánach agus go háirithe, an bhfuil gá leis an Treoir seo a leasú. Déanfar measúnú sa tuarascáil freisin i dtaobh an mbeadh sé iomchuí táscaire maidir le tábhacht bunaithe ar bhrabús réamhchánach in aghaidh an fhostaí a chur isteach in Airteagal 7 agus go leathnófaí an oibleagáid táscairí maidir le tábhacht íosta chun críocha cánach a leagtar amach san Airteagal sin a thuairisciú do ghnóthais airgeadais rialáilte agus, más gá, athbhreithniú a dhéanamh ar an díolúine a dheonaítear dóibh in Airteagal 6 (2b).*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus an tuarascáil á tarraingt suas, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a chuir na Ballstáit in iúl de bhun Airteagal ***15***. | 2. Agus an tuarascáil á tarraingt suas, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a chuir na Ballstáit in iúl de bhun Airteagal ***16***. |

**Dé Máirt 17. Eanáir 2023**

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18a*** |
| | ***Nós imeachta coiste*** |
| | ***1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.*** |
| | ***2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.*** |

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA